



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Tuarascáil faoi
Chuntais na Seirbhísí Poiblí
2011**

Curtha faoi bhráid Dáil Éireann de bhun Ailt 3 den Acht
um Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2012

© Rialtas na hÉireann 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2011

Tá sé de cheangal orm faoi Alt 33 den Bhunreacht tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ag tréimhsí ainmnithe de réir an dlí. De bhun na forála sin sa Bhunreacht, tá sé de cheangal orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisc a thabhairt do Dháil Éireann ar m'iniúchadh ar chuntais leithghabhála ranna agus oifigí agus ar chuntas ar an ioncam a fuarthas sa Stát tráth nach déanaí ná 30 Meán Fómhair sa bhliain i ndiaidh na bliana lena mbaineann na cuntais. Tá sé de cheangal orm faoi reachtanna eile tuairisc a thabhairt ar nithe áirithe eile chomh maith le mo thuairisc ar na cuntais chuí.

Tá gach Cuntas Leithghabhála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 dearbhaithe agam agus tá na cuntais sin i dteannta le mo dheimhnithe iniúchta curtha ar aghaidh chuig Dáil Éireann.


Tugaim tuairisc san imleabhar seo ar nithe áirithe a eascraíonn as m'iniúchadh ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2011. Tá an tuairisc leagtha amach i gceithre chuid.

- Déileálann Cuid 1 le nithe a bhaineann leis an bPríomh-Chiste agus le fiachas an rialtais.
- Déileálann Cuid 2 le nithe a eascraíonn as an iniúchadh ar an gCuntas loncaim agus as an scrúdú ar chórais loncaim.
- Leagann Cuid 3 nithe áirithe a bhaineann le caiteachas a vótáladh in 2011 amach
- Tá Cuid 4 comhdhéanta de mo thuarascáil reachtúil ar an iniúchadh ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus de thuarascálacha ar ioncam a bhailigh comhlachtaí poiblí seachas na Coimisinéirí loncaim.

Ullmhaíodh an tuarascáil ar bhonn faisnéise iniúchta, nuair a bhí sin ar fáil, agus ar bhonn faisnéise, doiciméadaithe agus mínithe eile a fuarthas ó na ranna agus oifigí Rialtais cuí. Cuireadh dréachtaí de shleachta ábhartha ón Tuarascáil chuig na Ranna agus na hOifigí i gceist agus iarradh orthu a gcuid tuairimí a thabhairt. Nuair ba chuí, cuireadh na tuairimí sin san áireamh sa leagan deireanach den Tuarascáil.

Cuntasacht ranna agus oifigí maidir leis an riar a dhéanann siad ar chistí poiblí is ábhar den tuarascáil. Níor chóir tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach amháin sa chomhthéacs sin.

Cuirim leis seo mo thuarascáil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoi bhráid Dháil Éireann de réir Alt 3(11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.



Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2012

Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2011

Clár Ábhar

Cuid 1 Rialtas Lárnach

Caibidil 1	Toradh Airgeadais do 2011	9
Caibidil 2	Fiachas Rialtais.....	17
Caibidil 3	Bearta Baincéireachta agus Árachais	33
Caibidil 4	An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.....	55
Caibidil 5	Idirbhearta Airgeadais AE	71
Caibidil 6	Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha.....	81

Cuid 2 Ioncam

Caibidil 7	Iníúchadh na gCoimisinéirí 2011	105
	<i>Ioncam a Fuarthas sa Stát 2011</i>	107
Caibidil 8	Toradh Ioncaim 2011	123
Caibidil 9	Bailiú Fiach ag na Coimisinéirí Ioncaim.....	135
Caibidil 10	Comhlíonadh Cánach a Mhéadú	145
Caibidil 11	CBL ar thrádáil laistigh den Chomhphobal	161

Cuid 3 Caiteachas Vótáilte

Caibidil 12	Cuntasaíocht Vótaí	179
Caibidil 13	Soláthar gan Phróiseas Iomaíoch.....	189
Caibidil 14	Feidhmíocht Soláthair a Thomhas.....	195
Caibidil 15	Cóiríocht ar Léas le haghaidh Tionscadal de chuid na Seirbhíse Promhaidh....	205
Caibidil 16	Maoiniú ón Rialtas Lárnach do na hÚdaráis Áitiúla.....	211
Caibidil 17	An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	229

Caibidil 18	Ró-íocaíochtaí Tuarastail do Mhúinteoirí.....	243
Caibidil 19	Cúnamh Forbartha Oifigiúil.....	249
Caibidil 20	An Ciste Craolacháin	271
Caibidil 21	Caiteachas ar Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta.....	289
Caibidil 22	Fiacha Ró-íocaíochtaí Leasa.....	299
Caibidil 23	Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh.....	315
Caibidil 24	Liúntas Leasa Forlíontach	325

Cuid 4 Nithe Eile

Caibidil 25	Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	351
Caibidil 26	Mótarcháin a Bhailiú	355
Caibidil 27	Tobhaigh an Chiste Comhshaoil.....	365

Cuid 1 Rialtas Lárnach


1 Toradh Airgeadais do 2011

- 1.1** Mura rud é go gcinntear a mhalairt le dlí, déantar gach ioncam de chuid an Stáit a íoc isteach in aon chiste amháin dá ngairtear an Príomh-Chiste.¹ Áirítear san ioncam sin ioncam ó chánacha agus na fáлтаis ó iasachtaí a fhaigheann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) thar ceann an Stáit. Déantar eisiúintí ón gCiste a úsáid chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú. Cuirtear idirbhearta an Chiste a chur i gcrích tríd an gcuntas Státchiste a shealbhaítear sa Bhanc Ceannais.
- 1.2** Is é atá sna Cuntais Airgeadais bhliantúla ná fáлтаis a chuirtear isteach sa Phríomh-Chiste agus eisiúintí amach as, mar aon le mionsonraí a bhaineann le hiasachtaí a fhaigheann NTMA. Ullmhaíodh an chaibidil seo chun achoimre a thabhairt ar na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an bPríomh-Chiste agus chun suntas a thabhairt do roinnt treochtaí tábhachtacha. Ina theannta sin, tugann sé forléargas ar mhórdhliteanais áirithe agus ar mhórshócmhainní áirithe de chuid an Stáit ar nithe iad nach léirítear sna Cuntais Airgeadais.

Fáлтаis agus Eisiúintí Príomh-Chiste

- 1.3** Tá na hathruithe ar fháлтаis agus eisiúintí Príomh-Chiste sa tréimhse ó 2001 go 2011 leagtha amach i bhFíor 1.1. Maidir le heasnamh an Stáit, arb é atá ann ná farasbarr na n-eisiúintí i gcomparáid le fáлтаis, tháinig méadú air ó suim níos ísle ná €2 billiún sa bhliain 2007 go dtí suim os cionn €24 billiún sa bhliain 2009. Cé gur tháinig laghdú ar an easnamh go dtí €18 billiún sa bhliain 2010, tháinig méadú air arís go dtí €25 billiún sa bhliain 2011.
- 1.4** Déantar miondealú ar na fáлтаis agus ar na heisiúintí do gach ceann de na blianta ó 2007 go 2011 a thíolacadh i bhFíor 1.2.

Fíor 1.1 Fáлтаis agus Eisiúintí Stáit 2001 go 2011



Foinse: Cuntais Airgeadais 2001 go 2011

¹ Samplaí den ioncam Stáit nach n-íoctar isteach sa Phríomh-Chiste is ea fáлтаis ÁSPC a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh agus na fáлтаis ó mhótarcháin a íoctar isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

Fíor 1.2 Fáltais agus Eisiúintí Príomh-Chiste 2007 go 2011^a

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Fáltais					
Ioncam cánach	47,249	40,777	33,043	31,753	34,027
Ioncam reatha eile	638	847	838	2,687	2,520
Aistarraingt ón gCúlchiste Náisiúnta Pinsean	—	—	—	—	1,018
Íasachtaí/airleacain a aisíocadh:					
EAGF ^b	730	740	741	790	673
An Ciste Árachais Shóisialaigh ^c	—	—	—	—	254
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	—	—	—	250	49
Eile	17	9	9	3	10
Fáltais chaipitiúla eile	196	161	140	138	116
Fáltais iomlána	48,830	42,534	34,771	35,621	38,667
Eisiúintí					
Eisiúintí do chaiteachas a vótáladh	44,609	49,313	47,163	46,434	45,711
Fónamh don fhiachas náisiúnta	1,676	1,611	2,641	3,619	4,736 ^d
Scairchaipiteal a fuarthas i mbainc	—	—	4,000	725	2,300
Íocaíochtaí athchaipitlithe bainc	—	—	—	—	5,268
Aisíocaíocht nótaí gealltanais	—	—	—	—	3,085
Ranníocaíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean	1,616	1,690	3,000	—	—
Ranníocaíocht le buiséad an AE	1,570	1,587	1,486	1,352	1,350
Tacaíocht chobhsaíochta an AE	—	—	—	346	—
Íasachtaí/airleacain a eisíodh:					
EAGF ^b	740	741	790	673	720
An Ciste Árachais Shóisialaigh ^c	—	—	—	110	199
An Ciste Cúitimh Árachais	—	—	—	—	280
NAMA	—	—	—	299	—
Coimisiún an Oireachtais	114	119	123	103	130
Íocaíochtaí eile	124	187	209	105	406
Eisiúintí iomlána	50,449	55,248	59,412	53,766	64,185
Easnamh don bhliain	1,619	12,714	24,641	18,145	25,518

Foinsí: Cuntais Airgeadais 2007 go 2011

- Nótaí:
- a Déantar comhdhlúthú leo ar na hidirbhearta a phróiseáiltear tríd an gCuntas Státhchiste agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (ar saoráid í a chothabhálann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun fónamh don fhiachas náisiúnta agus d'idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta).
 - b An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta.
 - c Déantar cistí a airleacan chuig an gCiste Árachais Shóisialaigh mar shaoráid oibre agus aisíoctar iad ina dhiaidh sin. Bhí €55 mhilliún le haisíoc fós leis an Státhchiste ag deireadh na bliana 2011.
 - d Áirítear suim €600 milliún a aistríodh chuig an gCiste Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla sa bhliain 2010 agus a úsáideadh chun fónamh don fhiachas sa bhliain 2011.

- 1.5** B'ionann fáltas isteach sa Phríomh-Chiste sa bhliain 2011 agus €38.7 billiún san iomlán. Léirigh sé sin méadú €3 billiún i gcomparáid le fáltas na bliana 2010 arbh fhiú €35.6 billiún iad, ach léirigh sé laghdú carnach 21% ó leibhéal na bliana 2007. I gcomparáid leis an mbliain 2010, tháinig méadú €2.3 billiún ar fháltas chánach.
- 1.6** Ba é a bhí sna heisiúintí foriomlána Príomh-Chiste sa bhliain 2011 ná €64.2 billiún agus ba mhéadú 19% é sin i gcomparáid le leibhéal na bliana 2010. Is é atá sa chuid is mó den tsuim sin (€45.7 billiún) ná eisiúintí ón bPríomh-Chiste i gcomhair seirbhísí a vótáladh agus a bhfuil laghdú 7.3% tagtha orthu i gcomparáid le buaicleibhéal na bliana 2008. Áirítear na nithe seo a leanas i measc phríomhghnéithe na bliana 2011:
- I rith na bliana 2011, aisíocadh beagnach €3.1 billiún i ndáil le nótaí gealltanais a eisíodh chuig Irish Bank Resolution Corporation Limited agus chuig an Educational Building Society faoin Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais), 2008.
 - Sa bhliain 2011 bhí os cionn €7.5 billiún san iomlán ann maidir le híocaíochtaí athchaipitlithe bainc agus le fáil scairchaipitil i mbainc. Ciallaíonn sé sin gurb é atá san infheistíocht chernach airgid thirim tríd an Státchiste anois ná suim os cionn €12 billiún.² Rinne an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean na bainc a athchaipitliú tuilleadh.³
 - Sa bhliain 2011, rinneadh €280 milliún a airleacan chuig an gCiste Cúitimh Árachais mar nach raibh dóthain cistí aige chun íocaíocht a dhéanamh a bhí dlite do chomhriarthóirí Quinn Insurance Limited de bhun Ordaithe ón Ard-Chúirt.²
 - Maidir le caiteachas a bhain le fónamh d'iasachtaí a fuair NTMA thar ceann an Phríomh-Chiste, tháinig méadú os cionn €1.1 billiún, nó méadú 31%, air. (Tugtar achoimre níos mionsonraithe i gCaibidil 2 ar staid fiachais an Rialtais).
 - Rinneadh €1.35 billiún san iomlán a ranníoc le buiséad an AE. (Tugtar achoimre ar idirbhearta an AE sna mionsonraí eile atá ann i gCaibidil 5).

Athruithe ar iarmhéideanna Stáit

- 1.7** Mar thoradh ar na fáltas isteach sa Phríomh-Chiste, agus ar na heisiúintí amach as, bhí roinnt iarmhéideanna ann, go príomha an t-iarmhéid sa chuntas Státchiste sa Bhanc Ceannais. Tá na hathruithe ar na hiarmhéideanna sin leagtha amach i bhFíor 1.3.
- 1.8** Rinneadh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla a bhunú chun cistí a chur ar leataobh chun fócas an gcostas a ghabhann le fónamh d'fhiachas an Stáit agus le fuascailt an fhiachais sin. Is é NTMA a chothabhálann é agus tagann sé faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais. D'ordaigh an tAire gur ceart nach mó ná €601 mhilliún an t-iarmhéid ag deireadh na bliana 2010. Gach bliain eile, ba é a bhí sa teorainn ar an iarmhéid ná €1 mhilliún.

² I gCaibidil 3, déileáiltear le bearta cobhsaíochta airgeadais atá déanta ag an Stát san earnáil bhaincéireachta agus árachais.

³ Ba é a bhí in athchaipitliú iomlán na mbanc go deireadh na bliana 2011 ná €63.6 billiún. Áirítear ann luach na nótaí gealltanais a eisíodh agus luach na ndíbhinní scaireanna tosaíochta (€0.8 billiún) a íocadh leis an Stát i bhfoirm gnáthscaireanna. Rinneadh €1.6 billiún eile a infheistiú faoi mhí Iúil 2012 (ar bhain €0.3 billiún de le díbhinní scaireanna tosaíochta). Dá bhrí sin, ba é a bhí san athchaipitliú iomlán go mí Iúil 2012 ná €65.2 billiún.

1.9 Is é atá i nótaí gearrthearma ná ionstraimí iasachtaíochta arna n-eisiúint ag gníomhaireacht Stáit agus arna sealbhú ag an Stát. Le fírinne, is ionann iad agus iasachtaí a thugann an Príomh-Chiste don ghníomhaireacht lena mbaineann. Ba é a bhí san iarmhéid ag deireadh na bliana 2011 ná 'páipéar tráchtála' a bhí eisithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus nach bhféadfadh an Príomh-Chiste iad a réadú go réidh. Is ionann taiscí tráchtála agus taiscí a dhéanann NTMA le forais airgeadais ar feadh tréimhsí sa raon ó aon lá amháin go dtí 365 lá.

1.10 Déantar fáltas agus íocaíochtaí i leith comhthaobhachta i ndáil le conarthaí díorthacha arna ndéanamh ag NTMA a riaradh trí chuntais tacaíochta creidmheasa. Rinneadh an farasbarr íocaíochtaí €715 mhilliún i gcomparáid le fáltas ag deireadh na bliana 2011 a mhaoiniú tríd an Státchiste agus tá sé le haisíoc leis an Státchiste. Tá achoimre ar mhionsonraí eile faoi na hidirbhearta sin le fáil i gCaibidil 2.

Fíor 1.3 Athruithe ar iarmhéideanna Stáit 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Iarmhéid Stáit ar an 1 Eanáir					
Cuntas Státchiste sa Bhanc Ceannais	3,587	3,995	21,269	21,026	11,399
Taiscí tráchtála	—	490	790	790	580
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	— ^a	1	— ^a	— ^a	600
Nótaí gearrthearma	—	—	—	—	3,585
	3,587	4,486	22,059	21,816	16,164
Athrú sa bhliain					
Iasachtaíocht Ghlan Státchiste sa bhliain	2,518	30,287	24,397	12,493	27,046
Barrachas/(easnamh) fáltas i gcomparáid le heisiúintí	(1,619)	(12,714)	(24,641)	(18,145)	(25,518)
	899	17,573	(244)	(5,652)	1,528
Iarmhéid Stáit ar an 31 Nollaig					
Cuntas Státchiste sa Bhanc Ceannais	3,995	21,269	21,026	11,399	13,099
Taiscí tráchtála	490	790	790	580	30
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	1	— ^a	— ^a	600	— ^a
Nótaí gearrthearma	—	—	—	3,585	3,848
Maoiniú Comhthaobhachta ^b	—	—	—	—	715
	4,486	22,059	21,816	16,164	17,692

Foinse: Cuntais Airgeadais 2007 go 2011

Nótaí: a Bhí an t-iarmhéid sa chuntas ag deireadh na bliana níos lú ná €500,000.

b Comhthaobhacht arna taisceadh le contrapháirtithe díorthacha faoi chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa (féach Caibidil 2).

Mórdhliteanais agus Mórshócmhainní Státchiste

- 1.11** Bhí dliteanais agus sócmhainní airgeadais de chineál fadtéarma ag an Stát amhail ar an 31 Nollaig 2011 agus tugtar tuairisc i leith cuid mhór díobh sin sa tuarascáil seo. Tugtar cuntas anseo thíos ar an staid achomair i ndáil leis na príomhdhliteanais agus leis na príomhshócmhainní.

Fiachas Rialtais

- 1.12** Déanann an fiachas ginearálta rialtais (FiachasGR) tomhas ar fhéichiúnacht agus gach dliteanas de chuid an Stáit á chur san áireamh. Amhail ar an 31 Nollaig 2011, ba é a bhí san FhiachasGR ná €169 billiún.
- 1.13** Ba é a bhí i bpríomh-chomhchuid an FhiachasGR ná iasachtaíocht chernach ar thaobh NTMA thar ceann an Stáit. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, b'ionann é sin agus €137 billiún (parluach ainmniúil nó parluach infhuascailte). I gcomparáid le deireadh na bliana 2010, ba é a bhí san fhiigiúr seo ná €110 billiún.
- 1.14** I rith na bliana 2010, d'eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais arbh fhiú €31 billiún iad chuig dhá fhoras airgeadais de chuid na hÉireann.⁴ Fabhraíonn ús ar na méideanna atá gan íoc. Faoi thearmaí nótaí gealltanais, ceanglaítear ar an Stát na méideanna atá dlite a íoc ar mhodh tráthchodanna bliantúla. Rinneadh na chéad tráthchodanna, arbh fhiú €3.1 billiún iad, a íoc i rith na bliana 2011. Ba é a bhí in iarmhéid an dliteanais ag deireadh na bliana 2011 ná €28.3 billiún.
- 1.15** I measc dliteanas eile de chuid an Stáit áirítear taiscí Chiste Bhanc an Phoist, iasachtaíocht ar thaobh údarás áitiúil agus ar thaobh comhlachtaí eile Stáit, chomh maith le méid iarmharach fiachais ar thaobh na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe.

Gealltanais Airgeadais faoi Chonarthaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

- 1.16** Tá ranna lárnacha rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais tar éis socrúithe comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) de chineál fadtéarma a dhéanamh chun raon seirbhísí agus bonneagair a sholáthar. Ina measc sin áirítear gealltanais i leith íocaíochtaí amach anseo thar théarmaí na gconarthaí.
- 1.17** Maidir le luach iomlán na ngealltanais todhchaí atá le comhlíonadh i leith conarthaí atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana 2011, meastar gur corradh beag le €4 billiún atá ann (féach Caibidil 6). Léiríonn cuid den ghealltanais seo an costas a ghabhann le hoibriú agus le cothabháil amach anseo, ar costais iad a bhaineann le tionscadail nó le seirbhísí a ndéantar gnáthsholáthar ina leith agus a n-íoctar astu ar bhonn 'íoc-mar-a-sholáthraítear'.
- 1.18** Tá tionscadail CPP eile á bhforbairt nó tá soláthar á dhéanamh maidir leo, ach ní éireoidh aon ghealltanais airgeadais i leith na dtionscadal sin go dtí go sroichfidh siad céim an chonartha fhoirmiúil.

⁴ Rinneadh na nótaí gealltanais a eisiúint ar dtús chuig trí fhoras – Anglo-Irish Bank, chuig Irish Nationwide Building Society (INBS) agus chuig an Educational Building Society. Rinneadh Anglo-Irish Bank agus INBS a chumasc ina dhiaidh sin, áfach, chun foras amháin a fhoirmiú – Irish Bank Resolution Corporation.

Costais agus Dlíteanais a ghabhann le Pinsin Seirbhíse Poiblí

- 1.19** Tá teidlíochtaí fabhraithe pinsin seirbhíseach poiblí ina ndlíteanas suntasach de chuid an Stáit. Ag deireadh mhí na Nollag 2009, bhí €116 billiún san iomlán tar éis fabhrú i leith pinsean gairme is iníochta le seirbhísigh phoiblí. Léiríonn na dlíteanais sin luach measta láithreach na n-íocaíochtaí airgid thirim atá le híoc thar an gcéad 60 bliain eile i leith pinsean a bhí tuillte amhail ar an 31 Nollaig 2009.⁵ Níl aon mheasúnú níos déanaí ná sin déanta ar an dlíteanas.
- 1.20** Sa bhliain 2000, mhol an Coimisiún um Pinsin na Seirbhíse Poiblí gur ceart athbhreithnithe achtúireachta a dhéanamh ar bhonn timthriallach trí bliana ar scéimeanna pinsean seirbhíse poiblí agus ar réamh-mheastacháin ar as-sreabhadh pinsean seirbhíse poiblí. Ní dhearnadh aon athbhreithnithe rialta.

Cúlchistí Pinsin

- 1.21** Ba é a bhí i luach an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Ciste Pinsean) ar an 31 Nollaig, 2011, ná €13.4 billiún.
- 1.22** Ba é a bhí in infheistíocht roghnach an Chiste Pinsean amhail ar an 31 Nollaig 2011 ná €5.4 billiún. Déantar na hinfeistíochtaí sin a luacháil de réir praghsanna margaidh.
- 1.23** Maidir leis na sócmhainní eile de chuid an Chiste Pinsean, is infheistíochtaí iad a dhéantar faoi threoir ón Aire Airgeadais. Faoi dheireadh na bliana 2011, bhíothas tar éis luach €21 billiún de shócmhainní an Chiste Pinsean (lena n-áirítear athinfheistiú díbhinní a bhí faighte ó Allied Irish Banks plc agus Bank of Ireland) a úsáid i ndáil le caipitliú bainc. Ba é a bhí i luach infheistíochtaí an Chiste Pinsean sna bainc amhail ar an 31 Nollaig 2011 ná €8 billiún.⁶

Iasachtaí agus Airleacain

- 1.24** Bhí luach iomlán €1.4 billiún d'iasachtaí agus d'airleacain a soláthraíodh ón bPríomh-Chiste gan íoc ag deireadh na bliana 2011. Áirítear na méideanna seo a leanas ina measc sin:
- €720 milliún gan íoc i leith airleacan timthriallach chun costais a ghabhann le hoibriú scéimeanna CERT a mhaoiniú (ar airleacain iad atá le haisíoc ag an AE)
 - €346 mhilliún i ndáil le ranníoc na hÉireann sa bhliain 2010 le tacaíocht chobhsaíochta AE don Ghréig
 - €280 milliún a airleacadh sa bhliain 2011 chuig an gCiste Cúitimh Árachais.

Gealltanais agus Teagmhais ar thaobh an Stáit

- 1.25** De réir mar atá leagtha amach i gCaibidil 3, tá dlíteanais foras airgeadais áirithe de chuid na hÉireann ráthaithe ag an Stát. Ba é a bhí i luach na ndlíteanas bainc a raibh ráthaíocht ann ina leith ag deireadh na bliana 2011 ná suim thart ar €102 billiún. Tá taiscí (suas go huasmhéid €10,000 in aghaidh an taisceora in aghaidh an fhorais) clúdaithe ar leithligh le Scéim Ráthaíochta Taisce. Ag deireadh mhí na Nollag 2011, ba é a bhí i gcomhluach na dtaiscí sin leis na forais chreidmheasa sin a bhí clúdaithe le ráthaíochtaí dlíteanais bainc ná €82 billiún.

5 Féach Caibidil 3 de *Thuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2009*.

6 Is i gCaibidil 4 a dhéileáiltear le luacháil shócmhainní CCNP a úsáideadh i gcomhair íocaíochtaí cobhsaíochta bainc.

- 1.26** Tá gealltanais eile ag an Stát maidir le haon easnamh i luach na comhthaobhachta arna soláthar do Bhanc Ceannais na hÉireann faoi shocrúithe um chúnamh eisceachtúil leachtachta (CEL) a íoc. Ag deireadh na bliana 2011, bhí an luach €42 billiún de CEL airleachtha ag an mBanc Ceannais. Áirítear an méid seo a leanas sa chomhthaobhacht atá cáilithe chun críche CEL: na nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais; iasachtaí lena n-áirítear morgáistí cónaithe agus iasachtaí infheistíochta nó forbartha; agus ráthaíochtaí ón Aire. Tá litreacha sólais faighte ag an mBanc Ceannais ón Aire. Daingníonn na litreacha sin gur féidir leis an Stát aon easnamh a shlánú tráth leachtaithe na comhthaobhachta. Tá dliteanas an Stáit i leith na nótaí gealltanais san áireamh san FhiachasGR (féach thuas). Dá bhrí sin, a mhéid atá na nótaí gealltanais geallta mar chomhthaobhacht le haghaidh CEL, níl aon ghealltanais breise Stáit ann i gcás aon easnamh sa chomhthaobhacht.
- 1.27** Tá ráthaíocht tugtha ag an Aire Airgeadais i leith 95% den fhiachas arna eisiúint ag NAMA chun íoc as iasachtaí atá faighte aige ó fhorais chreidmheasa (féach Caibidil 3). Ba é a bhí i luach an fhiachais ráthaithe ag deireadh na bliana 2011 ná €29 billiún.

Conclúidí agus Moltaí

- 1.28** I gcomparáid le heisiúintí sa bhliain 2011, bhí an t-easnamh i bhfáltais an Stáit os cionn €25 billiún. Ag deireadh na bliana 2011, ba é a bhí san fhiachas ginearálta rialtais ná €169 billiún. De bheis air sin, bhí gealltanais os cionn €4 billiún ag an Stát i leith conarthaí príobháideacha poiblí. I measc na sócmhainní a bhí á sealbhú ag an Stát ag deireadh na bliana 2011, áiríodh €17.7 billiún a bhí á shealbhú mar iarmhéideanna Stáit agus suim €13 billiún sa Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ar suim í a bhfuil suim €8 billiún di infheistithe i Allied Irish Banks plc agus i Bank of Ireland. Ba é a bhí sa mhéid a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2011 i leith iasachtaí agus airleacan a eisíodh ón bPríomh-Chiste ná €1.4 billiún.
- 1.29** Bhí dliteanais theagmhasacha ag an Stát freisin, ar dliteanais iad a d'éirigh as an ráthaíocht a thug sé i leith dliteanas foras creidmheasa áirithe de chuid na hÉireann agus i leith ráthaíochtaí agus litreacha sólais a eisíodh chuig Banc Ceannais na hÉireann i ndáil le cúnamh eisceachtúil leachtachta do bhainc.
- 1.30** Ba é a bhí sa mheastachán is déanaí ar dhliteanas fadtéarma i leith pinsean gairme d'fhostaithe eanála poiblí ná €116 billiún ag deireadh na bliana 2009. Ó bhí an bhliain 2009 ann, tá athruithe an-suntasach déanta i ndáil le pinsin eanála poiblí, agus tá líonta suntasacha oibrithe eanála poiblí tar éis scor níos luaithe ná mar a rabhtas ag súil leis. D'fhéadfadh sé go raibh na forbairtí sin ina gcúis le hathrú suntasach ar luach na dteidlíochtaí pinsin fabhráithe.

Moladh 1.1: Is ceart athbhreithnithe achtúireachta agus réamh-mheastacháin i ndáil le heis-sreabhadh pinsean seirbhíse poiblí a chur i gcrích ar bhonn rialta chun a chinntiú gurb eol don Stát cén tionchar fadtéarma costais atá ag eis-sreabhadh pinsean agus ag tráthú ina leith sin.

An Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:
Aontaithe. Is cuid thábhachtach d'fhoirmiú beartais é ullmhú rialta agus foilsiú rialta na measúnachta achtúireachta ar an soláthar do phinsin seirbhíse poiblí. Is ceart tús a chur leis an obair ar mheasúnacht nua achtúireachta a luaithe is féidir, ar measúnacht í a chuireann san áireamh an coigilteas an-suntasach atá bainte amach ó bhí an bhliain 2009 ann i ndáil le pá, pinsin agus líon foirne.

- 1.31** Is é atá sna Cuntais Airgeadais, le fírinne, ná taifead airgead-bhunaithe ar fháltais agus ar eisiúintí an Phríomh-Chiste i rith na bliana agus mionsonraí ag deireadh na bliana faoin iasachtóireacht atá déanta ag NTMA thar ceann an Stáit. Déantar faisnéis fhorlíontach bhreise áirithe a sholáthar freisin i ndáil le scairchaipiteal, idirbhearta iasachtóireachta agus ráthaíochtaí. Ní airbheartaíonn na cuntais, áfach, gurb iad cuntais iomlána an rialtais iad ná go léiríonn siad sócmhainní, dliteanais nó teagmhais iomlána an Rialtais. Cé go gcomhlíonann na Cuntais Airgeadais an fhoirm atá sonraithe ag an Aire Airgeadais, tá scóip ann maidir le nochtadh breise trína ndéanfaí cuntas níos iomláine agus níos trédhearcaí a thíolacadh i ndáil le hidirbhearta airgeadais an rialtais lárnaigh sa bhliain agus i ndáil le staid airgeadais an Stáit ag deireadh na bliana.

Moladh 1.2: Is ceart don Roinn Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal agus ar cháilíocht i dtaca le nochtadh sna Cuntais Airgeadais ionas go méadófar an trédhearcacht i ndáil le faisnéis phoiblí airgeadais.

An Freagra ó Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais: Aontaithe. Is é is príomhchuspóir do na Cuntais Airgeadais, mar atá sainmhínithe le dlí, ná íocaíochtaí isteach sa Phríomh-Chuntas, agus amach as, a thaispeáint. Bhí méid áirithe faisnéise roghnaí, ar leith ó idirbhearta Príomh-Chiste, ann sna cuntais i gcónaí agus tá méadú tagtha ar an bhfaisnéis sin le blianta beaga anuas, go háirithe trí fhonótaí breise. Aontaíonn an Roinn leis an gcuspóir foriomlán maidir le trédhearcacht i dtaca le faisnéis phoiblí airgeadais. Le linn an t-ábhar a athbhreithniú, rachaidh an Roinn Airgeadais i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag a bhfuil ról ceannais i ndáil le beartas maidir le cuntasaíocht ag ranna rialtais. Déanfar bhreithniú ar an leibhéal faisnéise breise atá le cur leis na Cuntais Airgeadais, ag féachaint don ghá atá ann gan cuspóir bunúsach na gcuntas sin a cheilt nó gan moill a chur le hullmhú na gcuntas sin. Déanfar breithniú freisin ar a mhéid is ceart ráitis bhreise tuairiscithe airgeadais rialtais a fhorbairt.

2 Fiachas Rialtais


- 2.1** Is é an t-ioncam ó chánachas agus ó mhuirir eile príomh-fhoinse an mhaoiniúcháin Stáit. De bhreis air sin, gabhann an Stát do raon gníomhaíochtaí iasachtaíochta. Sa chaibidil seo, tugtar achoimre ar threocht agus ar chomhdhéanamh an fhiachais ghinearálta rialtais agus ar an treocht i dtaca le fónamh don fhiachas. Déantar athbhreithniú ann freisin ar fhorbairtí i ndáil le hÉirinn d'fhilleadh ar an margadh fiachais cheannasaigh.

Fiachas Ginearálta Rialtais

- 2.2** Is é atá sa tomhas is cuimsithí ar fhiachas rialtais ná an fiachas ginearálta rialtais (FiachasGR), ar tomhas caighdeánaithe idirnáisiúnta ar fhiachas é a bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar gach tír de chuid an AE é a úsáid i gcomhair an tuairiscithe débhlantúil a dhéanann siad, faoi Chonradh Maastricht, ar easnamh agus ar fhiachas rialtais. Is é atá i bhFiachasGR ná ollfhiachas iomlán na hearnála comhdhlúite rialtais ghinearálta atá gan íoc – is é sin, an t-ollfhiachas iomlán (de réir luacha ainmniúil) atá dlíthe de gach comhlacht rialtais do thríú páirtithe lasmuigh den rialtas.¹ Ní dhéantar fiachas atá dlíthe de chomhlacht rialtas amháin do chomhlacht rialtais eile a áireamh san FhiachasGR.
- 2.3** In Éirinn, áirítear an chuid is mó comhlachtaí poiblí san earnáil rialtais ghinearálta, ach ní áirítear na bainc atá faoi úinéireacht phoiblí, Infheistíocht NAMA Teo agus na cuideachtaí sin a oibrítear ar bhonn tráchtála agus a chlúdaíonn formhór a gcuid costas oibríochta trí dhíolacháin. Tá comhdhéanamh an FhiachasGR leagtha amach i bhFíor 2.9 (Iarscríbhinn A).
- 2.4** Ba é a bhí san FhiachasGR ag deireadh na bliana 2011 ná €169 billiún. Déantar an treocht shuntasach in airde i dtaca le FiachasGR ón mbliain 2007 ar aghaidh a thaispeáint i bhFíor 2.1.

Fíor 2.1 Fiachas Ginearálta Rialtais 2007 go 2011

€ billiún



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidreamh **Ioncam agus Caiteachas Náisiúnta 2011**, arna fhoilsiú i Meán Fómhair 2012 (Iarscríbhinn A, Fíor 2.9)

Nóta: a Is ionann ríomhaireacht an FhiachasGR agus próiseas staitistiúil. Dá dhroim sin, tagann roinnt figiúirí faoi réir athbhreithnithe.

¹ Go sonrach, sainmhínítear FiachasGR mar shuim dhlíteanais na hearnála ginearálta rialtais sna catagóirí seo a leanas de chuid Chóras Eorpach na gCuntas 1995 (CEC95): airgeadra agus taiscí; urrúis seachas scaireanna gan díorthach airgeadais a áireamh; agus iasachtaí.

Coigeartuithe ar Fhigiúirí na Bliana Roimhe Seo


- 2.5** Rinneadh an FiachasGR don bhliain 2010 a thuairisciú ar dtús (i Márta 2011) mar €148.1 billiún agus ba róráiteas €3.85 billiún an méid sin. Sa bhliain 2010, fuair an Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA) suimeanna substaintiúla ar iasacht ó Gníomhaireacht Bainistíochta an Chiste Náisiúnta (NTMA).² Sna bliana roimhe sin, fuair HFA iasachtaí ar an margadh oscailte. Nuair a tiomsaíodh figiúirí FhiachasGR dheireadh bliana 2010, déileáladh de dhearmad le thart ar €3.6 billiún a fuair HFA ar iasacht ó NTMA mar iasachtaíocht sheachtrach agus cuireadh go mícheart é leis an bhFiachasGR.
- 2.6** Nuair a rinneadh scrúdú ar thiomsú an FhiachasGR, shainaithin an Phríomh-Oifig Staidreamh roinnt coigeartuithe beaga do gach ceann de na blianta ó 2007 go 2010 (laghduithe €242 mhilliún, €234 mhilliún, €157 milliún agus €266 mhilliún faoi seach). Bhain siad sin go príomha le hiasachtaí a fuair HFA ó chomhlachtaí eile rialtais.

FiachasGR mar chion de OTI

- 2.7** Is é atá sa chóimheas FiachasGR le holltáirgeacht intíre (OTI) ná tomhas caighdeánach inbhuanaitheachta a chuirtear i bhfeidhm chun comparáid a dhéanamh thar an AE. Tháinig méadú ar FhiachasGR mar chion de OTI ó 25% sa bhliain 2007 go 106.4% sa bhliain 2011 (féach Fíor 2.2).

Fíor 2.2 FiachasGR mar chion de OTI 2007 go 2011

% de OTI



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor 2.10


Ollfhiachas Náisiúnta

- 2.8** Is é atá sa chomhchuid is mó den FhiachasGR ná an t-ollfhiachas náisiúnta ar fiachas é a éiríonn as iasachtaíocht ar thaobh an Stáitchiste agus arb é NTMA a dhéanann í. Suim €136.8 billiún a bhí san fhiachas sin ag deireadh na bliana 2011. Ó dheireadh na bliana 2011 go deireadh mhí an Mheithimh 2012, tháinig méadú eile 10% air sin go dtí €150.7 billiún.³ Léiríonn Fíor 2.3 na treochtaí i dtaca leis na comhchodanna móra den ollfhiachas náisiúnta ón mbliain 2007 go dtí Meitheamh 2012.

² Cheannaigh NTMA páipéar tráchtála HFA.

³ Níl iniúchadh déanta ar fhiigiúirí Mheitheamh 2012.

Fíor 2.3 Ollfhiachas Náisiúnta de réir Parluachanna Infhuascailte 2007 go 2011 (deireadh na bliana) agus i Meitheamh 2012




Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor 2.11

Fiachas Meántearma agus Fadtéarma

- 2.9** B'ionann an fiachas meántearma agus fadtéarma ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 agus corradh beag le 88% den ollfhiachas náisiúnta. Bhí sé comhdhéanta go formhór d'iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais (€83.1 billiún) agus iasachtaí faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn a caibidlíodh ag deireadh na bliana 2010 (€49.6 billiún).⁴ Déantar tuilleadh mionsonraí faoi mhaoiniú faoi chlár AE/CAI a sholáthar san Iarscríbhinn B thuas.
- 2.10** Tá próifíl éagsúla aibíochta ag gabháil le fiachas meántearma agus fadtéarma. Ag deireadh mhí an Mheithimh 2012, bhí aibíocht na mbannaí rialtais a bhí eisithe sa raon ó bhliain amháin go 13 bliana. Téann aibíocht na hiasachtaíochta faoin gclár AE/CAI suas go 30 bliain. Taispeánann Fíor 2.4 próifíl aibíochta na mbannaí Rialtais agus an mhaoiniúcháin faoin gclár AE/CAI (suim iomlán €133 billiún) ag deireadh mhí an Mheithimh 2012.
- 2.11** Léiríonn Fíor 2.4 tionchar na n-athruithe ar an ollfhiachas náisiúnta sa chéad leath den bhliain 2012, de bhreis ar íostarraingtí AE/CAI.
- I mí Eanáir 2012, thug NTMA deis d'infheisteoirí a gcuid sealúchas i gcás banna a thiocfadh in aibíocht sa bhliain 2014 a mhalartú i gcomhair banna nua a thiocfadh in aibíocht i bhFeabhra 2015. Mar thoradh air sin, rinneadh aibíocht bannaí arbh fhiú €3.53 billiún iad (30%) agus a bhí le teacht in aibíocht sa bhliain 2014 a fhadú bliain amháin go dtí an bhliain 2015.

⁴ Rinneadh clár AE/CAI a chaibidil leis an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), leis an gCoimisiún Eorpach (CE) agus leis an mBanc Ceannais Eorpach.

Fíor 2.4 Próifíl Aibíochta na mBannaí Rialtais agus Mhaoiniúchán Chlár AE/CAI a sealbhaíodh ag deireadh mhí an Mheithimh 2012 ^a



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Iarscríbhinn A, Fíor 2.12)

Nóta: a Taispeántar iarmhéideanna chlár AE/CAI glan ar idirbhearta fálaíthe airgeadra i gcás inarb iomchuí sin.

- Tháinig méadú ar leibhéal na mbannaí Rialtais eisithe i Márta 2012 nuair a eisíodh bannaí chun freastal ar íocaíocht nóta gealltanais €3.06 billiún a bhí dlite do Irish Bank Resolution Corporation Limited (IBRC).⁵ Tiocfaidh na bannaí a eisíodh in aibíocht sa bhliain 2025 agus tá ráta bliantúil úis 4.5% ag gabháil leo. Ós rud é, an tráth sin, go raibh margadhluach na mbannaí rud beag os cionn €88 in aghaidh an €100 ainmniúil, d'eisigh an Stát bannaí ag a raibh luach ainmniúil €3.46 billiún chun freastal ar an íocaíocht sin. Tá an toradh ar na bannaí agus, dá bhrí sin, tá an ráta éifeachtach úis ar an aisíocaíocht €3.06 billiún, rud beag os cionn 6.8%.

2.12 Ar an 26 Iúil 2012, thug NTMA deis d'infheisteoirí chun a gcuid sealúchas láithreach bannaí a bhí le teacht in aibíocht sna blianta 2013 agus 2014 a mhalartú ina mbannaí lena ngabhfaidh tréimhsí aibíochta níos faide (2017 agus 2020). Mar gheall ar na difríochtaí i margadhphraghsanna na mbannaí a malartaíodh, bhí ar na hinfheisteoirí a ghlac leis an tairiscint glaníocaíocht rud beag faoi bhun €30 milliún a íoc tráth an mhalartaithe agus malartaíodh corradh beag le luach €1 billiún.

Fiachas Gearrthearma

2.13 Is é atá i bhfiachas gearrthearma ná fiachas lena ngabhann aibíocht bhunaidh atá níos lú ná bliain amháin. Ag deireadh Mheitheamh 2012, ba é a bhí san fhiachas gearrthearma go formhór ná iasachtaí trínar úsáideadh nótaí Stáitchiste agus clár pháipéar tráchtála Euro NTMA.⁶ I bhFíor 2.5, déantar comparáid idir próifíl aibíochta an fhiachais gearrthearma sa bhliain 2008 agus ag deireadh Mheitheamh 2012. Léiríonn sin laghdú suntasach ar mhéid an fhiachais gearrthearma mar aon le giorrú na meánaibíochta.

⁵ Eisíodh nótaí gealltanais chuig trí thoras – Anglo Irish Bank, Irish Nationwide Building Society (INBS) agus EBS. Rinneadh an Anglo Irish Bank agus an INBS a chumasc ina dhiaidh sin chun IBRC a fhoirmiú.


⁶ Ag deireadh na bliana 2011, shealbhaigh NAMA €2.3 bhillion (79%) den fhiachas iomlán gearrthearma a bhí eisithe i bhfoirm nótaí Stáitchiste.

Fíor 2.5 Próifíl Aibíochta an Fhiachais Gearrthearma i mí na Nollag 2008 agus i Meitheamh 2012

Deireadh mhí na Nollag 2008
Luach iomlán €21.7 bn



Deireadh Mheitheamh 2012
Luach iomlán €2.9 bn



Foinse: Iarscríbhinn A, Fíor 2.13

Nótaí Gealltanais

2.14 Sa bhliain 2010, mar chuid den phróiseas caipitlithe bainc, d'eisigh an tAire Airgeadais nótaí gealltanais ar €30.85 billiún a luach, chuig IBRC agus chuig an Educational Building Society (EBS). Ba é a bhí i nglanéifeacht an bhirt sin ná fiachas Stáit a chruthú lasmuigh den ollfhiachas náisiúnta a bhí á bhainistiú ag NTMA.

2.15 Ní raibh aon eisíoc láithreach airgid thirim ag an Stát nuair a d'eisigh sé na nótaí gealltanais. Faoi théarmaí na nótaí, déantar íocaíochtaí atá comhionann le 10% de na méideanna atá gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2010 a íoc ar bhonn bliantúil ar dhátaí socraithe.⁷ Fabhraítear ús ar na nótaí gealltanais ar bhonn bliantúil. Rinneadh na chéad íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste sa bhliain 2011. Leanfar d'íocaíochtaí bliantúla a dhéanamh go dtí go n-íocfar na méideanna príomhshuime agus an t-ús fabhraithe go léir. Ba é a bhí i luach na nótaí a bhí gan íoc amhail ar an 31 Nollaig 2011 ná €28.33 billiún. Déantar an t-athrú ar an iarmhéid gan íoc ar nótaí gealltanais idir na blianta 2010 agus 2011 a leagan amach i bhFíor 2.6.

Fíor 2.6 An t-iarmhéid gan íoc ar nótaí gealltanais atá bainteach le baincéireacht amhail deireadh mhí na Nollag 2011

	IBRC €m	EBS €m	Iomlán €m
Luach na nótaí gealltanais a eisíodh (sa bhliain 2010)	30,600	250	30,850
Íocaíochtaí iomlána sa bhliain 2011	(3,060)	(25)	(3,085)
<i>An ghné úis^a</i>	<i>(554)</i>	<i>(14)</i>	<i>(568)</i>
<i>An ghné príomhshuime</i>	<i>(2,506)</i>	<i>(11)</i>	<i>(2,517)</i>
An t-iarmhéid a bhí gan íoc ag deireadh na bliana 2011	28,094	239	28,333

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Is ionann ús agus ús a íocadh sa bhliain 2011 agus ní áirítear ann aon ús a fabhraíodh tar éis na ndátaí íocaíochta.

⁷ Déantar íocaíochtaí le IBRC ar an 31 Márta agus le EBS ar an 17 Meitheamh (nó ar an gcéad lá gnó eile nuair nach laethanta gnó iad na laethanta sin).

Costas an Fhiachais

- 2.16** Is é atá sa chostas a ghabhann le fónamh don fhiachas, mar a nochtar i gcuntais NTMA don bhliain 2011, ná €5.4 billiún nuair a thomhaistear é ar bhonn airgid thirim. Nuair a dhéantar aistriú €638 milliún ó chistí reatha chuig ciste fiachmhúchta a chur san áireamh, áfach, ba é a bhí san eisíocaíocht fónaimh ná €4.7 billiún.⁸
- 2.17** Nuair a dhéantar costais fónaimh fiachais a thomhas ar bhonn airgid thirim, ceiltar an éifeacht atá le hoibleagáidí fónaimh a bhí tar éis fabhrú faoi dheireadh na bliana ach a bhí le hurscaoileadh fós. Nuair a dhéantar an costas fónaimh fiachais a thomhas ar bhonn fabhrúcháin, ba é a bhí sa chostas fónaimh don bhliain 2011 ná 5.3 billiún.⁹ Ba é a bhí sa chostas coibhéiseach don bhliain 2010 ná €4.3 billiún – rud a fhágann go raibh méadú 23% ann ó bhliain amháin go dtí an bhliain dar gcionn.
- 2.18** Tháinig méadú 225% ar an ollfhiachas náisiúnta idir na blianta 2007 agus 2011 agus, maidir leis an gcostas fónaimh fiachais, nuair a dhéantar é a thomhas ar bhonn fabhrúcháin, tháinig méadú thart ar 231% air sa tréimhse chéanna ó €1.6 billiún go €5.3 billiún, rud a léiríonn go mar a chéile tríd is tríd a bhí na meánrátaí úis a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an bhfiachas sa dá bhliain.
- 2.19** Ag deireadh Mheitheamh 2012, bhí trí chomhchuid ann a bhí inchurtha i leith beagnach 97% den ollfhiachas náisiúnta
- B'ionann méid na mbannaí Rialtais agus 55% den fhiachas ar mheánráta úis 4.78%.
 - B'ionann méid na hiasachtóireachta faoi chlár AE/CAI agus an tríú cuid den ollfhiachas náisiúnta. Ba é a bhí sa mheánchostas ualaithe measta ar an dáta sin, tar éis costais fálaithe a chur san áireamh, ná 3.35% sa bhliain.
 - B'ionann scéimeanna coigilteas Stáit agus corradh beag le 8% de na hiasachtaí. Bhí rátaí uasta úis idir 3.23% agus 3.53% ag gabháil leis an dá scéim is mó, ar scéimeanna iad a raibh beagnach 80% de na hiasachtaí sin i gceist leo.
- 2.20** Ag deireadh Mheitheamh 2012, mheas NTMA gurbh é a bhí sa mheánchostas ualaithe a ghabhann le fónamh don fhiachas náisiúnta ná 4.1% sa bhliain. Ar an dáta sin, bhain rátaí socraithe le thart ar 95% den fhiachas, lena n-áirítear fiachas a ndeachthas i mbun fálaithe láidir leis fad a bhí an t-iarmhéid faoi réir rátaí foluaineacha úis.
- 2.21** Tá an meánráta úis ar bhannaí rialtais bunaithe ar an ús is iníoctha ar an méid ainmniúil fiachais atá gan íoc. Ní léiríonn sé sin costas na hiasachtaíochta sin go hiomlán mar nach gcuirtear san áireamh difríochtaí idir airgead tirim a fhaightear ó iasachtóirí agus méid ainmniúil an fhiachais a eisítear. Nuair atá an méid a fhaightear níos ísle ná luach ainmniúil an fhiachais a eisítear, tá costas na hiasachtaíochta níos mó ná an ráta úis ar an bhfiachas ainmniúil.¹⁰
- 2.22** Tá na rátaí úis ar na nótaí gealltanais sa raon ó chorradh beag le 4% go dtí rud beag faoi bhun 12% agus bhí ráta nialais i bhfeidhm sna blianta 2011 agus 2012 maidir le nótaí gealltanais IBRC. Is é atá sa mheánráta i gcás na nótaí gealltanais go léir, agus an tréimhse ina raibh rátaí nialais úis ann, ná ráta atá rud beag faoi bhun 6%.

8 Úsáidtear an ciste fiachmhúchta sin chun fiachas a aisíoc.

9 Tríd an mbonn fabhrúcháin a úsáid, sainithnítear na costais a thabhaítear seachas méideanna a íocadh agus ní chuirtear athruithe sa chiste fiachmhúchta a chur san áireamh.

10 Os a choinne sin, nuair is mó an méid a fhaightear ná luach ainmniúil an fhiachais a eisíodh, tá fíorchostas na hiasachtaíochta níos ísle ná an ráta úis ar an bhfiachas ainmniúil.

Athiontráil isteach sa Mhargadh Fiachais


2.23 Is rud tábhachtach é an toradh ar bhannaí Éireannach i dtaca le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cén uair is féidir le hÉirinn filleadh ar an margadh chun iasachtaí a fháil. Go déanach sa bhliain 2008 tháinig dibhéirsiú ar na raoin difríochta toraidh ar fhiachas na hÉireann i gcomparáid leis na raoin difríochta toraidh sa Ghearmáin agus bhí an dibhéirsiú sin níos suntasaí fós ó lár na bliana 2010 ar aghaidh.¹¹ (Féach an chomparáid idir na torthaí d'fhiachas 10 mbliana i bhFíor 2.7). Dá bharr sin, ó Mheán Fómhair 2010 go dtí Iúil 2012, níor lorg NTMA maoiniú go gníomhach sna margaí bannaí.

2.24 Go luath sa bhliain 2012, d'fhill NTMA ar na margaí nuair a rinneadh ceant i dtaca le billí cisteáin trí mhí de chuid na hÉireann. Rinneadh an spriocmhéid €500 a dhíol ag ceant comórtais agus díoladh luach €12.5 milliún ag ceant neamhchomórtais a raibh toradh 1.80% ann dá bharr.¹²

2.25 Ar an 26 Iúil 2012, thairg NTMA bannaí lena ndíol ar bannaí iad a raibh aibíochtaí fadtéarma ag gabháil leo. Ba é a bhí sa mheántoradh ualaithe do na bannaí eisithe ná 5.95%. Rinneadh bannaí ag a raibh luach ainmniúil €4.19 billiún a dhíol ar €4.05 billiún mar a leanas:

- rinneadh luach ainmniúil €2,894 mhilliún de bhanna cisteáin nua 5.5% lena ngabhann aibíocht sa bhliain 2017 a dhíol ar €98.27 in aghaidh an €100 de luach ainmniúil. Ba é a bhí sa mhéid airgid thirim a fuarthas ná €2,844 mhilliún rud a thig toradh 5.9% d'infheisteoirí.

Fíor 2.7 Raoin difríochtaí toraidh i dtaca le bannaí de chuid na hÉireann agus na Gearmáine ón mbliain 2008 go Meitheamh 2012



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- rinneadh luach ainmniúil €1,299 milliún de bhanna cisteáin láithreach 5% lena ngabhann aibíocht sa bhliain 2020 a dhíol ar €93.03 in aghaidh an €100 de luach ainmniúil. Ghin sé sin €1,208 milliún rud a thug toradh 6.1% d'infheisteoirí.

¹¹ Is é atá sa raon difríochta toraidh ná an difríocht idir na torthaí ar dhá bhanna lena ngabhann an aibíocht céanna.

¹² Sa chéim neamhchomórtais den cheant, féadann déileálaithe príomha agus contrapháirtithe billí cáilithe chisteán na hÉireann tairiscintí a dhéanamh ag an ráta uasta úis inghlactha sa cheant comórtais. Tá siad i dteideal tairiscint a dhéanamh i leith 30% dá gcuid tairiscintí rathúla faoi seach sa cheant comórtais.

Sócmhainní Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile

- 2.26** Déanann NTMA fiachas náisiúnta na hÉireann a shainmhíniú mar glanfhiachas a éiríonn as iasachtaí ar thaobh an Stáitchiste tar éis iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní gaolmhara eile airgeadais a chur san áireamh.
- 2.27** Bhí iarmhéideanna suntasacha airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile ag an Stát ag deireadh Mheitheamh 2012. Tháinig méadú orthu sin ó leibhéal €4.5 billiún sa bhliain 2007 go buaicleibhéal os cionn €22 billiún sa bhliain 2008. Ag deireadh Mheitheamh 2012, ba é a bhí sa chomhluach a bhí acu ná €18.8 billiún de réir mar a thaispeántar i bhFíor 2.8.

Fíor 2.8 Sócmhainní Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile 2008 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011	Meitheamh 2012
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Cuntas Stáitchiste	3,997	21,269	21,026	11,399	13,099	14,488
Taiscí Bainc	490	790	790	580	30	300
An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla	—	—	—	600	—	67
Páipéar tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	—	—	—	3,585	3,848	3,941
Maoiniú comhthaobhachta na n-iarscríbhinní tacaíochta creidmheasa	—	—	—	—	715	—
Sócmhainní iomlána airgid thirim agus airgeadais	4,487	22,059	21,816	16,164	17,692	18,796

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 2.28** Cé go raibh €13.1 billiún ar fáil don Stát láithreach nó ar ghearrfhógra ag deireadh na bliana 2011, ní raibh luach €3.8 billiún de pháipéar tráchtála na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe inréadaithe go réidh. Déanfar €715 mhilliún a úsáideadh mar mhaoiniúchán i ndáil le comhthaobhacht atá taiscthe le contrapháirtithe díorthacha faoi chomhaontuithe tacaíochta creidmheasa, cé nach bhfuil sé inréadaithe go réidh, a réadú maille le hathruithe ar mhargadhluach díorthach gaolmhar nó de réir mar a thagann díorthaigh in aibíocht.

- 2.29** Chun maolú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh mainneachtain chontrapháirtí in idirbhearta díorthacha agus chun rochtain ar mhargáí a optamú, déanann NTMA socruithe tacaíochta creidmheasa lena chontrapháirtithe margaidh.¹³ Ceanglaítear ar an bpáirtí i gconradh díorthach atá ‘as an airgead’ comhthaobhacht a thaisceadh lena chontrapháirtí.¹⁴ Dá bharr sin, úsáideadh €715 mhilliún chun comhthaobhacht a taisceadh le contrapháirtithe ag deireadh na bliana 2011 a mhaoiniú. Tagann aistriú comhthaobhachta faoi réir oibleagáide ar thaobh an chontrapháirtí an chomhthaobhacht a thabhairt ar ais i gcomhréir le hathruithe ar mhargadhluachanna nó faoi imthosca áirithe amhail mainneachtain nó foirceannadh an chonartha. Tá soláthróir na comhthaobhachta i dteideal ús taisce a fháil ar iarmhéideanna airgid thirim a phostáiltear. Nuair a thagann conradh díorthach in aibíocht tá luach nialais aige agus beifear tar éis an chomhthaobhacht ar fad a thabhairt ar ais don pháirtí a phostáil í.
- 2.30** Bhunaigh NTMA cuntas tacaíochta creidmheasa i mBanc Ceannais na hÉireann sa bhliain 2010 chun na hidirbhearta sin a éascú. I rith na mblianta 2010 agus 2011, rinne an Stáitchiste an cuntas tacaíochta creidmheasa a mhaoiniú nuair ba ghá sin.
- 2.31** De bhreis ar idirbhearta fálaithe a dhéanamh i ndáil leis an bhfiachas náisiúnta, is é NTMA an contrapháirtí i gcomhair staideanna díorthacha na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). I rith na mblianta 2010 agus 2011, níor cheangail NTMA ar NAMA comhthaobhacht a phostáil. I Márta 2012, rinne NTMA comhaontú le NAMA ar comhaontú é ar faoi a fhéadfar a cheangal ar NAMA comhthaobhacht a phostáil. I Meitheamh 2012, rinne NAMA comhthaobhacht a phostáil den chéad uair faoin gcomhaontú. Ag deireadh Mheitheamh 2012, tar éis do NAMA comhthaobhacht a phostáil, níor soláthraíodh aon mhaoiniú Stáitchiste don chuntas tacaíochta creidmheasa.

Conclúidí

- 2.32** Déantar fiachas an Stáit a thomhas le FiachasGR agus aird á tabhairt ar iasachtaíocht ar thaobh an Stáit, mar aon le dlíteanais eile de chuid an Stáit lena n-áirítear nótaí gealltanais de chuid gníomhaireachtaí neamhthráchtála Stáit agus údarás áitiúil. Sa bhliain 2011, tháinig méadú 17% ar an bhFiachasGR agus ba é a bhí ann ag deireadh na bliana 2011 ná €169 billiún. Tharla an méadú sin tar éis méadú 38% a bheith ann sa bhliain 2010. Ag deireadh na bliana 2011 ba é a bhí sa chóimheas idir FiachasGR agus OTI ná 106%.
- 2.33** Sa bhliain 2011, rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh athbhreithniú ar an bhFiachasGR do na blianta ó 2007 go 2011, rud as a lean coigeartú anuas ar an bhfiachas do gach ceann de na blianta sin. Rinneadh coigeartú anuas €3.85 billiún ar FhiachasGR 2010, go háirithe de bharr ceartúcháin ar earráid chomhdhlúthúcháin a tharla sa tslí inar déileáladh le hiasachtaí de chuid na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe.

¹³ Déantar conarthaí díorthacha a uastarraingt de réir máistirchomhaontuithe de chuid an International Swaps and Derivatives Association (ISDA). Is é atá in iarscríbhinn tacaíochta creidmheasa (ITC) ná doiciméad dlíthiúil ar féidir é a chur i gceangal le máistirchomhaontú CIBD chun rialáil a dhéanamh thacaíocht chreidmheasa d'idirbhearta díorthacha agus déantar sainiú léi ar na himthosca ar fúthu a cheanglaítear ar chontrapháirtithe comhthaobhacht a phostáil. Faoi ITC, is ionann airgead tirim a phostáil agus aistriú glan úinéireachta ar thaobh sholáthróir na comhthaobhachta.

¹⁴ Déantar díorthaigh a luacháil ar bhonn laethúil de réir margadhluacha. Is ionann an margadhluach agus an difríocht idir luach láithreach na sreafaí airgid thirim a bhfuil oibleagáid chonartha ar an dá pháirtí iad a mhalartú faoin gconradh agus luach láithreach na sreafaí airgid thirim a ndéanfaidís conradh chun iad a mhalartú lá na luachála. Cruthaíonn margadhluach an díorthaigh sócmhainn do pháirtí amháin sa chonradh (mar gur lú an buntáiste a bhainfeadh leis na téarmaí a gheobhadh sé ón margadh ná mar a bheadh ann faoin gconradh díorthach). Tá dlíteanas ag an bpáirtí eile agus is é an páirtí sin atá ‘as an airgead’.

- 2.34** Ag deireadh na bliana 2011, ba é a bhí i méid na n-iasachtaí a fuair NTMA thar ceann an Stáit (dá ngairtear an t-ollfhiachas náisiúnta) ná €136.8 billiún. Faoi lár na bliana 2012, bhí méadú 10% eile tagtha air sin go dtí suim os cionn €150 billiún lena n-áirítear beagnach €50 billiún a fuarthas ar iasacht faoi chlár AE/CAI. Tá thart ar €42 billiún den fhiachas meántearma agus fadtearma a bhí á shealbhú ag deireadh Mheitheamh 2012 le haisíoc faoin mbliain 2016. Tá €58 billiún eile le fuascailt sa tréimhse ó 2018 go 2020.
- 2.35** Ba é a bhí in iarmhéid an FhiachasGR ná nótaí gealltanais a eisíodh i dtaca le cobhsaíocht bhainc (€28.3 billiún) agus glan-iasachtaíocht phoiblí ilghnéitheach eile ar €4 billiún a méid.
- 2.36** Nuair a dhéantar na costais a ghabhann le fónamh d'fhiachas a thomhas ar bhonn fabhrúchán, tháinig méadú €1 billiún (nó méadú 23%) orthu sa bhliain 2011, go háirithe de bharr an mhéadaithe ar mhéid an fhiachais. Ag deireadh Mheitheamh 2012, ba é a bhí i meánchostas ualaithe measta na hiasachtaíochta ná 4.1%.
- 2.37** I mí Iúil 2012, rinne NTMA bannaí lena ngabhann aibíocht fadtearma a dhíol den chéad uair ó Mheán Fómhair 2010. Rinneadh bannaí a raibh luach €4.19 billiún acu a dhíol ar mheántoradh ualaithe 5.95%. Thart ar an am céanna, rinne sí thart ar luach €1 billiún de bhannaí atá le teacht in aibíocht sna blianta 2013 agus 2014 a mhalartú le haghaidh bannaí a thiocfaidh in aibíocht sna blianta 2017 agus 2020.

Iarscríbhinn A Comhdhéanamh an FhiachasGR agus an Ollfhiachais Náisiúnta

Fíor 2.9 Comhdhéanamh an Fhiachais Ghinearálta Rialtais ag deireadh bliana sa tréimhse ó 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Rialtas Lárnach – Státchiste					
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,609	136,774
Lúide dliteanais i leith comhlachtaí eile rialtais lárnaigh, údarás áitiúil agus Coistí Gairmoideachais	(2,943)	(3,275)	(2,413)	(2,472)	(2,636)
Coigeartú de réir luach ainmniúil an fhiachais ^a	23	489	55	72	4
Corrlach Réamhíochta an Chiste Cobhsaíochta Airgeadais Eorpaigh		-	-	-	530
Dlíteanas i leith Monaíochta atá i gcúrsaíocht	653	697	674	673	694
Coigeartuithe Fabhrúchán ^b	785	658	473	432	476
Coigeartuithe eile ^c	4	3	14	(7)	154
Nótaí Gealltanais	—	—	—	30,850	28,333
Ranníocaíocht an Státchiste	40,569	71,029	95,771	139,157	164,329
An Gníomhaireacht Airgeadais do Thithe					
Ollfhiachas	4,338	4,992	4,941	4,512	4,414
Lúide dliteanais i leith comhlachtaí rialtais lárnaigh agus údarás áitiúil	(523)	(487)	(229)	(3,864)	(4,047)
Ranníocaíocht na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	3,815	4,505	4,712	648	367
Rialtas Lárnach - Eile					
Taiscí Chiste Bhanc Taisce an Phoist	1,303	1,772	1,892	2,330	2,506
Comhlachtaí neamhthráchtála Stáit ^d	587	869	791	539	490
Westlink a Cheannach Amach	0	560	510	460	410
Ranníocaíocht eile rialtais lárnaigh	1,890	3,201	3,193	3,329	3,406
Rialtas Áitiúil					
Ollfhiachas	4,744	5,403	5,620	5,617	5,448
Lúide dliteanais i leith na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus comhlachtaí rialtais lárnaigh	(3,861)	(4,534)	(4,669)	(4,527)	(4,420)
Ranníocaíocht rialtais áitiúil	883	868	951	1,091	1,029
Iomlán	47,155	79,603	104,626	144,223	169,131

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidreamh (is é is cúis le hiomláin neamhréireacha ná cothromú).

- Nótaí:
- a Déantar FiachasGR a thuairiscítear don AE a lua de réir luachanna ainmniúla. Déantar fiachas áirithe, amhail páipéar tráchtála, a eisiúint faoi lascaine ar a luach ainmniúil, ach tuairiscítear an luach ainmniúil chun críocha FiachasGR.
 - b Ús ó Chúlchiste na gCoigilteas Beag agus ó Airleacain lasachtaí Náisiúnta.
 - c Comhaontuithe athcheannaigh, comhthaobhachtaí agus conarthaí Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).
 - d Áirítear ospidéal shaorálacha agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE).

Fíor 2.10 FiachasGR mar chion de OTI 2007 go 2011

Cóimheas	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
FiachasGR	47,155	79,603	104,626	144,223	169,131
OTI	188,729	178,882	161,275	156,487	158,993
FiachasGR: OTI	25.0%	44.5%	64.9%	92.2%	106.4%

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidreamh

Fíor 2.11 Iasachtaíocht Charnach de réir Parluachanna ag deireadh bliana sa tréimhse ó 2007 go 2011 agus ag deireadh Mheitheamh 2012

	2007	2008	2009	2010	2011	Meitheamh 2012
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Fiachas meántearma/fadtearma ^a						
Bannaí Rialtais	30,947	41,863	70,858	90,102	85,310	83,131
Maoiniúchán ó chlár AE/CAI ^b	—	—	—	—	34,629	49,570
Eile – meántearma/fadtearma	615	483	670	673	673	673
Fiachas gearrthearma ^c	3,286	21,783	16,261	6,972	2,920	2,885
Iasachtaí ó Chistí eile Stáit ^d	2,258	2,605	1,783	1,524	1,696	2,184
Scéimeanna coigilteas Rialtais ^e	4,941	5,723	7,396	10,338	11,546	12,301
Ollfhiachas Náisiúnta	42,047	72,457	96,968	109,609	136,774	150,744

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Aibíochtaí bunaidh níos mó ná bliain amháin.

b Déantar na hiarmhéideanna a lua glan ar idirbhearta fáilithe airgeadra.

c Aibíochtaí bunaidh aon bhliana nó níos lú.

d Baineann an phríomhghné den iasachtaíocht seo le Ciste Bhanc Taisce an Phoist.

e Aibíochtaí suas go deich mbliana

Fíor 2.12 Próifíl Aibíochta Bannaí Rialtais ag deireadh bliana sa tréimhse ó 2007 go 2011 agus ag deireadh Mheitheamh 2012

Fad	2007	2008	2009	2010	2011	Meitheamh 2012
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Faoi bhun 5 bliana	5,939	15,931	25,687	28,298	33,670	28,079
5 bliana go 10 mbliana	11,928	11,857	29,296	53,520	43,356	43,299
Os cionn 10 mbliana	13,080	14,075	15,875	8,284	8,284	11,753
Iomlán	30,947	41,863	70,858	90,102	85,310	83,131

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Fíor 2.13 Próifíl Aibíochta an Fhiachais Gearrthearma ag deireadh mhí na Nollag sa tréimhse ó 2007 go 2011 agus ag deireadh Mheitheamh 2012

Fad	2007	2008	2009	2010	2011	Meitheamh 2012
	€m	€m	€m	€m	€m	€m
Nó lú ná aon mhí amháin	2,376	3,880	4,561	2,186	2,796	1,504
Mí amháin go trí mhí	711	5,518	8,628	3,286	106	445
Trí mhí go sé mhí	198	5,803	2,913	1,392	18	332
Os cionn sé mhí	1	6,582	159	108	—	604
Iomlán	3,286	21,783	16,261	6,972	2,920	2,885

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Iarscríbhinn B Fiachas a Soláthraíodh faoi Chlár AE/CAI

Faoin gclár AE/CAI, is féidir le hÉirinn rochtain a fháil ar suas go €67.5 billiún a raibh beagnach €50 billiún de íostarraingthe ag deireadh Mheitheamh 2012 mar atá leagtha amach i bhFíor 2.14.

Fíor 2.14 Clár AE/CAI maidir le Tacaíocht Airgeadais d'Éirinn Nollaig 2011 agus Meitheamh 2012^a

Iasachtóir	Nollaig 2011		Meitheamh 2012	
	€m	Meántéarma (blianta) ^b	€m	Meántéarma (blianta) ^b
Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)	12,598	7.5	17,264	7.5
Saoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SaorCAE) ^c	7,650	6.6	12,209	10.1
Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SásCAE)	13,900	8	18,400	11.8
Iasachtaí déthaobhacha ^d	481	7.5	1,697	7.5
Iomlán	34,629	7.5	49,570	9.7

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí: a Déantar na hiarmhéideanna a lua glan ar idirbhearta fáilithe airgeadra, i gcás inarb iomchuí sin.

b Meán ualaithe.

c Taispeántar figiúirí SaorCAE glan ar chorrach réamhíochta €530 milliún agus áirítear ann freisin maoiniúchán eatramhach gearrthearma a ndéanfar maoiniúchán níos fadtearmaí a chur ina ionad faoi chlár AE/CAI.

d Bhí na hiasachtaí déthaobhacha ag deireadh na bliana 2011 á sealbhú leis an Ríocht Aontaithe agus, faoi dheireadh Mheitheamh 2012, leis an Danmhairg agus leis an tSualainn freisin.

I mí Iúil 2011, d'aontaigh Cinn Stáit nó Rialtais Limistéar an Euro meánré na n-iasachtaí faoin tSaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SaorCAE) agus faoin Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (SásCAE).

Ba é a bhí sa mheánráta ualaithe measta úis a cuireadh i bhfeidhm ag deireadh Mheitheamh 2012, tar éis costais fáilithe a chur san áireamh, ná 3.35%. Rátaí socraithe a bhí i gceist i gcás €44.6 billiún den mhéid iomlán €49.6 billiún agus rátaí foluaineacha a bhí ann i gcás an iarmhéid.15

Rinneadh roinnt leasuithe ar théarmaí an mhaoiniúcháin faoin SaorCAE agus faoin SásCAE ó rinneadh na chéad íostarraingtí go luath sa bhliain 2011.

Ba é a bhí i méid an chéad íostarraingthe ón SaorCAE i bhFeabhra 2011 ná €4.2 billiún. Bhí an ráta úis a muirearaíodh ar an íostarraingt (5.22%) bunaithe ar chostas na hiasachtaíochta don SaorCAE (2.75%) móide corrlach 2.47%. Ceanglaíodh ar Éirinn luach láithreach na muirear corrlaigh úis a d'fhabhródh thar ré na hiasachta, ar €530 milliún a mhéid, mar aon le táillí breise agus muirir bhreise €72 mhilliún, a réamhíoc. Ba é a bhí sa ghlanmhéid a eisíocadh ná €3.6 billiún.

15 Áirítear fiachas ráta shocraithe eisiúint billí SaorCAE gearrthearma €1.5 billiún a tar-rolladh ina iasacht fadtéarma d'Éirinn ina dhiaidh sin i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2012. Chomh maith leis sin, áirítear san fhiachas ráta shocraithe an sásra nua maoiniúcháin chomhthiomsaithe SaorCAE trínar tugadh isteach gné athraitheachta sna heisíochtaí/tar-rollaí iasachta ó Mhárta 2012 ar aghaidh.

I mí Iúil 2011, d'aontaigh Cinn Stáit nó Rialtais Limistéar an Euro costas na hiasachtaíochta faoin SaorCAE a laghdú go rátaí iasachtóireachta a bheadh gar do chostas maoinithe SaorCAE gan dul faoi bhun na rátaí sin. Bhain an t-athrú le méideanna a bhí íostarraingthe cheana féin ón SaorCAE agus ba é a bhí san éifeacht a bhí leis sin ná laghdú a dhéanamh ar ráta úis ar mhaoiniú mhí Feabhra 2011 go dtí 2.75% agus, ar an dóigh sin, cuireadh deireadh leis an gcorrlach.

Sa bhliain 2016, nuair a thiocfaidh an fiachas in aibíocht, aisíocfaidh Éire an t-ollmhaoiniú €4.2 billiún agus aisíocfar léi an corrlach réamhíochta €530 milliún rud a fhágfaidh glan-aisíocaíocht €3.7 billiún. Déantar an costas a ghabhann le fónamh don iasacht a mhuirearú ar an €4.2 billiún ar fad, áfach.

Maidir le híostarraingtí luatha ón SásCAE bhí an ráta úis a bhí ann ina leith comhchosúil le rata an SaorCAE agus ba é a bhí sa ráta a muirearaíodh ná ráta a bhí bunaithe ar chostas na hiasachtaíochta ar an SásCAE móide corrlach 2.925%. I mí Dheireadh Fómhair 2011, cheadaigh Comhairle Airí an AE togra chun deireadh a chur leis an gcorrlach. Bhain na hathruithe leis an maoiniúchán ar fad a bhí curtha ar fáil cheana féin ag SásCAE.

3 Bearta Baincéireachta agus Árachais

- 3.1** I rith na bliana 2011, lean an Stát de bhearta a chur i bhfeidhm chun an córas baincéireachta in Éirinn a chobhsú trí athchaipitliú banc intíre, trí ráthaíochtaí a thabhairt i leith taiscí agus dliteanas áirithe eile agus trína chur faoi deara go soláthródh Banc Ceannais na hÉireann leachtacht d'fhorais airgeadais a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn. Is iad príomhchuspóirí na mbeart cobhsaithe banc bainc a chur ar ais chuig leibhéil inbhuanaithe brabúsacht agus a chinntiú go dtugtar gnáthrochtain ar chreidmheas ar ais do ghnóthaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide. San fhadtéarma, is é an aidhm atá ann ná go ndiúscróidh an Stát a scairsealbháin i mbainc thráchtála.
- 3.2** Tar éis don Stát na bainc a athchaipitliú, sciar €1 billiún i Bank of Ireland a dhíol le hinfheisteoirí príobháideacha agus Irish Life a cheannach, ba é a bhí in infheistíocht iomlán an Stáit i bhforais airgeadais Éireannacha faoi dheireadh mhí Iúil 2012 ná €65.2 billiún. Is leis an Stát 15% de Bank of Ireland agus Allied Irish Banks plc (AIB), Permanent TSB Group Holdings plc (Permanent TSB – ar a dtugtaí Irish Life and Permanent) agus Irish Bank Resolution Corporation (IBRC) ar fad nó beagnach ar fad.¹
- 3.3** Rinneadh an Ciste Cúitimh Árachais, a oibrítear faoi rialú Uachtarán na hArd-Chúirte, a chur ar bun chun íoc as dliteanas árachóirí dócmhainneacha. Cé go ndéantar an Ciste a mhaoiniú, le fírinne, trí thobhaigh ar shealbhóirí polasaí, is féidir leis an Aire Airgeadais airleacain a dhéanamh as an Státchiste in imthosca a fhágann nach bhfuil an Ciste in ann íocaíocht atá ceadaithe ag an Ard-Chúirt a dhéanamh go tráthúil. Sa bhliain 2011, rinne comhriarthóirí Quinn Insurance Ltd (QIL) iarratas chun na hArd-Chúirte ar mhaoiniúchán a sholáthar as an gCiste os rud é nach raibh sócmhainní QIL dóthanach chun íoc as dliteanas mheasta.
- 3.4** Is é is cuspóir don Chaibidil seo ná:
- faisnéis uasdátaithe a sholáthar faoin gcostas ar an Stát mar thoradh ar na bearta cobhsaithe bainc agus réitithe árachais atá déanta
 - na socruithe athbhreithnithe maidir le bainistiú infheistíochtaí an Stáit sna bainc a leagan amach
 - achoimre a thabhairt ar na bearta atá déanta go dtí seo maidir le hinfhaighteacht creidmheasa.

Na Bearta Cobhsaithe Bainc a Chur i bhFeidhm

- 3.5** Áirítear na nithe seo a leanas i measc na mbeart a rinneadh sa bhliain 2011 chun aghaidh a thabhairt ar chobhsaíocht airgeadais foras creidmheasa in Éirinn:
- an córas baincéireachta a athstruchtúrú
 - sócmhainní lagaithe de chuid banc a cheannach
 - caipitliú foras creidmheasa áirithe
 - ráthú dliteanas áirithe de chuid foras creidmheasa
 - tacaíocht leachtachta a sholáthar agus
 - díghiaráil chun na bainc a chur ar ais chuig staid níos cobhsaí ó thaobh maoiniúcháin de.

¹ Anglo Irish Bank (Anglo) agus Irish Nationwide Building Society (INBS) roimhe seo.

An Córas Baincéireachta a Athstruchtúrú

- 3.6** Go luath sa bhliain 2011, d'fhógair an tAire Airgeadais (an tAire) plan athstruchtúraithe an Rialtais i gcomhair na mbanc, ar plan é ar dá réir a bheadh dhá bhanc lánseirbhíse ann mar chroí-cholúin i gcóras baincéireachta na hÉireann (AIB agus Bank of Ireland) agus go mbeadh Irish Life and Permanent athstruchtúraithe ann freisin. Ba iad seo a leanas príomhghnéithe an athstruchtúraithe:
- De bhun orduithe ón Ard-Chúirt, rinneadh luach €8.6 billiún de thaiscí a aistriú i bhFeabhra 2011 ón Anglo chuig AIB agus aistríodh €3.6 billiún ó INBS chuig Irish Life and Permanent, chomh maith le sócmhainní a aistriú mar thacaíocht do na dlíteanais.
 - Dheonaigh an Ard-Chúirt ordú aistrithe ar an 1 Iúil 2011 á rá go ndéanfaí na sócmhainní agus na dlíteanais eile de chuid INBS a aistriú le héifeacht láithreach chuig an Anglo.²
 - Rinne AIB fáil Educational Building Society (EBS) ar íocaíocht ainmniúil €1 a chur i gcrích ar an 1 Iúil 2011.³
 - Ar an 14 Deireadh Fómhair 2011, athraíodh ainm Anglo go hoifigiúil go IBRC ar eagraíocht í atá á foirceannadh anois. I rith na bliana 2011, tháinig laghdú €8.1 billiún ar na glansócmhainní iasachta a bhí ag IBRC, is é sin, go dtí suim €18.7 billiún.⁴

Sócmhainní Lagaithe de chuid Banc a Cheannach

- 3.7** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta Sócmhainní (NAMA) chun iasachtaí a fháil a bhí airleactha chun talamh a cheannach agus a fhorbairt, agus chun airleacain ghaolmhara eile a fháil, ó chúig fhoras creidmheasa a ghlac páirt in NAMA.⁵
- 3.8** Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí €31.8 billiún íoctha ag NAMA le bainc chun iasachtaí a cheannach ar iasachtaí iad a raibh corradh beag le €74 billiún dlíte de na hiasachtaithe ina leith. Ba é a bhí sa chaillteanas a thabhaigh na forais chreidmheasa ar na hiasachtaí sin ná suim thart ar €42.4 billiún nó 57% de leabharluach na n-iasachtaí. I ráitis airgeadais NAMA don bhliain 2011, tuairiscíodh go raibh soláthar lagúcháin iomlán €2.75 billiún ann i ndáil leis na hiasachtaí a bhí faighte aige.
- 3.9** D'eisigh NAMA fiachas chun íoc as na hiasachtaí. Bhí 95% den fhiachas i bhfoirm nótaí ráta fholuainigh arna ráthú ag an Aire.

Forais Chreidmheasa a Chaipitliú

- 3.10** Faoi dheireadh na bliana 2010, bhí instealladh caipitiúil €47 billiún déanta ag an Stát isteach i bhforais chreidmheasa.⁶ I Márta 2011, d'fhoilsigh an Banc Ceannais tuarascáil faoi chlár beart airgeadais (CBA) agus, sa tuarascáil sin, leagadh amach athbhreithniú ar mheasúnacht stuamachta caipitil (PCAR 2011). San athbhreithniú sin, sainaithníodh gur €24 billiún a bhí sa riachtanais chaipitil eile a bhí ag trí fhoras.⁷

² Rinneadh an t-ordú faoi alt 34 den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán) 2010

³ Cheadaigh an tAire an fháil sin faoi alt 7(11) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008.

⁴ Tuarascáil Bhliantúil 2011, IBRC.

⁵ Ba iad seo a leanas na cúig fhoras creidmheasa: Anglo, AIB, Bank of Ireland, INBS agus EBS.

⁶ AIB (ina n-áirítear EBS), Bank of Ireland, Irish Life and Permanent agus IBRC.

⁷ AIB, Bank of Ireland agus Irish Life and Permanent. Ní tháinig Irish Bank Resolution Corporation faoi réir PCAR 2011.

- 3.11** Faoi lár na bliana 2012, bhí €18.2 billiún eile infheistithe ag an Stát (lena n-áirítear infheistíocht fáltas ó dhíbhinní i ngnáthscaireanna in AIB agus i Bank of Ireland)⁸, rud a d'fhág gurbh é a bhí san infheistíocht iomlán ná suim €65.2 billiún a bhí comhdhéanta mar a leanas:
- infheistíocht €44.45 billiún as an Státchiste, arna eisiúint ag an Aire (€13.6 billiún in airgead tirim agus €30.85 ar mhodh nótaí gealltanais) agus
 - €20.75 billiún a d'infheistigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin (NPRF).⁹
- 3.12** Ar an 24 Iúil 2011, d'ordaigh an tAire do NPRF cuid dá scairshealbhú i Bank of Ireland a dhíol. Rinneadh na glanfáltais ón díol, a raibh suim €1,018 milliún ann tar éis costais €34 mhilliún a asbhaint, a tharchur chuig an Státchiste ar ordú ón Aire.
- 3.13** Tar éis na n-athchaipitlithe agus tar éis scaireanna i Bank of Ireland a dhíol ba leis an Stát:
- 15% de ghnáth-scairchaipiteal Bank of Ireland
 - 99.8% de ghnáth-scairchaipiteal AIB
 - 100% de IBRC
 - 99.2% de Irish Life and Permanent.¹⁰
- 3.14** Tugtar mionsonraí faoin instealladh caipitil a rinneadh suas go deireadh Iúil 2012 i bhFíor 3.1.

Fíor 3.1 Caipitliú Foras Creidmheasa Iúil 2012

Foras Creidmheasa	IBRC	AIB	Bank of Irish Life and Ireland	Permanent	Iomlán
	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn	€ bn
Costas fála gnáthscaireanna ^a	4.1	10.2	2.1	2.3	18.7
Costas scaireanna tosaíochta ^b	—	3.5	1.8	—	5.3
Nótaí caipitil theagmhasaigh ^c	—	1.6	1.0	0.4	3.0
Ranníoc caipitiúil ^d	—	6.1	—	—	6.1
Luach na nótaí gealltanais a eisíodh	30.6	0.2	—	—	30.8
Ceannach Irish Life	—	—	—	1.3	1.3
Iomlán	34.7	21.6	4.9	4.0	65.2

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nótaí: a Déantar gnáthscaireanna a fuarthas a thaispeáint glan ar tháillí agus áirítear díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (AIB - €849 milliún agus Bank of Ireland - €250 milliún). Tá an scairshealbhú i Bank of Ireland glan ar €1 billiún a fuair NPRF ó dhíol scaireanna sa bhanc i mí Iúil 2011.

8 Tá an Roinn den tuairim gur ceart na díbhinní a íocadh i bhfoirm gnáthscaireanna (€1.1 billiún san iomlán go deireadh mhí Iúil 2012) a fhágáil ar lár ón infheistíocht iomlán (agus ón bhfáltas as an infheistíocht) ar an mbonn nach eisíochtaí airgid thirim a bhí iontu.

9 De bhun ordachán a d'eisigh an tAire, bhí glansuim €20.75 billiún infheistithe ag CNP amhail Iúil 2012 in AIB agus i Bank of Ireland tar éis €1 billiún a fháil as díol scaireanna i Bank of Ireland. Tá an infheistíocht fhoriomlán glan ar tháillí agus áirítear inti infheistíocht €1.1 billiún as fáil díbhinní ó scaireanna tosaíochta. Ní féidir le Coimisiún CNP aon ghníomhartha a dhéanamh maidir leis na hinfeistíochtaí sin seachas de réir ordacháin an Aire. Tá tuilleadh mionsonraí faoi infheistíochtaí a rinne CNP le fáil i gCaibidil 4.

10 Rinneadh dhá agóid dhlíthiúla a thionscnamh i ndáil le hinstealladh caipitil ag an Stát in Irish Life and Permanent.

- b I Márta 2009, d'infheistigh NPRF €3,500 milliún i scaireanna tosaíochta i Bank of Ireland. In Aibreán 2010, rinneadh luach €1,663 mhilliún díobh sin a shóinseáil ina ngnáthscaireanna (agus áirítear iad sin sna ngnáthscaireanna thuas).
- c Cáilíonn nótaí caipitil theagmhasaigh mar chroíchaipiteal chiseal a dó. Sóinseáiltear go ngnáthscaireanna iad in imthosca áirithe, lena n-áirítear i gcás ina dtiteann cóimheas chroíchaipiteal chiseal a haon faoi bhun 8.25%.
- d Ba iad an tAire Airgeadais (€2.28 billiún) agus NPRF (€3.77 billiún) a rinne an ranníoc caipitiúil.

- 3.15** Tá sé beartaithe ag an Stát faoi láthair Irish Life a dhíol. Beidh an méid a réadófar ar an diúscairt ag brath go príomha ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta agus ar dhálaí margaidh tráth an díola.
- 3.16** Faoi dheireadh Mheitheamh 2012, bhí fáltas rud beag os cionn €0.9 billiún faighte in airgead tirim ag NPRF óna chuid infheistíochtaí, gan táill a fritháiríodh in aghaidh chostas na n-infheistíochtaí a áireamh, mar aon le €1.1 billiún eile i ndíbhiní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm ngnáthscaireanna. I mí Iúil 2012, fuair an Státchiste €0.3 billiún mar ús ar na nótaí caipitil theagmhasaigh.
- 3.17** Déanfar dóthanacht an chaipitil a instealladh isteach sna bainc agus dóthanacht ghlanluach a sócmhainní tar éis athstruchtúrá a bheith déanta orthu a chinneadh de réir mhéid na gcaillteanas a thabhoídh siad. Ba mar a leanas a bhí na caillteanais réamh-mheasta a leagadh amach i dtuarascáil CBA:
- Dhéanfaí (oll)c(h)aillteanais ó €20 billiún go €27 billiún a thabhtú i ngnáthchúrsa a ngnó.¹¹
 - Dhéanfaí (oll)c(h)aillteanais eile €13.2 billiún a thabhtú mar gheall ar dhíghiaráil trí shócmhainní áirithe a dhiúscairt chun spriocanna a bhaint amach i ndáil le cóimheas leachtachta.¹²
 - Dhéanfaidh na trí bhanc caillteanais sa raon ó €19 billiún go €27 billiún a thabhtú idir na blianta 2011 agus 2013, de bhreis ar €10 billiún a ndearna na bainc soláthar maidir leis i bhfoirm soláthairtí lagaithe iasachta ag deireadh na bliana 2010. Maidir leis na glanchaillteanais réamh-mheasta sin, cuirtear san áireamh iontu €3.9 billiún i ndáil le brabúis oibríochta i gcúinse struis.
- 3.18** Tríd is tríd, tá na toimhdí atá ann i dtuarascáil CBA i gcomhréir le croíchaipiteal chiseal a haon thart ar €13.7 billiún go €21.4 billiún a bheith á shealbhú faoin mbliain 2013 ag na bainc a bhfuil cúnamh á fháil acu. D'fhabhródh an luach sócmhainne sin chuig na scairshealbhóirí. Beidh an méid is inchurtha i leith infheistíochta ar thaobh an Stáit comhréireach lena scairshealbhú. Beidh luach iarmharach an chaipitil atá insteallta ag an Stát in IBRC ag brath ar fheidhmíocht airgeadais an bhainc agus ar na méideanna a réadaítear as diúscairt na sócmhainní san eintiteas cumasctha.
- 3.19** Sa mheabhrán tuisceana a lean as an gcúigiú athbhreithniú ar chlár AE/CAI, tá gealltanais ann á rá go ndéanfaidh an Banc Ceannais athbhreithniú, faoi dheireadh na Samhna 2012, i dtaobh conas a d'fheidhmigh na bainc i gcoibhneas le PCAR 2011.¹³ Déanfar torthaí an athbhreithnithe a fhoilsiú.

11 Is é atá sna caillteanais réamh-mheasta ná €20 billiún i gcúinse bunlíne agus €27 billiún i gcúinse struis.

12 Mar atá leagtha amach in athbhreithniú stuamachta ar mheasúnú leachtachta (PLAR 2011).

13 Sa bhliain 2011, thuairiscigh na trí bhanc caillteanais chomhiomlána thart ar €2.5 billiún agus, ina theannta sin, sna chéad sé mhí den bhliain 2012, thuairiscigh an dá fhoras is mó caillteanais chomhiomlána eile €2.4 billiún. Luann an Banc Ceannais, áfach, nach féidir feidhmíocht airgeadais na mbanc dá thoradh sin sa tréimhse ó fógraíodh PCAR 2011 a mheas mar thomhas ar conas atá na bainc ag feidhmiú i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht airgeadais a nglactar léi in PCAR 2011 ós rud é gur tharla athruithe ar iasachtaí lagaithe agus ar riachtanais aitheanta soláthair, inter alia.

Dlíteanais faoi Scéimeanna Ráthaíochta

3.20 Rinne an Stát dlíteanais áirithe de chuid banc a ráthú faoi thrí phríomhscéim.

Scéim Ráthaíochta Taiscí


3.21 Faoi Scéim Ráthaíochta Taiscí, tá taiscí a dhéanann daoine aonair i bhforais chreidmheasa atá ceadúnaithe chun taiscí a ghlacadh in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais ráthaithe suas go teorainn €100,000 ina aghaidh an taisceora cháilithe in aghaidh an fhorais.¹⁴

3.22 Tá sé de cheangal ar fhorais chreidmheasa a thagann faoi réir fhorálacha na scéime cistí dar luach 0.2% de na taiscí reatha custaiméara go léir a shealbhaíonn an foras a thaisceadh i gCuntas Cosanta Taiscí arna riaradh ag an mBanc Ceannais. Dhéanfaí freastal ar aon éilimh ó thaisceoirí faoin scéim as acmhainní an Chuntais Cosanta Taiscí sa chéad ásc agus dhéanfaí freastal ansin ar aon easnamh iarmharach as Príomh-Chiste an Státchiste a ndéanfaí aisíocaíocht leis ón earnáil bhaincéireachta in am trátha. Ní dhearnadh aon éilimh faoin scéim ón tráth a tionscnaíodh í.

3.23 Nuair a leathnaíodh an scéim sa bhliain 2009 cuireadh foráil san áireamh ar dá réir a dhéanfaí taiscí comhar creidmheasa a chlúdach agus rinneadh socrú ina leith sin le reachtaíocht. Níl aon ordú déanta fós á cheangal ar chomhair chreidmheasa cistí a shealbhú sa Chuntas Cosanta Taiscí.

3.24 Ag deireadh na bliana 2011, bhí 41 fhoras creidmheasa faoi réir fhorálacha na scéime. Ba é a bhí in iarmhéid an Chuntais Cosanta Taiscí ná €430 milliún. Léiríonn an laghdú ar an iarmhéid ón mbliain 2008 i leith leibhéil laghdaithe taiscí i mbainc Éireannacha ó bhliain go bliain (féach Fíor 3.2).

Fíor 3.2 Iarmhéid an Chuntais Cosanta Taiscí ag deireadh na mblianta ó 2005 go 2011



Foinse: Ráiteas Cuntas an Bhainc Ceannais 2005 go 2011

Scéim Ráthaíochta Bainc FCTA

3.25 Le Scéim na bhForas Creidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (Scéim Ráthaíochta Bainc FCTA) a oibríodh ó Mheán Fómhair 2008 go Meán Fómhair 2010 soláthraíodh ráthaíocht i ndáil le raon leathan dlíteanas bainc i gcás seacht bhforas chlúdaithe a roghnaigh leas a bhaint as an scéim.¹⁵

¹⁴ An tAcht Seirbhísí Airgeadais (Scéim Ráthaíochta Taiscí) 2009.

¹⁵ Rinneadh an bonn dlíthiúil don scéim a sholáthar tríd an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008, a síníodh ina dhlí ar an 2 Deireadh Fómhair 2008. Ba iad seo a leanas na forais a bhain leas as an scéim: AIB, Anglo, Bank of Ireland, EBS, Irish Life and Permanent, INBS agus Postbank Ireland Limited (na bainc 'chlúdaithe').

- 3.26** Chuaigh Scéim Ráthaíochta Bainc FCTA in éag ar an 29 Meán Fómhair 2010 agus ní bhfuair aon dliteanais nár aistríodh chuig Scéim Ráthaíochta na nDliteanas Cáilithe faoin dáta sin tairbhe ó ráthaíocht Rialtais.
- 3.27** Bhí sé de cheangal ar na forais chlúdaithe íocaíochtaí a dhéanamh as an gcosaint a bhí á soláthar faoin scéim. Mar thoradh air sin, fuarthas rud beag os cionn €759 milliún ó na forais chreidmheasa agus tuilleadh beagnach €5 mhilliún mar ús ar na hiarmhéideanna a bhí á sealbhú. Nuair a chuaigh an scéim in éag, rinneadh an méid iomlán a bailíodh a íoc leis an Státchiste mar nach ndearnadh aon éilimh.

Scéim Ráthaíochta na nDliteanas Cáilithe


- 3.28** Bhí Scéim Ráthaíochta na nDliteanas Cáilithe (scéim RDC) ceaptha chun ráthaíocht níos fadtéarmaí a sholáthar i ndáil le dliteanais áirithe de chuid banc agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 9 Nollaig 2009. Déanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) an scéim a riaradh thar ceann an Aire.
- 3.29** Ceanglaítear ceadú don scéim a fháil gach sé mhí ón gCoimisiún Eorpach faoi rialacha Státchabhrach AE agus ceadaíodh í den uair is déanaí ar an 31 Meitheamh 2012. Ciallaíonn an ceadú sin go bhféadfar urrúis cháilithe fiachais agus tascí cáilithe arna n-eisiúint nó arna dtar-rolladh an 31 Nollaig 2012 nó roimhe a ráthú faoin scéim, suas go haibíocht uasta cúig bliana.
- 3.30** Íocann na ceithre fhoras atá páirteach i scéim RDC táille i gcomhair an chlúdaigh a fhaigheann siad.¹⁶ Tá leibhéal na híocaíochta i leith dliteanas ag brath ar nithe amhail próifíl aibíochta agus méid na ndliteanas agus tá sé bunaithe ar mholtaí BCE maidir le praghsáil rathaíochtaí rialtais i leith dliteanas baincéireachta. Déantar íocaíochtaí táillí a íoc isteach i gcuntas ainmnithe sa Bhanc Ceannais agus íoctar iad go ráithiúil ina riaráistí isteach sa Státchiste. Ba é a bhí i méid na dtáillí a bailíodh suas go deireadh Mheitheamh 2012 ná €2.61 billiún agus bhí €2.36 den tsuim sin íoctha isteach sa Státchiste.¹⁷

Luach Comhiomlán na nDliteanas Clúdaithe

- 3.31** Léiríonn Fíor 3.3 luach measta iomlán na ndliteanas a bhí clúdaithe leis na scéimeanna ráthaíochta ag deireadh gach ráithe ó mhí na Nollag 2008 go Meitheamh 2012.

¹⁶ AIB, IBRC, Bank of Ireland agus Irish Life and Permanent..

¹⁷ Bhí suim €251 mhilliún a bhí íoctha mar tháillí ag na forais sa tréimhse ó Aibreán go Meitheamh 2012 le hóc leis an Státchiste fós.

Fíor 3.3 Dlíteanas Ráthaithe na bhForas Clúdaithe, Nollaig 2008 go Meitheamh 2012^a

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Ní bhaineann na taiscí ráthaithe atá san áireamh anseo ach le taiscí sna forais a bhí clúdaithe le scéimeanna na ndlíteanas cáilithe.

Tacaíocht Leachtachta do Bhainc

3.32 Trí oibríochtaí beartais airgeadaíochta Eorachórais, déanann an Banc Ceannais leachtacht a sholáthar don earnáil bhaintéireachta i bhfoirm airleacan d'fhorais chreidmheasa atá lonnaithe in Éirinn. Is féidir le bainc mhiondíola agus bainc idirnáisiúnta araon leas a bhaint as leachtacht Eorachórais tríd an mBanc Ceannais. Tagann airleacain faoin Eorachóras faoi réim dhá chatagóir leathana:


- De ghnáth, tá na Príomhoibríochtaí Athmhaoiniúcháin (POA) comhdhéanta de thairiscintí seachtainiúla i leith iasachtaí lena ngabhann aibíocht aon seachtain amháin.
- Tá na hOibríochtaí Athmhaoiniúcháin Fadtéarma (OAFT) comhdhéanta go príomha de thairiscintí i leith iasachtaí lena ngabhann aibíocht trí mhí. I mí Lúnasa agus i mí Dheireadh Fómhair 2011, thug BCE isteach OAFT-anna forlíontacha lenar ghabh aibíocht sé mhí agus dhá mhí dhéag faoi seach. I mí na Nollag 2011 agus i Márta 2012, tugadh isteach dhá OAFT lenar ghabh aibíocht 36 mhí. Tugann na OAFT-anna seo rogha do chontrapháirtithe luathíocaíocht a dhéanamh tar éis 12 mhí.

3.33 Déantar na hairleacain go léir a urrú le comhthaobhacht arna ceadú ag Eorachóras. Is féidir leis na forais chreidmheasa a bhfuil a gcuid iasachtaí faighte ag NAMA úsáid a bhaint as na nótaí ráta fholuainigh a fuair siad mar chomaoin ar na hiasachtaí chun leachtacht chomhthaobhaithe a fháil ón Eorachóras faoi oibríochtaí beartais airgeadaíochta mar go gcáilíonn na nótaí mar chomhthaobhacht cháilithe.

3.34 De bhreis ar sholáthar comhthaobhachta laistigh d'oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eorachórais, tá cead ag an mBanc freisin, i gcás inar gá, leibhéal áirithe cúnamh eisceachtúil leachtachta (CEL) a sholáthar d'fhorais chreidmheasa intíre.¹⁸ Amhail mar atá i gcás oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eorachórais, nó mór iasachtú CEL a chomhthaobhú. De bhreis ar iasachtaí (lena n-áirítear morgáistí cónaithe agus iasachtaí infheistíochta nó forbartha), tá nótaí gealltanais arna n-eisiúint ag an Aire agus ráthaíochtaí ón Aire ina gcomhthaobhacht cháilithe do bhainc a bhaineann leas as CEL ón mBanc Ceannais.¹⁹ De bhreis air sin, tá litreacha sóláis faighte ag an mBanc Ceannais ón Aire. Daingníonn na litreacha sin gur féidir leis an Stát aon easnamh a shlánú tráth leachtaithe na comhthaobhachta.

3.35 Tháinig méadú suntasach ar an iasachtú iomlán faoi oibríochtaí beartais airgeadaíochta Eorachórais agus faoi CEL ó €31 billiún ag deireadh Eanáir 2008 go buaicphointe rud beag faoi bhun €180 billiún go luath sa bhliain 2011 (féach Fíor 3.4). Ón dara ráithe den bhliain 2011 ar aghaidh, tharla titim sheasta i leibhéal na tacaíochta leachtachta go dtí suim thart ar €150 billiún faoi dheireadh na bliana 2011. Maidir leis an laghdú ar éileamh ar leachtacht i rith an dara ráithe den bhliain 2011, tharla sé i gcomhthráth le luach thart ar €19 billiún de chistí Stáit a chur i dtaisce le bainc thráchtála Éireannacha (€10 billiún ón NPRF agus €9 billiún ó chistí Státchiste) sular úsáideadh na cistí i gcomhair athchaipitliú na mbanc. I rith an chéad leath den bhliain 2012, tháinig laghdú eile €23 billiún ar an éileamh ar leachtacht agus ba é a bhí san iasachtú gan aisíoc ag deireadh mhí an Mheithimh ná €127 billiún. Bhain €106.5 billiún, nó 84% den tsuim iomlán sin, leis na forais chlúdaithe.

Fíor 3.4 Iasachtú d'Fhorais Chreidmheasa ón Eorachóras agus ó Bhanc Ceannais na hÉireann, Eanáir 2008 go Meitheamh 2012



Foinse: Staitisticí Míosúla Airgid agus Baincéireachta Bhanc Ceannais na hÉireann

Nóta: Tá líon beag sócmhainní eile san aireamh sa Chúnamh Eisceachtúil Leachtachta.

¹⁸ Ní dhéantar an méid CEL a soláthraíodh a nochtadh i staitisticí an Bhainc Ceannais. Suas go deireadh Mhárta 2012, léiríodh CEL mar chuid de 'Sócmhainní eile'. Déantar é a aicmiú anois faoi 'Dlíteanais eile atá dlite in euro d'fhorais chreidmheasa limistéar an euro'. Ag deireadh na mblianta 2010 agus 2011, b'ionann CEL agus méid níos mó ná 98% den chatagóir seo.

¹⁹ I gcás inar cuí, chuir an Banc Ceannais lascaíní i bhfeidhm maidir leis an gcomhthaobhacht.

Díghiaráil

- 3.36** Faoi PLAR 2011, tá sé de cheangal ar AIB, Bank of Ireland agus ar Irish Life and Permanent cóimheasa iasacht-le-taisce (CIT-anna) 122.5% a bhaint amach faoi mhí na Nollag 2013.²⁰ Is é is aidhm don cheanglas sin ná na bainc a chur ar ais i staid atá níos oiriúnaí ó thaobh gearála de agus atá níos cobhsaí ó thaobh maoiniúcháin de agus, freisin, laghdú a dhéanamh ar spleáchas na mbanc ar mhaoiniúchán gearrthearma ón mBanc Ceannais.
- 3.37** Tá sé de cheangal ar na bainc tuairisciú a dhéanamh go ráithiúil don Bhanc Ceannais agus déanann an Banc Ceannais faireachán ansin ar dhul chun cinn na mbanc maidir le spriocanna eatramhacha CIT sémhíosúla a bhaint amach. Tá coiste díghiarála ag gach banc ar leith chun rialú, faireachán agus formhaoirseacht a dhéanamh ar a phleananna maidir le díghiaráil. Freastalaíonn ionadaithe ón Roinn Airgeadais (an Roinn) agus ón mBanc Ceannais ar chruinnithe de chuid na gcoistí sin i gcáil breathnadóirí neamhvótála. Tá coiste athbhreithnithe díghiarála bunaithe ag an Roinn chun formhaoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar oibriú choistí díghiarála na bhforas agus chun idirbhearta as a n-éiríonn ábhair is cúis imní iarbhir nó ionchasach maidir le cobhsaíocht airgeadais a tharchur chuig an mBanc Ceannais lena mbreithniú go comhpháirteach.

Leibhéal na dTaiscí

- 3.38** Chun sprioc CIT 122.5% a bhaint amach, is féidir le forais chreidmheasa taiscí a mhéadú nó a nglan-iarmhéideanna a laghdú i dtaca le hiasachtaí custaiméara. Le linn a gcuid pleananna a dhéanamh maidir leis na spriocanna a bhaint amach, treoraíodh do na bainc glacadh leis go mbeadh fás taisce nialais ar a mhéad ann idir deireadh na bliana 2010 (nuair a bhí taiscí €142.1 billiún san iomlán ann) agus deireadh na bliana 2013 fara roinnt eisceachtaí, rud a d'fhágfadh go mbeidh leibhéal taiscí €151.5 billiún ann ag deireadh na bliana 2013. Mar thoradh air sin, bhíodhas ag súil gurbh é a bheadh sa phríomhghníomhaí i dtaca le feabhsú na CIT-anna ná díghiaráil – is é sin, laghdú na n-iasachtaí trí phunanna laghdaithe agus punanna nach croíphunanna iad a dhiúscairt.
- 3.39** Tá sé ráite ag an Roinn go raibh fás praiticiúil thart ar €10 billiún tagtha ar leibhéil na dtaiscí sna trí bhanc faoi dheireadh Bhealtaine 2012 – níos tapa go mór ná mar a samhlaíodh in athbhreithniú PLAR 2011.

20 Bhain PLAR 2011 le ceithre fhoras. Tar éis EBS a ionchorprú isteach in AIB, laghdaíodh an uimhir sin go trí fhoras.

Laghdú ar Ghlan-Iarmhéideanna Iasachtaí Custaiméara

- 3.40** Bhí sé de cheangal ar gach ceann de na bainc a sócmhainní a roinnt ina gcroíphunanna agus ina bpunanna nach croíphunanna iad. Is é atá sna croíshócmhainní go príomha ná na gnéithe sin den ghnó trína dtugtar tacaíocht don gheilleagar intíre.²¹ In PLAR 2011, rinneadh méid na sócmhainní a bhí ainmnithe i gcomhair díghiarála thar na trí bhanc a shocrú ag €72.6 billiún. Rinneadh an tsuim sin a athbhreithniú ina dhiaidh sin ionas gur €70 billiún a bhí ann (€11 billiún ó chroí-iasachtaí agus €59 billiún ó iasachtaí nach croí-iasachtaí iad). Sna pleananna maidir le díghiaráil, déantar lamháil maidir le hiasachtú nua i gcoiréisí amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM-anna) agus morgáistí.²²
- 3.41** In Aibreán 2012, rinne an Roinn dul chun cinn na mbanc maidir le spriocanna eatramhacha CIT a chomhlíonadh a thuairisciú mar a leanas:
- Bhí Banc na hÉireann tar éis a sprioc eatramhach chóimheasa de réir mar a shainordaigh an Banc Ceannais í a bhaint amach ag deireadh na bliana 2011 tráth arbh ionann a CIT agus 144%, is é sin, laghdú ó 175% ag deireadh na bliana 2010. Bhí tuilleadh feabhais tagtha ar an CIT go dtí 136% faoi Mheitheamh 2012, rud a tharla go príomha mar gheall ar tuilleadh laghdaithe ar iarmhéideanna iasachtaí.
 - Bhí BAÉ tar éis a sprioc eatramhach chóimheasa a bhaint amach freisin de réir mar a sainordaíodh agus ba é a bhí sa CIT nó 138%, is é sin, laghdú ó 165% i mí na Nollag 2010. Faoi Mheitheamh 2012, bhí tuilleadh feabhais tagtha ar an CIT go dtí 125%.
- 3.42** Ba é a bhí sa CIT a bhí bunaithe ar ráitis airgeadais Irish Life and Permanent ag deireadh na bliana 2011 ná 227%, is é sin, laghdú ó 249% mar a bhí i mí na Nollag 2010. Níor shroich sé sin an sprioc a bhí leagtha síos ag an mBanc Ceannais. Thug an Roinn dá haire go léiríonn an CIT ard an cinneadh chun díol fochuideachta de chuid Irish Life and Permanent, is é sin, Capital Home Loans Ltd., a chur siar mar thoradh ar athrú ar an straitéis bhainistíochta don bhanc ar athrú é atá á bhreithniú mar chuid den phlean athbhreithnithe maidir le hathstruchtúrúchán a bhí tíolactha cheana féin; is ionann an fochuideachta agus thart ar 70% de riachtanas díghiarála Irish Life and Permanent mar a samhláíodh i dtosach é.
- 3.43** I dtuarascáil athbhreithnithe dul chun cinn, thuairiscigh an Roinn nach raibh díghiaráil €36.4 billiún bainte amach ag deireadh mhí na Nollag 2011. Bhí an tsuim sin níos airde ná leath na sprice. Thug an Roinn dá haire go raibh na soláthairtí maidir le cailteanais iasachta, i gcás AIB agus Irish Life and Permanent araon, níos airde ná na cinn sin a bhí san áireamh ina gcuid pleananna díghiarála faoi seach. Cuireadh in iúl gur cheadaigh an Banc Ceannais méid áirithe soláthairtí mar chuid den ghlanlaghdú ar an iarmhéid iasachta a bhí le baint amach thar thrí bliana, agus tá sé sin níos ísle ná figiúr iomlán an tsoláthair réamh-mheasta a bhí san áireamh i mbeart PCAR/PLAR i Márta 2011.²³
- 3.44** I dtuarascáil CAI tar éis an chúigiú hathbhreithniú ráithiúil faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn, chuir CAI in iúl go raibh gá le beachtú a dhéanamh ar an gcreat díghiarála chun íoslaghdú a dhéanamh ar na rioscaí d'iasachtú intíre agus do rátaí taisce. Thuairiscíodh mar a leanas sa tuarascáil:

21 Luaitear sa CBA a d'fhorbair an Banc Ceannais gurbh é a bhí sa phríomhphrionsabal lena rialaítear an sainmhíniú ar chroíphunanna ná an gá le fónamh do riachtanais mhiondíola, riachtanais Fiontar Beag agus Meánmhéide, (FBM) agus riachtanais bhaincéireachta corparáidí gheilleagar na hÉireann, lena n-áirítear trádáil agus infheistíocht trasteorann, agus á aithint go bhfuil géarghá fós le méid teoranta gnó idirnáisiúnta. Ba iad na bainc a rinne an deighilt sócmhainní agus gnó amhail idir croíghnéithe agus gnéithe nach croíghnéithe iad agus, chuige sin, bhain siad úsáid as treoirínte a bhí leagtha amach ag an mBanc Ceannais.

22 Tá níos lú ná 50 fostaí ag fiontar beag agus tá láimhdeachas bliantúil agus/nó clár comhardaithe bliantúil nach mó ná €10 milliún san iomlán aige. Tá idir 50 fostaí agus 249 bhfostaí ag fiontar meánmhéide agus tá láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50 milliún aige nó tá clár comhardaithe nach mó ná €43 mhilliún san iomlán aige.

23 An Roinn Airgeadais, *An Rannán Baincéireachta – Dul Chun Cinn le Déanaí agus Díghiaráil*, Aibreán 2012.

- Maidir leis an díghiaráil a tharla níos tapa ná mar a bhí beartaithe sa bhliain 2011, bhí sí bainteach le sileadh níos mó i dtaca le croíphunanna iasachta na mbanc, rud a d'fhéadfadh srian a chur le creidmheas intíre.²⁴
- Bhí imní ar údaráis na hÉireann go raibh spriocanna i gcomhair CIT-anna na mbanc tar éis rannchuidiú le rátaí méadaithe úis taisce agus tar éis an bonn a bhaint d'ioncam na mbanc. Bhí breithniú á dhéanamh ag údaráis na hÉireann i dtaobh coigeartú a dhéanamh ar an gcreat díghiarála ionas go mbeadh spriocanna ar leithligh ann i ndáil leis an nglanchóimheas maoiniúcháin chobhsaí do chroíchláir comhardaithe na mbanc agus i ndáil leis an laghdú ainmniúil ar shócmhainní nach croíshócmhainní iad.²⁵
- I bhfianaise dálaí margaidh a bhí ag meath i dtaca le sócmhainní bainc agus i bhfianaise iarrachtaí mórsála díghiarála ar thaobh banc Eorpach eile, ba dhóichí go bhféadfadh sé go mbeadh gá le coimirce i gcoinne 'díolacháin phráinne' a bhí san áireamh cheana féin sa chreat díghiarála a úsáid sa chéad leath den bhliain 2012 fad a bhí creat beachtaithe díghiarála á fhorbairt.

3.45 Mar fhreagra ar athbhreithniú ráithe a dó den bhliain 2012 ar chlár AE/CAI, luaigh an Roinn an méid seo a leanas:

- Déanfar díol práinne agus díghiaráil iomarcach croíphunann a sheachaint ionas nach lagófar sreabhadh creidmheasa chuig an ngeilleagar.
- Déanfar binsemharcáil i leith an cheanglais maidir le glanmhaoiniúchán cobhsaí a chur in ionad na sprice CIT. Beidh sé sin ina chabhair maidir le maolú a dhéanamh ar chuid de na brúnna praghsála ar an margadh taiscí agus ligfidh sé do na bainc peirspictíocht níos leithne a ghlacadh maidir lena mbonn maoiniúcháin.

3.46 I Meabhrán Tuisceana²⁶ idir an Rialtas agus AE/CAI a eisíodh i Lúnasa 2012, luadh go ndéanfaidh údaráis na hÉireann, i gcomhairle le foireann an Choimisiúin Eorpaigh, CAI agus BCE an méid seo a leanas:

- déanfaidh siad measúnú ar dhíghiaráil na mbanc agus beidh sé sin bunaithe ar na spriocanna ainmniúla láithreacha maidir le diúscairt agus sileadh sócmhainní nach croíshócmhainní iad i gcomhréir le Clár na mBeart Airgeadais 2011
- bunóidh siad ardchreat faireacháin i ndáil le faireachán ar mhaoiniúchán agus ar leachtacht agus clúdófar go mion na gnéithe ar fad a dhéanann difear do ghlanchóimheas maoiniúcháin chobhsaí na mbanc.

3.47 Thug an Roinn dá haire gur fhógair Bank of Ireland go raibh a chlár dídhílsiúcháin críochnaithe aige agus go raibh sé luaite ag AIB sna torthaí eatramhacha a thíolaic sé go bhfuil sé ag súil go sroichfidh a CIT an sprioc 122.5%, nó go mbeidh sé faoi bhun an fhigiúir sin, faoi mhí na Nollag 2012, is é sin, bliain roimh an sprioc a bhí leagtha amach.

24 Baineann 'sileadh' le himthosca inar mó aisíocaíochtaí ag custaiméirí ná iasachtú nua ag bainc.

25 Tríd an 'glanchóimheas maoiniúcháin chobhsaí' do bhainc, déantar an cion d'iasachtaí fadtéarma a mhaoinítear le maoiniúchán cobhsaí fadtéarma a ríomh.

26 Meabhrán Tuisceana maidir le Coinníollacht Shonrach an Bheartais Eacnamaíochta (6ú huasdátú).

Infhaighteacht Creidmheasa

- 3.48** Mar chomaoin ar athchaipitliú tosaigh Stáit, ceanglaíodh ar AIB agus ar Bank of Ireland roinnt tionscnamh a chur i bhfeidhm trína soláthrófaí creidmheas do FBM-anna agus d'fhiontraithe. Bhí ceanglas ann mar chuid de sin á rá go ndéanadh an dá bhanc €3 billiún ar a laghad an ceann a chur ar fáil mar iasachtú nua FBM sna blianta 2011 agus 2012 (€12 billiún san iomlán). Méadaíodh an ceanglas ar an dá bhanc go €3.5 billiún don bhliain 2012 agus go €4 billiún don bhliain 2013.

Cód Iompair

- 3.49** In Eanáir 2012, d'fhoilsigh an Banc Ceannais leagan uasdátaithe den **Chód Iompair maidir le Hlasachtú Gnó d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide** ('cód iompair').²⁷ Leagann an cód amach na próisis nach mór d'eintitis rialáilte iad a ghlacadh le linn rochtain ar chreidmheas do FBM-anna a éascú. Is iad seo a leanas cuspóirí an chóid:

- rochtain ar chreidmheas a éascú do thograí maidir le gnó inbhuanaithe táirgiúil
- cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn maidir leis an tslí ina ndéileáilann eintitis le FBM-anna agus
- a chinntiú gurbh é a bheidh san aidhm a bheidh ag eintiteas rialáilte le linn déileáil le cásanna deacrachta airgeadais ná cabhrú le hiasachtaí a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh nó, thairis sin, déileáil leis an staid ar mhodh ordúil cuí.

- 3.50** Baineann an cód iompair le heintitis rialáilte nuair atá iasachtaí á soláthar acu do FBM-anna a oibríonn laistigh den Stát ach tá roinnt eisceachtaí teoranta ann. Tá sé de cheangal ar eintitis rialáilte an cód a chomhlíonadh agus ní mór dóibh an comhlíonadh sin a thaispeáint.

Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa

- 3.51** Bunaíodh an Oifig um Athbhreithniú Creidmheasa (OAC) mar chomhlacht neamhspleách i Márta 2010.²⁸ Is é atá sa phríomhfheidhm atá aici ná cabhair a thabhairt maidir lena chinntiú nach ndíuláítear creidmheas do ghnóthaí inmharthana a bhfuil tograí bailí gnó acu. Níl aon chumhachtaí rialála nó reachtúla aici chun dul thar chinntí maidir le hiasachtaí agus tugann sí tuairim neamhspleách ar chinntí na mbanc maidir le creidmheas. Tá sé de cheangal ar bhainc moltaí OAC a chomhlíonadh nó míniú a thabhairt i dtaobh cén fáth nárbh iomchuí déanamh amhlaidh.²⁹

Athbhreithniú ar Spriocanna na mBanc maidir le Hlasachtú

- 3.52** Foilsíonn OAC tuarascálacha ráithiúla ina n-áirítear achoimre ghinearálta ar thorthaí iasachtú gach bainc ar leith. Sa seachtú tuarascáil ráithiúil a chlúdaigh an tréimhse go deireadh na bliana 2011, luadh go raibh AIB agus Bank of Ireland ar aon tar éis an sprioc maidir le ceadú iasachtú €3 billiún sa bhliain 2011 a bhaint amach.

²⁷ Eisíodh an Cód faoi Alt 117 d'Acht an Bhainc Ceannais 1989 agus tá feidhm aige maidir le gach iasachtú gnó ag eintitis rialáilte.

²⁸ Ionstraim Reachtuil 127 de 2010 – Treoirínte arna n-eisiúint faoi Alt 201(1) den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistiú Sócmhainní 2009 maidir le cleachtais agus nósanna imeachta iasachtóireachta agus a bhaineann le hathbhreithniú ar bhreitheanna Foras Rannpháirteach saoráidí creidmheasa a dhiúltú.

²⁹ Is iad seo a leanas na bainc lena mbaineann oibríochtaí OAC faoi láthair: AIB (lena n-áirítear EBS), Bank of Ireland agus IBRC.

3.53 San ochtú tuarascáil ráithiúil, leagadh amach an dul chun cinn sa chéad ráithe den bhliain 2012 i gcomparáid leis na spriocanna nua €3.5 billiún a bhí ag na bainc i gcomhair iasachtaithe agus luadh go raibh comhleibhéal na n-iasachtaí a bhí ceadaithe i ráithe a haon mórán mar an gcéanna leis an gcéad ráithe den bhliain 2011. Ach luadh sa tuarascáil go raibh leibhéal na n-idirbheart iasachtaithe a bhí taifeadta ag an dá bhanc sa chéad ráithe den bhliain 2012 thart ar 15% níos ísle ná mar a bhí sa ráithe chéanna sa bhliain 2011. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na gcúiseanna:

- éileamh laghdaithe ar iasachtaíocht ar thaobh FBM-anna mar a thuairiscigh na bainc agus mar a breathnaíodh in athbhreithniú ar éileamh ar iasachtú arna choimisiúnú ag ab Roinn agus i dtuairiscí ón mBanc Ceannais le déanaí
- fiachas á íslíú ag iasachtaithe seachas iasachtaí nua a lorg
- coinníollacha níos déine creidmheasa á gcur i bhfeidhm ag na bainc.

3.54 Luadh i dtuarascáil OAC go raibh sé tugtha faoi deara maidir le próiseáil iarratas ar chreidmheas FBM-anna ag na bainc nach raibh príomhfhócas ann ar mheasúnú nithe bunúsacha maidir le feidhmíocht agus gur dhealraitheach go raibh athrú mór tagtha ar thosaíochtaí na mbanc i dtreo deireadh a chur leis an riosca creidmheasa ina measúnú ar chuid mhór cásanna. Luadh sa tuarascáil go raibh sé sin soiléir go háirithe i micrifhiontair agus sa chuid is lú den earnáil ghnóthaí meánmhéide.

Iarratais Achomhairc chuig OAC

3.55 Ón 1 Aibreán 2010 go deireadh Márta 2012, fuair OAC 197 n-iarratas achomhairc san iomlán.³⁰ Bhí cinneadh déanta ag OAC i 117 gcás díobh sin agus seasadh le cinneadh na mbanc 41% de na cásanna sin - ba é a bhí i méid na n-iasachtaí a iarradh sna cásanna sin ná €4.1 milliún. Rinne OAC díospóid faoi chinneadh na mbanc i 59% de chásanna agus rinne na bainc creidmheas a sholáthar ina dhiaidh sin. Ba é a bhí i méid an chreidmheasa a lorgaíodh sna cásanna sin ná €6.9 milliún. I 16 chás eile, cuireadh an diúltú bunaidh ar ceal de bharr nósanna imeachta achomhairc na mbanc agus soláthraíodh creidmheas.

3.56 I 64 chás, bhí cinneadh cáilitheachta ar feitheamh i ndáil leis na hiarratais, bhí siad ag dul tríd an bpróiseas athbhreithnithe nó bhíothas tar éis iad a tharraingt siar.

Staidéar ar Éileamh FBM ar Iasachtú

3.57 I mí Iúil 2012, d'fhoilsigh an Roinn tuarascáil dar teideal ***Staidéar ar Éileamh FBM ar Iasachtú*** inar tiolacadh torthaí suirbhé a rinneadh i measc 1,500 FBM. Chlúdaigh an suirbhé an tréimhse ó Dheireadh Fómhair 2011 go Márta 2012. Bhí suirbhé ann roimhe sin agus chlúdaigh sé an tréimhse ó Aibreán 2011 go Meán Fómhair 2011. Áiríodh na nithe seo a leanas i gconclúidí shuirbhé 2011/2012:

- Bhí 38% díobh sin a ndearnadh suirbhé ina measc tar éis creidmheas a iarraidh agus diúltaíodh do 28% díobh (gan iad sin a raibh cinneadh ar feitheamh ina leith).
- Bhí na critéir agus na coinníollacha maidir le ceadú mórán mar an gcéanna fós leo sin a fuarthas sa staidéar roimhe sin agus léirigh freagróirí gurbh é a bhí sna coinníollacha ba mhinice a bhí leagtha síos ag na bainc ná ceanglas i ndáil le cuntais rialta bainistíochta a choimeád agus ráthaíochtaí pearsanta a thabhairt.

30 Bhain 96 iarratas le AIB agus bhain 101 iarratas le Bank of Ireland.

- Tríd is tríd, nuair a lorgaíonn FBM creidmheas lorgaíonn sé é chun caipiteal oibre agus sreabhadh airgid thirim a mhaoiniú seachas chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt na cuideachta nó i leathnú na cuideachta ná chun infheistíocht chaipitiúil a dhéanamh nó chun dul isteach i margaí nua. Luadh sa tuarascáil gur treocht leantach é sin agus go bhféadfadh sé tarlú, san fhadtéarma, gur riosca a bheidh ann d'inhmarthanacht eacnamaíoch na n-eintiteas seo más rud é gur maireachtáil agus comhdhlúthú, seachas forbairt agus leathnú, an fócas i gcónaí. Luadh sa tuarascáil freisin gur léir gur dóiche ná a athrach go ndiúltóidh banc d'iarraidh ar mhaithe le forbairt agus leathnú ná mar a dhéanfaí i gcás iarraidh ar mhaithe le caipiteal oibre agus, dá bharr sin, déantar laghdú ar an seans go ndéanfaidh FBM iarratas ar chreidmheas de chineál forbartha.
- Cé go raibh na bonnuimhreacha íseal, ba léir gur dóiche go ndiúltódh na bainc do thograí iasachtaíochta a bhaineann le fás nó leathnú nuair ba micri-FBM-anna a bhí i gceist seachas FBM-anna de chineál eile.³¹ Ar an ábhar sin, mhol an tuarascáil go bhfuil gá le foinsí malartacha caipitil i gcomhair gníomhaíochtaí de chineál leathnaithe agus fáis.

3.58 I Meitheamh 2012, d'fhoilsigh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Bille um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair 2012 ar faoi atá sé beartaithe go mbunófar Scéim an Chiste Iasachta do Mhionfhiontair. Luaigh an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta go ndéanfaidh an scéim, a rabhthas ag súil leis go dtosódh sí i dtús fhómhar na bliana 2012, luach €40 milliún breise d'iasachtú breise a éascú thar an gcéad chúig bliana eile do ghnóthaí nach mó ná 10 nduine an líon daoine a bheadh ar fostú acu.

3.59 Leis an Acht um Rátháíocht Chreidmheasa 2012 a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2012, déantar foráil maidir le scéim rátháíochta creidmheasa do FBM-anna.

Creat chun Infheistíochtaí an Stáit a Bhainistiú

3.60 Tá freagrachtaí ar an Roinn agus ar an mBanc Ceannais i ndáil le formhaoirseacht bhaincéireachta. Tá an Roinn freagrach go foriomlán as bainistiú a dhéanamh ar infheistíocht an Stáit i bhforais airgeadais.

An Rannán Seirbhísí Airgeadais


3.61 I Márta 2012, rinne an tAire feidhmeanna áirithe baincéireachta a tharmligean chuig NTMA.³² Bhunaigh NTMA sainaonad baincéireachta chun an fheidhm sin a chur i gcrích. I Lúnasa 2011, cúlghaireadh an t-ordú maidir le tarmligean agus tá an Roinn freagrach as na feidhmeanna baincéireachta sin anois.³³ Bhunaigh an Roinn Rannán Baincéireachta chun díriú ar shaincheisteanna a bhaineann le baincéireacht agus chun bainistiú a dhéanamh ar leas an Stáit sna forais airgeadais a bhfuil tacaíocht airgeadais faighte acu ón Stát. Rinneadh aonad baincéireachta NTMA a thabhairt ar iasacht don Rannán Baincéireachta sa Roinn.³⁴ Tar éis Ard-Rúnaí nua a cheapadh sa bhliain 2012, rinneadh an rannán baincéireachta a ionchorprú isteach sa Rannán Seirbhísí Airgeadais tar éis atheagrú eile a dhéanamh. Déantar struchtúr agus feidhm an Rannáin Seirbhísí Airgeadais a leagan amach i bhFíor 3.5.

31 Tá níos lú ná deich bhfostaí ag micrifhiontar.

32 Ionstraim Reachtúil 115 de 2010, an tOrdú fán Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (Feidhmeanna Córais Baincéireachta a Tharmligean) 2010 agus ordachán Aireachta an 19 Márta 2010 i ndáil le feidhmeanna NTMA faoin ionstraim reachtúil.

33 Ionstraim Reachtúil 395 de 2011.

34 Ba é a bhí sna costais a thabhaigh NTMA i leith fhoireann an aonaid baincéireachta sa tréimhse ó Lúnasa go Nollaig 2011 ná €6.3 milliún.

Fíor 3.5 Struchtúr agus Ról Rannán Seirbhísí Airgeadais na Roinne Airgeadais Iúil 2012

Foinse: An Roinn Airgeadais

3.62 Sa tréimhse ónar ceadaiódh scéim rátháíochta 2008 do bhainc in Éirinn, bhí roinnt ceaduithe de chuid Choimisiún an AE ann (ar cheaduithe sealadacha iad cuid díobh) maidir le pleananna chun athchaipitliú agus athstruchtú a dhéanamh ar fhorais chlúdaithe. Ceanglaíodh go mbeadh aon chúnamh a thabharfaí i gcomhréir le rialacha Státchabhair an AE (féach Fíor 3.6).

Fíor 3.6 Soláthar AE maidir le Státchabhair do Bhaincéireacht

Le hAirteagal 107 de Chonradh AE foráiltear go bhfuil Státchabhair, i bprionsabal, ar neamhréir leis an gcómhargadh. Foráiltear leis an airteagal freisin, áfach, gur féidir leis an gCoimisiún Eorpach ceadú a thabhairt maidir le státchabhair trína ndéantar 'suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar' a leigheas. Sa Teachtaireacht Bhaincéireacht ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2008, leagadh amach trí chritéar nach mór iad a chomhlíonadh sula ndéanfar ceadú. Ní mór go mbeidh an chabhair:

- iomchuí – dea-spríodhíthe chun go mbainfear amach go héifeachtach an cuspóir a bhaineann le suaitheadh tromchúiseach sa gheilleagar a leigheas
- riachtanach – an méid íosta is gá chun an cuspóir a bhaint amach
- comhréireach – ceaptha ar shlí ina n-íoslaghdófar éifeachtaí iarmharacha diúltacha ar iomaitheoirí, ar earnálacha eile agus ar bhallstáit eile.

A mhéid a bhaineann le náisiúnú banc, ní gá ceadú státchabhrach ina leith mar nach ndéanann an Coimisiún idirdhealú, faoi rialacha an AE, maidir le húinéireacht banc i.e. cibé acu infheistíocht phríobháideach nó infheistíocht Stáit a bheith i gceist. Ach fiú amháin i gcás úinéireacht iomlán Stáit a bheith i gceist, is gá ceadú AE a fháil i gcás ina bhfuil athchaipitliú á dhéanamh.

Nuair a faightear ceadú, d'fhéadfadh sé go mbeadh coinníollacha ag gabháil leis e.g. plean athstruchtúraithe a chur i bhfeidhm agus déanann an Coimisiún formhaoirseacht, tríd an Ard-Stiúthóir Iomaíochta, ar chomhlíonadh na gcoinníollacha.

Creata Gaolmhaireachta

- 3.63** Leis an Meabhrán ar Bheartais Eacnamaíochta agus Airgeadais a eisíodh i bhFeabhra 2012 agus a aontaíodh i gcomhthéacs chlár AE/CAI, ceanglaíodh ar an Stát bailchríoch a chur ar chreata gaolmhaireachta leis na bainc chlúdaithe chun a chinntiú go ndéanfaí a gcroíghnóthaí a reáchtáil ar bhonn tráchtála, cost-éifeachtúil neamhspleách chun luach na mbanc mar shócmhainn don Stát a áirithiú.
- 3.64** Ar an 30 Márta 2012, d'fhoilsigh an Roinn creata gaolmhaireachta do gach ceann ar leith de na bainc a raibh leas faighte ag an Stát iontu i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais – AIB, Bank of Ireland, Irish Life and Permanent agus IBRC. Is é is cuspóir do na creata ná bonn a sholáthar ar dá réir a rialaítear an ghaolmhaireacht idir an tAire agus na bainc. Daingnítear leis na creata go bhfuil feidhm fós ag na hoibleagáidí láithreacha a forchuireadh ar gach ceann de na bainc faoi reachtaíocht agus faoi chomhaontuithe láithreacha idir an Stát agus gach banc ar leith.
- 3.65** Foráiltear leis na creata freisin go leanfaidh gach banc de bheith ag oibriú ar neamhthuilleamaí ón Stát. Beidh a bhord neamhspleách agus a fhoireann bhainistíochta féin ag gach banc ar leith agus beidh cumhachtaí neamhspleácha acu maidir le cinntí a dhéanamh. De bhréis air sin, cinnfidh bord gach bainc ar leith straitéis agus beartas tráchtála an bhoird lena n-áirítear a phlean gnó agus a bhuiséad a ghlacadh. Ní dhéanfaidh an Stát idirghabháil in oibríochtaí na banc ó lá go lá ná ina gcinntí bainistíochta lena n-áirítear cinntí maidir le praghsáil agus maidir le hiasachtú.

3.66 Leis na creata gaolmhaireachta saináithnítear na gníomhartha a bhfuil toiliú an Aire ag teastáil ina leith, ar gníomhartha iad nach mór dul i gcomhairle leis an Aire ina leith agus a bhfuil oibleagáid ar na bainc fógra a thabhairt don Aire ina leith. Luaigh an Roinn go bhfuil na creata comhréireach le méid scairshealbhaíocht an Stáit i ngach banc ar leith. Tá achoimre ar fáil i bhFíor 3.7.

3.67 Áirítear an méid seo a leanas i measc na bpríomhfhórála:

- Ní mór do IBRC toiliú a fháil ón Aire sula ndéantar líon suntasach gníomhartha.
- Ceanglaítear ar AIB agus ar Irish Life and Permanent dul i gcomhairle leis an Aire ar raon leathan saincheistanna ach ní gá toiliú an Aire a fháil ach amháin chun an Cathaoirleach nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh nó a chur as oifig.
- Foráiltear le creat Bank of Ireland gur lú an méid comhairliúcháin a bheidh ann leis an Aire.

Fíor 3.7 Creata Gaolmhaireachta do na Bainc

Saincheist	AIB agus Irish Life and Permanent	IBRC	Bank of Ireland
Cathaoirleach nó Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh/a chur as oifig	Toiliú	Toiliú	Ní hinfheidhme
Ceapacháin don Bhord	<i>Comhairliúchán</i>	Toiliú	Ní hinfheidhme
Ceapadh feidhmeannach sinsearach	Fógra a thabhairt	Toiliú	Ní hinfheidhme
Saincheistanna áirithe a bhaineann le luach saothair	Ní hinfheidhme	Toiliú	Ní hinfheidhme
Idirbhearta ábhartha	<i>Comhairliúchán</i>	Toiliú	Ní hinfheidhme
Nithe forchoimeáda áirithe eile amhail idirbhearta seachas ar ghnáthbhonn neamhthuilleamaí nó imeachtaí dlíthiúla áirithe	<i>Comhairliúchán</i>	Toiliú	Ní hinfheidhme
Uasdátú agus coigeartú bliantúil an phlean gnó	<i>Comhairliúchán</i>	<i>Comhairliúchán</i>	Fógra a thabhairt
Beartas maidir le hiasachtú earnála	<i>Comhairliúchán</i>	Ní hinfheidhme	Fógra a thabhairt
Nithe ábhartha eile	Fógra a thabhairt	Fógra a thabhairt	Ní hinfheidhme

Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: Léiríonn 'Ní hinfheidhme' nach ndéantar foráil sa chreat gaolmhaireachta maidir leis an tsaincheist lena mbaineann.

Iníúcháirí Bainc a Cheapadh

3.68 Tá ceapadh iníúcháirí ina shaincheist thábhachtach rialachais do na forais airgeadais. Is ábhar é seo nach mór do na Boird déileáil leis agus ní thugann na creata gaolmhaireachta aon ról don Aire maidir leis.

3.69 Mar fhreagra ar ábhar imní go bhféadfadh neamhspleáchas iniúchóirí a bheith faoi bhagairt mar gheall ar na táillí a bheadh le tuilleadh ó sholáthar seirbhísí neamhiniúcháireachta agus mar gheall ar róchaidreamh ar chliaint a éiríonn as athcheapadh na gnólachtaí céanna iniúcháireachta ar feadh tréimhsí fada, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach dréacht-rialachán ar iniúcháireacht i mí na Samhna 2011. Moltar an méid seo a leanas, inter alia, sa rialachán sin:

- Bheadh toirmeasc ar sholáthar seirbhísí neamhiniúcháireachta ag gnólachtaí a dhéanann an t-iniúcháireacht ar eintitis leasa phoiblí.³⁵ Tá sé seo ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le neamhspleáchas iniúcháireachta a neartú agus ar sceipteachas gairmiúil.
- Bheadh uainíocht shainordaitheach ann maidir le gnólachtaí iniúcháireachta tar éis tréimhse uasta 6 bliana (nó 9 mbliana i gcás iniúchóirí comhpháirteacha a bheith ann) d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhagairt an róchaidrimh mar thoradh ar an ngnólacht céanna iniúcháireachta a bheith á cheapadh agus á athcheapadh ar feadh blianta fada i ndiaidh a chéile.

3.70 Tá moltaí an Choimisiúin ag dul tríd an bpróiseas reachtach ar leibhéal an AE agus ní thiocfaidh an rialachán i bhfeidhm go dtí an bhliain 2013 ar a luaithe.

Airleacain Stáitchiste don Chiste Cúitimh Árachais

3.71 Bunaíodh an Ciste Cúitimh Árachais faoin Acht Árachais 1964 chun socruithe a dhéanamh faoi chomhair dliteanas áirithe de chuid árachóirí dócmhainneacha.³⁶ Déantar socrú leis an Acht chun deontais agus iasachtaí a bheith le tabhairt don Chiste ag an Aire agus ranníocaí a bheith le tabhairt don Chiste ag árachóirí.

3.72 Déantar an Ciste a chothabháil agus a riaradh faoi urláimh Uachtarán na hArd-Chúirte ag gníomhú dó trí Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais. Le toiliú ón Ard-Chúirt, déantar méideanna a íoc as an gCiste le duine i ndáil le hárachóir atá faoi leachtú nó faoi riarachán, i leith éileamh faoi pholasaithe arna n-eisiúint ag an árachóir dócmhainneach in imthosca inar dealraitheach nach dócha gur féidir déileáil leis na héilimh ar shlí eile.

3.73 A mhéid a bhaineann leis an méid a íoctar as an gCiste, is ionann an Cuntasóir agus creidiúnaí de chuid an árachóra dhócmhainnigh a bhfuil na cistí faighte aige. Déanann an Cuntasóir ráiteas ar an gCiste a sholáthar gach bliain don Roinn agus don Bhanc Ceannais.

3.74 Sa tréimhse ó bhlianta tosaigh na 1980-idí, tá airgead airleactha ag an gCiste do Primor plc (Cuideachta Árachais PMPA roimhe seo) agus do Icarom plc (Corparáid Árachais na hÉireann roimhe seo). Ag deireadh na bliana 2010, léirigh ráiteas an Chiste go raibh féichiúnaithe aige i gcomhair suim €381 mhilliún (€150 milliún i gcás Primor plc agus €231 mhilliún i gcás Icarom plc). I rith na bliana 2011, rinne an Ciste €11 mhilliún eile a airleacan chuig Icarom plc, agus d'aisíoc Primor plc luach €10 milliún de chistí nár úsáideadh agus, ina dhiaidh sin, bhí sócmhainní €40 milliún ag an gCiste.³⁷

³⁵ Is é atá in eintitis leasa phoiblí ná na heintitis sin lena ngabhann ábharthacht shuntasach mar gheall ar chineál a ngnó, mar gheall ar a méid nó mar gheall ar an líon fostaithe atá acu, go háirithe cuideachtaí a gceadaítear a n-urrúis a thrádáil ar mhargadh rialáilte, bainc agus forais eile airgeadais agus gnóthais árachais.

³⁶ Rinneadh Acht 1964 a leasú sa bhliain 2011. Maidir le hiocaíochtaí le cuideachtaí a chuaigh faoi riarachán sular leasaíodh an tAcht, déantar iad faoi fhorálacha bunaidh Acht 1964.

³⁷ Fuair an Ciste ranníoc den mhéid céanna ó AIB.

Díol Ghnó Quinn Insurance

- 3.75** I Márta 2010, le hordú ón Ard-Chúirt tar éis iarratas ón Rialtóir Airgeadais, ceapadh comhriarthóirí chuig Quinn Insurance Limited (QIL).
- 3.76** I mí Aibreáin 2011, d'aontaigh na comhriarthóirí gnó Éireannach QIL a dhíol le Liberty Mutual Direct Insurance Company Limited (Liberty Direct), ar comhfhiontar é idir Liberty Mutual agus Tutelana Ltd. Is comhfhiontar idir IBRC agus QIL é Tutelana Ltd. Leis an idirbheart díola foráladh go gcuirfí teorainn €102 mhilliún le hinfheistíocht iomlán Liberty Direct agus go mbeadh infheistíocht bhreise €98 mhilliún ann ó Tutelana Ltd. Faoin gcomhaontú, ghlac Liberty Direct le dliteanais €51 mhilliún de bhreis ar na sócmhainní a d'aistrigh QIL chuige - dá ngairtear an sprioc-easnamh.³⁸
- 3.77** Sa deireadh, déanfar dliteanais QIL, tráth an aistrithe, a chinneadh de réir leibhéal na n-éileamh ar pholasaithe a scríobh QIL roimh an aistriú. Nuair a aontaíodh an díol samhlaíodh go ndéanfaí athbhreithniú, laistigh de thrí mhí ón díol a chur i gcrích, ar na dliteanais a thabharfaí ar aghaidh agus go ndéanfaí aon choigeartuithe riachtanacha airgeadais chun a chinntiú go mbeadh na glandliteanais combhionann leis an sprioc easnamh. Ina dhiaidh sin, áfach, rinne na comhriarthóirí caibidil le Liberty Direct i gcomhair téarmaí athbhreithnithe díola ar dá réir a bheadh athbhreithnithe ráithiúla ann, thar thréimhse 36 mhí, ar an leabhar Éireannach aistrithe. Má mheastar nach dóthanach na cúlchistí le linn an ama sin, beidh ar QIL ansin (agus beidh ar an gCiste sa deireadh) maoiniúchán breise a chur ar fáil. Ag deireadh na tréimhse sin, tarlóidh rud ar a dtugtar 'cothromú' i.e. déanfar aon easnamh sna cúlchistí foriomlána atá ann chun íoc as na hoibleagáidí i leith éileamh a íoc trí íocaíocht ó QIL le Liberty Direct nó, má tá barrachas íoctha le Liberty Direct, beidh air aisíoc a dhéanamh.
- 3.78** Mar chuid den chomhaontú díola, aistríodh fostaithe uile QIL chuig Liberty Direct agus soláthraíonn Liberty Direct seirbhísí do QIL i ndáil lena pholasaithe i dTuaisceart Éireann agus sa Ríocht Aontaithe. Faoi théarmaí an chomhaontaithe díola, tá rogha ag Liberty Direct na cearta athnuachana a fháil maidir le polasaithe na Ríochta Aontaithe agus Thuaisceart Éireann, ar rogha í atá infheidhmithe aon tráth go dtí mí na Nollag 2012.
- 3.79** I mí Dheireadh Fómhair 2011, cheadaigh an Ard-Chúirt díol gnó Éireannach QIL le Liberty Direct. Thuairiscigh na comhriarthóirí don Ard-Chúirt gur dúnadh an díol ar an 11 Samhain 2011.

Airleacain ón gCiste Cúitimh Árachais

- 3.80** Is é áirithint a thugtar ar an bpróiseas achtúireachta a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar na dliteanais a cheaptar a bheidh ann i leith dliteanas todhchaí. I gcás QIL, déanfar aon easnamh idir cúlchistí agus sócmhainní a íoc as an gCiste i leith na nithe seo a leanas
- éilimh a éiríonn ar pholasaithe Éireannacha suas go dtí dáta an díola le Liberty Direct agus
 - Éilimh ar pholasaithe a scríobhadh sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann go dtí cibé uair a scoirtear den ghnó nó a dhíoltar an gnó le páirtí eile.
- 3.81** Tá na comhriarthóirí tar éis meastacháin a thabhairt don Ard-Chúirt roinnt uaireanta ar na méideanna iomlána a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó QIL as an gCiste. I mí Dheireadh Fómhair 2011, chuir na comhriarthóirí in iúl don Ard-Chúirt go mbeadh suim mheasta €738 milliún ag teastáil ón gCiste. I mí na Nollag 2011, tráth a thug na comhriarthóirí tuairisc eile don Ard-Chúirt, méadaíodh an meastachán de shuim €37 milliún go dtí €775 mhilliún.

³⁸ Measadh gurbh é a bhí sna dliteanais ar fad ná suim thart ar €860 milliún.

3.82 I mí Iúil 2012, thug na comhriarthóirí tuairisc eile don Ard-Chúirt agus luaigh siad go raibh méadú tagtha ar an meastachán roimhe sin go riachtanas ionchasach €1,650 milliún mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- méadú ar an meastachán ab fhearr ó na hachtúirí ar chostas na n-éileamh ar fad a bheadh ann sa deireadh (€208 milliún)
- €300 milliún eile a chur san áireamh mar 'soláthar diallais dhochraigh' sna cúlchistí
- soláthar €215 mhilliún in aghaidh gluaiseachtaí airgeadra agus
- €152 mhilliún eile i leith dhíluacháil infheistíocht QIL in Tutelana Ltd, laghdú a rabhthas ag súil leis i luachanna sócmhainní agus caillteanais níos airde trádála sa todhchaí.

Ach luaigh na comhriarthóirí gur dhócha, i gcás ina ndéanfaidís na coigeartuithe éagsúla cuntasáíochta a bhí déanta acu a dhíchur agus ríomhaireacht de chineál 'meastachán is fearr' a chur ina n-ionad, go mbeadh an glao ar an gCiste sa raon ó €1.1 billiún go € 1.3 billiún.

3.83 I dtuarascáil mhí Iúil 2012, léirigh na comhriarthóirí freisin gur mhian leo scoir de ghnóthaí a fhrithghealladh sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann ach go raibh oibleagáid orthu leanúint den fhrithghealladh go dtí go bhfeidhmeodh Liberty Direct a rogha chun na cearta athnuachana ar na gnóthaí sin a fháil nó go dtí go rachadh an rogha in éag ag deireadh mhí na Nollag 2012.

Maoiniú ag an Stát

3.84 De réir Alt 5 d'Acht 1964, i gcás nach bhfuil dóthain cistí ag an gCiste chun íocaíocht arna ceadú ag an Ard-Chúirt a íoc, féadfaidh an tAire, ar mholadh a fháil ón mBanc Ceannais, airgead a airleacan chuig an gCiste as an Státhiste chun go bhféadfar íocaíochtaí a dhéanamh as an gCiste go pras agus ar na téarmaí agus ar na coinníollacha a chinneann sé a bheith cuí.

3.85 Faoi dheireadh Mheitheamh 2012, bhíothas tar éis €786 mhilliún a airleacan as an gCiste chuig QIL agus bhí beagnach €730 milliún tugtha ar iasacht ag an Stát don Chiste (féach Fíor 3.8).

Fíor 3.8 Aistrithe an Chiste Cúitimh Árachais ó Dheireadh Fómhair 2011 go Meitheamh 2012

Dáta an Cheadaithe ón Ard-Chúirt	Dáta Íocaíochta	Aistriú lomlán chuig QIL	Iasachtaí Státhiste
		€ milliún	€ milliún
Deireadh Fómhair 2011	Samhain 2011	320	280
Nollaig 2011	Eanáir 2012	210	210
Nollaig 2011	Márta 2012	40	40
Márta 2012	Aibreán 2012	166	166
Márta 2012	Lúnasa 2012	50	34
	Iomlán^a	786	730

Foinse: An Roinn Airgeadais (arna chothromú chuig € milliún)

Nóta: a Rinneadh an difríocht €56 mhilliún idir na hiasachtaí ón Státhiste agus an méid a aistríodh chuig QIL a mhaoiniú le €40 milliún sa Chiste tráth an airleacain tosaigh (Samhain 2011) agus le ranníocaí tobaigh €16 mhilliún ón gcead ráithe den bhliain 2012.

Préimheanna Árachais

- 3.86** Tá freagracht ar an mBanc Ceannais faoi Acht 1964 (arna leasú) as cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil tacaíocht airgeadais ag teastáil ón gCiste agus i dtaobh leibhéal aon ranníoca atá le híoc ag árachóirí leis an gCiste. Ní fhéadfaidh an ranníoc a bheith níos mó ná 2% de na préimheanna comhlána a íocadh le gach árachóir i ndáil le polasaithe arna n-eisiúint i leith rioscaí sa Stát. Cé go bhforáiltear leis an Acht go ndlíonn árachóirí an tobhach a íoc, is iad sealbhóirí na bpolasaithe a íocann é go praiticiúil.
- 3.87** Tháinig tobhach i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2012. Shocraigh an Banc Ceannais an tobhach ag an uasmhéid 2% de na préimheanna comhlána a íocadh. Tá sé measta ag an Roinn go nginfidh an tobhach tuairim is €65 mhilliún sa bhliain. Tá na suimeanna tobhaigh iníoctha go ráithiúil ina riaráistí ag árachóirí leis na Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil freagracht orthu as an tobhach a bhailiú agus as é a aistriú ina dhiaidh sin chuig an gCiste.

Conclúidí

Infheistíochtaí i bhforais airgeadais

- 3.88** Tá an Stát tar éis tacaíocht ollmhór airgeadais a sholáthar don earnáil bhaincéireachta. Faoi lár na bliana 2012, bhí infheistíocht rud beag os cionn €65 billiún déanta ag an Stát i gceithre fhoras airgeadais de chuid na hÉireann. Is leis an Stát Allied Irish Bank, Permanent TSB agus IBRC ar fad, nó is leis an chuid is mó díobh, agus tá úinéireacht aige ar 15% de Bank of Ireland.
- 3.89** Faoi dheireadh Mheitheamh 2012, tá fáltas airgeadais thart ar €4.3 billiún in airgead tirim faighte ag an Stát ó na bearta cobhsaíochta – os cionn €0.9 billiún ó na hinfeistíochtaí sna bainc agus beagnach €3.4 billiún mar tháill ó na scéimeanna ráthaíochta dlíteanais. Bhí €1.1 billiún iníoctha mar dhíbhinní ach fuarthas é i bhfoirm gnáthscaireanna.
- 3.90** Cé nach bhfuil aon amscála leagtha amach maidir leis an Stát do tharraingt siar as úinéireacht na mbanc, tá ionchas ann go bhféadfadh an Stát cuid dá infheistíocht caipitiúil a ghnóthú le himeacht aimsire. Meastar gurb é a bheidh i gcaipiteal chiseal a haon na mbanc (gan IBRC a áireamh) ná suim idir €13.7 billiún agus €21.4 billiún faoi dheireadh na bliana 2013. Beidh dóthanacht an chaipitil atá insteallta ag an Stát chun íoc as riachtanais chaipitiúla na mbanc ag brath ar na glanchaillteanais a thabhoíd na trí bhanc sa tréimhse ó 2011 go 2013, gan dul thar réamh-mheastacháin an Bhainc Ceannais.
- 3.91** Beidh an méid a fuarthas as ceannach Irish Life, ar íoc an Stát €1.3 billiún as, ag brath go príomha ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta agus ar dhálaí margaidh nuair a dhíolfar é. Beidh luach iarmharach in IBRC, más ann, ag brath ar a fheidhmíocht airgeadais agus freisin ar na méideanna a réadófar ó dhiúscairt a shócmhainní.

Airleacain don Chiste Cúitimh Árachais

- 3.92** Éiríonn riachtanas suntasach breise maoiniúcháin don Stáitchiste as riaradh QIL a bhfuil riachtanas maoiniúcháin ann ina leith a meastar ina leith faoi láthair gur suim suas go €1.65 billiún atá ann. Suas go deireadh Mheitheamh 2012, bhíodhas tar éis rud beag faoi bhun €730 milliún a airleacan as an Stáitchiste chuig an gCiste Cúitimh Árachais chun ligean dó a oibleagáidí a chomhlíonadh i ndáil le QIL. Cé go mbeidh fáltas ón tobhach ar dhíolacháin árachais ar fáil sa deireadh chun aisíoc a dhéanamh leis an Stáitchiste, is dóigh go mbeidh gá le hairleacain shubstaintiúla bhreise sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

Díghiaráil

- 3.93** Ag deireadh na bliana 2011, bhí spriocanna eatramhacha CIT a bhí leagtha amach ag an mBanc Ceannais bainte amach ag AIB agus ag Bank of Ireland. Laghdaigh siad a gcuid CIT-anna tuilleadh faoi lár na bliana 2012. Rinneadh cinneadh diúscairt fochuideachta de chuid Irish Life and Permanent a chur siar agus níor bhain sé amach a sprioc eatramhach CIT don bhliain 2011.
- 3.94** D'fhéadfadh sé go bhfuil torthaí gan choinne ag gabháil le cuid de na bearta a rinne na bainc chun na sprioc-chóimheasa sin a bhaint amach - de réir na Roinne agus de réir tuarascála ó CAI, bhí an méid a baineadh amach mar gheall ar dhíghiaráil croishócmhainní (iasachtaí sa gheilleagar intíre) níos airde ná mar a bhí beartaithe. Luadh i dtuarascáil CAI freisin go raibh dochar déanta d'ioncam na mbanc mar gheall ar rátaí méadaithe úis taisce agus go bhféadfadh díghiaráil mórskála ionchasach ag bainc Eorpacha laghdú a dhéanamh ar na praghsanna ar dá réir is féidir sócmhainní a dhíol sa phróiseas díghiarála.
- 3.95** Tá sé curtha in iúl ag an Roinn go ndéanfar díghiaráil iomarcach croíphunann a sheachaint ionas nach lagófar sreabhadh creidmheasa chuig an ngeilleagar. Tá sé beartaithe go ndéanfar díghiaráil na mbanc a mheas ar bhonn gnáthspriocanna láithreacha maidir le laghdú ar shócmhainní nach croishócmhainní iad i gcomhréir le Clár Beart Airgeadais 2011 agus déanfar ardchreat faireacháin a bhunú i ndáil le maoiniúchán agus leachtacht.

Riachtanas leanúnach maidir le tacaíocht leachtachta

- 3.96** De bharr tacaíochta airgeadais ón Stát, éascaíodh athstruchtúró an chórais baincfeireachta agus sócmhainneacht na bhforas ina ndearnadh na hinfheistíochtaí. Mar thoradh ar dhíghiaráil na mbanc, tá feabhas curtha ar chobhsaíocht a staide maoiniúcháin freisin. Dá ainneoin sin, leanann na bainc de bheith ag brath ar thacaíocht leachtachta ón Stát agus ó BCE. I lár na bliana 2012, ba é a bhí sa tacaíocht leachtachta do na forais chlúdaithe ná suim os cionn €106 billiún a bhí airleachtha ag an Banc Ceannais trí oibríochtaí beartais airgeadaíochta an Eorachórais agus ar mhodh cúnaimh eisceachtúil leachtachta. De bhreis air sin, ba é a bhí i suim iomlán dhliteanais ráthaithe agus thaiscí na bhforas clúdaithe a bhí ag an Stát ag deireadh Mheitheamh 2012 ná €164 billiún.

Iasachtú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide


- 3.97** Tugann athbhreithniú ar infhaighteacht creidmheasa d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide le fios go bhfuil deacrachtaí leantacha ann i dtaca leis sin de agus nach bhfuil gnáthrochtain ar chreidmheas ar fáil fós.
- 3.98** Cé go bhfuil an dá phríomhbhanc ag comhlíonadh spriocanna iasachtaithe atá leagtha amach mar cheanglas a ghabhann lena n-athchaipitliú ag an Stát, luadh i dtuarascáil CAI a eisíodh tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chlár AE/CAI go raibh ionchas ann go srianfaí creidmheas intíre mar gheall ar shileadh níos tapa ná mar a bhí beartaithe i gcás croíphunanna bhainc na hÉireann. De bhreis air sin, déanann tuarascálacha ón Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa agus staidéar ar an éileamh ar iasachtú a rinneadh thar ceann na Roinne Airgeadais suntas a thabhairt do dheacrachtaí leantacha a bhí ag fiontair bheaga maidir le creidmheas a fháil agus léiríonn siad go bhfuil an chuid is mó den iasachtú á thabhairt ar mhaithe le caipiteal oibre seachas ar mhaithe le forbairt agus leathnú. D'fhéadfadh forbairtí beartais a tharla le déanaí a bheith ina gcabhair maidir le déileáil le hinfhaighteacht creidmheasa d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.
- 3.99** I bhfianaise chumas dealraitheach na bpríomhbhanc chun spriocanna iasachtaithe a chomhlíonadh fad atá deacrachtaí iasachtaithe ann i gcónaí do ghnóthaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh feidhm theoranta ag baint le spriocanna feidhmíochta a leagan amach do na bainc i dtéarmaí iasachtaí comhlána a thugtar do FBM-anna a úsáid mar thomhas ar infhaighteacht creidmheasa.

4 An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

- 4.1** Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF nó an Ciste) sa bhliain 2001 agus é de chuspóir aige ciste airgid a sholáthar chun freastal a dhéanamh ar chuid de chostais na bpinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí. Bunaíodh Coimisiún neamhspleách an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Coimisiún) chun an NPRF a rialú agus a bhainistiú. Áirítear na nithe seo a leanas i measc fheidhmeanna an Choimisiúin:
- straitéis infheistíochta a chinneadh don Chiste, an straitéis sin a chur i bhfeidhm agus sócmhainní an Chiste a rialú, a bhainistiú agus a infheistiú de réir straitéis infheistíochta an Chiste
 - bainisteoirí agus coimeádaithe infheistíochta a cheapadh don Chiste.
- 4.2** Leis an Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 (an tAcht), ceanglaítear ar an gCoimisiún bainisteoir a cheapadh ar tríd a fheidhmíonn an Coimisiún a fheidhmeanna agus a bhféadann an Coimisiún feidhmeanna a tharmligean chuige. Rinneadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) a cheapadh mar bhainisteoir sa bhliain 2001 go ceann tréimhse 10 mbliana agus athcheapadh í le ceadú ón Aire Airgeadais sa bhliain 2011 go ceann tréimhse cúig bliana. Mar bhainisteoir ar an gCiste, faigheann NTMA seirbhísí lena n-áirítear sainbhainisteoirí infheistíochta, bainisteoirí trasdula agus an coimeádaí domhanda chun feidhmeanna áirithe a chur i grách thar ceann an Choimisiúin.
- 4.3** Sa chaibidil seo, déantar athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:
- an t-athrú luacha sa NPRF sa bhliain 2011 agus
 - íocaíochtaí as seirbhísí bainisteora trasdula arna soláthar ag ceann amháin de na bainisteoirí a cheap NTMA chun leachtú a dhéanamh ar shócmhainní NPRF le linn athstruchtúrú a dhéanamh ar phunann i rith na bliana 2011.

Ranníocaí leis an gCiste

- 4.4** De réir an Achta, is é atá sa ranníoc bliantúil Státchiste leis an gCiste ná 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta. I rith na bliana 2009, ranníocadh €3 billiún leis an gCiste chun athchaipitliú a dhéanamh ar Bank of Ireland agus ar Allied Irish Banks. I rith na mblianta 2009 agus 2010, rinneadh luach iomlán €2.1 billiún de shócmhainní ciste pinsin de chuid sé ollscoil agus de chuid deich gcomhlacht stát-tionscanta neamhthráchtála a aistriú chuig NTMA Trí na híocaíochta sin ina raibh €5.1 billiún íocadh as an maoiniúcháin i ndáil le ranníoc an Státchiste leis an gCiste do na blianta ó 2009 go 2011. Sa bhliain 2011, ar threoir a fháil ón Aire, d'aistrigh an Coimisiún €1 billiún ón gCiste chuig an Státchiste. Leis an Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán) 2010, foráiltear go bhféadfaidh an tAire a ordú nach n-íocfar aon ranníoc isteach sa Chiste sa bhliain 2012 ná sa bhliain 2013.
- 4.5** I bhFíor 4.1, leagtar amach na ranníocaí isteach sa Chiste, agus na haistarraingtí amach as an gCiste, ón tráth a bunaíodh é, lena n-áirítear sócmhainní a aistríodh ó scéimeanna pinsin.

Fíor 4.1 Ranníocaí Státhchiste isteach sa NPRF/Aistarraingtí amach as an NPRF 2001 go 2011


Foinse: Ráitis Airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Luach an NPRF

4.6 Sealbhaíonn an NPRF dhá chineál infheistíochtaí mar a leanas:

- Infheistíochtaí roghnacha ar tríothu a dhéanann an Choimisiún infheistíochtaí a rialú agus a bhainistiú de réir bheartas infheistíochta an NPRF mar a mhínítear san Acht agus de réir straitéise infheistíochta arna cinneadh ag an gCoimisiún.
- Infheistíochtaí ordaithe ar tríothu a fhéadfaidh an tAire a ordú don Choimisiún infheistíocht a dhéanamh i bhforais chreidmheasa nó eisiúintí scaireanna sna forais sin a fhrithghealladh.¹ Féadfaidh an tAire freisin ordú a thabhairt don Choimisiún maidir le bainistiú agus diúscairt aon infheistíochtaí den sórt sin.

4.7 Tá luach an Chiste don tréimhse 2001 go 2011 leagtha amach i bhFíor 4.2.

Fíor 4.2 Luach agus comhdhéanamh an NPRF ag deireadh bliana ó 2001 go 2011

Foinse: Ráitis Airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Nóta: Rinneadh airgead tirim a aistriú ó na hinfheistíochtaí roghnacha chun fáil infheistíochtaí ordaithe a mhaoiniú mar a leanas: 2009 - €4 billiún; 2010 - €3.7 billiún; 2011 - €10 billiún.

¹ Rinneadh na cumhachtaí sin a thabhairt don Aire san Acht um Infheistíocht an Chisteáin Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009.

- 4.8** Ba é a bhí i luach an NPRF ar an 31 Nollaig 2011 ná €13.4 billiún. Bhí sé sin comhdhéanta d'infheistíochtaí roghnacha €5.4 billiún agus d'infheistíochtaí ordaithe €8.0 billiún, arna luacháil ar bhonn luacha chóir. I bhFíor 4.3 leagtar amach an t-athrú sa NPRF don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

Fíor 4.3 Athrú ar Luach an NPRF 2010 agus 2011

	2010	2011
	€m	€m
Luach an NPRF ar an 1 Eanáir	22,336	22,687
Athruithe sa bhliain		
Sócmhainní a aistríodh ó scéimeanna pinsin	1,079	1
Ioncam agus gnóchain ó infheistíochtaí roghnacha	1,824	181
Ioncam ó infheistíochtaí ordaithe	1,192	469
Caillteanas ar infheistíochtaí ordaithe	(3,721)	(8,903)
Cánachas agus costais riaracháin	(23)	(2)
Aistarraingt ag an Státhchiste	—	(1,018)
Luach an NPRF ar an 31 Nollaig	22,687	13,415
Ina n-áirítear		
▪ infheistíochtaí roghnacha	15,060	5,453
▪ infheistíochtaí ordaithe	7,627	7,962

Foinse: An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

- 4.9** Ag deireadh na bliana 2010, ba é a bhí i luach na punainne roghnaí ná €15.06 billiún. I bhFeabhra agus in Aibreán 2011, d'eisigh an tAire ordacháin chuig an gCoimisiún €10 billiún san iomlán a shealbhú in airgead tirim nó in ionstraimí fiachais.² Luaigh an tAire gurbh é ba chuspóir leis na hordacháin ná ranníoc beartaithe €10 billiún ón NPRF le clár tacaíochta airgeadais AE/CAI d'Éirinn a éascú.
- 4.10** De bhun na n-ordachán sin ón Aire, rinne an Coimisiún sócmhainní as a phunann roghnach, ina raibh luach €5.5 billiún, a leachtú i Márta 2011 agus rinne sé luach €4.5 billiún díobh a leachtú in Aibreán 2011. Tar éis na n-idirbheart sin, ba é a bhí i luach na punainne roghnaí ná €5.32 billiún. Bhí méadú tagtha air sin faoi dheireadh na bliana 2011 go suim €5.45 billiún. Thuill an phunann roghnach fáiltas 2.1% sa bhliain 2011.

Infheistíochtaí i mBainc

- 4.11** I mí Iúil 2011, de réir ordachán ón Aire, rinne an Coimisiún na €10 billiún a bailíodh ó dhiúscairt sócmhainní sa phunann roghnach a infheistiú i Allied Irish Banks plc (AIB) agus i Bank of Ireland.

² Ba cheanglas é go ndéanadh rialtais de chuid réigiún an euro ionstraimí den sórt sin a eisiúint nó a ráthú agus go mbeadh rátáil AA nó níos fearr acu mar aon le haibíocht sa bhliain 2012.

- 4.12** Ba é a bhí san infheistíocht iomlán sa dá bhanc, lena n-áirítear athinfheistiú díbhinní a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna sa tréimhse 2009 go 2011, agus tar éis scaireanna i Bank of Ireland a dhiúscairt, na €20.59 billiún. Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí luach na n-infheistíochtaí tar éis titim go €7.96 billiún. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí 59% (2010: 34%) d'acmhainní an NPRF á úsáid chun bainc Éireannacha a athchaipitiú. Tá na príomhghníomhaíochtaí i dtaca le hinfeistíochtaí an Chiste leagtha amach i bhFíor 4.4.

Fíor 4.4 Achoimre ar Infheistíochtaí NPRF i Bank of Ireland agus i Allied Irish Banks plc

Dáta	Príomhghníomhaíochtaí infheistíochta	Costas
	Bank of Ireland	€m
Márta 2009	Scaireanna tosaíochta	3,500
Feabhra 2010	Díbhinn ar thosaíocht a íocadh ina gnáthscaireanna	250
Aibreán 2010	Luach €1.66 billiún de scaireanna tosaíochta a chomhshó ina ghnáthscaireanna	—
Iúil 2011	Gnáthscaireanna a cheannach ^a	1,229
Iúil 2011	Gnáthscaireanna a dhíol ^b	(1,052)
	Infheistíocht iomlán de réir costais amhail mí na Nollag 2011	3,927
	Allied Irish Banks plc	
Márta 2009	Scaireanna tosaíochta	3,500
Bealtaine 2010	Díbhinn ar scaireanna tosaíochta a íocadh ina gnáthscaireanna	280
Nollaig 2010	Gnáthscaireanna ^c	3,818
Aibreán 2011	Scaireanna neamhvótála inchomhshóite a chomhshó ina ngnáthscaireanna	-
Bealtaine/Iúil 2011	Díbhinn ar scaireanna tosaíochta a íocadh ina gnáthscaireanna	289
Iúil 2011	Gnáthscaireanna a cheannach	5,000
Iúil 2011	Ranníoc caipitiúil	3,771
	Infheistíocht iomlán de réir costais amhail mí na Nollag 2011	16,658

Foinse: An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Nótaí: a Is é seo an méid glan ar fhrithghealladh agus ar tháillí eile a fuair an NPRF.

b Is é seo méid na bhfáltas roimh sular íoc an NPRF na táillí idirbheart.

c Rinneadh 675 mhilliún gnáthscair agus 10,489 scair neamhvótála inchomhshóite a fháil i mí na Nollag 2010. Ba é a bhí sa ghlanmhéid airgid thirim a infheistíodh ná €3,700 milliún tar éis €118 milliún a fháil in airgead tirim ó tháillí agus ó dhíol barántas cothromais (féach Fíor 4.5).

- 4.13** Ag deireadh na bliana 2010, shealbhaigh NPRF 36% de na gnáthscaireanna i Bank of Ireland. Sa bhliain 2011, rinne an Coimisiún, tar éis ordachán a fháil ón Aire, eisiúint ceart ag Bank of Ireland a fhrithghealladh agus ghlac sé leis na cearta a ghabh le scairshealbhaíocht na heisiúna seo ar chostas iomlán €1.23 billiún (10 cent in aghaidh na scaire), rud a d'fhág gurbh é a bhí ina infheistíocht iomlán i Bank of Ireland ná €4.98 billiún. Tar éis na hinfeistíochta, shealbhaigh an NPRF corradh beag le 15 billiún gnáthscair i Bank of Ireland ar mheánchostas 20.9 cent an ceann.

- 4.14** Ar an 24 Iúil 2011, d'ordaigh an tAire don Choimisiún cuid dá scairshealbhaíocht i Bank of Ireland a dhíol, tar éis na heisiúna ceart, le grúpa scairshealbhóirí institiúideacha ar phraghas €1,052 mhilliún. Rinneadh na glanfáltais ón díol, a raibh suim €1,018 milliún ann tar éis costais €34 mhilliún a asbhaint, a tharchur chuig an Státchiste ar ordú ón Aire. Tar éis na diúscairthe, shealbhaigh an NPRF 15.1% den ghnáth-scairchaipiteal i Bank of Ireland.

- 4.15** Ag deireadh na bliana 2010, shealbhaigh an NPRF 49.9% de na gnáthscaireanna in AIB chomh maith le 10.5 billiún scair neamhvótála inchomhshóite a comhshódh ina ngnáthscaireanna i mí Aibreáin 2011. Mar thoradh air sin, mhéadaigh sé a shealbhaíocht gnáthscaireanna ó 49.9% go 92.8%.
- 4.16** I mBealtaine agus in Iúil 2011, rinne AIB an díbhinn a bhí dlite ar scaireanna tosaíochta an Chiste a íoc i bhfoirm gnáthscaireanna agus fuair an NPRF os cionn 1.2 billiún gnáthscair. Áiríodh pionós sa mhéid sin mar gheall ar íocaíocht a dhéanamh mar go raibh an díbhinn iomlán iníoctha i mBealtaine. Ba é a bhí i luach na scaireanna a eisíodh ná €289 milliún.
- 4.17** I mí Iúil 2011, rinne an Coimisiún, ar ordachán a fháil ón Aire, €5 billiún eile a infheistiú trí 500 billiún gnáthscair a cheannach ar phraghas €0.01 in aghaidh na scaire agus rinne sé ranníoc caipitiúil €3.77 billiún freisin. Níor thug an ranníoc sin teidíocht don NPRF aon scaireanna a fháil in AIB. Tar éis an idirbhirt sin, ba é a bhí i sealbhaíocht NPRF ná 512.6 billiún scair, rud a d'fhág gurbh ionann an tsealbhaíocht agus 99.8% de ghnáth-scairchaipiteal AIB.

An Fáltas ó Infheistíochtaí

- 4.18** I rith na mblianta 2009, 2010 agus 2011, fuair an NPRF ioncam agus gnóchain rud beag faoi bhun €1.8 billiún óna infheistíocht sna forais, ar suim í sin a bhí comhdhéanta d'eilimintí airgid agus neamhairgid, mar atá leagtha amach i bhFíor 4.5. Ba é a bhí i méid na bhfáltas airgid ná €936 mhilliún.

Fíor 4.5 Ioncam agus Gnóchain ó Infheistíochtaí 2009 go 2011

Ioncam agus gnóchain	Bank of Ireland	Allied Irish Banks	Iomlán
	€m	€m	€m
Táillí idirbhirt	94.2	95.9	190.1
Cealú barántas scaireanna tosaíochta ^a	478.9	52.5	531.4
<i>Díbhinní ar Scaireanna Tosaíochta</i>			
- a íocadh i bhfoirm gnáthscaireanna	250.4	569.0	819.4
- a íocadh in airgead tirim	214.4	—	214.4
Iomlán	1,037.9	717.4	1,755.3

Nóta: a Eisíodh sa bhliain 2009 in éineacht le ceannach scaireanna tosaíochta.

- 4.19** Sa chéad leath den bhliain 2012, fuair an NPRF díbhinní ar a scaireanna tosaíochta mar a leanas:
- Ar an 20 Feabhra 2012, d'íoc Bank of Ireland díbhinn a bhí dlite agus arb é €188.3 milliún a luach in airgead tirim.
 - Ar an 14 Bealtaine 2012, d'íoc AIB an díbhinn a bhí dlite (€280 milliún) agus íocadh í i bhfoirm gnáthscaireanna. Ar bhonn mhargadhluaigh 7.7 cent in aghaidh na scaire, fuair an NPRF corradh beag le 3.6 billiún scair.

Luacháil na nInfheistíochtaí Ordaithe

- 4.20** Ina ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009, ar ordachán a fháil ón Aire, rinne an Coimisiún luacháil de réir costais ar na hinfheistíochtaí ordaithe. Ón 31 Nollaig 2010 ar aghaidh, tar éis ordachán athbhreithnithe a iarraidh ar an Aire agus tar éis an t-ordachán sin a fháil, rinne an Coimisiún luacháil ar na hinfheistíochtaí ordaithe de réir luacha chóir i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo i gcoitinne in Éirinn (GAAP).
- 4.21** Ós rud é nach ndéantar na scaireanna tosaíochta a shealbhaítear mar chuid de na hinfheistíochtaí ordaithe a lua ar an margadh (neamhliostaithe agus gan trádáil iontu), rinne NTMA, thar ceann an Choimisiúin, Goodbody Corporate Finance a fhostú chun comhairle neamhspleách luachála a sholáthar ar luach cóir shealbhaíocht NPRF amhail an 31 Nollaig 2011. Mar thoradh ar an luacháil sin, léirigh ráitis airgeadais an Chiste an méid seo a leanas:
- Tháinig méadú beag ar luach na scaireanna tosaíochta i Bank of Ireland i rith na bliana 2011 go suim €1.47 billiún (2010: €1.46 billiún). Tá sé sin thart ar 20% faoi bhun a luacha an tráth a fuarthas iad sa bhliain 2009.
 - Tháinig méadú ar luach na scaireanna tosaíochta in AIB ar méadú thart ar 8% a bhí ann go €2.22 billiún (2010: €2.05 billiún), is é sin, thart ar 37% faoi bhun a luacha an tráth a fuarthas iad sa bhliain 2009.
- 4.22** Is é atá i luach cóir gnáthscaireanna de ghnáth ná an margadhphraghas scoir ar an malartán príomha nó ar an margadh príomha ina ndéantar iad a lua. I gcás ghnáthscaireanna Bank of Ireland, glacadh leis gurbh é a bhí sa mhargadhphraghas ar an 31 Nollaig 2011 ná luach cóir na scaireanna.³
- 4.23** Ós rud é go sealbhaíonn NPRF beagnach na scaireanna go léir in AIB, chinn an Coimisiún nach bhfuil margadhphraghas na scaireanna eile ina tháscaire iontaofa ar luach cóir mar gheall ar an leibhéal íseal scaireanna a thrádáiltear. Dá dhroim sin, i gcás na sealbhaíochta i ngnáthscaireanna BAÉ ag deireadh na bliana, bhí an measúnú ar luach cóir bunaithe ar chomhairle neamhspleách luachála, arna soláthar ag Goodbody agus a bhí bunaithe ar GAAP agus ar dá réir a thángthas ar chonclúid gurbh ionann a luach cóir agus 0.76 cent in aghaidh na scaire.
- 4.24** Ag deireadh na bliana 2011, bhí beagnach €20.6 billiún infheistithe ag an NPRF sa dá bhanc glan ar na fáлтаis ó dhiúscairt scaireanna i Bank of Ireland (féach Fíor 4.6). Ar an dáta sin
- bhí luach na n-infheistíochtaí rud beag faoi bhun €8 billiún – titim corradh beag le €12.6 billiún sa luach
 - ba é a bhí san ioncam, sna gnóchain agus sna fáлтаis a fuair an NPRF ó dhíol barántas ná suim iomlán €1,755 mhilliún.

3 Faoi dheireadh Mheitheamh 2012, bhí luach na ngnáthscaireanna i Bank of Ireland tar éis méadú 22% ó 8.2 cent go 10.0 cent.

Fíor 4.6 Infheistíochtaí Ordaithe NPRF – Achoimre amhail ar an 31 Nollaig 2011

	Bank of Ireland	Allied Irish Banks plc	Iomlán
	€m	€m	€m
Infheistíocht de réir costais	4,979	16,658	21,637
Diúscairtí	(1,052)	—	(1,052)
Glanchoistas infheistíochta	3,927	16,658	20,585
Luacháil scaireanna	1,843	6,119	7,962
<i>Titim i luach go dtí an 31 Nollaig 2011</i>	<i>2,084</i>	<i>10,539</i>	<i>12,623</i>
Ioncam, gnóchain agus díol barántas	1,038	717	1,755
<i>Glantitim i luach go dtí an 31 Nollaig 2011</i>	<i>1,046</i>	<i>9,822</i>	<i>10,868</i>

Foinse: An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Conclúidí – Luach an NPRF

- 4.25** Ba é a bhí i luacháil an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF) ag deireadh na bliana 2011 ná €13.4 billiún – is é sin, laghdú €9.3 billiún (41%) i gcomparáid le luacháil 2010. Tharla €1 billiún den laghdú mar gheall ar aistarraingt airgid ón gCiste ag an Aire.
- 4.26** Ag deireadh na bliana 2011, shealbhaigh an NPRF 41% dá shócmhainní ina phunann roghnach. Is iad sin na hinfeistíochtaí atá á rialú agus á mbainistiú ag an gCoimisiún de réir beartais infheistíochta arna mhíniú san Acht agus de réir straitéise arna cinneadh ag an gCoimisiún e féin. Rinneadh iarmhéid na sócmhainní a infheistiú i bhforais airgeadais Éireannacha de réir ordachán ón Aire Airgeadais. Thuill an phunann roghnach fáiltas 2.1% sa bhliain 2011.
- 4.27** Ba é a bhí san fhorbairt ba mhó sa bhliain 2011 ná aistriú €10 billiún ón bpunann roghnach i gcomhair tuilleadh infheistíochta a dhéanamh i Allied Irish Banks agus I Bank of Ireland. Bhí an t-aistriú sin ina chuid de chlár tacaíochta airgeadais AE/CAI d'Éirinn.
- 4.28** Tar éis na hinfeistíochta sin sa bhliain 2011, agus tar éis luach €1 billiún de scaireanna i Bank of Ireland a dhiúscairt (ar diúscairt í a ndearnadh na fáiltais uaithe a íoc leis an Státchiste), bhí suim iomlán €20.6 billiún infheistithe ag an NPRF sa dá bhanc. Áirítear san infheistíocht luach €0.8 de dhíbhinní a fuarthas ina scaireanna sa dá bhanc. Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí luach na hinfeistíochta tar éis titim 61% go dtí suim rud beag faoi bhun €8 billiún. Nuair a dhéantar ioncam, gnóchain agus díol barántas, ar fiú €1,755 mhilliún iad, a chur san aireamh, is é atá sa ghlan-díluacháil ná €10.9 billiún nó 53% den infheistíocht.

Íocaíocht as Seirbhísí Bainisteora Trasdula

- 4.29** Déanann NTMA, thar ceann an Coimisiúin agus ina cháil mar bhainisteoir an Chiste, raon soláthróirí seirbhíse a cheapadh chun sócmhainní an Chiste a bhainistiú agus chun idirbhearta riachtanacha a dhéanamh. Tá léiriú ar na príomhsheirbhísí le fáil i bhFíor 4.7.
- 4.30** Sa bhliain 2007, chruthaigh NTMA painéal trí bhainisteoir trasdula tar éis comórtas tairisceana a seoladh faoi rialacha an AE maidir le fáil seirbhísí agus earraí agus a oibríodh faoi chreat-chomhaontú. Nuair is gá dó trasdul a chur i gcrích, seolann sé comórtais shrianta tairisceana ina n-iarrtar ar na gnólachtaí atá ar an bpainéal bainisteoirí trasdula tairiscint a dhéanamh.

Trasdul Uimhir 14

- 4.31** De réir mar a cheanglaítear faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn 2010 agus tar éis ordacháin a bheith faighte ón Aire, rinne an Coimisiún bearta chun a chur faoi deara luach €10 billiún de shócmhainní de chuid an Chiste a chur ar fáil go réidh lena infheistiú nuair a gheofaí tuilleadh ordachán ón Aire. Bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún a chuid acmhainní airgid thirim a úsáid chun íoc as a ghealltanais ach bhí luach thart ar €6.8 billiún de shócmhainní eile ag teastáil lena leachtú thar raon aicmí sócmhainne.
- 4.32** I mí na Nollag 2010, tar éis comórtais shrianta tairisceana, bhronn NTMA conarthaí ar dhá ghnólacht as an bpainéal bainisteoirí trasdula chun bainistíocht a dhéanamh ar an trasdul (trasdul uimhir 14) thar a cheann. Bronnadh conradh trasdula amháin ar State Street Bank Europe Ltd (SSBE) atá lonnaithe i Londain chun sócmhainní a dhiúscairt ar tháille bhainistíochta a bhí bunaithe ar luach na sócmhainní a diúscaíodh.⁴ Ní raibh aon chúiteamh eile, seachas costais mhalairte coigríche áirithe, le híoc le SSBE.⁵
- 4.33** Idir Feabhra agus Bealtaine na bliana 2011, rinne SSBE luach €7.4 billiún de shócmhainní NPRF a dhiúscairt agus ba é a bhí sa táille a bhí iníoctha faoin gconradh ná €698,000.


Muirir bhreise ar thrasdul uimhir 14

- 4.34** I mí Dheireadh Fómhair 2011, tháinig NTMA ar an eolas, trí thuairiscí sna meáin chumarsáide, go raibh beirt fheidhmeannach shinsearacha, a raibh duine amháin díobh lonnaithe sa Ríocht Aontaithe agus a raibh duine eile díobh lonnaithe sna Stáit Aontaithe, tar éis scor de bheith ar fhoireann trasdula SSBE. D'iarr NTMA tuilleadh faisnéise ar SSBE.
- 4.35** Mar fhreagra, scríobh SSBE chuig NTMA ar an 12 Deireadh Fómhair 2011, á mhíniú dó go raibh aisíoc tugtha aige do chliant sa Ríocht Aontaithe tar éis coimisiún a chur i bhfeidhm nár aontaíodh go sainráite leis an gcliant, go raibh bearta cuí inmheánacha déanta aige mar chosaint ar aon teagmhas eile den chineál sin agus go raibh athbhreithniú cuimsitheach á dhéanamh aige ar an líon beag idirbheart eile san Eoraip níos luaithe sa bhliain 2011 inar aontaigh sé táille bhainistíochta, agus an táille sin amháin, a chur i bhfeidhm. Bhí trasdul 14 an NPRF i measc na n-idirbheart a bhí á n-athbhreithniú.
- 4.36** Ar an 28 Deireadh Fómhair 2011, scríobh NTMA chuig SSBE á chur in iúl dó, i bhfianaise athbhreithniú leanúnach SSBE ar idirbhearta eile, go raibh SSBE á chur ar fionraí aige ón bpainéal bainisteoirí trasdula. Tá an fhionraí sin i bhfeidhm i gcónaí.

4 1.65 bonnphointe (0.0165%) i gcás luach an chuid is mó de na sócmhainní agus 1.25 bonnphointe (0.0125%) i gcás luach an chuid eile.

5 Tá State Street Bank Europe Ltd (SSBE) údaraithe agus á rialáil ag Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe.

Fíor 4.7 Seirbhísí a bhfuil Conarthaí i bhfeidhm ag NTMA ina leith chun Bainistíocht a dhéanamh ar Chothromais agus ar Bhannaí Liostaithe^a



Ról an choimeádaí dhomhanda

Déanann an coimeádaí urrúis agus sócmhainní eile ar leis an gCiste iad a shlánchoimeád. De bhreis air sin tá feidhmeanna eile ag an gcoimeádaí domhanda lena n-áirítear réiteach idirbheart, bailiú ioncaim agus díbhinní ó shócmhainní lena n-áirítear comhshó fáiltas in airgeadra coigríche, éileamh a dhéanamh ar aisíocaíochtaí cánach, bainistiú airgid thirim, luacháil laethúil urrús agus sonraí a sholáthar chun tacú le feidhmeanna cuntasáíochta agus feidhmeanna tomhaiste feidhmíochta an Chiste.

Ról an bhainisteora infheistíochta

Roinntear leithdháileadh sócmhainní straitéiseacha an Chiste chun críocha infheistíochta i roinnt mandáidí infheistíochta de réir cineál (e.g. gnáthscaireanna) agus de réir na láithreach geografáí (e.g. an Eoraip). Cuirtear bainistiú na mandáidí sin amach chuig sain-institiúidí bainistithe infheistíochta (bainisteoirí infheistíochta). Déanann bainisteoirí infheistíochta bainistiú ar phunainn, trádáil laethúil ina measc, laistigh de threoirlínte agus paraiméadair arna leagan síos ag an gCoimisiún. Bhí seirbhísí 11 bhainisteoir infheistíochta á n-úsáid ag an gCiste faoi dheireadh 201.

Ról an bhainisteora trasdula

Baineann trasdul le hathstruchtúrú phunann an Chiste, rud a dhéantar de ghnáth nuair a aistrítear bainistiú infheistíochta chuig gnólachtaí nua, nuair a tharlaíonn athrú ar an straitéis leithroinnte sócmhainní nó nuair a tharlaíonn instealladh mór isteach sa phunann roghnach, nó aistarraingtí móra amach as, ar nithe iad is cúis le gá le trádáil shuntasach i margaí liostaithe. Fostaíonn an Ciste bainisteoirí trasdula chun urrúis atá ag teastáil nó atá á ndiúscairt a cheannach nó a dhíol thar cheann an Chiste. Féachann bainisteoir trasdula leis na costais a ghabhann le tionchar margaidh a íoslaghdú trí thráthú cúramach a dhéanamh i ndáil le trádálacha a fheidhmiú. De bhreis air sin, déanann an bainisteoir trasdula comhordú ar na rannphairtíthe éagsúla lena mbaineann lena n-áirítear bainisteoirí infheistíochta, an coimeádaí domhanda agus GBCN. Is é is cuspóir don socrú, dá bhrí sin, ná a chumasú bainistíocht rianúil a dhéanamh ar rioscaí margaidh, ar rioscaí oibríochta agus ar chostais a thabhaítear.

Nóta: a Tá sócmhainní áirithe de chuid an Chiste ann nach ndéantar bainistíocht orthu trí na socruithe a leagtar amach i bhFíor 4.7 lena n-áirítear maoin, cothromas príobháideach, tráchtearraí agus infheistíochtaí ciste fhálaithe ar nithe iad sin a ndéanann tríú páirtí bainistíocht orthu, mar aon le hairgead tirim agus roinnt banna-shócmhainní ar nithe iad sin a ndéanann GBCN bainistíocht orthu.

- 4.37** Ar an 14 Samhain 2011, scríobh SSBE chuig NTMA arís á rá go raibh sé chinneadh déanta aige, tar éis athbhreithniú a dhéanamh, go ndearnadh coimisiún nach raibh aon chomhaontú conartha ann ina leith a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta NPRF i dtrasdul uimhir 14. I mí na Nollag 2011, d'íoc SSBE €2.65 milliún le NPRF, is é sin, meastachán SSBE ar mhéid comhlán na suimeanna breise a cuireadh i bhfeidhm.
- 4.38** I mí Eanáir 2012, chuir SSBE in iúl do NTMA go ndearnadh táillí nach raibh comhréireach lena socruithe conartha agus nach raibh trédhearcach i súile na gcliant a mhuirearú ar líon beag cliant eile dá gcuid sa Ríocht Aontaithe. D'fhostaigh SSBE PwC Boston chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar na táillí, ar an gcoimisiún agus ar na raonta difríochta a muirearaíodh i leith thrasdul uimhir 14 agus modheolaíocht a d'aontaigh PwC le NTMA á húsáid. I Márta 2012, thuairiscigh PwC go raibh athríomhaireacht déanta acu ar na muirir agus gur chinn siad gurbh é a bhí sa mhéid a bhí le híoc ag SSBE ná €2.61 milliún, is é sin, suim a bhí rud beag níos ísle ná an t-aisíoc a bhí íoctha le NPRF. Aontaíodh roimh ré le SSBE nach mbeadh ar NPRF aon aisíocaíocht a dhéanamh in imthosca den sórt sin.

Bonn Trádála

- 4.39** San aighneacht tairisceana a rinne SSBE maidir le trasdul uimhir 14, luaigh SSBE go ngníomhódh sé mar ghníomhaire do NPRF i ndáil le trádáil chothromais. Luaigh NTMA gurbh ionann trádáil ghníomhaireachta, seachas trádáil mar phríomhaí, agus gné thar a bheith tábhachtach le linn dó measúnú a dhéanamh ar aighneacht tairisceana SSBE agus gur rannchuidigh sé sin leis an scór deiridh a fuair sé sa mheasúnú tairisceana. (Féach Fíor 4.8 chun mínithe a fháil ar na boinn trádála.) I mí Iúil 2012, áfach, scríobh SSBE chuig NTMA á thuairisciú go raibh sé cinnte aige, mar thoradh ar athbhreithniú leantach ar idirbhearta a rinneadh sna blianta 2010 agus 2011, gur ghníomhaigh se mar 'príomhaí saor ó riosca' i dtaca le leachtú scaireanna áirithe de chuid NTMA i dtrasdul uimhir 14, rud a bheadh neamhréireach lena dhualgaís mar ghníomhaire de chuid NTMA, agus go raibh brabús thart ar \$787,000 déanta aige ar na hidirbhearta gan glacadh le haon riosca cailteanais. Thairg SSBE an méid sin a aisíoc.⁶
- 4.40** Ar an 21 Lúnasa 2012, scríobh NTMA chuig SSBE á rá gur cinneadh, tar éis an t-ábhar a athbhreithniú, go nglacfadh an Coimisiún le tairiscint SSBE chun aisíoc \$787,279 a thabhairt ach sin faoi réir na tuisceana nárbh ionann glacadh leis an íocaíocht agus réiteach iomlán críochnaitheach i leith an méid a bhí dlite do NPRF agus gan dochar dá cheart ar imscrúdú iomlán faoin ábhar chun an méid a bhí dlite a dhaingniú, ar imscrúdú é a dhéanfadh gnólacht gairmiúil neamhspleách agus a n-íocfadh SSBE as. Ar an 24 Lúnasa 2012, d'íoc SSBE an méid sin ina iomláine leis an gCiste.

Trasdulta Roimhe Seo

- 4.41** Chuir NTMA faoi deara 16 thrasdul a chur i gcrích faoin gcreat-chomhaontú. Roimhe sin, bhí SSBE bainteach le dhá thrasdul eile de chuid NPRF (uimhreacha 3 agus 4), a ndearnadh an dá cheann acu sa bhliain 2009 agus, i bhfianaise na taithí ar thrasdul uimhir 14, d'iarr NTMA ar SSBE athbhreithniú a dhéanamh ar na trasdulta sin.
- 4.42** Ar an 23 Feabhra 2012, fuair NTMA litir fianaithe ó SSBE á rá go raibh athbhreithniú déanta ag a roinn comhlíontachta ar an dá thrasdul agus nach raibh aon saincheisteanna aimsithe faoi cheachtar trasdul. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí tacaíochta trádála a bhain leis na trasdulta, scríobh NTMA chuig SSBE ar an 21 Lúnasa 2012 chun saincheist a ardú maidir le conclúidí athbhreithniú SSBE a mhéid a bhain le trasdul uimhir 4. Tá an t-ábhar á phlé fós.

6 Is ionann na brabúis \$787,000 agus suim thart ar €630,000 amhail Lúnasa 2012.

- 4.43** Scríobh NTMA chuig bainisteoirí eile trasdula a bhfuil conarthaí acu chun gníomhú thar ceann NPRF á iarraidh orthu a dhaingniú nach ndearnadh aon choimisiúin neamhúdaráithe a chur i bhfeidhm le linn aon trasdulta a bhí á mbainistiú thar ceann NPRF.

Tuairisciú don Rialtóir Iomchuí

- 4.44** Is é Údarás Seirbhísí Airgeadais na Ríochta Aontaithe (FSA) príomhrialtóir SSBE. Luaigh NTMA gur iarr an Coimisiún, ar an 29 Meitheamh 2012, go gcuirfí FSA ar an eolas faoin ábhar seo cé nach raibh aon oibleagáid dhlíthiúil nó rialála ar NTMA ná ar an gCoimisiún na saincheisteanna muirearúcháin a d'éirigh i ndáil leis na déileálacha le SSBE a chur in iúl do FSA. Rinne NTMA amhlaidh ar an 7 Lúnasa 2012. Chuir SSBE in iúl do NTMA i scríbhinn ar an 26 Eanáir 2012 go raibh fógra tugtha aige do FSA faoin tsaincheist.

Fíor 4.8 Roinnt Téarmaí maidir le Trádáil Sócmhainní

Trádáil mar Phríomhaí

Tarlaíonn trádáil mar phríomhaí (dá ngairtear trádáil dílseánaigh freisin) nuair a thrádálann foras airgeadais nó bróicéir (gnólacht trádála) ar a chuntas féin seachas thar ceann custaiméara.

Trádáil Ghníomhaireachta

Tarlaíonn trádáil ghníomhaireachta nuair a thrádálann an gnólacht trádála thar ceann cliaint agus nuair a rialaítear an trádáil le téarmaí an chomhaontaithe conartha idir an cliant agus an gnólacht trádála.

Tá riosca ann sa mhéid go bhféadfadh coimhlínt leasanna a bheith ann i gcás ina ndéanann cuideachta thrádála trádáil dílseánaigh a chur i gcrích agus, freisin, go ngníomhaíonn sí mar ghníomhaire do chliant rud a fhágann go ndéantar gnóchain ar ceart go bhfabhróidís don chliant a leithroint, ina ionad sin, chun sochair don chuideachta thrádála.

Easnamh maidir le Cur i bhFeidhm

Is é atá sa ghnáthchleachtas margaidh ná go ndéantar feidhmíocht bainisteora trasdula a thomhas de réir 'an t-easnamh maidir le cur i bhfeidhm' atá ann mar thoradh na hoibre. Déantar é a ríomh trí thomhas a dhéanamh ar an difríocht idir feidhmíocht an bhainisteora trasdula le linn punann trasdula a dhiúscairt thar thréimhse ama agus an méid a bhainfí amach go hipitéiseach dá ndéanfaí an phunann a dhíol ar an toirt. Is ionann easnamh maidir le cur i bhfeidhm agus costas "foriomlán" na trádála agus cuimsítear ann costais raoin difríochta tairisceana/iarrtha, tionchar margaidh (e.g. an tionchar ar an bpraghas a ghabhann le punann mhór a dhiúscairt) agus costais shainraite (e.g. cánacha agus coimisiúin).

Déantar an t-easnamh maidir le cur i bhfeidhm a mheas roimh gach trasdul agus sloinntear é mar mheastachán sonrath (mar shampla 20 bonnphointe, 0.2%) in eineacht le diall caighdeánach (mar shampla móide nó lúide 50 bonnphointe, +/-0.5%).

Is ionann diall caighdeánach an easnamh maidir le cur i bhfeidhm agus an ghnáth-inathraitheacht a mbítear ag súil léi sa toradh i gcomparáid leis an meastachán lárnach réamhthrádála agus de bharr an riosca a éiríonn as dálaí éiginnte margaidh. Measfaí gur 'gnáth-thoradh' é aon toradh laistigh den raon móide nó lúide aon diall caighdeánach ón meastachán réamhthrádála.

Dea-Fheidhmiú

Baineann dea-fheidhmiú le hoibleagáid an bhróicéara an trádáil is fearr a fháil do chustaiméir agus aird á tabhairt ar phraghas, ar chostais, ar luas an fheidhmithe, ar réiteach agus ar aon fhachtóirí iomchuí eile.

Rialuithe ar Thrasdul

4.45 Luaigh NTMA go ndéanann sé na rioscaí bunúsacha a éiríonn i ndáil le trasdulta a bhainistiú mar a leanas:

- trí eagraíochtaí rialáilte de chineál mórscaála substaintiúil a úsáid mar bhainisteoirí trasdula
- trí théarmaí diana conartha a aontú leis na bainisteoirí trasdula, lena n-áirítear an cumas chun iniúcháirí a fhostú chun leabhair, cuntais agus ráitis eile airgeadais an bhainisteora trasdula a iniúchadh sa mhéid go mbaineann siad leis na seirbhísí a sholáthraítear do NPRF
- trí idirghníomhú leanúnach leis an mbainisteoir trasdula agus le coimeadaí domhanda NPRF sna laethanta roimh an trasdul agus le linn an trasdula, agus
- trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar thorthaí iarthrasdula.

4.46 Tá sé de cheangal ar bhainisteoirí trasdula trasdulta a chur i gcrích i gcomhréir le creat-chomhaontuithe le NTMA lena n-áirítear ceanglas maidir le beartais i ndáil le trádáil, dea-fheidhmiú agus coimhlintí leasa a dhaingniú ar bhonn bliantúil agus maidir le daingniú a thabhairt á rá nár tharla aon sárúithe ábhartha ar na beartais sin. Ós rud é gur tharla trasdulta go minic, fuarthas an daingniú sin, le fírinne, tráth gach comórtais tairisceana nuair a dhaingnigh bainisteoir trasdula ina fhreagra ar an tairiscint nár tharla aon athrú ábhartha dochrach ar a mhúnla gnó, ar a tháirge nó ar a chumas bainistithe trasdula, ar fheidhmíocht bhainistíochta trasdula, ar na daoine is tábhachtaí den fhoireann, ar chórais ná ar chaighdeáin oibríochta.

4.47 Is é atá sa ghnáthchleachtas margaidh ná go ndéantar feidhmíocht bainisteoirí trasdula a thomhas de réir thoradh an easnamh maidir le cur i bhfeidhm i gcás gach trasdula ar leith (féach Fíor 4.8). Déanann NTMA athbhreithniú ar na praghsanna a thuairiscíonn na bainisteoirí trasdula ina gcuid tuarascálacha ar easnamh maidir le cur i bhfeidhm agus dírithe go háirithe ar mhínithe a thugtar i ndáil le hathruithe san easnamh maidir le cur i bhfeidhm i gcomparáid leis an meastachán réamhthrádála agus leis an diall caighdeánach réamhthrádála. Luaigh NTMA gur mheas SSBE, roimh an trasdul, gurb é a bheadh san easnamh maidir le cur i bhfeidhm ná figiúr thart ar 35 bhonnphointe (0.35%) agus go mbeadh diall caighdeánach ± 73 bhonnphointe (0.73%) ann, rud a thug le tuiscint go mbeadh 'gnáth'-thoradh laistigh de raon ina mbeadh gnóchan 38 mbonnphointe agus costas 108 mbonnphointe. Ba é a bhí san easnamh maidir le cur i bhfeidhm a tuairiscíodh ná 20 bonnphointe. Bhí na coimisiúin bhreise a muirearaíodh comhionann le 7 mbonnphointe, rud a chiallaíonn gurb é ba cheart a bheith ann mar easnamh maidir le cur i bhfeidhm ná 13 bhonnphointe. Ní raibh na coimisiúin bhreise a muirearaíodh (0.07%) ábhartha i dtaca le toradh foriomlán airgeadais an trasdula a bhí faoi bhun an mheastacháin réamhthrádála agus a bhí píosá maith laistigh den inathraitheacht a d'fhéadfadh a bheith ann i 'ngnáth'-chúinsí margaidh.

Gníomhartha atá Beartaithe

4.48 Luaigh NTMA go bhfuil sé ag beartú bearta breise a dhéanamh chun maolú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann go sonrach le gníomhaíochtaí de chineál atá cosúil leo sin a bhí ann maidir le trasdul uimhir 14.

- Féachfaidh NTMA le feabhas a chur ar infheictheacht trádálacha gníomhaireachta trasdula thar ceann an Chiste chun a chinntiú go ndéanfaí aon iarrachtaí ar ionramháil praghsanna a aimsiú sa phróiseas réitigh. Chuige sin, in ionad trádálacha gníomhaireachta a bheith á réiteach trí chuntas bróicéara de chuid an bhainisteora trasdula, réiteofaí iad go díreach leis an gcontrapháirtí margaidh tríú páirtí. Trí shocrú den sórt sin, chuirfí ar chumas choimeadaí domhanda an Chiste praghas na trádála a mheaitseáil go díreach leis an gcontrapháirtí margaidh agus, dá bhrí sin, chuirfí cosc ar aon athrú míchuí ar shonraí trádphraghais laistigh d'eagraíocht an bhainisteora trasdula.

- Maidir le trasdulta measartha mór, i gcás ina meastar go mbeadh sé cost-éifeachtach déanamh amhlaidh agus i gcás nach bhfuil aon mhodh réasúnach malartach ann chun deimhniú a fháil i ndáil le trádphraghsanna agus le muirir choimisiúin, fostóidh NTMA iniúcháir inmheánach an Chiste chun leabhair an bhainisteora a iniúchadh de réir mar a bhaineann siad le trasdul NPRF.
- Féachfaidh NTMA, más indéanta agus más praiticiúil, le forbairt caighdeán agus cleachtas feabhsaithe margaidh a chur chun cinn sa tionscal bainistíochta trasdula agus é mar chuspóir dó sin ná feabhas a chur ar na leibhéil trédhearcachta, ar bhailíochtú idirbheart tríú páirtí agus ar fhormhaoirseacht i gcoitinne.

An riosca go ndéanfaidh Bainisteoirí Infheistíochta muirir mhíchearta a ghearradh

4.49 Déanann bainisteoirí trasdula trádálacha aon uaire mórskála thar ceann NPRF ach, os a choinne sin, tá freagracht ar bhainisteoirí infheistíochta as trádálacha ar bhonn leanúnach le linn dóibh bainistíocht a dhéanamh ar shainorduithe infheistíochta thar ceann NPRF.

4.50 I dtaca leis an riosca go dtarlóidh muirir neamhúdaraith, thug NTMA suntas do roinnt pointí a bhaineann le rialú bainisteoirí infheistíochta:

- Maidir le trádálacha a dhéanann bainisteoirí infheistíochta, cuirtear in iúl don choimeádaí domhanda iad agus réitíonn siad iad go díreach le bróicéir tríú páirtí. Tá sé sin éagsúil leis an ngnáthchleachtas margaidh maidir le bainistiú trasdula.
- Déantar na praghsanna go léir a bhaineann bainisteoirí infheistíochta amach a chur faoi bhráid gnólacht neamhspleách tríú páirtí a dhéanann faireachán agus anailís ar ghníomhaíocht trádála agus é ag féachaint le haon chásanna a shainaithint ar cásanna iad nár baineadh dea-fheidhmiú amach ina leith. Tuairiscíonn an gnólacht neamhspleách do NTMA gach ráithe agus sainaithníonn sé aon chásanna ina léiríonn a anailís go bhféadfadh sé nár baineadh amach dea-fheidhmiú ina leith nó inar dealraitheach costais arda bhróicéireachta a bheith ann.
- Ní mór do gach bainisteoir infheistíochta ráitis ráithiúla óna roinn comhlíontachta a sholáthar á rá gur chomhlíon sé téarmaí a chomhaontaithe bainistithe infheistíochta agus ní mór dó freisin tuarascáil a sholáthar gach bliain ó iniúcháir seachtrach ar tuarascáil í ina dtugtar tuairisc ar an timpeallacht rialaithe a bhaineann le seirbhísí bainistithe infheistíochta lena n-áirítear ord trádála agus próisis feidhmithe. Déantar na rialuithe feidhmithe trádála a iniúchadh chun deimhniú réasúnach a sholáthar go ndéantar idirbhearta a údarú, a fheidhmiú agus a leithroinnt go cuí ar mhodh tráthúil cruinn. Tá cleachtas margaidh forbartha anois go pointe a fhágann go bhfuil tuarascálacha iniúchára sheachtraigh den sórt sin ar fáil go measartha forleathan i leith bainisteoirí infheistíochta ach, ag an am céanna, nach soláthraítear iad i gcoitinne i leith bainisteoirí trasdula.

Forléargas ón bPríomhfheidhmeannach

4.51 Tá sé ráite ag Príomhfheidhmeannach NTMA gur próiseas casta airgeadais é an bhainistíocht trasdula a bhfuil saineolas suntasach ar thrádáil agus ar mhargaí ag teastáil ina leith chomh maith le cumais teicneolaíochta agus bainistíochta tionscadail chun méideanna an-mhór idirbheart urrús a chomhordú agus a fheidhmiú. Léirigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuair NPRF tairbhe shuntasach ón bpainéal bainisteoirí trasdula agus, go háirithe, gur éascaigh úsáid na mbainisteoirí trasdula leachtú a dhéanamh ar chion an-substaintiúil sócmhainní ar chostas íseal agus gan tionchar rómhór a imirt ar an margadh, rud a rinneadh chun a chur faoi deara go mbeadh suim €20 billiún de shócmhainní an Chiste ar fail lena n-infheistiú in BAÉ agus i mBanc na hÉireann de réir mar a ordáíodh. Bainistíonn NTMA na rioscaí a éiríonn trí shocruithe láidre conartha a dhéanamh le heagraíochtaí rialáilte de chineál mórskála substaintiúil agus idirghníomhú leanúnach leis an mbainisteoir trasdula roimh an trasdul, le linn an trasdula agus tar éis an trasdula.

- 4.52** Bíonn NTMA ag súil leis na caighdeáin is airde ionracais ar thaobh na ngnólachtaí a fhostaíonn sé agus measann sé nach inghlactha ar chor ar bith eispéireas an Chiste i ndáil le trasdul uimhir 14.
- 4.53** Sa chás seo, ní raibh na leasuithe a cuireadh i bhfeidhm go míchuí maidir le sonraí trádála infheicthe riamh do NTMA ná don choimeádaí domhanda. Ba dhealraitheach freisin nár sainaitníodh iad trí rialuithe nó nósanna imeachta inmheánacha SSBE ná trína chuid feidhmeanna iniúchóireachta nó comhlíontachta. Tuigeann NTMA gur aimsíodh an rómhuirearú mar go raibh cliant Ríochta Aontaithe de chuid SSBE in ann a shainaithint nach raibh an praghas díola a thuairiscigh an margadh i leith trádálacha sonracha in urrúis 'inrianaithe' ag freagairt don phraghas a thuairiscigh SSBE dó.⁷ Ní raibh aon chuid de na sócmhainní a shealbhaigh NPRF 'inrianaithe' agus ní fhéadfadh NTMA an teicníocht sin a úsáid chun na praghsanna cearta trádála a aimsiú.
- 4.54** Tá aisíocaíocht tugtha go pras ag SSBE do NPRF i leith thrasdul uimhir 14 agus tá socruithe curtha i bhfeidhm aige, nó tá sé aontaithe aige socruithe a chur i bhfeidhm, chun bailíochtú neamhspleách a sholáthar maidir leis na méideanna a aisíocadh. I bhfianaise na taithí a fuarthas i ndáil le trasdul uimhir 14, chinn NTMA athbhreithniú eile a dhéanamh ar thrasdulta a rinne SSBE roimhe sin do NPRF. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin, sainaitníodh saincheist amháin eile mar atá leagtha amach i mír 4.42 thuas agus tá pléite ar siúl fós faoin ábhar sin.
- 4.55** Le linn athbhreithniú a dhéanamh ar na saincheistean a tháinig chun cinn i leith thrasdul uimhir 14, shainaithin NTMA bearta áirithe a bheartaíonn sé a dhéanamh mar atá leagtha amach ar shlí níos mionsonraithe i mír 4.48 thuas.

Conclúidí agus Moltaí – Íocaíochtaí as Seirbhísí Bainisteora Trasdula

- 4.56** I rith na bliana 2011, leachtaigh NPRF sócmhainní chun íoc as a ghealltanais €10 billiún a sholáthar faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/CAI d'Éirinn. Mar chuid den phróiseas sin, leachtaigh SSBE luach €4.7 billiún de shócmhainní a leachtú ar tháille bhainistíochta €698,000. Ach chuir SSBE coimisiún €2.6 milliún i bhfeidhm freisin ar coimisiún é nach raibh aon chomhaontú conartha ann ina leith agus thuill sé brabús €0.6 milliún freisin ar dhíol shealbhaíocht NPRF i gciste innéacs le linn gníomhú mar phríomhaí ach gan glacadh le haon riosca cailteanais.
- 4.57** Tá aisíocaíocht tugtha ag SSBE do NPRF i leith na gcoimisiún neamhúdairithe agus phríomhshuim na mbrabús trádála.
- 4.58** Cé gurbh ionann na muirir bhreise agus céatadán beag de na sócmhainní a dhíol SSBE thar ceann NPRF (0.07%), ba é ab éifeacht leo ná méadú a dhéanamh ar an méid a thuill SSBE go suim os cionn 5.5 oiread na táille conartha.
- 4.59** Rinne NTMA athbhreithniú iar-thrasdula a bhí ceaptha chun deimhniú a fháil á rá go raibh toradh an trasdula laistigh de na meastacháin réamh-thrasdula ina leith. Bhí torthaí an athbhreithnithe iar-thrasdula sásúil agus bhí siad laistigh den raon a rabhtas ag súil leis. Ach cé gur bonn fóna é easnamh maidir le cur i bhfeidhm chun binsemharcáil agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht trasdulta, tá ceistean ann faoina íogaireacht maidir le seiceáil a dhéanamh faoi chostais choimisiúin. D'fhéadfadh sé tarlú nach ionann brath ar rialuithe inmheánacha soláthróirí seirbhíse rialáilte agus cosc a chur ar chur i bhfeidhm coimisiún neamhúdairithe ná ar bhrabús a fháil ó dhíúscairt shealbhaíochtaí NPRF ná nithe den sórt sin a aimsiú.

⁷ Bhí urrúis áirithe a thrádáil an cliant ina mbannaí SA 'inrianaithe' – i gcás inarb é atá sa chaighdeán margaidh ná go ndéantar tuairisciú poiblí faoi mhionsonraí ar fad na dtrádálacha ar leithligh.

4.60 Is ceart do NTMA na bearta a chur i bhfeidhm atá beartaithe aige chun maolú a dhéanamh ar na rioscaí go ndéanfaidh bainisteoirí rómhuirearú. De bhreis air sin, moltar an méid seo a leanas:

Moladh 4.1: Cé go bhfuil aird á tabhairt ar an togra chun ráitis chomhlíontachta iar-thrasdula a fháil ó bhainisteoirí trasdula, is ceart do NTMA breithniú a dhéanamh i dtaobh na praghsanna a bhaineann bainisteoirí trasdula a thíolacadh, ar bhonn samplaí randamacha b'fhéidir, do ghnólacht neamhspleách tríú páirtí chun athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar aon chásanna inar dealraitheach nár baineadh amach dea-fheidhmiú nó inar dealraitheach costais arda bhróicéireachta a bheith ann.

Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh: Breithneoidh NTMA an moladh seo. I gcomhthéacs na saincheisteanna sonracha a éiríonn maidir le trasdul uimhir 14, áfach, creideann NTMA gurbh éifeachtaí athrú a dhéanamh ar struchtúr oibríochtúil trasdulta, mar a thuairiscítear thuas, ionas go ndéanann coimeádaí domhanda an Chiste trádálacha trasdula a mheaitseáil go díreach leis an gcontrapháirtí tríú páirtí.

Moladh 4.2: Athbhreithniú a dhéanamh i dtaobh an ceart téarmaí maidir le pionóis a bheith san áireamh i gconarthaí ar pionóis iad a bheadh iníoctha le NPRF, de bhreis ar chúiteamh a thabhairt do NPRF i leith caillteanas, in imthosca ina mainníonn bainisteoir oibleagáid ábharach conartha a chomhlíonadh.

Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh: Déanfaidh NTMA athbhreithniú den sórt sin. Léiríonn an réamhchomhairle dhlíthiúil atá faighte againn go bhfuil an pointe sin clúdaithe le teidlíocht an Chiste chun damáistí a fháil faoi chreat-chomhaontuithe láithreacha le bainisteoirí trasdula, agus go bhfuil sé clúdaithe le prionsabail ghinearálta an dlí conartha freisin, agus go bhféadfadh sé, maidir le forchur pionós atá ann mar chuid de chonarthaí, ar pionóis iad atá níos mó go suntasach ná na caillteanais (agus arb é is príomhchuspóir dóibh ná páirtí a chur ó chonradh a sháru), nach mbeadh sé sin infhorfheidhmithe ag na cúirteanna.

Moladh 4.3: D'ainneoin go bhféadfadh sé nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil air nithe áirithe a thuairisciú d'údaráis rialála, is ceart don Choimisiún, mar ábhar beartais, i gcásanna ina bhfuil drochamhras ann gur mainníodh gnó a sheoladh go cuí ar thaobh gnólachta atá ar fostú aige, cásanna den sórt sin a thuairisciú go pras do na húdaráis rialála iomchuí le go mbreithneodh na húdaráis sin na nithe sin.

Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh: Glacann NTMA leis an moladh seo. Is ceart a lua go ndearna an Coimisiún an t-ábhar seo a thuairisciú don rialtóir iomchuí cé nach raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ann.

Moladh 4.4: Is ceart do NTMA athbhreithniú a dhéanamh ar a úsáidí atá an t-easnamh maidir le cur i bhfeidhm mar phríomhthomhas feidhmíochta agus mar sheiceáil rialúcháin i ndáil le costais trasdulta.

Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh: Is é an t-easnamh maidir le cur i bhfeidhm an caighdeán margaidh i ndáil le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán trasdula. Maidir leis na saincheisteanna sonracha a tháinig chun cinn mar gheall ar thrasdul uimhir 14, déanfaidh NTMA na bearta a shainaithnítear i mír 4.48 agus na bearta sin a éiríonn as aghaidh a thabhairt ar mholtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a chur i bhfeidhm.


5 Idirbhearta Airgeadais AE

- 5.1** Ag éirí as a comhaltas san Aontas Eorpach (AE), tá oibleagáid ar Éirinn ranníocaí a dhéanamh le buiséad an AE. Ach faigheann sí tairbhe freisin ó raon leathan íocaíochtaí a dhéanann an AE.
- 5.2** Maidir le ranníoc na hÉireann le buiséad an AE agus maidir le híocaíochtaí a fhaightear isteach sa Phríomh-Chiste, tugtar cuntas ina leith sna Cuntais Airgeadais. Déantar an chuid is mó de Mhaoiniúchán AE a íoc go díreach le gníomhaireachtaí cur chun feidhme agus le tairbhíthe. Déantar maoiniúchán AE a sholáthraítear trí ranna Rialtais a bhreacadh isteach i gcuntas leithreasa na vótaí iomchuí. Tiomsaíodh an chaibidil seo chun forléargas a thabhairt ar na hidirbhearta airgeadais idir Éire agus an AE, ar na nósanna imeachta maidir le leithroinnt cistí AE agus ar na socruithe éagsúla iniúchóireachta a bhaineann leis na hidirbhearta sin.
- 5.3** Fuarthas an fhaisnéis atá sa chaibidil seo ón Roinn Airgeadais, ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Rinneadh tástáil fíorúcháin ar na híocaíochtaí leis an AE, ar fháltais ón AE agus ar an tslí inar cuireadh na nithe sin i bhfeidhm sna Ranna sin. I gcás inarb infheidhme, rinneadh na fáltais a fhiórú freisin trí scrúdú a dhéanamh ar chuntais leithreasa na ranna.

Glanfháltais ón AE

- 5.4** Is glantairbhí í Éire i dtaca le maoiniúchán AE de. Sa bhliain 2011, ranníoc Éire €1.35 billiún le buiséad an AE agus ba é a bhí sa tairbhe iomlán a fuair sí ó chaiteachas bhuiséad an AE ná €1.93 billiún. Idir na blianta 2007 agus 2011, is é atá sa tairbhe atá faighte ag Éirinn ó ghlanfháltais ón AE ná €2.4 billiún. Déantar fáltais ó bhuiséad an AE agus íocaíochtaí le buiséad an AE thar na cúig bliana seo caite a thaispeáint i bhFíor 5.1.

Fíor 5.1 Fáltais na hÉireann ó Bhuiséad an AE agus íocaíochtaí na hÉireann le Buiséad an AE 2007 go 2011



Foinse: An Roinn Airgeadais

Ranníoc le Buiséad an AE

5.5 Déantar buiséad an AE a mhaoiniú go príomha as ranníocaí acmhainní dílse ó gach ballstát ar leith. Is iad seo a leanas na hacmhainní dílse sin:

- ‘acmhainní dílse traidisiúnta’ – go príomha dleachtanna custaim a bhailítear thar ceann an AE. Déantar 75% den mhéid a bhailítear a íoc leis an AE agus coimeádann an ballstát an t-iarhmhéid chun na costais a ghabhann le bailiú agus riarachán a mhaoiniú.
- íocaíocht atá bunaithe ar CBL agus ar 0.3% den bhonn bunaithe CBL a méid.¹
- íocaíocht atá bunaithe ar chéatadán d'Ollioncam Náisiúnta (OIN) gach ballstáit ar leith.

5.6 Déantar na comhchodanna éagsúla de ranníoc na hÉireann i ngach ceann de na ceithre bliana seo caite a thaispeáint i bhFíor 5.2.

Fíor 5.2 Ranníoc na hÉireann le Buiséad an AE 2008 go 2011

An chomhchuid den ranníoc	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m
Acmhainní dílse traidisiúnta	202	176	186	200
Ranníoc atá bunaithe ar CBL	260	163	194	194
Ranníoc atá bunaithe ar OIN	984	1,001	908	895
Sásra ceartúcháin na Ríochta Aontaithe	141	115	56	53
Laghdú OIN na hÍsiltíre/na Sualainne	—	31	8	8
Iomlán	1,587	1,486	1,352	1,350

Foinse: An Roinn Airgeadais

¹ Luach na n-earraí agus na seirbhísí a raibh CBL infheidhme maidir leo, maille le coigeartuithe chun an bonn CBL a chomhchuíbhiú i measc na dtíortha AE go léir. Tagann an bonn faoi réir uasleibhéil atá comhionann le 50% den Ollioncam Náisiúnta. Is é sin suim ioncaim na gcónaitheoirí i ngeilleagar ar leith i dtréimhse áirithe agus tá coincheap an téarma comhchosúil leis an Olltáirgeacht Náisiúnta.

Fáltais ó Chistí Bhuiséad an AE

- 5.7 Fuarthas fáltais €1.93 billiún ón AE sa bhliain 2011 trí leas a bhaint as cistí agus as cláir éagsúla de chuid an AE. Tá foinse na bhfáltais i ngach ceann de na ceithre bliana seo caite leagtha amach i bhFíor 5.3.

Fíor 5.3 Fáltais na hÉireann ó Chistí an AE 2008 go 2011^a

Foinse na bhFáltais ón AE	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m
Cistí talmhaíochta agus forbartha tuaithe				
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF)	1,450	1,319	1,305	1,298
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD)	355	329	381	348
	1,805	1,648	1,686	1,646
Cistí Struchtúracha				
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF)	129	60	70	50 ^b
Ciste Sóisialta na hEorpa (ESF)	80	43	52	112
An Ciste Comhtháthaithe	—	23	—	9
	209	126	122	171
Cistí/fáltais eile				
An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú	—	—	25	36
An Ciste Tréidliachta	8	6	14	20
Plean Fuinnimh Eorpach do Théarnamh (EEPR)	—	—	33 ^c	18
An Ciste Eorpach Iascaigh (EFF)	3	3	15	—
Cláir Oideachais	14	11	15	14
Ciste Dlúthpháirtíochta an AE um Fhaoiseamh Tuile ^d	—	—	—	13
TEN-anna/EEA ^e	2	12	1	1
Fáltais eile	25	7	7	16
	52	39	110	118
Iomlán	2,066	1,813	1,918	1,935


Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

- Nótaí:
- a Sa bhliain 2011, rinneadh suim mheasta €85 mhilliún a íoc le tairbhíthe faoin gCreat-Chlár Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta. Ós rud é nár fhíoraigh na hÚdaráis Náisiúnta an méid sin, ní áirítear í sna figiúirí fáltais.
 - b Áirítear anseo fáltais €9.6 milliún ón gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas agus €9 milliún i leith chlár Chomhar Críochach na hÉireann-na Breataine Bige.
 - c Tá athlua déanta i leith an fhiigiúir a bhí i gcaibidil 2010 chun léiriú a dhéanamh ar íocaíocht dhíreach a fuarthas i ndáil le hidirnas leictreachais agus nár fógraíodh don Roinn Airgeadais go dtí Samhain 2011.
 - d Baineann na fáltais seo le deontas ó Chiste Dlúthpháirtíochta an AE tar éis tuilte a tharla in Éirinn sa bhliain 2009.
 - e Baineann na fáltais seo go príomha le tionscadail iompair, fuinnimh agus teileachumarsáide.

5.8 Déantar cistí a fhaightear a tharchur chuig faighteoirí deiridh ar roinnt bhealaí éagsúla, mar atá leagtha amach i bhFíor 5.4.

- Déantar formhór na bhfáltais ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta, is é sin beagnach €1.3 billiún, a shealbhú ar leithligh ó chistí Stáit nó ó chistí vótáilte agus áirítear iontu méideanna atá íoctha roimhe sin go díreach le tairbhíthe.
- Faightear méid substaintiúil (€421 mhilliún) mar leithreasai-gcabhair i gcás vótaí éagsúla.
- Ní raibh sna fáltais a fuarthas go díreach isteach sa Phríomh-Chiste ach 3% den mhéid iomlán a fuarthas sa bhliain 2011.

Fíor 5.4 Fáltais 2011 na hÉireann ó Chistí AE de réir Foinse



Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

Nótaí: a Tá luach €3 mhilliún d'fháltais EAGF san áireamh sna fáltais i vótaí.

b Áirítear anseo fáltais isteach sa Chiste Náisiúnta Oiliúna agus fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shealbhaítear i gcuntas fionraí.

Cistí AE a Bhainistiú

5.9 Déantar maoiniúchán AE a leithroinnt de ghnáth i gcomhair clárthréimhsí ilbhliantúla. Baineann an clárthréimhse láithreach leis an tréimhse 2007-2013. Rinneadh creat airgeadais gaolmhar don tréimhse sin a chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an AE agus an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún) faoi chomhaontú idirinstiúideach a glacadh i mBealtaine 2006. Déantar leithroinnt na gcistí i ngach bliain laistigh den chlárthréimhse a rialú le buiséad bliantúil AE maidir le caiteachas agus fáltais.

5.10 Déanann Comhairle an AE agus Parlaimint na hEorpa buiséad bliantúil an AE a chinneadh ar bhonn togra buiséid ón gCoimisiún agus tá an Coimisiún freagrach as an buiséad a chur chun feidhme freisin. Ba é a bhí sa dá phríomhghné de bhuiséad 2011 ná íocaíochtaí i leith na nithe seo a leanas:

- talmhaíocht agus forbairt tuaithe – a raibh thart ar 45% den bhuiséad inchurtha ina leith
- fás inbhuanaithe – ina n-áirítear maoiniúchán struchtúrach agus comhtháthaithe agus a raibh 42% eile den bhuiséad inchurtha ina leith.

- 5.11** Tá gach ceann de chistí an AE á rialú le rialacha éagsúla a bhaineann le bainistíocht airgeadais, rialú agus cuntasacht. Príomhdhifríocht is ea nach mór cuntais bhliantúla ar chaiteachas, arna ndeimhniú go neamhspleách, a thíolacadh gach bliain i gcomhair na gcistí talmhaíochta agus forbartha tuaithe ach nach mór cuntais dheimhnithe i gcomhair cistí struchtúracha a thíolacadh ag deireadh na clárthréimhse.

Cistí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe

- 5.12** Déantar caiteachas AE ar thalmhaíocht agus ar fhorbairt tuaithe a mhaoiniú as dhá chiste:
- an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (EAGF) trína ndéantar íocaíochtaí díreacha cúnaimh le feirmeoirí a mhaoiniú go hiomlán, gan ach roinnt eisceachtaí a bheith i gceist, chomh maith le raon beart tacaíochta margaidh a mhaoiniú, agus
 - an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD) a tháinig i ngníomh sa bhliain 2007 agus a úsáidtear chun cómhaoiniú a dhéanamh maidir le bearta a chuirtear chun feidhme faoi Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013.
- 5.13** Déanann gníomhaireachtaí creidiúnaithe íoca caiteachas EAGF agus EAFRD i mballstáit.² In Éirinn, is é an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an t-aon ghníomhaireacht chreidiúnaithe íoca i gcomhair EAGF agus EAFRD agus is é an t-údarás bainistíochta é i gcomhair EAFRD.³ Rinneadh an t-údarás chun íocaíochtaí a dhéanamh i leith bhearta sonracha an EAFRD a bhaineann le LEADER a tharmligean chuig an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.⁴
- 5.14** Ag deireadh na bliana, ní mór cuntais bhliantúla ar chaiteachas EAGF agus EAFRD, arna ndeimhniú go neamhspleách, a thíolacadh don Choimisiún. Tá sé de cheangal ar Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ráiteas dearbhaithe a sholáthar gach bliain maidir le cuntais agus córais rialaithe EAGF agus EAFRD. I gcás EAFRD, déanann an Roinn tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme EAFRD a thíolacadh freisin.
- 5.15** Déanann an Coimisiún cuntais bhliantúla EAGF agus EAFRD araon a imréiteach in dhá chéim – trí chinneadh um imréiteach bliantúil atá bunaithe ar dheimhniú neamhspleách na gcuntas bliantúil agus trí chinntí ad hoc um imréiteach a éiríonn as obair leantach iniúchóireachta a dhéanann an Coimisiún. Déanann an Coimisiún clár bliantúil iniúchóireachtaí a chur i gcrích maidir le scéimeanna agus réimsí sonracha tar éis dheimhniú na gcuntas bliantúil. Sheol sé trí mhisean iniúchóireachta den sórt sin in Éirinn sa bhliain 2011.

Cistí Struchtúracha

- 5.16** Leis na rialacháin lena rialaítear cistí struchtúracha, ceanglaítear ar bhallstáit cláir oibríochta a ullmhú agus a chomhaontú i gcomhar leis an gCoimisiún chun tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun feidhme agus chun bainistíocht airgeadais agus ceanglais rialaithe a fhorchur, ar nithe iad sin a bhaineann le cur chun feidhme cúnaimh chómhaoinithe.

² Déanann ballstáit gníomhaireachtaí íoca a chreidiúnú i gcás ina gcomhlíonann siad ceanglais shonracha maidir le rialú airgeadais agus cuntasacht i ndáil le caiteachas AE de réir mar a leagtar amach i reachtaíocht Chomhphobail (Rialachán AE 885/2006).

³ Tá an t-údarás bainistíochta freagrach as bainistiú agus cur chun feidhme an chláir ar shlí éifeachtúil, éifeachtach, cheart.

⁴ Tá an tionscnamh LEADER ceaptha chun cabhair a thabhairt maidir le forbairt pobal tuaithe inbhuanaithe.

5.17 Ceanglaítear ar gach ballstát faoi na rialacháin údarás bainistíochta, údarás deimhniúcháin agus údarás iniúcháireachta a ainmniú do gach clár oibríochta. Áirítear na nithe seo a leanas i measc fheidhmeanna agus fhreagrachtaí na gcomhlachtaí sin:

- Tá **an t-údarás deimhniúcháin** freagrach as ráitis dheimhnithe maidir le caiteachas agus iarratais ar íocaíocht a tharraingt suas agus a thíolacadh. Tá sé freagrach as cruinneas agus ionracas na ráiteas sin maidir le caiteachas a chinntiú.
- Tá **an t-údarás bainistíochta** freagrach as an gclár oibríochta a bhainistiú agus a chur chun feidhme de réir phrionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus as a chinntiú go dtagann gníomhaíochtaí a roghnaítear le haghaidh maoiniúcháin le critéir an chláir oibríochta. Tá sé freagrach freisin as a fhíorú go seachadtar tionscadail chómhaoinithe, go dtabhaítear i ndáiríre an caiteachas a dhearbhaíonn tairbhíthe agus go gcomhlíonann sé rialacha AE agus rialacha náisiúnta agus go bhfuil rian iniúchta leordhóthanach ann.
- Áirítear i measc fheidhmeanna an **údaráis iniúcháireachta** a chinntiú go ndéantar iniúchtaí ar oibríochtaí chun an caiteachas a dhearbhaítear don Choimisiún a fhíorú agus chun feidhmiú éifeachtúil córais bhainistíochta agus rialúcháin an chláir oibríochta a fhíorú. Ní mór dó straitéis iniúcháireachta a thíolacadh don Choimisiún agus tuarascáil bhliantúil rialúcháin a thíolacadh freisin ina leagtar amach torthaí iniúchtaí atá déanta. Maidir leis an tuarascáil rialúcháin ní mór tuairim bhliantúil a sholáthar inti i dtaobh an bhfeidhmíonn na córais go héifeachtach ionas go bhfuil deimhniú réasúnach ann á rá go bhfuil an caiteachas a dhearbhaítear ceart agus go bhfuil na hidirbhearta bunúsacha dlíthiúil agus rialta.⁵

5.18 Tá freagracht fhoriomlán beartais ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as cistí struchtúracha agus is í an t-údarás deimhniúcháin í freisin don ERDF. Tá dhá údarás bainistíochta ann don ERDF sa chlárthréimhse 2007-2013 – an Tionól Réigiúnach do réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus an Tionól Réigiúnach do réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Ina cáil mar údarás bainistíochta agus mar údarás deimhniúcháin, tá freagracht phríomha ar an Roinn Oideachais agus Scileanna as an ESF.

5.19 Tá sé de cheangal ar Ard-Rúnaí gach roinne atá bainteach le cur chun feidhme tionscadal cómhaoinithe dearbhú a shíniú gach bliain agus an dearbhú sin a thíolacadh don Roinn Airgeadais chun comhlíonadh na rialachán AE go léir is infheidhme a dhaingniú. Maidir le gach údarás bainistíochta a dhéanann cur chun feidhme airgeadais na gclár oibríochta a leagan síos i dtéarmaí spriocanna agus na nósanna imeachta measúnaithe atá i bhfeidhm a leagan amach, tíolacann siad tuarascáil ar chomhlíontacht don Choimisiún gach bliain.

5 Airteagal 62 de Rialachán Ginearálta 1083/2006.

Cistí AE a Iniúchadh

- 5.20** Déantar na socruithe iniúcháireachta atá i bhfeidhm laistigh de gach ceann ar leith de na ranna iomchuí i ndáil le cistí AE, mar aon le hachóimre ar ról Choimisiún an AE, Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Ard-Iniúcháir Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (ECA), a leagan amach thíos.

Socruithe Iniúcháireachta Roinne

Cistí Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe

- 5.21** Ceapann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gnólacht iniúcháirí chun deimhniú bliantúil neamhspleách agus tuarascáil ar rialuithe inmheánacha a sholáthar don Choimisiún. De bhreis air sin, chuir Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne bailchríoch ar ocht gcinn de thuarascálacha córais iniúcháireachta ar scéimeanna a fuair maoiniúchán EAGF agus EAFRD sa bhliain 2011 agus d'eisigh sé na tuarascálacha sin.

Cistí Struchtúracha

- 5.22** Tá údaráis iniúcháireachta do ERDF agus do ESF bunaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus sa Roinn Oideachais agus Scileanna faoi seach. Déanann na húdaráis sin iniúcháireachtaí ar oibríochtaí ar bhonn sampla oiriúnaigh chun caiteachas cáilithe arna dhearbhu don Choimisiún laistigh d'údaráis bhainistíochta, de chomhlachtaí idirmheánacha agus de thairbhíthe i gclár oibríochta sa chlárthréimhse 2007-2013 a fhíorú.⁶ Déantar an ghníomhaíocht iniúcháireachta a cuireadh i gcrích ar oibríochtaí ag ERDF agus ag ESF sa bhliain 2011 a thaispeáint i bhFíor 5.5.

Fíor 5.5 Gníomhaíocht Údarás Iniúcháireachta sa bhliain 2011

	An chlárthréimhse			
	2000 – 2006		2007 – 2013	
	ERDF ^a	ESF	ERDF	ESF
An líon oibríochtaí a iniúchadh sa bhliain 2011	—	—	18	34
Éilimh a fíoraíodh sa bhliain 2011 ^b	—	—	€34m	€17m
Éilimh charnacha fhíoraithe amhail ar an 31 Nollaig 2011	€495m	€284m	€167m	€82m
Éilimh charnacha cháilithe amhail ar an 31 Nollaig 2011	€40.155 m	€10.981 m	€226m	€465m
<i>An Ráta Fíorúcháin</i>	<i>12%</i>	<i>14%</i>	<i>74%</i>	<i>18%</i>

Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Oideachais agus Scileanna

Nótaí: a Tá údarás iniúcháireachta ERDF freagrach as fíorúchán 15% a dhéanamh freisin ar chaiteachas cáilithe ón gCiste Comhtháthaithe. Amhail ar an 31 Nollaig 2011, bhí €318 milliún nó 41% de chaiteachas carnach €779 milliún a dearbhaíodh don Choimisiún fíoraithe aige.

b Ní dhearnadh aon ghníomhaíocht iniúcháireachta sa bhliain 2011 i leith bhabhta 2000-2006 ós rud é go ndearnadh na héilimh chríochnaitheacha maidir leis na clár éagsúla oibríochta a thíolacadh sa bhliain 2010 agus gur dúnadh iad, nó go raibh dúnadh ina leith ar feitheamh, sa bhliain 2011.

6 Is é atá in oibríochtaí ná gníomhaíochtaí cómhaoinithe ar leithligh nó tionscadail chómhaoinithe ar leithligh ar gníomhaíochtaí nó tionscadail iad a chuireann tairbhíthe i bhfeidhm.

- 5.23** Déantar iniúchóireachtaí córas-bhunaithe a chur i gcrích freisin ag gach leibhéal de réir rialachán de chuid an AE agus de réir doiciméid teorach de chuid an Choimisiúin maidir le modheolaíocht choiteann chun measúnacht a dhéanamh ar chórais bhainistíochta agus rialúcháin.⁷ Rinne údarás iniúchóireachta ERDF na hiniúchóireachtaí córas-bhunaithe sin i leith oibríochtaí ERDF ón leibhéal údarás deimhniúcháin anuas go dtí leibhéal an chomhlachta phoiblí is tairbhí. Comhordaíonn údarás iniúchóireachta ESF plean bliantúil iniúchóireachtaí córas-bhunaithe atá le cur i gcrích ag aonaid iniúchta inmheánaigh i gcomhlachtaí atá bainteach le bainistiú agus le riaradh an chláir oibríochta.
- 5.24** Chinn údarás iniúchóireachta ERDF agus údarás iniúchóireachta ESF araon go raibh córais agus nósanna imeachta rialúcháin sna húdaráis bhainistíochta agus deimhniúcháin faoi seach sásúil i gcoitinne.

Iniúchóireachtaí ag Coimisiún an AE

- 5.25** Déanann seirbhísí iniúchóireachta ón gCoimisiún roinnt iniúchóireachtaí i mballstáit gach bliain agus tá an ceart acu iniúchóireachtaí a dhéanamh ar an toirt nó féadfaidh siad a iarraidh ar bhallstát cláir shonracha nó tionscadail shonracha a iniúchadh.

Iniúchóireacht ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 5.26** I gcás Roinn nó comhlacht Stáit a ndéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht uirthi nó air a bheith ag fáil cistí de chuid an AE, déantar iniúchóireacht ar fháil agus ar chur i bhfeidhm na gcistí sin ar an modh céanna le cistí náisiúnta agus le gach idirbheart eile de chuid an chomhlachta lena mbaineann. Le linn iniúchóireacht a phleanáil tugtar aird ar na cúraimí iniúchóireachta a chuireann dreamanna eile i gcrích lena n-áirítear Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (ECA), na húdaráis iniúchóireachta, an comhlacht seachtrach neamhspleách do thacaíochtaí talmhaíochta agus aonaid iniúchta inmheánaigh. Áirítear in obair iniúchóireachta tástáil a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha náisiúnta atá trasuite ó threoracha agus ó rialacháin AE. Tá an próiseas trasuite lasmuigh de chúram na hiniúchóireachta, áfach.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

- 5.27** Ba é a bhí i mbuiséad iomlán an AE don bhliain 2011 ná tuairim is €127 billiún agus is ionann an figiúr sin agus thart ar 1% d'Ollioncam Náisiúnta na 27 mballstát. Ó tharla go ndéantar ranníoc airgeadais na hÉireann (1% de bhuiséad iomlán an AE) a chomhthiomsú le ranníoc na mballstát eile, is ábhar comhleasa di a bheith cinnte go ndéantar cistí coiteanna a bhainistiú go héifeachtach. Ar leibhéal an AE, tugann ECA deimhniú ina leith sin.
- 5.28** Tá sé de cheangal ar ECA ráiteas bliantúil deimhniúcháin (tuairim iniúchóireachta) a thabhairt ar iontaofacht chuntais an AE agus ar dhlíthiúlacht agus ar rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin. Le linn na feidhmeanna sin a chomhlíonadh, tugann foireann ECA cuairt ar bhallstáit chun athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta, chun córais rialúcháin a thástáil agus chun mionscrúdú a dhéanamh ar shampla de na hiarratais a tíolacadh mar thacaíocht i ndáil le hioncaíochtaí le tairbhíthe deiridh.

7 Doiciméad Teorach Choimisiún an AE (COCOF 08/0019/01).

- 5.29** De réir na socruithe idirchaidrimh atá ann, déantar foráil gurb é Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a eagraíonn cuairteanna ECA ar Éirinn agus déantar gach comhfhreagras, lena n-áirítear cinntí iniúchóireachta ECA agus freagraí ón lucht bainistíochta, a dhíriú chuig an Oifig sin lena dtarchur chuig an gcomhlacht a ndéantar iniúchóireacht air. Bhí deich gcuart den sórt sin ann sa bhliain 2011. Tar éis comhairle a ghlacadh leis na húdaráis náisiúnta iomchuí, déanfar na cinntí ó na hiniúchóireachtaí sin a ionchorprú isteach i dtuarascáil bhliantúil ECA don bhliain 2011, ar tuarascáil í sin nár críochnaíodh fós.
- 5.30** Rinne ECA tuairisciú i mí na Samhna 2011 ar chur chun feidhme bhuiséad 2010 an AE. Chinn ECA gurbh ionann cuntais 2010 agus cuntas cóir ar an staid airgeadais ag deireadh na bliana 2010 agus ar thorthaí oibríochtaí na bliana. Thug ECA tuairim dhochrach, áfach, ar dlíthiúlacht agus ar rialtacht íocaíochtaí ba bhun leis na cuntais. Chinn sí go ndearnadh difear ábhartha do na híocaíochtaí ina n-iomláine mar gheall ar earráid agus measadh gurbh é a bhí sa ráta earráide ba dhóiche a bhí i gceist ná 3.7%. Measadh go raibh na córais fhoriomlána maoirseachta agus rialúcháin éifeachtach go páirteach i dtaca le dlíthiúlacht agus rialtacht íocaíochtaí a áirithiú ach fuarthas go ndearnadh difear ábhartha, mar gheall ar earráid, do dhá ghrúpa beartais – Talmhaíocht agus Acmhainní Nádirtha, agus Comhtháthú, Fuinneamh agus Iompar. Tá measúnacht ECA ar na córais mhaoirseachta agus rialúcháin d'íocaíochtaí AE ina n-iomláine, mar aon leis an leibhéal measta earráide d'íocaíochtaí faoi gach grúpa beartais ar leith, leagtha amach i bhFíor 5.6.
- 5.31** Is ionann an ráta measta earráide d'íocaíochtaí sa bhliain 2010, is é sin, 3.7%, agus méadú i gcomparáid leis an ráta 3.3% san bhliain 2009. Roimh an mbliain 2010, bhí laghdú tagtha ar an ráta measta earráide gach bliain ón mbliain 2006 nuair a measadh go raibh sé corradh beag le 7%.

Fíor 5.6 Tuairim ECA ar Rialtacht Íocaíochtaí AE 2010

Grúpa Beartais	Leibhéal measta earráide	Measúnacht ar chórais mhaoirseachta agus rialúcháin
Talmhaíocht agus Acmhainní Nádirtha	2.3%	Éifeachtach go páirteach
Comhtháthú, Fuinneamh agus Iompar	7.7%	Éifeachtach go páirteach
Cúnamh Seachtrach, Forbairt agus Méadú	1.7%	Éifeachtach go páirteach
Taighde agus Beartais Inmheánacha eile	1.4%	Éifeachtach go páirteach
Caiteachas Riaracháin agus caiteachas eile	0.4%	Éifeachtach
Foriomlán	3.7%	Éifeachtach go páirteach

Foinse: Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tuarascáil Bhliantúil 2010

Ceartúcháin agus Gnóthuithe

- 5.32** Brathann Coimisiún an AE ar na ballstáit chun cláir AE a chur chun feidhme, ar cláir iad a bhfuil os cionn ceithre chúigiú de bhuiséad iomlán an AE inchurtha ina leith. I gcás ina n-aimsítear earráidí nó mírialtachtaí, déanann Coimisiún an AE ceartúcháin airgeadais chun caiteachas nach bhfuil de réir rialacha agus rialachán infheidhme a eisiáimh ó mhaoiniúchán AE. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go gceadófar caiteachas eile in ionad an chaiteachais eisiata, rud nach leanann aon laghdú as i dtaca leis an méid foriomlán a fhaightear ón AE. D'fhéadfadh sé freisin go gcuirfear ceartúcháin i bhfeidhm tar éis easnaimh thromchúiseacha a aimsiú sna córais bhainistíochta agus rialúcháin atá ag ballstáit.

- 5.33** Thuairiscigh Coimisiún an AE go ndearna sé ceartúcháin agus gnóthuithe airgeadais ina raibh suim €4.4 billiún san iomlán a chur i bhfeidhm ar bhallstáit sa bhliain 2010. Níor bhain ach €23 mhilliún den tsuim uile-AE sin le hÉirinn. Is ionann sin agus corradh beag le 1% d'fháltais na hÉireann ón AE sa bhliain 2010. D'fhéadfadh sé go mbaineann na ceartúcháin agus na gnóthuithe sa bhliain 2010 le blianta roimhe sin.

Conclúidí

- 5.34** Ranníoc Éire €1.35 billiún le buiséad an AE sa bhliain 2011 agus fuarthas €1.93 billiún ó chistí AE.
- 5.35** Dála ballstát eile, is ábhar leasa d'Éirinn an tslí ina n-úsáidtear buiséad an AE. Thug Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuairim dhochrach faoi dhlíthiúlacht agus faoi rialtacht íocaíochtaí ón AE sa bhliain 2010. Mheas sé go raibh an ráta earráide d'íocaíochtaí AE ina n-iomláine tar éis méadú ó 3.3% sa bhliain 2009 go 3.7% sa bhliain 2010, ar méadú é sin a bhearnaigh treocht íslitheach roimhe sin sa ráta earráide.
- 5.36** Ba é a bhí sna ceartúcháin agus sna gnóthuithe a chuir Coimisiún an AE i bhfeidhm sa bhliain 2010 agus suim os cionn €4 billiún thar na ballstáit go léir agus bhí €23 mhilliún den tsuim iomlán sin inchurtha i leith na hÉireann nó 1% a bhí sa chéatadán den mhéid iomlán cistí AE a bhí á riaradh ag Éirinn.

6 Gealltanais Airgeadais faoi Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha

- 6.1** Is é atá i gcomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach (CPP) ná socrú idir comhpháirtithe de chuid na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí chun bonneagar poiblí agus/nó seirbhísí poiblí a sholáthar. Éiríonn oibleagáidí maoiniúcháin as gealltanais faoi CPP-anna agus, de ghnáth, síneann siad thar thréimhse 25 bliana go 30 bliain. Tá cineálacha éagsúla comhaontuithe den sórt seo ann agus déantar iad le comhpháirtithe san earnáil phríobháideach (tugtar achoimre ina leith in larscríbhinn A).
- 6.2** Tionsaíodh an chaibidil seo chun faisnéis a sholáthar faoi na gealltanais airgeadais arna ndéanamh ag ranna agus ag gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais lárnaigh i leith chonarthaí CPP.
- 6.3** Eisíodh iarraidh ar fhaisnéis chuig gach roinn/gníomhaireacht ag a bhfuil gealltanais faoi chonarthaí CPP. Maidir leis an bhfaisnéis a iarradh, áitítear nithe amhail caiteachas go dtí seo, gealltanais ionchasacha faoi thionscadail CPP, agus faisnéis faoi fhorbairtí suntasacha sa bhliain 2011. Chuathas i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta freisin.

Achoimre ar Chaiteachas agus ar Ghealltanais

- 6.4** I bhFíor 6.7 (larscríbhinn B), liostaítear na mórthionscadail CPP amhail ag deireadh mhí na Nollag 2011, ar ina leith a bhí conarthaí déanta ag ranna agus gníomhaireachtaí de chuid an Rialtais lárnaigh mar ghníomhaireacht urraíochta nó a raibh gealltanais airgeadais acu ar shlí eile i leith na dtionscadail.¹ Tá achoimre ar chaiteachas agus ar ghealltanais neamhiúctha faoi na conarthaí amhail ag deireadh na bliana 2011 leagtha amach i bhFíor 6.1.

Fíor 6.1 Caiteachas agus Gealltanais faoi Chonarthaí CPP ag deireadh 2011, de réir Urraitheora

Roinn/Gníomhaireacht	An líon Tionscadal	Caiteachas		Gealltanais neamhiúctha ^a €m
		Roimh 2011 €m	Sa bhliain 2011 €m	
Oideachas agus Scileanna	5	206	49	1,078
An tSeirbhís Chúirteanna	1	39	20	567
Oifig na nOibreacha Poiblí	1	41	54	658
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta (NRA)	10	1,072	213	1,689
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil ^b	20	594	54	37
Iomlán	37	1,952	390	4,029

Foinse: larscríbhinn B, Fíor 6.7

¹ Is é atá i mórthionscadail ná na tionscadail inarbh é a bhí sa chostas caipitiúil ar chruthú sócmhainní ná suim €20 milliún nó níos mó.

- Nótaí:
- a Glactar leis gurb é a bheidh sa mheánbhoilsciú ná 2% sa bhliain thar ré na gconarthaí atá fágtha.
 - b Is é atá sna méideanna a thaispeántar i ndáil le tionscadail arna gceadú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ná ranníocaíochtaí na Roinne i gcomhair an chostais chaipitiúil a bhaineann le tionscadail CPP de chuid údarás áitiúil. Ní áirítear iontu an caiteachas faoi na conarthaí ag na húdaráis áitiúla iomchuí ná na gealltanais neamhíoctha a bheidh le híoc ag na húdaráis áitiúla as a mbuiséid féin amach anseo.

- 6.5** Ba é a bhí sa chaiteachas faoi chonarthaí CPP sa bhliain 2011 ná €390 milliún. Bhí an caiteachas iomlán go dtí deireadh na bliana 2011 corradh beag le €2.3 billiún agus meastar gurbh é a bhí sna gealltanais neamhíoctha ná suim €4 billiún. Dá bhrí sin táthar ag tuar gurbh é atá sa chaiteachas iomlán Státchiste i leith conarthaí CPP atá i bhfeidhm faoi láthair ná suim €6.4 billiún.

Méadú ar Chostas Tionscadail

- 6.6** Tar éis díospóide idir NRA agus cuideachta CPP maidir le críochnú oibreacha ar scéim CPP N6 Gaillimh – Béal Átha na Sluaighe, ceapadh idirghabhálaí i mí Iúil 2011. Thángthas ar chomhaontú faoi réiteach i mí Lúnasa 2011 agus, faoin gcomhaontú sin, gheall an chuideachta CPP oibreacha sonraithe a chríochnú agus d'aontaigh NRA suim bhreise €16 mhilliún a íoc, ar íocadh an chuid is mó di sa bhliain 2011.² Is ionann tionchar foriomlán an réitigh ná go bhfuiltear ag tuar gurbh é a bheidh sna híocaíochtaí iomlána leis an gcuideachta CPP ná €376.5 milliún (agus is méadú 4.4% é sin).

Socruithe CPP na nÚdarás Áitiúil

- 6.7** Maidir le gach comhaontú CPP a dhéanann údarás áitiúla, ní mór ceadú a fháil roimh ré ina leith ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a fheidhmíonn ról déanta beartais, ról ceadaithe agus ról formhaoirsithe i ndáil le nithe a bhaineann le rialtas áitiúil.
- 6.8** Níl san áireamh sna costais a thuairiscítear i bhFíor 6.7 (Iarscríbhinn B) i leith scéimeanna rialtais áitiúil ach na scéimeanna sin ina bhfuil ranníocaíocht Státchiste agus gealltanais ghaolmhara i gceist. Dá dhroim sin, níl socruithe mórskála CPP a rinne údarás áitiúla le blianta beaga anuas gan gealltanais díreach Státchiste a bheith i gceist le costais na dtionscadal san áireamh sna figiúirí.
- 6.9** Shroich dhá thionscadal CPP céim an chonartha i rith na bliana 2011. Bhí an dá cheann acu á urrú ag rialtas áitiúil.

Gléasra Cóireála Dramhuisce Leitir Ceanainn

- 6.10** Tá struchtúr deartha, tógála agus oibríthe (DTO) CPP á úsáid chun gléasra cóireála dramhuisce agus ionad cóireála sloda, mar aon le hoibreacha gaolmhara, a sholáthar do Leitir Ceanainn. Freastalóidh an gléasra cóireála dramhuisce ar dhaonra atá comhionann le 40,000 duine agus déanfar suas go 2,500 tona de sholaid thirime sa bhliain a chóireáil ag an ionad cóireála sloda. Tá tréimhse thógála dhá bhliain ann ina leith agus tréimhse oibríthe agus cothabhála 20 bliain ina dhiaidh sin. Cuireadh bailchríoch ar an gconradh le Response/Severn Trent ar an 18 Feabhra 2011. Cuireadh tús leis an tógáil i Márta 2011 agus táthar ag súil go dtosóidh an gléasra ag oibriú i Márta 2013. Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniúchán €25.2 milliún a sholáthar i gcomhair chostas an tionscadail.

² Amhail mí Iúil 2012, tá tuairim is €125,000 den chomhaontú réitigh seo gan íoc fós.

Gléasra Cóireála Uisce na Bearú

- 6.11** Tá an gléasra cóireála uisce seo á sholáthar faoi struchtúr DTO CPP freisin; beidh tréimhse thógála dhá bhliain ann ina leith agus tréimhse oibríthe agus cothabhála 20 bliain ina dhiaidh sin. Táthar ag súil go soláthróidh an gléasra 31 mhilliún lítear uisce óil in aghaidh an lae in iardheisceart Chill Dara. Aontaíodh an conradh le Veolia Water Ireland Ltd ar an 20 Aibreán 2011 agus táthar ag súil go dtosóidh an gléasra ag oibriú in Aibreán 2013. Déanfaidh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoiniúchán €24 mhilliún a sholáthar i gcomhair na gcostas caipitiúil.

Athbhreithniú ar Luach ar Airgead maidir le Seirbhísí Uisce

- 6.12** In athbhreithniú idir-roinne ar chlár infheistíochta na seirbhísí uisce sa tréimhse ó 2007 go 2009, luaitear nach mbaintear úsáid as fáil CPP san earnáil seirbhísí uisce ach amháin i gcás ina suitear go soiléir go bhfuil an luach is fearr ar airgead le fáil go foriomlán as.³ Tá oibleagáid ar údarais seirbhísí uisce scrúdú oibiachtúil a dhéanamh ar na roghanna go léir maidir le fáil earraí agus seirbhísí agus measúnú binsemharcála seirbhíse poiblí (BSP) a dhéanamh sula mbronnar conradh CPP.⁴ Tá an measúnú ceaptha chun a chumasú comparáid chostais a dhéanamh, ar bhonn comhionannais, idir fáil thraidisiúnta agus fáil CPP.
- 6.13** I gcás ina léiríonn measúnacht tosaigh ar thionscadal go mbeifí ag súil leis go mbronnfaidh rogha CPP tairbhí, is é atá sa chineál CPP is minice a roghnaítear le haghaidh gléasraí cóireála seirbhísí uisce ná DTO. Luadh san athbhreithniú nach mbeadh scéimeanna lena ngabhann costas caipitiúil is lú ná €50 milliún oiriúnach faoi láthair le haghaidh airgeadais phríobháidigh (i.e. DTOA) mar gheall ar na costais arda a ghabhann le tionscadal a chur ar bun (dícheall cuí, etc).
- 6.14** Luadh san athbhreithniú freisin go léiríonn an taithí atá faighte go dtí seo go bhfuil na tairbhí seo a leanas ag gabháil leis an múnla DTO CPP i dtionscadail a bhaineann le gléasra cóireála uisce:
- Cuirtear dlús le soláthar bonneagair mar nach dtagann an conraitheoir chun bheith cáilithe i gcomhair íocaíochtaí don chéim oibríochta go dtí go gcríochnaítear an tógáil agus, sa tslí sin, laghdaítear an seans go mbeidh boillsciú tógála ann.
 - Tá cinnteacht níos mó ann maidir leis an gcostas caipitiúil deiridh.
 - Mar thoradh ar fhreagracht as dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil, tugtar dreasacht do chonraitheoirí earnála príobháidí chun costas ré iomlán an tionscadail a optamú agus chun próisis chóireála agus teicneolaíochtaí atá iontaofa agus docht, mar aon le trealamh gaolmhar, idir mheicniúil agus leictreach, a sholáthar.
 - Tá dreasachtaí ann chun teicneolaíochtaí den chineál is nua-aimseartha a úsáid agus gabhann buntáistí gaolmhara, idir theicniúil agus eacnamaíoch, leis sin.
 - Déantar caighdeáin feidhmíochta agus cothabhála a ráthú ar bhonn conartha thar an gcéim oibríochta.
- 6.15** Tá sé ráite ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil gurb é a leanann as DTO-anna CPP, nuair a chuirtear iad i gcomparáid le conarthaí a dhéantar ar an modh traidisiúnta, ná meán sábháil sa raon 10-20% i ndáil le costais chaipitiúla tionscadal agus sa raon 5-10% i ndáil le costais oibríochta, agus sin ag brath ar scála an ghléasra cóireála. Níl mionsonraí ar fáil faoi láthair maidir leis an líon tionscadal a ndeachthas ina mbun faoi mhodhanna traidisiúnta chun earraí agus seirbhísí a fháil.

3 Tuarascáil ar *Athbhreithniú ar an gClár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce ó thaobh Luach ar Airgead 2007-2009*; (2010) féach Caibidil 5 – Múnla Maoiniúcháin agus Soláthair an WSIP.

4 Is gá binsemharcáil seirbhíse poiblí a dhéanamh maidir le gach tionscadal CPP.

- 6.16** Rinne an Roinn Airgeadais cineál nua conartha do gach Conradh oibreacha seirbhíse poiblí a thabhairt i bhfeidhm sa bhliain 2007. Tá na conarthaí sin i bhfeidhm do gach tionscadal seirbhíse uisce ó mhí Bhealtaine 2008. I measc na socruithe nua conartha áirítear conarthaí praghaí sheasta atá ceaptha chun cinnteacht níos mó, i dtaca le costas de, agus luach níos fearr ar airgead a bhaint amach don Státchiste. Difríocht eile leis an gcur chuige traidisiúnta maidir le conarthaí is ea aistriú rioscaí uile na céime tógála (seachas rioscaí seandálaíochta) chuig an gconraitheoir mar go ndéanann an conraitheoir praghas i leith an riosca sin a chur san áireamh sa tairiscint i gcomhair an tionscadail. Faoi gcineál 'traidisiúnta' conartha, ba é an fostóir (amhail údarás áitiúil) a d'iompair beagnach na rioscaí ar fad a bhain leis an gconradh. Mar thoradh ar an athrú sin ar an gcineál conartha, méadaítear an leibhéal cinnteachta atá ann maidir le costais chaipitiúla le haghaidh tionscadal neamh-CPP agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag gabháil leo maidir leis an luach coibhneasta ar airgead atá le baint amach faoi thionscadail DTO CPP.

An Tionchar atá ag Comhroinnt Rioscaí i dTionscadail Bhóithre

- 6.17** I measc na nithe is mó a bhfuil tionchar acu ar luach ar airgead i dtionscadail CPP áirítear sannadh rioscaí tionscadail don chomhpháirtí (san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach) atá in ann iad a bhainistiú ar an tsli is fearr. Tá cuid mhór cineálacha ionchasacha riosca ann agus d'fhéadfadh sé gur rioscaí éagsúla a bheadh oiriúnach lena n-aistriú (nó lena gcomhroinnt) i gcás gach tionscadail ar leith. Mar shampla, is minic a choimeádann an comhpháirtí earnála poiblí an riosca maidir le héileamh i.e. an riosca go n-éileodh úsáideoirí na seirbhíse níos mó seirbhísí nó níos lú seirbhíse ná mar a shamlaítear. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé go gcomhroinnfear riosca idir an comhpháirtí earnála poiblí agus comhpháirtí earnála príobháidí ach 'íosmhéid' (teorainn a chur leis an gcaillteanas ionchasach ar thaobh an chomhpháirtí phríobháidigh) nó 'uasmhéid' (e.g. socruithe comhroinnte ioncaim a chur i bhfeidhm) a bheith ann. D'fhéadfadh sé go mbeadh leibhéal íosmhéid ráthaithe ina gcabhair maidir lena chur faoi deara go bhfuil an tionscadal 'iontaofa' i.e. gur féidir leis maoiniúchán tionscadail a mhealladh.
- 6.18** Tá cumas an Stáit chun riosca a aistriú teorannaithe de réir cibé acu atá nó nach bhfuil líon dóthanach tairgeoirí ionchasacha toilteanach glacadh le riosca áirithe. Maidir leis na scéimeanna dola-bhóithre atá curtha i bhfeidhm ag an Údarás um Bóithre Náisiúnta (NRA) go dtí seo, is iad seo a leanas na leithroinntí riosca atá curtha i bhfeidhm i gcoitinne.
- Rinneadh rioscaí tógála, oibrithe agus costais saolré a aistriú go formhór chuig an gcuideachta CPP.
 - Rinneadh rioscaí seandálaíochta a aistriú freisin, go hiondúil tar éis tástála conartha seandálaíochta roimh ré agus tar éis oibreacha réitigh a bheith déanta ag an Údarás. I roinnt cásanna, lean an tÚdarás de chuid den riosca seandálaíochta sa chéim tógála a iompar.
 - Déantar riosca boilscithe a chomhroinnt.
 - Rinneadh riosca tráchta a aistriú chuig an gcomhpháirtí earnála príobháidí sna scéimeanna tosaigh agus comhroinneadh é i roinnt scéimeanna. Le déanaí, rinneadh tionscadail a fhorbairt ar bhonn 'infhaighteacht' i.e. níl aon riosca tráchta ann.
 - I roinnt scéimeanna, comhroinneann an tÚdarás an riosca maidir le hárachas agus le hioncam freisin.

Comhroinnt an Riosca Tráchta


6.19 I gcás CPP-anna Chluain Aodha/Ceanannas (M3) agus Thollán Luimnigh, tá foráil ann sna conarthaí maidir le sásraí íocaíochta ráthaithe atá bunaithe ar thrácht, ar sásraí iad ar dá réir atá oibleagáid ar an NRA íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcuideachta CPP má thiteann an trácht faoi leibhéal áirithe. Tá íocaíocht le déanamh i gcás nach dtéann an leibhéal tráchta in aon tréimhse leathbhliana thar na figiúirí atá leagtha amach sa chonradh iomchuí CPP. Ós rud é gur osclaíodh an dá bhealach sin sa dara leath den bhliain 2010, níor tháinig na méideanna a bhí dlite faoi na ráthaíochtaí chun bheith iníoctha go dtí an bhliain 2011. Rinne an NRA thart ar €5.2 milliún a íoc sa bhliain 2011.⁵

6.20 Tagann méadú ar an tairseach ráthaíochta tráchta i ngach ceann de na conarthaí in imeacht ama, mar a léirítear i bhFíor 6.2.

- Ar bhóthar Chluain Aodha/Ceanannas (M3), is é atá sa toirt tráchta ar ina leith atá an t-ioncam ráthaithe sa bhliain 2012 ná 27,250. Dá éis sin, tagann méadú ar leibhéal na ráthaíochta gach bliain go dtí 2019 agus leantar den leibhéal sin go dtí 2025.
- Tá foráil ann i gconradh Thollán Luimnigh maidir le méadú 6% ar an leibhéal tráchta sa bhliain 2012 i gcomparáid leis an mbliain 2011. Tá na méaduithe ina dhiaidh sin níos lú ach leanann siad ar aghaidh go dtí an bhliain 2035, gan aon athrú ar an ráthaíocht tráchta dá éis sin.

5 Bhain íocaíochtaí 2011 le dlíteanais ón dara leath den bhliain 2010 agus ón gcéad leath den bhliain 2011.

Fíor 6.2 Trácht réamh-mheasta maidir le tionscadail Chluain Aodha/Ceanannas agus Thollán Luimnigh



Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 6.21** Bhí easnaimh shuntasacha ann sna blianta 2010 agus 2011 i dtaca leis na toirteanna tráchta i gcomparáid leis na tairseacha ráthaíochta. Measann an NRA gurb é atá i méid na ráthaíochta is iníochta sa bhliain 2012 ná €6.7 milliún, ar méid é sin atá bunaithe ar fás tráchta toimhde 2.5% a bhaint amach ó bhliain go chéile.
- 6.22** Má ghlactar leis go dtiocfaidh fás ar an trácht ar an dá bhealach de réir meánráta bhliantúil 2.5% sa bhliain, leanfaidh an Stát d'íocaíochtaí ráthaíochta tráchta a dhéanamh le cuideachta CPP Chluain Aodha/Ceanannas go dtí an bhliain 2025.⁶ Ar an mbonn céanna, ní shroichfidh na leibhéil thuartha tráchta a úsáideann Tollán Luimnigh na leibhéil ráthaithe tráchta agus déanfaidh an Stát íocaíochtaí breise leis an gcuideachta CPP ar feadh ré iomlán an chonartha (i.e. go dtí an bhliain 2041).⁷

6 Leanfaidh ÚBN d'íocaíochtaí oibríochta eile conartha a dhéanamh (seasta seachas i ndáil le boilsciú) go dtí an bhliain 2052.

7 Maidir leis na leibhéil tráchta atá go mór faoi bhun na gcúinsí bonncháis is bun le conarthaí CPP, beidh tionchar acu freisin ar fháltais na gcuideachtaí CPP i gcoibhneas leo sin a samhláidh tráth sínithe na gconarthaí.

- 6.23** Maidir leis na gealltanais airgeadais a thaispeántar i bhFíor 6.7 (larscríbhinn B) i ndáil leis na tionscadail seo, níl foráil san áireamh iontu maidir le híocaíochtaí ráthaíochta tráchta thar an gcuid de ré na dtionscadal atá fágtha.

Comhroinnt Ioncaim

- 6.24** Tá forálacha comhroinnte ioncaim ann i ngach dola-chonradh CPP NRA, rud a chiallaíonn, le fírinne, go ndéantar ioncam os cionn leibhéal tráchta tairsí a shonraítear i gconarthaí CPP a chomhroinnt.⁸ Ba é a bhí san ioncam a fuarthas don bhliain 2011 ná €1.18 milliún.

Comhroinnt Riosca Árachais

- 6.25** Tá clásal comhroinnte árachais ann in ocht dtionscadal bóthair CPP a bhfuil deireadh tagtha leis an airgeadas ina leith. Faoin gclásal sin, déantar athbhreithniú ar na costais árachais uair amháin gach trí bliana agus, ag brath ar chostais a thabhaítear sa tréimhse lena mbaineann, d'fhéadfadh sé go mbeadh cúiteamh le hóc leis an NRA nó go mbeadh cúiteamh iníoctha ag an NRA. Déantar foráil sa chonradh maidir leis an mbonnmhéid tagartha do chostas an árachais. Má théann na costais iarbhir a thabhaítear i rith tréimhse athbhreithnithe thar shuím na mbonnchostas, comhroinnfidh an NRA agus an chuideachta CPP costas na gcostas méadaithe árachais sin a chomhroinnt.⁹ In imthosca ina bhfuil an costas árachais iarbhir a thabhaítear níos lú ná an bonnchostas, comhroinnfidh an NRA agus an chuideachta CPP an tairbhe ó na costais laghdaithe árachais. I rith na bliana 2011, fuair NRA lacáiste tuairim is €0.9 milliún ó thionscadail CPP Dhún Dealgan agus Mhainistir Fhear Maí i ndáil le comhroinnt riosca árachais.

Tuairimí an Phríomhfheidhmeannaigh

- 6.26** Tá sé ráite ag Príomhfheidhmeannach an NRA go bhfuiltear tar éis rioscaí tráchta i gcomhthéacs na dtoirteanna tráchta frithgheallta is infheidhme ar scéimeanna áirithe CPP a fhritháireamh, go dtí seo, trí na socruithe comhroinnte ioncaim atá i bhfeidhm ar thionscadail eile. Beidh na glaníocaíochtaí athraitheacha sa bhliain 2012 comhionann le tuairim is 6% de na híocaíochtaí iomlána bliantúla atá dlite i bhfoirm íocaíochtaí oibrithe/infhaighte a éiríonn i ndáil leis na conarthaí CPP. Tiocfaidh méadú ar an gcéatadán sna blianta ina dhiaidh seo de réir mar a thagann laghdú ar na híocaíochtaí reatha bliantúla atá geallta. Ó tharla go síneann na híocaíochtaí oibrithe agus infhaighteachta thar chuid mhór blianta, is dóigh go mbeidh tionchar ag rátaí boillsithe ar leibhéil fhoriomlána na n-íocaíochtaí. A mhéid a bhaineann le riosca, ba ábhar imní é dá mbeadh ard-bhoilsciú ann.

⁸ Is é atá san eisceacht ná uasghrádú an M50 ar ina leith nach mbailíonn an t-oibreoir CPP dolai.

⁹ Faoi réir leibhéal sainithe céatadán tairsí arna sonrú sa chonradh lena mbaineann a bhaint amach.

Tionscadail CPP atá á bhForbairt

- 6.27** Nuair a tháinig an ghéarchéim airgeadais idirnáisiúnta chun cinn sa tréimhse 2007/2008, tharla gearradh siar mór ar infhaighteacht airgeadais phríobháidigh. Bhí leachtacht theoranta ann sa mhargadh CPP Eorpach mar go raibh tromlach na mbanc mór idirnáisiúnta airgeadais tionscadail ag athdhíriú a gcuid gníomhaíochtaí ar mhargaí baile. Ba é a lean as sin ná asláithreacht banc idirnáisiúnta i margadh CPP na hÉireann. I gcomhthráth leis sin, de bharr riachtanas airgeadais phoiblí bhí gá le laghdúithe a dhéanamh ar bhuiséid Státchiste agus le tosaíochtaí maidir le hacmhainní a shainiú athuair.
- 6.28** Tá sé luaite ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) go bhfuil fachtóirí ann, ar leith ó na dúshláin maoiniúcháin, ar nithe iad a chuireann srí ar an margadh CPP in Éirinn. Is fíorbheag an líon conraitheoirí idirnáisiúnta atá gníomhach fós i margadh na hÉireann. Tá fianaise ann ar dá réir go bhféadfadh sé nach bhfuil conraitheoirí intíre toilteanach páirt a ghlacadh i gcomórtais CPP Éireannacha amach anseo mar gheall ar leibhéal na gcostas a ghabhann le tairiscintí. Chomh maith leis sin, tá líon áirithe de na rannpháirtithe móra intíre tar éis dul faoi leachtú agus, mar gheall ar ardú ar phréimheanna bannaí tógála, níl roinnt cuideachtaí in ann bannaí a áirithiú.
- 6.29** Rinneadh roinnt tionscadal CPP a bhí á bhforbairt a cealú ar chúiseanna éagsúla (lena n-áirítear ar fhorais Luach ar Airgead agus inacmhainneachta. Leanadh de bheith ag ullmhú roinnt tionscadal thar an tréimhse seo ach b'ionann na dúshláin a ghabh le maoiniúchán tionscadail a fháil agus a rá nach raibh ach cuid acu ábalta leanúint ar aghaidh chuig dúnadh airgeadais.
- 6.30** Tá sé ráite ag NDFA go ndearnadh dul chun cinn maidir le maoiniúchán do dhá CPP (beart scoileanna 3 agus uasghrádú N11 An tInbhear Mór-Ráth Naoi/N7 Crois an Fhearrainn Nua). Tá an chéim dheiridh bainte amach anois maidir leis na pléití conartha leis na tairgeoirí atá roghnaithe agus is é atá sa spriocdháta i ndáil le dúnadh airgeadais ná an ráithe dheiridh den bhliain 2012 i gcás an dá thionscadal. Daingníonn sé sin tuairim NDFA gur spéis leis na margaí maoinithe fiachais agus cothromais fós tionscadail dea-shainithe áirithe CPP lena ngabhann riachtanais measartha íseal maidir le maoiniúcháin.
- 6.31** I rith na bliana 2011, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar riachtanais infheistíochta caipitiúla agus, ina dhiaidh sin, foilsíodh plean Rialtais i mí na Samhna 2011 ar plean é a bhaineann le hinfheistíocht chaipitiúil Státchiste don tréimhse 2012 go 2016. De bhreis ar an gclár cúig bliana maidir le caiteachas caipitiúil Státchiste a leagan amach, d'fhógair an plean go raibh obair ar siúl chun forbairt a dhéanamh ar fhoinsí malartacha neamh-Státchiste infheistíochta le haghaidh bonneagair, agus go raibh CPP i measc na mbealaí ionchasacha maoiniúcháin a bhí sainaitheanta ina leith sin.
- 6.32** D'fhógair an Rialtas pacáiste spreagtha caipitil ar an 17 Iúil 2012. Ba é a bhí sa ghné lárnach den phacáiste spreagtha ná céim 1 de chlár nua CPP a fhógairt. Leagann an clár sin amach an raon spriocdhíríthe tionscadal CPP a mbeartaíonn an Rialtas iad a chur ar aghaidh anois i gceithre earnáil – oideachas, iompar, sláinte, agus dlí agus ceart – agus a bhfuil na ranna agus na gníomhaireachtaí iomchuí ag obair i gcomhar le NDFA. Beidh suim mheasta €1.4 billiún ó fhoinsí neamh-Státchiste i gceist leis na tionscadail a sainaitníodh. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bhfoinsí maoiniúcháin sin:
- An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean a bheartaíonn an tAire Airgeadais a athbhunú mar chiste bonneagair straitéisigh.
 - An Banc Eorpach Infheistíochta
 - bainc intíre
 - foinsí ionchasacha eile le haghaidh infheistíochta príobháidí.

Tionscadail Oideachais

6.33 Is mar atá leagtha amach i bhFíor 6.3 atá stádas na dtionscadal oideachais CPP.

Fíor 6.3 Stádas na dTionscadal Oideachais

An Tionscadal	Stádas reatha
Beart scoileanna 3: Cuimsítear ocht scoil ar sheacht láithreán ann – Loch Garman, Port Láirge, Gaillimh, an Iarmhí, Liatroim, Dún na nGall agus Luimneach	Céim an tairgeora a roghnaíodh – táthar ag súil le dúnadh airgeadais i R4 2012
Beart scoileanna 4: Cuimseofar bunscoil amháin agus cúig scoil iarbhunoidéachais ann ar chúig láithreán i gContae an Chláir, i gContae Chorcaí, i gContae Chill Dara (2 scoil), i gContae Lú agus i gContae Thiobraid Árann.	Próiseas fála le tosú sa bhliain 2013.
Beart scoileanna 5:	Tá bailchríoch á cur ar an liosta scoileanna a bheidh san áireamh i mbeart 5 – próiseas fála le tosú sa bhliain 2013.
Campas Ghráinseach Ghormáin ITBÁC	Oibreacha cumasúcháin le tosú sa bhliain 2013.

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

6.34 I mí na Samhna 2011, rinneadh forbairt bheartaithe champas Ghráinseach Ghormáin Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a chur siar cé go raibh planáil le déanamh maidir le tionscadal CPP a mbeadh an bhliain 2017 mar dháta ionchasach críochnaithe ina leith.

6.35 Cuimsíonn láithreán Ghráinseach Ghormáin 73 acra ina gcomhdhlúthófar cóiríocht láithreach ITBÁC ina bhfuil achar tuairim is 125,000m² atá scaipthe thar 39 suíomh. Ceaptar go mbeidh dhá phríomheilimint i gceist sa tionscadal – oibreacha ullmhúcháin ar an láithreán agus oibreacha CPP. Déantar na hoibreacha ullmhúcháin a mhaoiniú go díreach as acmhainní caipitiúla Státchiste agus suim iomlán thart ar €79 milliún is dóigh a bheidh ann. Déantar oibreacha ullmhúcháin den sórt sin lasmuigh de scóip na n-oibreacha CPP de ghnáth agus déantar iad ar fhoras luach ar airgead).

6.36 I mí na Samhna 2011, fógraíodh go ndéanfaí trí bheart a bhí beartaithe do thionscadail oideachais tríú leibhéal CPP a chur ar ceal. I gcás gach ceann de na bearta sin, bhí seirbhísí teicniúla, dlíthiúla, airgeadais agus árachais, agus seirbhísí riachtanacha eile, faighte ag an GNFA le haghaidh an phróisis CPP. Ba é a bhí sa chaiteachas iomlán ar na tionscadail sin ná €10.1 milliún, is é sin, costais sainchomhairleoireachta €4.4 milliún agus oibreacha cumasúcháin €5.7 milliún.¹⁰ Tá na costais a tabhaíodh i ngach ceann de na bearta tríú leibhéal leagtha amach i bhFíor 6.4 thíos.

¹⁰ Rinneadh oibreacha chumasúcháin do gach tionscadal chun láithreáin ghlena sheirbhísithe a ullmhú do na cuideachtaí CPP.

Fíor 6.4 Costais na mBeart Tríú Leibhéal CPP a cuireadh ar ceal

		Costais chumasúcháin^a €000	Costais sainchomhairl eoireachta^b €000
Beart 1	IT Luimnigh	144	} 1,980
	Ollscoil Luimnigh	524	
	IT Chorcaí	298	
	Dún Laoghaire	163	
Beart 2	Port Láirge	2,915	} 1,599
	IT Thamhlachta	1,318	
Beart 3	OÉ Mhaigh Nuad	—	} 780
	IT Cheatharlach	48	
	Gaillimh	312	
Iomlán		5,722	4,359

Foinse: a An Roinn Oideachais agus Scileanna

b An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (gan CBL a áireamh)

Tionscadail lompair

- 6.37** Tugtar achoimre i bhFíor 6.5 ar stádas na dtionscadal bóthair CPP atá á bhforbairt. Tá trí thionscadal á bhforbairt le tamall maith anuas. Cuireadh tionscadal eile leis an liosta mar chuid de phacáiste spreagtha Iúil 2012.

Fíor 6.5 Stádas na dTionscadal Bóthair, Iúil 2012

Tionscadail	Stádas reatha
Láithreach	
Uasghrádú acomhal N11 Ráth Naoi-An tInbhear Mór agus N7 Crois an Fhearainn Nua (beart amháin)	Céim an táirgeora a roghnaíodh/conradh le bronnadh faoi dheireadh na bliana 2012
N17/18 An Gort-Tuaim	Céim an tairgeora a roghnaíodh/conradh le bronnadh
Seachród N11 Guaire-Inis Córthaidh/N25 Ros Mhic Thríúin	Tairiscintí le hatosú sa bhliain 2012
Nua	
Seachród N6 Cathair na Gaillimhe	Tionscadal nua a fógraíodh i mí Iúil 2012
	Leanúint ar aghaidh ag brath ar thoradh imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh

Foinse: An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta

- 6.38** Rinneadh trí thionscadal iompair phoiblí CPP a bhí á bhforbairt thar roinnt blianta a chur siar. Tá achoimre le fáil i bhFíor 6.6 ar stádas gach ceann acu agus ar an gcaiteachas ina leith go dtí seo. Tá léiriú ar an leibhéal costas a tabhaíodh le fáil i stádas na dtionscadal nuair a cuireadh siar iad. Cuireadh Metro Thiar siar ag céim an iarratais ar ordú iarnróid, cuireadh Dart Faoi Thalamh siar ag céim réamhcháilithe na dtairgeoirí agus cuireadh Metro Thuaidh siar ag céim ghearrliostaithe na dtairgeoirí.

Fíor 6.6 Caiteachas ar Thionscadail Chealaithe Iompair Phoiblí go deireadh mhí na Nollag 2011

Catagóir chaiteachais	Metro Thuaidh €000	Dart Faoi Thalamh €000	Metro Thiar €000
Fáil maoine	25,668	—	—
Dearadh & fáil CPP	31,673	19,921	5,328
Oibreacha cumasúcháin	51,058	—	—
Comhairleoirí dlíthiúla, airgeadais, tráchtála agus árachais	20,670	4,668	37
Iarratas ar ordú iarnróid/ullmhú an ordaithe iarnróid	10,477	1,435	10,173
Éisteacht ó bhéal	5,510	—	918
Eile/forchostais	9,418	17,086	2,079
Iomlán	154,474	43,110	18,535

Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- 6.39** I gcás Metro Thuaidh, cheannaigh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid (RPA) 13 mhaoín san iomlán agus tá an mhaoín sin á sealbhú fós acu. Is é atá sna costais a ghabhann leis an maoín sin, lena n-áirítear comhairle agus costais eile a bhaineann le maoín, ná €25.7 milliún. Níor ceannaíodh aon tailte i gcás Dart Faoi Thalamh ná Metro Thuaidh.
- 6.40** Mar chuid den chomórtas tairisceana CPP do Metro Thuaidh, aontaíodh cúiteamh a thabhairt do na fothairgeoirí as a gcostais infhíoraíthe tairisceana suas go huasmhéid €1 mhilliún an ceann i gcás ina ndéanfaí an próiseas fála CPP a iarchur. Tá cúiteamh €1 mhilliún íoctha ag RPA le ceann amháin de na tairgeoirí agus tá siad ag fanacht le tuilleadh faisnéise mar thacaíocht le héileamh ar chúiteamh €1 mhilliún ón gceann eile.

Tionscadail Sláinte

- 6.41** Rinneadh soláthar 20 ionad cúraim phríomha, in dhá bheart agus deich gcinn i ngach ceann acu agus ar mhodh fála CPP, a fhógairt mar chuid den chlár nua CPP. Tá tús curtha ag HSE le próiseas roghnaithe láithreán. Níor tabhaíodh aon chaiteachas go dtí seo.
- 6.42** Bhí sé beartaithe go ndéanfaí an plean náisiúnta d'aonaid oinceolaíochta radaíochta a sholáthar ar bhonn CPP ach níl an plean ag leanúint ar aghaidh sa tslí sin a thuilleadh. Tabhaíodh costais €4.1 milliún maidir le forbairt a dhéanamh ar an tionscadal CPP go dtí seo. Maidir le dréachtphlean caipitiúil HSE don tréimhse 2012 go 2016, tá foráil ann maidir le maoiniú a sholáthar don phlean ar an modh traidisiúnta.

Tionscadail Dlí agus Cirt

- 6.43** Is é a bheidh i gceist leis an gclár nua CPP don earnáil dlí agus cirt ná oibreacha athfheistithe agus méadaithe ar thithe cúirte láithreacha i gCorcaigh, sa Mhuileann gCearr agus i bPort Láirge agus tithe nua cúirte á soláthar i nDroichead Átha, i Leitir Ceanainn, i Luimneach agus i Loch Garman. I measc na dtionscadal eile áirítear dhá cheanncheathrú nua rannacha don Gharda Síochána agus saotharlann nua paiteolaíochta Stáit

Faireachán ar Chláir agus ar Thionscadail

- 6.44** Tá sé de cheangal ar Ranna Rialtais faisnéis áirithe a nochtadh i ndáil le tionscadail CPP agus sin a dhéanamh i nóta a ghabhann lena gcuntais leithreasa. De bhreis ar mhuirir fhoriomlána (aonadacha) a thabhaítear sa vóta gach bliain, áirítear sna cuntais freisin nóta ina luaitear an gealltanais caipitiúil neamhíochta ag deireadh na bliana i.e. gan áireamh a dhéanamh ar aon íocaíochtaí todhchaí as costais athfhillteacha oibríochta agus cothabhála nó as costais mhaoiniúcháin. Níl aon cheanglais sheasta ann maidir leis na nithe atá le nochtadh faoi thionscadail CPP ag comhlachtaí eile Rialtais Lárnaigh ina gcuid ráitis airgeadais.
- 6.45** Tá láithreán gréasáin á choimeád ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun faisnéis a sholáthar faoin bpróiseas CPP in Éirinn. Maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil ar an láithreán gréasáin sin, airítear inti liosta na dtionscadal CPP go léir lena ngabhann luach caipitiúil os cionn €20 milliún. Bhí an liosta beartaithe mar achoimre ar staid reatha mórthionscadail CPP thar an earnáil phoiblí ach níor uasdátaíodh é ó Mhárta 2010. Níl aon taifead lárnach ann ar CPP-anna (lena n-áirítear na cinn sin ag céim na pleanála nó na cinn sin a iarchuireadh nó a cuireadh ar ceal) ar taifead é ina dtugtar faisnéis ar chostais ghaolmhara go dtí seo, ar an obair atá déanta go dtí seo agus ar an obair is gá a dhéanamh roimh dheireadh an tionscadail lena mbaineann.

Conclúidí agus Moltaí

- 6.46** Is é atá i gceist le tionscadail CPP ná gealltanais fadtéarma airgeadais a dhéanann comhlachtaí Stáit agus atá ceangailteach de réir dlí. Tá sé tábhachtach na gealltanais sin a urramú go hiomlán agus faireachán a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach. Amhail deireadh na bliana 2011, meastar gurb é atá i ngealltanais iomlána neamhíochta ranna agus ghníomhaireachtaí an Rialtais lárnaigh maidir le tionscadail CPP a ndearnadh Conradh ina leith ná suim rud beag os cionn €4 billiún. Ar bhonn an chaiteachais a tabhaíodh go dtí deireadh na bliana 2011 agus ar ghealltanais mheasta neamhíochta, táthar ag tuar gurb é a bheidh sa chaiteachas comhiomlán Státchiste i leith na dtionscadal CPP reatha a ndearnadh Conradh ina leith ná €6.4 billiún.

Moladh 6.1: Is ceart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe liostaí cothrom le dáta de na mórthionscadail a bhfuil conarthaí ann ina leith nó atá á bhforbairt a chothabháil agus a fhoilsiú. Is ceart go mbeadh léiriú ann sna liostaí sin ar ghealltanais mheasta airgeadais an Stáit faoi chonarthaí CPP atá ceangailteach de réir an dlí. Is ceart an gealltanais iomchuí a thuairisciú sna Cuntais bhliantúla Airgeadais.

Freagraí na nOifigeach Cuntasaíochta:

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Tá an Roinn tar éis athbhreithniú ar láithreán gréasáin CPP a chríochnú le déanaí agus tá uasdátú déanta mar is cuí ar an bhfaisnéis atá ar fáil ann. Tá liosta cothrom le dáta de mhórtionscadail CPP a bhfuil conarthaí ann ina leith agus atá á bhforbairt ar fáil ar an láithreán gréasáin sin anois. Déantar mionsonraí cothrom le dáta faoi chostais tionscadal ar leithligh agus caiteachas tuartha iomlán go deireadh an tionscadail a fhoilsiú freisin. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an tsraith treoracha faoi CPP-anna d'fhonn uasdátú a dhéanamh ar an ábhar más gá sin. Tá an Roinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Airgeadais chun breithniú a dhéanamh i dtaobh conas is fearr gealltanais CPP a chur san áireamh i gCuntais bhliantúla Airgeadais.

An Roinn Airgeadais – Tá an Roinn sásta ráiteas nua maidir le gealltanais i leith caiteachais faoi CPP-anna a chur san áireamh sna Cuntais Airgeadais. Tá ullmhú tráthúil na gCuntas Airgeadais ag brath ar infhaighteacht thráthúil na faisnéise atá sna ráitis tacaíochta agus má nochtar ábhar breise méadaítear rioscaí a bhféadfadh sé nach bhfuil smacht díreach ag an Roinn orthu. Is ábhar imní don Roinn é go bhféadfadh bailiú na faisnéise riachtanaí dochar a dhéanamh do na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun dáta níos túisce a shocrú i gcomhair chríochnú na gCuntas Airgeadais.

- 6.47** Tabhaíodh costais shuntasacha ar thionscadail CPP a cuireadh ar ceal. Costas neamh-inghnóthaithe atá i gcuid den chaiteachas sin agus níl aon tairbhe éifeachtach faighte dá bharr. I gcásanna eile, fuarthas sócmhainní a d'fhéadfadh a bheith inúsáidte amach anseo má atosáítear tionscadail.
- 6.48** Tá comhroinnt chuí rioscaí tionscadail ina ceanglas má tá luach ar airgead a fháil ó thionscadail CPP. I gcás roinnt tionscadal bóthair, is é an toradh a bhí ann dá mbarr ná costais bhreise don Stát i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin. Tá sé inmhianaithe measúnú iarchur i bhfeidhm a dhéanamh ar an luach ar airgead a baineadh amach i gcás mórtionscadal (is é sin nuair atá siad i bhfeidhm go hiomlán) ionas gur féidir ceachtanna a fhoghlaim le haghaidh tionscadal amach anseo.

Moladh 6.2: Is ceart do NRA athmheasúnú a dhéanamh ar an luach ar airgead is dóigh a bhainfear amach anois faoi thionscadail Thollán Luimnigh agus Chluain Aodha-Ceanannas, agus béim ar cheachtanna a fhoghlaim faoi réamh-mheastacháin ar leibhéil tráchta agus ar chomhroinnt bharrmhaith rioscaí. Is ceart na cinntí iomchuí a chur san áireamh i struchtúr na gconarthaí do thionscadail atá beartaithe don todhchaí.

Freagra Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta: Sna treoirlínte measúnaithe tionscadail atá ag NRA, déantar foráil maidir le hathbhreithnithe iarthionscadail a dhéanamh agus críochnóidh NRA athbhreithnithe in am trátha. Maidir le haistriú rioscaí agus, go sonrach, maidir leis na socrúithe chun riosca tráchta ar an taobh thíos a aistriú, níl na roghanna sin ar fáil a thuilleadh. Ó thaobh an Stáit de, bhí an sásra aistrithe riosca éifeachtach, ach níl cuideachtaí CPP toilteanach a thuilleadh dul sa seans go mbeidh caillteanais acu den chineál a thabhaigh siad i scéimeanna roimhe seo. Maidir le réamh-mheastachán ar leibhéil tráchta, tá aghaidh tugtha cheana féin ar thionchar an chúlaithe eacnamaíochta sna réamh-mheastacháin déimeagrafaíochta agus tráchta.

- 6.49** Tá athrú tagtha ar an gcur chuige maidir le fáil 'traidisiúnta' bonneagair chaipitiúil mar thoradh ar chineálacha athbhreithnithe conarthaí agus ós rud é go bhfuil leas níos mó á bhaint as conarthaí fála ina ndéileáiltear le dearadh agus tógáil araon. Dá bharr sin, tá méadú tagtha ar an leibhéal cinnteachta maidir le fáil chaipitiúil.

- 6.50** Déantar measúnuithe luach ar airgead i gcás gach mórinfheistíochta poiblí a bheartaítear agus ní féidir leanúint ar aghaidh le conradh CPP mura gcinntear gur dóigh go mbeidh luach níos fearr le fáil uaidh ná mar a bheadh le fáil ó fháil thraidisiúnta. Níltear tar éis cuid mhór athbhreithnithe luach ar airgead i ndáil le tionscadail CPP a fhoilsiú, áfach. Bheadh foilsiú measúnuithe luach ar airgead (lena n-áirítear staideanna inar cealaíodh tionscadail) ina chabhair maidir le feabhas a chur ar thuiscint an phobail ar na nithe a bhfuil tionchar acu maidir le luach ar airgead a bhaint amach i dtionscadail infheistíochta poiblí.

Moladh 6.3: Is ceart measúnuithe ar an luach ar airgead a bhfuiltear ag súil leis trí thionscadail a reáchtáil ar mhodh CPP a fhoilsiú.

Freagra ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Tá roinnt ábhar inní ag an Roinn maidir le foilsiú faisnéise a d'fhéadfadh a bheith íogair ó thaobh na tráchtála de agus a bhféadfadh impleachtaí a bheith aici do sheasamh caibidlíochta an Stáit i gcás tionscadal comhchosúil amach anseo.

Iarscríbhinn A Cineálacha Socruithe CPP

De ghnáth, is é a bhíonn i dtionscadal CPP ná conradh foirmiúil idir gníomhaireacht Rialtais agus comhpháirtí príobháideach, ar conradh é ina ngeallann an comhpháirtí sin saoráidí agus/nó seirbhísí sonraithe a sholáthar le linn ré an chonartha. Go hiondúil, is ionann sin agus tréimhse 25 go 30 bliain, cé gur tréimhse suas go 45 bliana atá ann i roinnt conartha in earnáil na mbóithre. Déantar rioscaí tionscadail, ar cuid de gach conradh fadtéarma iad, a leithroinnt idir comhpháirtithe na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí, ach sin ag brath ar cén comhpháirtí is fearr ar féidir leis déileáil leo. Faoi bpróiseas CPP, coimeádann an Stat úinéireacht ar na sócmhainní ar fud thréimhse an chonartha. Ag deireadh thréimhse an chonartha, glacann an gníomhaireacht urraíochta Rialtais freagracht as cothabháil agus oibriú leanúnach na sócmhainní.

Maidir leis an struchtúr a chuirtear i bhfeidhm chun cúiteamh a thabhairt do chomhpháirtí na hearnála príobháidí as na sócmhainní a fhorbairt agus as na seirbhísí a éilítear a sholáthar, ní hionann é i ngach cás agus bíonn impleachtaí éagsúla i gceist, i dtéarmaí na ngealltanais airgeadais, do na comhlachtaí urraíochta poiblí. I gcuid mhór cásanna, glacann urraitheoirí poiblí an tionscadail gealltanais chonarthaigh orthu féin chun íocaíochtaí rialta a dhéanamh le comhpháirtí na hearnála príobháidí thar ré an tionscadail. I gcásanna eile, déantar tionscadail a cheapadh ar bhonn lamháltais ar tríd a fhaigheann comhpháirtí na hearnála príobháidí cuid den chúiteamh, nó an cúiteamh go léir, i bhfoirm muirear a fhorchuirtear ar úsáideoirí na seirbhíse.

Tionscadail Íocaíochta Aonadaí

Bíonn na tionscadail seo ann nuair a dhéanann an gníomhaireacht urraíochta phoiblí íocaíochtaí rialta (in aghaidh na míosa, na ráithe nó na bliana) thar théarma an chonartha le comhpháirtí na hearnála príobháidí, ach sin faoi réir an comhlíonadh a bheith sásúil i dtaca le saoráidí comhaontaithe a sholáthar de réir an chaighdeáin riachtanaigh. De ghnáth, bíonn cuid den íocaíocht aonadach (nó cuimsitheach) socraithe thar ré an chonartha agus bíonn méideanna éagsúla i gceist leis an bhfuilleach i gcomhréir le luaineachtaí praghaís (an Treoirphraghas do Thomhaltóirí, go hiondúil). Bíonn an difríocht idir na gnéithe seasta agus na gnéithe athraitheacha éagsúil ó thionscadal go tionscadal. Déantar asbhaintí ón íocaíocht aonadach mar gheall ar neamhchomhlíonadh agus/nó neamh-infhaighteacht i ndáil leis an tionscadal.

Tionscadail Íocaíochta Iomláine Caipitiúla

San earnáil uisce agus dramhuisce, déantar cuid mhór Tionscadal CPP a áirithiú ar bhonn deartha, tógála, oibrithe agus cothabhála (DTCO). Sna cásanna sin, soláthraíonn an Státchiste an maoiniú caipitiúil iomlán (mar a tharla go traidisiúnta) rud a fhágann nach mbíonn aon chostais chaipitiúla nó maoiniúcháin le haisiód thar ré an tionscadail. De ghnáth, tá costais bhliantúla oibrithe (arna n-íoc ag na húdaráis áitiúla iomchuí) bunaithe ar an méid dramhuisce a bhfuil cóireáil le déanamh air nó ar an méid uisce óil a tháirgtear.

Tionscadail Lamháltais

Maidir le tionscadail lamháltais, íocann úsáideoirí na seirbhíse táillí le comhpháirtí na hearnála príobháidí e.g. gluaisteánaithe a úsáideann dola-bhóithre. D'fhéadfadh sé go n-íocfadh an Stát ranníocaíocht i gcomhair na gcostas caipitiúil a bhaineann leis an mbonneagar a sholáthar agus d'fhéadfadh sé go n-íocfadh sé fóirdheontais oibrithe freisin le linn thréimhse an chonartha. I gcás íocaíochtaí úsáideoirí a bheith níos mó ná na leibhéil thuartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh scóip ann chun an t-ioncam a chomhroinnt idir comhpháirtithe na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí.

Scéimeanna atá bunaithe ar Shócmhainní

Sa chineál seo tionscadail, áirítear i ranníocaíocht na hearnála poiblí don tionscadal sócmhainn a sholáthar (talamh de ghnáth) agus déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn e.g. tionscadail tithíochta sóisialta/incheannaithe/príobháidí. I ndeireadh na dála, bíonn cuid mhór den mhaoiniú den chineál seo tionscadail ag brath ar dhíolacháin nó ar chíosanna ar an margadh oscailte maoinne agus fágann na deacrachtaí leanúnacha sa mhargadh maoinne go bhfuil cuid mhór forbairtí neamh-inmharthana. Go hiondúil, maireann tionscadail den sórt seo ar feadh tréimhse níos giorra (cúig go seacht mbliana) ná mar atá i gceist le tionscadail lamháltais nó le tionscadail íocaíochta aonadaí.

Iarscríbhinn B Caiteachas suas go deireadh 2011 agus gealltanais neamhíoctha ar chonarthaí mórtionscadal CPP, de réir gníomhaireachta earnála poiblí agus de réir tionscadail

Sa tábla seo, liostaítear na tionscadail ar leithligh arna dtuairisciú ag an roinn nó ag an ngníomhaireacht lena mbaineann. Níl san áireamh ach gealltanais agus caiteachas i ndáil le tionscadail lena ngabhann luach measta forbartha caipitiúla €20 milliún nó níos mó.

Bhí achoimre ar na tionscadail ar leithligh a raibh conarthaí ann ina leith suas go deireadh na bliana 2008 san áireamh i dTuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2008 (leathanaigh 29 go 34). Bhí achoimrí ar thionscadail eile san áireamh sa Tuarascáil faoi bhliain an chonartha.

Boilsciú

Is méideanna tuartha iad méideanna na ngealltanais ar an mbonn go nglactar leis gurb é a bheidh sa mheánráta boilscithe ná 2% thar an gcuid atá fágtha de ré gach tionscadail. Tá CBL san áireamh i ngach méid (ach amháin i gcás ina luaitear a mhalairt).

Scóip thionscadail CPP

Is mar a leanas atá na gnéithe earnála príobháidí atá i gceist le gach tionscadal ar leith:

D Dearadh na seirbhíse/an bhonneagair

T Tógáil/foirgníocht/leathnú/athnuachan sócmhainní caipitiúla

A Airgeadas a sholáthar (e.g. cothromas príobháideach agus iasachtaí a sholáthar/áirithiú; muirir úsáideoirí a bhailiú)

O sócmhainní a **oibriú** (e.g. saoráidí bainistíochta; foireann seirbhísí a fhostú)

C sócmhainní a **chothabháil** thar ré an chonartha.

Fíor 6.7 Caiteachas agus Gealltanais faoi Chonarthaí CPP ag deireadh 2011

An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail	Scóip an tionscadail	Dátaí tábhachtacha sa chonradh			Caiteachas			
		Dáta sínithe an chonartha	Tosach feidhme na seirbhíse	Dáta críochnaithe an chonartha	Roimh 2011	2011	Gealltanais sa todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
An Roinn Oideachais agus Scileanna								
Beart Píolótach Scoileanna CPP	DTAC	Samhain 2001	2002	2027	96.6	10.7	177.7	285.0
An Coláiste Muirí	DTAC	Feabhra 2003	2004	2029	62.9	8.6	127.7	199.2
Scoil Cheoil Chorcaí	DTAC	Meán Fómhair 2005	2007	2032	36.4	7.9	185.9	230.2
An chéad bheart scoileanna CPP	DTAC	Márta 2009	2010	2035	10.2	8.1	248.7	267.0
An dara beart scoileanna CPP	DTAC	Meitheamh 2010	2011	2036	-	13.9	338.4	352.3
An tSeirbhís Chúirteanna								
Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla	DTAOC	Deireadh Fómhair 2007	2009	2035	38.9	19.5	567	625.4
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt/Oifig na nOibreacha Poiblí								
An Lárionad Náisiúnta Comhdhála ^a	DTAOC	Aibreán 2007	2010	2035	41.0	54.2	658.1	753.3
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta ^b								
Cill Coca/Cionn Átha Gad ^c	Lamháltas	Márta 2003	2005	2033	171.2	0.8	7.3	179.3
Seachród Iartharach Dhún Dealgan ^c	Lamháltas	Feabhra 2004	2004	2034	2.6	0.2	3.8	6.6
Ráth Chormaic/Mainistir Fhear Maí ^c	Lamháltas	Meitheamh 2004	2006	2034	103.5	5.9	40.6	150.0

An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail	Scóip an tionscadail	Dátaí tábhachtacha sa chonradh			Caiteachas			
		Dáta sínithe an chonartha	Tosach feidhme na seirbhíse	Dáta críochnaithe an chonartha	Roimh 2011	2011	Gealltanais sa todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
Seachród Chathair Phort Láirge ^c	Lamháltas	Aibreán 2006	2010	2036	110.8	7.8	82.0	200.6
Tollán Luimnigh ^{cd}	Lamháltas	Lúnasa 2006	2010	2041	185.5	12.3	59.3	257.1
Cluain Aodha/Ceanannas ^{cd}	Lamháltas	Aibreán 2007	2010	2052	311.6	23.0	379.8	714.4
Gaillimh/Béal Átha na Sluaighe ^c	Lamháltas	Aibreán 2007	2010	2037	72.0	111.1	193.4	376.5
Port Laoise/An Chúlchoill ^c	Lamháltas	Meitheamh 2007	2010	2037	46.3	6.3	32.9	85.5
Uasghrádú an M50 ^{de}	DTAOC	Meán Fómhair 2007	2007	2042	42.0	24.0	889.4	955.4
Limistéir Sheirbhísí Mótarbhealaigh ^c	Lamháltas	Deireadh Fómhair 2009	2010	2034	25.9	21.2	—	47.1
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil^f								
Gléasraí cóireála dramhuisce								
Cuan Bhaile Átha Cliath ^g	DTOC	Márta 2001	2003	2024	220.3	7.6	—	232.6
Loch Garman	DTOC	Iúil 1999	2004	2026	18.4	—	—	18.4
Corcaigh	DTOC	Nollaig 2001	2004	2027	68.1	—	—	68.1

An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail	Scóip an tionscadail	Dátaí tábhachtacha sa chonradh			Caiteachas			
		Dáta sínithe an chonartha	Tosach feidhme na seirbhíse	Dáta críochnaithe an chonartha	Roimh 2011	2011	Gealltanais sa todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
Baile Brigín/na Sceirí	DTOC	Meán Fómhair 2004	2006	2028	19.0	1.6	—	20.6
Tiobraid Árann Theas	DTOC	Márta 2003	2007	2029	13.4	—	—	13.4
Dún Garbhán	DTOC	Aibreán 2004	2007	2029	12.2	—	—	12.2
Sligeach	DTOC	Meán Fómhair 2006	2008	2030	17.0	—	—	17.0
Dún na nGall	DTOC	Meitheamh 2006	2008	2030	25.2	—	—	25.2
Port Láirge	DTOC	Meán Fómhair 2006	2011	2031	22.5	3.0	0.6	26.1
Port Laoise	DTOC	Nollaig 2006	2009	2031	20.1	—	—	20.1
Sráidbhailte na Mí ⁹	DTOC	Deireadh Fómhair 2007	2010	2032	23.1	—	—	25.5
An Muileann gCearr	DTOC	Aibreán 2008	2010	2032	16.5	—	—	16.5
Caisleán an Bharraigh	DTOC	Meán Fómhair 2008	2010	2032	11.4	—	—	11.4
Bré/Seangánach	DTOC	Meán Fómhair 2008	2011	2031	55.3	1.1	—	56.4
Cill Mhantáin	DTOC	Meán Fómhair 2007	2009	2031	14.4	—	—	14.4
Port Reachrann/Domhnach Bat/An Ros/Lusca	DTOC	Feabhra 2010	2012	2032	16.8	10.4	7.0	34.2

An t-údarás urraíochta/ainm an tionscadail	Scóip an tionscadail	Dátaí tábhachtacha sa chonradh			Caiteachas			
		Dáta sínithe an chonartha	Tosach feidhme na seirbhíse	Dáta críochnaithe an chonartha	Roimh 2011	2011	Gealltanais sa todhchaí	Caiteachas iomlán tuartha
An Tulach Mhór	DTOC	Aibreán 2010	2012	2032	4.8	10.3	0.6	15.7
Leitir Ceanainn	DTOC	Feabhra 2011	2013	2033	—	13.7	11.5	25.2
Seirbhísí cóireála uisce								
Baile Chláir	DTOC	Nollaig 2006	2010	2030	16.7	—	—	16.7
Astarraingt na Bearú-Sruthlán	DTOC	Aibreán 2011	2013	2033	0.0	6.7	17.3	24.0

Foinse: Rinne na ranna liostaithe/an ghníomhaireacht urraíochta an fhaisnéis a sholáthar.

- Nótaí:
- a Tá CBL agus rátaí san áireamh i bhfigiúirí caiteachais roimh 2011 agus i bhfigiúirí caiteachais 2011. Níl ach muirear aonadach san áireamh sna gealltanais sa todhchaí.
 - b Níl CBL san áireamh.
 - c Faigheann an tÚdarás tairbhe ó sciar den ioncam ó na scéimeanna seo. Tá an sciar sin den ioncam ag brath ar mhéideanna tráchta agus díolachán i ndáil leis na scéimeanna éagsúla agus tá sé iníoctha ar fud na tréimhse lamháltais.
 - d Tá foráil ann maidir le Cluain Aodha/Ceanannas agus Tollán Luimnigh á rá go ndéanfaidh ÚBN íocaíochtaí má thiteann na leibhéil tráchta faoi bhun leibhéal sonraithe. Tá íocaíochtaí den sórt sin san áireamh sa chaiteachas go dtí seo. Níl íocaíochtaí atá bainteach le leibhéil tráchta san áireamh sna gealltanais sa todhchaí.
 - e Gearrtar dolaí ar an M50 idir Acomhail 6 agus 7. Fabhraíonn an t-ioncam ó dholáí M50 don Údarás.
 - f Níl sonraí údarás áitiúil san áireamh sna sonraí faoi chaiteachas/ghealltanais.
 - g Níl léiriú tugtha ag an Roinn faoi ghealltanais sa todhchaí i leith na dtionscadal seo. Tá an maoiniúchán á athbhreithniú i gcomhthéacs na gcuntas deiridh. Sa cholún a bhaineann le caiteachas iomlán tuartha, taispeántar na deontais atá ceadaithe faoi láthair.

Cuid 2 loncam

7 Iniúchadh na gCoimisinéirí 2011

- 7.1 Faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 (an tAcht), tá ceangal ar na Coimisinéirí Ioncaim cuntais a ullmhú i ndáil leis fáлтаis ioncaim a fhaigheann siad ón Stát. Éilíonn an tAcht leis go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na cuntais lena dhearbhu go bhfuil siad comhlánaithe agus cruinn.
- 7.2 Déanaim tuairim maidir le hiomláine agus cruinneas an chuntais ioncaim ar bhonn an imscrúdaithe agus na tástála a rinne m'Oifig ar na córais éagsúla fáлтаis, aisíocaíochta agus cuntasáíochta laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Glacaim dearbhú freisin ó scrúduithe ar chórais bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim, a dhéantar ar bhonn timthriallach.
- 7.3 Tá tuairisc shoiléir ar an gcuntas ioncaim do 2011 tugtha agam.
- 7.4 Tá cuntas ar an ioncam do 2011 ag gabháil leis an gCaibidil seo. Tá léargas ar an toradh don bhliain i gCaibidil 8.

Córais Bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim

- 7.5 Faoi Alt 3(7) den Acht, déanaim tuilleadh iniúchtaí
- lena fháil amach cibé ar bunaíodh córais, nósanna imeachta agus cleachtais atá leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh ceart ioncam an Stáit a chinntiú.
 - le go mbeidh mé sásta go bhfuil an tslí ina n-úsáidtear agus ina bhfeidhmítear na córais, nósanna imeachta agus cleachtais, leordhóthanach.
- 7.6 Ar bhonn timthriallach, déanaim imscrúdú ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim le cáin a mheasúnú agus a bhailiú. Tugaim tuairisc ar aon ní ginearálta a eascraíonn as mo chuid imscrúduithe ar chórais agus a mheasaim gur chóir do Choiste Dháil Éireann um Chuntais Phoiblí a bhreithniú.
- 7.7 Tugtar torthaí scrúduithe a rinneadh in 2011 i gCaibidlí 8 go 11.

Na Cuntais a Chur i Láthair

- 7.8 Ní dhéanann an tAcht foráil go sonrach don chuntas ioncaim a chur faoi bhráid Dháil Éireann, trí na Coimisinéirí Ioncaim nó tríd an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- 7.9 D'uireasa bonn reachtúil chun an cuntas ioncaim a chur i láthair agus a fhoilsiú, tá sé curtha san áireamh mar chuid de thuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcuntas na seirbhísí poiblí, le roinnt blianta anuas. Is é mo thuairim go mbeadh sé níos iomchuí do na Coimisinéirí Ioncaim an cuntas a chur i láthair i ndiaidh an iniúchadh a dhéanamh.

Moladh 7.1: Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim gealltanais a thabhairt go gcuirfidh siad an cuntas ioncaim faoi bhráid Dháil Éireann gach bliain, in éineacht le deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cé nach bhfuil riachtanas reachtúil ann maidir leis sin a dhéanamh.

Freagra an Oifigigh Cuntasáíochta: Aontaím.

Ioncam a Fuarthas sa Stát 2011

Ioncam a Fuarthas sa Stát 2011

<i>Clár</i>	Lch
Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	111
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	113
Beartais Chuntasaíochta	114
Cuntas ar Fháiltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh	115
Ráiteas na nIarmhéideanna	116
Nótaí leis na Cuntais	117

Ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil an gcórais TFC a chinntiú

Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Josephine Feehily
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
28 Feabhra 2012



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Cuntas ar an Ioncam a Fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim

Tá imscrúdú déanta agam ar na ráitis airgid a bhaineann le hioncam a fuarthas agus a diúscaíodh sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam i rith na bliana 2011 faoi Alt 3(7) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na beartais chuntasaíochta, cuntas ar an ioncam a fuarthas sa Stát a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim

Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm imscrúdú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir cheanglais dlí agus rialála iomchuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím cibé an bhfuil an cuntas curtha i láthair i gceart de réir na mBeartas Cuntasaíochta i mo thuairim nó nach bhfuil. Tuairiscím freisin ar coinníodh leabhair chuntais chuí i mo thuairim nó nár coinníodh. Chomh maith leis sin, sonraím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag aontú leis na leabhair chuntais nó nach bhfuil.

Tuairiscím aon chás a bhaineann le hábhar nuair nach bhfuil na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na sainmhínte go léir a bhfuil gá leo chun críche m'imscrúdaithe.

Bunús Tuairime

Ag cleachtadh mo fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, thug mé faoi imscrúdú ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire) a d'eisigh an Bord um Chleachtais Iniúchta agus trí thagairt a dhéanamh do na breathnuithe speisialta a bhaineann le heagraíochtaí Stáit maidir le hiad a bhainistiú agus a fheidhmiú.

Thug mé faoi m'imscrúdú ar bhonn trialach a rinne athbhreithniú ar fhianaise ar ábhartha í do na méideanna agus don nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a bhí san áireamh sna ráitis airgeadais. Áiríodh ann freisin, measúnú ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach, ar cuireadh i bhfeidhm go seasta iad, agus an bhfuil faisnéisiú dóthanach tugtha fúthu orthu.

Phleanáil mé m'imscrúdú sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínte ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh dóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is í an tuairim atá agam ná go gcuireann na ráitis airgeadais fáltas agus diúscairt an ioncaim a bailíodh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 agus na hiarmhéideanna iarmharacha ar an dáta sin i láthair i gceart.

Is í an tuairim atá agam ná gur choinnigh na Coimisinéirí Ioncaim leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leo.

Seamus MacCárthaigh
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Meán Fómhair 2012

Beartais Chuntasaíochta

1. Cuireann an cuntas seo na cánacha agus dleachtanna a bhailíonn agus a leithdháileann na Coimisinéirí Ioncaim i láthair, ag aistriú na bhfáltais chuig an Státchiste. Ullmhaíodh an Cuntas seo faoi réir Alt 3 (9) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.
2. Níl muirear ar bith san áireamh sa Chuntas seo le haghaidh costais riaracháin nó oibriúcháin de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an tOireachtas cistí don chuspóir sin a vótáil agus tá cuntas orthu sa Chuntas Leithreasaí bliantúil do Vóta 9 – Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.
3. Tugtar suimeanna a fuarthas i leith pionóis agus ús a ghearr na Coimisinéirí Ioncaim chun cuntais leis na socruithe cánach agus dleachta bainteacha. Tugtar fineálacha agus pionóis cúirte chuncuntais mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.
4. Cuireann an Cuntas seo na fáltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim do ranna agus ghníomhaireachtaí Rialtais eile i láthair mar seo a leanas:
 - An Roinn Coimirce Sóisialaí (ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Sláinte)
 - Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (An Tobhach Tobac)
 - An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (Tobhach Comhshaoil ar mhálaí plaisteacha).
 - An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna)
 - Coimisinéirí Soilse na hÉireann (Dleachtanna Soilse)
 - An Roinn Airgeadais (Stampaí Táille i leith Chlárlann na nGníomhas, Táillí Eadrána, Táillí um Chlárlú Cuideachtaí agus íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais).
5. Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim muirear chun Ranníocaíochtaí ÁSPC, an Tobhach Comhshaoil ar mhálaí plaisteacha, Dleachtanna Soilse agus íocaíochtaí na Scéime Tacaíochta um Thithe Altranais a bhailiú. Gearrann na Coimisinéirí muirear ar chustaiméirí a roghnaíonn a ndliteanais chánach a íoc le cárta creidmheasa chomh maith. Níl suimeanna a fuarthas i leith na muirir seo san áireamh sa chuntas seo ach tugtar cuntas orthu mar Leithreasaí i gCabhair de chuid Vóta 9.
6. Ullmhaíodh an Cuntas seo ar bhonn airgid thirim faoi réir ag na prionsabail de Chuntasaíocht Rialtais. Léiríonn an Cuntas na suimeanna iarbhír a fuarthas agus a híocadh i rith na bliana. Sa chás go bhfaightear suimeanna breise cánach, dleachta srl. i mblianta ina dhiaidh sin nó nuair a dhéantar suimeanna a fuarthas sa bhliain reatha nó i mblianta roimhe sin a aisíoc, déantar na nithe sin a thaifeadadh sa bhliain a fhaightear nó a aisíoctar iad.
7. Tá fritháirimh san áireamh sna figiúirí d'fháltais agus aisíocaíochtaí comhlán do gach ceannteideal cánach i.e. cásanna nuair nach ndéantar an aisíocaíocht go díreach leis an gcáiníocóir ach go ndéantar é a fhritháireamh i gcoinne cánacha eile atá gan íoc.

Cuntas ar Fháltas agus ar Dhiúscairt an Ioncaim a Bailíodh in 2011

	Nótaí	2011 €000	2010 €000
Ollfháltais			
Cáin agus Dleachtanna a Bailíodh	1	40,490,231	38,338,924
Fháltais a bailíodh thar ceann ranna/ghníomhaireachtaí eile	2	7,937,133	9,220,222
Ollfháltais ioncaim iomlán a bailíodh		48,427,364	47,559,146
Aisiocaíochtaí			
Aisiocaíochtaí ar chánacha agus dhleachtanna	3	(6,269,477)	(6,420,498)
Aisiocaíocht ar fháltais a bailíodh thar ceann ranna/ghníomhaireachtaí eile	4	(58,157)	(86,190)
Aisiocaíochtaí iomlána		(6,327,634)	(6,506,688)
Glanfháltais			
Cáin agus dleachtanna a bailíodh	5	34,220,754	31,918,426
Fháltais a bailíodh thar ceann ranna/ghníomhaireachtaí eile	7	7,878,976	9,134,032
Glanfháltais ioncaim iomlán a bailíodh		42,099,730	41,052,458
Diúscairt na nGlanfháltas			
Cánacha agus dleachtanna a aistríodh chuig an Státchiste	6	(34,026,878)	(31,752,074)
An Tobhach Tobac a Aistriú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	6	(167,605)	(167,605)
Fáltais a aistriú chuig ranna/ghníomhaireachtaí eile	7	(7,887,340)	(9,141,581)
Diúscairt iomlán na bhfáltas ioncaim a bailíodh		(42,081,823)	(41,061,260)
Glanfháltais coinnithe ag deireadh na bliana		17,907	(8,802)
Iarmhéid tosaigh ar an gcuntas ar fháltas agus dhiúscairt ioncaim ar 1 Eanáir		(129,060)	(120,258)
Iarmhéid Deiridh ar an gcuntas ar fháltas agus dhiúscairt ioncaim ar 31 Nollaig		(111,153)	(129,060)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 13.

William Funnell
Ard-Chuntasóir
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Josephine Feehily
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

28 Feabhra 2012

28 Feabhra 2012

Ráiteas na nIarmhéideanna amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €000	2010 €000
Sócmhainní			
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	8	289,521	56,255
Ioncam fabhráithe	9	—	16
Réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hioncam	10	17	56
Suimeanna dlite ó ranna Rialtais	11	282	609
Sócmhainní iomlána		289,820	56,936
Dlíteanais			
Suimeanna ar feithimh fáltas agus leithdháileadh	12	(290,131)	(42,132)
Taiscí i seilbh	13	(110,842)	(143,864)
Dlíteanais iomlána		(400,973)	(185,996)
Glan-dlíteanais		(111,153)	(129,060)

Arna léiriú ag:

Iarmhéid deiridh ar an gcuntas ar fháltas agus dhiúscairt ioncaim

Iarmhéid ar chánacha agus dhleachtanna dlite ón Státchiste	6	(106,628)	(132,899)
Iarmhéid ar fháltais bailithe agus dlite chuig/(ó) ranna/gníomhaireachtaí eile	7	(4,525)	3,839
		(111,153)	(129,060)

Is cuid den Chuntas seo iad na Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 13.

William Funnell
Ard-Chuntasóir
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

28 Feabhra 2012

Josephine Feehily
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

28 Feabhra 2012

Nótaí leis an gCuntas

Nóta 1 Cáin agus Dleachtanna a bailíodh

	2011	2010
	€000	€000
Cáin Ioncaim	16,411,501	13,945,794
Cáin Bhreisluacha	12,356,164	12,743,817
Dleacht Máil	4,924,991	4,888,819
Cáin Chorparáide	4,448,689	4,919,889
Dleachtanna Stampála	1,400,848	984,791
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	453,722	383,240
Cáin Fháiltais Caipitiúil	253,582	242,675
Dleacht Chustaim	240,734	229,899
	40,490,231	38,338,924

Nóta 2 Ollfháltais a bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí eile

	2011	2010
	€000	€000
An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)	7,915,090	9,008,403
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)	— ¹	187,793
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	16,026	19,218
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	4,308	4,284
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	270	523
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach agus An Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais)	1,439	1
	7,937,133	9,220,222

¹ Le héifeacht ón 1 Eanáir 2011, beidh gach fáiltas Tobhach Sláinte infíochta leis an DSP seachas leis an HSE.

Nóta 3 Aisíocaíochtaí ar Chánacha agus Dhleachtanna

	2011	2010
	€000	€000
Cáin Bhreisluacha	(2,603,611)	(2,641,300)
Cáin Ioncaim	(2,597,387)	(2,680,217)
Cáin Chorporáide	(948,312)	(976,302)
Dleacht Máil	(53,178)	(54,211)
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	(37,631)	(38,118)
Dleachtanna Stampála	(18,196)	(23,206)
Cáin Fháltais Caipitiúil	(10,369)	(6,170)
Dleacht Chustaim	(793)	(974)
	(6,269,477)	(6,420,498)

Nóta 4 Fáltais a bailíodh thar ceann Ranna/Ghníomhaireachtaí eile

	2011	2010
An Roinn	€000	€000
Coimirce Sóisialaí	58,145	86,184
Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	10	6
Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach agus an Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais)	2	—
	58,157	86,190

Nóta 5 Ollfháltais Cánacha agus Dleachtanna

	Ollfháltais	Aisíocaíochtaí	Glanfháltais	Glanfháltais
	2011	2011	2011	2010
	€000	€000	€000	€000
Cáin Ioncaim	16,411,501	(2,597,387)	13,814,114	11,265,577
Cáin Bhreisluacha	12,356,164	(2,603,611)	9,752,553	10,102,517
Dleacht Máil	4,924,991	(53,178)	4,871,813	4,834,608
Cáin Chorporáide	4,448,689	(948,312)	3,500,377	3,943,587
Dleachtanna Stampála	1,400,848	(18,196)	1,382,652	961,585
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	453,722	(37,631)	416,091	345,122
Cáin Fháltais Caipitiúil	253,582	(10,369)	243,213	236,505
Dleacht Chustaim	240,734	(793)	239,941	228,925
	40,490,231	(6,269,477)	34,220,754	31,918,426

Nóta 6 Cánacha agus Dleachtanna a Aistríodh chuig an Stáitchiste

	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	Glanfháltais	Aistrithe lomlána	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011
	€000	€000	€000	€000
Cáin Ioncaim	(13,052)	13,814,114	(13,797,532)	3,530
Cáin Bhreisluacha	1,978	9,752,553	(9,740,525)	14,006
Dleacht Máil	(149,005)	4,871,813	(4,845,205) ¹	(122,397)
Cáin Chorporáide	15,984	3,500,377	(3,520,193)	(3,832)
Dleachtanna Stampála	8,681	1,382,652	(1,391,289)	44
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil	584	416,091	(415,974)	701
Cáin Fháiltais Caipitiúil	572	243,213	(243,507)	278
Dleacht Chustaim	1,359	239,941	(240,258)	1,042
	(132,899)	34,220,754	(34,194,483)	(106,628)

¹ Tá €167,605,000 san áireamh sa tsuim de €4,845,205,000 a íocadh ó na Fáltais ón Dleacht Máil ar Thobac chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoi Alt 3 den Acht Leithreasa, 1999 arna leasú ag an Acht Leithreasa, 2005.

Nóta 7 Fáltais a Aistriú chuig Ranna/Gníomhaireachtaí Eile

	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2011	Glanfháltais	Aistrithe lomlána	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2011
	€000	€000	€000	€000
An Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP)	3,527 ¹	7,856,945	(7,865,289)	(4,817)
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	162	16,016	(15,976)	202
Coimisinéirí Soilse na hÉireann	86	4,308	(4,328)	66
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta	63	270	(311)	22
An Roinn Airgeadais (Ioncam Ilghnéitheach agus an Scéim Tacaíochta um Thithe Altranais)	1	1,437	(1,436)	2
	3,839	7,878,976	(7,887,340)	(4,525)

¹ Tá €1,607,028 san áireamh sa tsuim de €3,527,039 a bhí dlite leis an HSE amhail an 1 Eanáir 2011.

Nóta 8 Airgead sa Bhanc agus ar Láimh

	2011	2010
	€000	€000
Iarmhéid i gCuntas na gCoimisinéirí Ioncaim ag an mBanc Ceannais	17,888	9,990
Airgead ar láimh	271,633	46,265
	289,521	56,255

Léiríonn airgead ar láimh suimeanna atá á choinneáil ag na Coimisinéirí Ioncaim ar feitheamh próiseáil a chur i gcrích trí chórais chuntasaíochta na gCoimisinéirí. Tá na figiúirí comparáideacha do 2010 athluaite chun leithdháileadh níos cruinne ar na suimeanna sin.

Nóta 9 Ioncam Fabhráithe

Léiríonn ioncam fabhráithe suimeanna dlite do na Coimisinéirí sa bhliain lena bhfuarthas íocaíocht i ndiaidh deireadh na bliana.

Nóta 10 Réamhíocaíochtaí ar Mhaithe le hIoncam

Bhí réamhíocaíochtaí ar mhaithe le hioncam ann mar thoradh ar nós imeachta cuntasaíochta a fheidhmítear sna dúichí i leith Dleachtanna Custaim agus Máil. Nuair atá easnamh maidir le hairgead a bhailiú mar thoradh ar nithe cosúil le seic atá gan íoc déantar é a líonadh go sealadach leis an meicníocht de "réamhíocaíocht" a tharraingítear ar chuntas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Glanadh an réamhíocaíocht nuair a fuarthas an íocaíocht ón trádálaí ina dhiaidh sin. Níl ann don chleachtas sin níos mó. Téann na hiarmhéideanna sa Chuntas chomh fada siar le 2007 agus tá siad faoi réir imeachtaí dlí faoi láthair.

Nóta 11 Suimeanna Dlíte ó Ranna Rialtais

Nuair a bhíonn dliteanas ann mar thoradh ar ranna Rialtais a bheith ag iompórtáil earraí, scaoiltear na hearraí gan dleachtanna ná cánacha a íoc láithreach agus gearrtar an tsuim atá dlite ar an Roinn ina dhiaidh sin.

Nóta 12 Suimeanna ar Feithimh Fáltas agus Leithdháileadh

	2011	2010
	€000	€000
Taiscí Cánach gan leithdháileadh	(22,968) ¹	(17,177)
Fáltais chánach ar feitheamh aistriú agus leithdháileadh	(267,125)	(41,368)
Ilghnéitheach	(38)	16,413
	(290,131)	(42,132)

¹ Ar Thaiscí Cánach gan Leithdháileadh (UTD) don chuid is mó tá íocaíochtaí a dhéantar ar chuntas le linn iniúchtaí cánach agus socruithe iniúchta nach bhfuil teoracha cuntasaíochta curtha i gcrích dóibh fós. Dá réir sin, ní féidir na híocaíochtaí a leithdháileadh chuig na ceanteidil chánacha chuí agus coinníonn na Coimisinéirí Ioncam i gcuntas TCL sa Bhanc Ceannais iad.

Nóta 13 Taiscí i Seilbh

	2011	2010
	€000	€000
Taiscí i seilbh faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994	(4,102)	(4,638)
Bailitheoirí Custaim agus Máil	(883)	(973)
Taiscí an chórais Próiseála Iontrála Uathoibrithe	(105,857)	(138,253)
	(110,842)	(143,864)

Baineann taiscí arna gcoinneáil faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 le hairgead arna urghabháil faoin Acht agus a choinnítear i dtaisce ar feitheamh imeachtaí cúirte. Athshonraíodh an figiúr comparáideach do 2010 do Bhailitheoirí Custaim agus Máil chun na taiscí sin a léiriú. Léiríonn gach taisce eile suimeanna a d'íoc cáinócoirí do dhilteanais Custaim agus Máil a bhíonn dlite tar éis an 31 Nollaig agus arna dtabhairt chun cuntais nuair a chomhdaítear an tuairisceán iomchuí. Géilleadh na taiscí sin don Státchiste an 31 Nollaig mar chuid de na haistrithe Custaim agus Máil i Nóta 6.


8 Toradh loncaim 2011

- 8.1** Is é an phríomhfheidhm atá ag na Coimisinéirí loncaim na cánacha a bhailiú don rialtas lárnach. Déantar na méideanna sin a bhailiú agus déantar iad a íoc isteach i gcuntas Stáitchiste an Phríomh-Chiste. Tá freagrach sannta do na Coimisinéirí loncaim freisin as raon dleachtanna agus tobhaigh is iníoctha le ranna agus gníomhaireachtaí eile a bhailiú, lena n-áirítear Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa (ÁSPC) a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.
- 8.2** Tá na Coimisinéirí loncaim freagrach as a chinntiú go ndéanann daoine inchánach clárúchán chun críoch cánach, go dtíolacann siad tuairisceáin chruinne cánach agus go n-íocann siad na cánacha agus na dleachtanna go léir de réir mar a thagann siad chun bheith dlíte. Gné den chóras bailiúcháin is ea aisíocaíochtaí cánach freisin. Mar shampla, íoctar CBL le trádálaí más rud é, laistigh de thréimhse áirithe CBL, gur mó an CBL a éiríonn ar cheannacháin ó sholáthróirí ná an CBL a muirearaíodh ar dhíolacháin le custaiméirí. Eisítear aisíocaíochtaí freisin i gcás inar mó an réamhcháin a íoctar ná an cháin iomlán is iníoctha nó i gcás ina bhfuil an cáiníocóir i dteideal faoisimh chánach nó liúntais a fháil ar faoisimh nó liúntais iad nach ndéantar éileamh ina leith an tráth a dhéantar an tuairisceán cánach.
- 8.3** Sa chaibidil seo, déantar scrúdú ar na príomhthreochtaí maidir leis na méideanna a bailíodh idir na blianta 2007 agus 2011.

An tloncam a Bailíodh

- 8.4** I bhFíor 8.1, tugtar achoimre ar na méideanna a bailíodh idir na blianta 2007 agus 2011 arna miondealú idir cánacha a bailíodh lena n-aistriú chuig an rialtas lárnach agus muirir is iníoctha le ranna agus cistí eile.

Fíor 8.1 Ioncam Stáitchiste agus Muirir Eile 2007 go 2011



Foinse: Cuntais ar Fháiltais Ioncam an Stáit 2007 go 2011

- 8.5** Idir na blianta 2007 agus 2011, tháinig laghdú gach bliain ar an méid iomlán a bhailigh na Coimisinéirí loncaim. Sa bhliain 2011, áfach, tháinig méadú €1 billiún ar an méid iomlán a bailíodh – is ionann sin agus méadú 2.6% i gcomparáid leis an mbliain 2010. Tríd is tríd, tá an méadú (glan) sin inchurtha i leith thabhairt isteach an Mhuirir Shóisialaigh Uilígh agus an tobhaigh ar scéimeanna pinsin, ar méadú é a tharla fritháireamh maidir leis de bharr laghduithe ar fháiltais ó Cháin Chorporáide agus ó CBL.

8.6 Tá achoimre le fáil i bhFíor 8.2 ar an méid iomlán cánach a bailíodh agus a aistríodh ina dhiaidh sin chuig an Stáitchiste, chomh maith leis na méideanna a bailíodh thar ceann gníomhaireachtaí eile, do na blianta ó 2007 go 2011.

Fíor 8.2 Bailiú agus Aisíoc Ioncaim 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011	<i>Athrú ó 2010 go 2011</i>
	€m	€m	€m	€m	€m	
An méid comhlán a bailíodh	66,148	60,061	50,744	47,559	48,427	+1.8%
Aisíoc cánacha agus dleachtanna	(9,137)	(9,178)	(8,148)	(6,420)	(6,269)	-2.4%
Aisíoc muirear eile	(75)	(71)	(82)	(86)	(58)	-32.5%
An glanmhéid a bailíodh	56,936	50,812	42,514	41,053	42,100	+2.6%
Ina n-áirítear:						
Cáin Ioncaim	13,582	13,195	11,839	11,265	13,814	+22.6%
Cáin Bhreisluacha	14,519	13,432	10,638	10,102	9,752	-3.5%
Mál	5,835	5,432	4,734	4,667	4,704	+0.8%
Cáin Chorparáide	6,393	5,071	3,890	3,944	3,500	-11.2%
Dleachtanna stampa	3,244	1,763	1,001	962	1,383	+43.8%
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	3,097	1,424	544	345	416	+20.6%
Cáin Fháiltas Caipitiúil	391	343	256	237	244	+3.0%
Dleachtanna custam	273	245	208	229	240	+4.8%
Ioncam Stáitchiste	47,334	40,905	33,110	31,751	34,053	+7.3%
Árachas Sóisialach Pá- Choibhneasa	9,404	9,707	9,207	9,110	7,857	-13.8%
Tobhach Tobac ^a	168	168	168	168	168	—
Tobhach Comhshaoil	22	26	24	19	16	-15.8%
Eile	8	6	5	5	6	+20.0%
Muirir eile	9,602	9,907	9,404	9,302	8,047	-13.5%

Foinse: Cuntas ar Fháiltas Ioncam an Stáit 2007 go 2011

Nóta: a Foráiltear le halt 3 den Acht Leithreasa 1999 (arna leasú) go ndéanfar méid arna chinneadh ag an Aire Airgeadais a íoc gach bliain le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as na fáiltas ón Dleacht Mál ar Thobac.

An Muirear Sóisialach Uilíoch

8.7 I gcomparáid leis an mbliain 2010, tháinig glanmhéadú €2.5 billiún ar fháiltas Chánach Ioncaim sa bhliain 2011. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas a tharla na méaduithe sin:

- €3.1 billiún a bailíodh sa bhliain 2011 i leith an Mhuirir Shóisialaigh Uilígh a tugadh isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2011
- laghdú fritháirimh mar gheall ar dheireadh a chur leis an tobhach ioncaim (bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim €1.45 billiún sa bhliain 2010 ar mhodh tobhaigh ioncaim)
- méaduithe eile a d'éirigh go príomha mar gheall ar laghduithe ar chreidmheasanna cánach agus mar gheall ar íslú na mbandaí cánach.

- 8.8** Tá an Muirear Sóisialach Uilíoch iníoctha má tá ioncam duine aonair níos mó ná €10,036 sa bhliain.¹ Is iad seo a leanas na rátaí: 2% i ndáil leis an gcéad €10,036, 4% ar an gcéad €5,980 eile agus 7% ar an iarmhéid. Déantar na rátaí a mhodhnú in imthosca áirithe i ndáil le daoine aonair atá 70 bliain d'aois nó os a chionn nó i ndáil le daoine aonair a bhfuil cárta liachta iomlána acu. Ghlac an Muirear Sóisialach Uilíoch ionad an tobhaigh ioncaim agus an tobhaigh sláinte (ar a dtugtar an ranníoc sláinte freisin) araon.²
- 8.9** Idir na blianta 2010 agus 2011, tháinig glanlaghdú €1.3 billiún ar an méid ÁSPC a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tharla an laghdú sin mar thoradh ar thionchar na nithe seo a leanas le chéile:
- laghdú ar mhéideanna a bailíodh mar gheall ar dheireadh a chur leis an tobhach sláinte – bhí an tobhach sláinte á bhailiú ag na Coimisinéirí roimhe seo mar chuid de ÁSPC agus íocadh na méideanna sin leis an Roinn Coimirce Sóisialaí mar mhéid comhchodach (sa bhliain 2010, fuair an Ciste Árachais Shóisialaigh €1.9 billiún i leith an tobhaigh sláinte)³
 - méaduithe mar gheall ar athruithe ar rialacha agus rátaí ÁSPC a fógraíodh i mBuiséad 2011 – i measc na n-athruithe áiríodh deireadh a chur leis an uasteorainn tuillimh bhliantúil agus méadú ar an ráta do dhaoine féinfhostaithe – ó 3% go 4%.

Tobhach ar Scéimeanna Pinsin

- 8.10** Sa bhliain 2011, tháinig glanmhéadú €421 mhilliún ar na fáлтаis ó dhleacht stampa. Bhí suim €463 mhilliún san áireamh sna fáлтаis sin, ar suim í a d'éirigh as tobhach ar scéimeanna pinsin. Rinneadh tobhach dleachta stampa, is é sin le rá, 0.6% de luach na sócmhainní atá faoi bhainistiú scéimeanna pinsin, a thabhairt isteach sa bhliain 2011.
- 8.11** Oibreoidh an tobhach do gach bliain ó 2011 go 2014 d'fhonn €470 milliún a bhailiú in aghaidh na bliana chun na bearta éagsúla atá leagtha amach sa Tionscnamh Post a mhaoiniú.

Athruithe ar Chánacha Eile

- 8.12** Sa bhliain 2011, bhí na fáлтаis ó Cháin Chorporáide €444 mhilliún (11%) níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2010. Thug na Coimisinéirí Ioncaim dá n-aire maidir le híocaíochtaí Cánach Corparáide ina raibh suim €251 mhilliún - suim a bhí comhionann le 7% de na fáлтаis sa bhliain 2011 – go bhfuarthas í isteach i gceann amháin de chuntais tráchtála bainc na gCoimisinéirí Ioncaim ar an 28 Nollaig 2011 ach nach raibh an tsuim sin ar fáil lena haistriú chuig an Stáitchiste go dtí tús mhí Eanáir 2012. Mar thoradh air sin, déanfar na fáлтаis sin a thuairisciú i gcuntas na bliana 2012.
- 8.13** Tháinig laghdú €350 milliún (3.5%) ar na fáлтаis ó CBL. D'fhéadfadh sé gur tharla cuid den laghdú mar gheall ar laghdú ar an ráta CBL i gcás earraí agus seirbhísí áirithe, go háirithe nithe a bhaineann leis an tionscal fáilteachais ar ina leith a laghdaíodh an ráta ó 13.5% go 9% i mí Iúil 2011.
- 8.14** Maidir leis an gcuid eile den mhéadú ar chánacha agus ar dhleachtanna eile, lena n-áirítear Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus dleachtanna Máil, b'ionann é agus suim €126 mhilliún.

1 Le héifeacht ón 1 Eanáir 2012. Sa bhliain 2011, bhí an Muirear Sóisialach Uilíoch iníoctha i gcás inar mhó ná €4,004 ioncam iomlán duine aonair.

2 Cuireadh an tobhach ioncaim i bhfeidhm de réir ráta 2% den ioncam suas go €75,036; 4% ar ioncam idir €75,037 agus €174,980 agus 6% ar ioncam os cionn €174,980. Cuireadh an tobhach sláinte i bhfeidhm de réir ráta 4% ar ioncam suas go €75,036 agus 5% ar ioncam os cionn €75,036.

3 Cuntais an Chiste Shóisialaigh Árachais amhail an 31 Nollaig 2010.

Cáin agus Aschur Náisiúnta

- 8.15** Tá an ghaolmhaireacht idir méideanna a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus Olltáirgeacht Intíre (OTI) leagtha amach i Fíor 8.3.⁴

Fíor 8.3 Méideanna a bhailigh na Coimisinéirí Ioncam agus an OTI 2007 go 2011

	Olltáirgeacht Intíre (praghsanna reatha)	Glanfháltais a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ^a	Glanfháltais mar % de OTI
	€m	€m	
2007	189,933	56,936	30.0%
2008	179,990	50,812	28.2%
2009	160,596	42,514	26.5%
2010	155,992	41,053	26.3%
2011	156,438	42,100	26.9%

Foinse: Cuntais Náisiúnta Ráithiúla na Príomh-Oifige Staidreamh, Ráithe 4 2011 (Réamhráiteach); Cuntas ar Fháltais Ioncam an Stáit

Nóta: a Tá glanfháltais chánach, ÁSPC agus muirir eile (féach Fíor 8.2) san áireamh sa cholún seo.

- 8.16** Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an gcion OTI a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim i bhfoirm cánacha agus tobhach, is é sin, ó ráta thart ar 30% sa bhliain 2007 go leibhéal thart ar 27% idir na blianta 2009 agus 2011.

- 8.17** Le linn tagairt a dhéanamh roimhe seo don ghaolmhaireacht idir cáin agus OTI, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go raibh athrú tagtha ar chomhdhéanamh an OTI in Éirinn idir na blianta 2001 agus 2007 de réir mar a bhí fás ag teacht ar ghníomhaíochtaí tógála ar luas níos tapa ná mar a bhí ag tarlú i gcás na gcomhchodanna eile de OTI. Luaigh sí go bhfuarthas leibhéil measartha ard fáltas cánach ón earnáil tógála agus ón earnáil mhaoine sa tréimhse lena mbaineann i gcomparáid le hearnálacha eile. Tá an laghdú ar an gcion OTI a bailíodh mar cháin agus mar thobhaigh inchurtha go formhór i leith an mheatha a tháinig ar na hearnálacha lenar ghabh fáltas arda cánach.


Réamhfhaisnéis Ioncaim

- 8.18** Déanann an Roinn Airgeadais réamhfaisnéisí cánach Stáitchiste a ullmhú le cúnamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. I measc na nithe atá i gceist le réamhfaisnéisí fáltas cánach áirítear coigeartú a dhéanamh ar fháltais na bliana roimhe chun fachtóirí aonuaire nach dóigh dóibh a bheith ann arís a chur san áireamh, meastachán a dhéanamh ar an bhfás laistigh de mhírchinn cánach ar leithligh agus sin a dhéanamh faoi threoir réamh-mheastachán maicreacnamaíocha agus áireamh a dhéanamh ar an tionchar atá ag athruithe sna rátaí cánach.

⁴ Déanann an Olltáirgeacht Intíre tomhas ar aschur iomlán an gheilleagar i dtréimhse áirithe i.e. luach oibre ginte ioncaim a dhéanann fostaithe, cuideachtaí agus daoine féinfhostaithe.

- 8.19** Sa bhliain 2011, ba é a bhí sa réamhaisnéis i gcomhair cánacha agus dleachtanna a bhí infhaighte ag an Státhchiste ná €34.9 billiún. Go foriomlán, bhí ioncam ó chánacha sa bhliain 2011 faoi bhun na leibhéal a bhí sa réamhaisnéis, is é sin le rá, bhí sé €873 mhilliún, nó 2.5%, faoi bhun na leibhéal sin. Tá an difríocht idir fáiltais chánach iarbhair agus fáiltais chánach réamhaisnéise sa tréimhse ó 2000 go 2011 leagtha amach i bhFíor 8.4.

Fíor 8.4 Cáin a Aistríodh chuig an Státhchiste i gcomparáid leis an Réamhaisnéis 2000 go 2011



Foinse: An Roinn Airgeadais

- 8.20** Tharla roinnt difríochtaí suntasacha idir réamhaisnéis agus méideanna iarbhair thar an tréimhse lena mbaineann. Bhí an t-ioncam ó cháin faoi bhun na réamhaisnéise sa bhliain 2007 agus sa bhliain 2008, is é sin, 3.7% faoina bun agus 16.6% faoina bun, faoi seach. Idir na blianta 2009 agus 2011, bhí an méid cánach a bailíodh iarbhair laistigh de 2.3% agus 3.9% de na méideanna a bhí sa réamhaisnéis.
- 8.21** I dtuarascáil ó ghrúpa modheolaíochta réamhaisnéise cánach a críochnaíodh sa bhliain 2008, rinneadh scrúdú ar na réamhaisnéisí ioncaim cánach sa tréimhse ó 1996 go 2006.⁵ Cé gur cinneadh sa tuarascáil go bhfuil deacrachtaí ag tíortha eile freisin maidir le réamhaisnéis chruinn a thabhairt ar fháltais chánach, cinneadh go raibh an leibhéal earráidí réamhaisnéise in Éirinn sa tréimhse a scrúdaíodh ard i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Luadh na fachtóirí seo a leanas sa tuarascáil mar nithe a d'fhág go raibh sé níos deacra réamhaisnéis a thabhairt in Éirinn:
- B'ionann athruithe substaintiúla struchtúracha laistigh den gheilleagar agus laistigh den chóras cánach agus a rá go bhféadfadh sé go raibh athrú tagtha thar am ar na boinn iomchuí cánach agus ar na fachtóirí geilleagracha a bhí taobh thiar díobh. Luadh go bhféadfadh fadhbanna móra a bheith ag baint le gaolmhaireacht 'staid chobhsaí' le linn tréimhse trasdula ina raibh athrú domhan struchtúrach ag tarlú. Mar shampla, luadh sa tuarascáil gurbh é a bhí i bhfreagrúlacht fáiltais cánach i leith athruithe in OTI ná corradh beag le 1:1 ar an meán thar an tréimhse 1999-2006 ach measadh gurbh é a bhí ann ná 0.3:1 don bhliain 2002 agus beagnach 1:1 sa bhliain 2006.⁶
 - Tá geilleagar na hÉireann i measc na ngeilleagar is lú agus is oscailte dá bhfuil ann laistigh den OECD agus baineann an t-aschur le líon measartha beag earnálacha. Mar thoradh air sin, tá an fhéidearthacht ann go mbeidh an ghníomhaíocht fhoriomlán eacnamaíochta agus an t-ioncam cánach a ghineann sé sin níos luainí ná mar a bheadh i gcás tíortha níos mó a bhfuil éagsúlú earnála níos mó iontu.

5 Tuarascáil an Ghrúpa Athbheithnithe ar Mhodheolaíocht Réamhaisnéise Cánach, Feabhra 2008.

6 De réir na tuarascála, measadh gurbh é a bhí sa tsolúbthacht cáin:OTI ná 1.1:1. Ciallaíonn sé sin go dtagann ardú 1.1% ar ioncam ó chánacha in aghaidh gach ardaithe 1% ar OTI.


Tuairimí na Roinne Airgeadais

- 8.22** Tá sé ráite ag an Roinn Airgeadais go bhfuil réamhaisnéis ioncaim cánach ag brath ar roinnt ionchur arb é atá sa cheann is tábhachtaí díobh ná na hathróa maicreacnamaíocha arb iad is mó is bun le réamhaisnéisí ioncaim cánach. Mar gheall ar an éiginnteacht mhéadaithe sna blianta 2007 agus 2008, tharla méadú ar na rioscaí a ghabh le réamhaisnéisí eacnamaíocha agus fioscacha. Mar shampla, d'fhoilsigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a chuid réamhaisnéisí maicreacnamaíocha ina World Economic Outlook i mí Dheireadh Fómhair 2008 ach b'éigean dó réamhaisnéisí nua a fhoilsiú i mí na Samhna 2008, mar aon le faisnéis uasdátaithe a fhoilsiú i mí Eanáir 2009. Bhí an toradh sa bhliain 2008 16% faoi bhun na sprice a bhí leagtha amach i mbuiséad 2008 agus tharla sé sin go formhór mar thoradh ar fhorbairtí eisceachtúla a rinne difear don gheilleagar sa bhaile agus don gheilleagair idirnáisiúnta araon. Ina theannta sin, bhí an luaineacht thar na cúig bliana seo caite, go háirithe an meath an-mhór agus an-tobann a tháinig ar gheilleagar na hÉireann, ina fhachtóir tábhachtach mar bhonn le dialltaí ó ioncaim phróifílithe ó cháin.

Réamhaisnéis a dhéanamh faoi Fáltais ó Cháin Chorporáide

- 8.23** I dtuarascáil 2008 ar mhodheolaíocht réamhaisnéise cánach, luadh gurbh iad na fáltais Chánach Corporáide ba chúis leis an earráid ba mhó i dtaca le réamhaisnéisí sna ceithre mhírcheann is mó idir na blianta 1999 agus 2006. Luadh sa tuarascáil go raibh fadhbanna den chineál céanna ann i ndlínsí eile (an Ríocht Aontaithe mar shampla) maidir le réamhaisnéisí a dhéanamh faoi fáltais Chánach Corporáide.
- 8.24** Idir na blianta 2007 agus 2011, bhí an difríocht idir na fáltais iarbhir Chánach Corporáide agus na méideanna faisnéise sa raon ó 4% go 24%. Tá laghdú tagtha ar Cháin Chorporáide mar chion de na fáltais iomlána cánach ó 15% sa bhliain 2006 go 10% sa bhliain 2011. I bhFíor 8.5, taispeántar an réamhaisnéis agus na fáltais iarbhir Chánach Corporáide don tréimhse ó 2005 go 2011.


Fíor 8.5 An Réamhaisnéis agus na Fáltais Iarbhir Chánach Corporáide 2005 go 2011



Foinse: Cuntas ar Fáltais Ioncam an Stáit, Próifíl Charnach na Roinne Airgeadais maidir leis na Fáltais Ioncaim Cánach a bhfuiltear ag súil leo

- 8.25** Tá ullmhú réamhaisnéisí chruinn maidir le fáltais Chánach Corporáide tar éis éirí níos deacra mar thoradh ar na cailleanais shuntasacha atá ann anois agus ar féidir le gnóthaí iad a úsáid mar fhritháireamh in aghaidh brabús. I gcás ina dtuairiscíonn cuideachta cailleanas i dtréimhse chuntasaíochta áirithe, is féidir an cailleanas sin a úsáid, ar bhealaí éagsúla, chun faoiseamh a fháil ó íoc Cánach Corporáide. I bhFíor 8.6, taispeántar na bealaí éagsúla inar féidir le cuideachta cailleanas trádála a úsáid chun faoiseamh a fháil ó Cháin Chorporáide.

Fíor 8.6 Faoiseamh Caillteanais i leith Cánach Corparáide




Nóta: a I gcás ina scoireann cuideachta de bheith ag trádáil agus go dtuiriscíonn sí caillteanas sa dhá mhí dhéag is déanaí ina raibh sí ag trádáil, is feidir an caillteanas sin a thabhairt ar gcúl agus a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar an ioncam trádála ón trádáil chéanna sna trí bhliana roimhe sin.

8.26 Go stairiúil, ní dhearnadh luach carnach na gcaillteanas a bhí ar fáil lena bhfritháireamh in aghaidh brabús tothchaí a áireamh i dtuirisceáin Chánach Chorporáide. Tharla an gan-tuirisciú sin mar gurbh é a bhí san aon oibleagáid amháin a bhí ar chuideachtaí a raibh tuairisceáin á ndéanamh acu (do na blianta suas go 2010, go huile) ná caillteanas a dhearbhu uair amháin ar a dtuirisceán cánach. Níorbh éigean dóibh aon chaillteanais neamhúsáidte a athlua ach amháin sa mhéid gur mhian leo cuid de na caillteanais charntha a fhritháireamh in aghaidh brabús an bhliain sin. Mar thoradh air sin, níl faisnéis iomlán ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le luach iomlán na gcaillteanas atá ar fáil ag cuideachtaí lena bhfritháireamh amach anseo.

8.27 I bhFíor 8.7, taispeántar an treocht i dtaca le caillteanais thuairiscithe a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí cuntasáíochta roimhe sin agus i dtaca le caillteanais dhearbhaite a tabhaíodh sna tréimhsí cuntasáíochta ó 2007 go 2010. Fuarthas an fhaisnéis ó thuairisceáin Chánach Corparáide a bhí dlite i Meán Fómhair gach bliain i leith tréimhsí cuntasáíochta dar chríoch an bhliain roimhe sin.

Fíor 8.7 An Treocht i dtaca le Caillteanais Ar Aghaidh agus Caillteanais a Tabhaíodh 2007 go 2010




Foinse: Tuairisceáin Chánach Corparáide do thréimhsí cuntasáíochta dar chríoch sa tréimhse idir na blianta 2007 agus 2010

- 8.28** Rud a d'imir tionchar ar an méadú ar na caillteanais thuairiscithe a bhí tugtha ar aghaidh ag tús na bliana 2010 ná an teagmháil a rinne na Coimisinéirí Ioncaim le cuid de na cuideachtaí a raibh na caillteanais is mó déanta acu, agus iad ag iarraidh faisnéis níos fearr a fháil, chun a chinntiú go mbeadh sonraí faoi chaillteanais charntha a bhí á dtabhairt ar aghaidh san áireamh ina dtuairisceáin don bhliain 2010.
- 8.29** Measann na Coimisinéirí Ioncaim gur fhan luach €119 billiún de chaillteanais agus de liúntais chaipitiúla gan úsáid ag deireadh na bliana 2010 agus go bhfuil siad ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh chun iad a fhritháireamh i mblianta amach anseo. D'fhéadfadh sé go mbeidh éifeacht shuntasach ag an leibhéal sin caillteanas ar fháltais Chánach Corparáide amach anseo.
- 8.30** Trí leas a bhaint as faisnéis a fuarthas ó fháltais Chánach Corparáide 2010, measann na Coimisinéirí Ioncaim go ndearnadh luach €22 billiún de chaillteanais agus de liúntais chaipitiúla a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar an méid Cánach Corparáide a bhí iníoctha don bhliain 2010.
- 8.31** Cé gur deacair meastachán a dhéanamh ar an tionchar fadtéarma atá ag caillteanais ar fháltais Chánach Corparáide, is fiú a lua maidir leis an mbliain 2011 gur 129 gcáiníocóir a d'íoc beagnach dhá thrian de na fáltais iomlána Chánach Corparáide cé gur íoc thart ar 36,000 cáiníocóir Cáin Chorporáide. De bhreis air sin, is líon measartha beag cáiníocóirí atá i gceist i gcás cion mór de na caillteanais a tugadh ar aghaidh.
- 8.32** De réir anailíse ar na caillteanais €70 billiún a tugadh ar aghaidh sa bhliain 2010 ó thréimhsí cuntasáíochta roimhe sin, taispeántar nach raibh ach 49 gcás i gceist i gcás luach €56 billiún (82%) de luach iomlán na gcaillteanas de réir mar a thaispeántar i bhFíor 8.8. Áirítear iontu sin:

- cúig fhoras airgeadais atá páirteach in NAMA agus arb é atá sna caillteanais iomlána dá gcuid a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí cuntasaíochta roimhe sin ná suim corradh beag le trian den luach iomlán (€21 billiún) – tá srian leis an méid úsáide is féidir a bhaint as na caillteanais sin.⁷
- 44 chuideachta eile, arb é atá sna caillteanais iomlána dá gcuid a tugadh ar aghaidh ó thréimhsí cuntasaíochta roimhe sin ná €35 billiún.

Fíor 8.8 Caillteanais a Tugadh Ar Aghaidh de réir méid 2010



Foinse: Tuairisceáin Chánach Corparáide 2010

- 8.33** I bhfianaise an oiread sin caillteanas carntha i líon measartha beag cuideachtaí, is ceart go ndéanadh anailís ar bhonn gach cáis ar leith ar na cuideachtaí a bhfuil caillteanais mhóra acu atá ar fail lena bhfritháireamh faisnéis úsáideach a sholáthar i ndáil leis an éifeacht ionchasach ar fháltais chánach amach anseo.

Aisíocaí agus Aisíocaíochtaí

- 8.34** Tá bonn reachtúil faoi theideal chun aisíocaí agus aisíocaíochtaí.⁸ Tugtar aisíocaíochtaí faoi réir éileamh a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de cheithre bliana ó dheireadh na tréimhse lena mbaineann an t-éileamh.
- 8.35** Rinneadh €6.3 billiún a aisíoc le cáiníocóirí sa bhliain 2011. B'ionann na haisíocaíochtaí sin agus 18% de ghlanstuim na gcánacha agus na ndleachtanna a bailíodh. Tá an aisíocaíocht faoi gach mírcheann cánach thar na cúig bliana seo caite leagtha amach i bhFíor 8.9.
- 8.36** I bhFíor 8.10, taispeántar an ghaolmhaireacht idir aisíocaíochtaí cánach agus glanfháltais thar an tréimhse ó 2006 go 2011 i leith na gcánacha ba chúis leis na leibhéil aisíocaíochta is mó le blianta beaga anuas.
- 8.37** B'ionann na haisíocaíochtaí le custaiméirí sa bhliain 2011, i gcás Cánach Corparáide agus CBL, agus suim níos mó ná an ceathrú cuid den ghlanmhéid a bailíodh faoi gach ceann de na mírchinn sin. Ó bhí an bhliain 2009 ann, tá laghdú ag teacht ar aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim mar chéatadán de na glanfháltais agus is é atá iontu anois ná 19%.


⁷ Leis an Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, leasaíodh an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 chun srian a chur le húsáid caillteanas de chuid foras rannpháirteach i dtréimhsí cuntasaíochta dar tosach dáta rite Acht NAMA. Is é atá sa mhéid uasta caillteanas a thugtar ar aghaidh agus atá inúsáidte i ngach tréimhse ná an leathchuid d'fharasbarr na mbrabús grúpthrádála thar chaillteanais grúpthrádála don tréimhse sin, ionas go mbeidh méid íosta 50% de bhrabús grúpthrádála fós inmhuirearaithe i leith cánach i ngach tréimhse.

⁸ Alt 865, an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997.

Fíor 8.9 Aisiocaíochtaí atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim 2007 go 2011

Íocaíochtaí	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Cáin Ioncaim	3,206	3,398	3,229	2,680	2,597
Cáin Bhreisluacha	4,729	4,560	3,325	2,642	2,604
Cáin Chorparáide	936	975	1,445	976	948
Mál	124	103	48	54	53
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	64	70	62	38	38
Dleachtanna stampa	65	49	23	23	18
Cáin Fháltas Caipitiúil	6	8	12	6	10
Dleachtanna custam	7	15	4	1	1
Iomlán	9,137	9,178	8,148	6,420	6,269
mar % den ghlantóradh	19%	22%	25%	20%	18%

Foinse: Cuntas ar Fháltas Ioncam an Stáit 2007 go 2011

Fíor 8.10 Aisiocaíochtaí Cánach mar Chion de na Glanfháltais Ioncaim 2006 go 2011

Foinse: Cuntas ar Fháltas Ioncam an Stáit 2006 go 2011

Modhanna Íocaíochta

- 8.38** Léiríonn Fíor 8.11 go bhfuil méadú ag teacht, de réir a chéile, ar an líon cáiniócoirí a úsáideann sásraí ar líne chun cánacha agus dleachtanna a íoc. Sa bhliain 2011, rinneadh os cionn trí cheathrú de na fáiltais (i dtéarmaí luacha) a phróiseáil trí Sheirbhís Ar Líne na gCoimisineirí Ioncaim (ROS). Tá laghdú ag teacht ar an méid a íoctar le seiceanna agus le dochair dhíreacha nó le gíorónna.

Fíor 8.11 Modhanna Íocaíochta leis an Ard-Bhailitheoir 2009 go 2011

An Sásra Íoca	An cion de na fáiltais chomhlána ^a		
	2009	2010	2011
Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim	61%	70%	78%
Seiceanna	21%	14%	9%
Dochair dhíreacha ^b agus Gíoró	17%	15%	12%
An Sirriam	0.4%	0.3%	0.3%
Aturnae	0.1%	0.1%	0.1%
Iomlán	100%	100%	100%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannán an Ard-Bhailitheora

Nótaí: a Bainneann an anailís seo le tuairim is €40.5 billiún (84%) de na fáiltais ioncaim ar fad a bhailigh Rannán an Ard-Bhailitheora sa bhliain 2011. Ní áirítear inti cánacha agus dleachtanna a íocadh le Rannáin Ioncaim seachas Rannán an Ard-Bhailitheora.

b Áirítear anseo íocaíochtaí údaraithe fiachais aonair (ÚFA) ar tríothu a sholáthraíonn an cáiníocóir mionsonraí faoina chuntas/cuntas bainc ar chuid an duilín pá den fhoirm chánach iomchuí. Níl sé seo bailí ach amháin i gcás fiachais aonair agus i gcás an mhéid a shonraítear.

Conclúidí agus Moladh

- 8.39** Tháinig laghdú 28% ar na méideanna a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim idir na blianta 2007 agus 2010. Sa bhliain 2011, aisiompaíodh an treocht sin agus tháinig méadú 2.6% ar an méid iomlán a bailíodh. Tríd is tríd, is é is cúis leis an nglanmhéadú sa bhliain 2011 ná tabhairt isteach an Mhuirir Shóisialaigh Uiligh agus an tobhaigh ar scéimeanna pinsin, arna bhfritháireamh le laghduithe ar na fáiltais ó Cháin Chorporáide agus ó CBL.
- 8.40** Tháinig athrú ar an ngaolmhaireacht idir cáin agus aschur náisiúnta (OTI) idir na blianta 2007 agus 2011. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar OTI gach bliain go dtí 2011, tháinig laghdú freisin ar an gcion den OTI a bailíodh mar cháin ó 30% sa bhliain 2007 go 26% sa bhliain 2010. Sa bhliain 2011, rinneadh méid rud beag faoi bhun 27% de OTI a bhailiú mar cháin agus mar mhuirir eile.
- 8.41** Tríd is tríd, tá réamhaisnéisí cánach bunaithe ar réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha agus ar mheastacháin ar an ngaolmhaireacht idir ioncaim ó chánacha agus OTI. Fágann athruithe struchtúracha laistigh den gheilleagar go bhfuil sé níos deacra réamhaisnéis a dhéanamh faoi na fáiltais chánach a bheidh ann amach anseo. Mar gheall ar na caillteanais shuntasacha atá ann maidir le Cáin Chorporáide, tá sé níos casta meastachán a dhéanamh ar fháiltais ó Cháin Chorporáide. Sa bhliain 2010, meastar gurb é a lean as úsáid caillteanas ná laghdú €2.75 a dhéanamh ar na fáiltais ionchasacha ó Cháin Chorporáide. Tá os cionn 80% de na caillteanais atá ar fáil lena dtabhairt ar aghaidh in aghaidh brabús sa todhchaí inchurtha i leith líon measartha beag cuideachtaí móra.

Moladh 8.1: I bhfianaise an leibhéil athraithe san aschur náisiúnta agus an athraithe struchtúraigh laistigh de gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas, is ceart don Roinn Airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid modhanna réamhaisnéise cánach. Le linn athbhreithnithe den sórt sin, dhéanfaí scrúdú ar na cúiseanna le díbhéirseachtaí réamhaisnéise, dhéanfaí athbhreithniú ar pharaiméadair struchtúracha na solúbthachtaí cánach agus dhéanfaí moltaí maidir le hathruithe ar an modheolaíocht, i gcás inar cuí sin.

Freagra na Roinne Airgeadais: Tá athruithe suntasacha struchtúracha tar éis tarlú i ngeilleagar na hÉireann ón tráth a foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Modheolaíochta Réamhaisnéise Cánach sa bhliain 2008. I dtaca leis sin de, chuir Rannán Fioscach na Roinne tús le déanaí le hathscrúdú ar na solúbthachtaí a úsáidtear sa mhúnla réamhaisnéise cánach. Beidh torthaí na hanailíse sin ina gcabhair mar eolas chun a fháil amach an féidir feabhsúcháin a dhéanamh ar an bpróiseas réamhaisnéise. Measann an Roinn go bhfuil tábhacht mhór ag baint lena ról maidir le réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus fioscacha agus tá rún daingean aici a chinntiú go ndéantar an obair sin de réir na gcaighdeán is airde. Le déanaí, rinne an Roinn feachtas suntasach earcaíochta a chur i gcrích ag gach leibhéal chun cur leis na scileanna speisialtóireachta atá ar fáil. Maidir le hearcaíocht, díriodh ar dhaoine ag a bhfuil ardscileanna san eachnamaíocht, i réimse an chánachais, in acmhainní daonna agus sa réimse airgeadais.

9 Bailiú Fiach ag na Coimisinéirí Ioncaim


- 9.1** Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, is ar Oifig an Ard-Bhailitheora atá an fhreagracht phríomha as bainistíocht fiach. Tá an Oifig sin freagrach as bailiú cánacha agus dleachtanna agus as leithroinnt na nithe sin chuig an gcuntas cuí cáinócora. Is é is cuspóir dá feidhm bhainistithe fiach ná a chinntiú go ndéantar na cánacha gnó agus pearsanta a bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim freagrach astu a bhailiú go tráthúil.
- 9.2** Gabhann thart ar 700 duine de chuid fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim do ghníomhaíochtaí bailithe fiach agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhlíonadh. Sa bhliain 2011, bhí thart ar 450 duine den fhoireann á n-úsáid i ndáil le gníomhaíochtaí bailithe fiach agus bhí an chuid eile ag gabháil d'obair chomhlíontachta.
- 9.3** Déantar an chuid is mó den obair bhailithe fiach a sheoladh i 20 aonad bainistithe fiach ina ndéantar bainistiú ar chás-ualaí a aicmítear ina gcúig shraith de réir mheánmhéid na gcásanna.¹ Leithroinntear an fhoireann chuig na n-aonad éagsúil bainistithe fiach ar bhonn luach na cánach atá i mbaol. Tá an cóimheas is airde foirne/cáinócoraí ann i ndáil le cásanna móra lena ngabhann an luach is airde íocaíochtaí. De bhreis air sin, déanann cúig aonad speisialtóireachta bainistíocht ar chatagóirí áirithe cásanna:
- bainistíonn an tAonad Comóntachta cásanna atá nasctha trí stiúthóirí comhchoiteanna cuideachta i gcás inar mó ná €250,000 an fiach
 - bainistíonn Aonad Féinics cásanna ina bhfuil gnóthaí nasctha trí phríomhaithe atá bainteach le gnóthaí ar theip orthu roimhe seo i gcás inarbh é a lean as an chosaint dliteanais theoranta ná nár íocadh cánacha muiníneacha
 - déanann an Sainseir Forfheidhmiúcháin bearta forfheidhmithe bailiúcháin de chineál níos casta a chur i gcrích
 - Tá freagracht fhoriomlán ag dhá aonad dócmhainneachta as bainistiú a dhéanamh ar fhreagra na gCoimisinéirí Ioncaim ar dhócmhainneachtaí i.e. cásanna leachtaithe, glacadóireachta, scrúdaitheoireachta agus féimheachta.
- 9.4** Sa chaibidil seo déantar athbhreithniú ar fheidhm bhailithe fiach na gCoimisinéirí Ioncaim agus, go háirithe, ar na treochtaí maidir le luach na cánach atá gan íoc, ar stádas bailithe agus ar aois na bhfiach, agus ar fhiacha cánach a díscríobhadh.
- 9.5** I bhFeabhra 2012, thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach uirlis nua anailísithe fiach ar bhonn pólotach. Is é is cuspóir don uirlis nua anailísithe fiach ná ligean do chás-oibrithe tosaíochtaí a dhéanamh maidir le gnóthú fiach faoi threoir aois na bhfiach agus, freisin, a chinneadh cineál agus tráthú na n-idirghabhálacha atá ag teastáil chun uasmhéadú a dhéanamh ar ráta gnóthaithe na bhfiach sin.

¹ Tá méid na gcásanna ina fhachtóir den mheándlitéanas cánach bliantúil atá bunaithe ar mheascán ualaithe ina bhfuil cánacha muiníneacha (CBL, ÍMAT/ÁSPC Fostóra, Cáin Chonarthaí Iomchuí), Cáin Chorpóraide agus Cáin Ioncaim Phearsanta. Bailíonn gnóthaí cánacha muiníneacha thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim agus sealbhaítear ar iontaobhas iad go dtí go n-íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Fiacha Cánach gan Íoc

- 9.6** Thar na ceithre bliana go Márta 2012, meastar gur tháinig méadú 54% ar luach na cánach atá gan íoc. Ba é a bhí sa mhéid cánach a bhí gan íoc amhail deireadh Mhárta 2012 ná suim rud beag faoi bhun €2 billiún.
- 9.7** Tagann athrú timthriallach bliantúil ar luach na gcánacha atá gan íoc (mar a thaispeántar i bhFíor 9.1), agus is é a léiríonn sé sin go háirithe ná tionchar na spriocdhátaí bliantúla tuairiscithe i leith cánacha áirithe, amhail Cáin Chorporáide agus Cáin Ioncaim. Is i bhFeabhra/Márta gach bliain a tharlaíonn na buaicmhéideanna cánach gan íoc. Bhí an timthriall níos sainiúla sa bhliain 2011 ná mar a bhí blianta roimhe sin.

Fíor 9.1 Fiacha gan íoc ag deireadh na Míosa, Márta 2008 go Márta 2012



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 9.8** I bhFíor 9.2, taispeántar an cháin gan íoc de réir cineáil cánach agus tugtar achoimre ar na muirir a bailíodh, ar na híocaíochtaí a rinneadh agus ar na méideanna a díscríobhadh sa tréimhse dhá mhí dhéag dar chríoch an 31 Márta 2012. Is iad an dá chatagóir is mó fiach gan íoc Cáin Ioncaim agus CBL. Is ionann an méid cánacha díreacha gan íoc – go formhór Cáin Ioncaim, Cáin Ghnóchan Caipitiúil agus Cáin Chorporáide – agus 56% de na fiacha iomlána agus is ionann cánacha muiníneacha – go formhór CBL, ÍMAT agus ÁSPC – agus 44% den mhéid iomlán.
- 9.9** Bhí na fiacha iomlána gan íoc ag deireadh mhí an Mhárta 2012 comhionann le 5.3% de na glanmhuirir a bailíodh sa bhliain 2011/2012. Is méadú é sin i gcomparáid leis an leibhéal thart ar 3% de na glanmhuirir a bailíodh sa bhliain 2007, rud a léiríonn meath ar thráthúlacht i dtaca le híoc cánacha.

Fíor 9.2 Athruithe sna Cánacha agus in ÁSPC Gan Íoc, 2011/2012^a

Cáin nó Tobhach	Gan íoc ar an 31 Márta 2011	Glanmhuirir chánach a bailíodh ^b	An cháin a íocadh	An cháin a díscríobhadh	Gan íoc ar an 31 Márta 2012
	€m	€m	€m	€m	€m
CBL	588	8,891	8,825	140	514
ÍMAT	139	13,677	13,622	30	164
ÁSPC	221	7,217	7,216	44	178
Cáin Ioncaim	468	2,732	2,546	27	627
Cáin Coinneála ar Ús Taisce (DIRT)	—	499	499	—	—
Cáin Chorpáraíde	331	3,420	3,570	4	177
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	269	533	497	8	297
Cáin Fháiltas Caipitiúil	3	256	256	—	3
Cáin Chonarthaí Iomchuí	59	(14) ^c	1	18	26
Iomlán	2,078	37,211	37,032	271	1,986

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim


- Nótaí:
- a Meastar cáin a bheith gan íoc amhail ón dáta a gcuirtear an dliteanas ar thaifead an cháiníocóra – de ghnáth, mar thoradh ar thuairisceán a fháil nó ar mheastachán a ullmhú.
 - b Maidir le glanmhuirir a bhailítear, airítear meastacháin iontu i gcásanna neamhchódaithe. Is é a thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim mar mhuirir chomhfhreagracha sa bhliain go Márta 2011 ná €35.5 billiún.
 - c Cuimsíonn glanmhuirir Chonarthaí Cánach Iomchuí a bailíodh measúnachtaí agus dearbhuithe a bhaineann le príomhchonraitheoirí ar €226.63 milliún a méid, lúide éilimh €240.21 milliún ó fhochonraitheoirí.

Stádas na bhFiach Gan Íoc

- 9.10** I gcás ina ndéanann cáiníocóir achomharc in aghaidh luach na measúnachta cánach, tá cosc ar na Coimisinéirí Ioncaim an fiach a bhailiú. Déantar fiacha atá ar fáil lena bhailiú a aicmiú idir méideanna atá faoi réir gníomhaíochtaí leanúnacha bailiúcháin, méideanna atá faoi réir comhaontuithe íocaíochta leis an gcainíocóir nó méideanna atá á bhforfheidhmiú ag an sirriam nó ag aturnaetha na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar an miondealú ar na fiacha a bhí gan íoc ar an 31 Márta 2012 a thaispeáint de réir stádais i bhFíor 9.3.
- 9.11** Ní raibh comhaontuithe chun íocaíocht a dhéanamh i bhfeidhm ach amháin i leith 6% de na fiacha gan íoc ag deireadh Mhárta 2012. Bhí thart ar 20% faoi réir gníomhaíochta forfheidhmiúcháin, go formhór i ndáil le fiacha CBL agus Cánach Ioncaim. Ní raibh aon réiteach ann i gcás thart ar 40% de na fiacha gan íoc (thart ar €800 milliún) i.e. measadh go raibh siad inbhailithe ach nach raibh siad faoi réir comhaontaithe íocaíochta ná imeachtaí forfheidhmiúcháin.

- 9.12** San iomlán, bhí achomhairc ann maidir le thart ar an tríú cuid de na fiacha agus, dá bhrí sin, measadh faoi láthair nach raibh siad ar fáil lena mbailiú. Baineann an cion is airde de na fiacha a bhfuil achomhairc ann ina leith le cánacha díreacha. Sa chuid is mó cásanna ina dtaisceann cáiníocóir achomharc, bíonn na fiacha gan íoc faoi fhorfheidhmiúchán ní bíonn iniúchadh á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim ina leith. Fad atá an t-achomharc ar siúl, cuirtear bac sealadach ar aon ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Bhain 85% de luach na bhfiach a raibh achomhairc ann ina leith leis an mbliain 2008 nó le blianta measúnachta roimhe sin.

Fíor 9.3 Stádas maidir le bailiú fiach cánach, de réir cineáil cánach, Márta 2012




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Aois na bhFiach

- 9.13** I bhFíor 9.4, taispeántar bliain an dliteanais mheasúnaithe maidir leis na hiarmhéideanna cánacha gan íoc i Márta 2012. Bhain 16% de na méideanna gan íoc leis an mbliain 2011 agus bhain 14% eile leis an mbliain 2010. Bhain an 70% eile le tréimhsí cánach roimh an mbliain 2010. Bíonn cánacha muiníneacha (go formhór CBL, ÍMAT agus ÁSPC) ‘níos óige’, ar an meán, ná na fiacha cánach dírí. Léiríonn sé sin an dóchúlacht níos mó go mbeidh díscríobh ann maidir le cánacha muiníneacha (a ndéantar plé níos mine air thíos).

Fíor 9.4 Stádas maidir le dliteanas measúnaithe^a i leith fiach cánach, de réir cineáil cánach, Márta 2012




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Is é atá i mbliain an dliteanais mheasúnaithe ná an tréimhse chánach lena mbaineann an dliteanas.

Spríocanna maidir le Bailiú Fiach

- 9.14** Leag na Coimisinéirí Ioncaim amach sprioc chun leibhéal airgid thirim a bhfiach inbhailithe gan íoc (i.e. gan fiacha a bhfuil achomharc ann ina leith a áireamh) a íslú ó €1,389 milliún i Márta 2011 go €1,200 milliún faoi Mhárta 2012 – is é sin, sprioclaghdú 13.6%. Baineadh laghdú 5.2% amach sa bhliain agus ba é a bhí i leibhéal na bhfiach inbhailithe ná €1,317 milliún.
- 9.15** Gan aon sprioc a shonrú, leag na Coimisinéirí cuspóir amach dóibh féin chun laghdú a dhéanamh ar aois fhoriomlán na bhfiach gan íoc i rith na bliana 2011 ach níor baineadh an méid sin amach (féach Fíor 9.5). Bhí an cion de na fiacha a bhí níos mó ná cúig bliana d'aois i Márta 2012 comhchosúil leis an gcion i Márta 2011 ach bhí méadú suntasach ann maidir leis an gcion de na fiacha a bhí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois.

Fíor 9.5 Aois na bhfiach cánach gan íoc, deireadh Mhárta 2008 go deireadh Mhárta 2012




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Ús a Mhuirearaítear ar Fhiacha Cánach

- 9.16** Gearrann na Coimisinéirí Ioncaim ús ar chánacha a íoctar go déanach mar mhodh chun tráthúlacht na comhlíontachta i dtaca le híocaíochtaí a chothabháil agus a fheabhsú. Measann na Coimisinéirí gurb é atá in íocaíocht dhéanach ná íocaíocht nach bhfuarthas sa mhí ina raibh an íocaíocht dlite.
- 9.17** Déantar ús a ghearradh mar a leanas:
- ÍMAT/ÁSPC agus CBL – 0.0274% sa lá
 - Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil – 0.0219 sa lá.
- 9.18** Déantar an t-ús a ghearradh ar bhonn úis shimplí agus tá sé comhionann le muirear 10% sa bhliain i gcás cánacha muiníneacha agus le muirear 8% i gcás cánacha díreacha.
- 9.19** Tá an méid úis atá gearrtha ag na Coimisinéirí Ioncaim ar íocaíochtaí déanacha tar éis titim ó leibhéal beagnach €80 milliún sa bhliain 2008 go leibhéal €58 milliún sa bhliain 2011 (féach Fíor 9.6). Tá sé seo i gcodarsnacht leis an leibhéal fiach sa bhliain 2011 ar leibhéal é atá méadaithe go mór i gcomparáid leis an mbliain 2008. Tharla an laghdú ar an ús a gearradh go páirteach mar gheall ar laghduithe ar na rátaí úis a ghearrann na Coimisinéirí Ioncaim, le héifeacht ó Iúil 2009.²

Fíor 9.6 Ús a bailíodh ar íocaíochtaí Déanacha Cánach^a, 2007 go 2011

€ milliún



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Ní áirítear ús a mhuirearaíodh agus a bailíodh mar thoradh ar chlár iniúchta agus imscrúdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

- 9.20** Níl na Coimisinéirí Ioncaim in ann faisnéis a sholáthar faoin gcion de na híocaíochtaí déanacha a ndearnadh ús a ghearradh ina leith.

² Mar shampla, rinneadh na rátaí laethúla i ndáil le Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil a laghdú ó 0.0273% go 0.0219% — is é sin, laghdú rud beag faoi bhun 20%.

- 9.21** Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil cur i bhfeidhm muirear ar íocaíochtaí déanacha dírithe ar uasmhéadú a dhéanamh ar an méid úis a bhailítear ach, seachas sin, go bhfuil sé dírithe ar athrú a dhéanamh ar iompar cáiníocóirí a bhfuil pátrún íocaíochtaí déanacha forbartha acu agus buntáiste éagórach iomaíochta a fháil dá bharr sin. I gcásanna ina bhfuil pátrún íocaíochtaí déanacha ag teacht chun cinn, tugtar rabhadh don ghnó á rá go leanfaidh forchur muirear úis as iompar den sórt sin. Sula ndéantar muirear úis a fhorchur agus a ghníomhachtú lena bhailiú, scrúdaíonn cás-oibrí an cás chun an méid seo a leanas a shuíomh:
- go bhfuil an gníomh cuí agus go ndéantar staid chomhlíontachta an cháis a chur san áireamh
 - an raibh rabhadh ann roimhe sin i dtaobh é a bheith ar intinn ag na Coimisinéirí Ioncaim ús a bhailiú i gcás ina leanfaí d'íocaíochtaí déanacha a dhéanamh nó de mhainneachtain íocaíochtaí a dhéanamh.
 - méid an úis a d'fhéadfaí a fhorchur agus fad na moille maidir leis an íocaíocht a dhéanamh.
- 9.22** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta freisin gurbh é a bhí i gcur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim ón tráth a thosaigh an cúlú sa gheilleagar ná comhoibriú a dhéanamh le gnóthaí inmharthana a bhfuil deacrachtaí acu maidir le híocaíochtaí a dhéanamh ar deacrachtaí iad nach bhfuil neart acu orthu agus bearta éascaíochta a chur i bhfeidhm ionas gur féidir leis na gnóthaí sin staid chomhlíontachta iomláine a bhaint amach a luaithe is féidir. I roinnt cásanna, mar thoradh ar an gcur chuige sin, rinneadh maolú go feadh méid áirithe ar an ús a bheadh iníoctha thairis sin.

Díscríobh Fiach Cánach

- 9.23** Déanann na Coimisinéirí Ioncaim fiacha cánach a dhíscríobh de ghnáth i gcásanna ina gceaptar nach féidir na fiacha a bhailiú e.g. i gcás ina leachtaítear gnó. Rinneadh luach iomlán €321 mhilliún de chánacha agus ÁSPC a dhíscríobh i rith na bliana 2011 – is é sin, méadú 7% i gcomparáid leis an méid a díscríobhadh sa bhliain 2010. Bhain 85% den mhéid iomlán a díscríobhadh le cánacha muiníneacha.
- 9.24** Rinneadh beagnach gach cuid de dhíscríobh na bliana 2011 a mheasúnú ó chás go cás. Maidir le fiacha beaga a bhí dlite ó níos mó ná 105,300 cáiníocóir agus ina raibh suim iomlán €1.4 milliún, measadh nach mbeadh sé eacnamaíoch iad a shaothrú agus díscríobhadh iad ar bhonn uathoibrithe.

Díscríobh de réir Earnála

- 9.25** Bhí 59% den mhéid iomlán cánach a díscríobhadh sa bhliain 2011 inchurtha i leith trí earnáil de chuid an gheilleagair, agus chánacha muiníneacha a bhí sa chuid is mó den mhéid a díscríobhadh i ngach earnáil. Is iad seo a leanas na méideanna iomlána a díscríobhadh:
- an earnáil tógála - €87 milliún (27% den mhéid a díscríobhadh)
 - an earnáil mhórdhíola agus mhiondíola - €64 mhilliún (20%)
 - an earnáil chóiríochta agus bhia - €37 milliún (12%).

Tharla an chuid is mó cásanna inar díscríobhadh cánacha sna trí earnáil sin mar gheall ar leachtú agus mar gheall ar scor de thrádáil gan dóthain sócmhainní leachtacha a bheith ann.

- 9.26** Bhain suim €38.8 milliún de chánacha a díscríobhadh sa bhliain 2011 le 20 cás ina raibh an méid a bhí dlite i ngach cás níos mó ná €1 mhilliún (féach Fíor 9.7). Léiríonn scrúdú ar na cásanna sin gur cháin mhuiníneach a bhí i 90% den cháin a díscríobhadh agus gur CBL a bhí i gceist le trí cheathrú den mhéid sin. Ba é a bhí sa mhéid aonair ba mhó a díscríobhadh sa bhliain 2011 ná €7.15 milliún i leith CBL.

Fíor 9.7 Díscríobh Cánach i gcásanna inar mhó ná €1 mhilliún an díscríobh, de réir earnála, 2011

Earnáil	An líon cásanna	Cánacha Muiníneacha ^a €000	Cánacha Díreacha ^b €000	Iomlán €000
Tógáil	9	9,831	3,027	12,858
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola	5	12,306	—	12,306
Gníomhaíochtaí seirbhísí riaracháin agus tacaíochta	4	8,095	850	8,945
Gníomhaíochtaí seirbhísí cóiríochta agus bia	1	1,080	—	1,080
Eagraíochtaí agus comhlachtaí allchríche	1	3,641	—	3,641
Iomlán	20	34,953	3,877	38,830

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a ÍMAT/ÁSPC, CBL, Cáin Chonarthaí Iomchuí.

b Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil.

Aonaid Bainistíochta Speisialta

9.27 Léiríonn an leibhéal ard maidir le díscríobh mar gheall ar leachtú agus scor de thrádáil an tábhacht atá ag Aonad Comóntachta agus Aonad Féinics na gCoimisinéirí Ioncaim.

9.28 Déantar feidhmíocht na n-aonad sin a thomhas i dtéarmaí ráta comhlíontachta na gcuideachtaí a bhfuil faireachán á dhéanamh orthu. Meastar cás a bheith comhlíontach go substaintiúil faoin gClár Comóntachta i gcás inar nialas an dliteanas gan íoc agus, maidir le Clár Féinics, i gcás inar lú ná €5,000 an dliteanas gan íoc. I bhFíor 9.8, taispeántar an líon cásanna a ndearnadh faireachán orthu sa bhliain 2011 agus an cion díobh a bhí comhlíontach i dtaca lena ngnóthaí cánach.

Fíor 9.8 Rátaí Comhlíontachta faoin gClár Comóntachta agus faoin gClár Féinics, mí na Nollag 2011

Aonad Bainistithe Fiach	Cásanna	Comhlíontach
Aonad Comóntachta	3,787	71%
Aonad Féinics	658	66%
Iomlán	4,445	70%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannán an Ard-Bhailitheora

Nósanna Imeachta Deimhniúcháin maidir le Díscríobh

9.29 Déanann Brainse Iniúchta Inmheánaigh na gCoimisineirí Ioncaim scrúdú gach bliain ar dhíscríobh cánach. San iniúchadh a rinneadh sa bhliain 2011, scrúdaíodh sampla ina raibh 246 chás, ar figiúr é sin a bhí in ionannas 10% (€32 mhilliún) de luach iomlán na méideanna a díscríobhadh sa bhliain. Bhí Iniúchadh Inmheánach sásta go ndearnadh na méideanna go léir a dhíscríobh de réir na gcritéar forordaithe. Rinne Iniúchadh Inmheánach scrúdú freisin ar thorthaí an phróisis uathoibríthigh díscríofa don bhliain 2011 agus fíoraíodh go ndearnadh na critéir roghnúcháin údaraithe a chur i bhfeidhm i gceart.

- 9.30** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim anailís leanúnach ar a ngníomhaíochtaí bailithe fiach i ngach cás ina ndéantar fiacha a scríosadh. Oibríonn Rannán an Ard-Bhailitheora clár deimhnithe cáilíochta maidir le hoibriú cásanna bainistithe fiach chun measúnú a dhéanamh ar urramú treoirlínte maidir le hoibriú cásanna, lena n-áirítear na treoirlínte a bhaineann le díscríobh fiach neamh-inbhailithe. Luaigh sí go bhfuil ceanglas ann i ngach cás freisin tuarascáil a chomhlánú maidir le cinneadh chun díscríobh a dhéanamh. Ní mór don chás-oibrí an méid seo a leanas a leagan amach sa tuarascáil:
- na híocaíochtaí cánach atá déanta ag an gcustaiméir agus gníomhartha na gCoimisinéirí Ioncaim chun bailiú a chur i gcrích
 - ar tharla aon tréimhsí fada neamhghníomhaíochta maidir le hoibriú an cháis nó le gníomh forfheidhmiúcháin
 - na gníomhartha forfheidhmiúcháin a rinneadh chun íoc na bhfiach a áirithiú sular breithníodh díscríobh a dhéanamh
 - faisnéis faoi aon díscríobh roimhe sin i gcás gnóthaí atá nasctha trí stiúthóirí coiteanna
 - na ceachtanna atá le foghlaim as an gcás agus conas atá na ceachtanna sin á gcur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta bailithe fiach.
- 9.31** Déanann an bainisteoir atá freagrach as an díscríobh a cheadú an fhaisnéis sin a bhreithniú. Athbhreithníonn an tArd-Bhailitheoir cásanna samplacha inar tharla díscríobh thar raon iomlán ghníomhaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim chun a chinntiú gur cloíodh leis na treoirlínte. Le linn na n-athbhreithnithe sin, déantar breithniú i dtaobh an bhfuil gá le tuilleadh gníomhartha chun laghdú a dhéanamh ar an méid a thagann na Coimisinéirí faoi le cásanna den sórt sin.

Conclúidí agus Moltaí

- 9.32** Idir na blianta 2008 agus 2010, tharla méadú suntasach ar mhéid na bhfiach a bhí dlite do na Coimisinéirí Ioncaim. I rith na bliana 2011, tháinig laghdú thart ar 5% ar leibhéal na bhfiach gan íoc a bhí inbhailithe. Bhí sprioc laghdúcháin níos mó ná 13% don bhliain ag na Coimisinéirí Ioncaim.
- 9.33** Cánacha díreacha (Cáin Ioncaim féinmheasúnaithe, Cáin Chorporáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil) a bhí i 56% de na fiacha iomlána a bhí gan íoc amhail mí an Mhárta 2012. Seanfhiacha atá i gcuid mhór de na fiacha sin agus baineann siad leis an mbliain 2009 agus le blianta roimhe sin. Baineann iarmhéid na bhfiach (44%) le cánacha muiníneacha a bhailíonn fostóirí agus gnóthaí thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Sna cásanna seo, is fiacha de chineál i bhfad níos óige atá i gceist agus léiríonn cuid díobh sin ráta níos airde maidir le díscríobh mar gheall ar ghnóthaí a bheith ag dul faoi leachtú.
- 9.34** De bharr an ardriosca go gcaillfear ioncam mar gheall ar ghnóthaí a bheith ag dul faoi leachtú, tá aonaid speisialta bainistithe fiach bunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim chun díriú ar chuideachtaí ag a bhfuil naisc leanúnacha gnó lena chéile nó i gcás inar scoir cuideachtaí gaolmhara dá ngnó agus fiacha acu fós a bhí le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim (dá ngairtear cuideachtaí féinics). Tá os cionn 4.400 cás sna catagóirí sin á mbainistiú ag na haonaid speisialta bainistithe fiach. Bhí airgead dlite de thart ar 30% de na cásanna sin do na Coimisinéirí Ioncaim sa bhliain 2011. Ba laghdú é sin i gcomparáid le méid measta 34% de chásanna féichiúnaithe sa bhliain 2010.
- 9.35** Bhí aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim meánaois na bhfiach a laghdú i rith na bliana 2011 ach níor baineadh laghdú amach. Léiríonn meánaois mhéadaithe na bhfiach glantionchar an mhéid laghdaithe fiach nua a taifeadadh, rátaí measartha ard maidir le bailiú fiach níos óige agus díscríobh cánacha muiníneacha, agus ardleibhéal achomharc maidir le cánacha díreacha.

- 9.36** Nuair a thaisctear achomharc, cuirtear stop le hiarrachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis na fiacha lena mbaineann a ghnóthú go dtí go ndéantar an próiseas achomhairc a chur i gcrích. Bhain 85% de na fiacha a raibh achomhairc ann ina leith amhail Márta 2012 leis an mbliain 2008 agus le blianta measúnachta roimhe sin.

Moladh 9.1: Is ceart do na Coimisinéirí Ioncaim bearta feidhmíochta níos sonraithe a fhorbairt i ndáil leis an bhfeidhm bainistithe fiach, chun castacht na bhfachtóirí bunúsacha a bhaineann leis an bhfeidhm a léiriú. Mar shampla, d'fhéadfaidís breithniú a dhéanamh i dtaobh spriocanna ar leithligh maidir le fiacha gan íoc a leagan amach do chánacha muiníneacha agus cánacha díreacha; agus dífreáil a dhéanamh, le linn spriocanna aoisphróifíil fiach a shocrú, idir fiacha inbhailithe agus fiacha a bhfuil achomhairc ann ina leith.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaithe. Ós rud é nach mbíonn fiacha ar fáil lena mbailiú go dtí go gcríochnaítear an próiseas achomhairc, níl sé praiticiúil spriocanna a fhorbairt don chatagóir sin fiach. Maidir le fiacha inbhailithe, tá tomhais bhreise feidhmíochta á bhforbairt ag na Coimisinéirí Ioncaim. Trí úsáid a bhaint as forbairt Teicneolaíochta Faisnéise atá á tástáil faoi láthair, éascófar tuairisciú feabhsaithe maidir le feidhmíocht i ndáil le bainistiú fiach.

- 9.37** Níl dóthain faisnéise bainistíochta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun ligean dóibh faireachán a dhéanamh go héasca ar a éifeachtacht maidir le bainistiú fiach agus chun a n-iarrachtaí maidir le bailiú fiach a spriocdhíriú. I bhFeabhra 2012, chuir na Coimisinéirí Ioncaim tús, ar bhonn píolótach, le húsáid uirlise nua anailísithe fiach.

Moladh 9.2: Is ceart do na Coimisinéirí Ioncaim forbairt a dhéanamh ar a gcóras bainistithe fiach chun go mbeidh ar a gcumas freisin tuarascálacha a ghiniúint ina dtaispeánfar comhdhéanamh na bhfiach i dtéarmaí chineál agus aois na bhfiach, mhéid na bhfiach ó chás go cás, agus stádas reatha agus stair gach cáis ar leith. Is ceart dóibh freisin tacú le giniúint tomhas iomchuí feidhmíochta maidir le bailiú fiach, lena n-airítear nithe a bhaineann leis an ráta achomhairc, le fad imeachtaí achomhairc agus le torthaí achomharc.


Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaithe. Tríd an uirlis nua bainistithe fiach a tugadh isteach i bhFeabhra 2012, cuirfear feabhas ar an bhfaisnéis atá ar fáil i ndáil le fiacha gan íoc. Leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim dá gcumas a fheabhsú i ndáil le cláir bhainistithe fiach.

10 Comhlíonadh Cánach a Mhéadú

10.1 Tá comhlíonadh tráthúil gach cáiníocóra maidir lena ndlíteanas cánach dlite tábhachtach má tá an córas cánach le bheith cothromasach agus chun saobhadh trádála agus gnó a sheachaint. I gcóras cánach atá bunaithe ar fhéinmheasúnú, tá rioscaí ar leith ann nach mbaileofar cáin ina iomlán (Féach Fíor 10.1). Áirítear ar na rioscaí sin

- riosca cláraithe — ní chláraíonn cáiníocóirí do cháin nuair a cheanglaítear orthu é sin a dhéanamh
- riosca comhdaithe — ní chomhdaíonn cáiníocóirí tuairisceáin a bhfuil gá leo nó cuireann siad isteach tuairisceáin déanach
- riosca measúnaithe — ní nochtann tuairisceáin arna gcomhdú ioncam nó cánacha dlite go hiomlán
- riosca íocaíochta — ní íoctar cánacha arna ndearbhú ina dhiaidh sin.

Fíor 10.1 Creat Comhlíonta Cánach — Féinmheasúnú



10.2 Chun gur féidir comhlíonadh cáiníocóirí a bhainistiú go héifeachtach, ní mór do na Coimisinéirí Ioncain:

- eolas a bheith acu ar bhunmhéid an neamhchomhlíonta i measc cáiníocóirí
- gníomhaíochtaí costas-éifeachtúil a dhearadh agus a fheidhmiú chun neamhchomhlíonadh a bhraith
- a chinntiú go mbailítear cánacha dlite, agus go ngearrtar pionóis le go mbeidh éifeacht dhíspreagtha shoiléir ann.

Déanann an chaibidil seo athbhreithniú ar chur chuige na Coimisinéirí Ioncain maidir le monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar chomhlíonadh cáiníocóirí sna príomhréimsí sin.

10.3 Áiríodh sa scrúdú athbhreithniú ar eolas feidhmíochta na gCoimisinéirí Ioncain i ndáil lena iniúchadh agus obair dearbhaithe agus anailís ar an mbunachar sonraí a úsáideann sé chun gníomhaíocht iniúchta a thaifeadadh. Rinneadh athbhreithniú ar threochtaí i líon na gcáiníocóirí a ionchúisíodh agus ar na torthaí chomh maith. Ní dheanadh scrúdú ar chomhaid cáiníocóirí aonair. Rinneadh athbhreithniú ar thuarascálacha arna ullmhú ag an Eagraíocht um Chomhair agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus ag HM Revenue and Customs d'fhonn an bealach a dhéantar monatóireacht ar chomhlíonadh cáiníocóirí i ndlínsí eile a fháil amach.

Comhlíonadh Cáiníocóirí a Mheasúnú

10.4 Is iad príomhbhearta chomhlíonadh an cháiníocóirí ná an bearna cánach - an difríocht idir cáin arna bailiú agus an cháin ar chóir a bheith bailithe dá mba rud é gur chomhlíon gach duine dlíte a n-oibleagáidí — agus an bearna iniúchta ioncam — an difríocht idir an méid a íocann cáiníocóirí cláraithe faoi fhéinmheasúnú agus an méid a mbaileofaí dá ndéanfaí iniúchadh ar gach cáiníocóir cláraithe. Tá an mhoill i gcomhlíonadh ina fhachtóir chomh maith, toisc go bhféadfadh sochar eacnamaíoch a bheith ann do cháiníocóirí trí mhoill a chur ar íocaíocht chomh fada agus is féidir i ndiaidh an dáta dlíte le haghaidh íocaíochta.

An Bhearna Chánach a mheas


10.5 Déanann údaráis bhailithe na gCoimisinéirí Ioncain in iliomad geilleagar forbartha iarracht cainníochtú a dhéanamh ar an mbearna chánach.¹ Mar shampla, ríomh HM Revenue and Customs an bearna chánach san RA d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a gclár comhlíonta agus an éifeacht a bhíonn ag athruithe i rialacha cánach agus i ndálaí ginearálta comhshaoil ar bhailiú ioncain a thomhas. Léiríonn a gcuid meastachán gurb ionann an bearna chánach foriomlán san RA agus 8% don bhliain chánach 2009/2010 (féach Fíor 10.2). Fuarthas go raibh luach na cánach neamhbhailithe níos airde le haghaidh cánacha indéiríochta (lena n-áirítear CBL agus Dleacht Mháil) ná le haghaidh cánacha díreacha.

1 Fóram ar Riaradh Cánach an OECD – Riaradh Cánach in Tíortha neamh-OECD roghnaithe: Sraith Eolais Chomparáideach (2010).

10.6 Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil athbhreithniú déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ar mhodhanna a úsáidtear in áiteanna eile chun meastachán a dhéanamh ar an mbearna chánach agus ar an scáthghilleagar. Tháinig na Coimisinéirí Ioncaim ar an gconclúid toisc saincheisteanna a bhaineann le meastúchán cruinn na bearna cánach agus imní mar gheall ar chomh húsáideach agus atá sí do na Coimisinéirí Ioncaim chun comhlíonadh cánach a mhéadú, nach bhfuil iarracht déanta acu an bhearna chánach a thomhas. Thug siad an méid seo a leanas ar aird

- Níl aon mhodh comhaontaithe ann chun an bhearna chánach a thomhas agus tá ceisteanna suntasacha ann i gcónaí maidir lena cruinneas sna tíortha sin a thairgeann meastacháin.
- Tá réimse fachtóirí ann a chinneann athruithe sa bhearna chánach, go leor acu sin nach bhfuil neart nó tionchar ag an riarachán cánach ábhartha orthu. Is beart toraidh ardleibhéal é agus is féidir leis a bheith faisnéiseach chun na críche sin. Ní sholáthraíonn sé faisnéis ag leibhéal oibríochtúil áfach a chuirfeadh cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le comhlíonadh a mhéadú in iúl.

Fíor 10.2 Rátaí Measta Bhearnaí Cánach na Ríochta Aontaithe 2009 go dtí 2010



Foinse: HM Revenue and Customs *Measuring Tax Gaps, (2011)*

Nótaí: a Áiríonn cánacha indíreacha CBL agus Dleacht Mháil.

b Áiríonn cánacha díreacha Cáin Ioncaim, Cáin Chorporáide agus Dleacht Stampála.

10.7 Tá sé ráite ag an Oifigeach Cuntasaíochta, cé nach ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim méid na bearna cánach in Éirinn a mheas, déantar treochtaí in athróa eacnamaíocha ar fud gach cineál ceannaire cánach a scrúdú ag leibhéal straitéiseach. Ina theannta sin, aithníonn foireann eacnamaíoch na gCoimisinéirí Ioncaim réimsí tábhachtacha den gheilleagar nó forbairtí geilleagracha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chomhlíonadh. Thug sí ar aird go n-áiríonn tionscadail reatha anailís ar impleachtaí comhlíonta féichiúnais ghnó agus rochtain ar dheacrachtaí creidmheasa, agus tionscadal taighde a scrúdaíonn go mion na fachtóirí rannpháirteacha maidir le hathruithe in ioncam cánach ioncaim in 2012.

10.8 Thug sí ar aird, ag leibhéal oibríochtúil, go bhfuil taighde dírithe ar éagsúlacht ábhar a sholáthraíonn tuiscint níos mionsonraithe ar bhonn cáiniocóirí na gCoimisinéirí Ioncaim agus ar na himpleachtaí maidir le comhlíonadh. Áirítear orthu sin próifílí na gceannairí cánacha móra, anailís ar chlár na gCoimisinéirí Ioncaim agus anailís earnála mhionsonraithe.

10.9 Tá roinnt taighde tosaigh déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun athróa eacnamaíocha a nascadh le hathruithe i mbailiúchán cánach agus modhanna iniúchta chun athruithe CBL a rianú le himeacht ama agus i gcoinne treochtaí in athróa eile. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird, áfach, cé go bhfuil comparáidí idir cuntais náisiúnta nó sonraí na bPríomh-Oifig Staidrimh agus sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim úsáideach chun treochtaí agus difríochtaí a aithint, ní fheidhmíonn siad mar tháscairí ar chomhlíonadh cánach.

An Bhearna Iniúchta a Mheas

- 10.10** Go héifeachtach, baineann an bhearna iniúchta ioncaim le dliteanais chánach gan íoc ag daoine atá cláraithe go cuí chun críocha cánach. Tá clár iniúchta randamach á fheidhmiú ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 1993 i leith, le thart ar 400 iniúchadh randamach de chuid na cáiníocóirí aonair agus gnóthaí á chur i gcrích gach bliain.² D'fhéadadh anailís ar na torthaí a thagann as clár iniúchta randamach dea-dheartha bonn fóna a chur ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim den bhearna iniúchta ioncaim.
- 10.11** Tá toradh na gclár iniúchta randamaigh do 2007 go dtí 2011 amhail an 31 Márta 2012 léirithe i bhFíor 10.3. Léiríonn sé sin gur ndearnadh breis cánacha a thobhach mar thoradh ar iniúchtaí randamacha sa tríú chuid de chásanna, agus nach bhfuil mórán athrú tagtha ar an ráta sin i rith na tréimhse athbhreithnithe.

Fíor 10.3 Cion na nIniúchtaí Randamaigh a raibh Toradh Breise mar thoradh orthu 2007 go dtí 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
Líon na n-iniúchtaí i gcrích	397	397	389	370	326
Líon na n-iniúchtaí le toradh cánach breise	130	119	134	128	106
Cásanna le toradh mar % de chásanna i gcrích	33%	30%	34%	35%	33%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

- 10.12** Déanann iniúchtaí randamacha athbhreithniú ar thuairisceáin chánach do bhliain ar leith ar a dtugtar an bhonnbhliain.³ D'fhéadfadh an t-iompar is cúis leis an bhfaoi-dhearbhú sa bhonnbhliain feidhm a bheith aige maidir le blianta eile chomh maith áfach agus d'fhéadfadh toradh iniúchta eascairt i ndáil le blianta eile. Déanann na torthaí tuairiscithe idirdhealú idir toradh an iniúchta sa bhonnbhliain agus i mblianta eile (féach Fíor 10.4).

Fíor 10.4 Toradh Iniúchta ó Iniúchtaí Randamacha 2007 go dtí 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
Toradh na bonnbhliana (€000)	808	1,171	1,010	818	389
Toradh do bhlianta eile (€000)	1,188	1,448	1,280	1,228	377
Toradh lomlán (€000)	1,996	2,619	2,290	2,046	766
Meántoradh do na hiniúchtaí go léir i gcrích	€5,000	€6,600	€6,000	€5,500	€2,300
Meántoradh in iniúchtaí toraidh	€15,400	€22,000	€17,000	€16,000	€7,200

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

² Tá cáiníocóirí Íoc Mar a Thuilltear (ÍMAT) eisiach ó roghnú le haghaidh iniúchta faoin gclár iniúchta randamach.


³ Dhírigh na hiniúchtaí a cuireadh i gcrích mar chuid de chlár 2011 ar athbhreithniú de thuairisceáin chánach 2009.

- 10.13** Níl an clár iniúchta randamach do 2011 i gcrích go fóill. Léiríonn an taithí a fuarthas i mblianta roimhe seo go dtéann an meántoradh ó iniúchtaí randamacha i méid de réir mar a chuirtear tuilleadh iniúchtaí i gcrích, rud a léiríonn go nglacann cásanna ar luach níos airde níos faide le cur i gcrích. Taispeánann na torthaí ó 2007 go dtí 2010
- gurb ionann an meántoradh ó na hiniúchtaí go léir idir €5,000 agus €6,600
 - nuair a eisiamh cásanna neamh-toraidh, b'ionann an meántoradh agus idir €15,400 agus €22,000.
- 10.14** Ní féidir an toradh breise ó na cásanna iniúchta randamacha a chur i gcomhthéacs dliteanas cánach foriomlán na gcásanna lena n-áirítear an méid sa sampla, toisc nár ghabh na Coimisinéirí loncaim cheana é. Dá bhrí sin, níl an bhearna céatadán iniúchta ioncaim ar eolas. Thosaigh na Coimisinéirí loncaim ag bailiú na sonraí sin i mí Iúil 2012.

Tráthúlacht an Chomhlíonta

- 10.15** Déanann na Coimisinéirí loncaim monatóireacht ar rátaí comhlíonta cáiníocóirí ag úsáid táscaire ilchodach a thomhaiseann cion na gcáiníocóirí a chur isteach tuairisceán cánach riachtanach nó íocaíocht dlite. Déantar é sin a thomhas ag dhá phointe ama
- ciallaíonn 'comhlíonadh míosa dlite' tuairisceáin a cuireadh isteach nó/agus íocaíochtaí a fuarthas sa mhí dlite
 - ciallaíonn 'mí dlite móide comhlíonadh amháin' tuairisceáin nó íocaíochtaí a fuarthas faoi mhí amháin i ndiaidh na míosa dlite.
- 10.16** I gcleachtas, tá íocaíocht thráthúil na gcánach dlite níos tábhachtaí ná tuairisceáin a chomhdú go tráthúil. Ar an gcúis sin, ba chóir do thomhas agus monatóireacht díriú ar rátaí comhlíonta íocaíochta.
- 10.17** Chun críche an scrúdaithe seo, dí-chomhlánaíodh beart ilchodach na gCoimisinéirí loncaim d'fhonn cion na gcáiníocóirí a chomhdaigh tuairisceán agus cion na gcáiníocóirí a tharchur íocaíocht chuig na Coimisinéirí loncaim a aithint ar leithligh i ndáil leis an tréimhse chánach ábhartha. I gcleachtas, bhí na rátaí comhlíonta aonair cosúil go leor lena chéile. Mar shampla, b'ionann rátaí comhlíonta do thuairisceáin CBL 'mí dlite móide comhlíonadh amháin' agus íocaíochtaí dlite faoi 19 Márta 2012 agus 74.1% agus 71.6%, faoi seach. B'ionann an ráta comhlíonta ilchodach agus 74.5%.
- 10.18** Léiríonn Fíor 10.5 an diall idir rátaí comhlíonta 'mí dlite móide comhlíonadh amháin' i ndáil le tuairisceáin CBL agus íocaíochtaí de réir mhéid na gcáiníocóirí. Bhain an comhdú agus íocaíocht is tráthúla leis na cáiníocóirí is mó, ag beagnach 100%. Bhain an comhlíonadh is lú tráthúlachta leis na cáiníocóirí beaga (ag thart ar 60%).

Fíor 10.5 Comhlíonadh CBL ‘Mí Dlíte Móide Comhlíonadh Amháin’, do Mhárta 2012
Tuairisceáin agus Íocaíochtaí CBL, de réir mhéid na gcáiníocóirí Aibreán 2012




Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: Déanann na Coimisinéirí Ioncaim cásanna a rangú ina gcúig chiseal de réir meánmhéid bhliantúil cánach íoctha na gcáiníocóirí ag dul ó Ciseal 1 i leith cásanna níos mó agus Ciseal 5 i leith cásanna níos lú.

Spriocanna Comhlíonta agus Torthaí

- 10.19** Leag na Coimisinéirí Ioncaim spriocanna bliantúla i ndáil leis an mbeart comhlíonta ilchodach ar ina n-aghaidh a chuirtear feidhmíocht i gcomparáid i mbliain ar leith. Leagtar síos rátaí ar leithligh do chásanna móra, meánacha agus beaga (a chinntear ar bhonn difriúil don struchtúr chiseal dá dtagraítear thuas). Mar a léiríonn Fíor 10.6, bhí comhlíonadh faoin sprioc i ndáil leis na méideanna go léir ó 2008 go dtí 2010. In 2011, bhí na rátaí comhlíonta cothrom leis na spriocanna, nó sháraigh siad na spriocanna, a leagadh síos do na méideanna cás go léir, tar éis do na Coimisinéirí Ioncaim na spriocanna a laghdú go dtí leibhéal chomhlíonta iarmhír 2010.

Fíor 10.6 Rátaí Comhlíonta ‘Mí Dlíte Móide Comhlíonadh amháin’ 2008 go dtí 2011



Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Cáiníocóirí Neamhchomhlíontacha a Aimsiú

- 10.20** Baineann na Coimisinéirí loncaim roinnt nósanna imeachta chun cáiníocóirí cláraithe atá i mbaol faoi-dhearbhaíthe dliteanais a aithint. Áirítear orthu sin
- scagadh uathobrithe do thuairisceáin chánach i gcoinne noirm earnála agus gnó
 - meaitseáil sonraí uathobrithe d'eolas atá coinnithe ar thaifid na gCoimisinéirí loncaim féin
 - meaitseáil le sonraí tríú páirtí.
- 10.21** I gcásanna ina n-aithnítear faoi-dhearbhu féideartha, déantar iad a scrúdú trí seiceálacha dearbhaithe – nuair a faightear doiciméadacht nó faisnéis bhreise ón gcáiníocóir – nó trí iniúchadh níos déine de thaifid cháiníocóirí trí thagairt do na tuairisceáin chánach a cuireadh isteach. Déanann Rannán Cásanna Móra speisialta seiceálacha dearbhaithe agus iniúchtaí ag leibhéal an cheantair. Déantar imscrúduithe speisialta ar fhoirmeacha sonracha imghabhála chánach ó am go ham chomh maith.⁴
- 10.22** D'fhéadfadh sé gurb é an toradh a bheadh ar na himscrúduithe go léir ná cáin bhreise agus ús ar íocaíocht dhéanach a ghearradh agus i gcásanna áirithe smachtbhannaí sibhialta agus coiriúla a chur i bhfeidhm.
- 10.23** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go meastar gurb é an cineál idirghabhála a rinneadh i gcás ar leith an idirghabháil is iomchuí chun díriú ar an riosca sonracha nó na rioscaí sonracha a aithnítear. Thug sí ar aird go mbíonn iniúchadh iomlán costasach do na Coimisinéirí loncaim agus nach hé an idirghabháil is iomchuí i gcónaí é. Luaigh sí go mbaineann na Coimisinéirí loncaim an úsáid is fearr as acmhainní agus ag an am céanna go laghdaítear an t-ualach comhlíonta trí cásanna le haghaidh idirghabhála a roghnú go cúramach agus cineál na hidirghabhála a roghnú go cúramach.

Seiceálacha Dearbhaithe

- 10.24** Féadfaidh seiceálacha dearbhaithe eascairt mar thoradh ar scagadh a dhéanamh ar thuairisceáin chánach, aimhrialtachtaí arna bpiocadh suas ag córas anailíse riosca na gCoimisinéirí loncaim nó nuair a fhaigheann na Coimisinéirí loncaim tuarascáil idirbheart amhrasach.⁵
- 10.25** Seachas dul ar aghaidh láithreach chuig próisis iniúchta chostasacha i ngach cás, dearbhaíonn na Coimisinéirí loncaim ar dtús go bhfuil an custaiméir comhlíontach den chuid is mó sna réimsí atá mar ábhar na seiceála. Is féidir gurb é a bheidh mar thoradh ar sheiceálacha dearbhaithe ná cáin bhreise a thobhach mar gheall ar fhiosrúcháin, nó cás ag formhéadú i dtreo iniúchadh iomlán. In 2011, chuaigh thart ar 1% de sheiceálacha dearbhaithe a rinneadh ar aghaidh chuig iniúchadh iomlán.
- 10.26** Léirítear líon na seiceálacha dearbhaithe a rinneadh in 2011 agus cion na seiceálacha a raibh toradh iniúchta breise mar thoradh air i bhFíor 10.7. I gcleachtas, tá líon na gcásanna neamhchomhlíontacha níos airde ná an méid a taispeántar toisc nach mbíonn toradh breise mar thoradh ar neamhchomhlíontacht aitheanta. Mar shampla, d'aithin seiceálacha dearbhaithe ráta foriomlán neamhchomhlíontach 11% in 2011, ach níor gearradh cáin bhreise ach amháin i 6.4% de chásanna.

⁴ Samplaí d'imscrúduithe speisialta is iad DIRT agus imscrúduithe cistí amach ón gcósta.

⁵ Faoin Acht um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú) ceanglaítear ar comhlachtaí ainmnithe tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána agus do na Coimisinéirí loncaim nuair a bhíonn amhras orthu go bhféadfadh sé gur tharla cion sciúrtha airgid. Tugtar tuairiscí idirbhirt amhrasacha orthu.

Fíor 10.7 Seiceálacha agus Torthaí Dearbhaithe na gCoimisinéirí Ioncaim 2011

	Limistéir Ioncaim	Rannán Cásanna Móra	Iomlán
Líon na seiceálacha a rinneadh	536,500	10,000	546,500
Cion seiceálacha le toradh	6.5%	3.5%	6.4%
Gnáth-thoradh in aghaidh cás toraidh	€1,600	€75,700	€2,300

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Iníuchtaí Riosca-bhunaithe

10.27 Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh de chuid na Coimisinéirí Ioncaim tuairisceáin a scrúdú, dearbhuithe dliteanais, éilimh aisíocaíochta agus comhlíonadh cáiníocóra le reachtaíocht cánach. Díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar chásanna lena n-iniúchadh ar roinnt bealaí.

- Féachann sé le díriú ar chásanna ard-riosca ag úsáid a chóras meastóireachta riosca, anailíse agus próifílithe (REAP) a rangaíonn cáiníocóirí i gcoibhneas lena chéile, bunaithe ar roinnt fachtóirí riosca sonraithe.⁶
- Gach bliain, díríonn na Coimisinéirí Ioncaim ar earnálacha sonracha laistigh den gheilleagair. In 2011, leag siad amach sprioc díriú ar 50% d'iníuchtaí ar ghnóthaí airgid ard-riosca mar beáir, clubanna oíche, bialanna agus mórdhíoltóirí.
- Glacann rogha cásanna lena n-iniúchadh eolas áitiúil san áireamh.

10.28 Níl REAP deartha go sainiúil thart ar na cineálacha cásanna a ndéileálann Roinn na gCásanna Móra leo agus tá teorainneacha úsáide ann i ndáil le oibríochtaí ar scála mór agus struchtúir ghrúpa. Ina áit sin, roghnaíonn Roinn na gCásanna Móra cásanna lena n-iniúchadh bunaithe ar phróifíliú agus scagadh lena n-áirítear athbhreithniú ar chuntais agus ar thuairisceáin a cuireadh isteach ag cur saincheisteanna neamhchomhlíontacha atá ag teacht chun cinn san áireamh.⁷

10.29 Tá sé mar aidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim gníomhaíocht iniúchta a oifig dúiche a dhíriú ar na cásanna riosca is mó arna measúnú trí REAP. Leagadh síos sprioc go dtiocfaidh 60% de na cásanna iniúchta go léir ón gcatagóir riosca is mó. In 2011, bhí an toradh beagán níos ísle ná an sprioc, ag 58%.

10.30 Rinne na Coimisinéirí Ioncaim 10,560 iniúchadh in 2011 arbh fhiú €437 milliún in iomlán iad (féach Fíor 10.8). Rinneadh 238 iniúchadh mar chuid d'imscrúduithe speisialta na gCoimisinéirí Ioncaim nó ag a Rannán Imscrúduithe agus lonchúiseamh agus b'ionann an toradh gaolmhar agus €33 milliún.

6 Is córas próifílithe riosca ríomhairithe é REAP (córas meastóireachta riosca, anailíse agus próifílithe) atá in úsáid ó 2008 i leith. Rátálann sé cáiníocóirí, i gcoibhneas lena chéile, ag úsáid eolais ó chórais eile na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith le heolas ó thríú páirtithe mar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Rialtóir Tacsaithe.

7 Tá na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair ag déanamh imscrúdaithe ar chóras sainiúil Rannán Cásanna Móra REAP a fhorbairt.

Fíor 10.8 Gníomhaíocht agus Toradh Iniúchadh na gCoimisinéirí loncaim 2011

	Dúiche na gCoim. loncaim	Rannán Cásanna Móra	Imscrúduithe speisialta ^a	Gach Iniúchadh
Iniúchtaí a rinneadh ^b	10,020	300	240	10,560
Cion na n-iniúchtaí le toradh	73%	67%	92%	73%
Toradh iomlán (€ milliún)	300	104	33	437
Meántoradh in aghaidh an cháis toraidh ^c	€39,500	€343,500	€153,700	€50,600

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Nótaí: a Áirítear imscrúduithe agus iniúchtaí speisialta arna ndéanamh ag Rannán Imscrúduithe agus lonchúiseamh na gCoimisinéirí loncaim.

b Ní áirítear Dleacht Stampa agus iniúchtaí Cháin Fháiltas Caipitiúil agus iniúchtaí arna ndéanamh faoi Chlár Iniúchtaí Randamacha na gCoimisinéirí loncaim.

c Ní áiríonn an meán torthaí ó thrí chás asluiteach (ceann i ndúiche de chuid na Coimisinéirí loncaim agus péire sa Rannán Cásanna Móra) arbh bhfiú níos mó ná €10 milliún an toradh i ngach cás.

Ath-Iniúchadh Cásanna Toraidh

- 10.31** Soláthraíonn clár ath-iniúchta modh chun an tionchar a bhíonn ag idirghabhálacha na gCoimisinéirí loncaim ar iompar cáiníocóirí a thomhas agus chun béim a leagan ar threochtaí sa ráta atitímeachais neamhchomhlíonta.
- 10.32** D'fheidhmigh na Coimisinéirí loncaim clár ath-iniúchta suas go dtí 2002. Thug torthaí ón gclár sin le tuiscint gur lean 60% de cháiníocóirí neamhchomhlíontacha a ndearnadh imscrúdú orthu de bheith neamhchomhlíontach ceithre bliana ina dhiaidh sin agus i 20% de na cásanna sin bhí an toradh níos airde sa dara iniúchadh.
- 10.33** In 2003, rinne na Coimisinéirí loncaim athbhreithniú ar an gclár ath-iniúchta, agus chinn siad go bhfuil clár ath-iniúchta i gcomhar le tascairí eile úsáideach chun meastacháin a dhéanamh ar leibhéal chomhlíonta. Mhol an t-athbhreithniú go gcaithfí cuspóirí an chláir ath-iniúchta a shainmhíniú go soiléir agus go gcaithfí sampla leordhóthanach a chuireann gach cás a iniúchadh go dtí seo san áireamh a scrúdú. Mhol sé monatóireacht lárnach agus dearbhú cáilíochta cásanna a iniúchadh faoin gclár. Cuireadh deireadh leis an gclár, áfach, go príomha chun am a thabhairt d'fhonn éifeachtacht an chórais REAP a chinneadh.
- 10.34** Cuireadh clár ath-iniúchta i ngníomh arís i Márta 2011. Roghnaíodh 400 cás a ndearnadh iniúchadh orthu cheana in 2009 go randamach ón gcatagóir REAP is airde riosca agus seoladh chuig gach ceann de na réigiúin chánach iad lena bpróifíliú agus idirghabháil chuí a chinneadh. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur cuireadh ar sos é go sealadach chun athbhreithniú a dhéanamh ar a oibríocht. Dheimhnigh sí go bhfuil an t-athbhreithniú ar siúl go leanúnach i gcomhar le hanailísiú ar na hiniúchtaí go léir idir 2009 agus 2011 agus sin san áireamh. Tá súil ag an Oifigeach Cuntasaíocht go gcuirfear clár ath-iniúchta i bhfeidhm in Eanáir 2013 agus go mbeidh sampla de 400 cás arna roghnú go randamach ó chásanna a iniúchadh in 2010 san áireamh.
- 10.35** Tá súil ag na Coimisinéirí loncaim go dtabharfaidh clár 2013 deis dóibh measúnú a dhéanamh ar thionchar an iniúchta trí mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cáiníocóirí ina dhiaidh sin. Tá siúl acu chomh maith go soláthróidh an clár dearbhú nach aisghabhfaidh cáiníocóirí socrúithe iniúchta sna blianta ina dhiaidh sin.

Neamhchomhlíonadh a Dhí-Spreagadh

10.36 Cáiníocóirí a bheartaíonn moill a chur ar a dtuaisceáin cánach nó gan a gcánacha dlite a íoc, déanfar iad a dhí-spreagadh ach amháin más mó méid na n-iarmhairtí a bhráitear ná na buntáistí níos láithrí. Chun gur féidir le héifeacht dhí-spreagtha inchreidte a bheith ann, ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim riosca ard neamhchomhlíontach a bhrath ar bhealach tráthúil, mar aon le bailiúchán pras aon chánacha gan íoc móide muirear úis chun amluach airgid a léiriú. I gcásanna ionchuí, d'fhéadfadh pionóis i leith sáruithe oibleagáidí faoin gcód cánach, lena n-áirítear ionchúiseamh coiriúil i gcásanna níos tromchúisí, cur leis an éifeacht dhí-spreagtha iomlán. Baintear úsáid as fhoilsiú ainmneacha agus seolta mainnitheoirí cánach mar dhí-spreagadh breise.

Cánacha Neamh-Íoctha Braite a Aisghabháil

10.37 Is féidir gurb é atá mar thoradh ar iniúchadh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a thabhairt chun críche na méideanna breise i leith faoi-dhearbhú cánach, ús ar íocaíochtaí déanacha agus pionóis shibhialta i ndáil le cionta éagsúla (mar shampla díolacháin neamhluaite, admhálacha gnóchain ioncaim nó caipitil) a thobhach. Tugtar an toradh iniúchta ar an méid iomlán a bailíodh nó a mheastar a bheith inbhailithe ón gcáiníocóir.

10.38 I roinnt cásanna, déantar méideanna breise atá dlite i gcásanna iniúchta a chainníochtú ag an gcáiníocóir trí 'nochtadh cáilitheach'. Baineann sé sin le nochtadh deonach ar neamhchomhlíonadh, le ceanglais chánach, mionsonraí faoi nádúr an chiona cánach, cainníochtú agus íocaíocht na cánach iomlán agus ús dlite.⁸ I gcás ina dtugann an cáiníocóir nochtadh cáilitheach, bíonn leibhéal pionóis níos ísle i bhfeidhm. Fiú nuair nach ndéantar nochtadh cáilitheach, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim laghdú sna pionóis a ghearrtar a dheonú nuair a chomhoibríonn cáiníocóir go iomlán le linn iniúchta.

10.39 I gcás nach ndéantar dliteanas cánach a chainníochtú i nochtadh cáilitheach, cainníochtaíonn iniúcháir na gCoimisinéirí Ioncaim an gearrmhuirear i leith cánach, úis agus pionóis (más ann) agus iarrann sé ar an gcáiníocóir tairiscint socraíochta i scríbhinn a chur isteach agus na dliteanas chainníochta sin a íoc. Tá na tairiscintí socraíochta sin faoi réir formheas a fháil. Tá údarás tarmligthe ag Bord na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhoireann réigiúnach agus dúiche chun tairiscintí socraíochta a cheadú laistigh de pharaiméadair áirithe.

10.40 Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil ról tábhachtach ag coincheap na socraíochta airgeadais in iniúchtaí ina gclár comhlíonta foriomlán. Tugann siad dá n-aire go bhfuil úsáid nósanna imeachta socraíochta airgeadais cuí ag teacht le bainistíocht éifeachtach an chórais cánach agus le húsáid is fearr acmhainní na gCoimisinéirí Ioncaim.

10.41 Maidir le socraíochtaí iniúchta

- is féidir iad a íoc san iomlán nuair a bhíonn an t-iniúchadh i gcrích
- is féidir iad a íoc de réir a chéile nuair nach mbíonn ach rochtain teoranta ag an gcáiníocóir ar chistí leachtacha ach a leanann le hioncam a ghiniúint go fóill
- is féidir leo a bheith gan íoc nuair a mhaíonn an cáiníocóir nach féidir leis/léi íoc.

⁸ Is féidir nochtuithe den chineál sin a spreagadh sa chás ina gcuireann na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don cháiníocóir go bhfuil sé beartuithe acu iniúchadh a dhéanamh nó a dhíspreagadh sa chás ina soláthraíonn na Coimisinéirí Ioncaim an nochtadh go deonach.

- 10.42** Roimhe seo, níor thaifeadh na Coimisinéirí loncaim luach iomlán na gcánacha breise a measúnaíodh a bheith dlite le linn iniúchtaí. Mar thoradh ar sin, níorbh fhéidir na méideanna a díscríobhadh mar chuid de chomhaontuithe socraíochta iniúchta a mheas. Ó mhí Iúil 2012 i leith, chur na Coimisinéirí loncaim tús le taifeadadh na faisnéise sin.

Srian ar Fhaoiseamh i leith Caillteanas

- 10.43** Tá sé measta ag na gCoimisinéirí loncaim gur ionann an tionchar cánach sa todhchaí de chaillteanais srianta mar thoradh ar iniúchtaí a rinneadh in 2011 agus €16 milliún (€127 milliún in 2010).
- 10.44** Ina theannta sin, forálann an tAcht Comhdhlúite Cánacha do na srianta maidir le húsáid caillteanais nuair nach gcomhdaítear tuairisceáin in am (laistigh se naoi mí ó dheireadh tréimhse cuntasáíochta na cuideachta). Níl luach cánach na gcaillteanas sa chás a bhaineann le moill ar chomhdú gan ghnóthú ach ar atráth go dtí tréimhse éilimh níos déanaí.
- 10.45** I gcás go gcomhdaítear an tuairisceán suas le dhá mhí tar éis an dáta dlite, bíonn faoiseamh i leith caillteanais srianta ag 25% le teorainn uasta de € 31,740. I gcás go gcomhdaítear an tuairisceán níos mó ná dhá mhí tar éis an dáta dlite, méadaíonn faoiseamh i leith caillteanais go dtí 50% le teorainn uasta de € 158,715.

Sonraí Mainnitheoirí a Fhoilsiú

- 10.46** Foilsítear sonraí socraíochtaí iniúchta nuair a ghlacann na Coimisinéirí loncaim le suim sonraithe sa bhreis ar €33,000 mar shocraíocht ar aon dlíteanas breise i leith cánach, úis agus pionós. Ní fhoilsítear cásanna ina nglactar le nochtadh cáilitheach nó nuair a bhíonn an tsocraíocht níos lú ná €33,000 nó nuair nach dtéann an pionós thar 15% den cháin atá dlite ar deireadh.
- 10.47** Leagann Fíor 10.9 amach na méideanna iomlána cánach, ús agus pionós i gcásanna a socraíodh idir 2007 agus 2011.

Fíor 10.9 Cásanna Neamh-Comhlíonta a Foilsíodh 2007 go dtí 2011

Bliain	2007	2008	2009	2010	2011
Líon na gcásanna	555	401	356	305	366
Toradh iomlán €m	144	75	97	68	76

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

Nóta: Tá méideanna iomlán bunaithe ar shocraíochtaí, agus ní hionann iad agus méideanna a bailíodh.

Pionóis Shibhialta

- 10.48** Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim pionóis shibhialta a chur i bhfeidhm mar gheall ar mhainneachtain P35 nó tuairisceáin CBL a chomhdú nó mar gheall ar chionta cánach éagsúla a fuarthas amach nuair a rinneadh iniúchadh. Léirítear líon agus luach na bpionós shibhialta a gearradh in 2011 i bhFíor 10.10.
- 10.49** Gearradh pionóis i ndíreach os cionn leath de na cásanna inar cinneadh dlíteanais toraidh mar thoradh ar iniúchtaí. Idir 2008 agus 2011, b'ionann na pionóis a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar iniúchadh agus 10% den toradh iniúchta cánach iomlán.

Fíor 10.10 Pionóis Shibhialta a gearradh i gcásanna neamhchomhlíontacha 2011

	Neamhchomhdú P35 agus tuairisceán CBL	Pionóis i bhfeidhm mar thoradh ar iniúchadh	Iomlán
Líon na gcásanna	724	4,004	4,728
Luach na bpionós shibhialta a gearradh (€ milliún)	2.9	33	35.9
Meánphionós sibhialta a gearradh	€4,000	€8,240	€7,590

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Imeachtaí Coiriúla Achoimre

10.50 Eascraíonn imeachtaí coiriúla achoimre i ndáil le neamhchomhdú tuairisceán, agus cionta cánach eile Custam agus Máil. Léirítear líon iomlán na n-ionchúiseamh achomair i gcrích agus na fíneálacha a bhaineann leo i bhFíor 10.11.

10.51 Chomh maith le fíneálacha a ghearradh, gearrtar pianbhreitheanna coimeádta i roinnt cásanna chomh maith. Mar shampla, in 2011, gearradh pianbhreitheanna coimeádta i 32 de na 497 cás Custam agus Máil ina bhfuarthas cionta achoimre. Cuireadh 19 de na pianbhreitheanna sin ar fionraí.

Fíor 10.11 Ionchúisimh achoimre i leith cionta cánach 2008 go dtí 2011

	2008	2009	2010	2011
<i>Cásanna ionchúisimh i leith</i>		Líon na gcásanna		
Mainneachtain tuairisceáin a chomhdú	1,052	1,199	1,380	1,217
Cionta Custam agus Máil	455	535	509	497
Cionta Cánach	11	9	10	16
	1,518	1,743	1,899	1,730
<i>Luach na bhfíneálacha a gearradh sa Chúirt</i>		€ milliún		
Mainneachtain tuairisceáin a chomhdú	2.3	3.0	4.0	2.8
Cionta Custam agus Máil	0.6	0.8	1.1	1.1
Cionta Cánach	— ^a	— ^a	— ^a	— ^a
	2.9	3.8	5.1	3.9

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Luach comhiomlán na bhfíneálacha a gearradh níos lú ná €50,000 gach bliain.

Ionchúisimh i leith Imghabháil Chánach

10.52 Tarchuirtear cásanna chuig Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh (IPD) na gCoimisinéirí Ioncaim lena n-imscrúdú féachaint chun ionchúiseamh coiriúil a fháil áit a bhfuil fianaise prime facie ann gur tharla cionta tromchúiseacha. Laistigh de IPD, déantar tuilleadh measúnú ar na cásanna sin sula gcuirtear tús le hobair imscrúdaithe atá dian ar acmhainní. Cuireann an measúnú roinnt fachtóirí san áireamh, lena n-áirítear

- neart na fianaise atá ar fáil
- cé chomh fada ó shin ó thángthas ar an gcion

- fad dóchúil agus costas trialach (ar an bprionsabal nár chóir an costas a bhaineann le hionchúiseamh a leanúint a bheith neamhchomhréireach leis an mbuntáiste is féidir a fháil)
- méid ciontaíola, freagrachta agus taithí an chiontóra líomhnaithe
- an gá le díspeagadh, idir pearsanta agus ginearálta i ndáil leis na cionta áirithe
- cibé an bhfuil nochtadh iomlán déanta ag ciontóir líomhnaithe nó nach bhfuil, cibé ar chomhoibrigh sé socraíocht a dhéanamh nó nár chomhoibrigh agus cibé an bhfuil an t-ús cánach agus na pionóis go léir atá dlite íoctha nó nach bhfuil.

10.53 Thar na cúig bliana 2008 go dtí 2011, measadh go raibh thart ar 40 cás ar an meán oiriúnach lena n-iniúchadh d'fhonn ionchúiseamh a ghearradh. D'fhéadfadh sé roinnt mhaith blianta a ghlacadh sula gcuirfaí an cás faoi bhráid na Cúirte. Mar thoradh ar sin, ag aon phointe ama, d'fhéadfadh roinnt cásanna imghabhála tromchúiseacha ag céimeanna éagsúla den phróiseas imscrúdaithe agus ionchúisimh (féach Fíor 10.12).

Fíor 10.12 Stádas na gCásanna Ionchúisimh ar láimh 2009 go dtí 2012 (Aibreán gach bliain)

Stádas na gcásanna ionchúisimh ar láimh	2009	2010	2011	2012
Faoi imscrúdú	61	50	69	87
Le hOifig Atur na gCoimisinéirí Ioncaim	11	14	12	23
Curtha faoi bhráid an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	10	9	3	1
Treoracha eisithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúiseamh a dhéanamh	15	26	33	23
Os comhair na cúirte	13	17	34	48
Líon iomlán na gcásanna oscailte	110	116	151	182

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

10.54 Léirítear líon na gciontuithe a fuarthas i gcásanna a bhí oiriúnach lena n-ionchúiseamh idir 2008 agus 2011 agus na pionóis a ghabhann leo i bhFíor 10.13.

Fíor 10.13 Ionchúisimh i leith Imghabháil Cánach Tromchúiseach 2008 go dtí 2011

	2008	2009	2010	2011
Ciontuithe a fuarthas				
Cásanna Imghabhála Cánach	15	6	7	16
Cásanna Imghabhála Custam agus Máil	5	9	6	14
Iomlán na gCiontuithe	20	15	13	30
Pionóis				
Luach na bhfineálacha (€ milliún)	1.2	0.5	— ^a	0.1
Pianbhreith ar fionraí	6 ^b	2	7	15
Príosúnacht	1	4 ^c	1	8

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Nótaí: a B'ionann luach na bhfineálacha a gearradh agus €16,350.

b Gearradh seacht pianbhreith ar fionraí in 2008, ach rinneadh achomharc rathúil ar cheann acu.

c Gearradh pianbhreitheanna príosúin ar chúig chás in 2009. Rinne achomharc rathúil ar cheann acu agus gearradh fineáil €250 i ndiaidh athbhreithniú breithiúnach.

Ráta Pionóis

- 10.55** Chun críche an scrúdaithe seo, iarradh ar na Coimisinéirí Ioncaim meastachán a dhéanamh ar líon na gcáiníocóirí a raibh pionós sibhialta i bhfeidhm orthu nó a leanadh trí ionchúiseamh achomair toisc nar chomhdaigh siad tuairisceáin cánach. Léirigh na sonraí a soláthraíodh gur cuireadh pionóis shibhialta i bhfeidhm nó leanadh ionchúisimh achoimre i ndáil le
- níos lú ná leath d'aon faoin gcéad de na cáiníocóirí nár chomhdaigh Cáin Corparáide, CBL nó tuairisceáin RCT
 - 2% de cháiníocóirí nach raibh tuairisceáin Cáin Ioncaim comhdaithe acu
 - 3.3% de cháiníocóirí nach raibh tuairisceáin P35 comhdaithe acu.

Conclúidí agus Moltaí

- 10.56** Is ceanglas bunúsach maidir le comhlíonadh cáiníocóra a bhainistiú go héifeachtach é tuisctint shoiléir ar an leibhéal neamhchomhlíontach daoine aonair agus gnólachtaí atá faoi dhliteanas cáin a íoc (an bhearna chánach).
- 10.57** D'fhorbair údaráis bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim i roinnt dlínsí eile modheolaíochtaí chun meastacháin a dhéanamh ar an mbearna chánach. Tugann meastacháin a thug na húdaráis sa RA le fios gurb ionann an caillteanas foriomlán ioncaim mar gheall ar neamhchomhlíonadh agus thart ar 8%. Mar gheall ar shaincheisteanna a bhaineann le meastachán cruinn na bearna cánach agus ábhair imní faoin a áisiúlacht ag leibhéal oibríochtúil, ní tháirgeann na Coimisinéirí Ioncaim meastacháin den chineál sin faoi láthair.
- 10.58** Tá roinnt oibre á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leis na naisc idir athróga eacnamaíocha ábhartha agus cáin a bailíodh ach ní sholáthraíonn sé sin comharthaí iontaofa de leibhéil neamhchomhlíontach cánach.
- 10.59** Is beart níos teoranta í an bhearna iniúchta ioncaim de chomhlíonadh cáiníocóirí. Tomhaiseann sí caillteanais ioncaim mar thoradh ar neamhchomhlíonadh daoine aonair (seachas cáiníocóirí ÍMAT) agus gnólachtaí atá cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Níl meastacháin maidir le scála na bearna iniúchta ag na Coimisinéirí Ioncaim, ach déanann siad clár iniúchta randamach ar cháiníocóirí a bhfuil sé de chumas aige meastacháin réasúnta iontaofa a ghiniúint.
- 10.60** Tá an clár iniúchta randamach teoranta do sampla de suas le 400 cáiníocóirí gach bliain. Is é toradh comhsheasmhach na n-iniúchtaí thar an tréimhse 2007 go dtí 2010 ná go bhfuarthas nár íoc thart ar aon trian de na cáiníocóirí a scrúdaíodh a gcánacha iomlána. Thar na tréimhse céanna, b'ionann meántoradh in aghaidh an cháis neamhchomhlíontach agus thart ar €17,500 (lena n-áirítear cáin, pionóis agus ús). As sin, bhain thart ar €7,400 leis an mbonnbhliain iniúchta, rud a léiríonn ord an mheánchailiteanais in aghaidh an cháiníocóra neamhchomhlíontaigh in aghaidh na bliana.

Moladh 10.1: Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim an mhodheolaíochta a thacaíonn a chlár iniúchta randamach a fhorbairt chun meastacháin den bhearna iniúchta ioncaim a sholáthar, agus de na caillteanais chánach a tharlaíonn mar thoradh ar cháiníocóirí cláraithe a bhíonn neamhchomhlíontach. Ba chóir go gcuimseodh sé sin gabháil faisnéise i ndáil le luach na cánach faoi-dhearbhaithe agus leis an ndlíteanas bunaidh. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaí na torthaí a eachtarshuí chun meastachán den cháin faoi-dhearbhaithe iomlán a sholáthar do phobal uile na gcáiníocóirí cláraithe.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Ó mhí Iúil 2012 i leith, déantar taifead de luach na cánach faoi-dhearbhaithe agus den dlíteanas bunaidh i ndáil le gach cás a iniúchadh mar chuid den chlár iniúchta randamach. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an moladh seo a mheas tuilleadh.

- 10.61** Ní raibh aon chlár ath-iniúchta i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 2002 i leith. Léirigh torthaí ón gclár sin gur lean 60% de cháiníocóirí ath-iniúchta de bheith neamhchomhlíontach ceithre bliana níos déanaí. Cuireadh tús le clár in 2011 ach cuireadh ar fionraí é le haghaidh athbhreithniú ar oibríochtaí.

Moladh 10.2: Ní mór clár ath-iniúchta le cuspóirí agus bearta toraidh atá sainithe go soiléir a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe. Cuirfear clár ath-iniúchta i bhfeidhm in 2013.

- 10.62** Forchuireann moilleanna in íocaíocht na ndlíteanais cánach costais ar an Stát. Mhéadaigh an leibhéal cánach gan íoc ó €1.3 billiún amhail Márta 2008 go dtí díreach faoi €2 billiún amhail Márta 2012. Tomhaiseann na Coimisinéirí Ioncaim tráthúlacht chomhlíonadh an cháiníocóra ag baint úsáide as táscaire ilchodach a léiríonn iontráil tráthúil tuairisceán cánach nó íocaíochta. Agus na rátaí a dhí-chomhbhailiú idir tráthúlacht tuairisceán agus tráthúlacht íocaíochtaí léirítear go bhfuil tuairisceáin, ar an meán, níos tráthúla ná íocaíochtaí ach go bhfuil na rátaí réasúnta gar. I bhfianaise amluacha airgid sa staid fhioscach reatha, tá leagan anuas agus tuairisciú spriocanna i ndáil le tráthúlacht íocaíochta níos ábhartha.

Moladh 10.3: Ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim spriocanna a leagan síos i ndáil le tráthúlacht chomhlíonadh an cháiníocóra maidir le comhlíonadh íocaíochta agus comhlíonadh comhdaithe araon.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Gan chomhaontú. Chinn na Coimisinéirí Ioncaim nach bhfuil na difríochtaí maidir le rátaí comhlíonta mar a tomhaiseadh leis an tomhais ilchodach agus mar a tomhaiseadh ag baint úsáide as figiúirí comhlíonta tuairisceán agus íocaíochta ar leithligh suntasach agus nach mbeadh aon fhiúntas ann an córas toise comhlíonta a athrú.

- 10.63** Tá córais measúnaithe riosca forbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun deis a thabhairt dóibh an chuid is mó dá n-acmhainní iniúchta cánach a dhíriú ar na cáiníocóirí is mó a bhfuil baol mainneachtana ag baint leo. In 2011 rinneadh os cionn 10,000 iniúchadh spriocdhírthe in iomlán, as a dtáinig toradh iomlán €437 milliún. Gan iniúchtaí cásanna móra agus imscrúduithe speisialta san áireamh, b'ionann an meántoradh in aghaidh an iniúchta agus thart ar €40,000. Bhí sé seo thart ar 2.3 uair níos mó ná an meántoradh ó chásanna iniúchta randamacha le blianta beaga anuas. Agus é sin a cheangal le ráta braite neamhchomhlíonta de 73% de chásanna a roghnaíodh lena n-iniúchadh, léiríonn sé sin go bhfuil measúnú riosca na gCoimisinéirí Ioncaim réasúnta éifeachtach maidir le cásanna a bhfuil riosca níos mó ag baint leo a aimsiú. Is éard a bhí mar thoradh ar sheiceálacha dearbhaithe nach raibh chomh dian sin ó thaobh acmhainní de a rinneadh ar leath mhilliún cás ná gur sainaithníodh toradh €81 milliún breise.

- 10.64** Níl ráta foriomlán braite na gcáiníocóirí neamhchomhlíontach ar eolas, áfach. Bheadh acmhainní breise a imscaradh chun obair iniúchta agus dearbhaithe a dhéanamh éifeachtach ó thaobh costais de, ach tá faisnéis níos fearr maidir leis an ráta rathúlachta chun neamhchomhlíonadh a bhrath ag teastáil chun an ábhar seo a thabhairt chun críche.
- 10.65** Fostaíonn na Coimisinéirí raon leathan beart atá ceaptha le go mbeidh éifeacht dhí-spreagtha acu ar dhaoine aonair agus ar ghnólachtaí a mbeadh sé ar intinn acu a n-oibleagáidí cánach a sheachaint. Gan meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbraithfear neamhchomhlíonadh, tá sé deacair éifeachtacht na mbeart dhí-spreagtha a mheas.

11 CBL ar thrádáil laistigh den Chomhphobal

- 11.1** Thar na tréimhse 2007 go dtí 2011, ba í an Cháin Bhreisluacha (CBL) ba chúis le díreach os cionn 30% de na fáiltais iomlán ó cháin in Éirinn. Baineann thart ar 90% d'fháltais CBL na hÉireann le hidirbhearta intíre agus bhain an chuid eile le hallmhairí ó thíortha lasmuigh den AE.
- 11.2** De réir socruithe a tugadh isteach i 1993, mar chuid de chruthú an Mhargaidh Aonair, tá cead ag trádálaithe cláraithe CBL i mballstát amháin earraí a aistriú chuig trádálaithe cláraithe CBL i mballstáit eile, ag ráta nialas CBL go héifeachtach. Ní mór don trádálaí a fhaigheann na hearraí CBL a chur san áireamh ar iad a fháil, cé gur dóigh nach mbeidh glandliteanas ann CBL a íoc.¹ Ní mór don trádálaí CBL a chur san áireamh nuair a dhíoltar earraí ina dhiaidh sin ar an margadh áitiúil.
- 11.3** Samhlaíodh go mbeadh na socruithe a tugadh isteach in 1993 idirthréimhseach, go dtiocfadh córas nua ina áit sa todhchaí ina ndéantaí CBL ar idirbhearta den chineál sin a thobhach sa mballstát as a dtáinig an soláthar. Ach níl comhaontú ann maidir leis seo, áfach, agus ginearálta, tá na socruithe a tugadh isteach i 1993 fós i bhfeidhm.
- 11.4** Roimh 2010, ba í an rialail ghinearálta i ndáil le soláthar seirbhísí do chustaiméirí i mballstát eile ná go raibh CBL iníoctha sa bhallstát ina raibh an soláthraí bunaithe. Ó 1 Eanáir 2010, níl CBL iníoctha ag an soláthraí a thuilleadh ar sholáthar seirbhísí chuig custaiméirí gnó i mballstáit eile.²
- 11.5** Gné bhunúsach de na forálacha rátála nialais maidir le trádáil laistigh den chomh-phobal ná go mbíonn CBL iníoctha ina dhiaidh sin sa bhallstát ina gcaitear na hearraí nó seirbhísí. Tá roinnt rioscaí neamh-comhlíontacha ag baint leis an gcóras reatha a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an leibhéal CBL iarbhair a fhaigheann na Coimisinéirí loncaim. Áirítear orthu an riosca
- nach gcomhlíonfaidh trádálaithe le hamlínte a leagtar síos le haghaidh tuairisceán chuig na Coimisinéirí loncaim i ndáil le trádáil laistigh den Chomhphobal
 - go dtuairisceoidh trádálaithe do na Coimisinéirí loncaim go ndearnadh soláthar laistigh den chomhphobal, ag ráta CBL nialais, nuair a scaoileadh na hearraí nó seirbhísí le margadh na hÉireann
 - go mbainfidh trádálaithe úsáid as forálacha trádála laistigh den Chomhphobal chun earraí nó seirbhísí a allmhairiú, ag ráta CBL nialais, ach teipfidh orthu an CBL dlíte a íoc nuair a scaoiltear na hearraí nó seirbhísí leis an margadh
 - go rachaidh trádálaithe i mbun calaoise trádálaí ar iarraidh nó calaoise rothlaí.
- 11.6** Braitheann rialuithe ar fháltas agus soláthar laistigh den Chomhphobal ar mheaitseáil sonraí agus ar thaifid thráchtála na trádálaithe a iniúchadh (mar chuntais, doiciméid iompair, sonraisc, doiciméid socraíochta, srl.) agus ar shocruithe comhoibrithe idir ballstáit.
- 11.7** Athbhreithníonn an chaibidil seo na próisis atá i bhfeidhm ag na Coimisinéirí loncaim chun na rioscaí a bhaineann le CBL ar thrádáil laistigh den Chomhphobal a bhainistiú.


1 Ní bheidh aon ghlandliteanas CBL le híoc má tá an trádálaí i dteideal asbhainteacht iomlán creidiúintí ionchuir.

2 Mar a bhíonn i gceist le fáiltais earraí laistigh den Chomhphobal ní mór do chustaiméirí CBL (ina dtíortha féin) a chur san áireamh nuair a fhaigheann siad seirbhísí.

Córas Rialaithe

- 11.8** Tá réimse rialaithe ag teastáil i ndáil le trádáil laistigh den Chomhphobal chun an riosca go mb'fhéidir nach bhfaighfí an CBL dlite a laghdú. Léiríonn Fíor 11.1 an córas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le trádáil earraí laistigh den Chomhphobal.
- 11.9** Is iad na ceanglais doiciméadachta is mó ag leibhéal AE ná
- **Córas Malartaithe Faisnéise (VIES)** — Ní mór do thrádálaithe cláraithe CBL a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí do thrádálaithe i mballstáit eile, ag ráta CBL nialais, tuairisceán VIES tréimhsiúil a chur chuig na húdaráis ioncaim náisiúnta ina dtíortha féin. Ní mór uimhreacha cláraithe CBL i leith gach custaiméara agus luach comhiomlán na soláthairtí i leith gach custaiméara.
 - **Tuairisceáin IntraStat** — Tá sé de dhualgas ar thrádálaithe tuairisceán IntraStat míosúil a chur isteach, chun críocha staitistiúla, chuig a n-údarás ioncam náisiúnta má tá luach na n-earraí a sholáthraítear leis na mballstáit eile níos nó ná €635,000 nó má tá luach na n-earraí a fhaightear ó bhallstáit eile níos mó ná €191,000.
- 11.10** Ina theannta sin ní mór do gach trádálaí CBL cláraithe in Éirinn tuairisceáin CBL tréimhsiúil (foirm VAT3) a líonadh. Nuair a théann trádálaithe cláraithe as Éirinn i mbun trádála le daoine nó le cuideachtaí i dtíortha AE eile, ní mór dóibh figiúirí a sholáthar ar a dtuairisceán CBL maidir le soláthairtí iomlána laistigh den Chomhphobal agus fáiltais earraí iomlána laistigh den Chomhphobal.
- 11.11** Cuireann formhór thrádálaithe a dtuairisceán VIES isteach via Córas Ar líne (ROS) na gCoimisinéirí Ioncaim. Mar gheall ar theorainneacha ar líon na sonraí gur féidir a chur isteach via ROS de ghnáth, áfach, chuir roinnt cuideachtaí móra a fheidhmíonn in Éirinn, ó mí Eanáir 2010, a dtuairisceán VIES isteach trí áis ar leith a cruthaíodh laistigh de ROS, ar a dtugtar Connect Direct.³

Fíor 11.1 Córas CBL do Trádáil Earraí laistigh den Chomhphobal



³ Cheangal Treoir 2008/8/CE ón gComhairle go gcaithfí soláthairtí seirbhísí ghnó go ghnó a thuairisc faoi fhorálacha tuairiscithe VIES, Le héifeacht ó 1 Eanáir 2010. Mhéadaigh an ceanglas nua méid thuairisceáin VIES do roinnt thrádálaithe go suntasach.

- 11.12** Tá dhá leibhéal rialaithe i bhfeidhm le seiceáil cibé an bhfuil na huimhreacha CBL luaite ar thuairisceáin VIES i gceart nó nach bhfuil.
- Seiceálann seic an chéad leibhéal cibé an bhfuil an uimhir a cuireadh isteach ar an tuairisceán VIES bailí nó nach bhfuil m.sh. ag teacht le halgartam a bhaineann go sonrach leis an mballstát i gceist. I gcás inar chuir trádálaithe isteach tuairisceáin VIES díreach trí ROS, déantar seic an chéad leibhéal go huathoibríoch agus ní ghlacann an córas ROS ach amháin le huimhreacha CBL a chloíonn leis an algartam cuí.
 - Díríonn seic an dara leibhéal, a dhéantar ag leibhéal AE, ar cibé an bhfuil an uimhir CBL a luaitear i ngníomh agus in úsáid ag an mballstát i gceist.
- 11.13** Ar bhonn míósúil, cuirtear gach tuairisceán VIES a fhaigheann na húdaráis ioncaim náisiúnta ar aghaidh chuig córas Gateway an AE. Cuireann an córas seo an fhaisnéis i dtuairisceáin VIES i gcomparáid le bunachair shonraí cláraithe CBL na mballstát aonair. Táirgeann sé tuarascáil de gach cás nach gcloíonn an uimhir CBL a luaitear ar thuairisceán VIES an tsoláthraí leis an mbunachar sonraí ábhartha – d'fhéadfadh sé sin eascairt sa chás nach bhfuil uimhir CBL leithdháilte le cáinócóir go fóill nó sa chás inar leithdháileadh í ach cuireadh ar ceal í ina dhiaidh sin. Faigheann gach údarás ioncaim náisiúnta a dtuarascáil 'Gateway' mhíósúil féin a shonraíonn cásanna inar chur trádálaithe sa mballstát sin uimhreacha cláraithe CBL míchearta (de réir dealraimh) isteach ina dtuairisceáin VIES.
- 11.14** Comhairlíonn an t-ábhar treorach ar VIES, arna tháirgeadh na Coimisinéirí Ioncaim, más rud é nach bhfuil an soláthraí in ann na Coimisinéirí Ioncaim a shásamh gur díoladh agus gur seachadadh coinsíneacht earraí nó seirbhísí ar leith le duine CBL cláraithe i mballstát eile, go mbeidh an soláthraí faoi dhliteanas an CBL na hÉireann a íoc ar an idirbheart. Níl córais sainiúla i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim chun dul sa tóir ar an CBL seo agus ní dhéanann siad anailís ar na hidirbhearta ar ina leith a chuirtear uimhreacha CBL míchearta isteach.

Comhlíonadh Comhdaithe

- 11.15** Measann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuarthas 55% go 60% de thuairisceáin VIES faoin dáta dlite. Tagann ardú ar an ráta aischiúir go dtí 80% go 85% laistigh de dhá mhí den dáta dlite.
- 11.16** Luaigh an lámhleabhar ar VIES, arna tháirgeadh ag na Coimisinéirí Ioncaim, gurb é ann pionós reatha i leith neamhchomhlíonadh le oibleagáidí tuairiscithe VIES ná fíneáil €4,000 agus go bhfuil polasaí ionchúisimh gníomhach ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis seo. Áirítear ar na fachtóirí riosca a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh agus iad ag breithniú cibé ar chóir cásanna neamh-chomhlíonta le hoibleagáidí tuairiscithe VIES a ionchúiseamh nó nár chóir
- cibé ar lean an neamh-chomhlíonadh in ainneoin iarratas leanúnacha ó fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim
 - méid an trádálaí
 - trádálaithe ag déileáil le hearraí ag ráta nialais nó earraí díolmhaithe
 - trádálaithe a chur isteach tuairisceáin nialais cheanna.
- 11.17** Leagan Fíor 11.2 amach líon na n-ionchúiseamh a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ó 2007 i leith agus an toradh i dtéarmaí fíneálacha nó socraíochtaí.

Fíor 11.2 Ionchúisimh maidir le Neamh-Chomhlíonadh i dTuairiscithe VIES 2007 go dtí 2011

Bliain	Líon na nIonchúiseamh	Fíneálacha/ Socraíochtaí €'000
2007	43	74
2008	29	49
2009	22	44
2010	13 ^a	33
2011	1 ^a	2

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: a Ionchúisimh ar cuireadh tús leo le linn 2009.

- 11.18** Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim, i rith 2010 gur stop siad go sealadach le cásanna neamh-chomhlíonta le hoibleagáidí tuairiscithe VIES a tharchur le haghaidh ionchúisimh, mar gheall ar an ngá a bhí le hábhar ionchúisimh a nuashonrú agus le doiciméadú CBL a scríobh in athuair. Bhí gá leis na nuashonruithe chun athruithe reachtacha a léiriú lena n-áirítear méadú ar an bpionós seasta le haghaidh neamh-chomhlíonta, comhdú VIES míosúil a thabhairt isteach le haghaidh catagóirí trádálaithe ar leith agus tuairisciú VIES a leathnú chun soláthar seirbhísí ó ghnó go gnó a chlúdach. Cuireadh tús arís le cásanna tharchuir lena n-ionchúiseamh i mí an Mhárta 2012.
- 11.19** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta ó mhol na Coimisinéirí Ioncaim cásanna a tharchur lena n-ionchúiseamh i mí an Mhárta 2012, gur cuireadh 85 cás ar aghaidh lena mbreithniú ag foireann ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tearc-thuairisciú

- 11.20** Tugadh ar aire i rith an scrúdaithe seo gur tháinig laghdú 74% ar líon na n-idirbheart a tuairiscíodh i dtuairisceáin VIES ag cuideachta mhór amháin idir Eanáir 2010 agus Nollaig 2011.⁴ Tugann sé sin le fios go mb'fhéidir nach raibh an chuideachta ag tuairisciú soláthairtí laistigh den Chomhphobal ar a tuairisceáin VIES a thuilleadh.
- 11.21** Sheol na Coimisinéirí loncaim cruinniú leis an gcuideachta i gceist chun a tuairisciú VIES a phlé. Luaigh an cuideachta gur tharla an laghdú i líon na n-idirbheart a tuairisciú chun críche VIES mar gheall ar shaincheist theicniúil a bhain le tabhairt isteach ardán billeála nua in 2010. Níl sé soiléir ar tharla ganniontrálacha onnmhairí i dtuairisceáin eile a rinne an chuideachta leis na Coimisinéirí loncaim mar thoradh ar an tsaincheist theicniúil m.sh tuairisceán CBL agus tuairisceán IntraStat.
- 11.22** Luaigh na Coimisinéirí loncaim gur iarr siad anois ar an gcuideachta tuairisceáin VIES siardhátaithe i ndáil leis an tréimhse Eanáir 2010 go dtí Nollaig 2011 agus gheall an chuideachta go ndéanfaidh sí amhlaidh faoi 21 Lúnasa 2012. D'fhonn iarratas na gCoimisinéirí loncaim a chomhlíonadh, beidh ar an gcuideachta i gceist uimhreacha clárúcháin CBL a sholáthar i leith gach custaiméara a fuair soláthairtí laistigh den Chomhphobal le linn tréimhse dhá bhliain.

Leanúint suas ar Uimhreacha CBL Míchearta

- 11.23** Ní mór go mbeadh uimhir clárúcháin CBL i leith gach custaiméara onnmhairí san áireamh i dtuairisceán soláthairtí VIES a chuireann trádálaithe na hÉireann chuig ballstáit eile. Nuair a faightear amach go bhfuil uimhir CBL mícheart ina dhiaidh sin (m.sh. neamhbhailí nó neamhghníomhach) tá baol ann
- nár soláthraíodh na hearraí nó seirbhísí le trádálaí i mballstát eile ach gur soláthraíodh iad ar an margadh intíre agus nár íocadh CBL, nó
 - gur soláthraíodh na hearraí nó seirbhísí gan CBL le duine nó trádálaí i mballstát eile nach raibh cláraithe do CBL sa bhallstát sin.

Tuairisceáin VIES trí Connect Direct

- 11.24** I gcás roinnt de na cuideachtaí móra a chur tuairisceáin VIES isteach chuig na Coimisinéirí loncaim trí Connect Direct, tugadh ar aird go raibh líon suntasach uimhreacha CBL luaite ag titim ag seic an chéad leibhéal (m.sh. gan algartam uimhreacha CBL a chomhlíonadh) nó ag seiceáil Gateway dara leibhéal (i.e. ní raibh an uimhir gníomhach).
- 11.25** Tugann Fíor 11.3 forléargas ar thuairisceáin a chuir na cuideachtaí isteach ag úsáid Connect Direct thar tréimhse dhá bhliain.

⁴ Baineann an chuideachta i gceist úsáid as áis Connect Direct chun tuairisceáin VIES a chur isteach.

Fíor 11.3 Tuairisceáin trí Connect Direct, 2010 to 2011^a

	Tuairisceáin	
	Líon	Luach
	‘000	€m
Gach idirbheart	1,533	17,148
Uimhreacha CBL míchearta		
Seic an chéad leibhéal	141	550
Seic an dara leibhéal	129	717
Iomlán mícheart	270	1,267
% mícheart	17.6%	7.4%

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta : a Toisc móill a bheith le cur isteach na dtuairisceán, ní chlúdaíonn na figiúirí do cheann amháin de na cuideachtaí ach suas go dtí dheireadh Mheán Fómhair 2011.

11.26 Idir Eanáir 2010 agus Nollaig 2011, thuairisc na cuideachtaí soláthairtí laistigh den Chomhphobal arbh fhiú €17.1 billiún iad. B'ionann luach na n-idirbheart ar theip an uimhir CBL ina leith ag an seiceáil chéad leibhéal nó dara leibhéal agus beagnach €1.3 billiún. Má bhí na Coimisinéirí Ioncaim (mar a fhoráiltear i dtreoir do thrádálaithe) chun dul sa tóir ar an CBL i leith na n-idirbheart sin, ar an mbonn nár sholáthar na cuideachtaí fianaise soláthair do dhuine CBL cláraithe, bheadh an dliteanas os cionn €200 milliún.⁵

11.27 Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go dteipeann uimhreacha CBL a chuirtear isteach trí Connect Direct seiceáil an chéad leibhéal, is é an polasaí ná tuairisc a sheoladh chuig an trádálaí aonair, ag iarraidh orthu na huimhreacha cearta a chur isteach. Luaigh siad, mar gheall ar mhainneachtainí córais, nár seoladh tuairiscí earráide chuig na cuideachtaí sin i rith 2010 agus 2011. Nuair a réitíodh an tsaincheist go luath in 2012, eisíodh na tuairiscí gan réiteach chuig na cuideachtaí. Go dtí seo, tá leibhéal na gceartúcháin atá faighte ag na Coimisinéirí Ioncaim ó na cuideachtaí sin neamhbhríoch.

Tuairisceáin VIES trí ROS

11.28 Toisc nach nglacann ROS ach le huimhreacha CBL a chloínn leis an algartam cuí, cuirtear gach tuairisceán VIES a chuirtear isteach díreach trí ROS ar aghaidh chuig córas Gateway an AE, áit a dhéantar an seiceáil dara leibhéal.

11.29 Mar chuid den scrúdú, rinneadh measúnú ar thorthaí an ghnímh leantach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le tuairisc Gateway samplach a fuair na Coimisinéirí Ioncaim i mBealtaine 2011. D'aithin an tuairisc 3,450 cásanna, arbh fhiú €65 milliún a n-idirbheart, ar tuairisciú uimhreacha CBL coigríche míchearta ag trádálaithe as Éirinn ar thuairisceáin VIES a cuireadh isteach díreach trí ROS. Thaispeáin anailís ar an liosta gur bhain 30% de na hidirbhirt faidhbe le tréimhsí roimh 2009.

5 Riomhadh an dliteanas CBL measta le ráta barúlach 17.25% mar an lárphointe idir an gnáthráta (21%) agus an ráta laghdaithe (13.5%) a bhí infheidhme i rith 2010 agus 2011.

- 11.30** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil na sean-idirbhirt a leagtar béim orthu i dtuairiscí Gateway tipiciúil sa raon 2% go dtí 3% agus go dtarlaíonn siad de ghnáth mar thoradh ar thuairisceáin VIES déanacha, leasuithe ar thuairisceáin níos luaithe agus comhdú cúlghabhálach a bhaineann le clárúcháin VIES nua. Dúirt sí gur scrúdaigh na Coimisinéirí loncaim sampla de dheich gcinn de na hidirbhirt níos sine i dtuairisc ó Bhealtaine 2011 agus fuarthas amach gur bhain naoi gcinn le tuairiscí ó 2007 a tuairiscíodh ag an am cuí (i.e. 2007) agus nach bhfuarthas tuarascáil earráide ina leith roimhe sin. Níl an chúis nach raibh siad le feiceáil ar thuarascáil Gateway go dtí Bealtaine 2011 soiléir, agus luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanfaidh na Coimisinéirí loncaim tuilleadh anailíse ar an ábhar.
- 11.31** Is é polasaí na gCoimisinéirí loncaim i ndáil le huimhreacha CBL míchearta a aithníodh i dtuarascálacha Gateway ná cur in iúl don soláthraí go bhfuarthas go raibh an uimhir CBL mícheart agus iarraidh ar an soláthraí an uimhir cheart a chur isteach. Seoltar litreacha ar bhonn baisce, trí nó ceithre huaire in aghaidh na bliana, ag iarraidh ar thrádálaithe uimhreacha CBL cearta a chur isteach.
- 11.32** Scrúdaíodh sampla de 30 cás a d'eascair ó thuarascáil Gateway Bhealtaine 2011 d'fhonn leibhéal na bhfreagairtí ar na litreacha a d'eisigh na Coimisinéirí loncaim a fháil amach. Fuarthas freagairtí i 17 cás as 30, agus b'ionann sin agus 88% de luach na n-idirbheart sa sampla (féach Fíor 11.4).

Fíor 11.4 Bearta Leanúna na gCoimisinéirí loncaim i leith Thuarascáil Gateway do Bhealtaine 2011

	Freagairtí a fuarthas		Iomlán
	Freagra	Gan freagra	
Líon na gcásanna	17	13	30
Luach na n-idirbheart (€m)	13.2	1.7	14.9

Foinse: Anailís de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 11.33** Luaigh na Coimisinéirí loncaim nach n-eisítear aon chomhfhreagras breise, go ginearálta, i gcásanna nach bhfaightear freagra ar an litir leantach arna seoladh. Ní chuirtear cásanna ar aghaidh chuig oifigí dúiche nó réigiúnacha chun cás-obair bhreise a dhéanamh.
- 11.34** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta má theipeann ar thrádálaí an uimhir CBL ceartaithe a sholáthar nuair a iarrtar í, go n-ardóidh sé sin ráta riosca an trádálaí ar chóras anailíse riosca na gCoimisinéirí loncaim (REAP) agus go méadófar an dóchúlacht go ndéanfaidh na Coimisinéirí loncaim idirghabháil bhreise. Tá naoi riail a bhaineann le sonraí VIES sa chóras REAP, a úsáidtear chun cásanna a rangú de réir riosca i gcomhréir le raon de níos mó ná 400 riail sonraithe. Aithníonn ceann de na rialacha cásanna inar cuireadh uimhir CBL eachtrach amháin ar an laghad isteach ar thuairisceán VIES trádálaí.
- 11.35** Ina theannta sin, luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil clár riosca nua forbartha ag na Coimisinéirí loncaim a chinnteoidh go ndéantar measúnú riosca ar thuairisceáin CBL gach oíche. Ceann de na fachtóirí riosca a bheidh á bhreithniú ná cibé an bhfuil níos mó ná 5% de na huimhreacha CBL a chuirtear isteach ar thuairisceáin VIES trádálaí le 12 mí anuas mícheart nó nach bhfuil.
- 11.36** Ní léiríonn freagra ar cheist ó na Coimisinéirí loncaim, ann féin, go bhfuil an cheist réitithe, mar níor mhór aon uimhir CBL nua a seiceáil chomh maith. Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil aon tuairisc ar leith ann arna ghineadh ag na Coimisinéirí loncaim chun trádálaithe a chuireann na huimhreacha míchearta CBL i leith an idirbhirt chéanna isteach arís agus arís eile a aithint.

Meaitseáil Sonraí agus Leanúint Suas ar an Iniúchadh

- 11.37** Cuireann an Coimisiún tuarascáil mhíosúil ar fáil do gach údarás ioncaim náisiúnta maidir leis na héadálacha laistigh den Chomhphobal go léir a rinne trádálaithe sa bhallstát sin. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim go gcuireann siad an tuarascáil sin i gcomparáid le sonraí atá sna tuairisceáin CBL, d'fhonn cásanna nár íocadh CBL a aithint. Áirítear na cásanna seo a leanas ar na táscairí go mb'fhéidir nár dearbhaíodh dliteanais CBL ina n-íomláine
- Léiríonn an tuarascáil mhíosúil d'éadálacha laistigh den Chomhphobal gur bhfuair cuideachta as Éirinn earraí agus seirbhísí, ach ní bhaineann an uimhir CBL a luaitear le cuideachta atá cláraithe le haghaidh CBL in Éirinn
 - Tá CBL dlite, mar a léirítear ar thuarascáil mhíosúil na n-éadálacha laistigh den Chomhphobal, níos mó ná CBL dearbhaithe ar thuairisceáin intíre, a thugann le fios nach bhfuil cuntas á thabhairt ar an CBL ag an trádálaí a fuair na hearraí nó seirbhísí.
- 11.38** I mBealtaine 2011, mheaitseáil na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ón tuarascáil mhíosúil maidir le héadálacha laistigh den Chomhphobal lena gcuid sonraí féin. D'aithin an cleachtadh sin 3,005 cás nach uimhir bailí CBL de chuid na hÉireann a bhí san uimhir CBL a bhí luaite, agus bhí na héadálacha tuairiscithe laistigh den Chomhphobal níos mó ná €10,000.
- 11.39** Mar chuid den scrúdú seo, rinneadh athbhreithniú ar shamplaí de 25 de na cásanna sin i leith gach ceann de thrí cheantar na gCoimisinéirí Ioncaim i réigiún an Oirthir agus an Oirdheiscirt, d'fhonn a fháil amach cén gníomh a rinneadh chun leanúint suas ar thoradh an chleachtadh meaitseála sonraí.
- 11.40** Fuarthas amach i ndúichí na gCoimisinéirí Ioncaim i Loch Garman agus i gCill Chainnigh, nár roghnaíodh aon cheann de na cásanna sa sampla d'idirghabháil iniúchta mar thoradh ar an gcleachtadh meaitseála sonraí. Bhí dhá chás i Loch Garman agus cás amháin i gCill Chainnigh faoi réir iniúchta ach roghnaíodh iad sin ar chúiseanna eile seachas an cleachtadh meaitseála sonraí.
- 11.41** Tá dúiche na gCoimisinéirí Ioncaim i bPort Láirge ag cur bailchríoch faoi láthair ar thionscadal réigiúnach chun sonraí VIES a mheaitseáil le sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim féin d'fhonn aimhrialtachtaí a aithint agus a cheartú agus aird a tharraingt ar rioscaí a bhaineann le tearc-dhearbhú cánacha. Tugann anailís ar thorthaí an tionscadail le fios gur uirlis mhaith atá sna tionscadail roghnaithe iniúchta a úsáideann sonraí VIES chun CBL neamhíoctha a bhraith. Leagann Fíor 11.5 amach sonraí an tionscadail atá á dhéanamh ag dúiche na gCoimisinéirí Ioncaim i bPort Láirge agus torthaí an tsampla arna athbhreithniú.

Fíor 11.5 Cás-Staidéar – CBL Dúiche na gCoimisinéirí loncaim i bPort Láirge ar Thionscadal Éadálacha laistigh den Chomhphobal

Tá tionscadal éadálacha laistigh den Chomhphobal arna dhéanamh ag dúiche na gCoimisinéirí loncaim i bPort Láirge dírithe ar

- thrádálaithe a dhéanann éadálacha ó thrádálaithe i mBallstáit AE eile, ag ráta nialais CBL, lena chinntiú go n-íoctar CBL nuair a scaoiltear na hearraí nó seirbhísí ar an margadh
- thrádálaithe a dhéanann éadálacha laistigh den Chomhphobal.

D'fhorbair foireann na gCoimisinéirí loncaim teimpléad chun cásanna a bhfuil an riosca is airde acu maidir le tearc-dhearbhú CBL a aithint. Luaigh foireann na dúiche gur chabhraigh an teimpléad leis an bhfoireann neamh-iniúchta obair scagtha tosaigh a dhéanamh ar bhealach réasúnta éasca.

In iomlán, roghnaíodh thart ar 600 cás lena n-athbhreithniú mar chuid den tionscadal arna dhéanamh ag dúiche na gCoimisinéirí loncaim i bPort Láirge. Cuireadh thart ar 500 cás as an áireamh ina dhiaidh sin, ar bhonn ábharthachta den chuid is mó. Amhail Aibreán 2012, taifeadadh na torthaí seo a leanas i ndáil leis na 100 cás nó mar sin a bhí fágtha

- Dúnadh 32 cás i ndiaidh comhfhreagrais le trádálaithe, arbh fhiú €9,516 in iomlán iad.
- Dúnadh seacht iniúchadh, arbh fhiú €63,217 iad.
- Tá an dúiche ag súil go mbeidh €1 milliún in iomlán ag teacht as ocht iniúchadh atá fós i bhfeidhm.
- Aithníodh dhá chás eile ar an laghad lena n-iniúchadh a bhféadfadh torthaí suntasacha a bheith ag baint leo, ach níor cuireadh tús leis an obair fós.
- Tá comhardú na gcásanna le cur i gcríoch go fóill.

Maidir leis an sampla de 25 cás a athbhreithníodh don scrúdú seo, inar aithin na Coimisinéirí loncaim nach raibh uimhreacha CBL na hÉireann a chuir cuideachtaí i mBallstáit eile isteach ar thuairisceáin VIES bailí, fuarthas amach go ndearnadh gach cás sa sampla a bhreithniú lena n-idirghabháil. Cuireadh dhá chás déag as an áireamh toisc gur aithníodh míniúcháin réasúnta ar na aimhrialtachtaí. Bhain formhór na gcásanna a cuireadh as an áireamh le cásanna inar bhog trádálaí aonair chuig stádas cuideachta agus ach a raibh earraí agus seirbhísí ceannaithe aige ag úsáid uimhir CBL an trádálaí aonair. As na dtí gcás déag eile, bhí tuilleadh scrúdú á dhéanamh ar naoi gcinn trí cheisteanna a chur chuig an trádálaí agus bhí ceithre cinn roghnaithe lena n-iniúchadh.

Dul i ngleic le Calaois Rothlach agus Trádálaí ar Iarraidh

- 11.42** Is éard atá i gceist le calaois 'rothlach' agus 'trádálaí ar iarraidh', mar a thugtar air, ná cuideachtaí a chláraíonn do CBL, a théann i mbun dianthréimhse trádála le cuideachtaí i mballstáit eile agus a dhúnann síos nó a imíonn as radharc sular n-íocann siad an cháin dlite. Déantar an cineál seo calaoise de ghnáth trí earraí beaga daora mar sliseanna ríomhairí, fóin phóca, miotail lómhara agus consóil chluichí a fháil agus a sholáthar arís agus arís eile.
- 11.43** Tá sampla den bhealach a oibríonn calaois rothlach, le cuideachtaí (samhailteacha) as Éirinn agus cuideachta i mballstát eile san áireamh, leagtha amach i bhFíor 11.6.

Fíor 11.6 Bealach a nOibríonn Calaois Rothlach agus Trádálaí ar Iarraidh

Cuideachtaí atá i gceist		CBL a íoctar mura dtarlaíonn calaois
Ballstát X	Soláthraíonn Cuideachta A – earraí le trádálaí Éireanneach (Cuideachta B) ar phraghas €1,000,000	Tada
↓		
	Díolann Cuideachta B – earraí le Cuideachta Éireannach C ag €1,100,000 móide CBL €253,000	€253,000
↓		
Éire	Díolann Cuideachta C – cuideachta maolánach earraí le Cuideachta D ar chostas €1,200,000 móide CBL €276,000	€23,000
↓		
	Díolann Cuideachta D – earraí le Cuideachta choigríche A saor ó CBL agus tá sí i dteideal CBL €276,000 a tabhaíodh ó chostais ionchuir a aiséileamh	(€276,000)
↓		
Ballstát X	Ceannaíonn Cuideachta A – earraí ó Cuideachta D chun an rothlú a chur i gcríoch	Tada
Glantóradh		€0

Nóta: Glactar leis gur ag an ngnáthráta atá gach dlíteanas CBL

Calaois Rothlach

Ó tharla gur scaoileadh na hearraí leis an margadh i mBallstát X, ba chóir go mbeadh glanéifeacht chánach in Éirinn (áit a ndéantar na hidirbhearta go léir ó ghnó go gnó) neodrach. Nuair a dhéantar calaois rothlach áfach, bailíonn Cuideachta D an aisíocaíocht CBL agus imíonn Cuideachta B as radharc gan a dhlíteanas CBL a íoc. Is ionann an glanéifeacht do na Coimisinéirí Ioncaim den chalaois rothlach thuas agus caillteanas €253,000. Toisc Cuideachta D agus Cuideachta B a bheith scartha ag cuideachta mhaolánach, tá sé deacair ag na Coimisinéirí Ioncaim cruthú go bhfuil nasc ann agus diúltú an CBL a d'íoc Cuideachta D a aisíoc.

Trádálaí ar Iarraidh

Baintear úsáid as an téarma 'trádálaí ar iarraidh' chun cur síos a dhéanamh ar chás ina bhfaigheann trádálaí earraí saor ó CBL ó bhallstát AE eile, a dhíolann na hearraí ag an baile ag praghsanna a chuimsíonn CBL agus a théann ar iarraidh gan an CBL a íoc le húdaráis na gCoimisinéirí Ioncaim. Is foirm ar leith de 'chalaois rothlach' í an 'trádálaí ar iarraidh' ina ndíoltar na hearraí a fhaightear ó bhallstát eile trí shraith idirbheart ag an baile sula ndéantar iad a ath-onnmhairiú (ar ais ag an soláthraí bunaidh fiú).

- 11.44** Níl aon iarracht déanta ag na Coimisinéirí loncaim scála an calaoise rothlaí nó trádálaí ar iarraidh in Éirinn nó an costas a bhaineann leo i dtéarmaí CBL seachligthe a mheas. Sa Ríocht Aontaithe, measann na húdaráis ioncaim gurbh ionann an CBL neamhíoctha i ndáil le calaois den chineál seo agus thart ar £1.5 billiún in 2009/2010, agus is ionann sin agus thart ar 13% de CBL neamhíoctha ina iomlán.

Rialacháin ag Céim Chlárúcháin

- 11.45** Déanann na Coimisinéirí loncaim rud ar a dtugann siad seiceáil comóntachta i ndáil leis na hiarratais ar chlárúcháin CBL, agus é mar aidhm acu gnóthaí a aithint atá nasctha trí phríomhaithe a bhfuil baint acu le gnóthaí eile a bhfuil fiacha acu cheana nó le gnóthaí teipthe ina bhféadfadh sé gur tharla neamh-íoc cánacha muiníneacha mar thoradh ar chosaint dliteanais teoranta.
- 11.46** Mar chuid den scrúdú sin, rinneadh measúnú ar leorgacht na seiceálacha comóntachta a rinneadh le linn an phróisis clárúcháin cánach do 21 trádálaí a raibh luach os cionn €0.5 milliún d'eadálacha laistigh den Chomhphobal déanta acu sa chéad 12 mí i ndiaidh clárúcháin. Fuarthas nach raibh na seiceálacha comóntachta go hiomlán éifeachtach in os cionn leath de na cásanna. Níor aithníodh ach cuid de na caidrimh a bhí i gceist i gceithre chás agus níor aithníodh aon chaidreamh i seacht gcás.
- 11.47** I ndáil leis na torthaí tástála samplacha, luaigh na Coimisinéirí loncaim go bhfuil feabhas ar an gcóras seiceála uathoibríoch (comóntach uathoibríoch) a úsáidtear chun seiceáil chomóntacht a dhéanamh ó úsáideadh don chéad uair é in 2009. Luaigh siad in aon cheann déag de na cásanna nár aithníodh caidreamh éigin ina leith, go ndearnadh na seiceálacha sular cuireadh amach an córas ina iomláine. Rinne na Coimisinéirí loncaim ath-thástáil ar na cásanna sin le linn an scrúdaithe seo agus iad ag baint úsáid as an gcóras uathoibríoch feabhsaithe agus luaigh siad gur aithníodh na naisc chuí ar fad sna hatástálacha.

Socruithe Comhoibrithe Idirnáisiúnta

- 11.48** Is éard é EUROFISC ann ná líonra a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle chun comhoibriú idir ballstáit a fheabhsú agus iad ag dul i ngleic le calaois CBL eagraithe. Ceadaíonn sé roinnt spriocdhírthe eolais idir na mballstát go léir ar ghníomhaíochtaí calaoiseach amhrasach.
- 11.49** Nuair a bhíonn imní ar bhallstát i ndáil le gníomhaíocht an trádálaí as Éirinn, féadfaidh sé iarraidh ar na Coimisinéirí loncaim monatóireacht a dhéanamh ar an trádálaí agus sonraí a ghníomhaíocht trádála a chur isteach trí EUROFISC. I roinnt cásanna, eascraíonn ábhair imní i ndáil le trádálaithe in Éirinn trí ghníomhaíocht na gCoimisinéirí loncaim féin m.sh. fachtóirí riosca a thugtar faoi deara ag céim clárúcháin CBL nó le linn iniúchtaí. Is cuma conas a eascraíonn ábhair imní i ndáil le trádálaithe ón taobh istigh nó ó bhallstáit eile, déanann na Coimisinéirí measúnú riosca sula ndéanann siad cinneadh ar cibé an bhfuil údar maith acu monatóireacht a dhéanamh.⁶
- 11.50** Faoi láthair tá na Coimisinéirí loncaim ag déanamh monatóireachta ar 26 trádálaí, 17 acu sin a d'eascraí ó hiarratais a fuarthas ó riarachán coigríche agus naoi gcinn mar thoradh ar atreoruithe ó na Coimisinéirí loncaim nó aonaid iniúchta.

⁶ Áirítear ar na fachtóirí a bhreithnítear mar chuid den mheasúnú riosca cibé an raibh baint ag an trádálaí le calaois cheana nó i mbun caidrimh le daoine eile a bhfuil a fhios go raibh baint acu le calaois nó nach raibh, comhlíonadh tuairisceán cánach an trádálaí agus cibé an mbaineann an trádáil le hearraí spriocdhírthe (m.sh. fóin phóca, ríomhairí, consóil chluichí srl.) nó nach mbaineann.

- 11.51** Áirítear ar an eolas atá logáilte ag na Coimisinéirí Ioncaim ar EUROFISC i ndáil le trádálaithe a ndéantar monatóireacht orthu ainm agus uimhir CBL an trádálaí as Éirinn, ainm agus uimhir CBL na gcustaiméirí AE, luach na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear le linn na tréimhse agus na hairgeadraí atá i gceist. Faigheann na Coimisinéirí Ioncaim an t-eolas sin ó thuairisceáin VIES arna gcur isteach ag na trádálaithe ábhartha.
- 11.52** Faoi na socruithe cúnaimh frithpháirteacha, tá na Coimisinéirí Ioncaim i dteideal iarratas a dhéanamh le go ndéanfaí monatóireacht ar thrádálaithe coigríche i gcásanna ina measann siad go bhfuil riosca ann d'íocaíocht CBL, ach níl monatóireacht á dhéanamh ar aon chás faoi láthair in aon bhallstát eile ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Foirne Imscrúdaithe Speisialta

- 11.53** Tá aonaid tiomnaithe bunaithe ag roinnt údarás náisiúnta chun dul i ngleic le calaois rothlach agus trádálaí ar iarraidh. Déanann na haonaid sin anailís ar shonraí VIES ar sholáthairtí agus éadálacha ó laistigh den Chomhphobal agus é mar aidhm acu idirbhearta neamhghnácha a aithint. Déantar cásanna a bhfuil amhras fúthu a imscrúdú agus tarchuirtear iad lena n-íniúchadh más gá.
- 11.54** Tá foireann calaoise rothlaí ag na Coimisinéirí Ioncaim. Áirítear ar obair na foirne faisnéis a bhailiú do dhlínsí eile faoi EUROFISC. Ní raibh aon ionchúiseamh in Éirinn i ndáil le calaois rothlach le cúig bliana anuas.

Roghanna Rialacháin Eile

- 11.55** Tá éagsúlacht beart rialaithe eile curtha i bhfeidhm ag údaráis ioncaim ar fud na hEorpa agus é mar aidhm acu an riosca a bhaineann le calaois rothlach a bhainistiú.
- Ceadaíonn rialacha AE do bhallstáit córas frithmhuirir a chur i bhfeidhm i ndáil le hearraí ard-riosca, agus ní bhíonn i gceist ach amháin an miondíoltóir deireanach sa slabhra ag tobhach CBL. Dá réir sin, faightear réidh leis an poitéinseal do chalaois i ndáil le hidirbhearta ghnó go gnó. Cosúil le formhór na dtíortha AE eile, ghlac Éire córas frithmhuirir i ndáil le trádáil chreidmheasa carbóin. Feidhmíonn Éire córas frithmhuirir i ndáil le soláthair seirbhísí tógála agus drámh-mhiotail chomh maith. Tugadh isteach córais fhrithmhuirear san Ostair, sa Ghearmáin, san Iodáil agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le soláthairtí gnó le gnó fón póca agus sliseanna ríomhaire.
 - Is féidir coinníollacha a chur le clárú CBL i gcásanna ina mbíonn imní faoi iarratas ach nach bhfuil an forais leordhóthanacha ann chun an t-iarratas a dhiúltú. Luaigh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcásanna a mheastar é a bheith riachtanach, d'fhéadfadh siad éileamh ar chuideachtaí a bhíonn ag clárú do CBL urrús airgeadais a sholáthar i leith cáin ar bith atá dlite nó a d'fhéadfadh a bheith dlite a íoc. Sa Ríocht Aontaithe, áirítear ar na coinníollacha a d'fhéadfadh a bheith ceangailte ceanglais ar thrádálaithe urrús airgeadais a sholáthar nó a gcéad tuairisceán CBL a chomhdú go luath agus aisiocaíochtaí CBL a chur ar fionraí gan a thuilleadh seiceálacha.

- Is féidir dliteanas comhpháirteach agus leithleach a chur i bhfeidhm le haghaidh CBL neamhíoctha. Sa Ríocht Aontaithe, is féidir le trádálaithe cláraithe a bheith faoi dhliteanas i leith an ghlan CBL neamhíoctha ar earraí cumarsáide agus leictreonacha ar leith a fhaightear ó ghnó CBL cláraithe eile ina raibh ‘fios’ ag an trádálaí nó ina raibh ‘forais réasúnacha amhrais ann’ nach n-íocfaidh an CBL ar sholáthar na n-earraí, nó ar aon soláthar roimhe sin nó ina dhiaidh sin.⁷ Luaigh na Coimisinéirí loncaim gur tharla líon suntasach achomharc mar thoradh ar fheidhmiú dhliteanas comhpháirteach agus leithleach sa Ríocht Aontaithe agus rialaigh na cúirteanna i gcoinne HM Revenue and Customs i roinnt cásanna. Luaigh na Coimisinéirí loncaim go leanfaidh siad ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí sa Ríocht Aontaithe agus in am trátha breithneoidh siad cibé an lorgóidh siad athrú i ndlí CBL na hÉireann le go bhféadfar dliteanas comhpháirteach agus leithleach a cheadú.

Conclúidí agus Moltaí

- 11.56** Murab ionann agus trádáil intíre, níl CBL iníoctha ag an soláthraí ar thrádáil earraí agus seirbhísí trasteorann idir thrádálaithe CBL cláraithe laistigh den AE. Ina áit sin, eascraíonn dliteanas CBL nuair a dhíolann an faighteoir na hearraí agus seirbhísí ina mhargadh intíre. Tá córas fógra ar fud an AE i leith sruthanna trádála (VIES) i bhfeidhm, leis an AE ag comhordú agus ag meaitseáil na sonraí arna soláthar ag na húdaráis ioncaim sna mballstáit ar leithligh, agus ag tuairisciú aimhrialtachtaí sonraí ar ais.
- 11.57** Déantar an deacracht atá ag na Coimisinéirí loncaim agus iad ag díriú ar chalaois CBL féideartha a mhéadú nuair a faightear na tuarascála go déanach nó nuair nach faightear iad ar chor ar bith. Ní chuireann ach beagán le cois leath de thrádálaithe na hÉireann a dtuairisceán VIES isteach in am. Bíonn 15% go 20% tuairisceáin fós gan íoc dhá mhí i ndiaidh an dáta dlite.
- 11.58** De réir threoir na gCoimisinéirí loncaim a eisítear chuig thrádálaithe, is ionann an pionós reatha mar gheall ar neamhchomhlíonadh le hoibleagáidí tuairiscithe VIES agus €4,000. Cuireadh ionchúisimh maidir le neamhchomhdú tuairisceán, a raibh líon beag díobh ann ar aon nós, ar fionraí ar feadh dhá bhliain idir 2010 agus 2012. Tá tús curtha arís le hionchúisimh.
- 11.59** Maidir le tuairisceáin VIES a cuireadh isteach ag úsáid an chórais Connect Direct le linn 2010 agus 2011, is ionann luach na n-idirbheart a raibh uimhreacha CBL míchearta luaite leo agus €1.3 billiún, le CBL gaolmhar féideartha measta ag os cionn €200 milliún. Cé gurb é polasaí na gCoimisinéirí loncaim é sonraí na n-uimhreacha CBL neamhbhaill a sheoladh ar ais chuig thrádálaithe aonair, luaigh siad nár seoladh aon tuairisc le linn 2010 agus 2011 mar gheall ar teipeanna córais. Luaigh na Coimisinéirí loncaim go bhfuil méid na sonraí ceartaithe a fuarthas ó thrádálaithe móra a chur tuairisceáin VIES isteach trí Connect Direct neamhbhríoch.
- 11.60** Thaispeáin cleachtadh samplála a rinneadh ar thuarascáil Gateway le haghaidh Bealtaine 2011 cé gur eisigh na Coimisinéirí loncaim litreacha leantacha i ndáil leis na huimhreacha CBL míchearta a cuireadh isteach, nach bhfuil freagairt faighte i ndáil le 12% de luach na n-idirbheart. Ní dhearna na Coimisinéirí loncaim aon ghníomh leantach sna cásanna sin.

⁷ Baineann sé le trealamh ar bith atá déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid le gutháin, teileachumarsáide, ríomhairí nó córais ríomhairí, nó le trealamh leictreonach ar bith atá déanta nó oiriúnaithe lena n-úsáid ag daoine aonair chun críocha fóillíochta, spraoi nó siamsaíochta.

11.61 Luann treoirilínte na gCoimisinéirí Ioncaim go mbíonn CBL na hÉireann iníoctha ar sholáthairtí laistigh den Chomhphobal i gcásanna nuair nach féidir le trádálaí as Éirinn na Coimisinéirí Ioncaim a shásamh gur soláthraíodh earraí nó seirbhísí chuig duine CBL chláraithe i mballstát eile. Ach is beag anailíse atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim ó 2010 i leith maidir le leibhéil shuntasacha tuairiscithe míchruinne agus tearc-thaifeadtaí soiléire trádála i dtuaisceáin VIES. Ní théann na Coimisinéirí Ioncaim sa tóir ar bhailiúchán CBL i gcásanna nach bhfuil fianaise tugtha ag an trádálaí gur seachadadh earraí agus seirbhísí chuig duine CBL Chláraithe.

11.62 Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go ndéanfaí aon cháin dlite i gcásanna den chineál sin a bhailiú trí mheasúnú faoi Alt 111 den Acht Comhdhlúite CBL 2010. Chun measúnú a ardú, ní mór don chigire cánach cúis a bheith aige chun a chreidiúint go bhfuil méid cánach dlite i ndáiríre agus go bhfuil sí iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ní bheadh teip bailíochtaithe uimhir CBL, ann féin, leordhóthanach chun measúnú a dhlísteaí.

Moladh 11.1: Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim polasaí agus straitéisí soiléire a ghlacadh i ndáil le monatóireacht agus bainistiú chomhlíonadh na dtrádálaithe lena ndualgas faoi reachtaíocht VIES.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Is é polasaí na gCoimisinéirí Ioncaim é comhlíonadh uasta le reachtaíocht VIES a chinntiú ag an costas agus leis an ualach riaracháin is lú agus is féidir do ghnólaí. Tá na straitéisí ann chun é a dhéanamh chomh héasca agus ag féidir ag trádálaithe a ndualgas a chomhlíonadh agus chun bearta comhréireacha a ghlacadh nuair nach ndéanann siad amhlaidh. Athbhreithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí an cur chuige seo i bhfianaise torthaí na tuarascála iniúchta.

11.63 D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach sonraí VIES a chomhcheangal le sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim féin chun cásanna nach bhfuil cuntas tugtha ina leith a aithint. Cé go gcuireann sonraí VIES na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas maidir leis an gcóras rátála riosca foriomlán, ní bhaintear úsáid as critéir riosca VIES ann féin, go ginearálta, chun cásanna a roghnú le haghaidh tuilleadh idirghabhála.

11.64 Bhain tionscadal píolótach a rinneadh i ndúiche na gCoimisinéirí Ioncaim i bPort Láirge úsáid as sonraí VIES chun cásanna lena n-idirghabháil a roghnú. Fuair foireann na dúiche amach go raibh sé réasúnta éasca ag foireann neamh-iniúchta cásanna a scagadh ag baint úsáide as teimpléad a ceapadh sa dúiche.

Moladh 11.2: Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim torthaí an tionscadail meaitseála sonraí a rinneadh i ndúiche Phort Láirge a scrúdú, i dtéarmaí toradh iniúchta iarbhir agus ionchais, agus an féidearthacht a bhaineann leis an tionscadal a leathnú chuig dlínsí eile a bhreithniú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim anailís ar thorthaí thionscadal dhlínse Phort Láirge agus cuirfidh an anailís sin an clár CBL riosca fóir-ama nua ar an eolas.

11.65 Meastar gur riosca suntasach d'íocaíocht CBL ar fud na hEorpa iad calaois trádálaí ar iarraidh agus calaois leantach. Tá scóip ann do na Coimisinéirí Ioncaim anailís shonraí níos doimhne a dhéanamh ar sholáthairtí agus éadálacha laistigh den Chomhphobal, agus é mar aidhm acu idirbhearta neamhghnácha agus pátrúin amhrasacha a aithint agus a scrúdú.

Moladh 11.3: Ba chóir do na Coimisinéirí loncaim na bearta rialaithe atá i bhfeidhm i mballstáit eile a athbhreithniú agus an cás le haghaidh iad a thabhairt isteach anseo a mheasúnú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe. Tá glacadh ann ag leibhéal an AE go bhfuil gá le cur chuige aonfhoirmeach chun an ceann is fearr a fháil a chalaois CBL. Tá Éire, mar aon le baill eile an EUROFISC, ag glacadh páirte i ngrúpa tionscadail a bunaíodh chun dea-chleachtas a aithint agus treoir cothrom le dáta a tháirgeadh chun gnéithe oibriúcháin chun déileáil le calaois laistigh den Chomhphobal a chlúdach. Ba chóir go mbeadh tuarascáil an ghrúpa tionscadail i gcríoch faoi 2013.

11.66 Is cuid thábhachtach iad na seiceálacha a dhéantar ag an gcéim clárúcháin CBL chun cuideachtaí a bhíonn i mbun an cineál sin gníomhaíochta a aithint. Tá sé mar aidhm ag na seiceálacha comóntachta a dhéanann na Coimisinéirí loncaim mar chuid den phróiseas iarratais naisc idir an cuideachta atá ag déanamh iarratais agus na haonáin atá ann cheana atá mar ábhar spéise ag na Coimisinéirí loncaim a aithint agus tá feabhas curtha ar an gcóras seiceála uathoibríoch (comóntach uathoibríoch) a bhíonn in úsáid chun seiceáil chomóntach a dhéanamh, le roinnt blianta anuas. I níos mó ná leath na 21 cásanna a scrúdaíodh, níor aithin na seiceálacha a rinneadh na caidrimh go léir a bhí ann.

11.67 Nuair a rinne na Coimisinéirí loncaim ath-thástáil ina dhiaidh sin ag baint úsáid as an gcóras uathoibríoch feabhsaithe, aithníodh na naisc chuí go léir.

Moladh 11.4: Ba chóir do na Coimisinéirí loncaim an córas uathoibríoch feabhsaithe a úsáid chun an seiceáil chomóntach a rinneadh i ndáil le clárúcháin CBL go léir a rinneadh le linn tréimhsí nuair nach raibh an córas feabhsaithe ar fáil, lena chinntiú go aithneofar na naisc chuí go léir.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe. Scrúdóidh na Coimisinéirí loncaim an fhéidearthacht atá ann an seiceáil chomóntach a rinneadh le linn na tréimhse sula raibh an córas feabhsaithe ar fáil a dhéanamh in athuair.

Cuid 3 Caiteachas Vótáilte

12 Cuntasaíocht Vótaí

- 12.1** Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí rialtais, idir chaipiteal agus neamhchaipiteal,
- trí mheastacháin le haghaidh na seirbhísí sin a cheadú i gcaitheamh gach bliana.
 - trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.
- 12.2** Déantar soláthar do chaiteachas faoi 'vótaí', le vóta amháin nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach roinne nó oifige. Soláthraíonn an chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (dá ngairtear raon) imlíne de na seirbhísí a bheidh le maoiniú. Ionchorpraítear an raon san Acht Leithreasa bliantúil agus mar sin tá sé ionadaíoch ar na críocha lena bhfuil cistí ceadaithe ag Dáil Éireann.
- 12.3** Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn agus oifig cuntas, dá ngairtear an cuntas leithreasa, a ullmhú do gach seirbhís vótáilte arna riaradh aige nó aici. Is é an ceanglas reachtúil go ndéanfaidh an cuntas leithreasa toradh le haghaidh na bliana a thuairisciú i gcomparáid leis an méid a sholáthair Dáil Éireann. Leagtar cuntais leithreasa amach ar bhonn airgid thirim. Trí fhaisnéis fhorlíontach, áirítear roinnt torthaí agus iarmhéideanna ar bhonn fabhráithe i nótaí leis na cuntais.

Torthaí Iniúchtaí 2011

- 12.4** Iniúchtaí ar Chuntais Leithreasa 2011 le haghaidh na vótaí go léir críochnaithe. Tá gach cuntas, maraon leis an tuarascáil iniúcháir, leagtha amach in imleabhar eile dar teideal Cuntais Leithreasa 2011. Tá tuairimí soiléire tugtha i ngach cás.
- 12.5** De bhreis ar chuntais leithreasa gach roinne agus oifige a dheimhniú, ceanglaítear orm faoi Alt 3 (5) d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tagairt a dhéanamh i mo dheimhniú iniúchta d'ásc ábhartha ar bith nár cuireadh airgead i bhfeidhm d'fhonn an cuspóir a bhí beartaithe dó nó nach bhfuil idirbheart de réir an údaráis i gceannas air. Tharraing mé aird ar leibhéal ábhartha íocaíochta neamhrialta ar an Vóta do Chosaint Shóisialta.

Leithreasaí le haghaidh 2011

- 12.6** Áirítear achoimre de na méideanna leithreasaithe in 2011 do na seirbhísí poiblí arna riaradh trí vótaí na ranna agus na n-oifigí in Iarscríbhinn A. Taispeántar an toradh don bhliain chomh maith, maraon leis an mbarrachas leithreasaí thar chaiteachas.
- 12.7** B'ionann an méid deireadh a leithreasaíodh do na seirbhísí poiblí in 2011 agus €50.4 billiún.¹ Chuimsigh sé sin deontais soláthair arbh fhiú €46.4 billiún iad, cistiú caipitil a tugadh anonn ó 2010, €13.5 milliún in iomlán, agus €4 billiún leithreasaí-i-gcabhair.²

¹ Féach Fíor 12.4 (Iarscríbhinn A).

² Ceadaítear le hAlt 91 den Acht Airgeadais 2004 cistiú caipitil nach gcaitear a thabhairt anonn don bhliain dár gcionn, faoi réir chomhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Toradh Vótaí

- 12.8** Déantar caiteachas comhiomlán agus leithreasaí-i-gcabhair na vótaí go léir do 2007 agus 2011 a achoimriú i bhFíor 12.1. B'ionann an líon iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2011 agus €49.7 billion. I ndiaidh leithreasaí-i-gcabhair réadaithe €4.1 billiún in iomlán a bhaint as, b'ionann an glanchaiteachas sa bhliain agus €45.6 billiún.

Fíor 12.1 Toradh Vótaí 2007 go dtí 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Ollchaiteachas vótáilte	48,931	53,761	53,119	52,738	49,669
Lúide leithreasaí-i-gcabhair	(4,244)	(4,464)	(5,916)	(6,172)	(4,096)
Glanchaiteachas vótáilte	44,687	49,297	47,203	46,566	45,573

- 12.9** Ní cheadmhach do ranna nó d'oifigí níos mó ná an méid a cheadaítear i ngach ceantar vótála a chaitheamh. Nuair a bhíonn an caiteachas sa bhliain níos lú ná an méid arna sholáthar, dlífead an barrachas a ghéilleadh don Stáitchiste.
- 12.10** Gach roinn agus oifig arna mbainistiú laistigh dá leithdháileadh vótáilte. Taifeadadh barrachais leis na vótaí bunaithe ar a gcuid forálacha comhlán, agus freisin ar a leithdháiltí glana tar éis leithreasaí-i-gcabhair a chur san áireamh. Dá bhrí sin, níor tharla aon vóta barrachais in 2011.
- 12.11** B'ionann barrachais 2011 agus €815 milliún (féach Fíor 12.2). As an méid sin, ceadaíodh €114 milliún in iomlán lena thabhairt anonn go dtí 2012. Bhí iarmhéid €701 milliún dlite le géilleadh. Taispeántar na suimeanna dlite lena ngéilleadh nó lena dtabhairt anonn go dtí 2012 i leith gach vóta i bhFíor 12.5 (larscríbhinn A).

Fíor 12.2 Barrachas le géilleadh 2007 go dtí 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Barrachas don bhliain	620	878	794	866	815
Méid arna thabhairt anonn do dtí an bhliain dár gcionn	(126)	(128)	(126)	(14)	(114)
Barrachas le géilleadh	494	750	668	852	701

- 12.12** B'ionann na hiarmhéideanna dlite lena ngéilleadh as vótaí do na seirbhísí poiblí don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 agus €852 milliún. Géilleadh na hiarmhéideanna sin go cuí.

Fáltais Bhreise an Stáitchiste

- 12.13** Ordaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe suimeanna ar leith arna mbailiú ag ranna agus oifigí rialtais a chreidiúnú don Stáitchiste, agus nach ndéileáilfear leo mar leithreasaí-i-gcabhair. Áirítear fíneálacha (ar an láthair) an Gharda Síochána agus fáltais ó fhíneálacha cúirte. Tugtar fáltais amhantair chun cuntais sa tslí seo de ghnáth, lena n-áirítear fáltais ó dhíol suntasach maoine, fáltais ar scór ioncaim barrachais nó brabús cuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aiséíochtaí caipitiúla, íocaíochtaí cúitimh agus tabhairt suas tuarastal go deonach.

- 12.14** Nuair a d'eascair fáltas bhreise an Státhiste in 2011, taispeántar an méid i nóta leis na cuntais leithreasa faoi seach. Leagtar méid comhiomlán na bhfáltas arna dtuairisciú i ngach cuntas i bhFíor 12.6 (larscríbhinn A).
- 12.15** B'ionann fáltas bhreise iomlán an Státhiste a thaifead ranna agus oifigí rialtais in 2011 agus €124 milliún.

Cuntais Stoic agus Stórais

- 12.16** Ceanglaítear orm faoi Alt 3 (6) d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, cuntais stoic agus stórais ar leith na ranna agus oifigí a scrúdú. Déantar an scrúdú sin mar chuid den iniúchadh ar na cuntais leithreasa.
- 12.17** Scrúdaíodh cuntais stoic agus stórais na ranna agus oifigí agus fuarthas torthaí sásúla i gcoitinne.

Deontais-i-gcabhair

- 12.18** De bhreis ar na gnáthsheirbhísí arna riaradh go díreach ag roinn nó oifig rialtais a chlúdach, beidh foráil airgeadais ag vóta do ghníomhaíocht nó seirbhís ar leith arna riaradh ag comhlacht lasmuigh. Féadfaidh an fhoráil airgeadais a bheith i bhfoirm deontais nó deontais-i-gcabhair don chomhlacht.
- 12.19** Tá deontais faoi réir na ngnáthshrianta a bhaineann le haon íocaíocht ó fho-mhírcheann agus beidh aon iarmhéid fágtha gan chaitheamh ag deireadh na bliana dlite lena ghéilleadh. Tá deontas-i-gcabhair éagsúil le deontais vótáilte eile sa mhéid is nach bhfuil aon iarmhéid deireadh bliana fágtha gan chaitheamh de na suimeanna a eiseofar ón vóta dlite le géilleadh don Státhiste.
- 12.20** Baineann deontais-i-gcabhair go ginearálta le comhlachtaí poiblí a dhéanann feidhmeanna ar leith. Tá paraiméadair dhea-shainithe ag na feidhmeanna sin agus baintear amach iad gan tagairt leanúnach don roinn cheadaithe. Sula ndéantar moladh maidir le caiteachas a rangú mar dheontas-i-gcabhair, ní mór don roinn a bheith sásta go bhfuil coimeád na n-iarmhéideanna gan chaitheamh, chomh maith le cuntasaíocht agus na socruithe eile a bhaineann le deontais-i-gcabhair, cuí.³
- 12.21** Go ginearálta, cuirtear gach deontas-i-gcabhair i láthair mar fho-mhírcheann ar leithligh sa vóta ábhartha. I gcás ina mbíonn eisiúintí do roinnt íocaithe éagsúla i gceist, féadfaidh deontas-i-gcabhair a bheith iníoctha le ciste ainmnithe arna riaradh ag an Roinn ábhartha, as a ndéanfar na híocaíochtaí i dtráth cuí.
- 12.22** In 2011, b'ionann eisiúintí iomlána faoi fho-mhírchinn deontas-i-gcabhair agus €2.4 billion. Sonraíonn Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí nach féidir leis an méid iomlán arna íoc mar dheontas-i-gcabhair a bheith níos mó ná an méid arna shonrú sa mheastachán, agus nach féidir coigiltis ar fho-mhírchinn eile a úsáid chun méid deontais-i-gcabhair a mhéadú. D'eascair íocaíochtaí deontais-i-gcabhair a bhí níos mó ná meastacháin na bhfo-mhírcheann arna cheadú ag Dáil Éireann in dhá chás in 2011.
- B'ionann an meastachán do dheontas-i-gcabhair do Theilifís na Gaeilge agus €33.6 milliún (fo-mhírcheann C.3 de Vóta 30 – Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha) agus eisíodh €36.3 milliún.

³ Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a dhéanann iniúchadh ar go leor de na comhlachtaí arna maoiniú ag deontais i gcabhair.

- B'ionann an meastachán a ceadaíodh do dheontas-i-gcabhair don chiste margaíochta turasóireachta agus €41.4 milliún (fo-mhírcheann G.4 de Vóta 32- Iompar, Turasóireacht agus Spórt). B'ionann eisiúintí ón bhfo-mhírcheann sa bhliain agus €46.1 milliún.

12.23 Sa dá chás, cheadaigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe úsáid coigilteas ar fho-mhírchinn eile chun íocaíochtaí breise a chomhlíonadh.

12.24 I gcás gach fo-mírcheann deontas-i-gcabhair eile, bhí an méid a íocadh mar dheontas-i-gcabhair cothrom le nó níos lú ná méid an tsoláthair bhfo-mhírchinn arna gceadú ag Dáil Éireann.

Iarscríbhinn A Toradh Airgeadais Vóta

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an Rialtais trí mheastacháin de na méideanna a cheanglaítear leis na seirbhísí sin a cheadú i gcaitheamh gach bliana, agus éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Déantar soláthar don chaiteachas faoi shraith ‘vótaí’. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a thairgeadh i leith gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a sholáthar maidir le toradh don bhliain i gcoinne an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann.

Soláthraíonn Fíor 12.4 achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus fáltais i gcoibhneas leis na méideanna a leithreasú do sheirbhísí poiblí in 2011.

Taispeánann Fíor 12.5 an tslí ar cuireadh leithreasaí barrachais i bhfeidhm in 2011 – bíodh sin trí chaiteachas a iarchur go dtí 2012, nó trí é a ghéilleadh don Státchiste.

Taispeánann Fíor 12.6 fáltais bhreise ionchais agus réadaithe an Státchiste.

Tugtar mínithe thíos ar roinnt de na téarmaí a mbaintear úsáid astu sna táblaí.

Deontas Soláthair	An t-airgead a dheonaíonn (nó a vótálann) Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2010	Méideanna airgid chaipitil gan chaitheamh in 2010 agus a tugadh anonn do chaiteachas ar sheirbhísí caipitiúla in 2011. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2010.
Leithreasaí-i-gcabhair	Fáltais rannacha a choimeádtar, le comhaontú Dháil Éireann, chun costais an Vóta lena dtagraíonn siad a íoc.
Leithreasaí iomlána	Suim na ndeontas soláthair, airgead caipitil 2010 iarchurtha (más ann) agus leithreasaí-i-gcabhair.
Géilleadh Iarchurtha	Méid airgid chaipitil gan chaitheamh in 2011 a tugadh anonn do chaiteachas 2012. Cheadaigh Dáil Éireann tabhairt anonn na suimeanna sin san Acht Leithreasa 2011.
Méid le géilleadh	An méid airgid a leithreasaíodh in 2011 ach a bhí gan chaitheamh sa bhliain nó a iarchuireadh chuig 2012, agus a ceanglaíodh é a ghéilleadh don Státchiste.
Fáltais bhreise Státchiste	Fáltais Rialtais nach leithreasaí-i-gcabhair iad, ach a íoctar díreach chuig an Státchiste.

Fíor 12.4 Achoimre ar Leithreasú Seirbhísí Poiblí in 2011, le Vóta

Vóta	Seirbhís	Méid a Leithreasaíodh				Aschur			Barrachas/Easnamh		
		Deontais Soláthair	Iarchurtha ó 2010	Leithreasáí i gCabhair	Leithreasú Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí i gCabhair Réadaithe	Glanchaiteachas	Oll-Bharra chas	Farasbarr/ (easnamh) i bhfáltais	Glanbharrachasa
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	3,061	—	92	3,153	2,939	84	2,855	214	(8)	206
2	Roinn an Taoisigh	21,039	—	912	21,951	18,436	837	17,599	3,515	(75)	3,440
3	Oifig an Ard-Aighne	14,360	—	788	15,148	14,056	778	13,278	1,092	(10)	1,082
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	80,067	—	2,549	82,616	74,700	2,574	72,126	7,916	25	7,941
5	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6,844	—	6,066	12,910	11,487	7,171	4,316	1,423	1,105	2,528
6	Oifig an Aire Airgeadais	25,857	—	1,201	27,058	24,394	1,812	22,582	2,664	611	3,275
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	367,775	—	82,250	450,025	432,560	87,315	345,245	17,465	5,065	22,530
8	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	477	—	32	509	464	32	432	45	—	45
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	325,172	—	67,687	392,859	391,892	74,335	317,557	967	6,648	7,615
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	378,753	5,000	26,631	410,384	401,651	26,928	374,723	8,733	297	9,030
11	An tSaotharlann Stáit	8,650	—	485	9,135	8,366	896	7,470	769	411	1,180
12	An tSeirbhís Shicréideach	1,000	—	—	1,000	568	—	568	432	—	432
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	34,188	—	1,860	36,048	32,915	2,332	30,583	3,133	472	3,605
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	43,263	—	614	43,877	37,820	1,043	36,777	6,057	429	6,486
15	Oifig Luachála	8,208	—	2,198	10,406	9,559	2,427	7,132	847	229	1,076
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	7,756	—	269	8,025	7,301	520	6,781	724	251	975
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	883	—	30	913	540	31	509	373	1	374
18	Oifig an Ombudsman	7,079	—	393	7,472	6,793	368	6,425	679	(25)	654
19	Dlí agus Ceart agus Comhionannas	355,195	—	47,469	402,664	400,451	50,027	350,424	2,213	2,558	4,771
20	An Garda Síochána	1,439,623	—	133,200	1,572,823	1,570,963	133,716	1,437,247	1,860	516	2,376

		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
21	Príosúin	329,211	2,000	18,372	349,583	348,415	18,266	330,149	1,168	(106)	1,062
22	An tSeirbhís Chúirteanna	63,465	—	49,961	113,426	112,724	50,085	62,639	702	124	826
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	35,172	—	1,226	36,398	32,838	1,355	31,483	3,560	129	3,689
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	115	—	5	120	119	5	114	1	—	1
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	1,609,472	—	52,225	1,661,697	1,596,742	47,917	1,548,825	64,955	(4,308)	60,647
26	Oideachas agus Scileanna	8,279,419	—	608,933	8,888,352	8,866,362	617,483	8,248,879	21,990	8,550	30,540
27	Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	104,934	—	7,898	112,832	112,831	7,898	104,933	1	—	1
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	172,506	—	43,997	216,503	209,132	44,380	164,752	7,371	383	7,754
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	522,877	—	1,153	524,030	518,687	1,790	516,897	5,343	637	5,980
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha	253,473	—	241,243	494,716	446,344	239,648	206,696	48,372	(1,595)	46,777
31	Talmhaíocht, Bia & Mara,	1,273,615	—	373,892	1,647,507	1,421,280	429,883	991,397	226,227	55,991	282,218
32	Iompar, Turasóireacht agus Spóirt	1,924,047	5,000	433,074	2,362,121	2,346,138	428,319	1,917,819	15,983	(4,755)	11,228
33	An Gailearaí Náisiúnta	9,847	—	253	10,100	9,492	283	9,209	608	30	638
34	Poist, Fiontar agus Nuálacht	844,841	—	55,629	900,470	844,612	56,085	788,527	55,858	456	56,314
35	Ealaíona, Oidhreacht agus Gaeltacht	264,099	—	4,990	269,089	267,302	5,614	261,688	1,787	624	2,411
36	Cosaint	678,730	1,500	46,749	726,979	703,451	42,509	660,942	23,528	(4,240)	19,288
37	Pinsin Airm	217,467	—	5,921	223,388	223,379	6,125	217,254	9	204	213
38	Coimirce Shóisialach	13,427,412	—	221,702	13,649,114	13,550,357	232,753	13,317,604	98,757	11,051	109,808
39	Sláinte	343,785	—	3,916	347,701	284,721	4,971	279,750	62,980	1,055	64,035
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	12,460,440	—	1,482,047	13,942,487	13,902,830	1,458,171	12,444,659	39,657	(23,876)	15,781
41	Oifig an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige	173,843	—	—	173,843	173,842	—	173,842	1	—	1
42	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	34,841	—	5,639	40,480	35,098	5,047	30,051	5,382	(592)	4,790
43	Gnóthaí Leanaí agus Óige	221,863	—	7,828	229,691	214,322	4,254	210,068	15,369	(3,574)	11,795
Iomlán		46,374,724	13,500	4,041,379	50,429,603	49,668,873	4,096,067	45,572,806	760,730	54,688	815,418

Nóta: a Tá an glan-bharrachas comhdhéanta d'fharasbarr leithreasú iomlán ag Dáil Éireann os cionn ollchaiteachas chomh maith leis an mbarrachas ar leithreasaí i gcabhair. An fáth atá le difríochtaí dealraitheacha ar bith sna hiomláin ná gur ndearnadh slánú ar na figiúirí a dhéanann suas iad.

Fíor 12.5 Feidhmiú Bharrachas Leithreasai 2011, le Vóta

Vóta	Seirbhís	Glanbharachas	Géilleadh iarchurtha	Méid le Géilleadh
		€000	€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	206	—	206
2	Roinn an Taoisigh	3,440	—	3,440
3	Oifig an Ard-Aighne	1,082	—	1,082
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	7,941	—	7,941
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	2,528	—	2,528
6	Oifig an Aire Airgeadais	3,275	—	3,275
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	22,530	—	22,530
8	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	45	—	45
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	7,615	—	7,615
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	9,030	8,000	1,030
11	An tSaotharlann Stáit	1,180	—	1,180
12	An tSeirbhís Shicréideach	432	—	432
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	3,605	—	3,605
14	Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	6,486	—	6,486
15	Oifig Luachála	1,076	—	1,076
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	975	—	975
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	374	—	374
18	Oifig an Ombudsman	654	—	654
19	Dlí agus Ceart agus Comhionannas	4,771	460	4,311
20	An Garda Síochána	2,376	—	2,376

Fíor 12.6 Fáltais bhreise Stáitchiste 2011, le Vóta

Vóta	Seirbhís	Fáltais bhreise mheasta	Fáltais bhreise réadaithe
		€000	€000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	—	—
2	Roinn an Taoisigh	—	—
3	Oifig an Ard-Aighne	—	—
4	An Phríomh-Oifig Staidrimh	—	—
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	—	—
6	Oifig an Aire Airgeadais	—	9
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	—	—
8	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	—	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	—	2,527
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	—	—
11	An tSaotharlann Stáit	—	—
12	An tSeirbhís Shicréideach	—	—
13	Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	—	21
14	Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	—	4
15	Oifig Luachála	—	30
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	—	—
17	An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	—	—
18	Oifig an Ombudsman	—	7
19	Dlí agus Ceart agus Comhionannas	—	—
20	An Garda Síochána	15,000	12,675

		€000	€000	€000
21	Príosúin	1,062	—	1,062
22	An tSeirbhís Chúirteanna	826	—	826
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	3,689	—	3,689
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	1	—	1
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	60,647	34,000	26,647
26	Oideachas agus Scileanna	30,540	—	30,540
27	Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	1	—	1
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	7,754	370	7,384
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	5,980	—	5,980
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	46,777	15,800	30,977
31	Talmhaíocht, Bia & Mara,	282,218	26,900	255,318
32	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	11,228	8,700	2,528
33	An Gailearaí Náisiúnta	638	—	638
34	Poist, Fiontar agus Nuálacht	56,314	18,125	38,189
35	Ealaíona, Oidhreacht agus Gaeltacht	2,411	—	2,411
36	Cosaint	19,288	500	18,788
37	Pinsin Airm	213	—	213
38	Coimirce Shóisialach	109,808	—	109,808
39	Sláinte	64,035	1,500	62,535
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	15,781	—	15,781
41	Oifig an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige	1	—	1
42	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	4,790	—	4,790
43	Gnóthaí Leanaí agus Óige	11,795	—	11,795
Iomlán		815,418	114,355	701,063

		€000	€000
21	Príosúin	—	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	19,800	17,670
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	26,100	24,766
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanúla	—	—
25	Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	—	1,208
26	Oideachas agus Scileanna	—	17,312
27	Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	—	105
28	Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	—	—
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	—	—
30	Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha	—	—
31	Talmhaíocht, Bia & Mara,	—	990
32	Iompar, Turasóireacht agus Spórt	—	554
33	An Gailearaí Náisiúnta	—	—
34	Poist, Fiontar agus Nuálacht	1,381	45,782
35	Ealaíona, Oidhreacht agus Gaeltacht	—	—
36	Cosaint	—	—
37	Pinsin Airm	—	—
38	Coimirce Shóisialach	—	54
39	Sláinte	—	8
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	—	—
41	Oifig an Aire Gnóthaí Leanaí agus Óige	—	—
42	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe	—	698
43	Gnóthaí Leanaí agus Óige	—	—
Iomlán		62,281	124,420

13 Soláthar gan Próiseas Iomaíoch

- 13.1** Leagann treoracha AE amach riachtanais fógraíochta agus nósanna imeachta tairisceana do chonarthaí os cionn luachanna tairisí ar leith nach mór do gach comhlacht poiblí a mbíonn baint acu le soláthar a chur i bhfeidhm.¹ I gcás conarthaí nó ceannacháin faoi na luachanna tairisí sin, beidh feidhm ag na nósanna imeachta náisiúnta seo a leanas
- is féidir soláthairtí nó seirbhísí ar lú na €5,000 a luach a cheannach ar bhonn luachana ó bhéal ó sholáthróir iomaíoch amháin nó níos mó
 - ní mór conarthaí maidir le soláthairtí nó seirbhísí idir €5,000 agus €25,000 a bhronnadh ar bhonn freagairtí do shonraíochtaí a seoltar le fairsnéis nó ríomhphost ar thriúr soláthróirí nó soláthraithe seirbhíse
 - ní mór earraí agus seirbhísí ginearálta a bhfuil luach ionchais €25,000 nó níos mó acu a fhógairt ar láithreán gréasáin eTenders.²
- 13.2** Ceadaítear eisceachtaí ó na rialacha sin faoi rialacha soláthair náisiúnta agus AE in imthosca teoranta. Léiríonn Ciorclán 40/2002 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an cúrsa nach mór a leanúint ina mbeartaíonn ranna agus oifigí Rialtais conarthaí ar mó ná €25,000 a luach (gan CBL a áireamh) a bhronnadh gan próiseas iomaíoch. Ní mór ráiteas bliantúil (tuairisceán 40/2002) a ullmhú i leith na gconarthaí sin, a thugann sonraí an soláthraí, nádúr an chonartha, a luach agus na cúiseanna nár leanadh próiseas iomaíoch. Ní mór cóip den ráiteas sin a chur faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi 31 Márta den bhliain dár gcionn.
- 13.3** Díríonn an chaibidil seo ar mhéid an tsoláthair neamh-iomaíoch a rinne ranna agus oifigí Rialtais in 2011. Tá an chaibidil bunaithe ar anailís ar thuairisceán 40/2002 ó ranna agus oifigí Rialtais.

Méid an tSoláthair Neamh-Iomaíoch

- 13.4** Léiríonn tuairisceán bhliantúla 40/2002 do 2011 gur bronnadh 555 conradh gan próiseas soláthair iomaíoch arbh fhiú luach iomlán €266 milliún iad. Taispeánann Fíor 13.1 líon na gconarthaí agus an luach ábhartha a tuairiscíodh sna tuairisceáin rannacha.
- 13.5** Bhí 5 tuairisceán nialais in 2011 (8 in 2010). Fuarthas tuairisceáin dhéanacha ón Roinn Sláinte (5 Iúil 2012) agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (31 Iúil 2012).
- 13.6** Bhí an líon is airde conarthaí tuairiscithe ag an nGarda Síochána – 116 conradh san iomlán arbh fhiú €15 milliún iad. Tharla an méadú i líon agus luach na gconarthaí i gcomparáid le 2010 toisc gur áiríodh caiteachas soláthair ó chuntais óinchiste i 123 dúiche Garda.

1 Athbhreithnítear tairseacha gach dara bliain. Tá tairseacha cothrom le dáta le fáil ar láithreán gréasáin soláthair an AE <http://www.simap.europa.eu>

2 Ciorclán 10/2010 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe **Rannpháirteacht Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide i Soláthar Poiblí a Éascú**, Lúnasa 2010.

Fíor 13.1 Conarthaí Tuairiscithe a Bronnadh gan Iomaíocht 2010 agus 2011

Roinn nó oifig	Líon cásanna		Caiteachas conartha iomlán	
	2010	2011	2010	2011
			€m	€m
Coimirce Sóisialaí	4	9	— ^a	184
Cosanta ^b	62	77	15	19
Garda Síochána	33	116	5	15
Talmhaíochta, Bia agus Mara	22	24	1	9
Seirbhís Príosún na hÉireann	124	77	14	8
FSS	50	62	4	8
Dlí agus Cirt	45	29	10	4
An tSeirbhís Chúirteanna	30	24	4	3
An tÚdarás Clárúcháin Maoine	7	7	3	3
Oideachais agus Scileanna ^c	7	8	9	2
Oifig na nOibreacha Poiblí	18	13	7	2
Gnóthaí Eachtracha agus Trádála	3	13	2	2
Post, Fiontar agus Nuálaíochta	13	17	1	1
Eile	54	79	4	6
Iomlán^d	472	555	79	266

Foinse: Tuairisceáin Chiorclán 40/2002 do 2010 agus 2011.

Nótaí: a Bhí luach iomlán na gconarthaí a tuairiscíodh níos lú ná €240,000

b Tá conarthaí trealamh ar leith (armán agus armáil) díolmhaithe ó théarmaí Chiorclán 40/2002.

c Leasaíodh figiúirí na Roinne Oideachais agus Scileanna 2010 chun tuairisceáin fhorlíontacha a léiriú.

d Aithníodh cúig chonradh breise a bronnadh gan próiseas iomaíoch in iniúchadh 2011 ar na cuntais leithreasa arbh fhiú €0.4 milliún in iomlán iad nach raibh san áireamh ar na tuairisceáin – An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (4 chonradh arbh fhiú €282,000 iad) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (1 chonradh arbh fhiú €115,000 iad).

13.7 Tháinig méadú 83 ar líon na gcásanna soláthair neamh-iomaíocha a tuairiscíodh in 2011 i gcomparáid le 2010. Tháinig méadú €187 milliún ar luach na gconarthaí sin áfach. Is é an cuimsiú ar thuairisceáin na Roinne Coimirce Sóisialaí de chonradh le An Post maidir le híocaíochtaí leasa shóisialaigh, ar fiú €183 milliún iad thar trí bliana (2011 go dtí 2013) an chúis is mó leis an méadú ar luach.

13.8 Nuair a dhéantar conradh An Post a eisiamh, is ionann luach na gconarthaí neamh-iomaíoch in 2011 agus €83 milliún – méadú de 5% i gcomparáid le 2010.

Cúiseanna le Soláthar Neamh-Iomaíoch

13.9 Leagann Fíor 13.2 amach na príomhchúiseanna a thugtar sna tuairisceáin nár baineadh úsáid as próisis iomaíocha. Tharla an méadú ba shuntasáí luacha in 2011 sa chatagóir 'síneadh/tar-rolladh an chonartha a bhí ann cheana', a léiríonn an tionchar atá ag seirbhís na gníomhaireachta An Post ar an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá imlíne ar na príomhchonarthaí faoi gach catagóir leagtha amach sna rannáin seo a leanas.

Fíor 13.2 Cúiseanna le neamhúsáid an Phróisis Iomaíoch, 2010 agus 2011

Cúis	Líon cásanna		Luach na gConarthaí	
	2010	2011	2010	2011
			€m	€m
Práinn	15	40	8	4
Ceannach earraí dílsithe	91	77	14	11
Síneadh/tar-rolladh an chonartha a bhí ann cheana	114	179	19	206
Sainsheirbhís/taithí leis an tsoláthróir	45	41	4	3
Soláthróir oiriúnach aonair	92	121	25	28
Tosca slándála	7	1	2	—
Cúiseanna eile	108	96	7	14
Iomlán	472	555	79	266

Foinse: Anailís ar thuairisceáin Chiorclán 40/2002 ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Práinn

13.10 Toisc gearrfhógra cúirteanna Stáit i mí na Bealtaine 2011, na leibhéil shlándála agus rúndachta a bhí i gceist, agus an tábhacht a bhain le sábháilteacht phoiblí, bhreithnigh roinnt de na comhlachtaí nárbh fhéidir tairiscint a dhéanamh ar sheirbhísí ar leith.

- bhronn an Garda Síochána 22 conradh arbh fhiú €2.3 milliún iad do chóiríocht, lónadóireacht, trealamh agus bainistíocht tráchta a bhain leis na cúirteanna
- rinne Oifig na nOibreacha Poiblí ceithre chonradh arbh fhiú €900,000 in iomlán iad chun oibreacha leictreonacha, meicniúla agus foirgníochta a sholáthar i lárionad an phreasa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath roimh na cúirteanna
- d'earcaigh Roinn an Taoisigh comhlacht ar chostas €559,000 chun treoir agus seirbhísí imeachta a sholáthar.

Earraí Dílsithe

13.11 As na 77 ásc inar ceannaíodh earraí dílsithe, bhain 31 díobh le ceannacháin a rinne An Garda Síochána arbh fhiú €4.8 milliún iad agus 14 díobh le ceannacháin a rinne Seirbhís Príosún na hÉireann arbh fhiú €3.3 milliún iad. Bhain na hearraí dílsithe, go ginearálta, le teicneolaíocht faisnéise nó cumarsáide nó le córais theicniúla.

Conarthaí Sínidh/Tar-Rollta

13.12 Bhain 179 cás a tuairiscíodh le síneadh nó le tar-rolladh conarthaí a bhí ann cheana, a raibh cuid díobh i bhfeidhm le roinnt blianta.

13.13 Ar na cúiseanna nár baineadh úsáid as próiseas iomaíoch, mar a bhí luaite sna tuairisceáin, áiríodh an méid seo a leanas

- bhí taithí ábhartha faighte ag an gconraitheoir ó bheith bainteach leis an roinn cheana
- bhí an conraitheoir sa riocht is fearr chun na hearraí/seirbhísí riachtanacha a sholáthar gan costas breise míchuí don Státchiste.

13.14 Baineann beagnach gach conradh sa chatagóir seo le soláthar seirbhísí. Áirítear ar na samplaí

- An conradh idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus An Post chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a thiontú ina airgead le costas measta €183 milliún (pléite thuas). Tá sé curtha in iúl ag an Roinn go bhfuil sé beartaithe aige tairiscint a dhéanamh ar an tseirbhís ó 2014 ar aghaidh.
- D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara €3.7 milliún in 2011 le ceithre monarcha rindreála ceadaithe a sholáthar an tseirbhís seo le roinnt blianta anuas. In 2011, tar-ollaíodh na conarthaí sin go dtí 2013. Sular síníodh na conarthaí, tugadh deis do na hocht monarcha rindreála ceadaithe ar oileán na hÉireann a bheith páirteach sa scéim reatha. Léirigh monarcha breise suim agus bronnadh conradh uirthi. Rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €174,000 iad leis an monarcha sin in 2011, agus tá an conradh sin san áireamh sa chatagóir 'práinn'.
- Shínigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara dhá chonradh a bhaineann le táirgí déiríochta idirghabhála a stóráil agus a láimhseáil. B'ionann a luach iomlán agus €1.1 milliún.
- Rinne an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais íocaíochtaí arbh fhiú €1.4 iad i leith roinnt de na codanna de líonraí achair logánta agus fhairsing na Roinne agus na ngníomhaireachtaí gaolmhara tar éis do na conarthaí dul in éag.
- Shínigh Seirbhís Príosún na hÉireann a conradh le hOspidéal Fiaclóireachta Bhaile Átha Cliath chun seirbhísí fiaclóireachta a sholáthar do phríosúnaithe arbh fhiú €564,000 é.
- Shínigh an tSeirbhís Chúirteanna sé chonradh arbh fhiú €1.2 milliún iad do sheirbhísí ateangaireachta.

Sainthaithí nó Taithí le Déanaí

13.15 I 41 de na cásanna a tuairiscíodh, bronnadh conarthaí toisc gur baineadh úsáid as seirbhísí daoine aonair nó comhlachtaí le déanaí nó gur aithníodh, gan leas a bhaint as próiseas iomaíoch, go raibh an saineolas riachtanach acu. Áirítear na samplaí seo a leanas

- Rinne an Roinn Sláinte dhá chonradh arbh fhiú luach comhiomlán €730,000 iad le saineolaí sláinte. Bunaíodh conradh amháin (arbh fhiú €250,000 é) chun an tAonad Seachadta Speisialta (SDU) a oibriochtú ar bhonn neamhrechtúil agus áiríodh ann sain-anailís bhonnlíne a ullmhú ar an gcóras rochtana cóireála éigeandála agus roghnach. Mairfidh an dara conradh (arbh fhiú €480,000 é) ar feadh téarma trí bliana chun comhairle a sholáthar don Roinn agus go háirithe don Aonad Seachadta Speisialta.
- D'fhostaigh Oifig an Ard-Aighne saineolaithe ar chostas €352,000 chun cabhrú le reachtaíocht phráinneach a bhaineann leis an gClár AE/CAI (An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta) a sheachadadh.
- Seirbhísí dlí a sholáthar d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (€87,000), don Roinn Post, Fiontar agus Nualaíochta (€85,000) agus do Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (€108,000).
- Seirbhísí seandálaíochta a sholáthar do Sheirbhís Príosún na hÉireann ag láthair Halla Thornton (€93,000) agus seirbhísí braite drugaí (€49,000).

Soláthróir Oiriúnach Aonair

- 13.16** Bhí 121 conradh in iomlán arbh fhiú €28 milliún iad ar braitheadh nach raibh ach soláthróir oiriúnach amháin lena n-aghaidh. Áirítear na samplaí seo a leanas
- conradh de chuid na Roinne Cosanta arbh fhiú €8.2 milliún é (thar tréimhse 5 bliana) do pháirteanna aerárthaí agus a gcothabháil, agus ceann arbh fhiú €1.3 milliún é chun páirteanna spártha a sholáthar do chóras cianarmán.
 - rinne an tÚdarás Clárúcháin Maoine conradh arbh fhiú €2.6 milliún é le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann do shonraí léarscáilithe
 - conradh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara arbh fhiú €2 milliún é do dhualgais bailithe agus ciandíothaithe broc faoi na cláir maidir le heitinn a dhíothú.

Cúiseanna Eile

- 13.17** Tuairiscíodh 96 ásc inar bronnadh conarthaí mar gheall ar éagsúlacht chúiseanna eile. Astu sin, bhronn Seirbhís Príosún na hÉireann 50 conradh arbh fhiú €3.4 milliún iad. Áirítear orthu sin conarthaí
- le cúigear fiacloirí ar leith arbh fhiú €335,000 iad
 - le cuideachta amháin chun seirbhísí altraí ionaid a sholáthar arbh fhiú €508,000 iad
 - le dochtúir amháin arbh fhiú €152,000
 - le dochtúir amháin arbh fhiú €49,000 é le haghaidh seirbhísí síciatrachta.
- 13.18** Bhronn An Garda Síochána 16 conradh do sheirbhísí míochaine arbh fhiú €3 milliún iad – ag réimsiú ó €26,000 go dtí €1.4 milliún.
- 13.19** Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte conradh €3.7 milliún chun rannóg éigeandála Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn a fhorbairt le conraitheoir a d'ainmnigh an bannaitheoir tar éis don chonraitheoir bunaidh dul faoi ghlacadóireacht.

Conclúidí agus Moladh

- 13.20** Leanann leibhéil shuntasacha soláthair ag ranna agus oifigí an Rialtais gan úsáid a bhaint as próisis iomaíocha. Aithníodh in athbhreithniú a rinneadh thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil gá tuilleadh anailís a dhéanamh chun soláthar Stáit a rangú go cruinn de réir cineáil, suímh agus soláthróra. Cheadódh infhaighteacht eolais den chineál sin méid an tsoláthair neamh-iomaíoch a chur i gcomhthéacs agus chabhródh sé na réimsí ina bhfuil gá le haird ar leith a aithint.
- 13.21** Níl na míniúcháin tugtha ag ranna agus oifigí faoin gcúis nár bhain siad úsáid as próisis soláthair iomaíocha cruinn agus ní thagann siad faoi chatagóirí comheisiacha.
- 13.22** D'fhéadfaí nach mbeadh méid an tsoláthair neamh-iomaíoch comhlán mar gheall ar chórais neamhdhóthanach chun sonraí na gconarthaí arna ndéanamh a ghabháil. Tá an méid sin soiléir ó chuid de na tuairisceáin arna forlíonadh i ndiaidh iad a chur isteach, ó thuairisceáin a cuireadh isteach déanach agus ó shamplaí a aimsíodh le linn iniúchta ar sholáthar mí-iomaíoch nár áiríodh sna tuairisceáin. Níl taifead conarthaí den chineál sin ar bhonn eisceachta éifeachtach.

Moladh 13.1: Ba chóir do gach roinn agus oifig clár lárnach a chruthú de na conarthaí go léir a dhéanfaidh taifead ar phríomhshonraí, lena n-áirítear cibé ar baineadh úsáid as próiseas iomaíoch nó nár baineadh.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: Comhaontaithe. Tacaíonn an Roinn leis an moladh seo agus déanfaidh an tAonad Náisiúnta Beartas um Sholáthar Poiblí athbhreithniú ar an mbealach is fearr is féidir an moladh sin a chur i bhfeidhm i gcomhar le bearta tuairiscithe soláthair eile.

14 Feidhmíocht Soláthair a Thomhas

- 14.1** Léiríonn meastacháin arna soláthar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn) gurb ionann caiteachas poiblí ar sholáthar earraí agus seirbhísí in 2011 agus thart ar €8.6 billiún, le €4.5 billiún eile á chaitheamh ar oibreacha caipitil (féach Fíor 14.1).

Fíor 14.1 Caiteachas Measta Soláthair Poiblí Bliantúil de réir na hEarnála^a

Limistéar Caiteachais	2009	2010	2011
	€bn	€bn	€bn
Earnáil Sláinte ^b	4.7	4.6	4.5
Earnáil Rialtais Lárnach ^c	2.0	2.0	1.7
Earnáil Rialtais Áitiúil	1.7	1.6	1.2
Earnáil Oideachais	0.9	0.9	1.2
Soláthar gach earra agus seirbhíse	9.3	9.1	8.6
Oibreacha caipitil	7.0	6.0	4.5
Soláthar Poiblí iomlán	16.3	15.1	13.1

Foinse: Meastacháin de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Nótaí: a Áiríonn figiúirí do chaiteachas de réir earnála in 2009 agus 2010 gné de chaiteachas caipitil. Ní áiríonn figiúirí earnála 2011 aon chaiteachas caipitil.

b Áirítear caiteachas a bhaineann le drugaí agus cógais agus le táillí lia-chleachtóirí ginearálta agus cógaiseoirí.

c Ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, lena n-áirítear na Fórsaí Cosanta agus an Garda Síochána.

- 14.2** Rinne comhairleoirí athbhreithniú inniúlachta soláthair thar ceann na Roinne a cuireadh i gcríoch i mí Lúnasa 2012. Díríodh ar na nithe seo a leanas

- Caiteachas iomlán reatha an Stáit ar sholáthar a aithint, mar aon lena chomhpháirteanna de réir earnála (rialtas lárnach/údarás áitiúil srl) agus de réir chatagóir ceannacháin
- Earnálacha agus catagóirí d'fheidhm soláthair lárnach a aithint chun coigiltis soláthair agus cainníochtú an phoitéinsil choigiltis a sheachadadh
- Sracléiriú ar riachtanais na feidhme soláthair lárnaigh chun na coigiltis a sheachadadh agus a chothú.

- 14.3** Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta ón Roinn go bhfuil sé léirithe san athbhreithniú soláthair gur féidir coigiltis shuntasacha a dhéanamh trí athrú bunathraithe a chur i bhfeidhm sa tsamhail soláthair. Tá an Rialtas chun impleachtaí moltaí an athbhreithnithe a bhreithniú chun an fheidhm sholáthair lárnach agus raon na mbeart a bheidh ag teastáil chun an athrú bunathraithe a bhaint amach.

- 14.4** Tá an fhreagracht as comhordú lárnach, forbairt agus treoir na bpróiseas soláthair phoiblí roinnte faoi láthair idir an Roinn agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

- 14.5** Tá an Roinn freagrach as treoir straitéiseach leathan a shocrú le haghaidh cur chun feidhme soláthair. Déantar é sin trí Aonad Náisiúnta um Beartas Soláthair Phoiblí (NPPPU) na Roinne, atá freagrach as polasaí soláthair phoiblí náisiúnta, reachtaíocht agus athchóiriú soláthair tógála.

- 14.6** Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (NPS) i mí an Mhárta 2009 laistigh den OPW. Seo a leanas na cuspóirí atá aici
- creat-chomhaontuithe náisiúnta soláthair a bhunú chun cur ar chumas ranna agus oifigí rialtais lárnacha, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí neamh-thráchtála earraí agus seirbhísí a úsáidtear go minic a fháil ar bhealaí níos éifeachtúla, níos éifeachtaí agus le luach airgid níos fearr.
 - comhairle soláthair ghairmiúil a chur ar fáil don rialtas lárnach agus do chomhlachtaí neamh-thráchtála san earnáil phoiblí
 - bearta oiliúna agus oideachais creidiúnaithe agus sprioc-dhíríte a fhorbairt
 - r-soláthair ghréasáin-bhunaithe a fhorbairt tuilleadh.
- 14.7** Díríonn an chaibidil seo ar an méid a bhfuil na creat-chomhaontuithe bunaithe ag an NPS agus ar na modheolaíochtaí a úsáideann NPS chun coigiltis a ríomh ó thionscnaimh sholáthair. Breithneofar chomh maith na cúinsí inar leathnaigh an NPS conradh do sheirbhísí comhairleacha fuinnimh.

Creat-Chomhaontuithe Náisiúnta

- 14.8** Is éard é creat soláthair ná comhaontú le soláthraí amháin nó le roinnt soláthraithe, a leagann amach na téarmaí a rialóidh conarthaí arna mbronnadh ar na soláthraithe sin le linn théarma an chomhaontaithe. Go ginearálta, níl ráthaíocht ar bith ann do na soláthraithe maidir le líon na n-earraí nó seirbhísí a cheannófar. Féadfaidh údarás conartha amháin nó níos mó leas a bhaint as téarmaí an chreata.
- 14.9** Bíonn sé mar aidhm ag creataí bealaí eacnamaíocha agus éifeachtúla a chur ar fáil chun earraí agus seirbhísí a cheannach a cheadaíonn do chomhlachtaí poiblí conarthaí a chur le soláthraithe creataí gan iliomad nósanna imeachta tairisceana a dhéanamh, agus trí costais thairisceana a laghdú do sholáthraithe. Spreagann siad iomaíocht chomh maith trí cheadú do sholáthraithe grúpáil le cheile chun tairiscintí a chur isteach nó trí na riachtanais cheannacháin a bhriseadh síos ina míreanna.
- 14.10** Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí 43 chreat-chomhaontú i bhfeidhm ag an NPS ag corprú 268 gconradh aonair le 65 sholáthraí. Déanann Fíor 14.2 achoimre ar na creat-chomhaontuithe is suntasaí atá i bhfeidhm. Tá creat-chomhaontuithe oscailte lena n-úsáid ag gach comhlacht agus gníomhaireacht phoiblí. Measann an NPS gur thabhaigh na comhlachtaí poiblí a bhain úsáid as na conarthaí sin in 2011 caiteachas €180 milliún thar raon catagóirí soláthair.
- 14.11** Déanann an NPS monatóireacht ar chur i bhfeidhm na gcreat-chomhaontuithe agus déantar méid agus nádúr na monatóireachta a chinneadh trí chineál an chonartha, castachta na catagóire arna sholáthar agus riachtanais eolais na ranna cliaint agus daoine eile.
- 14.12** Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2012, beidh sé de dhualgas ar chomhlachtaí poiblí earraí agus seirbhísí ar leith a úsáidtear go coitianta a fháil faoi chreataí an NPS.¹ Áirítear fuinneamh, páipéarachas, feithiclí agus fógraíocht. Tabharfar isteach úsáid éigeantach creataí ar bhonn incriminteach i roinnt earnálacha. Foilseoidh an NPS tuarascáil ráithiúil a shonróidh luach na n-earraí agus na seirbhísí arna bhfáil faoi chreat-chomhaontuithe éigeantacha, arna n-anailísiú de réir catagóire agus comhlachta poiblí.

¹ Ciorclán 6/12 Soláthar Poiblí (Creat-Chomhaontuithe), arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, 25 Iúil 2012.

Fíor 14.2 Príomh-Chreat-Chomhaontuithe an NPS ag deireadh 2011

Earraí/ Seirbhísí	Dáta tosaigh an Chreata	Líon conarthaí le soláthraithe	Líon gníomhaireachtaí a úsáideann creataí	Líon soláthraithe	Caiteachas measta 2011
Leictreachas ^a	1 Eanáir 2011	153	178	5	€112m
Gás nádúrtha ^a	20 D.Fómhair 2010	70	125	7	€34m
Cártaí muirir breosla	20 Bealtaine 2009	1	16	1	€11m
Fógraíocht	1 Samhain 2010	1	181	1	€3m
Soláthairtí feighlithe	1 Samhain 2011	1	48	1	€2m
Éidí DPM ^b	21 Meith 2010	1	1	1	€2m
Páipéarachas	4 Aibreán 2011	1	199	1	€2m
Troscán	1 Márta 2011	5	18	5	€1m
Éidí Gharda Síochána	6 Lúnasa 2008	1	1	1	€1m
Priontáil Pharlaiminte	13 Iúil 2010	1	1	1	€1m

Foinse: An tSeirbhís Náisiúnta Soláthair

Nótaí: a Seacht mionchomórtas do leictreachas agus sé mionchomórtas do ghás nádúrtha bunaithe ar earnálacha éagsúla laistigh den tseirbhís phoiblí.

b Éadach duaithní m.sh. Éidí mhíleata le stíl duaithníochta

14.13 Sa todhchaí, ní mór d'aon chomhlacht earnála poiblí nach mbaineann úsáid as creat éigeantach a bheith in ann a réasúnaíocht a mhíniú agus fírinniú maidir le luach ar airgead a chur ar fáil. Cuirfear an fírinniú ar fáil (nuair a iarrtar é) d'iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha. Chuir an Roinn in iúl nach n-éilítear ar chomhlachtaí poiblí fírinniú maidir le luach ar airgead a thuairisciú leis an NPPPU nó leis an NPS. Ní chuireann sé sin bac ar an NPPPU ná ar an NPS doiciméadacht den chineál sin a iarradh, áfach, chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus le bheith mar fhaisnéis ag próisis soláthair amach anseo.

Feidhmíocht a Thomhas

14.14 Molann Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí go ndéanfaí córas tomhaiste feidhmíochta soláthair a fhorbairt.² Déanfar é sin a fhorbairt i gcomhpháirt idir an NPPPU agus an NPS agus ionchorpróidh sé

- treoirínte maidir le coigiltis soláthair a ríomh
- sraith tagarmharc feidhmíochta ó dhlínsí eile (mar shampla, an scála coigilteas praghsanna agus méide ar féidir a bhaint amach)
- cárta muirir táscairí chun tuairisc a thabhairt don NPPPU gach ráithe.

2 Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Samhain 2011.

Modheolaíochtaí Áirimh maidir le Coigiltis Soláthair

- 14.15** I meastachán vóta Oifig na nOibreacha Poiblí do 2012, tuairiscíodh coigiltis NPS a baineadh amach ar chonarthaí seirbhís poiblí a bhí ann cheana de €28.2 milliún in 2011. Ina theannta sin, luadh go raibh coigiltis riaracháin ann chomh maith ach ní dhearnadh iad sin a chainníochtú nó a luacháil.
- 14.16** Le linn an scrúdaithe seo, sholáthar an NPS sonraí de choigiltis mheasta in 2011 arbh fhiú €46.5 milliún iad ó raon beart sábhála costais agus seachanta costais. Sholáthar Oifig na nOibreacha Poiblí eolas don Choiste um Chuntais Phoiblí i mí an Mhárta 2012 a thug le fios go raibh 48 conradh creata i bhfeidhm faoi láthair ag an NPS ar fiú luach measta ilbhliantúil €1.4 billiún iad. Luadh gurb ionann na coigiltis mheasta bhliantúla a bheidh le baint amach in 2012 i ndáil leis na conarthaí sin agus €78 milliún. Leagann Fíor 14.3 amach na príomhréimsí coigiltis a aithníodh do 2011 mar aon leis na coigiltis réamh-mheasta a bheidh le baint amach in 2012.

Fíor 14.3 Coigiltis NPS, 2011 agus 2012

Réimse	Luach na gcoigilteas/bearta seachanta costais	
	2011 measta	2012 réamh-mheasta
	€m	€m
Fuinneamh	21.6	30.0
r-Thairiscintí	11.8	9.6
Cártaí muirir breosla	7.5	8.0
Costais Poist	1.8	—
Éidí agus trealamh cosanta pearsanta	1.4	1.5
Páipéarachas, páipéar agus clúdaigh	1.4	1.4
Fógraíocht Stáit	0.8	0.9
Priontáil dhaingean	0.1	0.4
Soláthairtí feighlithe	0.1	0.4
Seirbhísí priontála bainistithe	—	15.0
Bainistíocht dramhaíola	—	4.0
Cártaí ceannaigh ar luach íseal	—	4.0
Eile	—	2.8
Iomlán	46.5	78.0

Foinse: An tSeirbhís Náisiúnta Seirbhíse

- 14.17** Tá roinnt cur chuigí éagsúla ag an NPS maidir le coigiltis a ríomh ag brath ar nádúr an tsoláthair agus i gcás fuinnimh, fócas ceannaitheora ón earnáil phoiblí. Cé gur eisigh an NPS treoir foirne ar mhodheolaíochtaí meastacháin coigilteas in 2011, níl na modhanna leagtha amach go foirmiúil i lámhleabhair nósanna imeachta. Athbhreithníodh na modheolaíochtaí a d'úsáid an NPS chun coigiltis in 2011 i gceithre réimse a ríomh mar chuid den scrúdú seo.

Coigiltis Fuinnimh

- 14.18** Mheas an NPS caiteachas measta ar chreata fuinnimh ag €146 milliún 2011. Mheas an NPS coigiltis in 2011 ag beagnach €22 milliún, le coigiltis bhreise réamh-mheasta de €30 milliún in 2012. Tá na modheolaíochtaí a úsáideadh chun an coigilteas sin a ríomh leagtha amach i bhFíor 14.4 thíos.

14.19 Áirítear thíos na saincheisteanna a tugadh ar aird i ndáil leis na modheolaíochtaí a úsáidear

- Bhí an coigilteas féideartha €2.1 milliún a aithníodh ón athbhreithniú a rinneadh ar tharaifí bunaithe ar athbhreithniú ar phraghsáil le haghaidh 12,000 méadar. Glactar leis go n-aithneodh athbhreithniú pleanáilte 12,000 méadar breise in 2011 leibhéal coigiltis comhchosúil.
- Tá réadú na gcoigilteas a eascraíonn ón athbhreithniú ar tharaifí spleách ar chomhlachtaí poiblí ag cur na n-athruithe molta i bhfeidhm. Níl a fhios ag NPS a mhéid agus a chaithfear é sin a dhéanamh, nó a mhéid agus a chaithfear na coigiltis mheasta a réadú.

Fíor 14.4 Modheolaíochtaí ríomha an NPS maidir le coigilt fuinnimh

Tionscnamh/coigilteas	Coigilteas Sannta €m	Modheolaíocht an NPS
<i>Athbhreithniú ar tharaifí agus leibhéil toillte allmhairithe</i>	4.2	Comparáid idir tharaifí agus muirir a bhí ann cheana ar bhonn méadar ar mhéadar chun tuilleadh taraifí eacnamaíocha a aithint. D'aithin athbhreithnithe ar 12,000 méadar coigiltis <i>féideartha</i> de €2.1m. Bhíodhas ag súil leis an leibhéal céanna coigiltis do 12,000 méadar breise a dhéanfaidh an NPS a athbhreithniú in 2011.
<i>Iomaíocht Creataí</i>		
Coigiltis iomaíocha	8.7	Déantar an coigilteas féideartha seo a ríomh i gceann amháin den dá bhealach seo a leanas ▪ Déantar praghas soláthraí reatha a chur i gcomparáid leis an bpraghas a thairg an forthairgeoir a n-éiríonn leis (nuair a bhíonn praghsanna fuinnimh ag titim) ▪ Déantar an praghas a luaitear sa chomórtas creata ag an soláthraí reatha a chur i gcomparáid leis an bhforthairgeoir a n-éiríonn leis (nuair a bhíonn praghsanna fuinnimh ag ardú).
Coigiltis mhargaidh	8.0	An difríocht idir an tairiscint a n-éiríonn léi sa chomórtas agus praghsanna a luadh i gcomórtais de chineál comhlárnach comhchosúil do chuideachta ilnáisiúnta san earnáil phoiblí bunaithe in Éirinn. Déantar coigiltis féideartha (a aithnítear thuas) a bhaint as an méid sin.
Coigilteas Riaracháin	0.7	An difríocht idir an costas measta a bheadh tabhaithe ag na comhlachtaí poiblí a bhain úsáid as an gcreat dá mba rud é go raibh comórtais tairisceana ar leith acu (measta ag €6,000 in aghaidh an chomórtais) agus costas measta gach ceann de na comórtais lárnacha (€27,500 an ceann).

- Bíonn comparáid idir praghsanna soláthraithe atá ann cheana agus praghsanna soláthraithe nua i gceist nuair a bhíonn roinnt de na coigiltis iomaíocha á ríomh. Dá réir sin, D'fhéadfadh comhaireamh dúbailte na gcoigiltas tarlú i gcásanna nár glacadh leis an athrú molta a aithníodh san athbhreithniú ar tharaifí leis an soláthraí atá ann cheana.
- Maidir le coigiltis mhargaidh mheasta, ní raibh an NPS in ann fianaise iontaofa a thabhairt don fhoireann scrúdaithe faoi phraghsanna arna n-íoc ag ceannaitheoirí fuinnimh na hearnála poiblí (mar shampla, luachana nó téarmaí conartha).
- Ní ndearnadh na costais a tabhaíodh i nginiúint na gcoigiltas a thomhas ná a chur san áireamh sna ríomhanna.

14.20 Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta an OPW go bhfuil na coigiltis iarbhír a baineadh amach mar thoradh ar an athbhreithniú ar leibhéil thoillte taraifí agus allmhairí á tiomsú faoi láthair agus tá súil go mbeidh siad ar fáil i mí Dheireadh Fómhair 2012. Tá súil aici go mbeidh na coigiltis iarbhír os cionn an €4.2 milliún measta.

eTenders

14.21 Measann an NPS go sábhálann úsáid an láithreáin ghréasáin eTenders €1,920 in aghaidh an chonartha ar an meán i gcostais fógraíochta.³ In 2011, fógraíodh 6,120 conradh ar an láithreán (6,074 in 2010). Dá réir sin, measann an NPS coigiltas bliantúil €11.8 milliún ó úsáid an láithreáin.

14.22 Tá an coigiltas measta seo bunaithe ar an mbonn tuisceana gur fógraíodh na conarthaí a bhí fógartha ar eTenders i dtír nuachtán. Cé go mb'fhéidir gur tharla sé sin i gcás conarthaí a raibh luach mór ag baint leo, ní dóigh gur tharla sé i gcás conarthaí a raibh luach beag ag baint leo.

Cártaí Muirir Breosla

14.23 Measann an NPS gurb ionann an caiteachas measta ar chártaí muirir breosla agus €11 milliún in 2011 agus coigiltis €7.5 milliún. Baineann roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí úsáid as cártaí muirir breosla lena n-áirítear an Garda Síochána chun ceadú don phearsanra breosla a cheannach d'fheithiclí oifigiúla mar is gá. Nuair a bhaintear úsáid as cártaí muirir, ní gá gach ceannachán aonair breosla a phróiseáil ar leithligh. Eisíonn an soláthraí sonraisc thréimhsiúla, agus is éard a bhíonn mar thoradh air sin ná próiseáil baisce na n-idirbheart aonair. Dá réir sin, tá coigiltas féideartha i gcostas riaracháin (costais ama foirne agus phróiseála).

14.24 Rinneadh 228,000 idirbheart le cártaí muirir in 2011. Measann NPS go raibh costas na n-idirbheart i dtéarmaí costais ama foirne agus phróiseála gach idirbheart le cárta €32 níos lú ná idirbheart sonraisc thraidisiúnta. Is é sin is cúis leis an gcoigiltas measta €7.3 milliún.

14.25 Is é bunús an difreálaigh chostais €32 ná staidéar a rinneadh sa Ríocht Aontaithe in 1998. Fuarthas amach i dtuarascáil de chuid Oifig Iniúchta Náisiúnta na RA le déanaí nach bhféadfaí an difríocht mheasta sin a úsáid a thuilleadh mar chás gnó ina bhféadfaí cártaí muirir a úsáid mar gheall ar nósanna imeachta próiseála nua-aimseartha.⁴

³ Tá sé seo bunaithe ar chostas measta fógra dhá cholún, 10cm, sna trí nuachtán ar chostas €640 an ceann.

⁴ Cárta Soláthair an Rialtais, Oifig Iniúchta Náisiúnta na RA, Márta 2012.

- 14.26** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta go gcaithfeadh meastachán den difríocht i gcostas próiseála idir modhanna soláthair a bhaineann úsáid as cártaí muirir agus modhanna níos traidisiúnta na nósanna imeachta próiseála atá i bhfeidhm i ngach earnáil phoiblí a léiriú. Breithníonn sí go bhfuil an coigilteas riaracháin measta €32 in aghaidh an idirbhearta a úsáidtear chun an coigilteas foriomlán a ríomh réasúnach.

Éidí

- 14.27** Tá caiteachas €7.6 milliún ar gach conradh éidí in 2011 measta ag an NPS. Meastar an coigilteas féideartha €1.4 milliún tríd an difríocht idir na praghsanna a bhí i bhfeidhm cheana agus praghsanna na dtairiscintí a n-éiríonn leo a chur leis na méideanna a bhfuiltear ag súil go gceannófar iad thar tréimhse na gconarthaí.
- 14.28** Tá an mhodheolaíocht seo réasúnach. Ní bheidh an coigilteas le brath áfach go dtí go ndéanfar na ceannacháin faoi na conarthaí nua.
- 14.29** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é an cleachtas a bhí ann go dtí seo i ndáil le conarthaí éidí ná go bhfuil an t-éileamh iarbhir thar shaolré na gconarthaí i gcomhréir go ginearálta le meastacháin réamh-thairisceana. Dá réir sin, tá na coigiltis bunaithe ar mhéideanna réamh-mheasta. Déanfar coigiltis na mblianta ina dhiaidh sin a choigeartú chun an t-éileamh iarbhir thar shaolré na gconarthaí a léiriú.

Forléargas ar Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

- 14.30** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta an OPW go ríomhann an NPS meánmheastacháin choigiltis don earnáil phoiblí agus nach féidir leis brath ach amháin ar na sonraí atá ar fáil dó. Luaigh sí ó bunaíodh é, gur lorg an NPS na sonraí go léir i ndáil le héileamh stairiúil agus reatha agus le praghas ach nach bhfuil na sonraí go léir aige. Ní féidir leis, dá réir sin, coigiltis chaiteachais a ríomh go hiontaofa. Dá réir sin, is iad praghsanna agus úsáid reatha na modhanna is iontaofa atá ag an NPS chun coigiltis a mheas i leith formhór a gcreata. Dúirt sí go bhfuil na coigiltis mheasta iontaofa sa chomhthéacs sin. Ceann de phríomhchuspóirí an NPS ná na creata riachtanacha a chur i bhfeidhm chomh tapa agus is féidir mar gheall ar na himthosca eacnamaíocha atá ag dul in olcas agus na coigiltis shoiléire a d'fheadfaí baint amach. Anois agus iad sin i bhfeidhm, tá córas tomhaiste feidhmíochta níos láidre á chur i bhfeidhm.

Seirbhísí Comhairleacha Fuinnimh a Sholáthar

- 14.31** In 2009, d'fhógair an NPS do sheirbhísí comhairleora fuinnimh chun comhairle a thabhairt ar sholáthar fuinnimh. Measadh ag an am gur coicís nó trí seachtaine in aghaidh na bliana thar thréimhse trí bliana a bheadh i gceist ar chostas measta €11,000 in aghaidh na bliana. I ndiaidh comórtas tairisceana, bronnadh conradh trí bliana chun na seirbhísí comhairleacha sin a sholáthar ar chostas measta €20,000 in aghaidh na bliana (nó luach iomlán conartha €60,000).
- 14.32** Le linn tréimhse an chonartha, leathnaigh scóip na hoibre agus íocadh na rátaí táillí laethúla a comhaontaíodh sa chonradh don obair bhreise seo. Go dtí seo, tá €1 milliún in iomlán íoctha faoin gconradh seo.

- 14.33** Ordaíonn treoirínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe nár cheart conarthaí a leathnú gan ath-thairiscint i gcásanna ina mbíonn costas an leathnaithe níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas an chonartha bhunaigh nó ina dtéann sé os cionn €250,000, cibé acu is ísle.⁵ Tá sé sin i gcomhréir le riachtanais an AE. Ina theannta sin, d'éiligh rialacha soláthair an AE nuair a bronnadh an Conradh seo go bhfógrófaí conarthaí do sheirbhísí a raibh luach measta €133,000 nó níos mó acu in iris an AE.
- 14.34** I mí na Nollag 2011, lorgaíodh tairiscintí chun seirbhísí comhairleora fuinnimh a sholáthar a mbeadh saineolas aige nó aici ar sholáthar bhainistíocht athruithe. D'éirigh leis an gcomhairleoir fuinnimh a bhí ann cheana sa chomórtas tairisceana agus bronnadh an Conradh air ar feadh téarma trí bliana (2012 go dtí 2014). Meastar gur fiú €2 milliún an Conradh, lúide CBL, thar an téarma trí bliana.
- 14.35** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur chuir comórtas 2012 an taithí a d'eascair ón gconradh roimhe sin san áireamh lena n-áirítear leathnú ar scóip na hoibre ina dhiaidh sin.

Conclúidí agus Moladh

- 14.36** Chabhródh sonraí cruinne, cuimsitheacha agus sonraithe ar chaiteachas de réir chatagóir na n-earraí agus seirbhísí chun straitéisí soláthair barmhaitheasa a fhorbairt.
- 14.37** Moladh córas tomhaiste feidhmíochta soláthair i bPlean Athchóirithe na hEarnála Poiblí (Samhain 2011). Ba chóir go n-áireofaí ann sraith iomlán beart feidhmíochta a fhorbairt maidir le soláthar ar féidir a úsáid san NPS agus i bhfeidhmeanna soláthair i gcomhlachtaí na hearnála poiblí.
- 14.38** D'fhéadfadh na bearta seo a leanas a bheith san áireamh sa tsraith beart feidhmíochta phraiticiúil i ndáil le soláthar
- treochtaí caiteachais de réir an chatagóire, agus de réir an tsoláthraí
 - costas na feidhme soláthair mar chion de chaiteachas riaracháin iomlán agus den chaitheamh soláthair
 - fad na bpróiseas soláthair
 - caiteachas faoi chonarthaí i scríbhinn mar chion de chaiteachais soláthair iomlán⁶
 - cion de chaiteachas soláthair atá á bhainistiú ag gairmithe soláthair
 - cion de chaiteachas soláthair a eascraíonn as comhaontuithe creata nó comhaontuithe láraithe eile
 - coigiltis a bhaintear amach trí sholáthar
 - suirbhéanna ar shástacht soláthraithe agus úsáideoirí deiridh
 - measúnú ar chomhlíonadh na heagraíochta le rialacha soláthair agus dea-chleachtais.

5 Comhairleoirí agus Tacaíocht Sheachtrach eile na Státseirbhíse, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (arna eisiúint 2006 ag an Roinn Airgeadais) a fhostú.

6 Tarlaíonn roinnt soláthair bunaithe ar láithriú orduithe le soláthraithe ar théarmaí caighdeánacha, seachas faoi théarmaí conartha i scríbhinn.

14.39 Bunaithe ar na ceithre réimse soláthair arna n-athbhreithniú, níl na coigiltis a d'aithin an NPS iontaofa agus níl siad oiriúnach le húsáid mar bheart feidhmíochta mar gheall ar na nithe seo a leanas go háirithe

- nár ríomhadh iad trí chomparáid a dhéanamh idir an caitheamh iarbhír faoi na socraíochtaí nua agus an caitheamh réamh-mheasta sa chás nár tugadh isteach na socraíochtaí sin
- nár tomhaiseadh agus nár cuireadh an costas iomlán a bhaineann leis na tionscnaimh san áireamh sna ríomhanna i ngach cás
- nach eol a mhéid agus a tháinig na coigiltis i gcrích i ngach cás toisc nach bhfuil glacadh na dtionscnaimh nua ag comhlachtaí na hearnála poiblí bunaithe.

Moladh 14.1: Tá coigiltis mar chuid lárnach maidir le feidhmíocht soláthair a thomhas. Maidir leis sin

- ba chóir na modheolaíochtaí a bheidh in úsáid a bheith sainithe go soiléir agus comhsheasmhach
- ba chóir go mbeadh ríomhanna bunaithe ar chostais iarbhír i gcomparáid leis an gcostas a bheadh ar na ceannacháin iarbhír réamh-mheasta faoi shocruithe roimhe seo.
- ba chóir na costais go léir a bhaineann le tionscnaimh soláthair as a eascraíonn na coigiltis a thabhairt san áireamh sna ríomhanna
- ba chóir go mbeadh na coigiltis arna dtuairisciú ar na cinn a tháinig i gcrích agus ní cinn is ionann agus meastachán ar choigiltis a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW: Tá Grúpa Oibre bunaithe ag an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Athchóiriú Soláthair chun cur chuige comónta a fhorbairt i leith coigiltis a bhaineann le soláthar ar fud na hearnála poiblí a thomhas agus a thuairisciú agus beidh an moladh sin ina ionchur d'obair an Ghrúpa seo.

15 Cóiríocht ar Léas le haghaidh Tionscadal de chuid na Seirbhíse Promhaidh

- 15.1** Maoiníonn an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais 46 eagraíocht phobal-bhunaithe sa Stáit chun seirbhísí a fhorbairt agus a sheachadadh do chiontóirí ar daoine fásta iad ina bpobal. Tá an Bridge Project i bhfeidhm i gceantar Bhaile Átha Cliath 1 le os cionn 15 bliain, agus é mar aidhm aige ciontóirí fear a lánpháirtiú in athuair sa phobal, a gcuid jabscileanna a fheabhsú agus cabhrú go ginearálta sábháilteacht an phobail a mhéadú. Seachadann foireann ildisciplíneach an clár leis an tSeirbhís Phromhaidh ar an bpríomhghníomhaireacht.
- 15.2** D'fheidhmigh an Bridge Project as áitreabh ar léas ar Shráid Parnell sa lárchathair thuaidh i mí na Nollag 1996. Chosain an cíos €90,000 in aghaidh na bliana ó mí na Nollaig 2001 go dtí mí na Nollag 2008 agus tháinig méadú go dtí €125,000 in aghaidh na bliana air ina dhiaidh sin.
- 15.3** Bhí imní ar an tSeirbhís Phromhaidh maidir le oiriúnacht an áitribh ar Shráid Parnell freastal ar riachtanais an Tionscadail, agus lorg sí cóiríocht mhalartach dó. I mí an Mheithimh 2008, thóg an tSeirbhís Phromhaidh áitreabh a bhí suite ar Shráid Wolfe Tone, Baile Átha Cliath ar léas lena úsáid ag an Tionscadal. D'idirbheartaigh Oifig an Phríomh-Aturnae (CSSO) an léas le húinéir áitribh Shráid Wolfe Tone, thar ceann an Rialtais.
- 15.4** Bhí an léas socraithe ag 25 bliain, le rogha briseadh a thógáil i ndiaidh 10 bliain. Bhí an t-áitreabh beartaithe chun críocha cónaithe agus miondíola tráth, ach ní raibh sé lomtha go hiomlán agus bhí gá le feistiú substaintiúil chun freastal ar riachtanais an Tionscadail. I ndiaidh pleananna a ullmhú agus próisis tairisceana iomaíoch, cuireadh tús leis an obair feistithe i mí Eanáir 2010, agus bhí sé críochnaithe go substaintiúil faoi mhí an Mhárta 2010.
- 15.5** De réir mar a bhí an obair feistithe ag dul ar aghaidh, ardaíodh ceisteanna maidir le comhlíonadh na forbartha agus an úsáid bheartaithe a bhainfear as le rialacháin phleanála, i gcomhthéacs freasúra áitiúil i gcoinne an Bridge Project ag bogadh isteach san áitreabh. D'eisigh Oifig Fhorfheidhmithe Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath litir rabhaidh chuig an Bridge Project an 22 Márta 2010, a mhaígh “gur éag an cead pleanála a deonaíodh an 9 Eanáir 2001 i leith na forbartha seo an 8 Eanáir 2006”.
- 15.6** Thug an Roinn ina dhiaidh sin gealltanais do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath gan seilbh a ghabháil ar áitreabh Shráid Wolfe Tone agus an cás a thabhairt chun rialtachta.
- 15.7** Scrúdaíonn an chaibidil seo an caiteachas a ghearrtar ar Vóta 19 Dlí agus Cirt agus Comhionannais a bhaineann leis an leas, agus na fachtóirí nach bhfuil an t-áitreabh ar fáil lena úsáid ag an Bridge Project, in ainneoin na heisíocaíochta.

Comhlíonadh Pleanála a Dheimhniú

- 15.8** Bhunaidh Dlí-Chumann na hÉireann cleachtas (atá i bhfeidhm ó na 1970idí) ina gcuireann an t-aturnae atá ag feidhmiú thar ceann ceannaitheora/léasaí faoi deara ar thuairim ar chomhlíonadh le cead pleanála ó ailtire atá fostaithe ag tiarna talún/díoltóir a léiríonn go bhfuil forbairt na maoin ag comhlíonadh go substaintiúil le cead pleanála. Chuir an Príomh-Aturnae Stáit in iúl go nglactar le teastas neamhcháilithe ailtire de réir chleachtas bunaithe an Dlí-Chumainn mar fhianaise shásúil go bhfuil cead pleanála á chomhlíonadh. D'fhoilsigh an Royal Institute of Architects in Ireland (RIAI) gnáthfhoirmeacha tuairimí a chomhaontaítear leis an Dlí-Chumann.

- 15.9** Bhain an cead pleanála a dheonaigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil le tagairt chláráithe 3330/00 le hathrú a tháinig ar an úsáid a bhí á bhaint as aonad miondíola agus aonad cónaithe ar bhunurlár foirgnimh árasán go príomha, go dtí spás oifige trádálach. Faoi Alt 40 den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000, caithfear deonú cead pleanála a chur i bhfeidhm laistigh de chúig bliana nó (mura lorgaítear agus deonaítear síneadh pleanála), caitear leis amhail is go bhfuil sé imithe in éag nó tréigthe.
- 15.10** I gcúrsa idirbheartaíocht an léasa in 2007, d'ardaigh an CSSO ábhair imní pleanála i ndáil le tairiscint maidir le ocht spás páirceála lena n-úsáid ag an Bridge Project. Foráladh sa chead pleanála bunaidh don fhoirgneamh go raibh na spásanna páirceála le húsáid go heisiach ag cónaitheoirí. Ar mhaithe le moill ar soláthar cóiríochta ceadaithe don Bridge Project a sheachaint, chinn an Roinn leanúint ar aghaidh leis an spás oifige (1,436 m²) a ligean ar cíós ach na spásanna páirceála a fhágáil as an léas.
- 15.11** Luaigh an CSSO gur iarr sé, in Iúil 2007 (agus arís in Eanáir 2008), fógra tosach feidhme i ndáil leis an úsáid a athrú, ach níor soláthraíodh é sin riamh. Is éard is fógra tosach feidhme ann ná fógra chuig údarás rialaithe tógála go bhfuil sé beartaithe ag duine obair nó athrú ábhartha lena mbaineann na rialacháin tógála a dhéanamh.
- 15.12** I mí Dheireadh Fómhair 2007, thug an CSSO treoir dá ngníomhaithe féin cuardach pleanála a dhéanamh i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i leith na maoine. Is éard a bhí ann ná cuardach ar an gclár pleanála a dhéanann taifead ar fhaisnéis phleanála iomchuí i ndáil le forbairt. Cuireadh an tuairisc ar an gcuardach ar aghaidh chuig aturnaetha úinéirí na maoine in Eanáir 2008 lena mhíniú.
- 15.13** I mí an Mhárta 2008, d'iarr an CSSO ar aturnae úinéirí na maoine a dhearbhu go raibh an próiseas athruithe úsáid i gcríoch sular rachadh an cead pleanála 3330/00 in éag.
- 15.14** Luaigh an Príomh-Aturnae Stáit, mar fhreagra ar an iarratas, gur dhearbhaigh aturnae an úinéara maoine in Aibreán 2008 go raibh an t-athrú úsáide i gcríoch sular ndeachaigh an cead pleanála in éag. Fuair an CSSO tuairim an ailtire ar chomhlíonadh, arna dátú an 5 Feabhra 2008. Ba comhalta cláráithe de chuid an RIAI a d'ullmhaigh í sin i ngnáthfhormáid an RIAI. Bhain an tuairim go sonrach le hiarratas pleanála 3330/00, agus níl aon leasú nó cáilíocht ann. Bhí sé luaite ag an ailtire go raibh sé bunaithe ar iniúchadh ar na cáipéisí ábhartha in oifigí Roinn Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ar amharciniúchadh ar áitreabh Shráid Wolfe Tone an 1 Feabhra 2008. Luaigh an t-ailtire chomh maith ina thuairim féin go raibh an fhorbairt ag comhlíonadh na n-orduithe pleanála go substaintiúil.
- 15.15** Scríobh aturnae úinéirí na maoine chuig an CSSO an 15 Aibreán 2008, agus sheol sé dréacht de léas. Sa litir sin, dúirt sé gur dhearbhaigh "ailtire ár gcliant" dúinn, toisc go raibh an t-áitreabh á mhargú lena úsáid mar oifig laistigh den tréimhse cúig bliana de bhun cead pleanála 3330/00, gur cuireadh críoch leis an athrú úsáide sular éag an cead pleanála sin. Ní raibh gá le oibreacha chun an cead pleanála a chur i bhfeidhm. Ní raibh anseo ach athrú san úsáid."
- 15.16** Luaigh an Príomh-Aturnae Stáit, go nglactar le tuairim an ailtire, má tá sé neamhchálithe, de réir chleachtas bunaithe Dhlí-Chumann, go bhfuil fianaise shásúil maidir le comhlíonadh á thairiscint aige. Chreid sí nach raibh gá féachaint laistiar den tuairim toisc go raibh sí i ngnáthfhormáid RIAI, gur comhalta cláráithe den RIAI a rinne í agus nach raibh aon cháilíochtaí nó leasuithe inti.
- 15.17** Luaigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais nach bhfaca an Roinn go raibh gá ailtire a fhostú nó cuardach pleanála a dhéanamh i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Bhraith sé ar chomhairle an CSSO maidir leis an ábhar seo, mar a rinne sé i ndáil le socruithe léasaithe eile.

- 15.18** Luaigh an Roinn gur cuireadh in iúl di ag cruinniú le hOifig Fhorfheidhmithe Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an 30 Márta 2010 nach ndeachaigh cead pleanála ar ais chuig na húsáidí a bhí aige roimhe seo nuair a chuaigh an cead pleanála faoi 3330/00 (d'úsáid oifig thráchtála) in éag. Cuireadh in iúl don Roinn go gcaithfí anois iarratas cead pleanála a dhéanamh ar aon chineál úsáid a mbainfí as an áitreabh. Is í tuiscint na Roinne í, i ndiaidh iniúchadh sonraithe a dhéanamh ar an stair phleanála, nár cuireadh cead úsáide oifige 2001 i bhfeidhm riamh agus dá réir sin nach dtairbhíonn an t-áitreabh anois as aon úsáid bhunaithe.

Costas a Thabhaítear

- 15.19** Ba ionann an cíós bunaidh don áitreabh agus €309,000 in aghaidh na bliana, iníoctha gach ráithe roimh ré, ach le tréimhse saor ó chíos i dtosach. Ar an mbonn sin, ba ionann íoslúach an léasa agus €2.8 milliún. Ghlac an Roinn freagracht as dliteanais a bhain le táillí bainistíochta agus táillí seirbhíse.
- 15.20** De bhreis ar an gcíós, bhí an Roinn faoi dhliteanas CBL a íoc ar chruthú an léasa. Ba ionann sin agus €0.461 milliún agus d'íoc an Roinn é sin i mí an Mheithimh 2008.
- 15.21** Thosaigh íocaíochtaí cíosa sa chéad ráithe de 2010, agus lean siad ar aghaidh go dtí an tríú ráithe de 2011, nuair a stop an Roinn ag íoc cíosa.
- 15.22** Ba ionann an tsuim iomlán a d'íoc an Roinn i leith cíosa, táillí bainistíochta agus táillí seirbhíse agus árachais agus €0.536 million.
- 15.23** I ndiaidh comórtais tairisceana in 2009, bhronn an Roinn conradh ar chomhlacht tógála chun an áitreabh ar léas a fheistiú ar chostas comhaontaithe €0.935 milliún. Cuireadh tús le feistiú an áitribh i mí Eanáir 2010. I ndiaidh d'Oifig Fhorfheidhmithe Pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath idirghabháil a dhéanamh, rinneadh an obair fheistithe a fhoirceannadh agus rinneadh sábháilte agus daingean an áitreabh le linn tréimhse trí seachtaine in Aibreán/Bealtaine 2010. Cuireadh an obair ar fionraí go iomlán faoi 7 Bealtaine 2010, agus níor cuireadh tús léi arís.
- 15.24** Íocadh an obair a bhí déanta suas go dtí 29 Meán Fómhair 2010, agus coinníodh páirt den íocaíocht dlite mar is gnáth. Chiallaigh fionraíocht na hoibre agus neamháitíocht an áitribh nárbh fhéidir aon 'liosta aimhréidheanna' a dhéanamh agus dá réir sin, leanadh leis na suimeanna coinneála a choinneáil siar. Níl aon díospóid idir an Roinn agus an comhlacht a rinne an obair agus íocadh na suimeanna coinneála faoi dheireadh i mí na Nollag 2011 agus i mí Feabhra 2012 (leis an gconraitheoir) agus i mí Eanáir (leis an ailtire lena n-áirítear na Suirbhéirí Cainníochta agus leis na Conraitheoirí Meicniúla agus Leictreacha). Níor íocadh an conraitheoir ach amháin as an obair a bhí críochnaithe.
- 15.25** Ba ionann na híocaíochtaí iomlána leis an gconraitheoir agus €0.917 million. Ba ionann na táillí gairmiúla a bhain leis an tionscadal agus €0.169 million. Faoi dheireadh Lúnasa 2012, ba ionann caiteachas iomlán na Roinne ar áitreabh Shráid Wolfe Tone agus €2.083 milliún.
- 15.26** Faoi threoir na Roinne, scríobh an CSSO chuig úinéirí an áitribh an 30 Samhain 2011 ag lorg comhaontaithe maidir leis an léas a chealú. Diúltaíodh é sin.
- 15.27** Cuireadh in iúl don CSSO an 16 Aibreán 2012 gur ceapadh glacadóirí ar shócmhainní áirithe na n-úinéirí maoine lena n-áirítear an sealúchas ar Shráid Wolfe Tone. Lorg na glacadóirí deimhnithe go ndéanfadh an Roinn na híocaíochtaí arna bhforáil sa léas.

Tionchar ar an Bridge Project

- 15.28** Rinneadh iniúchadh sláinte agus sábháilte ar áitreabh Shráid Parnell de chuid an Bridge Project thar ceann na Seirbhíse Promhaidh i mí na Nollag 2011. Tháinig an t-iniúchadh ar an gconclúid go raibh riosca tromchúiseach sláinte, sábháilteachta agus dóiteáin ag baint leis an bhfoirgneamh agus go raibh sé ag sárú an Achta um Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair.
- 15.29** Bhog an Tionscadal i mí Eanáir 2012 ó Shráid Parnell go dtí an áit a bhfuil sé i láthair na huaire ar áitreabh roinnte in Rae Ghairdinéir, áit a bhfuil sé ag íoc €600 in aghaidh na míosa as seomraí ar leith a úsáid. Ina theannta sin, tógfaidh an Scéim Fostaíochta Pobail atá ceangailte leis an Bridge Project áitreabh i mBaile Bocht ar cíos ar chostas €4,000 do thréimhse 12 mí ó mhí Mheán Fómhair 2012. Tá sé beartaithe ag an Roinn go fadtréimhseach príomhghníomhaíochtaí an Bridge Project a aistriú ó Rae Ghairdinéir chuig cóiríocht chomhshuite in oifigí na Seirbhíse Promhaidh sa lárchathair thuaidh.

Conclúidí agus Moladh

- 15.30** Ba ionann an caiteachas a thabhaigh an Roinn maidir le léasú an áitribh ar Shráid Wolfe Tone agus os cionn €2 milliún, ar ina leith nach bhfuil na tairbhí faighte. Lean an Bridge Project i gcóiríocht a bhí i ndroch-chaighdeán go dtí 2012, nuair a bhí air imeacht mar thoradh ar rioscaí sláinte agus sábháilteachta. Bhí beagnach sé bliana caite ó cuireadh tús leis an gcuardach áitreabh malartach a aimsiú. Tá cóiríocht á cur ar fáil don tionscadal anois faoi shocruithe gearrthréimhseacha.
- 15.31** Bhí an Roinn ag brath ar an CSSO chun comhairle dlí a sholáthar maidir le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar an léas, agus as na seiceálacha riachtanacha a dhéanamh. Sna himthosca, bhí sé réasúnach ag an Roinn a bheidh ag súil go n-aithneofaí agus go gcuirfí neamh-chomhlíonadh an áitribh le riachtanais pleanála in iúl sula síneofaí an léas.
- 15.32** Lean an CSSO nós imeachta tíolactha bunaithe a bhíonn ag brath ar cheannaitheoirí/léasóirí chun tuairim chomhlíonta ailtire le riachtanais pleanála a sholáthar. Soláthraíodh tuairim san fhormáid is gá ag duine cláraithe, agus bhí an CSSO i dteideal a bheith ag brath ar sin de réir cleachtas molta an Dlí-Chumainn. In ainneoin sin, bhí an tréimhse reachtúil chun feidhmiú ar athrú úsáid in éag agus bhí tagairt shainiúil déanta den bhunús ina n-aithneodh na húdaráis phleanála athrú úsáide i gcomhfhreagairt idir an CSSO agus ionadaí dlí na n-úinéirí maoine le linn idirbheartaíochta an léasa. Chomh maith leis sin, chur nádúr úsáid bheartaithe na Roinne don áitreabh agus suíomh an áitribh i gcoimpléasc ina raibh cónaitheoirí, go mór leis an dóchúlacht go ndéanfaí agóidí i gcás ina raibh amhras ar bith ann maidir le comhlíonadh pleanála. Níor thug an CSSO aitheantas dóibh sin mar thosca riosca a d'éileodh tuilleadh dearbhaithe sular aontaíodh an léas, chun leasanna airgeadais an Stáit a chosaint.
- 15.33** Luaigh an Príomh-Aturnae Stáit nach saincheisteanna dlí iad coimpléasc le cónaitheoirí a roghnú mar shuíomh ná an dóchúlacht go ndéanfaí agóidí i ndáil le húsáid an áitribh agus dá réir sin ní thabharfadh an CSSO comhairle ar na saincheisteanna sin. Is saincheisteanna iad lena mheas ag pearsanra atá fostaithe chun maoin oiriúnach a aimsiú ar an gcéad ásc.
- 15.34** I gcomhthéacs costais ionchasaigh an léasa (íosmhéid €3.2 milliún thar deich mbliain, lena n-áirítear CBL) agus costas an áitreabh a fheistiú (thart ar €1 milliún), ní bheadh an costas a bhaineann le páirtithe Stáit a fhaigheann árachais bhreise ar chomhlíonadh pleanála i gcás pleanáil neamhchasta iomarcach a bheag nó a mhór.

Moladh 15.1: Ba chóir don CSSO athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnú riosca i ndáil le comhlíonadh pleanála ar éadálacha maoine agus an cleachtas a bhaineann le spleáchas ar thuairimí ailtirí maidir le comhlíonadh, agus an gá atá le nósanna imeachta árachais bhreise a mheas nuair is léir rioscaí comhlíonta.

Freagairt ón bPríomh-Aturnae Stáit: Gan comhaontú. Is é an cuspóir atá le treorú/treoracha cleachtaigh Dhlí-Chumann na hÉireann aghaidh a thabhairt ar riosca a eascraíonn ó idirbhearta den chineál seo. Is é Coiste Tíolactha an Dlí-Chumainn, atá comhdhéanta de shaineolaithe tíolactha a dhéanann saincheisteanna éagsúla a eascraíonn in ábhair tíolactha, a tharraing aníos iad seo, agus eisiónn sé treorú/treoracha cleachtaigh do aturnaetha ar chleachtas agus ar chaighdeán iomchuí. Ní féidir leis an CSSO feidhmiú go haontaobhach. Is ábhar don Dlí-Chumann é a gcaighdeán a athbhreithniú i ndiaidh comhairle chuí le comhaltaí agus geallsealbhóirí agus aon treorú/treoracha cleachtaigh breise a eisiúint. Ceanglaítear ar an CSSO treorú/treoracha cleachtaigh reatha a leanúint.


Faightear dearbhú comhlíonadh pleanála ó ailtire nó ó ghairmí eile a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige nó aici a bhfuil eolas aige nó aice ar stair phleanála na maoine. Is éard a bhíonn i gceist ná doiciméadú pleanála a bhaineann le maoín a scrúdú, an mhaoín a iniúchadh agus treoracha a thógáil maidir le stair pleanála na maoine. Ní cleachtadh molta de chuid an Dlí-Chumainn é do léasaí ailtire a fhostú chun comhlíonadh pleanála a dheimhniú. Is í an deacracht a bhaineann leis sin a dhéanamh ná nach bhfuil eolas ag an léasaí ar stair phleanála na maoine le go bhféadfaidh sé nó sí treoracha a thabhairt don ailtire. Sin é an fáth a dtagann tuairimí ó ailtire a fhaigheann treorú ó úinéir na maoine.

Freagairt ón Oifigeach Cuntasaíochta Dlí agus Cirt agus Comhionannais: Oibreoidh an Roinn i bpáirtíocht leis an CSSO lena chinntiú go mbeidh córas cros-seiceála i bhfeidhm chun árachas breise a sholáthar ar an iontaoibh ar thuairim an tsaineolaí i gcásanna mar sin.

16 Maoiniú ón Rialtas Lárnach do na hÚdaráis Áitiúla

- 16.1** Áirítear gur ionann caiteachas comhiomlán na n-údarás áitiúil in 2010 (an bhliain dheiridh a bhfuil eolas ar fáil ina taobh) agus €7.7 mbilliún. Chuimsigh sé seo thart ar €2.9 mbilliún i gcaiteachas caipitil, agus thart ar €4.8 mbilliún i gcaiteachas reatha (féach Fíor 16.1).¹

Fíor 16.1 Caiteachas ag údaráis áitiúla de réir cineáil, 2006 go 2010



Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- 16.2** Bíonn cruthú nó fáil sócmhainní ag údarás áitiúil de thoradh ar chaiteachas caipitiúil údarás áitiúil a mbíonn úsáid acu taobh amuigh den bhliain in ar cuireadh ar fáil iad e.g. tógáil bóithre, tógáil nó ceannach tithe, linn snámha, leabharlann, etc. Maoinítear cláir chaipitiúla údaráis áitiúil den chuid is mó trí dheontais Stáit ó fhoinsí éagsúla, le roinnt maoinithe ó thobhaigh forbartha, iasachtaí, acmhainní inmheánacha féin agus díol maoinne.
- 16.3** Clúdaíonn caiteachas reatha ag údaráis áitiúla (ar a dtugtar caiteachas ioncaim ar uairibh) reáchtáil údarás áitiúil ó lá go lá lena n-áirítear tuarastail foirne, cothabháil tithíochta, pinsin, costais oibríochtúla ionaid chóireála uisce, etc. Maoinítear caiteachas reatha ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear deontais ón Státhchiste agus ó Chiste de chuid an Rialtais Áitiúil (thart ar 44% den iomlán in 2010), rátaí údarás áitiúil (thart ar 30%) agus muirir d'earraí agus do sheirbhísí mar mhuirir uisce thráchtála, cíos tithe, muirir pháirceála, etc. (thart ar 26%). Ní hionann an ranníocaíocht don chaiteachas reatha ó fhoinsí éagsúla ioncaim ag na húdaráis.
- 16.4** Is é cuspóir na caibidle seo léargas ginearálta a thabhairt ar na cistí a thagann ó fhoinsí Rialtais lárnach nó trí na foinsí sin go dtí údaráis áitiúla, agus ar na críocha ar ar soláthraíodh na cistí. Déanann sé athbhreithniú freisin ar tháscairí feidhmíochta seirbhísí cóiréala dramhuisce agus cuireann nuashonraí ar fáil maidir le himthosca áirithe a raibh tuairisc orthu roimhe seo.

¹ Ní raibh comhthiomsú táirgeachta caiteachas údarás áitiúil do 2011 tugtha chun críche go fóill ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an tuarascáil seo á hullmhú.

Aistrithe ón Rialtas Lárnach

- 16.5** B'ionann agus €3.5 billiún aistrithe maoinithe ó fhoinsí rialtais lárnach go húdaráis áitiúla i 2011. Tháinig thart ar 83% de ó mhaoiniú Státhchiste a soláthraíodh trí na vótaí do ranna Rialtais. Tháinig an maoiniú neamh-Státhchiste (17% den iomlán) ó Chiste an Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil. Leagann Fíor 16.2 amach na foinsí maoinithe ó fhoinsí Rialtais lárnaigh chuig údaráis áitiúla gach bliain ó 2007 go 2011.

Fíor 16.2 Foinsí Maoinithe an Rialtais Lárnaigh d'Údaráis Áitiúla, 2007 go 2011

Foinse na gcistí	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
<i>Cistí Státhchiste^a</i>					
Vóta 25 — Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	2,584	2,804	2,401	1,828	1,353
Vóta 26 — Oideachas agus Scileanna	272	301	379	389	355
Vóta 32 — Iompar, Turasóireacht agus Spórt	1,508	1,400	1,505	1,596	1,192
Vótaí Eile	49	64	41	26	9
	4,413	4,569	4,326	3,839	2,909
<i>Foinsí maoinithe eile</i>					
An Ciste Rialtais Áitiúil ^b	1,049	1,102	897	575	561
An Ciste Comhshaoil	40	39	30	37	39
	1,089	1,141	927	612	600
Maoiniú ó gach foinse Rialtais lárnaigh	5,502	5,710	5,253	4,451	3,509

Foinse: Féach larscríbhinn A

Nótaí: a D'athraigh teidil vótaí i 2011. Úsáidtear na teidil vótaí nua anseo.

b An chuid nach mbaineann leis an Státhchiste.

- 16.6** Úsáidtear na hacmhainní sa Chiste Rialtais Áitiúil go príomha chun maoiniú a chur ar fáil d'údaráis áitiúla dá ngníomhaíochtaí ó lá go lá agus do chothabháil bóithre nach bóithre náisiúnta iad.² Go dtí 2011, maoiníodh an Ciste go príomha trí fháltais mhótarchánach agus ranníocaíocht bhliantúil ón Státhchiste a íoctar isteach sa Chiste ó Vóta Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Vóta 25).³ Tháinig deireadh le ranníocaíocht an Státhchiste i 2012 agus tá fáltais an mhuirir teaghlaigh iníoctha ag úinéirí réadmhaoine cónaithe ó 2012.⁴ Faoi lúil 2012, bhí suas le €98 milliún bailithe.

- 16.7** Baintear úsáid as an gCiste Comhshaoil go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir dírithe ar an timpeallacht, cuid mhór díobh seo á eagraítear ag an leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi choimirce údarás áitiúil. Íoctar fáltais tobhaigh an mhála phlaistigh, a íocann tomhaltóirí agus a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó mhiondíoltóirí, isteach sa Chiste freisin. Íoctar fáltais ón tobhach líonadh talún isteach sa Chiste chomh maith. Baintear úsáid as íocaíochtaí amach ón gciste chun cuidiú le tionscadail ar bhonn a gcumas an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú. (Déanann caibidil 27 athbhreithniú ar bhailiú na dtobhach araon).

2 Úsáidtear méid beag den chiste chun tacú le tionscnaimh áirithe eile bainteach le rialtas áitiúil.

3 Déanann Caibidil 26 athbhreithniú ar shaincheisteanna maidir le bailiú mótarchánach.

4 An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011. Tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil freagrach as bailiú an mhuirir thar ceann na hearnála. Is beart eatramhach an muirear teaghlaigh agus tabharfar cáin mhaoine isteach ina áit.


Feidhmiú Maoinithe

16.8 Ní mór formhór an mhaoinithe a fhaightear ón rialtas lárnach agus a sholathraítear d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonracha de chuid na n-údarás áitiúil. Is féidir iad seo a rangú i sé aicme leathana.

- **Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta** – Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil formhór mór an mhaoinithe do thithíocht agus do ghiniúint uirbeach ar fáil go díreach d'údaráis áitiúla. Úsáideann na húdaráis áitiúla an maoiniú sin do sholáthar tithíochta rialtais áitiúil, d'obair athghiniúna agus feabhais, cóiríocht don lucht siúil, tithíocht dheonach agus comharthithíocht, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos, deontais d'oiriúnú tithe, agus cóiríocht do dhaoine gan dídean.
- Bíonn an maoiniú lárnach go léir beagnach (92%) a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla chun tacú le seirbhísí comhshaoil dírithe ar infheistíocht sna seirbhísí uisce, agus is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil den chuid is mó a chuireann an maoiniú ar fáil. Tagann fuílleach an mhaoinithe i ndáil le seirbhísí comhshaoil ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, ón gCiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Comhshaoil.
- **Feabhsú Bóithre agus a gCothabháil** – Is ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta, a oibríonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, a leagtar an cúram maidir le feabhsú na mbóithre náisiúnta agus a gcothabháil. Is iondúil maidir le tionscadail an Údaráis a thabhairt i gcrích go n-úsáidtear na húdaráis áitiúla mar ghníomhairí agus gur tríothu a dhéantar caiteachas an Údaráis. Déantar leithdháileadh ar airgead ón gCiste Rialtais Áitiúil leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le caoi mhaith a choinneáil ar na bóithre réigiúnacha agus ar na bóithre áitiúla. Íocann an Roinn sin deontais i ndáil leis an obair sin leis na húdaráis áitiúla.
- **Seirbhísí Oideachais** – Íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar ais an costas a bhaineann le deontais ardoideachais a thugann na húdaráis áitiúla. Ach tá údarás bronnta deontais náisiúnta nua bunaithe – Student Universal Support Ireland. Caithfidh gach mac léinn nua atá ag cur isteach ar thacaíocht faoin scéim deontais do mhic léinn don bhliain acadúil 2012/2013 iarratas a dhéanamh ar an údarás nua. Íocann an Roinn ar ais leis na húdaráis áitiúla chomh maith an costas a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil don lucht foirne atá imithe amach ar pinsean ó na Coistí Gairmoideachais agus ó na hInstitiúidí Teicneolaíochta ar comhaltaí iad i Scéim Aoisliúntais na Múinteoirí Gairmoideachais nó i Scéim Aoisliúntais na hÉarnála Oideachais faoi seach. Ach tá próiseas ar bun leis an bhfeidhm seo a aistriú go dtí an Rannóg Pinsin PMG sa Roinn Airgeadais a ghlacfaidh freagracht as feidhm íocaíochta aisce agus pinsean, in áit na n-údarás áitiúil.
- **Seirbhísí Fóillíochta agus Seirbhísí Áitiúla Eile** – Cuimsíonn sé seo maoiniú ón rialtas lárnach maidir le seirbhísí de chuid an údaráis áitiúil mar sheirbhísí leabharlainne agus cartlainne, obair thógála agus chothabhála ar linnte snámha agus tionscadail eile maidir le cúrsaí taitneamhachta poiblí agus cultúir, mar aon le seirbhísí dóiteáin agus seirbhísí éigeandála, agus seirbhísí dóibh siúd atá faoi mhíchumas.
- **Deontais Chuspóirí Ginearálta** – Cuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tríd an gCiste Rialtais Áitiúil, maoiniú breise ar fáil d'údaráis áitiúla chun cuidiú leo an t-easnamh idir a bhfoinsí eile ioncaim agus costas na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, lena n-áirítear costais riaracháin na n-údarás áitiúil féin.

16.9 Léiríonn Fíor 16.3 miondealú ar na haistrithe d'údaráis áitiúla do 2007 go 2011 a thaispeánann na cláir a raibh tacaíocht á bhfáil acu (tá miondealú mionsonraithe ar fáil in Iarscríbhinn A). I 2011, bhain aon trian den soláthar iomlán le feabhsuithe ar bhóithre agus le hobair chothabhála, cuireadh beagán sa bhreis ar aon chúigiú ar fáil do chlár thithíochta agus athghiniúna uirbigh, agus b'ionann agus beagán faoi bhun aon chúigiú an maoiniú do chuspóirí ginearálta.

Fíor 16.3 Aistriú ón rialtas lárnach go dtí na húdaráis áitiúla, de réir cláir caiteachais 2007 go 2011



Foinse: Féach larscríbhinn A

Bearta Feidhmíochta do Chóireáil Dramhuisce Uirbigh

- 16.10** Tá freagracht fhoriomlán as seirbhísí uisce an Stáit – i.e. infhaighteacht uisce le n-ól agus bailiú agus cóireáil dramhuisce – ar an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn). Tá an fhreagracht ar chomhairlí cathrach agus contae (údaráis seirbhísí uisce) as soláthar agus as cothabháil seirbhísí uisce poiblí. Bunaíodh comhlacht nua stáit, Uisce Éireann, leis an bhfreagracht as seirbhísí uisce a thogáil ó na húdaráis áitiúla.
- 16.11** Le deich mbliana anuas, infheistíodh thart ar €4.5 bhilliún d'airgead an Stáitchiste i gcosaint agus i gcaomhnú seirbhísí uisce faoin gClár Infheistíochta Seirbhísí Uisce, agus caitheadh €3.2 bhilliún de ar infreastruchtúr dramhuisce. Maoiníodh €107 milliún breise de chaiteachas dramhuisce tríd an gClár Uisce Tuaithe. Léiríonn sé seo na riachtanais infheistíochta is gá chun a chinntiú go gcomhlíontar an Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh de chuid an AE 1991 (an Treoir).
- 16.12** Cuidíonn bearta feidhmíochta agus táscairí ábhartha agus tráthúla do chlár chun cinntí faoi leithdháileadh a dhéanamh agus chun tacú le seachadadh seirbhíse agus cuntasacht éifeachtach agus éifeachtúil. Déanann na míreanna seo a leanas athbhreithniú ar na táscairí feidhmíochta atá ar fáil do sheirbhísí cóireála dramhuisce uirbeacha.

Ceanglais na Treorach

- 16.13** Tugann Rialachán um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh 2001 (I.R. Uimh. 254 de 2001) arna leasú, éifeacht don Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh (91/271/CEE). Is iad seo príomhcheanglais na Treorach
- soláthar sceidealaithe córas bailiúcháin dramhuisce agus ionad cóireála bunaithe ar mhéid an dobharcheantair agus ar an gcineál dobharlaigh ina scaoiltear an dramhuisce amach (fionnuisce, inbhearach nó cósta, íogair nó neamhíogair)⁵
 - monatóireacht á déanamh ag údaráis seirbhísí uisce ar scaoileadh amach ó ionaid chóireála dramhuisce (lena n-áirítear minicíocht na monatóireachta).
- 16.14** Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú na Timpeallachta (EPA) an t-údarás reachtúil do thuairisciú ar cháiliúcht na n-eisilteach atá á scaoileadh as ionaid chóireála, séaraigh nó píobáin draenála atá dílsithe sna húdaráis áitiúla, rialaithe acu nó in úsáid acu. Foilsíonn an EPA tuarascálacha bunaithe ar eolas a chuireann údaráis áitiúla ar fáil.
- 16.15** Chuir tuarascáil de chuid an EPA a foilsíodh i bhFeabhra 2012 athbhreithniú ar fáil ar oibriúchán ionad cóireála dramhuisce uirbeach, agus úsáid á baint go príomha as sonraí do 2008 agus 2009. Chuir nuashonrú ar an dtuarascáil sin a foilsíodh i Meitheamh 2012 sonraí ar fáil do 2010 freisin.⁶ Áirítear sna tuarascálacha sonraí ar an infreastruchtúr atá ann agus ar fheidhmíocht ionad cóireála.
- 16.16** Cuireann na tuarascálacha sonraí luachmhara ar fáil faoi leibhéal na cóireála dramhuisce a sholáthraítear agus faoi thorthaí na tástála a rinneadh ar sceitheadh ó ionaid chóireála. Ceadáíonn siad freisin measúnú a dhéanamh ar a mhéid is atá Éire ag comhlíonadh ceanglas na Treorach. Ach baintear ó úsáideacht na dtuarascálacha trí mhoill ar an bhfoilsíúchán. Níl aon eolas ar fáil ar an chostas cóireála dramhuisce in aghaidh an aonaid.

5 Tugtar ceirtleán ar dhobharcheantar sa Treoir. Is cnuasach/bailiúchán/réimse geografach é ceirtleán a bhfreastalaíonn an t-ionad cóireála air.

6 *Fócas ar Sceitheadh Dramhuisce Uirbeach in Éirinn, Feabhra 2012, agus Tuarascáil Nuashonraithe*, Meitheamh 2012.

- 16.17** Mhol athbhreithniú luach ar airgead a rinne an Roinn i 2010 gur chóir sonraí a d'fhorbair an EPA chun tionchar cáilíochta uisce ar infheistíocht i ndramhuisce a mheas, a chomhordú níos rialta agus iad a úsáid mar tháscaire toraidh chun tionchar clár sa todhchaí a mheas.⁷

Leibhéal na Cóireála Dramhuisce a Chuirtear ar Fáil

- 16.18** Cuireann tuarascálacha an EPA sonraí ar fáil faoi na hionaid chóireála uile atá faoi réir an phróisis cheadúnaithe maidir le sceitheadh dramhuisce i.e. iad sin a bhfuil coibhéis áitritheora sa bhreis ar 500 acu. Chuir údarais seirbhísí uisce áirithe isteach ar cheadúnas i leith ionad cóireála níos lú in oirchill méaduithe ar an gcoibhéis áitritheora amach anseo agus tá siad seo san áireamh sna sonraí a tuairiscíodh. Leagann Fíor 16.4 amach mionsonraí faoi leibhéal na cóireála dramhuisce a chuirtear ar fáil san 538 ionad atá clúdaithe i dtuarascáil nuashonraithe 2010. Tá achoimre ar leibhéal na cóireála a sholáthraítear d'ionaid i ngach údarás áitiúil leagtha amach in larscríbhinn B.

Fíor 16.4 Leibhéal na Cóireála Dramhuisce a Soláthraíodh in 2010

Leibhéal na cóireála	An choibhéis áitritheora			Uile	
	Níos lú na 2,000	2,000 go 10,000	Breis is 10,000		
Gan chóireáil ar bith nó réamhchóireáil	25	7	6	38	7%
Cóireáil phríomhúil	61	7	—	68	13%
Cóireáil thánaisteach	175	59	26	260	48%
Cóireáil thánaisteach agus cothaitheach	93	51	28	172	32%
Iomlán	354	124	60	538	100%

Foinse: EPA: **Tuarascáil Nuashonraithe** (July 2012) ar shonraí a cuireadh i láthair i dTuarascáil EPA **Fócas ar Sceití Dramhuisce Uirbeacha in Éirinn** a foilsíodh i bhFeabhra 2012.

- 16.19** Bhí cóireáil thánaisteach nó cóireáil thánaisteach le laghdú cothaitheach á gcur ar fáil ag 432 ionad in iomlán nó 80% d'ionaid in 2010.
- 16.20** Ceanglaíonn an Treoir ar bhallstáit a chinntiú go bhfuil an dramhuisce uirbeach ar fad a théann isteach i gcórais bhailiúcháin (le coibhéis áitritheora sa bhreis ar 2,000) faoi réir cóireála tánaistí, nó cóireála tánaistí le laghdú cothaitheach.⁸ In 2011, bhí 18 n-ionad nár chomhlíon leibhéal na cóireála atá leagtha síos sa treoir go fóill. Tá siad seo ar fáil i bhFíor 16.5. Áirítear nach mbeidh an chóireáil riachtanach ar fáil i ngach ionad go dtí 2015.

⁷ **Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Luach ar Airgead Cláir Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2007 – 2009**, a foilsíodh in 2010.

⁸ Is gá 'cóireáil chuí' do dhramhuisce ó cheantair uirbeacha a bhfuil daonra níos lú ná 10,000 atá á sceitheadh go dtí ceantair chósta.

Fíor 16.5 Dobharcheantair ina nÉilítear Cóireáil Thánaisteach, agus Cóireáil le Laghdú Cothaitheach ach nach raibh ar fáil in 2010

Comhairle Contae	Leibhéal na cóireála le cur ar fáil	Dobharcheantar
Corcaigh	Tánaisteach	An Sciobairín An Cóbh An Pasáiste/Baile an Mhanaigh Rinn an Scidígh/Bun an Tábhairne /Carraig Uí Leighin Eochaill
	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Carraig Thuathail
Cathair Chorcaí	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Cathair Chorcaí ^a
Dún na nGall	Tánaisteach	Bun an Phobail
	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Na Cealla Beaga
Fine Gall	Tánaisteach	Lusca
Gaillimh	Tánaisteach	An Clochán
Mórcheantar BÁC	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	An Rinn ^a
Ciarraí	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Trá Lí ^a
Cill Chainnigh	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Cathair Chill Chainnigh agus a Purláin ^a
Lú	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Dún Dealgan ^a
Loch Garman	Tánaisteach le laghdú cothaitheach	Inis Córthaidh ^a
Cill Mhantáin	Tánaisteach	Bré An tInbhear Mór

Foinse: EPA, *Fócas ar Sceitheadh Dramhuisce Uirbigh in Éirinn* Feabhra 2012.

Nóta: a Tá cóireáil thánaisteach ar fáil do na dobharcheantair seo agus teastaíonn laghdú cothaitheach freisin.

Tástáil Sceitheadh Dramhuisce

- 16.21** Sonraíonn an Treoir caighdeán cháilíochta do sceitheadh dramhuisce i gceantair uirbeacha trí thagairt do thrí pharaiméadar – éileamh bitheolaíoch ar ocsaigin (BOD), éileamh ceimiceach ar ocsaigin (COD) agus solaid ar fuaidreamh in iomlán (TSS). Leagann an Treoir amach freisin íosmhéid samplaí ar chóir anailís a dhéanamh orthu chun comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta a chinneadh. Tá sé éigeantach go gcomhlíonfaí an leibhéal samplála agus na caighdeán cháilíochta do sceitheadh ó cheantair uirbeacha níos mó (iad sin ina bhfuil coibhéis áitritheora de 10,000 nó níos mó) agus do cheantair le coibhéis áitritheora de 2,000 nó níos mó a sceitheann isteach i bhfionnuisce nó in inbhir. Úsáideann an EPA na caighdeán atá sa Treoir mar threoir chun feidhmíocht na n-ionad uile a mheasúnú.
- 16.22** Is féidir go mainneodh ionaid chóireála ina gcuirtear cóireáil thánaisteach ar fáil (432 in 2010) caighdeán na Treorach a chomhlíonadh de bharr líon neamhleor samplaí á scrúdú/duairisciú nó toisc gur theip ar na samplaí a tógadh na caighdeán cháilíochta a chomhlíonadh.

- 16.23** Braitheann líon na samplaí ar chóir a thógáil agus anailís a dhéanamh orthu ar an dobharcheantar a bhfreastalaíonn an t-ionad cóireála air. In 2010 bhí ráta comhlíontachta 94% ag ionaid chóireála tánaistí le ceanglais na Treorach ar an líon samplach. Bhí cúig ionad nár chuir aon torthaí samplacha chuig an EPA in 2010. Ba é 58% an ráta comhlíontachta le caighdeán cháilíochta sceite in 2010 ag ionaid a raibh cóireáil thánaisteach acu (féach Fíor 16.6).

Fíor 16.6 Rátaí Comhlíonta Minicíocht Samplála agus Cáilíocht Sceite, Ionaid a bhfuil Cóireáil Thánaisteach acu, 2010

	2010
Ionaid a bhfuil cóireáil thánaisteach acu	432
An ráta lena ndéantar ceanglais an líon samplála a chomhlíonadh	94%
An ráta lena ndéantar ceanglais cháilíochta sceite a chomhlíonadh	58%

Foinse: **Tuarascáil Nuashonraithe** (Meitheamh 2012) ar shonraí a cuireadh i láthair i dTuarascáil an **Fócas ar Sceitheadh Dramhuisce Uirbigh in Éirinn** a foilsíodh i bhFeabhra 2012.

Dearcadh an EPA

- 16.24** Maidir le bearta agus le táscairí feidhmíochta, dhearbhaigh an EPA go bhfuil dhá ionstraim eile ann atá faoi stiúir an AE ó tháinig an Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh i bhfeidhm. Is iad seo an Chreat-Treoir Uisce 2000 agus na Rialacháin Sceite Dramhuisce 2007.
- 16.25** Maidir le dramhuisce uirbeach, tá sé d'aidhm ag an gCreat-Treoir Uisce 2000 uiscí d'ardchaighdeán a chosaint ó thionchar sceitheadh dramhuisce, truailliú comhshaoil a chosc ó sceitheadh dramhuisce agus cáilíocht na n-uiscí atá truailithe ag sceitheadh dramhuisce a athbhunú. Is céim shuntasach chun cinn i dtreo ceanglais na Creat-Treorach Uisce a chomhlíonadh a bheidh san obair leis an Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh a chomhlíonadh.
- 16.26** Tá 536 iarratas ar cheadúnais sceite dramhuisce faighte ag an EPA faoi na Rialacháin Sceite Dramhuisce 2007 agus tá 204 eisithe. Áirítear i gcuid mhaith ceadúnas ceanglas go ndéanfaí uasghrádaithe infreastruchtúir agus feabhsúcháin faoi dhátaí sonracha chun cáilíocht sceite dramhuisce a fheabhsú, na huiscí a ghlacann leis an dramhuisce a chosaint agus/nó Treoracha Eorpacha a chomhlíonadh. Nuair a dhéantar measúnú ar na hiarratais ar cheadúnas atá fanta, creideann an EPA gur dóigh go dteastóidh maoiniú suntasach ó fheabhsúcháin bhreise agus uasghrádaithe infreastruchtúir.
- 16.27** Maidir le tuairisciú torthaí agus feidhmíocht ionad, mhaígh an EPA go leanann siad orthu ag comhlíonadh an cheanglais reachtúil – tuairisciú á dhéanamh ag eatraimh nach mó ná dhá bhliain.⁹ Ó 2012, tá sé tiomanta d'fhoilsiú sonraí ar cháilíocht eisiltigh agus ar fheidhmíocht ionad do bhliain ar bith faoi dheireadh na bliana ina dhiaidh sin i.e. tá sé sceidealaithe go bhfoilseofar na sonraí do 2011 i 2012.

Conclúidí agus Moltaí – Cóireáil Dramhuisce

- 16.28** Comhordaíonn an EPA eolas feidhmíochta a cheadaíonn gur féidir measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an sceite ó ionaid chóireála dramhuisce. Ach bíonn moill ar fhoilsiú sonraí – foilsíodh na sonraí do 2009 agus 2010 in 2012 – agus tá roinnt údarás áitiúil ann nach dtuairiscíonn na torthaí a theastaíonn. Fágann an mhoill ar thorthaí samplála agus feidhmíochta ionaid a thuairisciú go mbíonn se deacair cáilíocht sceite a nascadh le hinfheistíocht in infreastruchtúr dramhuisce.

Moladh 16.1: Ba chóir don Roinn údair na moilleanna i dtuairisciú cáilíochta sceite a iniúchadh agus spriocanna a leagan síos d'údaráis áitiúla chun na sonraí riachtanacha a chur ar fáil don EPA agus don EPA na torthaí comhorduithe a fhoilsiú. Ba chóir freisin indéantacht soláthar táscairí costais in aghaidh an aonaid de chóireáil dramhuisce a iniúchadh.

Freagra Oifigigh Cuntasaíochta na Roinne: Aontaím. Tabhairt isteach córas bainistithe sonraí nua ba chúis leis an moill ar fhoilsiúchán. Tá aghaidh tugtha air sin anois agus foilseofar tuarascálacha in am trátha sa todhchaí. Scrúdaíodh ceist na gcostas aonad caipitil san athbhreithniú Luach ar Airgead 2010, a thug ar aird deacrachtaí a eascraíonn maidir leis seo. Coinneofar an ní faoi bhreithniú sa Roinn.

- 16.29** Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le soláthar infreastruchtúir dramhuisce, ach tá 10 n-ionad cóireála fágtha nach gcuirtear an leibhéal cóireála a éilíonn an Treoir ar fáil iontu. Meastar nach mbeidh an leibhéal riachtanach ann i ngach ionad go dtí 2015.

Moladh 16.2: Ba chóir don Roinn tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht sna ceantair sin a léiríonn an riosca is airde go dteipfidh orthu an Treoir a chomhlíonadh rud a d'fhéadfadh costais bhreise a tharraingt trí phíonóis airgeadais a ghearrfaí.

Freagra Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne: Aontaím. Tugann an Roinn tosaíocht cheana don infheistíocht chun comhlíonadh na Treorach a chinntiú agus téann i gcomhairle leis an EPA maidir leis seo. B'ionann líon na n-ionad a raibh an leibhéal cóireála riachtanach acu in 2010 agus coibhéis áiritheora de 93% de sceitheadh.

- 16.30** Tá roinnt ionad ann i gcónaí nach gcuirtear aon torthaí samplacha ar fáil ina leith don EPA nó nach dtógtar an líon riachtanach samplaí iontu. Oibríonn sé seo in aghaidh measúnú iomlán a dhéanamh ar cháilíocht sceite dramhuisce. Dá thoradh seo bíonn sé deacair monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun an obair is gá chun comhlíonadh iomlán a bhaint amach a mheas.

Moladh 16.3: Ba chóir don Roinn bacainní a aithint in aghaidh íoscheanglais samplála a chomhlíonadh agus spriocanna a leagan amach d'údaráis áitiúla chun na ceanglais sin a chomhlíonadh.

Freagra Oifigigh Cuntasaíochta na Roinne: Aontaím. Tá laghdú tagtha ar líon na n-ionad a mhainnigh ceanglais na Treorach a chomhlíonadh mar gheall ar shampláil neamhleor amháin, titim ó 30% i 2007 go 3% i 2010. Tá dul chun cinn substainteach déanta chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh roimhe seo sa réimse seo.

- 16.31** In 2010 bhí 182 (42%) de na hionaid a bhfuil cóireáil thánaisteach acu nach gcomhlíonann na caighdeáin cháilíochta.


Moladh 16.4: Agus leibhéal na hinfheistíochta le blianta beaga anuas á chur san áireamh, ba chóir don Roinn iarracht a dhéanamh na cúinsí a fháil amach a bhaineann le cumas na n-ionad seo an caighdeán riachtanach cáilíochta a chomhlíonadh agus an gníomh ceartaitheach is gá a chinneadh.

Freagra Oifigigh Cuntasaíochta na Roinne: Aontaím. Tá infheistíocht shuntasach déanta sa réimse seo ach níorbh leor í le freastal ar riachtanais iomlána na hearnála. Áirítear go dteastódh €600 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh infheistíochta caipitil suntasaí i seirbhísí uisce i gcomparáid le €371 mhilliún i gcaiteachas caipitil státhchiste in 2011. Ba chóir go mbeadh samhail mhaoinithe níos inbhuanaithe ann anois as cruthú Uisce Éireann agus aistriú na freagrachta as seirbhísí cóireála uisce ó údaráis áitiúla go dtí comhlacht nua. Ba chóir go dtiocfadh feabhas suntasach ar fheidhmíocht oibríochtúil in ionaid aonair as conarthaí leibhéil seirbhíse idir údaráis áitiúla agus Uisce Éireann agus go gcinnteofaí comhsheasmhacht níos mó i gcaighdeáin. Shamhlaigh an measúnú neamhspleách a rinneadh ina leith seo go mbainfí éifeachtúlacht oibríochtúil amach trí bhuan-nósanna imeachta oibríochta, barraineachtaí scála i soláthar, úsáid níos mó teicneolaíochta tionscail an uisce agus buntáistí a baineadh amach trí mhaoirseacht ar oibríochtaí ag leibhéal réigiúnach (dobharcheantar), agus speisialtóireacht mhéadaithe. Toisc go mbeidh Uisce Éireann á rialú freisin ó pheirspictíocht eacnamaíoch de ag an gCoimisiún um Rialú Fuinnimh, beidh béim ó pheirspictíocht an tomhaltóra ar éifeachtúlacht seachadadh seirbhíse a fheabhsú agus ar chur le caighdeáin chomhshaoil a chomhlíonadh.

Tithíocht Shóisialta

- 16.32** Scrúdaigh Tuarascáil Speisialta 65, a foilsíodh in Iúil 2009, seachadadh tithe inacmhainne ag an Stát. Ar cheann de phríomhchinntí na tuarascála bhí go raibh stoc aonad tithíochta inacmhainne gan díol i seilbh údarás áitiúil (3,700 aonad go luath i 2009) de thoradh cúinsí margaidh a bhí i réim ag an am. Chinn an tuarascáil, i bhfianaise na gcúinsí margaidh athraithe agus coigeartuithe reachtúla beartaithe, go raibh sé riachtanach athbhreithiú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhain le seachadadh tithíochta inacmhainne agus a chion ionchasach do chuspóirí beartas tithíochta amach anseo.
- 16.33** Bunaíodh an Chomhpháirtíocht um Thithe Incheannaithe in 2005 chun seachadadh tithe inacmhainne a chomhordú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Níor chuir sí aon tithe inacmhainne ar fáil in 2009 nó 2010 agus tháinig deireadh léi ar 31 Nollaig 2010. Lean cláir thithíochta inacmhainne in údaráis áitiúla orthu ag soláthar tithíochta inacmhainne in 2009, 2010 agus 2011, cé go raibh an ráta ag laghdú. Tá líon iomlán na n-aonad a cuireadh ar fáil thar an tréimhse 2006 go 2011 leagtha amach i bhFíor 16.7 thíos.

Fíor 16.7 Aonaid a Seachadadh Trí Thithíocht Inacmhainne



Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Réamhsonraí

- 16.34** D'fhógair ráiteas beartais tithíochta a d'fhoilsigh an Roinn i Meitheamh 2011 go raibh an Rialtas ag éirí as na cláir thithíochta inacmhainne go léir a bhí ann, rud a léirigh cúinsí margaidh tithíochta reatha. Bhí deireadh le cur leis na cláir mar chuid d'athbhreithniú ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.¹⁰
- 16.35** Tá comhaontuithe Cuid V ann faoi láthair a rinneadh i mblianta roimhe áit a mb'fhéidir go raibh tiomantas ag an Stáit cé nach dóigh go dtiocfaidh a bhformhór i gcrích. Faoi na nósanna imeachta atá ann faoi láthair, ní chuirtear an Roinn ar an eolas faoi thiomantas ón údarás áitiúil go dtí go mbíonn an obair thógála ar siúl agus go bhfuil comhaontú deiridh i scríbhinn ann idir an t-údarás áitiúil agus an forbróir. Níor chainníochtaigh an Roinn céard iad na dliteanais theagmhasacha atá ann, in iomlán nó de réir an údaráis áitiúil.

¹⁰ Is meicníocht í Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 trínar féidir le húdaráis áitiúla suas le 20% d'fhorbairtí beartaithe a fháil do sheachadadh tithíochta inacmhainne agus shóisialta.

- 16.36** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta, mar chuid dá bainistíocht ar an gClár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta, go lorgaíonn an Roinn eolas maidir le tiomantais chonarthaigh amuigh ag údaráis áitiúla, lena n-áirítear maidir le comhaontuithe Cuid V. Déantar an t-eolas seo a nuashonrú go rialta.
- 16.37** Tá suirbhé á thabhairt chun críche ag an Roinn faoi láthair ar na haonaid tithíochta inacmhainne amuigh/gan a bheith díolta de réir an údaráis áitiúil. Meastar gur chóir go mbeadh na torthaí ar fáil faoi dheireadh an tsamhraidh 2012. Tá an Roinn tar éis pleananna a fhorbairt d'úsáid na n-aonad tithíochta inacmhainne sa stoc lena n-áirítear úsáid a bhaint as na haonaid do léasú sóisialta, aonaid a dhíol nuair is féidir agus an chuid eile a aistriú go dtí an stoc tithíochta sóisialta.

Conclúid agus Moladh – Tithíocht Shóisialta

- 16.38** Tá suirbhé ar an stoc tithíochta inacmhainne gan díol ar siúl. Idir an dá linn d'fhéadfadh go mbeadh tiomantais ag an Stát ag éirí as soláthar talún ag forbróirí do thithíocht inacmhainne agus shóisialta.

Moladh 16.5: Ba chóir don Roinn dul i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla chun eolas a fháil faoi na dlíteanais theagmhasacha uile ag éirí as oibleagáidí ar fhorbróirí maidir le talamh a sholáthar do thithíocht shóisialta. Dhéanfaidh sé seo an suirbhé atá ar siúl a chomhlánú agus cuirfidh sé pictiúr soiléir ar fáil don Roinn faoin stoc ar láimh mar aon leis an stoc ar dóigh a bheidh ar fáil do sholáthar tithíochta sóisialta, agus aon cheangaltas ionchasach sa todhchaí.

Freagra na Roinne: Aontaímid. Leanfaidh an Roinn uirthi ag bailiú sonraí ina leith seo. Tá sé beartaithe athbhreithniú eile a dhéanamh ar cheangaltais mar chuid de phróiseas an phlean gnímh tithíochta le húdaráis áitiúla roimh dheireadh 2012.

Scéim Chomhiomlánaithe Talún

- 16.39** Cuireadh an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe (HFA) ar bun chun airgead a chur ar fáil do thithíocht do na húdaráis áitiúla, lena n-áirítear airgead chun go gceannódh na húdaráis talamh d'fhorbairt tithíochta inacmhainne agus sóisialta. B'ionann luach iomlán na n-iasachtaí a chuir an HFA ar fáil agus €4.36 billiún ar 31 Nollaig 2011. B'ionann iomlán na suime a bhí gan íoc ag údaráis áitiúla don HFA i leith talún a fháil do thithíocht inacmhainne agus shóisialta agus thart ar €500 milliún.¹¹
- 16.40** Faoi Scéim Chomhiomlánaithe Talún féadfaidh údaráis tithíochta, faoi réir ceadú a fháil ón Roinn, tailte do scéimeanna cónaithe a bhfuil iasachtaí amuigh orthu a aistriú ón HFA go dtí cuideachta shainchuspóireach ar a dtugtar Housing and Sustainable Communities Limited (HSC Ltd) nuair a thagann an tráth a mbeadh na hiasachtaí le fuascailt agus ar an mbonn nach bhfuil aon phleananna gearrthéarmacha nó meántéarmacha d'fhorbairt na talún chun críche tithíochta.¹² Nuair a tugadh an scéim isteach i dtosach d'fhéadfadh údaráis tithíochta an iasacht a fhuascailt ón HFA roimh an talamh a aistriú go HSC Ltd. Chuir an Roinn maoiniú ar fáil leis an iasacht a fhuascailt.
- 16.41** Tar éis aithbhreithnithe ar oibríocht na scéime agus ar an ngá a bhí le héifeachtúlacht níos mó a bhaint amach i leith a maoinithe cuireadh socruithe leasaithe don Scéim Chomhiomlánaithe Talún in áit i Meitheamh 2012. Cé go bhfeidhmeoidh an scéim go ginearálta mar a rinne ó tugadh isteach í, déanfar iasachtaí HFA a aistriú anois, ar dhul in aibíocht dóibh, ina n-iasachtaí bliantacha 25 bliain. Beidh an íocaíocht bhliantach seo a bheidh dlite ar na hiasachtaí seo le fáil ar ais ón Roinn ar an gcoinníoll gur glacadh leis an suíomh isteach sa scéim agus go bhfuil aistriú na talún go HSC Ltd tugtha chun críche.
- 16.42** Faoi Mheitheamh 2012, bhí an Roinn tar éis iarratais arbh fhiú thart ar €262.6 mhilliún iad (lena n-áirítear ús fabhráithe) a fháil ó 23 údarás agus ón nGníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta.¹³ Is ionann na hiarratais seo agus 121 suíomh agus 375 heicteár talún. Go dtí deireadh Meithimh 2012, cheadaigh an Roinn aistriú 47 suíomh go HSC Ltd agus d'íoc beagán thar €111 mhilliún chun na hiasachtaí rialtais áitiúil a fhuascailt ón HFA. Den 47 suíomh a cheadaíodh le cur san áireamh sa scéim tá 13 suíomh aistrithe go HSC Ltd agus tá naoi gcinn eile ag fanacht ar fhorghníomhú (tá na doiciméid chonarthacha dleathacha don aistriú sínithe). Tá an próiseas chun an talamh a aistriú don 25 suíomh atá fágtha ar siúl.

Fíor 16.8 Achoimre na Gníomhaíochta faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún go Meitheamh 2012

	Líon na n-iarratas	Líon na heicteár	Costas(€m)
Iarratais cheadaithe	47	172.7	111
díobh seo			
iarratais aistrithe	13	47.7	35
ag fanacht ar fhorghníomhú	9	30.5	20
próiseas ar siúl	25	94.5	56

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

11 €388 milliún do scéimeanna tithíochta s óisialta agus €112 milliún i leith scéimeanna tithíochta inacmhainne.

12 Bunaíodh Housing and Sustainable Communities Ltd, mar fho-cuideachta den Gníomhaireacht Foirgníochta Náisiúnta leis an talamh a aistríodh chuige ó údaráis áitiúla faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún a bhainistiú.

13 Bhí talamh faighte ag an NBA thar na blianta agus luach iasachta thart ar €4 milliún air. Ní fheidhmíonn NBA níos mó (cé gur ann di go dleathach i gcónaí) agus tá na feidhmeanna a bhí fanta aici aistrithe go dtí an Gníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe. Scoirfeadh an NBA go foirmiúil nuair a achtfar reachtaíocht phríomhúil ag leathnú feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe.

- 16.43** Íocadh thart ar €295,000 le HSC Ltd i leith costas riaracháin go Meitheamh 2012. Áirítear anseo na costais a bhaineann le hathbheithniú agus le measúnú a dhéanamh ar thailte a cuireadh ar aghaidh le cur san áireamh sa Scéim Chomhiomlánaithe Talún.
- 16.44** Bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe i Lúnasa 2012. Áirítear ar a feidhmeanna obair chomhairleach agus taighde, seirbhísí comhairleachta agus athghiniúna. Soláthraíonn an t-ordú bunaithe go ndéanfadh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh uirthi. Tá HSC Ltd freagrach i gcónaí as bainistíocht agus cothabháil tailte a aistríodh faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún.

Iarscríbhinn A Aistrithe ón rialtas lárnach go dtí na húdaráis áitiúla, de réir cláir chaiteachais 2007 go 2011

Aicme Caiteachais	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m
Athghiniúint Uirbeach agus Tithíochta					
Soláthar do thithíocht shóisialta	1,382	1,571	1,297	961	655
Tithíocht inacmhainne etc	64	89	94	84	68
Tacaíochtaí tithíochta eile	6	7	4	6	4
Athghiniúint uirbeach	20	5	1	—	—
	1,472	1,672	1,396	1,051	727
Seirbhísí Comhshaoil					
Seirbhísí uisce agus sláintíochta	529	544	558	535	464
Bainistiú Dramhaíola	28	27	8	11	11
Athchúrsáil	12	22	14	14	12
Bearta comhshaoil eile	11	15	29	16	18
	580	608	609	576	505
Cothabháil agus feabhsú bóithre					
Bóithre náisiunta	1,476	1,374	1,488	1,166	723
Bóithre nach bóithre náisiunta iad	623	616	455	412	453
	2,099	1,990	1,943	1,578	1,176
Seirbhísí oideachais					
Deontais ardoideachais	126	137	160	172	184
Aoisliúntas foireann mhúinteoireachta ar scor	146	164	219	217	171
	272	301	379	389	355
Áineas agus seirbhísí áitiúla eile					
Linnte snámha	25	20	11	3	10
Seirbhís leabharlainne	17	15	9	6	7
Deontais spóirt, páirceanna súgartha agus tionsadail chultúrtha	9	7	10	21	9
Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála	24	24	20	19	12
Seirbhísí oidhreacht (oidhreacht ailtireachta)	7	8	6	5	1
Seirbhísí Míchumais	15	15	12	7	—
Seirbhísí caipitil ilghnéitheacha	19	31	2	12	1
Seirbhísí ilghnéitheacha	15	20	6	7	6
	131	140	76	80	46
Deontais ilfhóinteacha	948	999	850	777	700
Maoiniú iomlán a soláthraíodh d'údaráis áitiúla	5,502	5,710	5,253	4,451	3,509

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an Roinn Oideachais agus Scileanna; an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta; an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; ráitis airgeadais an Chiste Rialtais Áitiúil agus an Chiste Comhshaoil (2011 neamh-iniúchta.)

Iarscríbhinn B Leibhéal na Cóireála a Soláthraíodh in 2010

Údarás áitiúil	Líon na n-ionad	Leibhéal na cóireála a soláthraíodh		
		Gan chóireáil nó réamhchóireáil	Príomh-úil	Tánaisteach/tánaisteach agus cothaitheach
Cathair Chorcaí	1	—	—	1
Cathair Bhaile Átha Cliath	1	—	—	1
Dún Laoghaire/ Rath an Dúin	1	1	—	—
Cathair na Gaillimhe	1	—	—	1
Cathair Luimnigh	1	—	—	1
Cathair Phort Láirge	1	—	—	1
Ceatharlach	12	—	—	12
An Cabhán	16	—	—	16
An Clár	22	5	—	17
Corcaigh	73	11	12	50
Dún na nGall	36	6	11	19
Fine Gall	9	2	2	5
Gaillimh	22	4	3	15
Ciarraí	25	—	13	12
Cill Dara	13	—	1	12
Cill Chainnigh	21	1	5	15
Laois	14	—	—	14
Liatroim	8	—	—	8
Luimneach	25	—	5	20
Longfort	7	—	2	5
Lú	14	—	—	14
Maigh Eo	32	2	2	28
An Mhí	23	—	—	23
Muineachán	14	—	—	14
Uíbh Fhailí	14	—	—	14
Ros Comáin	13	—	—	13
Sligeach	16	—	2	14
Tiobraid Árann Thuaidh	12	—	—	12
Tiobraid Árann Theas	14	—	1	13
Port Láirge	12	2	4	6
An Iarmhí	15	—	—	15
Loch Garman	27	2	4	21
Cill Mhantáin	23	2	1	20
Iomlán	538	38	68	432

Iarscríbhinn C Caighdeáin a Chomhlíonadh in 2010

Údarás áitiúil	Líon iomlán na n-ionad	Chomhlíon na caighdeáin	Gan chóireáil thánaisteach	Níor chomhlíon na caighdeáin		
				Iomlán	Líon na samplaí	Cáilíocht
Cathair Chorcaí	1	1	—	—	—	—
Cathair Bhaile Átha Cliath	1	—	—	1	—	1
Dún Laoghaire/ Rath an Dúin	1	—	1	—	—	—
Cathair na Gaillimhe	1	1	—	—	—	—
Cathair Luimnigh	1	1	—	—	—	—
Cathair Phort Láirge	1	1	—	—	—	—
Ceatharlach	12	8	—	4	1	4
An Cabhán	16	10	—	6	—	6
An Clár	22	8	5	9	—	9
Corcaigh	73	30	23	20	2	18
Dún na nGall	36	6	17	13	2	12
Fine Gall	9	2	4	3	1	2
Gaillimh	22	8	7	7	1	6
Ciarraí	25	11	13	1	1	—
Cill Dara	13	10	1	2	—	2
Cill Chainnigh	21	6	6	9	1	8
Laois	14	2	—	12	2	12
Liatroim	8	3	—	5	1	5
Luimneach	25	4	5	16	3	16
Longfort	7	5	2	—	—	—
Lú	14	10	—	4	1	3
Maigh Eo	32	18	4	10	1	9
An Mhí	23	9	—	14	3	12
Muineachán	14	10	—	4	1	4
Uíbh Fhailí	14	11	—	3	—	3
Ros Comáin	13	5	—	8	1	7
Sligeach	16	6	2	8	1	7
Tiobraid Árann Thuaigh	12	9	—	3	—	3
Tiobraid Árann Theas	14	10	1	3	2	1
Port Láirge	12	4	6	2	—	2
An Iarmhí	15	12	—	3	—	3
Loch Garman	27	13	6	8	—	8
Cill Mhantáin	23	16	3	4	—	4
Iomlán	538	250	106	182	25	167^a

Nóta: a Níor tógadh go leor samplaí chun ceanglais na Treorach a chomhlíonadh i ndeich n-ionad, ach bhí go leor samplaí sna cásanna sin le deimhniú gur theip ar an sceitheadh na caighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh freisin.

17 An Ciste Eopach um Choigeartú don Domhandú

- 17.1** Le fiche nó tríocha bliain anuas, d'fhág an próiseas dírialaithe i gcomhcheangal le teicneolaíocht chumarsáide a bhí feabhsaithe go mór, go raibh domhandú margaí infheistíochta agus airgeadais de thoradh air agus inaistritheacht idirnáisiúnta mhéadaithe chaipitil. Tá fás láidir tar éis teacht ar thrádáil idirnáisiúnta seirbhísí agus d'fhág an maolú ar shrianta trádála go bhfuil deiseanna ann do thionscail déantúsaíochta athlonnú go dtí ceantair ina mbraitear go bhfuil costais táirgeachta níos ísle.
- 17.2** Cé gur chuir domhandú go suntasach le fás eacnamaíoch go hidirnáisiúnta, bhí iarmhairtí diúltacha aige d'oibrithe lagcháilithe in earnálacha agus i dtíortha áirithe. In Éirinn, dúnadh roinnt fiontar déantúsaíochta agus seirbhíse ardphróifíil in 2009, na gnólachtaí á n-athlonnú go dtí dlínsí eile agus iomarcaíochtaí substaintiúla. Go luath in 2009, dhún an déantúsóir ríomhaire Dell a mhonarcha déantúsaíochta i Luimneach a raibh thart ar 2,000 iomarcaíocht de thoradh air. Laghdaigh Waterford Crystal a láithreacht i bPort Láirge a raibh breis agus 600 iomarcaíocht de thoradh air agus dhún SR Technics a oibríocht ag aerfort Bhaile Átha Cliath tráth ar cailleadh breis agus 1,000 post. Go deireanach in 2011, dhún an t-oibreoir lárionaid glaonna, Talk Talk a n-áitribh i bPort Láirge agus chaill breis agus 570 duine a bpoist. Bhí tionchar ag an dúnadh ar sholáthraithe earraí agus ar sheirbhísí na gcuideachtaí freisin ar éirigh tuilleadh iomarcaíochtaí iarmhartacha dá mbarr.
- 17.3** Bhí tionchair shuntasacha earnálacha ag an ngéarchéim sa chóras airgeadais domhanda ó 2007 ar mhargadh saothair na hÉireann chomh maith. Tharla sé seo go háirithe san earnáil foirgníochta áit ar thit fostaíocht ó 280,000 in 2007 go dtí thart ar 150,000 faoi lár 2009. Lean an titim ar an bhfostaíocht san earnáil sin agus níl ach beagán thar 100,000 duine fostaithe sa bhfoirgníocht anois.
- 17.4** Mar fhreagra ar na deacrachtaí a bhí ag oibrithe a ndeachaigh iomarcaíochtaí i bhfeidhm orthu ag éirí as athruithe i bpatrúin trádála domhanda, bhunaigh an tAontas Eorpach Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (dá ngairtear an EGF) i Nollaig 2006. Is í aidhm an EGF, atá inrochtaine ag ballstáit uile an AE, tacaíocht shonrach aonuaire a sholáthar chun oibrithe a ath-imeascadh sa bhfostaíocht i réimsí, in earnálacha nó i réigiúin atá ag fulaingt de bharr míshocrachta eacnamaíche tromchúisí. Tá sé d'aidhm aige freisin fiontraíocht a chur chun cinn, mar shampla trí sholáthar micrichreidmheasa nó tacaíochta do bhunú tionscadal i gcomhar.
- 17.5** Suas go dtí deireadh Nollaig 2011, chuir an Coimisiún Eorpach 65% de chostas beart incháilithe ón EGF ar fáil, agus an 35% a bhí fanta ag teacht ó acmhainní ballstáit náisiúnta/áitiúla.¹ Tá maoiniú ar fáil do bhearta gníomhachtúcháin reatha agus saincheaptha an mhargaidh saothair, an fhaid is a gcuirtear ar fáil iad do spriocghrúpaí incháilithe oibrithe. D'fhéadfadh go mbeadh liúntas tacaíochta ioncaim le linn rannpháirtíochta i mbearta gníomhachtúcháin incháilithe do mhaoiniú EGF freisin.

1 Baineann ranníocaíocht EGF de 50% de chostais le hiarratais a fuair Coimisiún an AE tar éis 30 Nollaig 2011.

- 17.6** Tá freagracht fhoriomlán ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) anois as cúnamh a lorg faoin EGF, agus as a mhaoirseacht agus a íoc amach in Éirinn.² Cuireann roinnt comhlachtaí tacaíochta oiliúna, oideachais agus fiontair, lena n-áirítear FÁS, na coistí gairmoideachais (VECanna), comhlachtaí oideachais tríú leibhéal, boird fiontar contae (CEBanna) agus soláthraithe oiliúna príobháideacha bearta gníomhachtúcháin saothair incháilithe i bhfeidhm.
- 17.7** Rinneadh iarratais ar mhaoiniú EGF i leith beart chun cuidiú le hoibrithe a ndearnadh dífead dóibh ag dúnadh Dell, Waterford Crystal, SR Technics agus Talk Talk, agus le hoibrithe áirithe san earnáil foirgníochta.³ Go dtí seo fuarthas €61 mhilliún i maoiniú EGF i leith na n-iarratas seo. Scrúdaíonn an chaibidil seo
- monatóireacht na gclár
 - ráta glactha an chláir ag oibrithe spriocdhírithe
 - a mhéid agus a cuireadh bearta gníomhachtúcháin i bhfeidhm do na spriocghrúpaí
 - measúnú na Roinne ar thorthaí na hidirghabhála ar na spriocghrúpaí
 - tarraingt anuas maoiniú AE ar fáil.

Imlíne na gClár

- 17.8** Léirigh meastacháin a rinneadh tráth ar cuireadh iarratais isteach ar thacaíocht EGF go raibh iomlán 14,300 spriocoibri i gceist (féach Fíor 17.1). Laghdaigh an Roinn a meastachán ar iomarcaíochtaí incháilithe ó shin thart ar 3% go dtí iomlán thart ar 13,900. Baineann an chuid is mó den laghdú leis an gclár foirgníochta áit a mheasann an Roinn anois go bhfuil leibhéal na n-iomarcaíochtaí thart ar 8,780.

Fíor 17.1 Iarratais EGF na hÉireann de réir Cláir 2009 go 2012

Clár	Líon na n-oibrithe iomarcach ^a		
	Sa chuideachta/ san earnáil	I gcuideachtaí soláthraithe	Iomlán
Dell	2,000	840	2,840
Waterford Crystal	627	26	653
SR Technics	1,135	—	1,135
Foirgníocht ^b	9,089	—	9,089
Talk Talk	573	19	592
Iomlán	13,424	885	14,309

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Iarratais EGF

Nótaí: a Meastacháin ag dáta an iarratais (leasaithe ina dhiaidh sin).

b Tá trí iarratas bainteach le foirgníocht sa chlár foirgníochta. Ba iad seo scéimeanna d'oibrithe iomarcacha incháilithe i dtógáil foirgneamh; gníomhaíochtaí foirgníochta speisialaithe; agus gníomhaíochtaí innealtóireachta agus ailtireachta.

2 Faoi Ordú Oiliúna Scileanna Seirbhíse agus Fostaíochta (Aistriú Riaracháin Roinne agus feidhmeanna Aireachta) 2010 (IR 187 de 2010) aistríodh feidhmeanna áirithe lena n-áirítear bainistíocht EGF ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (ag an am) go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna i mBealtaine 2010.

3 Is í an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (mar a bhí) a rinne na hiarratais i leith clár Dell, Waterford Crystal agus SR Technics. Tar éis athruithe i bhfreagracht roinne, is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a rinne na hiarratais don earnáil foirgníochta agus do Talk Talk.

Iomarcaíochtaí Soláthraithe agus Iartheachtacha


- 17.9** Féadfaidh iomarcaíochtaí i gcuideachtaí soláthraithe agus iartheachtacha a bheith de thoradh ar scor no ar laghdú oibríochtaí ar mhórscla i gcuideachta. Soláthraíonn an EGF do thacaíocht do na hoibrithe seo ar fágadh iomarcach iad nuair is féidir an nasc idir na hiomarcaíochtaí a bhunú. Bhí an nasc aitheanta is mó in iarratas Dell áit ar aithníodh 840 oibrí ar fágadh iomarcach iad in ocht gcuideachtaí eile. D'aithin iarratais Waterford Crystal agus Talk Talk líon beag iomarcaíochtaí i dtí chuideachta eile i ngach cás. Níor aithníodh aon iomarcaíochtaí i soláthraithe nó i dtáirgeoirí iartheachtacha in iarratas SR Technics.
- 17.10** I gcás na gclár foirgníochta, ní raibh aon iomarcaíochtaí i gcuideachtaí soláthraithe nó iartheachtacha san áireamh. Ach bhí na hiarratais foirgníochta bainteach le 3,272 cuideachta in iomlán san earnáil.
- 17.11** Thug measúnú AE ar an EGF ar aird i 2011 an deacracht a bhain le hoibrithe a bhí á ndéanamh iomarcach i gcuideachtaí soláthraithe a chur san áireamh.⁴ Bhain sé seo go príomha leis an deacracht cuideachtaí agus oibrithe a ndearnadh dífear dóibh a aithint. Thug sé ar aird freisin nár tugadh cúnamh de ghnáth d'oibrithe ar théarma seasta nó d'oibrithe gníomhaireachta toisc nach ndearnadh a gconarthaí a athnuachan go minic roimh dhúnadh deiridh cuideachta nó oll-iomarcaíochtaí.

Amlínte Clár

- 17.12** Mar chuid de na ceanglais incháilitheachta do mhaoiniú EGF, bheadh gá le 500 cás iomarcaíochta ar a laghad i bhfiontar áirithe i dtréimhse cheithre mhí, nó in earnáil tionscail incháilithe i réimse geografach i rith tréimhse naoi mí (an tréimhse tagartha). Féadfaidh an clár bearta gníomhachtúcháin saothair tosú a luaithe agus a tharlaíonn na hiomarcaíochtaí agus ní mór é a thabhairt chun críche laistigh de dhá bhliain ó dháta an iarratais (an tréimhse fheidhmithe). Caithfear tuarascáil dheiridh a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh sé mhí tar éis deireadh na tréimhse feidhmithe. Féadfaidh an EGF bearta cúnamh a soláthraíodh d'oibrithe iomarcacha incháilithe, roimh faomhadh AE a fháil, a mhaoiniú go cúlghabhálach má ghactar leis an iarratas. Leagtar amlínte do seacht gclár EGF amach i bhFíor 17.2.

4 European Commission, *Mid-term Evaluation of the European Globalisation Adjustment Fund*, December 2011.

Fíor 17.2 Amlíne d'iarratais EGF na hÉireann 2009 go 2012



17.13 I gcásanna Dell, Waterford Crystal agus SR Technics, cuireadh tús le soláthar seirbhísí tráth na hiomarcaíochta, agus roimh faomhadh AE.

17.14 Bhí oibrithe foirgníochta a rinneadh iomarcach idir Iúil 2009 agus Márta 2010 ina n-ábhair iarratais aonair a rinneadh ar an AE i Meitheamh 2010. Ach theastaigh iarratais ar leith bunaithe ar fhoearnáil tionscail na n-oibrithe a ndearnadh iomarcach iad. I bhFeabhra 2011, chuir an Roinn trí iarratas ar leith isteach do mhaoiniú d'oibrithe incháilithe (lena n-áirítear printísigh) a rinneadh iomarcach ó chuideachtaí a bhí i mbun tógáil foirgneamh, gníomhaíochtaí foirgníochta speisialaithe agus seirbhísí ailtireachta. Fuarthas faomhadh AE i Samhain 2011. Níor tugadh fógra d'oibrithe incháilithe go dtí Nollaig 2011, tamall gearr sular deimhníodh an faomhadh. Tharla sé seo sé mhí roimh dheireadh an chláir i Meitheamh 2012.

17.15 Chuir an Roinn tús le cur i bhfeidhm seirbhísí d'oibrithe Talk Talk ar fágadh iomarcach iad i Meán Fómhair 2011 nuair a fógraíodh na hiomarcaíochtaí. Cuireadh an t-iarratas ar mhaoiniú EGF isteach i bhFeabhra 2012 agus fuair faomhadh ón gCoimisiún Eorpach i Iúil 2012. Ach táthar ag fanacht ar fhaomhadh Chomhairle agus Pharlaimint na hEorpa faoi láthair. Beidh feidhm leis an gclár go dtí Feabhra 2014.


Monatóireacht agus Tuairisciú Clár

- 17.16** Aithníonn an Roinn iarratais ionchasacha EGF trí mhonatóireacht a dhéanamh ar eolas faoin iomarcaíocht a chuireann an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta, ar fáil di mar aon le tuairiscí ó na meáin agus ó ionadaithe poiblí. Nuair a aithnítear iarratas ionchasach cruthaíonn an Roinn bunachar sonraí na ndaoine aonair seo agus úsáid á baint go príomha as sonraí a fhaightear ón Rannóg Íocaíochtaí Iomarcaíochta den Roinn Coimirce Sóisialaí. Os rud é go bhféadfadh nach bhfuil gach duine incháilithe d'íocaíochtaí iomarcaíochta a dtacaíonn an Stát leo, faightear sonraí freisin ó ghníomhaireachtaí Stáit eile agus ó fhógraí iomarcaíochta ó chuideachtaí.
- 17.17** Le linn cur i bhfeidhm an chlár, bíonn an Roinn ag brath ar ghníomhaireachtaí Stáit agus ar chomhlachtaí feidhmithe eile chun taifid rannpháirtithe a thabhairt cothrom le dáta le sonraí idirghabhála iomchuí. Rinne FÁS bainistíocht ar bhunachar sonraí EGF Dell agus d'fhostaigh comhordaitheoir neamhspleách a bhí bainteach lena oifig Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla chun taifid Waterford Crystal a bhainistiú. Déanann FÁS bainistíocht ar shonraí clár Talk Talk faoi láthair. Chomhordaigh cuideachta phríobháideach na taifid do chlár SR Technics ó Mheitheamh 2011, a foinsíodh trí phróiseas tairiscintí íomaíocha, agus tá na sonraí do na trí chlár foirgníochta á mbainistiú ag an gcuideachta seo faoi láthair chomh maith.
- 17.18** Toisc go bhféadfadh go ndeachaigh oibrithe iomarcacha incháilithe i ngleic go díreach le soláthraithe seirbhísí, tá cothabháil bunachar sonraí rannpháirtithe agus costas cothrom le dáta ag brath ar aistriú sonraí óna soláthraithe seirbhíse seo chuig aonad comhordaithe an EGF nó comhordaitheoir nó bainisteoir sonraí ainmnithe eile. Is minic go mbíonn eatraimh fhada idir cur isteach na sonraí seo.
- 17.19** Éilíonn Coimisiún an AE tuarascáil dheiridh maidir le cur i bhfeidhm ranníocaíochta airgeadais EGF, mar aon le ráiteas a sheasann leis an gcostas, a chaithfear a chur isteach tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis deireadh na tréimhse feidhmithe. Tá tuarascálacha deiridh curtha chuig Choimisiún an AE do chlár Dell, Waterford Crystal agus SR Technics. Tugadh na trí chlár foirgníochta chun críche i Meitheamh 2012 agus caithfidh tuarascálacha deiridh do gach ceann de na clár seo a bheith istigh faoi Nollaig 2012.
- 17.20** Bhí an t-imscrúdú seo ag brath ar eolas sna trí thuarascáil dheiridh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin agus ar shonraí rannpháirtíochta a chuir an Roinn ar fáil mar aon le hathbhreithnithe agus eolas eile a bhí ar fáil.
- 17.21** Ní raibh nósanna imeachta caighdeanaithe ag an Roinn do thiomsú sonraí bríoch rialta maidir le líon na ndaoine aonair a bhí rannpháirteach, na hidirghabhálacha a soláthraíodh nó na costais ábhartha a tabhaíodh do na trí chlár foirgníochta. Dá thoradh seo ní raibh sonraí maidir leis na clár seo ar fáil chun críche anailíse i rith an imscrúdaithe. Mhaigh an Roinn nach mbeidh sonraí aschuir ar fáil ach i gcomhthéacs ullmhaithe agus taiscthe na tuarascála deiridh chuig Coimisiún an AE faoi Nollaig 2012.
- 17.22** Cé gur thug an Roinn breac-chuntas ar na nósanna imeachta tuairiscithe a cuireadh i bhfeidhm do chlár Talk Talk, ní raibh ach sonraí teoranta ar fáil chun críche anailíse sa scrúdú seo.

Rannpháirtíocht sna Cláir

- 17.23** Leagann eolas a áiríodh i dtuarascálacha deiridh na Roinne do Choimisiún an AE amach líon na ndaoine aonair a bhí rannpháirteach i ngach clár. Áirítear go raibh duine rannpháirteach má bhaineadar leas as aon cheann de thacaíochtaí nó de bhearta an chláir, gairmthreoir san áireamh. Léiríonn Fíor 17.3 an céatadán d'oibrithe ar fágadh iomarcach iad a bhí rannpháirteach sna trí chlár a tugadh chun críche.

Fíor 17.3 Rannpháirtíocht i gClár^a



Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: a Rinneadh leasú ar na sonraí a cuireadh ar fáil ó cuireadh tuarascálacha deiridh na Roinne faoi bhráid an AE.

- 17.24** Thit an ráta rannpháirtíochta clár ó bheagán os cionn 90% i gcás clár Dell go 76% do SR Technics. I dtuarascáil dheiridh SR Technics chuig an AE, thug an Roinn ar aird go raibh aonad tiomanta comhordaithe ann, a cheadaíonn cur chuige níos comhordaithe thar soláthraithe seirbhíse agus a chinntíonn sreabhadh eolais maidir le dul chun cinn cláir, i gcás clár Dell agus Waterford Crystal ach ní do chlár SR Technics. Ach thug an Roinn ar aird áfach, gur lean soláthraithe seirbhíse le cur chun cinn gach idirghabháil, fiú gan aonad comhordaithe a bheith ann, ar feadh tréimhse cláir SR Technics. Chinn an tuarascáil go bhfuil cumarsáid shoiléir idir gníomhaireachtaí stáit, soláthraithe seirbhíse agus oibrithe a ndearnadh difear dóibh i rith céimeanna iarratais, faofa agus seachadta, lárnach chun a chinntiú go ndéantar clár éifeachtach de thacaíochtaí pearsantaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.
- 17.25** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sé d'aidhm ag an Roinn glacadh na gclár a uasmhéadú agus tá bearta á nglacadh aici in iarratas Talk Talk chun rannpháirteachas oibrithe a fheabhsú, lena n-áirítear bearta treoracha feabhsaithe mar aon le solúbthacht níos mó laistigh den chlár. Ach tá meas ag an Roinn freisin ar cheart gach duine aonair gan a bheith rannpháirteach.

Gairmthreoir

- 17.26** Aithníodh gairmthreoir mar idirghabháil a bhí ríthábhachtach go luath sa phróiseas gníomhachtaithe saothair. Is éard atá ann ná agallamh treorach a chuireann FÁS ar fáil de ghnáth, chun plé a dhéanamh ar chúrsaí oiliúna, deiseanna fostaíochta agus gníomhartha eile ag díriú ar chlár comhaontaithe chun ionchais an duine aonair atá ag filleadh ar an obair a fheabhsú. Ní réamhriachtanas í rannpháirtíocht i ngairmthreoir chun leas a bhaint as bearta agus tacaíochtaí cláir. Ach d'aithin measúnú meántéarma AE ar an EGF próifiliú luath an oibrí agus forbairt phlean aonair tacaíochta mar phríomhthoisic ratha san athfhostú.
- 17.27** Comhordaíonn an Roinn sonraí ar líon na n-agallamh gairmthreorach a chuirtear ar fáil. Ach ní thaifeadann sí a mhéid is a bhain daoine aonair leas as níos mó ná agallamh treorach amháin. Leagann Fíor 17.4 amach na meastacháin is deireanaí on Roinn maidir le líon na ndaoine aonair a bhain leas as treoir sna trí chlár atá tugtha chun críche.

Fíor 17.4 Glacadh Gairmthreorach de réir an Chláir

Clár EGF	Líon na n-oibrithe iomarcach (leasaithe)	Oibrithe a bhain leas as treoir (seisiún amháin nó níos mó)		Costas ^a €000
		Líon	%	
Dell	2,883	2,585	90%	192
Waterford Crystal	639	516	81%	64
SR Technics	1,006	619	62%	25
Foirgníocht	8,779			462
Talk Talk	592			54
Iomlán	13,899	3,720	82%	797

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Níl sonraí deireadh tréimhse do na cláir foirgníochta nó Talk Talk ar fáil.

Nóta: a Is ionann costas na treorach i leith Dell, Waterford Crystal agus SR Technics agus an méid a tuairiscíodh i dtuarascálacha deiridh chuig Coimisiún an AE. Úsáideadh meastacháin bhuiséid do na cláir foirgníochta agus Talk Talk.

- 17.28** Tháinig deireadh leis na cláir foirgníochta i Meitheamh 2012, dhá bhliain tar éis go ndearnadh na buniarraí. Ní dheachaigh an t-aonad comhordaithe foirgníochta i mbun oibríochtaí go dtí Nollaig 2011, tar éis faomhadh AE ar na hiarratais. Bhí 808 oibrí incháilithe tar éis dul i dteagmháil leis an aonad comhordaithe faoi dheireadh Aibreáin 2012 agus bhí 36 díobh seo tar éis a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí treorach agus bhí 19 eile ag fanacht ar threoir. Níl ar chumas na Roinne staitisticí a chur ar fáil maidir le líon na n-oibrithe foirgníochta iomarcacha a bhain leas as gairmthreoir seachas tríd an aonad comhordaithe. Dúirt an Roinn go bhfuil mionsonraí faoi seo agus sonraí idirghabhála eile á gcur le chéile ag soláthraithe seirbhíse faoi láthair i gcomhthéacs tuarascálacha deiridh na Roinne atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.
- 17.29** Chuir an Roinn oibrithe Talk Talk a ndearnadh iomarcach iad ar an eolas faoi incháilitheacht ionchasach do bhearta tacaíochta EGF i Márta 2012 agus bhunaigh FÁS aonad comhordaithe tiomanta ag an am sin. Go dtí Iúil 2012 bhí iomlán 284 duine aonair tar éis dul i dteagmháil leis an aonad.

Seachadadh Beart

- 17.30** Chuir pleananna tacaíochta oibrí aonair a forbraíodh i rith gairmthreorach creat ar fáil do sheachadadh na dtacaíochtaí éagsúla a bhí ar fáil. Is féidir raon na mbearta réamhachtúcháin agus tacaíochtaí a roinnt i dtrí chatagóir leathana mar a leanas
- Cláir oiliúna agus liúntais – á gcur ar fáil ag FÁS, ag údaráis áitiúla agus VECanna, agus cúrsaí á gcur ar fáil ag coláistí príobháideacha nach gcuireann gníomhaireacht Stáit ar fáil.
 - Oideachas tríú leibhéal – á chur ar fáil ag ollscoileanna agus forais teicneolaíochta mar aon le tacaíochtaí ioncaim, i gcás gur chuí, curtha ar fáil ag gníomhaireachtaí mar VECanna agus an Roinn Coimirce Sóisialaí.
 - Tacaíochtaí fiontraíochta agus féinfhostaíochta – cuireann CEBanna tacaíocht ar fáil do mhionfhiontair nuathionscanta trí thacaíocht airgeadais a chur ar fáil mar aon le cláir oiliúna, forbairt bainistíochta agus meantóireachta.
- 17.31** Bhí roinnt mhaith de na bearta agus na tacaíochtaí ar fáil go héasca cheana acu siúd atá dífhostaithe. Bhí roinnt beart suntasach, mar chláir oiliúna, inteirneachtaí, deontais oiliúna agus ardoideachais saincheaptha chun freastal ar riachtanais rannpháirtithe EGF. D'fhéadfadh oibrithe iomarcacha leas a bhaint as beart amháin nó níos mó laistigh nó idir gach catagóir bearta réamhachtúcháin. Áirítear gur idirghabháil gach beart a mbaintear leas as.

Rannpháirtíocht i mBearta

- 17.32** Leagtar líon na ndaoine aonair a bhí rannpháirteach i ngach catagóir beart amach i bhFíor 17.5.

Fíor 17.5 An Líon Rannpháirteach i gCláir de réir Gach Cineál Beart^a

	Dell	Waterford Crystal	SR Technics	Iomlán
Líon na n-iomarcaíochtaí (leasaithe)	2,883	639	1,006	4,528
Líon na rannpháirtithe i mbearta	1,583	363	498	2,444
An ráta rannpháirtíochta i mbearta	55%	57%	50%	54%
An ráta rannpháirtíochta de réir an chineáil bhirt^b				
Oiliúint	45%	51%	38%	45%
Oideachas Tríú Leibhéal	13%	5%	18%	13%
Gnóthas Tionscanta	11%	13%	7%	10%

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nótaí: a Gan gairmthreoir san áireamh.

b D'fhéadfadh go bhfuair rannpháirtithe níos mó ná idirghabháil amháin.

- 17.33** Is iad na bearta oiliúna a mheall an céatadán is airde rannpháirtithe le meán 45% thar na trí chlár. Ghlac céatadán níos airde de rannpháirtithe Dell agus Waterford Crystal páirt i mbeartas tionscanta gnó ná i gclár SR Technics. Bhí iontaoibh in oideachas tríú leibhéal níos airde go comhréireach in Dell agus SR Technics ná i Waterford Crystal.
- 17.34** Cuireadh cláir tríú leibhéal staidéir san áireamh i gcláir EGF, suas le dhá bhliain de ghnáth, agus bhí sé beartaithe go scoirfí den mhaoiniú poiblí do tháillí teagaisc ansin. Dúirt an Roinn gur cuireadh maoiniú do tháillí teagaisc do bhliain acadúil bhreise as acmhainní an Stáit ar fáil, gan maoiniú EGF, do roinnt oibrithe iomarcacha faoi chlár Dell agus SR Technics.

- 17.35** Mheas na hiarratais a cuireadh isteach i leith clár foirgníochta agus Talk Talk go nglacfadh 5,987 agus 432 duine aonair faoi seach, páirt sna bearta. Tá na rátaí rannpháirtíochta measta de réir an chineáil bhirt, á léiriú mar chéatadán de na hoibrithe iomarcacha iomlána leagtha amach i bhFíor 17.6.

Fíor 17.6 Ráta Rannpháirtíochta Measta de réir an Chineáil Bhirt – Cláir Foirgníochta agus Talk Talk

	Foirgníocht	Talk Talk
Rannpháirtíocht Mheasta		
Oiliúint	87%	87%
Oideachas Tríú Leibhéal	2%	19%
Gnóthas Nuathionscanta	17%	63%

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna – iarratais EGF curtha faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh

- 17.36** Tá na leibhéil mheasta rannpháirtíochta i mbearta don dá chlár seo níos airde ar an iomlán ná na leibhéil a baineadh amach sna scéimeanna a críochnaíodh, agus léiríonn siad comhchruinniú trom ar idirghabhálacha oiliúna. Bhíodhas ag ceapadh go mbainfeadh beagnach dhá thrían d'oibrithe Talk Talk leas as tacaíochtaí tionscanta gnó. Meastar nach nglacfaidh ach 2% d'oibrithe foirgníochta leas as deiseanna oideachais tríú leibhéal.
- 17.37** Maidir le trí chlár foirgníochta EGF, idir Nollaig 2011 agus Aibreán 2012, bhí 337 duine aonair páirteach i ngníomhaíochtaí oiliúna tar éis cumarsáide leis an aonad comhordaithe tiomanta. Tarmligeadh 59 duine aonair eile chuig an Údarás um Ard-Oideachas, FÁS nó CEBanna do sholáthar beart. Níl aon eolas ar fáil maidir le bearta a seachadadh chuig oibrithe foirgníochta nár seoladh tríd an aonad comhordaithe. Dúirt an Roinn go bhfuil sonraí ina leith siúd a bhain leas as seirbhísí roimh fhaomhadh na gclár, á gcur le chéile i gcomhthéacs cur isteach na tuarascála deiridh a chaithfear a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach i Nollaig 2012.
- 17.38** Taobh amuigh d'eolas maidir le deontais d'oiliúint i gcoláistí príobháideacha a faomhadh do 39 oibrí incháilithe Talk Talk, níl ach eolas teoranta ar fáil go lárnach ar an rannpháirtíocht go dtí seo i mbearta faoin gclár sin. Ach mhaígh an Roinn go dtabharfaí eolas maidir le rannpháirtíocht i mbearta atá ar fáil san aonad comhordaithe Talk Talk cothrom le dáta ar bhunachar sonraí de chuid FÁS gach dhá mhí agus go bhfaighidh an Roinn tuarascálacha gníomhaíochta rialta on aonad comhordaithe.

Costais Beart

- 17.39** Bhain costas beagán thar €20 milliún le bearta réamhachtúcháin a sheachadadh do na trí chlár a bhí tugtha chun críche. Léiríonn Fíor 17.7 an costas in aghaidh an chineáil bhirt fhoriomláin do na cláir chríochnaithe bunaithe ar eolas faoi chostas i dtuarascálacha deiridh na Roinne a cuireadh faoi bhráid an AE agus eolas ar rannpháirtithe a soláthraíodh don scrúdú seo.
- 17.40** Áirítear i gcaiteachas foriomlán na dtrí chlár a tugadh chun críche €6.6 milliún (32%) bainteach le tacaíochtaí ioncaim, mar dheontais chothabhála mac léinn, liúntais filleadh ar an oideachas agus liúntais oiliúna. Ar an meán léirigh caiteachas ar liúntais 60% de chaiteachas iomlán 15 clár a athbhreithníodh i measúnú 2011 an AE.

Fíor 17.7 Costas Gach Cineál Birt - Cláir a Tugadh Chun Críche^a

	Dell	Waterford Crystal	SR Technics	Iomlán
	€m	€m	€m	€m
Oiliúint	5.8	1.6	2.0	9.4
Oideachas Tríú Leibhéal	4.0	0.4	1.8	6.2
Gnóthas tionscanta	3.2	0.9	0.6	4.7
An Costas Iomlán	13.0	2.9	4.4	20.3
An meán in aghaidh an rannpháirtithe				
Oiliúint	€4,400	€5,000	€5,200	€4,700
Oideachas Tríú Leibhéal	€10,700	€12,700	€9,900	€10,600
Gnóthas tionscanta	€10,700	€10,700	€7,800	€10,200

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: a Gan gairmthreoir san áireamh.

17.41 Is ionann costais oiliúna agus 46% de na costais uile thar na trí chlár. Tá costas beart oiliúna in aghaidh an rannpháirtithe cuid mhór níos ísle ná costais oideachais tríú leibhéal nó gnóthais tionscanta. Bhí costais oideachais tríú leibhéal in aghaidh an rannpháirtithe níos airde d'oibrithe Waterford Crystal. Is sa chlár SR Technics ab ísle na costais do ghnóthas tionscanta.

17.42 Bhí coinne sna hiarratais don chlár foirgníochta le caiteachas €51 milliún ar bhearta. Bhí coinne le caiteachas €5 milliún ar bearta in iarratas Talk Talk.

Measúnú ar Thorthaí na gClár

17.43 Tá sonraí beachta teoranta ann ar na torthaí don 3,930 duine aonair a bhí rannpháirteach sna trí scéimeanna a tugadh chun críche. Rinneadh suirbhéanna ar rannpháirtithe thar ceann na Roinne lena stádas reatha eacnamaíoch a fháil amach chun a chur sna tuarascálacha deiridh. Ar bhonn na modheolaíochtaí suirbhé a úsáideadh agus na rátaí freagartha ísle ar an suirbhé, ní léir go dtugann aon cheann de na bunachair shonraí do na trí chlár atá tugtha chun críche, táscairí iomlána iontaofa ar na torthaí do rannpháirtithe i gcláir EGF.

- De bharr ráta neamhfhreagartha de 42%, ní raibh an Roinn ábalta na torthaí a aithint go beacht do líon suntasach na rannpháirtithe i gclár Dell. Thairfead an bunachar sonraí go raibh 21% de rannpháirtithe fostaithe nó féinhostaithe, go raibh 9% san oideachas agus go raibh 3% tar éis an fórsa oibre a fhágáil nuair a tugadh an clár chun críche (Meitheamh 2011). Ní dhearna an Roinn aon seiceáil trasthagartha le sonraí na Roinne Coimirce Sóisialaí chun rannpháirtithe a aithint a bhí dífhostaithe nó a bhí tar éis an fórsa oibre a fhágáil.
- Maidir le clár Waterford Crystal, bhí an Roinn ag brath ar fhiosruithe áitiúla a rinne comhordaitheoir an EGF, anuas ar shonraí a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a léirigh na rannpháirtithe a bhí dífhostaithe nó a bhí tar éis an fórsa oibre a fhágáil. Ní fhéadfaí torthaí a chinneadh do 40% de na rannpháirtithe. Thairfead an Roinn go raibh aon trian de rannpháirtithe chlár Waterford Crystal dífhostaithe ag deireadh an chlár sin (Lúnasa 2011). Tuairiscíodh go raibh 15% fostaithe agus 12% ag leanúint leis an oideachas nó tar éis an fórsa oibre a fhágáil.

- I gcás SR Technics, rinne an chuideachta a fostaíodh le bainistiú a dhéanamh ar bhunachar sonraí an chláir suirbhé ar sprioc-oibrithe, rinne anailís ar na freagairtí agus d'eachtarshuigh na torthaí don phobal rannpháirtíochta bunaithe ar aois agus ar inscne. Bhí ráta neamhfhreagartha 67% ann, áfach. Rinneadh crostagairt ar an ráta dífhostaithe measta (34% díobh siúd a bhí ag plé leis an gclár) le taifid na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tar éis mionsonraí a fháil ó sholáthraithe seirbhísí oideachais áirithe tuairiscíodh go raibh 10% ag leanúint leis an oideachas. D'fhreagair thart ar 15% (thart ar 110 duine aonair) den daonra rannpháirtíoch go raibh siad fostaíthe nó féinfhostaithe ag deireadh an chláir (Deireadh Fómhair 2011). Tar éis eachtarshuí thar an daonra rannpháirtíoch thuairiscigh an Roinn go raibh 44% fostaíthe nó féinfhostaithe.
- Níor aithin aon cheann de na suirbhéanna cásanna ina ndeachaigh oibrithe iomarcacha ar imirce. D'fhéadfadh go mbeadh eisimircigh san áireamh sna grúpaí anaithnide nó ina measc siúd a tuairiscíodh go raibh an fórsa oibre fágtha acu.

17.44 I gcás go n-úsáidtear maoiniú suntasach AE agus Stáit chun tacú le hionchais athfhostaithe oibrithe a rinneadh iomarcach, tá sé tábhachtach go ndéantar na torthaí do na hoibrithe sin a bhunú agus a mheasúnú. Nuair nach féidir stádas líon mór na rannpháirtithe a fháil amach le cinnteacht go luath tar éis tabhairt chun críche an chláir bíonn sé deacair ar an Roinn rath na mbeart a seachadadh a mheasúnú.

17.45 Níl aon eolas maidir le stádas eacnamaíoch na ndaoine sin nár ghlac páirt in aon bhearta EGF. Bheadh eolas dá leithéid úsáideach, do mheasúnú cláir, chun na torthaí dóibh siúd a bhí nó nach raibh rannpháirteach i gclár EGF a chur i gcomparáid lena chéile. D'fhéadfadh go gcuideodh sé seo freisin chun a thuiscint cén fáth nach nglacann daoine aonair áirithe páirt i gclár.

17.46 Ghlac an tOifigeach Cuntasaíochta leis gur réimse é measúnú torthaí ar ghá a neartú. Cé go ndéantar torthaí suirbhéanna a chomhlánú le sonraí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar féidir leo a dheimhniú go bhfuil duine aonair dífhostaithe, níl aon bhunachar sonraí ar fáil ar féidir leis stádas fostaíochta reatha duine aonair a dheimhniú. Chuirfeadh úsáid tagarmharc tomhais níos sofaisticiúla, mar shampla suirbhé fadaimseartha cáilíochtúil, eolas níor fearr ar fáil ar thionchair fhadtéarmacha na n-idirghabhálacha a seachadadh i ngach clár, agus cuideodh sé le forbairt clár ina dhiaidh sin. Is réimse casta é tomhas torthaí ina bhfuil deacrachtaí maidir le bailiú sonraí ábhartha thar thréimhsí ama cuí ar bhealach a chumasáíonn conclúidí úsáideacha. Is saincheist í seo a eascraíonn in oideachas agus in oiliúint go ginearálta agus is ceist í a bhfuil an Roinn tiomanta aghaidh a thabhairt uirthi.

Tarraingt Anuas Maoiniú EGF

17.47 Thuar an Roinn go mbeadh costas foriomlán €99 milliún ar chostas clár EGF na hÉireann. Áiríodh go gcosnódh na trí chlár a bhí tugtha chun críche €38.3 milliún agus b'ionann an caiteachas iarbhír (lena n-áirítear costas teorach agus costas chur chun cinn) agus €21.2 milliún. Tá mionsonraí costas measta agus iarbhír na gclár seo leagtha amach i bhFíor 17.8. Níl aon mhionsonraí ar fáil maidir le costais iarbhír na gclár foirgníochta nó Talk Talk go dtí seo arbh iad €54.9 milliún agus €5.4 milliún na costais mheasta faoi seach.

Fíor 17.8 Caiteachas Clár

Cláir EGF	Dell	Waterford Crystal	SR Technics	Iomlán
	€m	€m	€m	€m
Costas measta	22.8	4.0	11.5	38.3
Costas iarmhír	13.6	3.1	4.5	21.2
Gannchaiteachas	9.2	0.9	7.0	17.1
<i>Gannchaiteachas mar chéatadán de chostas measta</i>	<i>40%</i>	<i>22%</i>	<i>61%</i>	<i>45%</i>

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna – tuarascálacha deiridh EGF chuig an gCoimisiún Eorpach.

- 17.48** Den ghannchaiteachas iomlán €17 milliún ar na cláir seo, d'eascair beagnach dhá thrían (€11 mhilliún) toisc go raibh líon na n-idirghabhálacha a soláthraíodh níos lú ná mar a measadh. Bhí meánchostas na n-idirghabhálacha a seachadadh níos lú ná mar a measadh freisin.
- 17.49** Caitheadh beagán thar €0.5 milliún as buiséad €1.5 milliún maidir le bainistíocht na gclár agus an phoiblíocht a bhain leo. Úsáideadh níos lú ná 10% den bhuiséad poiblíochta €500,000 do na trí chlár.

Aisíocaíochtaí le Coimisiún an AE

- 17.50** Réamhíocann an AE méid iomlán ranníocaíochta an EGF bunaithe ar chostais mheasta, nuair a fhaomhtar iarratas. I gcás go mbíonn costas iarbhir cláir níos lú ná an costas measta, is gá an ranníocaíocht EGF ghaolmhar a íoc ar ais. Fuair an Roinn réamhíocaíocht €25 mhilliún do na trí chlár a tugadh chun críche, i.e. 65% den chostas measta de €38.3 mhilliún. De thoradh an ghannchaiteachais ar na cláir seo caithfear €11 mhilliún a íoc ar ais leis an AE.
- 17.51** Is gné de chlár i ndlínsí eile AE freisin an mhainneachtain méid iomlán de mhaoiniú AE a réamhíocadh a úsáid. Thuairiscigh an Coimisiún go raibh caiteachas EGF i measc ballstát i 2010 níos lú ná mar a raibh coinne léi de bharr ró-mheastachán ar líon na n-oibrithe a dteastódh cúnamh uathu, roinnt oibrithe ag roghnú cúnamh ar chostas níos ísle, oibrithe ag imeacht go luath le fostaíocht a ghlacadh agus oibrithe a chuaigh ar scor.⁵ Luadh moilleanna ar bhearta a chur ar bun freisin mar chúiseanna nár bhain oibrithe leas as cúnamh.
- 17.52** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird castacht na dtoscaí a théann i bhfeidhm ar an toradh sa deireadh thiar lena n-áirítear na deacrachtaí a mheasúnú agus nádúr treoraithe ag an éileamh den ghlacadh deireanach ar chlár nach ionann go hiomlán é agus úsáid an téarma 'tearc-caiteachas'. Dúirt sé go mbeadh sé níos beaichte b'fhéidir ró-mheastachán a thabhairt ar an toradh airgeadais. Bíonn aisíocaíocht cistí don AE coitianta thar na ballstáit uile a raibh cláir EGF acu. Leag sé béim ar an bhfíric nach tabhaíonn Éire aon chaillteanas nó pionós airgeadais de thoradh aisíocaíochtaí don AE.

⁵ Tuairisc ón gCoimisiún go dtí Parlaimint agus Comhairle na hEorpa ar **Ghníomhaíochtaí an Chiste Eorpaigh um Domhandú i 2010**, Lúnasa 2011.

Conclúidí agus Moltaí

- 17.53** Tá aithint riachtanas oibrithe iomarcach agus rannpháirtíocht luath leo tábhachtach ó thaobh rannpháirtíocht sna cláir a uasmhéadú agus ar an mbealach seo ionchais athfhostaithe a fheabhsú agus úsáid na gcistí AE a sholáthraítear a uasmhéadú. Ar an iomlán éilíonn sé seo go gcuirfí tús le cláir sula dtugtar faomhadh do na hiarratais. Tá baol anseo go mbeadh ar an Stát aon chaiteachas a tabhaíodh go dáta a chlúdach go hiomlán sa chás nach dtabharfaí faomhadh d'íarratas.
- 17.54** Bhí an rannpháirtíocht ab ísle ag oibrithe ar fágadh iomarcach iad sna trí chlár a tugadh chun críche ag clár SR Technics. D'fhéadfadh gur chuir easpa aonaid comhordaithe lárnaigh don chlár sin leis seo. Bhain dúshlán ar leith le cláir fhoirgníochta ag cur líon na ndaoine incháilithe san áireamh agus raon dealraitheach a n-ionad. De bharr fad an phróisis faofa iarratais agus nach ndeachas i dteagmháil leo siúd a bhí incháilithe go bhfuarthas faomhadh, d'fhéadfadh nár cuireadh cuid mhaith díobh siúd a bhí incháilithe ar an eolas faoin gclár seo go dtí sé mhí sular tugadh chun críche é. Cé nach bhfuil eolas ar fáil go fóill faoi rannpháirtíocht sna cláir foirgníochta, d'fhéadfadh go raibh leibhéal íseal rannpháirtíochta ann dá bharr seo.
- 17.55** Ba chóir go mbeadh aithint na dtorthaí do na rannpháirtithe uile san áireamh i monatóireacht clár. Níor cinneadh an toradh do chuid mhór díobh sin a bhí rannpháirteach sna trí chlár a tugadh chun críche. Ba chóir go méadódh monatóireacht agus rannpháirtíocht leanúnach leis na rannpháirtithe le linn clár leibhéal na freagartha ar shuirbhéanna torthaí.
- 17.56** Beidh aisíocaíocht €11 mhilliún don AE de chistí nár caitheadh i leith na dtrí clár EGF a tugadh chun críche. Eascraíonn an tearc-chaiteachas toisc nár mheall na cláir an líon iomlán oibrithe a raibh siad dírithe orthu isteach sna chlár, agus, i gcásanna áirithe, gur ghlac siad siúd a bhí rannpháirteach le bearta a raibh costais níos lú ag baint leo. Bhí costais bhainistithe na gclár, lena n-áirítear an phoiblíocht, níos lú ná mar a measadh i ngach cás freisin. Ag cur an glacadh leis na cláir fhoirgníochta a raibh coinne leo san áireamh, is dóigh go mbeidh gannchaiteachas ar na cláir seo chomh maith.
- 17.57** Ní dhéanann an Roinn monatóireacht ar rannpháirtíocht i gcláir nó ar chostais chlár ar bhonn rialta agus níl nós imeachta aici do thuairisciú rialta an eolais seo ag gníomhaireachtaí seachtracha.

Moladh 17.1: Ba chóir don Roinn sonraí a bhaillú ar bhonn duine ar dhuine chun a chur ar a cumas a chinneadh ag aon phointe tugtha sa chlár cad iad na bearta a seachadadh go dtí gach rannpháirtí agus na costais agus na tiomantais ghaolmhara. Ba chóir go gcuideodh sé seo chun a aithint go pras cibé an raibh gá le céimeanna a thógáil chun rannpháirtíocht a fheabhsú agus an raibh scóip ann d'fhócas bearta cláir a athdhírú, úsáid an mhaoinithe a bhí ar fáil á huasmhéadú ar an mbealach seo.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Déanfaidh an Roinn iarracht a chinntiú go bhfuil idirghabháil agus sonraí costais gaolmhara ar bhonn duine go duine ar fáil a mhéid is indéanta in aon chor é. Cé gur lean an Roinn lena hiarrachtaí bailiú sonraí a fheabhsú, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh nach mbeadh sonraí iomlána ar fáil ach ag deireadh timthriall chlár an EGF.

Tugann teorainneacha córas soláthraithe seirbhíse dúshlán do phróiseas feabhais bailiúcháin sonraí agus tá aghaidh á thabhairt ar na dúshlán seo. Déantar na bearta éagsúla a sheachadadh ar an gcéad dul síos, i gcomhthéacs creataí airgeadais na soláthraithe seirbhíse agus tá siad faoi réir ag a nósanna imeachta rialaithe airgeadais. Déanann an mhonatóireacht atá á dheánadh faoi láthair iarracht na fáthanna atá le glacadh ard nó íseal bearta a aithint agus a thuiscint d'fhonn acmhainní a athdhírú go cuí. Déanfaidh feabhsúcháin i malartú sonraí idir soláthraithe seirbhíse agus na haonaid comhordaithe inniúlacht a neartú sa réimse seo.

Moladh: 17.2: Chuideodh dearadh agus taifeadadh pleananna feidhmithe do rannpháirtithe aonair bunaithe ar ghairmthreoir, agus monatóireacht leanúnach ar sheachadadh na bpleananna sin chun éifeachtúlacht na mbeart réamhachtúcháin a seachadadh, a chinntiú.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím i bpáirt. Is dúshlan don Roinn é iarratas EGF a chomhlánú thar thréimhse deich seachtaine a dteastaíonn foirmlíú pleananna uaidh d'idirghabhálacha iomchuí agus tuar beacht ar an éileamh ar na hidirghabhálacha sin. Go luath tar éis doibh a bpoist a chailliúint bíonn roinnt mhaith oibrithe iomarcacha neamhchinnte faoin treo ar mian leo a ghlacadh sa todhchaí toisc go bhfuil siad dírithe go príomha ar dhéileáil leis an gcoigeartú saoil a chaithfear a dhéanamh ag éirí as an iomarcaíocht. Faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, is é bunú pleananna aonair an cur chuige a mbítear ag súil go leanfar i gclár EGF. Bhí béim mhéadaithe ar an gcur chuige seo i gclár Talk Talk. Ach d'fhéadfadh go mbeidh an cur chuige seo dúshlánach sa chás go mbeadh clár ar scála mór nó ilchlár ann sa todhchaí.

Moladh: 17.3: Ba chóir go n-aithneofaí torthaí do na rannpháirtithe uile i gcomórtas le pleananna aonair go luath tar éis don chlár teacht chun críche agus go ndéanfaí iad a athmheasúnú tar éis tréimhse níos faide ama tráth a mbeadh coinne le méadú ar an ráta athfhostaithe. Féadfaidh measúnú cuimsitheach ar thorthaí do rannpháirtithe agus do neamh-rannpháirtithe agus na toscaí is cúis seo, cuidiú le dearadh clár sa todhchaí.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Chun an acmhainn mheasúnaithe a fheabhsú, tá iniúchadh á dhéanamh ar an bhféidearthacht rochtain a fháil ar shonraí a shealbhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim maidir le stádas fostaíochta. Chun measúnú níos cuimsithí ar thorthaí a chumasú, reachtálfaidh suirbhéanna fadaimseartha iarchláir ar rannpháirtithe uile ag eatraimh iomchuí. Cuirfear tús leis an obair seo do na cláir foirgníochta agus Talk Talk.

18 Ró-íocaíochtaí Tuarastail do Mhúinteoirí

- 18.1** I 2010 agus i mblianta roimhe sin, cuireadh múinteoirí cáilithe nuacheaptha ar an dara nó ar an tríú pointe ar chomh-bhunscála múinteoirí agus fuaireadar liúntais bainteach le leibhéal na gcáilíochtaí a bhí bainte amach.¹ Cuireadh múinteoirí ar scor a bhí ag filleadh ar an múinteoireacht ar an bpointe incriminteach ar an scála tuarastail a bhí bainte amach acu roimh dhul ar scor, mar aon le liúntais ábhartha. Cuireadh múinteoirí neamhcháilithe i scoileanna dara leibhéal ar an gcéad phointe de chomh-bhunscála múinteoirí agus cuireadh iad siúd i mbunscoileanna ar scála 'neamhoilte'
- 18.2** Mar chuid de Bhuiséad 2011, cuireadh laghdú de 10% i bhfeidhm ar phá iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí agus tosaíonn gach duine nuacheaptha do ghráid iontrála ag an gcéad phointe den scála pá ábhartha. Ar 21 Nollaig 2010, d'eisigh an Roinn Airgeadais treoir ar fheidhmiú an laghdaithe 10% ar rátaí pá i ngráid iontrála don tseirbhís phoiblí.²
- 18.3** Thóg sé roinnt míonna ar an Roinn Oideachais agus Scileanna na téarmaí agus coinníollacha a bhain le múinteoirí nuacheaptha agus le daoine ar scor ag filleadh ar phoist múinteoireachta a chinneadh. Tá an dáta Meitheamh 2011 ar an imlitir ábhartha a leagann amach na scálaí pá do dhaoine nuacheaptha don mhúinteoireacht le héifeacht ó 1 Eanáir 2011. Sonraíonn an imlitir
- go mbaineann an laghdú 10% le bunphá agus le gach liúntas cé is moite de liúntais ardú céime³
 - go mbaineann na rátaí nua le gach múinteoir ar iontrálaí nua é nó í sa tseirbhís phoiblí agus atá ceaptha i bpost múinteoireachta lánaimseartha nó páirtaimseartha ar nó tar éis 1 Eanáir 2011
 - go dtosóidh múinteoir atá ar scor agus a bhfuil pinsean á fháil aige nó aici, agus a fhilleann ar an múinteoireacht ar nó tar éis 1 Eanáir 2011, ar an gcéad phointe den scála tuarastail incriminteach nua (2011) (i.e. ní thugtar aon chreidiúint incriminteach do thaithí roimhe seo).
- 18.4** Leanfar de bheith ag íoc daoine seachas daoine den fhoireann ar scor a raibh poist múinteoireachta acu roimh 1 Eanáir 2011 ag rátaí 2010 agus ní théann na rátaí laghdaithe a bhaineann le hiontrálaithe nua i bhfeidhm orthu.
- 18.5** Leis na difríochtaí sna rátaí tuarastail a léiríú, thosaigh múinteoir a ceapadh den chéad uair i 2010 le bunchéim onóracha agus le hardteastas onóracha san oideachas ar scála tuarastail €39,195 ina raibh buntuarastal €33,041 (an tríú pointe ar an scála) móide liúntais cháilíochta €6,154. Thosaigh múinteoir a chéad cheapadh i 2011 leis na cáilíochtaí céanna ar thuarastal bliantúil €33,352 in a raibh buntuarastal €27,814 (an chéad phointe ar an scála laghdaithe) agus liúntais cháilíochta €5,538. Is ionann an laghdú agus thart ar 15%.
- 18.6** Íocadh gach duine den fhoireann múinteoireachta ar phárollaí na Roinne sna chéad sé mhí de 2011 ag an ráta is infheidhme i 2010. Ní dhearnadh aon idirdhealú idir dhaoine den fhoireann a d'oibrigh sa mhúinteoireacht roimhe seo agus iad siúd a sainníodh mar iontrálaí nua. Leanadh de bheith ag íoc na rátaí níos airde go dtí deireadh Lúnasa 2011.

1 Bhí liúntais eile mar an liúntas do dhualgais mhaoirseachta agus do mhúineadh i gceantair Ghaeltachta iníoctha freisin nuair ab infheidhme.

2 Aistríodh freagracht as polasaí agus treoirlínte pá go dtí an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó shin.

3 Áirítear i liúntais ardú céime liúntais do dhualgais speisialta, do leas-phríomhoide agus do phríomhoide cúnta agus do phríomhoide.

- 18.7** Ó Mheán Fómhair 2011, cuireadh an lucht nuacheaptha uile ar conradh ar an scála tuarastail ceart. Cuireadh fostaithe ócáideacha ar an scála tuarastail ceart ó Dheireadh Fómhair 2011. Ní raibh aon chóras nó nós imeachta i bhfeidhm ag an am sin chun na daoine a fostaíodh sna míonna roimhe sin agus ar íocadh méideanna tuarastail mícheart leo a aithint.
- 18.8** Ní phróiseálann an Roinn pá do mhúinteoirí a fhostaíonn na VECanna. Bíonn na Coistí ag brath ar na himlitreacha a eisiúint an Roinn chun rátaí pá a chinneadh. Dá bhrí sin is dóigh go ndearnadh Coistí ró-íocaíochtaí le roinnt múinteoirí.
- 18.9** Cuireadh na ceisteanna seo a leanas ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna
- Cén fáth gur thóg sé seacht mí chun an scála tuarastail agus na liúntais infoctha le hiontrálaithe nua a bhí ag glacadh post múinteoireachta i 2011 a chinneadh?
 - Cad é an meastachán reatha ar líon na múinteoirí agus orthu siúd a ghlac poist tar éis dóibh a bheith ar scor a cuireadh ar an scála tuarastail mícheart i 2011 agus cad é luach measta na ró-íocaíochtaí?
 - Cad iad na nithe a rinneadh ó Mheán Fómhair 2011 chun ró-íocaíochtaí tuarastail a fháil ar ais?
 - Cad é an meastachán ar luach na ró-íocaíochtaí atá le fáil ar ais go fóill agus cén uair a mbeidh an próiseas aisghabhála tugtha chun críche?

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

- 18.10** Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é cur chuige foriomlán na Roinne a chinntiú go raibh na bearta feidhmithe a bhí á dtógáil aici ag teacht le bearta feidhmithe eile dá leithéid san earnáil phoiblí agus fócas ar a chinntiú gur tugadh na socruithe nua pá isteach d'íocaíochtaí amach anseo a luaite agus ab fhéidir, agus, ag an am céanna, a chinntiú nach ndéanfaí aon duine a phionósú ag cur íogaireachtaí caidrimh thionsclaíoch san áireamh, agus go bhféadfaí aon ró-íocaíochtaí a fháil ar ais ansin.
- 18.11** Ba ghá dul i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun ceisteanna agus saincheisteanna éagsúla a shoiléiriú agus a réiteach. Ba ghá freisin dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe san oideachas. Bhí sé tábhachtach go ndéanfaí na hathruithe molta i rátaí pá agus i gcoinníollacha seirbhíse a shoiléiriú go hiomlán sula gcuirfí laghduithe pá do dhaoine nuacheaptha i bhfeidhm.
- 18.12** Is é polasaí na Roinne imlitreacha a eisiúint a shainmhíniú athruithe i dtéarmaí agus i gcoinníollacha seirbhíse, cinntí buiséadacha agus nósanna imeachta oibriúcháin leasaithe agus iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Cinntíonn sé seo go mbíonn rochtain ag na páirtithe lena mbaineann ar na himlitreacha agus gur féidir na hathruithe agus na beartais nua a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach.
- 18.13** Baineann nádúr casta párolla na Roinne le hábhar freisin. Cuimsíonn sé foireann pháirtaimseartha agus shealadach, mar shampla daoine a fhostaítear don ionadú, mar aon le foireann lánaimseartha i mbunscoileanna, meánscoileanna, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Fágann an fíoras gur féidir múinteoirí agus foireann neamh-mhúinteoireachta a ionadú do neamhláithreachtaí faofa go mbíonn gluaiseacht ollmhór pearsanra ar phárollaí. Ba í an chéad chéim chun an cinneadh buiséadach a chur i bhfeidhm ná cláir IT a fhorbairt chun a chinntiú gur aithníodh na daoine sin a ceapadh i 2011 mar dhaoine nuacheaptha agus gur leasaíodh a scálaí pá go dtí na scálaí nua laghduithe agus gur cuireadh na daoine nuacheaptha ar conradh sa scoilbhliain 2011/2012 ar na scálaí ceart ó dháta a gceapachán. Ba í an dara céim na ró-íocaíochtaí ionchasacha a aithint agus na suimeanna a bhí i gceist a ríomh.

Moill i gCinneadh Scálaí Nua Tuarastail agus Liúntas

- 18.14** Ní mór gach athrú córais a thabhairt isteach ar na párollaí beo gan aon chur isteach ar an 94,000 íocaíocht a eisítear in aghaidh na coicíse agus gan tionchar a imirt ar shláine na gcóras acmhainní daonna agus párolla. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar sainiú iomlán ar gach athrú ar chórais, go ndéantar iad a fhorbairt agus a thástáil go cuimsitheach chun a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ar na córais chasta a fheidhmítear.
- 18.15** Bhí sé tábhachtach, go háirithe tráth deacrachtaí caidrimh thionsclaíoch níos airde le múinteoirí agus le foireann neamh-mhúinteoireachta, go ndearnadh athruithe molta ar rátaí pá agus ar théarmaí agus ar choinníollacha seirbhíse a shoiléiriú go hiomlán sular cuireadh laghduithe pá do dhaoine nuacheaptha i bhfeidhm.
- 18.16** Nuair a bhí soiléiriú déanta ar gach gné de chinneadh an Bhuiséid maidir le laghdú ar phá na ndaoine nuacheaptha ó 1 Eanáir 2011, ionchorpraíodh téarmaí an chinnidh, na scálaí tuarastail leasaithe agus cáipéis 'ceisteanna coitianta' in imlitir (40/2011). Nuair a eisíodh an imlitir, forbraíodh na hathruithe córais chun a chinntiú gur íocadh an tsuim cheart leis na daoine nuacheaptha don scoilbhliain 2011/2012 taobh istigh den chreat ama is lú ab fhéidir. Cuireadh na hathruithe seo i bhfeidhm ar na párollaí go léir i rith Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2011.

Luach measta na ró-íocaíochtaí

- 18.17** Fostaíodh na múinteoirí a fostaíodh i meánscoileanna agus i bpobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha sa tréimhse Eanáir go Meitheamh 2011 mar dhaoine nuacheaptha i gcáil neamhbhuan, pháirtaimseartha agus ionadaithe. Is é an meastachán is fearr ar chúrsaí de chuid na Roinne go bhféadfadh gur íocadh thart ar 1,600 den fhoireann go mícheart ar scálaí pá réamh-2011 i rith an chéad leath de 2011. Meastar go laghdóidh an líon seo de réir mar a fhaightear eolas breise ó mhúinteoirí aonair maidir lena stair ghairme. Meastar gur ionann luach na ró-íocaíochtaí agus €560,000 (€350 ar an meán do gach múinteoir). Níl aon mheastachán ag an Roinn ar ró-íocaíochtaí tuarastail ag na VECanna.
- 18.18** Is ar an bpárolla iar-bhunoideachais a cuireadh na hathruithe córais i bhfeidhm ar dtús agus a ndearnadh tástáil orthu agus rinneadh anailís iomlán ar an aschur chun a chinntiú go raibh na torthaí mar a raibh súil leo. Tá difríochtaí suntasacha sna córais bhunscoile agus iar-bhunscoile agus b'éigin tuilleadh forbartha agus tástála a dhéanamh sula bhféadfaí na hathruithe dul beo ar an gcóras bunscoile.
- 18.19** Ag an bpointe seo measann an Roinn gur ionann líon na múinteoirí san earnáil bhunoideachais a ró-íocadh agus 1,400. D'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar an bhfigiúr seo de réir mar a fhaightear eolas breise faoi sheirbhís agus faoi chonarthaí roimhe seo. Meastar go mbeidh meánluach na ró-íocaíochtaí ar aon dul leis an earnáil iarbhunoideachais.
- 18.20** Ba é 1,700 líon na bhfoirne neamh-mhúinteoireachta a cuireadh ar scálaí pá míchearta. Ba é €148,000 luach measta na ró-íocaíochtaí sna cásanna sin.

Aisghabháil Ró-íocaíochtaí

- 18.21** Is é luach measta reatha na ró-íocaíochtaí atá le fáil ar ais ná €1.18 milliún a bheag nó a mhór.⁴ Is é beartas na Roinne na ró-íocaíochtaí uile a fháil ar ais.
- 18.22** D'fhág an líon mór foirne páirtaimseartha agus ionadúcháin a bhí i gceist go mb'éigean don Roinn córas a fhorbairt chun aisghabháil ró-íocaíochtaí ionchasacha ag éirí as na hathruithe ar rátaí pá a uathoibriú.
- 18.23** Tá an t-athbhreithniú ar chásanna foirne iar-bhunscoile agus neamh-mhúinteoireachta dulta chun cinn agus beidh socruithe aisíocaíochta i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair 2012. De bharr an athbhreithnithe seo beidh an Roinn i dteagmháil le daoine den fhoireann lena mbaineann chun breac-chuntas a thabhairt ar ró-íocaíochtaí aonair. Nuair a eisítear na litreacha meastar go mbeidh tuilleadh soiléirithe ar fáil maidir le conarthaí agus seirbhís roimhe seo sa chaoi gur féidir cinneadh deiridh maidir le ró-íocaíochtaí aonair a dhéanamh. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar leibhéal na ró-íocaíochtaí de réir mar a chuireann múinteoirí agus daoine den fhoireann neamh-mhúinteoireachta sonraí faoi chonarthaí agus faoi sheirbhís atá déanta ar fáil.
- 18.24** Leathnófar na socruithe d'fhoireann iar-bhunscoile agus neamh-mhúinteoireachta go dtí an earnáil bhunscoile freisin. Déanfar asbhaintí as tuarastail mhúinteoirí ar conradh, múinteoirí ionadúcháin nó páirtaimseartha agus as pinsin go dtí go ndéantar na ró-íocaíochtaí a aisghabháil agus meastar go mbeidh formhór mór na socruithe i bhfeidhm roimh dheireadh 2012.

Dearcadh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

- 18.25** Lorgaíodh dearcadh Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar fheidhmiú moillithe na rátaí tuarastail laghdaithe d'iontrálaithe nua do phoist mhúinteoireachta i 2011. Fiafraíodh de freisin an raibh aon chásanna eile ar cuireadh moill ar fheidhmiú cinneadh an rialtais rátaí pá iontrálaithe nua don tseirbhís poiblí a laghdú ó 1 Eanáir 2011.
- 18.26** Mar fhreagra, dúirt an Roinn cé go raibh sí ar an eolas faoi mhoill de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna in eisiúint a himlitreacha maidir leis na scálaí tuarastail d'iontrálaithe nua do mhúinteoirí agus do ghráid eile in earnáil an oideachais, tuigeadh go raibh an laghdú 10% á fheidhmiú iarmhír, go cúlghabhálach mar is cuí, ón dáta feidhme den 1 Eanáir 2011. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den tuairim go bhfuil oibleagáid ar an Roinn Oideachais agus Scileanna aon ró-íocaíocht a rinneadh le múinteoirí aonair agus le haon ghrád ábhartha eile a aisghabháil ar bhonn práinne.
- 18.27** Is í freagracht na bainistíochta i ngach earnáil de chuid na seirbhíse poiblí lena mbaineann feidhmiú chinneadh an Rialtais maidir leis na laghduithe pá atá i gceist a chinntiú. Níl ról díreach ag an Roinn i maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe feidhmithe dá leithéid sa tseirbhís poiblí, cé is moite den státseirbhís, agus níl sí in inmhe a rá cé acu a raibh cásanna comhchosúla maidir le moilleanna i bhfeidhmiú chinneadh an Rialtais rátaí pá grád iontrála sa tseirbhís poiblí níos leithne a laghdú 10% ó 1 Eanáir 2011.

4 Eascraíonn ró-íocaíochtaí freisin i ngnáth-riarachán íocaíochtaí tuarastail do mhúinteoirí, mar shampa de bharr fógra deireanach faoi laghduithe ar uaireanta conartha. Ba é €1.97 milliún luach comhiomlán ró-íocaíochtaí dá leithéid ar 31 Nollaig 2011.

Tátail

- 18.28** Ag éirí as an gcinneadh buiséadach ar 7 Nollaig 2010, thit rátaí pá do mhúinteoirí ar iontrálaithe nua iad le héifeacht ó 1 Eanáir 2011. Ghlac an Roinn Oideachais agus Scileanna seacht mí ó lá an bhuiséid chun an imlitir ina raibh na scálaí pá leasaithe a ullmhú agus a eisiúint, agus naoi mí leis na hathruithe riachtanacha ar a párollaí a fheidhmiú. Measann an Roinn gur dóigh gur fiú €1.18 milliún nó mar sin luach na ró-íocaíochtaí ag éirí as an mhoill ar chur i bhfeidhm an laghdaithe ar phá iontrálaithe nua i 2011.
- 18.29** Bliain amháin tar éis feidhmiú na hathruithe ar an ráta pá, nil an Roinn tar éis dul i dteagmháil leis na daoine aonair go fóill ar ró-íocadh iad sa chéad chuid de 2011 ná níl socruithe aisíochta i bhfeidhm. Tá an Roinn ag súil go mbeidh na socruithe aisíochta don fhoireann iar-bhunscoile agus neamh-mhúinteoireachta ann faoi Mheán Fómhair 2012 agus go gcuirfear tús leis don earnáil bhunscoile i Samhain 2012.
- 18.30** Cé go nglacann sí leis go dteastódh tréimhse ama de ghnáth chun athruithe buiséadacha agus athruithe eile a chur i bhfeidhm ar phárollaí móra eile, bheadh sé níos éifeachtaí dá mbeadh an Roinn tar éis caitheamh leis an bhfoireann go léir a cuireadh leis an bpárolla i 2011 mar iontrálaithe nua agus dá gcuirfí na laghduithe buiséadacha i bhfeidhm ar na tuarastail a íocadh ó thús na bliana. D'fhéadfaí rátaí pá a choigeartú ina dhiaidh sin go dtí rátaí réamh-2011 de réir mar ar cuireadh fianaise ar fáil faoi fhostaíocht ábhartha roimhe seo sa tseirbhís phoiblí. Toisc dreasacht airgeadais a bheith ag fostaithe an t-eolas a chur ar fáil gach seans go mbeadh an cur chuige seo níos éifeachtaí i leith an dúshláin roimh an Roinn amach chun na socruithe nua tuarastail a fheidhmiú.


19 Cúnamh Forbartha Oifigiúil

- 19.1** Is éard atá i gcúnamh forbartha oifigiúil (ODA) aistriú acmhainní ó ghníomhaireachtaí Stáit – in airgead nó i bhfoirm tráchtearraí nó seirbhísí – chuig tíortha nó críocha atá i mbéal forbartha nó chuig forais fhorbartha iltaobhacha.¹
- 19.2** Is rannán laisitigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála é Cúnamh Éireann a riarann clár ODA na hÉireann.
- 19.3** Tá Aonad Luachála agus Iniúchta ag an Roinn a bhfuil d'aidhm aige deimhniú a sholáthar go n-úsáidtear cistí poiblí a riarann an Roinn dá gcuspóirí ceaptha agus go mbaintear luach ar airgead amach. Clúdaíonn obair an Aonaid gníomhaíochtaí na Príomhroinne, a bhfuil cuntas tugtha dó faoi Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus an cúnamh forbartha a bhfuil cuntas tugtha dó faoi Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta.² Agus méid coibhneasta na mbuiséad á chur san áireamh agus nádúr na gclár caiteachais, díríonn an tAonad go háirithe ar oibríochtaí Chúnamh Éireann a mhaoinítear faoi Vóta 29.³ Ceadaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta plean oibre bliantúil don Aonad agus aontaíonn Coiste Iniúchta na Roinne leis.
- 19.4** Tiomsaíodh an chaibidil seo chun caiteachas iomlán ODA a chur i láthair in aon ráiteas amháin. Déanann sí cur síos freisin ar na córais atá ann d'iniúchadh agus do mheasúnú na bpríomhchodanna de chlár ODA na hÉireann.

Caiteachas ar Chúnamh Forbartha

- 19.5** B'ionann iomlán €657 milliún caiteachas ODA na hÉireann i 2011, titim ó bhuaic €921 milliún i 2008. Is ionann é seo agus laghdú €264 milliún, nó 29%, le trí bliana anuas. Léiríonn Fíor 19.1 an treocht i leibhéal caiteachais ODA na hÉireann ó 2000.

Fíor 19.1 Caiteachas Chúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann (€ milliún), 2000 go 2011




Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Chúnamh Éireann

- 1 Ní cháilíonn aistrithe do chuimsiú i meastacháin ODA ach nuair a bhíonn siad dírithe ar chur chun cinn forbartha eacnamíche agus leasa tíortha atá i mbéal forbartha.
- 2 Tá caiteachas ar Chomhar Idirnáisiúnta á chuntas faoi Vóta 27 ón 1 Eanáir 2012.
- 3 Ba é an t-ollchaiteachas iomlán do Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Vóta 29: Comhar Idirnáisiúnta in 2011, ná €209 milliún agus €519 milliún faoi seach.

- 19.6** Tugtar cuntas ar chaiteachas ODA a phróiseáiltear trí Chúnamh Éireann faoi Vota 29: Comhar Idirnáisiúnta. I 2011, tháinig €520 milliún de chaiteachas ODA faoi Vóta 29, a léiríonn 79% d'ODA iomlán na hÉireann.
- 19.7** Rinneadh €137 milliún eile d'ODA na hÉireann a phróiseáil trí ranna rialtais eile agus ar a dtugtar cuntas faoi i vótaí eile, lena n-áirítear ranníoc na hÉireann do bhuiséad comhair forbartha an AE, íocaíochtaí go dtí comhlachtaí idirnáisiúnta áirithe agus aisíocaíochtaí ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith scéime in-asbhainteachta cánach le haghaidh tabhartas do charthanais iomchuí.⁴
- 19.8** Tá sprioc leagtha síos ag na Náisiúin Aontaithe (UN) go ndéanfaidh tíortha forbartha ODA is comhionann le 0.7% dá n-olltáirgeacht náisiúnta (OTN) a ranníoc rach bliain.⁵ In 2005, leag Comhairle AE cuspóir síos do Bhallstáit, seachas iad siúd a chuaigh isteach ann ó 2002, an spriocleibhéal a bhaint amach faoi 2015.⁶ Tá tiomantas sa Chlár don Rialtas reatha an leibhéal sprice 0.7% a bhaint amach agus deirtear ann go ndéanfaidh an Rialtas iarracht é seo a bhaint amach faoi 2015.
- 19.9** Bhí ranníocaíocht ODA na hÉireann in 2011, ag 0.52% de OTN, ar an 8ú ceann ab airde i measc tíortha OECD.⁷ Mar a léiríonn Fíor 19.2, mhéadaigh ODA na hÉireann diadidh ar ndiaidh ó 0.3% de OTN in 2000 go huasphointe 0.59% in 2008, roimh thitim siar go dtí a leibhéal reatha de 0.52%.
- 19.10** Ní dheachaigh ach cúig thír is deontóirí thar sprioc na Náisiúin Aontaithe i 2011: an tSualainn (1%), an Iorua (1%), Lucsamburg (1%), an Danmhairg (0.9%) agus an Ísiltír (0.8%).⁸ Shroich Lucsamburg an spriocleibhéal in 2000 den chéad uair agus tá sé á bhaint amach gach bliain ó shin. Tá an spriocleibhéal á bhaint amach go leanúnach ag na ceithre thír eile ó na 1970idí.

Fíor 19.2 Cúnamh Forbartha Oifigiúil na hÉireann mar Chéatadán de OTN 2000 go 2011



Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

4 Déanann an Roinn Airgeadais an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara íocaíochtaí le comhlachtaí idirnáisiúnta agus tugtar cuntas fúthu ina vótaí aonair.

5 Rún 2626 (XXV) de Chomhthionól Ginearálta na Náisiúin Aontaithe, 24 Deireadh Fómhair 1970.

6 Cruinniú Uimh. 2660 de Chomhairle an AE, Comhairle Chaidreamh Eachtrach, an Bhruiséal 24 Bealtaine 2005.

7 Figiúir a chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar fáil.

8 OECD, Glanchúnamh Forbartha Oifigiúil (réamhshonraí do 2011), Aibreán 2012.

- 19.11** Cuireann Cúnamh Éireann cúnamh ar fáil do thíortha atá i mbéal forbartha go díreach trí chaidreamh déthaobhach leis na tíortha iad féin nó go hindíreach trí eagraíochtaí cúnamh idirnáisiúnta (cúnamh iltaobhach). Léirítear miondealú ar an gcaoi a feidhmíodh maoiniú ODA na hÉireann i bhFíor 19.3. Tugann larscríbhinn A léargas ar phríomh-chomhábhair caiteachais ODA i 2011.

Fíor 19.3 Cúnamh Forbartha Oifigiúil, de réir Cineáil 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Cúnamh déthaobhach	576.0	614.8	454.9	412.9	414.4
Cúnamh iltaobhach	264.8	270.7	231.1	232.6	214.4
Costais Riaracháin (Vóta 29)	30.1	35.1	32.2	30.5	28.2
Ollchaiteachas iomlán	870.9	920.6	718.2	676.0	657.0

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

- 19.12** Gan costais riaracháin san áireamh, cuirtear thart ar dhá thrian de ODA na hÉireann ar fáil trí chláir chomhair dhéthaobhacha, agus ba ranníocaíochtaí ginearálta iad an chuid a bhí fanta do chostas forbartha a rinne raon d'eagraíochtaí iltaobhacha.

Cúnamh Forbartha Déthaobhach

- 19.13** Déanann Cúnamh Éireann ODA déthaobhach a sheachadadh trí chainéil éagsúla. Agus an cainéal seachadta is oiriúnaí á bheartú d'idirghabháil cúnamh ar leith, cuireann Cúnamh Éireann san áireamh an cineál cúnamh atá le seachadadh agus na himthosca comhshaoil laistigh den tír a bhfuil cúnamh le tabhairt di. Má mheasann Cúnamh Éireann go bhfuil an timpeallacht pholaitiúil laistigh de thíortha atá i mbéal forbartha cobhsaí agus go bhfuil muinín aici as an gcóras bainistíochta airgeadais, d'fhéadfadh go socródh sé cláir chúnamh a sheachadadh trí chórais rialtais. Ach i gcás géirchéime daonnúla sa tír chéanna, d'fhéadfadh Cúnamh Éireann a shocrú gurb é an rogha is éifeachtaí cúnamh a sheachadadh trí eagraíocht neamhrialtais (NGO) a bhfuil na scileanna ar leith aici a theastaíonn agus go bhfuil ar a cumas freagairt níos tapúla a thabhairt ná mar a dhéanadh gníomhaireachtaí rialtais.
- 19.14** Tá cúig chainéal aitheanta chun cúnamh déthaobhach a sheachadadh, agus baineann Cúnamh Éireann úsáid as gach ceann acu i seachadadh roinnt gnéithe dá chlár cúnamh.
- Rialtas – is féidir tacaíocht a chur ar fáil do bhuiséad ginearálta an rialtais, do na buiséid in earnálacha spriocdhírthe nó do chláir nó do thionscadail shonracha.
 - NGOanna – Is féidir tacaíocht a chur ar fáil do NGOanna i dtreo feidhmiú a bpleananna straitéiseacha nó chun cláir nó tionscadail shonracha a chur i gcrích.
 - Comhar príobháideach/poiblí – tacaíocht do chomhair agus do chomhghuaillíochtaí, e.g. tionscnamh vacsaíne idirnáisiúnta agus comhar domhanda uisce.
 - Iltaobhach – ranníocaíochtaí d'eagraíochtaí iltaobhacha i dtreo idirghabhálacha sonracha i dtíortha ar leith.
 - Eile – tacaíocht de ghnáth d'obair fhorais taighde nó forais oideachasúla eile.
- 19.15** D'íoc Éire cúnamh déthaobhach arbh fhiú €414 milliún é in 2011. Léiríonn Fíor 19.4 miondealú ar aistrithe déthaobhacha.

Fíor 19.4 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Déthaobhach, de réir Cineáil 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Vóta 29 Caiteachas Comhair Idirnáisiúnta					
Cúnamh do thíortha cláir	185.0	218.6	195.0	181.7	180.5
Cúnamh do thíortha eile	29.4	38.2	24.5	20.2	21.3
Tacaíocht Sochaí Sibhialta, lena n-áirítear cómhaoine le NGOanna	117.6	134.2	107.6	99.9	92.0
Tionscnaimh sláinte, ocras agus oideachais domhanda	96.5	67.6	27.8	18.6	23.9
Cúnamh daonnúil agus éigeandála	120.8	108.4	67.7	64.2	66.2
Cláir eile	17.8	39.5	25.1	22.2	22.6
ODA déthaobhach ag gníomhaireachtaí rialtais eile	8.9	8.3	7.2	6.1	7.9
ODA déthaobhach iomlán	576.0	614.8	454.9	412.9	414.4

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Cúnamh do Thíortha Cláir

- 19.16** Caitheadh €181 milliún ar fad in 2011 ar chlár chúnaimh tíre fhoirmiúla ar chomhpháirtíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha iad le rialtais tíortha roghnaithe chun tacú le laghdú bochtaineachta agus forbartha. Ar na tíortha cláir ar tacaíodh leo tá an Aetóip, Leosótó, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Tansáin, Tiómór Thoir, Uganda, Vítneam agus an tSaimbia. Déanann Ambasáidí na hÉireann i dtíortha cláir an cúnamh forbartha a bhainistiú agus féadtar é a chur ar fáil mar thacaíocht do phleananna forbartha náisiúnta an rialtais chomhpháirtíochta, agus trí eagraíochtaí sochaí sibhialta agus NGOanna sna tíortha seo chomh maith.

Cúnamh do Thíortha Eile

- 19.17** Cuireadh cúnamh arbh fhiú €21 mhilliún ar fáil freisin do thíortha roghnaithe eile in 2011. Tugtar tacaíocht do chlár san Afraic Theas agus déanann ambasáid na hÉireann ansin maoirseacht air. Déantar clár athshlándála a sheachadadh i Siarra Leon agus sa Libéir, trí ghníomhaireachtaí speisialaithe an UN agus NGOanna go príomha, maoirseacht á dhéanamh air ó oifig i Siarra Leon. Tugadh tacaíocht ar fáil freisin do chlár sna limistéir faoi riarú na Pailistíne agus do chlár HIV/AIDS sa tSimbáib a sheachadaítear trí NGOanna.

Tacaíocht ón tSochaí Sibhialta

- 19.18** Soláthraíonn buiséad na Sochaí Sibhialta maoiniú do NGOanna, do ghrúpaí misinéirí agus do chomhpháirtithe sochaí sibhialta eile le haghaidh idirghabhálacha forbartha. Thit caiteachas sa réimse seo de 8% i 2011, go €92 mhilliún. Is iad seo na príomhchainéil chaiteachais:
- An Scéim um Chlár Ilbhliantúil (56.7 milliún) – soláthraíonn sí seo maoiniú ilbhliantúil intuartha do chúig cinn d'eagraíochtaí neamhrialtasacha chun tacú le bunú a bpleananna straitéiseacha. Is iad na NGOanna Concern, Trócaire, Christian Aid, Goal agus Self Help Africa.
 - An Ciste Sochaí Sibhialta (€16.8 milliún) – soláthraíonn sé seo maoiniú ilbhliantúil do thionscadail thar raon earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. In 2011, maoiníodh thart ar 57 NGO faoin scéim seo.

- Misean Cara (€16 milliún) – chuir an gníomhaire bainistíochta seo le haghaidh misinéirí fo-dheontais ar fáil do 64 eagraíocht mhisinéireachta in 2011. Tacaíonn sí freisin le forbairt acmhainne agus déanann maoirsiú ar idirghabhálacha forbartha thar lear.
- An Scéim Mion-Tionscadal i dtíortha (€1.3 mhilliún) – déantar buiséid a leithdháileadh ar naoi n-ambasáid de chuid na hÉireann agus ar chonsalacht amháin chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do thionscadail fhorbartha ar mhionscála. Feidhmítear an scéim i dtíortha atá i mbéal forbartha ina bhfuil creidiúnta idhleoireachta ag Éirinn.
- Forbairt na hearnála NGO (€1.2 mhilliún) – cuirtear maoiniú ar fáil chun acmhainn a fhorbairt san earnáil NGO.

Cúnamh Oideachais, Ocras agus Sláinte Domhanda

- 19.19** B'ionann agus €23.9 milliún an caiteachas ar scéimeanna oideachais, ocras agus sláinte rud a léiríonn méadú 28% ar 2010. Cuirtear é seo i gcomparáid le caiteachas ar chlár dá leithéid arbh ionann agus €96.5 mhilliún in iomlán é in 2007. Tá caiteachas dírithe go príomha ar chosc agus ar chúram HIV/AIDS, ar ghníomhaíocht faoin tionscnamh ocras domhanda agus ar sholáthar oideachais bhunaidh i dtíortha nach bhfuil chomh forbartha sin. Seachadtar cúnamh trí eagraíochtaí sochaí sibhialta, trí ghníomhaireachtaí UN agus trí chistí domhanda.

Cúnamh Daonnúil agus Éigeandála

- 19.20** Baineann cúnamh éigeandála agus daonnúil le himthosca éigeandála a eascraíonn de bharr tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna daonnúla. Is é cuspóir an chúnaimh seo beatha daoine a shábháil, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chothabháil. Cuirtear maoiniú ar fáil do NGOanna agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta mar an UN agus an Chrois Dhearg, a bhfuil an cumas cruthaithe acu an cúnamh riachtanach a sheachadadh go tapa agus go héifeachtach. B'ionann an cúnamh éigeandála agus daonnúil iomlán agus €66.2 milliún i 2011, rud a léiríonn méadú 3% ar an bhfigiúr coibhéiseach do 2010.
- 19.21** D'fhonn mearfhreagairt a éascú, rinneadh €18.8 milliún a ranníoc i 2011 (laghdú ó €25.9 milliún i 2010) le haghaidh socruithe maoinithe comhthiomsaithe, lena n-áirítear Lárchiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe. Fuair eagraíochtaí UN eile €8.9 milliún, ar bhain a bhformhór (€6.4 mhilliún) leis an gClár Domhanda Bia. Cuireadh €13.3 mhilliún eile ar fáil tríd an gCrois Dhearg. Cuireadh €15.6 mhilliún ar fáil d'earnáil na NGOanna, ar tugadh €12 milliún de d'eagraíochtaí bunaithe in Éirinn.

Cúnamh Forbartha Iltaobhach

- 19.22** Is éard atá i gceist le cúnamh iltaobhach ná ranníocaíocht a dhéanamh le heagraíochtaí cúnaimh idirnáisiúnta a chomhthiomsaíonn cistí ó thíortha is baill agus a fheidhmíonn iad chun críocha forbartha. Léiríonn Fíor 19.5 miondealú ar na heagraíochtaí a mhaoinítear.

Fíor 19.5 Cúnamh Forbartha Oifigiúil Iltaobhach, de réir Eagraíochta 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear ranníocaíochtaí deonacha do ghníomhaireachtaí UN	111.9	102.1	60.1	59.9	60.7
Tionscnaimh agus Gníomhaireachtaí Chomhphobal na hEorpa					
Buiséad AE do Chomhar Forbartha	82.0	85.3	95.0	77.5	72.0
Ciste Forbraíochta na hEorpa	15.3	22.0	22.0	23.2	29.5
An Banc Domhanda agus forais iltaobhacha eile	46.4	53.6	32.8	28.3	30.8
Cómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha	9.2	7.7	21.2	43.7	21.4
ODA iltaobhach iomlán	264.8	270.7	231.1	232.6	214.4

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

19.23 Tá maoiniú comhair iltaobhaigh dírithe go príomha ar na réimsí seo a leanas

- Gníomhaireachtaí UN – Tá ról ag na Náisiúin Aontaithe in aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht ar bhonn domhanda agus i gcuidiú chun cuspóirí idirnáisiúnta comhaontaithe agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a sheachadadh. Déanann formhór tacaíocht na hÉireann do chlár agus do chistí UN ranníocaíocht i leith costais a bpríomhoibríochtaí agus gníomhaíochtaí. Ina theannta, tacaíonn céatadán d'ODA na hÉireann le bearta agus le clár leasaithe ar leith i réimsí lena n-áirítear, tógáil an daonlathais agus leasú toghchánaíochta, oideachais agus oiliúint, cosaint cearta daonna, córais sláinte a fhorbairt agus an comhshaol a chosaint.
- Comhar Forbartha AE – Is é an tAontas Eorpach (lena n-áirítear ranníocaíochtaí a bhallstát) an soláthraí is mó cúnaimh fhorbartha ag an leibhéal domhanda agus bíonn tionchar aige ar chlár fhorbartha ag an leibhéal idirnáisiúnta. Léiríonn an ranníoc ODA measúnaithe ó Éirinn (€72 mhilliún in 2011) sciar measta cúnaimh fhorbartha iomlán na hÉireann thar lear a íocadh amach as comharbhuiséad an AE in 2011.
- Is bealaí suntasacha iad an Banc Domhanda agus bainc fhorbartha réigiúnacha chun cúnamh a sheachadadh agus is gníomhairí tábhachtacha iad i saincheisteanna beartais agus leasaithe ag leibhéal tíre. Is ranníocóir í Éire, tríd an Roinn Airgeadais, le Comhlachas Forbartha Idirnáisiúnta an Bhainc Dhomhanda agus le Ciste Forbartha na hÁise. Bíonn sí i dteagmháil leis na bainc maidir le bainistiú fiach, éifeachtúlacht chúnaimh agus beartas maoinithe forbartha, mar aon le saincheisteanna a bhaineann le tíortha clár Chúnamh Éireann.
- Áirítear i gcómhaoiniú le gníomhaireachtaí iltaobhacha tacaíocht do thaighde talmhaíochta chun cuidiú le daoine bochta tríd an nGrúpa Comhairleach um Thaighde Idirnáisiúnta agus tríd an gCiste Domhanda um Éagsúlacht Barr. Tugtar tacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gnó ar mhionscála tríd an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Córas Iniúchta

- 19.24** Cuireann an obair iniúchta a dhéanann an tAonad Measúnaithe agus Iniúchta roimhe córais rialaithe inmheánaigh na Roinne a mheasúnú agus dearbhú a chur ar fáil go bhfuil na cistí á n-úsáid chun na críocha a bhí beartaithe dóibh. Díríonn obair iniúchta isteach go háirithe ar iomchuibheas córas cuntasáíochta agus bainistíochta airgeadais eagraíochtaí comhpháirtíochta, cibé an NGO na iad, eagraíochtaí iltaobhacha, gníomhaíreachtaí rialtais nó comhlachtaí eile a bhfuil maoiniú á fháil acu.⁹
- 19.25** Tugann na socruithe iniúchta i leith maoinithe ODA a chuirtear ar fáil trí Vóta 29 aghaidh ar thrí réimse leathana caiteachais
- caiteachas tíortha de chuid na gclár (€181 mhilliún)
 - cláir chúnaímh dhéthaobhacha eile (€225 mhilliún)
 - cláir chúnaímh iltaobhacha (€85 mhilliún).

Caiteachas ar Thíortha an Chláir

- 19.26** Tugtar cúnamh do naoi dtír cláir de réir pleananna straitéiseacha ilbhliantúla faofa. Tá gné de mheasúnú ex-ante don chaiteachas seo toisc go scrúdaítear córais rialaithe inmheánacha eagraíochtaí comhpháirtíochta ionchasacha roimh faomhadh a thabhairt do pháipéir straitéiseacha tíre (CSPanna).
- 19.27** De réir Dearbhú Pháras ar Éifeachtúlacht Chúnaímh, déantar sciar de bhuiséad ODA Chúnamh Éireann atá ag dul i méid a chur trí chórais rialtais i dtíortha an chláir. I gcásanna dá leithéid, áirítear ar na nósanna imeachta bainistíochta riosca a fheidhmíonn Cúnamh Éireann, measúnú ar iontaofacht, ar chuntasacht agus ar thrédhearcacht chóras rialtais.
- 19.28** Déanann Aonad Measúnaithe agus Iniúchta na Roinne measúnuithe bainistíochta airgeadais agus cuimsíonn gach gné den chóras bainistíochta airgeadais poiblí, lena n-áirítear cuntasáíocht, iniúchadh, tuairisciú agus maoirseacht pharlaiminte. Leagtar béim ar leith ar mheasúnú a dhéanamh ar stádas, ar neamhspleáchas agus ar chumas oifig an Ard-Iniúcháir náisiúnta, toisc go measann Cúnamh Éireann gurb iad seo na príomh-imthosca in iontaofacht córas bainistíochta airgeadais poiblí a chinneadh.
- 19.29** Is é beartas Chúnamh Éireann dhá mheasúnú a dhéanamh le linn gach plean straitéiseach cúig bliana do thíortha de chuid na gclár. Déantar an chéad mheasúnú ag an gcéim phleanála do gach CSP nua agus bíonn a fhócas sonrach ar na rioscaí a bhaineann le maoiniú a sheoladh trí chórais rialtais. Déantar an dara measúnú thart ar lárphointe na timthrialla cúig bliana agus díríonn ar athruithe sa timpeallacht bhainistíochta airgeadais phoiblí agus ar mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cláir chun feabhais aontaithe.

⁹ Is iad na heagraíochtaí comhpháirtíochta na comhlachtaí idirmheánacha trína seachadtar maoiniú ó Chúnamh Éireann go dtí na tíortha i mbéal forbartha.

Tuarascálacha Iniúchta

19.30 Déanann Cúnamh Éireann iarracht freisin dearbhú iniúchta a fháil i leith caiteachais tíortha an chláir. Bíonn tionchar ar an gcainéal seachadta a úsáideann Cúnamh Éireann i dtíortha áirithe ar an gcur chuige a ghlactar leis an dearbhú sin a fháil. Áirítear ar na foinsí dearbhaithe iniúchta

- tuarascálacha iniúchta a choimisiúnaigh eagraíochtaí comhpháirtíochta, e.g. má chuirtear maoiniú ar fáil le tacú le buiséad oideachais rialtais chomhpháirtíochta, bainfear clúdach amach de ghnáth trí tuarascálacha a dhéanann oifig iniúchta náisiúnta na tíre is briontóir
- iniúchtaí a choimisiúnaigh Cúnamh Éireann agus a rinne cuideachtaí iniúchta aitheanta idirnáisiúnta, e.g. má chuirtear maoiniú ar fáil do ghníomhaireacht rialtais áitiúil chun tionscadal ar leith a sheachadadh, féadfaidh Cúnamh Éireann comhairleoirí seachtracha a choimisiúnú chun iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar an tionscadal
- iniúchtaí ar idirghabhálacha a cómhaoiníodh, e.g. má chómhaoiníonn Cúnamh Éireann agus ceann amháin nó níos mó de na tíortha eile is briontóirí, féadfaidh na comhpháirtithe maoinithe teacht ar chomhaontú chun comhiniúchadh a choimisiúnú
- obair a rinne an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe go díreach agus iniúcháirí inmheánacha ag misin i dtíortha is faighteoirí.

19.31 B'ionann caiteachas i dtíortha an chláir, lena n-áirítear costais bhainistíochta agus riaracháin, agus €210 milliún in 2009 arbh í an bhliain is deireanaí a bhfuil an clár iniúchta ina leith tugtha chun críche go substaintiúil. Is é 95% leibhéal an chúnamh iniúchta a baineadh amach go dtí seo i leith caiteachais 2009 - tugann Fíor 19.6 imlíne ar fhoinsé an dearbhaithe sin.

Fíor 19.6 Foinsé an Dearbhaithe Iniúchta do Chaiteachas Tíortha an Chláir 2009 ^a

Tíortha an chláir	Iniúchtaí coimisiúnaithe ag compháirtithe (lena n-áirítear NAOanna) ^b	Coimisiúnaithe ag Cúnamh Éireann	Maoinithe ag comhbhronntóirí	Iniúchadh inmheánach	Iomlán
	€m	€m	€m	€m	€m
Uganda	27.4	4.3	0.4	1.5	33.6
Mósaimbíc	11.4	4.4	26.9	—	42.7
An Tansáin	32.1	1.8	—	—	33.9
An Aetóip	25.2	2.7	—	—	27.9
An tSaimbia	17.5	4.6	—	0.1	22.2
Vítneam	12.4	1.7	—	—	14.1
Leosótó	10.5	1.6	—	0.2	12.3
An Mhaláiv	5.2	3.8	—	—	9.0
Tíomór Thoir	2.5	0.3	—	—	2.8
Iomlán	144.2	25.2	27.3	1.8	198.5

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Tá dearbhú go deireadh Bealtaine 2012 gafa sa bhfíor seo.

b is iad NAOanna oifigí iniúchta náisiúnta na dtíortha faoi seach.

Torthaí Iniúchta

- 19.32** I gcásanna inar aithníodh saincheisteanna ábhartha le linn iniúchta, féadfaidh tuairim iniúcháir choinníollach a bheith sa tuarascáil iniúchta nó féadtar na saincheisteanna imní a leagan amach i litir bhainistíochta.
- 19.33** I gcás go ndéanann Cúnamh Éireann nó eagraíochtaí comhpháirtithe coimisiúnú ar iniúchtaí ar thionscadail nó ar chlár mhaoinithe ar leith, bainfidh na torthaí agus tuairim iniúcháir go díreach le ODA na hÉireann. Ach sa chás go ndéantar cúnamh a sheachadadh trí rialtais tíortha an chlár, trí thacaíocht bhuiséadach ghinearálta nó trí thacaíocht níos spriocdhírithe in earnálacha ar leith, tugtar dearbhú de ghnáth i bhfoirm iniúchtaí earnálacha a dhéanann oifig iniúchta náisiúnta tír an chlár mar chuid dá clár deimhniúcháin bliantúil. Sna cásanna seo, caithfidh Cúnamh Éireann na tuarascálacha iniúchta a scrúdú le saincheisteanna atá ábhartha d'ODA na hÉireann a aithint.
- 19.34** Soláthraíonn Fíor 19.7 miondealú, de réir tuairime iniúcháir, de na tuarascálacha iniúchta ar chaiteachas tíortha an chlár 2009.

Fíor 19.7 Tuairimí Iniúcháir do Chaiteachas Tíortha an Chláir do 2009

Tíortha an Chláir	An caiteachas iomlán a iniúchadh €m	Tuairim Iniúcháir		
		Gan choinníoll	Coinníollach	Eile ^a
Uganda	33.6	40%	1%	59%
Mósaimbíc	42.7	57%	17%	26%
An Tansáin	33.9	14%	1%	85%
An Aetóip	27.9	77%	23%	—
An tSaimbia	22.2	35%	1%	64%
Vítneam	14.1	100%	—	—
Leosótó	12.3	96%	—	4%
An Mhaláiv	9.0	100%	—	—
Tíomór Thoir	2.8	100%	—	—
Iomlán	198.5	55%	7%	38%

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: a áirítear ann cásanna in ar thug an Oifig Iniúchta Náisiúnta ábhartha tuairim iniúcháir cháilithe maidir le roinn/aireacht amháin ar a laghad nach raibh sé indéanta an méid de dheontas Chúnamh Éireann a ndéanadh i bhfeidhm air a chainníochtú go beacht agus cásanna nuair nach raibh tuairimí iniúchta soiléire sna tuairiscí iniúchta.

- 19.35** Tugadh tuairimí gan choinníoll maidir le beagán sa bhreis ar leath den chaiteachas clár in 2009 a bhfuil iniúchtaí ina dtaobh tugtha chun críche. D'eisigh na hiniúcháirí tuarascálacha coinníollacha do 7% den chaiteachas a iniúchadh, de bharr saincheisteanna ábhartha a aimsíodh le linn an iniúchta. Sna cásanna eile, is é nach raibh tuairim shoiléir iniúcháir sa tuarascáil iniúchta, nó gur tugadh tuairim iniúcháir ach nach raibh sé indéanta an tsuim bheacht de chaiteachas Chúnamh Éireann lenar bhain an tuairim iniúcháir a aithint.

- 19.36** In 2009, chuir Cúnamh Éireann maoiniú de €29.6 mhilliún ar fáil (lena n-áirítear costais riaracháin) don Aetóip faoina chlár cúnaimh déthaobhach. Rinneadh iniúchadh ar €27.9 milliún den chaiteachas agus eisíodh tuairimí iniúchta coinníollacha maidir le 23% den iomlán a iniúchadh. Bhain na tuairimí iniúchta coinníollacha, den chuid is mó, le €6 mhilliún de mhaoiniú a cuireadh ar fáil do dhá chlár mhóra rialtais. Tugtar mionsonraí i bhFíor 19.8.
- 19.37** Mhaígh an Roinn go bhfuil córais iomchuí ag Cúnamh Éireann do mhonatóireacht struchtúrtha ar thuarascálacha iniúchta agus do ghníomh leantach, dá dteastódh sé. Déanann Cúnamh Éireann athbhreithniú agus anailís ar thuarascálacha iniúchta agus litreacha bainistíochta gaolmhara uile agus bíonn teagmháil aige le heagraíochtaí comhpháirtithe maidir lena n-ábhar. Is é an cleachtadh ginearálta go bpléifeadh Cúnamh Éireann nádúr aon cháiliúcháin nó go n-ardófaí aon tsaincheist ábhartha eile leis an eagraíocht chomhpháirtíochta agus go gcomhaontódh an dá pháirtí ar phlean gnímh len iad a fhuascailt. Déanann iniúcháirí inmheánacha Chúnamh Éireann monatóireacht ar fheidhmiú an phlean gnímh agus ní íoctar aon mhaoiniú breise amach go dtí an eagraíocht chomhpháirtíochta go dtí go mbíonn dul chun cinn inghlactha déanta.

Fíor 19.8 Tuarascálacha Iniúchta Coinníollacha i leith Caiteachais Chúnamh Éireann san Aetóip 2009

Eisíodh tuarascálacha iniúchta coinníollacha maidir le maoiniú €6 mhilliún a cuireadh ar fáil do dhá chlár mhóra rialtais.

- Cuireadh deontas de €4 milliún ar fáil do chlár rialtais áitiúil a raibh buiséad iomlán €114 milliún aige – chuir Rialtas na hAetóipe an chuid eile den mhaoiniú ar fáil. Eisíodh tuarascáil iniúchta choinníollach i leith thart ar €11 mhilliún de chaiteachas an chlár in 2009. Ba iad príomhchúiseanna na gcoinníoll ná neamhfhíorúchán míreanna den chlár comhardaithe, neamh-imréiteach caiteachais agus laigí rialaithe inmheánaigh. Tar éis an iniúchta, bhuail Cúnamh Éireann leis an gcomhlacht rialtais áitiúil lena mbaineann chun gníomhartha a theastaigh le haghaidh a thabhairt ar thorthaí an iniúchta a phlé. Tá monatóireacht á dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm ag Aonad Iniúchta Inmheánach Chúnamh Éireann.
- Cuireadh deontas €2 mhilliún ar fáil do chlár rialtais láir ilbhronntóra le buiséad foriomlán €188 milliún. Cuireadh coinníoll le caiteachas cláir €17 milliún in 2009. Bhain na coinníollacha go príomha le neamhfhíorúchán iarmhéideanna airgid agus réamhíocaíochtaí gan íoc le fada. Aontaíodh plean gnímh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna iniúchta ar tarraingíodh aird orthu agus déantar dul chun cinn ar an gcur i bhfeidhm a mheasúnú ag cruinnithe míosúla idir na bronntóirí agus Rialtas na hAetóipe.

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

- 19.38** I gcásanna áirithe, déantar cistí Chúnamh Éireann a chomhthiomsú le tíortha eile is bronntóirí agus mar sin féadfaidh saincheisteanna a thógtar i dtuarascálacha iniúchta nó i litreacha bainistíochta a bheith bainteach le hiltbhronntóirí. Is gnáthchleachtas é go bhfeidhmeodh páirtí amháin mar phríomhbhronntóir do phléití ina dhiaidh sin leis an eagraíocht chomhpháirtíochta. Suibscríofaídh bronntóirí uile do phlean ghnímh aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tógadh agus de ghnáth coinneoidh na bronntóirí uile an maoiniú siar go mbeidh dul chun cinn sásúil déanta.
- 19.39** Dúirt an Roinn go raibh roinnt cásanna áit ar chuir sí moill ar mhaoiniú nó an maoiniú ar fionraí, go dtí go mbeidh réiteach ar na saincheisteanna ar cuireadh béim orthu i dtuarascálacha iniúchta, agus corr uair gur iarr sí agus go bhfuair sí aisíocaíocht ó eagraíochtaí comhpháirtíochta. Mar shampla i 2011, chúitigh UNICEF an Roinn go luach €0.7 milliún i leith stoic a mhídhísiódh ar chlár bia i Siarra Leon.

Cúnamh Déthaobhach Eile

- 19.40** Bíonn Cúnamh Éireann ag brath de ghnáth ar chórais iniúchta na NGOanna féin do mhaoiniú a sholáthraítear chun tacú le pleananna straitéiseacha cúig NGO mhóra Éireannacha faoin Scéim Chláir Ilbhiantúil (MAPS). Ach le linn tréimhse chláir MAPS II (2007 – 2011), rinne an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe iniúchadh amháin ar gach ceann de na chomhpháirtithe NGO. In 2011, thug an tAonad iniúchtaí deontas a bronnadh ar GOAL agus Concern i rith 2009 faoi MAPS II chun críche mar aon le scéimeanna maoinithe éigeandála agus aisghabhála. Tá na torthaí iniúchta leagtha amach i bhFíor 19.9.
- 19.41** I gcás cineálacha eile cúnamh fhorbartha dhéthaobhaigh, is coinníoll de chuid an chonartha leis an eagraíocht chomhpháirtíochta go gcaithfear tuarascálacha iniúchta a ullmhaíonn comhlachtaí neamhspleácha a chur faoi bhráid na Roinne. Luíonn an fhreagracht do bhailiú agus d'athbhreithniú na dtuarascálacha iniúchta seo le bainistíocht na rannóige laistigh de Chúnamh Éireann a dhéileálann leis an eagraíocht chomhpháirtíochta. Is féidir dul i gcomhairle leis an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe faoi shaincheisteanna sonracha. Déanann sé athbhreithniú freisin ar rialuithe a bhaineann le scéimeanna nó le comhpháirtithe i gcás riosca aitheanta. Ach níl córas struchtúrtha ag an Roinn chun a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha isteach de réir mar a theastaíonn nó d'athbhreithniú ar thuarascálacha ag an Aonad Iniúchta agus Measúnaithe.

Cúnamh Iltaobhach

- 19.42** Agus nádúr clár cúnamh iltaobhaigh á chur san áireamh, a bhfuil feidhmiú cistí ó ilthíortha briontóirí chun críocha forbartha i gceist leo, tá sé deacair na cistí sonracha a ranníocann Éire a aonarú agus iniúchadh *ex-post* a dhéanamh orthu. Bítear ag brath ar na socruithe iniúchta atá ann cheana d'eagraíochtaí cúnamh idirnáisiúnta.
- 19.43** I gcás eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, tá cistí faoi réir iniúchta ag Bord Iniúcháirí na Náisiún Aontaithe agus tuairiscíonn feidhm iniúchta inmheánach gach eagraíochta don chomhlacht ceannais a bhfuil ionadaíocht ag Éirinn air. Cuirtear tuarascálacha iniúchta aonair ar fáil d'Éirinn ach iad a iarraidh.

Fíor 19.9 Torthaí Iniúchta Concern agus GOAL

Thug tuarascáil iniúchta GOAL ar aird go raibh scóip an iniúchta teoranta ag infhaighteacht doiciméadaithe áirithe a lorgaíodh lena n-áirítear téarmaí tagartha don Bhord Stiúrthóirí, cláir agus miontuairiscí cruinnithe Boird, tuarascáil ar athbhreithniú inmheánach ar shlándáil agus eolas ar phleanáil chomharbais.

Ag an leibhéal foriomlán, chinn an t-iniúchadh gur tabhaíodh caiteachas de réir téarmaí agus coinníollacha maoinithe agus gur tugadh cuntas ina thaobh ar an mbealach cuí. Chinn sé go raibh an struchtúr iomchuí ann do chlárreagrú cistí MAPS II agus go raibh córais dóthanacha ann do mhonatóireacht, do mheasúnú, do rialú cáilíochta, do rialú buiséid agus do thuairisciú airgeadais.

Ach leag an tuarascáil amach roinnt imní i réimsí áirithe de GOAL lena n-áirítear

Rialachas Corparáideach – Níor aimsíodh aon fhianaise go raibh caidreamh tarmagain agus maoirseachta ag an mBord leis an mbainistíocht agus go raibh easpa saineolais theicniúil i measc comhaltaí an Bhoird i réimse na forbartha. Cé go dtugann an tuarascáil ar aird gur fheidhmigh an bhainistíocht shinsearach go héifeachtach ar an iomlán, fuarthas amach go ndearnadh roinnt coigeartaithe ar an struchtúr bainistíochta sinsearaí ó 2009 agus nach raibh aon straitéis ann chun a cobhsaíocht agus a hinbhuanaitheacht a chinntiú.

Bainistíocht riosca – Cé gur chinn an t-iniúchadh gur chuir anailís riosca institiúide pleanáil straitéiseach GOAL ar an eolas, chinn sé freisin nach raibh bainistíocht riosca á tiomáint ón mbarr agus nach raibh aon chlár riosca ann ar fud na heagraíochta.

Rialuithe Airgeadais – Agus leordhóthanacht córas rialaithe airgeadais inmheánach á tabhairt ar aird, go ginearálta, d'aithin an t-iniúchadh roinnt neamhéifeachtaí agus rioscaí earráide agus ionramhála a bhain le heaspa comhtháthaithe idir córais IT agus pacáistí cuntasáíochta a bhí in úsáid.

Bainistíocht caidrimh le comhpháirtithe feidhmithe – Níor tugadh mórán dul chun cinn ar aird i dtosaíochtaí MAPS II chun teagmháil le comhpháirtithe áitiúla NGO a mhéadú agus a gcumas a fhorbairt.

Maidir le Concern, ba é an tátal foriomlán gur úsáideadh cistí chun a gcríocha ceapaithe, gur tugadh cuntas ceart ar chaiteachas agus gur comhlíonadh treoirilínte na scéime.

Chinn an t-iniúchadh gur leor na córais, go ginearálta, ó pheirspictíocht na freagrachta. Thug sé láidreachtaí eagraíochta ar aird i Concern maidir le rialachas corparáideach, bainistíocht riosca, socruithe iniúchta, bainistíocht airgeadais agus rialú costais. Chinn an tuarascáil go raibh leibhéal agus cúlchistí maoinithe buacach go maith agus go ndearnadh dul chun cinn maidir le comhoibriú le NGOanna áitiúla. Áiríodh sa tuarascáil roinnt moltaí chun feabhais lena n-áirítear an gá go ndíreodh an chomhairle rialaithe níos mó ar sheachadadh cuspóirí straitéiseacha agus ar luacháil torthaí beartais. Mhol sé freisin go neartófaí an fheidhm HR, go leanfaí le rolladh amach cur chuige bainistíochta bunaithe ar thorthaí agus le forbairt phleananna tógála acmhainne foirmiúla do chomhpháirtithe áitiúla NGO.

Foinse: Tuarascálacha iniúchta GOAL agus Concern

Córas Measúnaithe

- 19.44** Déanann an fheidhm mheasúnaithe measúnú ar dhearadh, ar fheidhmiú agus ar thorthaí tionscadal leantacha agus críochnaithe chun a n-éifeachtúlacht, a n-éifeacht, a dtionchar agus a n-inbhuanaitheacht a mheas. Déanann Cúnamh Éireann athbhreithniú agus forbairt ar straitéis mheasúnaithe ag an gcéim phleanála agus dearaidh de thionscnaimh nua, rud a chinntíonn soiléireacht ón tús maidir leis an gcaoi a ndéanfar feidhmíocht agus torthaí a thomhas.
- 19.45** Cuirtear tuarascálacha measúnaithe faoi bhráid Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaigh na Roinne agus eascraíonn freagairtí foirmiúla ón mbainistíocht sa réimse atá faoi athbhreithniú. I gcásanna nuair nach n-aontaíonn an bhainistíocht le moladh ar leith, féadfaidh sí dúshlán an mholta a thabhairt trí chás a chur faoi bhráid an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe a eisíonn cinneadh ansin faoi an bhfuil bonn cirt faoin moladh nó nach bhfuil. Cuirtear measúnuithe comhlánaithe i láthair Coiste Iniúchta na Roinne. Foilsítear na tuarascálacha deiridh agus cuirtear ar fáil iad ar láithreán gréasáin Chúnamh Éireann.
- 19.46** Cuireann an próiseas roghnaithe do thopaicí measúnaithe leibhéal tábhachtach straitéisí tionscnamh áirithe do chlár forbartha Chúnamh Éireann thar lear san áireamh mar aon leis an méid caiteachais atá i gceist. Tá scóip leathan na hoibre measúnaithe leagtha amach thíos.

Tíortha an Chláir

- 19.47** Clúdaíonn socruithe maoinithe do thíortha an chláir tréimhse chúig bliana agus is é beartas an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe measúnú a dhéanamh sa bhliain dheiridh de gach timthriall. Rinneadh measúnú amháin ar gach ceann de naoi dtíortha an chláir ó 2004. Tugadh dhá mheasúnú fhoirmiúla de chláir chúnamh tíortha is compháirtithe i 2011. Bhain siad seo le
- páipéar straitéise tíre don tSaimbia (2007 – 2010)
 - páipéar straitéise tíre do Mhósaimbíc (2007 – 2010).

Straitéis Tíre don tSaimbia

- 19.48** Rinne an measúnú athbhreithniú ar fheidhmíocht straitéis na tíre faoi na teidil leathan seo – straitéis forbartha, próisis forbartha, torthaí forbartha agus bainistíocht forbartha.
- 19.49** Ó thaobh straitéise forbartha, cinneadh go raibh an fócas ar bhochtaineacht agus ar éagothroime iomchuí agus thacaigh anailís chomhshaoil leis. Ach cinneadh nach raibh dearadh na straitéise tíre chomh héifeachtúil agus a d'fhéadfadh a bheith, ag éirí as raon éagsúil na ngníomhaíochtaí a bhí san áireamh ann agus easpa comhtháthaithe saincheisteanna leathana mar inscne agus HIV/AIDS. Thug an tuarascáil ar aird gur chuidigh forbairt chreata torthaí chun an clár a dhíriú ar thorthaí ach ní dhearnadh monatóireacht ar thorthaí ag an leibhéal corparáideach toisc nach raibh an creat oibre nasctha le córas tuairiscithe Chúnamh Éireann.
- 19.50** Maidir leis na próisis forbartha, chinn an tuarascáil gur chuir Cúnamh Éireann go suntasach leis na prionsabail i nDearbhú Pháras agus Clár Accra agus gur príomhthiománaí a bhí inti i gclár éifeachtacha cúnamh sa tSaimbia. B'fhachas gur neart ar leith de chuid chlár Chúnamh Éireann é gur dearadh a bhformhór i gcomhar le Rialtas na Saimbia agus le compháirtithe eile.

- 19.51** Chinn an measúnú go raibh dul chun cinn déanta i dtreo príomhspríoc straitéise na tíre a bhaint amach chun an bhochtaineacht ainsealach agus éagothroime inscne a laghdú. Thug an tuarascáil torthaí dearfacha ar aird freisin maidir leis an gcuspóir chun an acmhainneacht agus an spás don tsochaí sibhialta dul i bpáirt leis an rialtas ar fhorbairt beartais, a mhéadú. Tugadh torthaí measctha ar aird i leith an tríú toraidh beartaithe chun go mbeadh forais rialtais níos freagraí as torthaí forbartha.
- 19.52** Ó thaobh bainistíochta forbartha, chinn an tuarascáil gur laghdaigh saincheisteanna bainistíochta cláir éifeacht agus éifeachtúlacht chur i bhfeidhm an chláir, agus tionchar ar thorthaí forbartha da bharr. Ach tugadh ar aird go raibh feabhas ar bhainistíocht chláir le deireanaí.
- 19.53** Bhí roinnt moltaí sa tuarascáil don chéad straitéis tíre eile. Ba chóir do Chúnamh Éireann
- díriú ar ghníomhaíochtaí a d'oibrigh go maith sa straitéis tíre 2007-2010
 - díriú ar cháilíocht oideachasúil a fheabhsú agus straitéisí follasacha a leanúint dírithe ar an nasc idir oideachas, an obair a bhaineann le forbairt áitiúil agus an fócas ar rialachas
 - leanúint ar aghaidh ag obair chun tacú le feabhas ar rialachas
 - tacaíocht a chur ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta i gcónaí
 - creat torthaí a chur i bhfeidhm le n-úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar chuspóirí agus ar thorthaí
 - creat monatóireachta feidhmíochta éifeachtach a bhunú don chlár.

Straitéis Tíre do Mhósaimbíc

- 19.54** Dhírigh an measúnú ar réimsí sonracha lena n-áirítear tacaíocht bhuiséadach ghinearálta (GBS) agus clár rialachais, clár sláinte agus HIV/AIDS, idirghabhálacha oideachasúla agus tionscnaimh talmhaíochta.
- 19.55** Chinn an measúnú go raibh GBS ina mhodh éifeachtach seachadta cúnaimh i gcónaí, idirphlé idir an Rialtas agus briontóirí á éascú agus ag tacú le feabhas i mbainistíocht airgeadais phoiblí. Chuir sé ar chumas briontóirí tionchar a imirt ar Rialtas Mhósaimbíc agus chun tiomantais ar fheidhmiú leasuithe rialachais a chinntiú. Chinn an tuarascáil gur chumasaigh GBS idirphlé freisin ar straitéis laghdaithe bochtaineachta an Rialtais cé gur thug sí ar aird nár éirigh leis an straitéis chomh maith is a raibh súil leis ag an tús. Ní hamháin go raibh sí páirteach i dtorthaí ginearálta GBS ach thug an tuarascáil creidiúint shonrach do Chúnamh Éireann faoi thiomantas athnuaithe a bhaint amach do GBS, rud a chuidigh le creat GBS a neartú agus le leasuithe bainistíochta airgeadais poiblí nasctha le GBS a chomhdhlúthú.
- 19.56** Ó thaobh tacaíochta do chlár sláinte agus HIV/AIDS, chinn an measúnú go raibh cur chuige Chúnamh Éireann iomchuí, comhtháite, éifeachtúil agus inbhuanaithe, cé gur dúradh gur ghá monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht beartas earnálach agus riachtanais chláir. Thug an tuarascáil ar aird gur chuir Cúnamh Éireann le feidhmíocht san earnáil sláinte agus go raibh tionchar dearfach aige ar chuir chuige a ghlac briontóirí eile.
- 19.57** Shocraigh an measúnú go raibh tacaíocht Chúnamh Éireann don oideachas ard-ábhartha. Leag an tuarascáil amach torthaí inbhraite lena n-áirítear rollú agus tabhairt chun críche méadaithe, soláthairtí níos fearr ionchur, infreastruchtúr níos fearr agus acmhainní teagaisc breise.

- 19.58** Shocraigh an tuarascáil go raibh tacaíocht Chúnamh Éireann don earnáil talmhaíochta ábhartha agus go raibh an cur chuige a ghlacadh éifeachtúil, i bprionsabal. Ach thug sí ar aird gurb í an taithí phraiticiúil nach raibh seachadadh seirbhíse níos fearr d'fheirmeoirí beaga mar thoradh ar an sreabhadh airgid.
- 19.59** Ba í an chonclúid fhoriomlán go raibh straitéis tíre Chúnamh Éireann ábhartha ar an iomlán agus dea-ailínithe le riachtanais agus le tosaíochtaí Mhósaimbíc. Measadh gur dearadh agus gur feidhmíodh an clár cúnaimh go héifeachtúil agus gur chuir sé le feabhas i mbeartais agus i gcóras, mar aon le dul chun cinn foriomlán i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Bhí an cur chuige de bheith ag obair den chuid is mó trí chórais rialtais, éifeachtach in uasmhéadú tionchair na tacaíochta a cuireadh ar fáil, cé go bhfuil sé níos deacra torthaí agus tionchair a aithint agus a aonarú atá inchurtha i leith maoinithe de chuid Chúnamh Éireann.
- 19.60** Déanann an tuarascáil roinnt moltaí chun go ndéanfaidh Cúnamh Éireann iad a mheas i gcomhthéacs pleanála don chéad pháipéar straitéise eile i Mósaimbíc. Seo iad na moltaí
- Ba chóir go bhfanadh Mósaimbíc ina comhpháirtí fadtéarmach tábhachtach do Chúnamh Éireann agus ba chóir gur réimsí tosaíochta i gcónaí iad sláinte, oideachas agus rialachas d'idirghabhálacha Chúnamh Éireann
 - Ba cheart don chéad straitéis tíre eile a shonrú cén chaoi a bhfuil coinne ag Cúnamh Éireann go ngabfaidh a idirghabhálacha i bhfeidhm ar thorthaí níos leithne agus ar na socruithe monatóireachta a bheidh i bhfeidhm
 - Cé gur cheart do Chúnamh Éireann coinneáil air agus úsáid á baint as éagsúlacht mhódúlachtaí cúnaimh, ba chóir go mbeadh tacaíocht bhuiséid ghinearálta ina cuid mhór den chlár cúnaimh i gcónaí
 - Ba cheart do Chúnamh Éireann leanúint ar aghaidh ag obair le bronntóirí eile agus le Rialtas Mhósaimbíc chun torthaí chomhthionscnamh a aithint agus a dhoiciméadú
 - ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcoibhéis idir idirghabhálacha tionscnaimh beaga agus iarrachtaí chun dul i gcionn ar an gcreat beartais náisiúnta
 - ba cheart do Chúnamh Éireann leanúint lena rannpháirtíocht ag an leibhéal cúige agus a rannpháirtíocht chúige a nascadh leis an gclár náisiúnta dílárnaithe.

Cláir Dhéthaobhacha Eile

- 19.61** Rinneadh dhá mheasúnú i rith 2011 ar an dara céim den Scéim Chláir Ilbhliantúil (MAPS II) a raibh leithdháileadh buiséid de bhreis ar €300 milliún aici agus a chlúdaigh an tréimhse 2007 go 2011. Dhírigh na measúnuithe isteach ar an ranníoc a rinne clár MAPS II i leith bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú.

- 19.62** Bhí fócas measúnaithe amháin ar thorthaí ó chláir mhaoinithe MAPS II a rinne Self Help Africa. Is scrúdú ar thuarascálacha measúnaithe reatha agus ar dhoiciméadú a bhí ann agus d'aidhm aige an tionchar agus na torthaí a baineadh amach trí MAPS II a aithint. Chinn an measúnú an méid seo a leanas
- bhí na cláir an-ábhartha do thosaíochtaí agus do bheartais briontóirí agus tairbhíthe araon
 - baineadh cuspóirí tionscadal agus clár amach de ghnáth ach i gcásanna áirithe d'fhéadfadh nach raibh na spriocanna a leagadh amach sách dúshlánach
 - bhí an cur chuige seo a ghlac Self Help Africa costéifeachtach i bhformhór na gcásanna
 - bhí éagsúlacht inbhuanaitheachta i measc clár agus coinne go leanfadh cuid acu ag seachadadh tairbhí tar éis gur stop an maoiniú agus cuid eile nár dóigh iad a bheith marthanach.
- 19.63** Chlúdaigh scóip mheasúnaithe eile na ceithre chomhpháirtí MAPS II a bhí fanta, is iad sin Concern, Trócaire, GOAL agus Christian Aid Ireland (féach Fíor 19.10).
- 19.64** Mhol an tuarascáil go leanfadh Cúnamh Éireann ag cur maoiniú seasmhach solúbtha ar fáil do na ceithre NGO a clúdaíodh san athbhreithniú, ach gur cheart di dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe MAPS ar bhonn níos rialta d'fhonn tionchar straitéiseach clár a mhéadú agus nascanna idir tionscnaimh MAPS agus idirghabhálacha eile de chuid Chúnamh Éireann a fheabhsú.
- 19.65** Do NGOanna, mhol an tuarascáil go ndéanfaidís riachtanas coigeartuithe straitéiseach dá gclár a mheasúnú, go gcuirfidís béim níos mó ar mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí ar leibhéal níos airde agus go ndéanfaidís am agus acmhainní a infheistiú i bhfoghlaím roinnte agus i mbainistiú eolais.
- 19.66** Ó tháinig deireadh le tréimhse cláir MAPS II i Nollaig 2011, tá an Roinn tar éis cur chuige maoinithe nua bunaithe ar fheidhmíocht a dhearadh ina bhfuil leithdháiltí deontas á gcinneadh agus úsáid á baint as samhail leithdháilte acmhainne. Leis an gcur chuige nua, sonraíonn comhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí comhpháirtíochta príomhspríocanna forbartha le baint amach thar an timthriall maoinithe cheithre bliana. I dteannta NGOanna comhpháirtithe MAPS II, úsáidtear an tsamhail leithdháilte acmhainne nua chun maoiniú a dháileadh ar roinnt NGOanna ar mheánmhéid a maoiníodh go dtí seo trí chonarthaí deontas ilbhliantúla. Leithdháileadh €65 milliún, in 2012, ar 19 NGO faoi na socruithe nua.
- 19.67** Tá na socruithe measúnaithe i leith Ciste na Sochaí Sibhialta tugtha sna conarthaí maoinithe aonair le faighteoirí. Maidir le Misean Cara, tá an chéad athbhreithniú neamhspleách eile sceidealaithe i dtreo deireadh na céime maoinithe reatha (2012/13).

Fíor 19.10 Measúnú ar Scéim Chláir Ilbhliantúil (MAPS II) 2007 go 2011

Ag an leibhéal foriomlán, shocraigh an measúnú go bhfuil cion dearfach déanta ag cláir atá maoinithe ag MAPS II chun bochtaineacht agus leochaileacht a laghdú. Ach thug an tuarascáil ar aird nach bhfuil gealladh MAPS II fíoraithe go hiomlán go fóill de bharr ráta mall an dul chun cinn i roinnt réimsí agus easpa nascanna soiléire ag an leibhéal tíre idir cláir chomhpháirtithe NGO agus straitéisí tíre Chúnamh Éireann.

Rinneadh tomhas sa mheasúnú ar an gcion a rinne MAPS II trí athbhreithniú a dhéanamh ar cheithre réimse leathana.

Torthaí forbartha a baineadh amach – Chinn an measúnú gur sheachaid an chuid ba mhó de chaiteachas clár MAPS II torthaí dearfacha ag leibhéal an teaghlaigh agus an phobail, lena n-áirítear ioncaim dhaingne a sholáthar d'fheirmeoirí beaga, rochtain ar uisce i sráidbhailte iargúlta agus áiseanna oideachais do leanaí faoi mhíbhuntáiste, ach bhí níos lú fianaise ar athruithe sistéamacha ardleibhéal i réimsí mar chórais sheachadaidh fo-réigiúnacha, forbairt bheartais nó reachtaíocht.

Acmhainní Eagraíochtúla – Chinn an measúnú gur chuir MAPS II le méadú ar acmhainn eagraíochtúil thar na ceithre chomhpháirtí NGOanna. Ar na feabhsúcháin a tugadh ar aird áirítear feabhsúcháin ar chórais airgeadais, meicníochtaí do mhonatóireacht agus do rianú dul chun cinn ar an talamh agus cuir chuige níos nasctha ag an leibhéal tíre. Thug an tuarascáil ar aird ina dhiaidh sin, go dteastaíonn iarracht mór go maith ó na comhpháirtithe NGOanna uile chun a gcórais mhonatóireachta agus mheasúnaithe a fheabhsú, go háirithe a n-acmhainn torthaí ardleibhéal a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Cumas comhpháirtí in-tíre – D'aimsigh an measúnú fianaise go raibh comhpháirtithe in-tíre NGOanna tar éis a n-acmhainní a fheabhsú agus go bhfuil siad ag éirí níos inbhuanaithe ach bhí bunús na fianaise teoranta. Cé gur tugadh feabhsúcháin bheaga ar aird, mhaígh an tuarascáil go dteastaíonn iarrachtaí níos láidre chun feabhsúcháin acmhainne agus an tionchar ar oibríochtaí comhpháirtithe in-tíre a rianú. **Caidreamh straitéiseach** – Chinn an measúnú gurb é an caidreamh straitéiseach idir Cúnamh Éireann agus na comhpháirtithe NGO an ghné is lú forbartha de chlár MAPS II. Sna tíortha ina bhfuil ionadaíocht ag Cúnamh Éireann agus comhpháirtithe NGOanna faoi seach, is beag ceangail a d'aithin an tuarascáil idir straitéisí Chúnamh Éireann agus straitéisí na gcomhpháirtithe NGO. Ní thagann sé seo le taithí in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, áit a bhfuil samplaí de chomhoibriú láidir agus éifeachtach ar shaincheisteanna sonracha.

Foinse: Measúnú MAPS II, IOD PARC, Meán Fómhair 2011

- 19.68** I réimsí cúnamh éigeandála agus daonnúla agus ullmhachta éigeandála, ab ionann agus caiteachas €66.2 mhilliún in 2011, faigheann comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil cleachtais agus nósanna imeachta measúnaithe seanbhunaithe acu formhór an mhaoinithe.¹⁰ Ar shaincheisteanna a bhfuil leas straitéiseach ag Cúnamh Éireann iontu, féadfaidh an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe páirt ghníomhach a ghlacadh i gcuid de na cleachtais mheasúnaithe seo. Mar shampla, bhí an tAonad rannpháirteach i measúnú ar LárChiste Freagartha Éigeandála na Náisiún Aontaithe i rith 2011.

10 Lena n-áirítear gníomhaireachtaí UN, gníomhaireachtaí iltaobhacha agus NGOanna idirnáisiúnta.

- 19.69** Maidir le tionscnaimh oideachais, ocrais agus sláinte domhanda, arbh ionann agus €23.9 milliún iad in 2011, is cómhaoiniú le briontóirí eile a bhíonn sa chuid is mó den mhaoiniú agus déantar measúnú ar na comhábhair éagsúla ag eatraimh a aontaítear.

Cláir Chúnamh Iltaobhacha

- 19.70** Tá a n-aonaid mheasúnaithe agus a mboird bhainistíochta féin ag eagraíochtaí iltaobhacha, trína seachadatar ODA na hÉireann, a reáchtálann athbhreithnithe rialta ar gach gné dá n-oibríochtaí. Bíonn teacht ag Cúnamh Éireann ar thuarascálacha na measúnuithe uile a dhéantar agus tá cuid mhór acu ar fáil go poiblí.
- 19.71** Maidir le ODA a chuirtear ar fáil trí fhorais AE, foilsíonn Cúirt Eorpach na nIníochóirí a dtuarascálacha ar líne. Déantar tuarascálacha measúnaithe a tháirgeann an Ard-Stiúrtóireacht um Fhorbairt agus Comhar (EuropeAid) a bhreithniú ag na meithleacha oibre ábhartha de Chomhairle an AE agus foilsítear ar líne iad.
- 19.72** Bíonn a bhfeidhmeanna measúnaithe féin ag eagraíochtaí UN de ghnáth a thuairiscíonn chuig a mboird stiúrtóirí féin. Ina theannta, déanann grúpa measúnaithe de chuid an UN comhordú ar na feidhmeanna measúnaithe i ngach eagraíocht leis an gcóras measúnaithe ar fud córas an UN a neartú agus chun measúnuithe a dhéanamh i réimsí leasa choitinn. Oibríonn Grúpa Measúnaithe Forbartha OECD (Evalnet) go dlúth le grúpa measúnaithe na Náisiún Aontaithe le hathbhreithnithe piara a dhéanamh ar an bhfeidhm mheasúnaithe laistigh de roinnt cistí agus clár de chuid an UN.
- 19.73** Déanann an Grúpa Measúnaithe Neamhspleách measúnuithe ar mhaoiniú a chuirtear ar fáil don Bhanc Domhanda agus cuireann siad na tuarascálacha ar fáil freisin ar a láithreán gréasáin.
- 19.74** Tá Éire ina cathaoirleach faoi láthair ar an Lónra Measúnaithe Feidhmíochta d'Eagraíochtaí Iltaobhacha, ar ghrúpa 16 briontóir é a bhfuil leas coitinn acu in éifeachtúlacht mhóreagraíochtaí cúnamh iltaobhacha a mheasúnú. Ar na measúnuithe a tugadh chun críche i rith 2011 áirítear Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta an UN, Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, Gníomhaireacht Oibríochtaí agus Fóirithinte na Náisiún Aontaithe agus Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe. Ar na measúnuithe atá beartaithe do 2012 áirítear Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe, an Comhaontas Domhanda um Vacsaíní agus um Imdhíonadh, Banc Forbartha na hAfraice agus an Banc Domhanda.

Gníomh Leantach ar Mheasúnuithe a Tugadh Chun Críche

- 19.75** Baineann an tAonad Iniúchta agus Measúnaithe úsáid as teimpléad le stádas iar-chomhlánaithe tuarascálacha measúnaithe (e.g. a cuireadh isteach le haghaidh athbhreithnithe inmheánaigh, a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta) agus le stádas feidhmithe na moltaí aonair uile araon a rianú. Tionóltar cruinnithe leis an mbainistíocht sa réimse atá clúdaithe ag an athbhreithniú le forbairtí maidir leis na moltaí aontaithe a phlé.
- 19.76** Déanann Fíor 19.11 achoimre ar an riocht maidir le feidhmiú moltaí ag éirí as measúnuithe a tugadh chun críche i rith 2011.

Fíor 19.11 Stádas Moltaí ó Mheasúnuithe a Tugadh Chun Críche in 2011

Stádas^a	Measúnú ar Chéim II de MAPS	Measúnú ar chlár tíre na Saimbia	Measúnú ar chlár tíre Mhósaimbíc
Líon iomlán na moltaí sa tuarascáil	7	20	21
An líon ar ghlac an bhainistíocht leo	6 ^b	20	21
An líon a cuireadh i bhfeidhm	3	—	12
An líon atá ar siúl	3	20 ^c	9
An líon nár cuireadh tús leo	—	—	—

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a An stádas léirithe amhail 1 Bealtaine 2012.

b Níor ghlac an bhainistíocht le moladh amháin. Is é dearcadh an Aonaid Iniúchta agus Measúnaithe, sa chás seo, go bhfuil seasamh na bainistíochta réasúnta.

c Baineann moltaí uile na tuarascála le dearadh na chéad pháipéar straitéise tíre eile. Toisc go bhfuil an páipéar straitéise tíre fós á fhorbairt tá gníomhartha beartaithe uile na bainistíochta fós ar siúl.

Conclúidí agus Moltaí

19.77 B'ionann caiteachais ODA iomlán na hÉireann in 2011 agus €657 milliún, a léiríonn laghdú 29% ar bhuaicfhigiúr €921 mhilliún a taifeadadh in 2008.

19.78 B'ionann ODA na hÉireann agus 0.52% de OTN in 2011, an treocht anuas ar siúl i gcónaí ar cuireadh tús léi in 2008 agus ag druidim ó sprioc 0.7% an UN do thíortha forbartha.

19.79 Seachadtar clár ODA na hÉireann trí raon cainéal, a léiríonn timpeallachtaí ar leith na dtíortha a dtugtar cúnamh dóibh agus nádúr éagsúil an chúnaimh a theastaíonn. Agus líon na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta atá i gceist agus raon na gcainéal seachadta a úsáidtear do chlár ODA na hÉireann, tá feidhm iniúchta éifeachtach ríthábhachtach chun dearbhú a thabhairt go sroicheann maoiniú an ceannscríbe atá beartaithe dóibh agus go n-úsáidtear iad chun na críocha beartaithe.

Moladh 19.1: Ba chóir don Roinn clár lárnach tuarascálacha iniúchta a bhunú, thar chlár iomlán ODA, le tuairisc a thaifeadadh ar na tuarascálacha iniúchta a fhaightear agus chun obair leantach maidir leis na tuarascálacha iniúchta nach bhfaightear in am a éascú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Coinnítear cláir de thuarascálacha a fhaightear ag leibhéal rannáin agus misin. Déanfar é seo a fhorbairt tuilleadh ina thaifead lárnach i 2013.

19.80 Tuairiscíonn an Roinn go bhfuil clúdach iniúchta ar ardleibhéal bainte amach maidir le cúnamh déthaobhach. Tá córais aici ag leibhéal tíre an chláir le tuairimí iniúcháir a rianú agus le cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach.

Moladh 19.2: Ba chóir don Roinn córas lárnach a bhunú le taifeadadh agus rianú a dhéanamh ar an gcéatadán caiteachais i ngach tír chomhpháirtithe a fhaigheann tuairimí coinníollacha/tuairimí iniúchta codarsnacha, ar na saincheisteanna a aithníodh agus ar an ngníomh ceartaitheach a rinneadh. Chuirfeadh sé seo dearbhú ar fáil maidir le cistí a cuireadh ar fáil cheana agus chuirfeadh sé le nósanna imeachta rialaithe do mhaoiniú amach anseo.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Tá an córas atá i bhfeidhm ag leibhéal tíre an chláir á fhorbairt tuilleadh de réir an mholta seo.


19.81 Tá iarrachtaí measúnaithe dírithe go príomha ar an maoiniú a sholáthraítear do thíortha an chláir.

19.82 Tá córas struchtúrtha ann chun moltaí measúnaithe a rianú agus a leanúint. Thug an Roinn le fios go raibh na moltaí uile ó mheasúnaithe a tugadh chun críche i 2011 curtha nó á gcur i bhfeidhm.

Moladh 19.3: Ba chóir don Roinn a chinntiú, do gach ceann dá cláir mhaoinithe ODA, go mbíonn maoiniú a chuirtear ar fáil d'eagraíochtaí comhpháirtíochta nasctha le spriocanna iomchuí agus intomhastha chun measúnú bríoch a éascú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Ceanglaítear ar chomhpháirtithe Chúnamh Éireann córais bhainistíochta feidhmíochta a bheith acu. Cuidíonn sé seo chun feidhmiú cúnaimh éifeachtach a chinntiú agus cumasaíonn measúnú inchreidte. Is réimse í an bhainistíocht feidhmíochta atá ag teacht chun cinn i gcónaí. Agus dea-chleachtas nua ag teacht chun cinn, leanfar de bheith ag cur feabhais ar chórais bhainistíochta feidhmíochta.

Iarscríbhinn A Léargas ar Chaiteachas ODA na hÉireann in 2011^a



Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nóta: a De bharr slánaithe d'fhéadfadh nach mbainfeadh suim ghnéithe áirithe iomlán na catagóire a tuairiscíodh amach.

20 An Ciste Craolacháin

- 20.1** Bunaíodh an Ciste Craolacháin (An Ciste) chun tacaíocht a thabhairt do léiriú clár nua teilifíse agus raidió i nGaeilge agus i mBéarla. Ar na hábhair chlár atá i dteideal cistiú a fháil tá clár faoi chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann, clár chun litearthacht aosach nó litearthacht sna meáin a fheabhsú nó clár a dhúisíonn feachtas agus tuiscint an phobail ar cheisteanna domhanda. Cuspóir eile de chuid an Chiste is ea forbairt a dhéanamh ar chartlannú ábhar clár craolacháin a tháirgtear sa Stát.
- 20.2** Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)¹ a bhainistíonn agus a rialaíonn an Ciste agus cistítear é tríd an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (An Roinn) a aistriú 7% de ghlanfháltais an ceadúnais teilifíse gach bliain.² Tá idir dheontais chun tacú le léiriú clár raidió agus teilifíse agus chostais a ghabhann le riaracháin BAI á gcuimsiú leis na híocaíochtaí ón gCiste.³
- 20.3** Baineadh úsáid as an gCiste chun tacú le dhá scéim dheontais shonracha ó bunaíodh í den chéad uair in 2003. Rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha an chéad scéim, ar a dtugtar 'Fuaime agus Fís' a cheadú i nDeireadh Fómhair 2005 lena hoibriú anall go deireadh 2009. Cheadaigh an tAire an dara scéim ar a dtugtar 'Fuaime agus Fís II' in Eanáir 2005 lena hoibriú anall go deireadh 2014. Ba ghá ceadú a fháil don dá scéim ón gCoimisiún Eorpach (CE) faoi rialacha cúnaimh Stáit agus fuarthas an ceadú sin.
- 20.4** Breis bheag agus €100 milliún ba ea ioncam iomlán an Chiste óna thús in 2003 go dtí deireadh 2011. €79 milliún an eisíocaíocht ón gCiste anall go deireadh 2011. Bhain suim díreach faoi bhun €74 mhiliún den chaiteachas sin le híocaíochtaí deontas faoi na scéimeanna agus bhain an fuilleach le costais foirne (€3 mhiliún) agus le costais riaracháin eile (€2 mhiliún).⁴
- 20.5** Ag deireadh mhí na Nollag 2011, bhí cúlchistí de thimpeall €22 mhiliún carntha sa Chiste mar atá leagtha amach i bhFíor 20.1 thíos.

Fíor 20.1 Ioncam agus Caiteachas an Chiste 2003 go 2011

	Ioncam	Caiteachas	Barrachas/Easnamh
	€ milliún	€ milliún	€ milliún
2003 - 2007	48.2	28.6	19.6
2008	11.1	15.2	(4.1)
2009	12.3	11.7	0.6
2010	15.0	11.1	3.9
2011	14.9	12.8	2.1
Iomlán	101.5	79.4	22.1

Foinse: Údarás Craolacháin na hÉireann

1 Rinneadh foráil don Chiste a chéadúair san Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus bhí sé á bhainistiú anall go dtí 2009 ag Údarás Craolacháin na hÉireann. Aistríodh an threagracht i leith an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann, a bhí nuabhunaithe, leis an Acht Craolacháin 2009.

2 5% an ráta anall go dtí Iúil 2009.

3 Tháinig timpeall 96% de sin ó na táillí ceadúnais teilifíse agus tuilleadh an 4% eile as infheistiú sealadach cistí.

4 Is é atá sna costais foirne agus riaracháin cionrannta chostais foirne agus fhorchostais BAI.

20.6 Sa chaibidil seo tá athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- Riarachán agus Bainistíocht an Chiste
- Aschuir agus Feidhmíocht an Chiste a mhéid a luacháladh é.

20.7 Tionóladh cruinnithe le hoifigigh de chuid na Roinne agus le BAI d'fhonn an cúlra, an maoiniú agus na próisis a shuíomh chun an Ciste a riar agus a bhainistiú. Scrúdaíodh comhaid conarthaí ar mhaithe le sampla a fháil de na tionscadail atá ag fáil tacaíochta faoi na Scéimeanna Fuaime agus Físe. Rinneadh anailís ar bhunachar sonraí conarthaí atá á gcoinneáil ag BAI.

Deontais Chiste a Riar agus a Bhainistiú

20.8 Lorgaítear iarratais ar chistiú trí bhabhtaí cistiúcháin. Braitheann líon agus sceidealú na mbabhtaí cistiúcháin ar thosca lena n-áirítear riachtanais oibríochta BAI agus uainiú bhabhtaí coimisiúnaithe na gcraoltóirí. Ceaptar oifigeach ó BAI ina bhainisteoir babhtaí i leith gach babhta cistiúcháin. Reáchtáladh na chéad bhabhtaí cistiúcháin in 2006 agus, anall go dtí deireadh 2011, reáchtáladh aon bhabhta cistiúcháin déag an ceann don raidió agus don teilifís.

20.9 Tá achoimre ar stádas na dtionscadal, mar a bhí ag deireadh 2011, ar leithdháileadh cistiú orthu ó na babhtaí cistiúcháin uile leagtha amach i bhFíor 20.2.

20.10 Leithdháileadh €86 milliún san iomlán ar 1,227 dtionscadal. Faoi dheireadh 2011, bhí timpeall €74 mhilliún íoctha amach rud a d'fhág fuilleach €12 mhilliún a bhí tiomnaithe. Ós rud é go ndéantar íocaíochtaí le tionscadail ina dtráinsí, tá léiriú sa mhéid iomlán a íocadh ar íocaíochtaí céimnithe le tionscadail ina raibh conarthaí sínithe ach gan na tionscadail a bheith curtha i gcrích go fóill chomh maith le híocaíochtaí le tionscadail atá curtha i gcrích. Tá anailís in Iarscríbhinn A ar stádas na dtionscadal sna babhtaí cistiúcháin uile ag deireadh 2011.

Fíor 20.2 Stádas na dTionscadal ar Leithdháileadh Cistiú orthu ag deireadh 2011

	Teilifís	Raidió	Iomlán	Céatadán
Líon na dTionscadal ar Leithdháileadh Cistiú orthu a	417	810	1,227	100%
a bhfuil an líon seo a leanas acu				
Curtha i gcrích	281	598	879	72%
ar siúl	102	176	278	22%
ag feitheamh ar chonradh	34	36	70	6%
	€ milliún	€ milliún	€ milliún	
Leithdháileadh cistí b	76.3	9.8	86.1	100%
dár íocadh	65.1	8.7	73.8	86%

Foinse: Údarás Craolacháin na hÉireann

Nótaí: a Gan tionscadail a tarraingíodh siar a áireamh

b Is é atá i leithdháileadh cistí glanmhéid na ndéontas a dámhadh tar éis coigeartú a dhéanamh i leith aistarraingtí, laghduithe agus méaduithe ar chistiú.

Iarratais a mheasúnú

- 20.11** Tá forbairt tagtha ar an bpróiseas measúnachta ó cuireadh tús leis na scéimeanna. Is é atá i gceist leis an bpróiseas reatha réamh-mheasúnacht a dhéanann foireann BAI ar iarratais d'fhonn a fháil amach ar cuireadh an fhaisnéis go léir ar aghaidh agus an bhfuil an tionscadal i dteideal maoiniú a fháil. Gach aon iarratas a n-éiríonn leis ag an gcéim seo déanann measúnóir seachtrach é a bhreithniú agus critéir shonraithe á n-úsáid aige, amhail cáilíocht an togra, breisíocht agus nuáil.⁵ Déanann measúnóir seachtrach eile an mheasúnacht sin a bhreithniú agus is amhlaidh a dhéanann sé toradh na chéad mheasúnachta a bhailíochtú nó a leasú, ag féachaint dá thaithí/taithí nó dá shaineolas/saineolas. Déanann painéal measúnachta, ar a bhfuil foireann BAI agus an dara measúnóir an t-iarratas agus tuarascálacha na measúnóirí a athbhreithniú i dteannta a chéile. Tugann an painéal breith faoi cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad tionscadal a mholadh lena mhaoiniú.⁶
- 20.12** Ar an bpróiseas measúnachta a chur i gcrích, déantar sceideal na moltaí deiridh a chur i láthair an Údaráis le hé a dhaingniú go foirmiúil mar chuid de thuarascáil ghinearálta ar thoradh an bhabhta cistiúcháin áirithe. Tá mionsonraí sa tuarascáil faoi na hiarratais nár éirigh leo chomh maith leis na cinn a moladh. Go ginearálta, leagtar amach inti i leith gach aon togra a moladh an méid a moladh le haghaidh cistiú, céatadán uasta na gcostas incháilithe a íocfar, chomh maith le líon agus fad na gclár a léireofar.
- 20.13** Déantar aiseolas ar thoradh an phróisis measúnachta a sholáthar d'iarratasóirí a n-éiríonn leo agus d'iarratasóirí nach n-éiríonn leo i dteimpléad caighdeánach tuarascála measúnachta a ullmhaíonn foireann BAI agus é bunaithe ar thoradh bhreithniúcháin an phainéil measúnachta. Chomh maith leis sin, eisítear litir tairisceana do gach aon iarratasóir a n-éiríonn leis. Ceanglaítear ar an iarratasóir conradh a thabhairt chun críche le BAI laistigh de 12 mhí ón tairiscint fhoirmiúil ar chistiú. Tugtar conarthaí chun críche trí phróiseas caibidlíochta ar bhonn cáis ar chás.
- 20.14** Déantar anailís ar iarratais teilifíse agus raidió agus ar an measúnacht orthu le haghaidh cistiú i mbabhta 11, a réachtáladh in 2011, a leagan amach i bhFíor 20.3.

Fíor 20.3 Anailís ar an bPróiseas Measúnachta – Babhta Cistiúcháin 11 – Teilifís agus Raidió

	Teilifís		Raidió		Iomlán	
Iarratais a Fuarthas	98		262		360	
Iarratais a diúltaíodh	55	56%	166	63%	221	61%
ag an réamhchéim meastóireachta	5		63		68	
ag an gcéim mheasúnachta	50		103		153	
Cistiú a leithdháileadh	43	44%	96	37%	139	39%

Foinse: Údarás Craolacháin na hÉireann

5 Tá liosta iomlán na gcritéar leagtha amach in larscríbhinn B.

6 Féadfar dara babhta measúnachta a úsáid i gcás inar mó líon na dtionscadal cáilitheach i mbabhta ná an cistiú atá ar fáil. Níor baineadh leas as sin ach ar aon ócáid amháin.

- 20.15** Diúltaíodh díreach os cionn 60% san iomlán de na hiarratais ar bhabhta 11 (56% i gcás na teilifíse agus 63% i gcás an raidió). 51% ba ea an céatadán comhréireach le haghaidh bhabhta 10 (53% i gcás na teilifíse agus 63% i gcás an raidió). I gcás na teilifíse, ba mhó de bheagnach €900,000 an méid a moladh don chistiú ná an leithdháileadh táscach €7 milliún don bhabhta sin.⁷ Maidir leis an méid a mholadh le haghaidh cistiú i gcás clár raidió (€0.8 milliún) bhí sé cuid mhaith níos lú ná an leithdháileadh €1.5 milliún a cuireadh go leataobh don bhabhta sin. Tharla an rud céanna i mbabhtaí raidió 9 agus 10.⁸
- 20.16** Mar chuid den iniúchadh seo, rinneadh scrúdú ar thaifid iarratais agus mheasúnachta do dheich dtionscadal ar leithdháileadh cistí orthu i dtrí bhabhta sa réise 2010 agus 2011. Cé is moite d'aon chás amháin, b'iad na tuarascálacha caighdeánacha sin a úsáideadh chun aiseolas a thabhairt d'iarratasóirí, agus iad sin amháin, a bhí ar na tuarascálacha measúnachta a cuireadh ar fáil don athbhreithniú ar an iniúchadh. Maidir leis na tuarascálacha sin, ní raibh aon síniú ná dáta orthu, agus níor léirigh siad go soiléir an modh inar chomhlíon an t-iarratas na critéir mheasúnachta. Go ginearálta, nótáil siad eilimintí den bhuiséad tionscnaimh a raibh dealramh iomarcach orthu ach níorbh fhéidir iad sin a nascadh leis an moladh i dtaobh cistiú.
- 20.17** Ní choimeádann BAI na tuarascálacha a ullmhaíonn na measúnóirí seachtracha. Fuarthas trí thuarascáil mheasúnachta sa chomhad in aon chás iarratais amháin, áfach. Leagadh amach iontu sin tráchtareacht agus rátáil faoi gach critéar measúnachta ach ní raibh aon síniú ná dáta orthu. Moladh i ngach aon tuarascáil ar leith go ndéanfaí an méid iomlán cistiúcháin a bhí á lorg ag an iarratasóir a sholáthar (€300,000). €270,000 a bhí sa mholadh le haghaidh cistiúcháin a rinneadh chuig an Údarás agus b'in í an tsuim a dhaingnigh an tÚdarás ina dhiaidh sin. Léiríodh freisin sa tuarascáil chaighdeánach ar an aiseolas ón measúnacht gur €270,000 an méid a moladh le haghaidh cistiú. Cé gur cuireadh scóir ar fáil faoi na critéir mheasúnachta, bhí easpa trédhearcachta ann maidir leis an mbonn a bhí faoin moladh i dtaobh cistiú laghdaithe.
- 20.18** Dúirt Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF) BAI go leagtar amach tuairimí aonair na measúnóirí seachtracha maidir leis an aighneacht sna tuarascálacha measúnachta atá coinnithe ar comhad sa chás seo, ach i gcomhar le chéile, chomhaontaigh an painéal go ndéanfaí suim €270,000 a mholadh don tionscadal. Dúirt sé gurb é an comh-chinneadh seo an t-aon chinneadh maidir leis an iarratas agus gur cuireadh in iúl don iarratasóir ina dhiaidh sin é. Dúirt sé nár chóir tuarascálacha aonair a bheith coinnithe ar comhad agus gur botún riaracháin ba ea é sin.

Conrú agus Bainistíocht Conarthaí

- 20.19** Tugadh aird ar roinnt ceisteanna a bhaineann le bainistiú conarthaí ón athbhreithniú ar shampla 25 thionscadal agus as anailís ar bhunachar sonraí na gconarthaí a bhíonn á choimeád ag BAI. Leagtar amach iad thíos.
- **Moilleanna i dtaca le conarthaí a thabhairt chun críche** – I gcás ceithre cinn den 25 chás a scrúdaíodh níor thugadar a gconradh chun críche laistigh den tréimhse 12 mhí dá bhforáiltear i rialacha na scéime. Sa raon 13 mhí go dtí beagnach trí bliana a bhí an tréimhse a glacadh chun na conarthaí sin a thabhairt chun críche. Tháinig ceithre chás eile chun solais i mbunachar sonraí na gconarthaí ina raibh bearna ama de thimpeall trí bliana idir an cistiú a thairiscint agus an Conradh a chomhaontú. Níorbh fhéidir comhlíonadh na teorann 12 mhí a fhíorú i ngach uile chás toisc nach raibh an bunachar sonraí iomlán, go háirithe i gcás na mbabhtaí cistiúcháin luatha.

7 Ní dhearnadh an dara céim measúnachta, mar a fhoráiltear sa scéim, toisc go raibh dóthain cistí carntha ar fáil chun na hiarratais cháilitheacha ar fad ó bhabhta 11 a chistiú.

8 As leithdháileadh táscach €1.5 an bhabhta, €0.96 ba ea an méid a moladh le haghaidh cistiú i mbabhta 9 agus €1.2 milliún i mbabhta 10.

- **Airleacain Cistiúcháin** – I dtrí cinn de na cásanna a scrúdaíodh, íocadh amach 90% de leithdháileadh an deontais ar an gconradh a shíniú, rud a d'fhág go raibh riosca suntasach sa tionscadal do chistí an Stáit sa chás nach ndéanfaí na tionscadail a sheachadadh. Tugadh faoi deara as athbhreithniú a dhéanamh ar bhunachar sonraí na gconarthaí go raibh 44 thionscadal teilifíse ann san iomlán, a raibh leithdháileadh comhiomlán cistiúcháin €13.6 milliún acu, agus ar íocadh 90% nó breis dá leithdháileadh leo ar an gconradh a shíniú. Dúirt an POF gur bhain riosca íseal leis na tionscadail sin sa mhéid go raibh siad ar fad nasctha le cistiú Alt 48.1, ar de chineál iad inar chuir na páirtithe ar fad cistí isteach ar dháta luath.⁹ Dúirt sé freisin gur chuidigh sé sin le cistí a ghíaráil ó infheisteoirí eile agus go raibh tacaíocht fhorleathan acu ó lucht an tionscail.
- **Monatóireacht** – As na cásanna a athbhreithníodh, bhain titim siar ina gcuid sceideal seachadta conraithe le 12 acu agus chuaigh trí cinn acu thar a ndátaí seachadta sceidealta de bhreis agus 12 mhí. Áirítear i mbunachar sonraí na gconarthaí 26 thionscadal san iomlán a ghabhann siar go dtí babhtaí cistiúcháin in 2006 agus 2007 nach raibh a gcuid cistí tarraingthe anuas acu go hiomlán ag deireadh 2011. Íocadh breis agus €1 mhilliún leis an 26 thionscadal sin agus tá díreach os cionn €200,000 gan íoc.
- **Breithniú feidhmíochta conraitheora san am a caitheadh** – Tugadh faoi deara i dtí cinn den 25 chás a scrúdaíodh nach ndearnadh cumas an iarratasóra go dtí seo a scrúdú a dhóthain ag céim mheasúnachta an tionscadail nó ar chistí a scaoileadh amach ar thionscadail eile chuig an gconraitheoir céanna. Sna cásanna sin, ní dhearnadh tionscadail a cistíodh roimhe sin a chur i gcrích, seachadadh go déanach iad nó is amhlaidh nár sheol siad cuntais iniúchta deiridh isteach.
- **Fíorú Costas** – In dhá chás acu sin a athbhreithníodh, ainneoin gur seachadadh na tionscadail, ní dhearnadh na ráitis chostas deiridh a sheoladh isteach.¹⁰ Coinníodh siar an íocaíocht deiridh i gcás amháin agus níor lorg an conraitheoir sa dara cás í. B'ionann na híocaíochtaí deiridh a bhí amuigh agus 3% agus 10% den chistiú, faoi seach. Gan ráiteas costas deiridh iniúchta a bheith aige, níl BAI in ann a bheith lánchinnte i dtaobh an mhodha inar caitheadh an t-airgead a cuireadh ar fáil. Léiríodh in athbhreithniú inmheánach ó BAI ar an gcomhlíonadh in 2009 an gá atá le seiceáil bhreise a dhéanamh ar an ábhar airgeadais a bhíonn á sheoladh isteach ag conraitheoirí. Dá bharr sin is amhlaidh a cheap BAI gnólacht cuntasóirí chun seacht n-iniúchadh phíolótacha a dhéanamh in 2009 agus 2012. Níor tugadh aon ní suntasach faoi deara.
- **Conarthaí comhcheangailte** – Sa dara leath de 2010, thug BAI Conradh comhcheangailte isteach faoina bhféadtar tograí raidió rathúla leis an léiritheoir céanna ó bhabhta cistiúcháin a chomhcheangal in aon chonradh amháin ar mhaithe le héifeachtúlacht riaracháin. Cé go ndéantar buiséad ar leithligh a chaibidil do gach aon tionscadal ar leith, is é an buiséad comhcheangailte amháin a bhíonn mar chuid den chonradh. Ní úsáidtear an Conradh comhcheangailte i ngach aon chás.

9 Déantar, le hAlt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 faoiseamh cánach a sholáthar faoi chomhair chostas léirithe scannán áirithe. Tá faoiseamh cánach ar 100% dá gcuid infheistíochta ar fháil d'infheisteoirí aonair agus d'infheisteoirí corparáideacha.

10 Beidh ráiteas ar chostas deiridh de dhíth sula ndéanfar an íocaíocht deontais deiridh. Go dtí 2008, rinneadh an íocaíocht deiridh ar bhonn ráiteas neamhiniúchta ar chostas. Ó 2008 i leith, tá cuntas deiridh iniúchta ar chaiteachas táirgeachta de dhíth.

Cistiú a Fhorchúiteamh trí Bhrabúis a Ghiniúint

- 20.20** Ó lár 2010, socraítear leis an gconradh cistiúcháin caighdeánach gur féidir forchúiteamh a déanamh leis an gCiste Craolacháin nuair a ghintear brabúis as léiriú, sa chás gur €200,000 nó níos mó an méid. Féadfaidh go mbainfidh an socrú sin le conarthaí le haghaidh cistiú idir €50,000 agus €200,000. Roimhe seo, is amhlaidh a chinn BAI ar bhonn cáis ar chás ar chóir clásal forchúitimh a áireamh. Níl aon fhigiúirí cinnte ar fáil do líon na gconarthaí ina raibh socrú le haghaidh forchúitimh sular áiríodh an socrú conartha caighdeánach. Measann BAI, áfach, nach n-áireofaí clásal forchúitimh ach i líon nach mó ná 5% de na conarthaí a cuireadh i gcrích roimh 2010. Ní dhearnadh aon chistiú a fhorchúiteamh go dtí seo mar thoradh ar na socrúithe sin.
- 20.21** Is faoin gconraitheoir atá seo BAI a chomhairliú i dtaobh aon ghlanfháltais ón léiriú agus leabhair agus taifid chruinne a choimeád i ndáil le saothrú tráchtála an chláir.
- 20.22** Tugadh faoi deara san iniúchadh nach ndearna ach sé cinn as an sampla de 25 chás a scrúdaíodh (ar bhain 17 acu le léirithe teilifíse) leas a bhaint as maoiniú Alt 481. D'fhonn cáiliú le haghaidh faoiseamh Alt 481, ní mór na cistí a dhéanann infheisteoirí a airleacan a bheith tugtha amhlaidh acu ar chúiseanna tráchtála 'bona fide'. Ar an mbonn sin, tá sé réasúnta a bheith ag súil leis go ndéanfaidh roinnt de na léirithe sin ar a laghad brabús a ghiniúint. Measann BAI go ndearna sé timpeall 70 tionscadal Alt 481 a chistiú anall go dtí deireadh 2011.
- 20.23** Dúirt an POF, i bhfianaise chineál na scéime, gur beag an t-ionchas a bhí ann go mbainfeadh tionscadal leibhéil bhrabúsachta amach a bharántódh an socrú forchúitimh a chur i ngníomh. Bhí an clásal sin ceaptha fónamh do chás inar sháraigh tionscadal cistithe aon ionchais a bhí ann ag céim na forbartha. Thairis sin, dúirt an POF go raibh BAI, chomh maith leis an gclásal caighdeánach a iníamh laistigh de chonarthaí, tiomnaithe do thionscadail a bhféadfadh poitéinseal áirithe a bheith acu sa réimse sin a spotseiceáil agus go bhféachfar, leis an gconradh nua a thabharfar isteach in 2012, le leibhéal méadaithe den fhaisnéisiú a bheith ann i ndáil le feidhmíocht i ndiaidh an chraolta.

Rialacha faoi Fhoinsí Airgeadais agus Cúnamh Stáit

- 20.24** Faoi rialacháin CE, ní ceadmhach cúnamh Stáit d'oibreacha scannáin agus físamhairc a bheith níos mó ná 50% den buiséad léiriúcháin, ach amháin i gcás ina meastar an léiriú a bheith deacair nó gur buiséad íseal é, nó gur teoranta an raon geografach a bheidh aige de bharr teanga agus cultúir. Is é atá i léirithe buiséid ísil na cinn sin a bhfuil buiséad níos lú ná €750,000 acu i gcás na teilifíse agus níos lú ná €55,000 i gcás an raidió. Meastar raon geografach teoranta a bheith ag léirithe sa Ghaeilge.
- 20.25** Ní mór BAI a bheith cinnte de i gcás a bhaineann le hábhar go bhfuil léiriú an cláir deacair. Ar na critéir a úsáideann BAI chun 'nithe is deacair a dhéanamh' a mheas áirítear: easpa poitéinsil tráchtála, easpa mealltachta suntasaí don lucht féachana; agus cineál turgnamhach agus/nó riosca cruthaitheach an léiriúcháin.
- 20.26** Tugadh aird san anailís ar an mbunachar sonraí go raibh clár teilifíse dátheangach amháin ann agus buiséad de bhreis agus €860,000 aige ag céim an iarratais, ar clár é ar leithdháil BAI €600,000 air (70% dá buiséad). Anuas air sin, bhí buiséid de bhreis agus €55,000 ag seacht gclár raidió trí mheán an Bhéarla agus fuair siad ciste de bhreis agus 50% ó BAI.

- 20.27** I ndáil leis na nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh rialacha Stáit, dúirt an POF go raibh an mhonatóireacht i leith na gcritéar buiséid ísil agus teanga sách díreach. Maidir le léiriúcháin dheacra, dúirt sé gur ceanglaíodh ar iarratasóirí go ginearálta bonn réasúin a sholáthar i dtaobh an dóigh a raibh sé deacair an clár a bhí beartaithe a dhéanamh. Ceanglaíodh ar na measúnóirí an bonn réasúin sin a mheas agus iad ag teacht ar a gcinneadh foriomlán. Dheimhnigh sé go raibh BAI sásta go rabhthas ag cloí leis na ceanglais CE i leith na n-iarratas ar fad a rinneadh agus úsáid á baint as na critéir sin.
- 20.28** Tugadh faoi deara go ndearna léiriúcháin teilifíse a bhí sách mór leas a bhaint as foinsí iomadúla cistí Stáit amhail cistiú Bhord Scannán na hÉireann (IFB) agus cistiú faoisimh cánach Alt 481. Anuas air sin, tugadh faoi deara san iniúchadh go raibh cistiú ann ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha le haghaidh dhá thionscadal. Nótáladh dhá chás san iniúchadh inar léiríodh sa phlean airgeadais a bhí leagtha amach sa chonradh go ndéanfaí cistiú iomlán Stáit de bheagnach 70% agus 86%, faoi seach, a sholáthar. Is i mBéarla a bhí na léiriúcháin sin agus bhain costais léiriúcháin bhuiséadaithe de bhreis agus €2 mhilliún le gach ceann acu.
- 20.29** Dúirt an POF go raibh socruithe leagtha amach ag BAI i leith thionscadail Alt 481, lena dheimhniú don Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta gurb é tuairim BAI go raibh sé deacair tionscadal a dhéanamh ar bhuiséad íseal agus/nó é sa Ghaeilge.¹¹ Níl aon phrótacal cuí ann i láthair na huaire le haghaidh tionscadal nach dtagann faoi scóip Alt 481.

Aschuir agus Feidhmíocht

- 20.30** Go ginearálta, is é cuspóir an chiste tacú le cláir áirithe teilifíse agus raidió a dhéanamh agus le clár ábhar a léirítear sa Stáit a fhorbairt agus a chartlannú.

Cláir a Dhéanamh

- 20.31** Is iad cuspóirí dearbhaithe na scéimeanna deontais
- tacú le léiriú clár craolacháin ardcháilíochta teilifíse agus fuaime atá bunaithe ar chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann
 - cur le hinfhaighteacht clár faoi chultúr, oidhreacht agus eispéireas na hÉireann ag lucht féachana sa Stát agus tacú le cláir a fhéachann leis na téamaí sin a thaiscéaladh ar bhealaí nuálacha
 - na cláir sin a fhorbairt sa Ghaeilge
 - tacú le cláir a dhéanann ionadaíocht d'ilchineálacht chultúr na hÉireann
 - oidhreacht béil na hÉireann a thaifeadadh, sin nó gnéithe d'oidhreacht na hÉireann atá ag imeacht as, faoi bhagairt, nó nár thaifeadadh roimhe seo
 - craoltóireacht áitiúil agus phobail a fhorbairt trí thacaíocht a thabhairt do léiriú clár ag an earnáil sin
 - tacú le léiriú clár a fhéachann le litearthacht aosach nó litearthacht sna meáin a fheabhsú
 - tacú le léiriú clár lena spreagtar feachtas an phobail agus tuiscint ar cheisteanna domhanda a fhearann ar an Stát agus ar thíortha seachas an Stát.¹²


11 Ní mór don Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta incháilitheacht gnólachta le haghaidh chistiú Alt 481 a dheimhniú faoi chritéir cháilitheacha áirithe.

12 Rinne scéim Fhuaim agus Fís II cuspóirí luaithe na scéime a leathadh chun cláir a chuimsiú ina ndéileáiltear le téamaí na meán, na litearthachta agus gnóthaí domhanda. Ní raibh feidhm leo sin i leith na scéime ba luaithe.

20.32 Ní fhéadfar an Ciste a úsáid chun tacú le cláir atá dírithe go príomha ar nuacht nó ar chúrsaí reatha.

20.33 Déantar anailísiú de réir seánra i bhFíor 20.4 thíos ar thionscadail ar leithdháileadh cistiú orthu anall go dtí deireadh 2011. Tá cur i láthair in larscríbhinn C ar thuilleadh anailíse ar chritéir sheachadta teanga agus seirbhíse.

Fíor 20.4 Cistiú de réir seánra 2006 go 2011



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

20.34 Léirítear san anailís:

- Gur tugadh beagnach 90% den chistiú leithdháilte chun tacú le léirithe teilifíse agus 10% chun tacú le léirithe raidió.
- Gurb iad na hEalaíona/An Cultúr, an tsochaí chomhaimseartha agus an stair/an oidhreacht a fuair na leithdháiltí ba mhó. B'ionann iad le chéile agus beagnach 80% den leithdháileadh cistí. Leithdháileadh 12% den chistiú ar chlár do leanaí agus fuair cláir a dhéileálann le litearthacht aosach/na meán agus leis an eolaíocht/an nádúr/an timpeallacht leithdháileadh 4% an ceann.
- Leithdháileadh breis bheag agus 25% den chistiú ar léiriú clár sa Ghaeilge, agus rinneadh 21% eile a leithdháileadh ar chlár dhátheangacha. Bhí comhréir an chistiúcháin a leithdháileadh ar chlár Ghaeilge don teilifís i bhfad níos mó ná an chomhréir don raidió.
- San iomlán, tugadh 68% den leithdháileadh iomlán cistí do léirithe lena gcráladh ar an raidió poiblí agus ar an teilifís phoiblí, 22% lena gcráladh ar stáisiúin thráchtála neamhspleácha agus 10% ar stáisiúin phobail.
- Ní dhearnadh aon tionscadail a chistiú faoin gcuspóir go ndúiseofaí feasacht agus tuiscint an phobail ar cheisteanna domhanda toisc nach bhfuarthas aon iarratais faoin gceannnteideal sin.

20.35 Níor leagadh síos aon spriocanna cistiúcháin nó aschuir do na cuspóirí éagsúla. Dá thoradh sin, is deacair BAI a chinneadh cé chomh maith agus a bhaintear cuspóirí an Chiste amach.

Cartlannú Clár

- 20.36** Is cuspóir de chuid an Chiste é tacú le scéim a fhorbairt chun ábhar cláir a léirítear sa Stát (gan a bheith teoranta do léirithe a fhaigheann tacaíocht ón gCiste) a chartlannú. Bhí súil leis go mbeadh scéim chartlannaíochta ceadaithe go luath in 2011 agus rinneadh méid €2.8 a leithdháileadh go sealadach lena íoc sa bhliain sin. Níor ceadaíodh an scéim go dtí le déanaí, áfach. Tá súil anois go seolfar an scéim i bhFómhar 2012 agus go mbronnfar na chéad dámhachtainí go luath in 2013. Is trí phróiseas iomaíoch a leithdháilfear cistí. Meastar nach mbeidh níos mó ná 20% den chistiú a bheidh ar fáil in aon bhliain áirithe sa chomhréir den Chiste Craolacháin a leithdháilfear ar an gcartlannú.
- 20.37** Maidir le cartlannú na léirithe a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, tá comhaontú déanta ag BAI le Cartlann Scannán na hÉireann d'Institiúid Náisiúnta na Scannán (IFI) chun na léirithe sin ar fad a chaomhnú agus a chartlannú agus chun an t-ábhar sin a chur ar fáil lena bhreathnú ar an láthair ag páirtí leasmhar ar bith.

Seachadadh agus Craoladh Clár

- 20.38** Leithdháilfear cistí ar an mbonn go mbeidh cláir ag teacht le critéir chomhaontaithe agus le sonraíochtaí conartha. Dá réir sin, is gá fíorú a dhéanamh ar ábhar cláir a léirítear. Seoladh nósanna imeachta i dtaca le fíorú ar bhonn anailíse riosca roghnaitheach. Tar éis athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar chomhlíonadh conarthaí in 2009 agus athbhreithniú a rinne beirt measúnóirí seachtracha ar an ábhar cláir a cuireadh ar aghaidh le haghaidh dhá thionscadal, thug BAI faoi deara go raibh gá le cur chuige níos córasaí i dtaca le hábhar cláir a athbhreithniú.
- 20.39** Dá thoradh sin, in 2012, d'iarr BAI ar an IFI a fhíorú go raibh léirithe teilifíse ar chaighdeán inchraolta, nach raibh aon fhabht teicniúil orthu agus go raibh siad oiriúnach lena gcaomhnú, a rochtain agus a thaispeáint go fadtéarmach. Chomh maith leis sin, faoi théarmaí an chomhaontaithe sin, ceanglaítear ar IFI tuairisc a thabhairt BAI i dtaobh an bhfuil an t-ábhar mar a bhreathnaítear é de réir téarmaí agus coinníollacha iomchuí sa chonradh cistiúcháin idir BAI agus an léiritheoir. Tá an próiseas sin á chur i ngníomh i láthair na huaire. Dúirt BAI go bhféadfaidh go dtarlódh an próiseas sa todhchaí sula n-údarófar an íocaíocht chonartha dheiridh. Chomh maith leis sin, féadfaidh go ndéanfaidh BAI féin ábhar a athbhreithniú roimh an íocaíocht chonartha dheiridh. Níl aon phróiseas fíorúcháin ann i láthair na huaire le haghaidh léirithe raidió.
- 20.40** D'fhonn forálacha reachtacha a chomhlíonadh is gá na léirithe a chistítear a chraoladh. Is gá litir a fháil ó chraoltóir iomchuí á thiomnú go gcaoladh sé an léiriú le linn buaicuaireanta féachana/éisteachta sula gceadófar cistiú faoi na scéimeanna.¹³ D'fhonn íocaíochtaí céime a tharraingt anuas, ceanglaítear ar an gconraitheoir tuarascáil a sheoladh ar aghaidh faoi dhul chun cinn an chraoltóra. Is gá deimhniú a fháil ón gcaoltóir gur seachadadh an léiriú sula ndéanfar an íocaíocht dheiridh.
- 20.41** I gceann amháin de na samplaí de 25 chás a scrúdaíodh (ar cuireadh 12 acu i gcrích agus an cistiú tarraingthe anuas go hiomlán), d'eisigh BAI an íocaíocht deiridh, €80,000, gan an tuarascáil seachadta is gá ón gcaoltóir a bheith faighte aige. Dúirt BAI go raibh siad sásta faoin litir tiomantais ón gcaoltóir chun an craoladh a dhéanamh a bhí ag gabháil leis an iarratas ar chistiú don tríú sraith den léiriú, gur leor í mar dheimhniú ar sheachadadh an dara sraith léiriúcháin.

¹³ Ní mór cláir teilifíse a chraoladh ar shaorsheirbhís teilifíse a sholáthraíonn clúdach uilíoch sa Stát, nó geall leis, nó ar chóras soláthraí líonra cuí nó ar chóras MMDS cuí, mar chuid de chonradh soláthair ábhair pobail faoi Alt 72 den Acht Craolacháin 2009. Ní mór cláir chraolta fuaime a sheoladh ar sheirbhísí craolta fuaime faoi chonradh arna dhéanamh ag BAI ó á n-oibriú ag RTÉ.

- 20.42** Anall go dtí gur tugadh isteach conradh caighdeánach cistiúcháin i lár 2010, níor ceanglaíodh ar chonraitheoirí BAI dáta agus am an chraoladh a bhí beartaithe a chur in iúl BAI. Bhí sé deacair dá réir ag BAI a dheimhniú go ndearnadh gach aon léiriú a bhí curtha i gcrích a chraoladh iarbhrí. Dúirt BAI go gceanglófaí ar chonraitheoir, faoin gconradh caighdeánach nua a tugadh isteach ó lúil 2012, litir dheimhniúcháin ón gcraoltóir a sholáthar, lena n-áirítear tiomantas é a chur ar an eolas faoi dhátaí craolacháin agus eolas faoi réim aimsithe lucht féachana a chur ar fáil, dá mba ghá.

Tionchar an Chiste

- 20.43** Ceanglaítear leis an reachtaíocht go ndéanfaidh BAI oibriú, éifeachtacht agus tionchar na scéime a athbhreithniú agus tuarascáil a thabhairt don Aire laistigh de thrí bliana óna teacht in éifeacht agus gach trí bliana ina dhiaidh sin nó de réir mar a iarraidh an tAire. In 2008 a rinneadh an chéad athbhreithniú den sórt sin. Rinneadh é trí shuirbhé ar gheallsealbhoirí, trí thaighde ar thionchar na scéime ar an tionscal closamhairc, trí fhigiúirí faoin lucht féachana agus faoin lucht éisteachta a thiomsú ó na craoltóirí agus trí athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar oibriú sa scéime.
- 20.44** Tuairiscíodh sa mheastóireacht reachtúil a rinneadh in 2008 gur éirigh go han-mhaith leis an scéim i dtaca le cur leis an teacht a bhí ag an bpobal, ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus pobail, ar chlár ardcháilíochta raidió agus teilifíse faoi théamaí chultúr agus eispéireas na hÉireann. D'aontaigh céatadán substaintiúil (85%) de na freagróirí ar shuirbhé a seoladh mar chuid den mheastóireacht sin go ndeachaigh an scéim chun tairbhe d'fhorbairt agus fás na hearnála léiriúcháin neamhspleáiche in Éirinn agus gur lig sé do chuideachtaí léiriúcháin foireann lánaimseartha a choinneáil agus obair a mhealladh ar feadh na bliana ar fad. D'aontaigh 73% de na freagróirí ar an suirbhé go ndeachaigh an scéim chun tairbhe do dheiseanna fostaíochta a chruthú sa chraoltóireacht in Éirinn. I dtéarmaí rátálacha lucht féachana agus lucht éisteachta agus ghnóthachtáil dámhachtainí tionscail, níor tuairiscíodh faisnéis i dtaobh na léirithe ar fad.
- 20.45** Tá an chéad athbhreithniú eile le tosú i Meán Fómhair 2012. Is gá sonraí tionchair a cheapadh do na scéimeanna deontais. Ar na táscairí a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcás inar cuí é áiríodh: an líon breathnóirí/éisteoirí atá ag léiriú, líon na ndámhachtainí aitheanta a fuarthas, an líon uaire a chraoltar léiriú, ar craoladh léiriú i dtír eile nó ar chainéal eile agus tionchar na scéime ar an bhfostaíocht san earnáil.

Maoirseacht ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha

- 20.46** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha, ainneoin gur cúram BAI é riaradh agus bainistíocht an Chiste, gur chás leis an Roinn é a chinntiú go ndéanfaí é sin ar an dóigh is éifeachtaí is féidir lena chinntiú go seachadfar cuspóirí an Chiste agus go mbeidh luach le fáil ar an airgead a chaitheann íocóirí na táille ceadúnais. Dúirt sé go bhfuil ról maoirseachta rialachais corparáideach ag an Roinn i ndáil le BAI a fhágann gur féidir ceisteanna beartais a bhaineann leis an gCiste Craolacháin a tharraingt anuas mar is cuí. Ar leibhéal ginearálta, dúirt sé gurb é tuairim na Roinne go raibh an Ciste á bhainistiú ar dhóigh lena chuspóirí beartais a bhaint amach, go háirithe cuideachtaí léiriúcháin neamhspleácha a chur clár teilifíse agus raidió nua chun cinn d'fhonn ábhar clár a léiriú ar réimse leathan ceisteanna agus téamaí a bhaineann go dlúth le cultúr agus sochaí na hÉireann.
- 20.47** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go rachadh an Roinn i mbun pléití le BAI roimh an athbhreithniú reachtúil ar an scéim atá ar na bacáin lena chinntiú go gcorrófar torthaí na caibidle seo sna téarmaí tagartha don athbhreithniú. Dúirt sé go gcinnteodh an Roinn go gcuirfí na torthaí san áireamh in aon mholtaí a d'eascródh as an athbhreithniú agus go mbeadh na moltaí sin dírithe ar chuspóirí beartais an Chiste Craolacháin a bhaint amach i dtaca le gnóthachtáil atá éifeachtach agus a thugann luach ar airgead.

Conclúidí agus Moltaí

- 20.48** Teipeann ar sciar suntasach de na hiarratais ar thacaíocht airgeadais ón gCiste Craolacháin. Is diomailt acmhainní é BAI agus do na hiarratasóirí chomh maith a bheith ag próiseáil iarratas atá easnamhach. Is gá tuilleadh oibre chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-iarratas ar chistiú atá á seoladh ar aghaidh agus chun an t-ualach riaracháin a ghabhann leis a laghdú.

Moladh 20.1: Ba chóir BAI anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá leis an líon mór a dhiúltaítear agus dul i mbun pléití le geallsealbhóirí i ndáil le cáilíocht na n-iarratas a fheabhsú.

Freagairt an POF: Aontaithe. Tá BAI tar éis a bheith i mbun oibre le geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar an líon mór iarratas a dhiúltaítear.

- 20.49** Tá easpa trédhearcachta agus cuntasachta i bpróiseas measúnachta na n-iarratas.

Moladh 20.2: Ba chóir BAI a chinntiú go léirítear leibhéal trédhearcachta níos mó sa phróiseas meastóireachta. Ba chóir go ndéanfaí toradh na measúnachtaí go léir a lua go soiléir sna tuairiscí faoi threoir chritéir na scéime.

Freagairt an POF: Aontaithe go páirteach. Tá an tuarascáil mheasúnachta deiridh i bhfoirm tuairisc ar aiseolas coinnte ar comhad. Cuirtear ar aghaidh chuig gach iarratasóir í agus leagtar amach ann measúnacht BAI faoi threoir chritéir na scéime. Ní choinnítear tuarascálacha na measúnóirí toisc nach cuid den phróiseas machnamhach iad agus nach cinntí ar leithligh iad sa cháil sin. Comhthuairim dheiridh an phainéil measúnachta an rud is tábhachtaí seachas na tuairimí aonair a chuirtear in iúl le linn an phróisis. Tá breithniúcháin an phainéil measúnachta analógach do phróisis chinnteoireachta eile de chuid BAI (agus de chuid comhlachtaí Stáit eile) lena ndéantar an cinneadh críochnaitheach a thaifeadh seachas na tuairimí ó chomhaltaí aonair an Bhoird. Áireofar athbhreithniú ar an bpróiseas measúnachta san athbhreithniú ar an scéim a bhfuil sé beartaithe tosú uirthi i Meán Fómhair 2012.

- 20.50** Ní i gcónaí a dhéantar conarthaí le haghaidh tionscadail a leithdháiltear cistiú orthu a chur i gcrích laistigh den amscála a leagtar síos sna rialacha scéime.

Moladh 20.3: Ba chóir BAI tuairisc a thabhairt don Údarás nuair nach dtugtar caibidlí conartha chun críche laistigh den tréimhse 12 mhí.

Freagairt an POF: Aontaithe go páirteach. Is cuidiú iad na scéimeanna a tugadh isteach le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar an gceist. Chomh maith leis sin, moltar go smaoineodh feidhmeannacht BAI ar fhadú a dhéanamh thar an tréimhse 12 mhí ar bhonn cáis-ar-chás agus go ndéanfaí aon fhaduithe a cheadófaí a thuairisciú ina dhiaidh sin don Údarás.

- 20.51** Faigheann cuid mhór tionscadal sciar mór cistiúcháin sula gcuirtear iad i gcrích. Cé go mb'fhéidir gur gá é sin a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh cistiú dóthanach ann leis an tionscadal a chríochnú, méadaíonn sé ar an riosca go soláthrófar cistí Stáit do thionscadail a fhágtar gan seachadadh. Chlis ar a leath den 25 chás a athbhreithníodh a sceidil seachadta conartha a shlánú. In dhá chás, is amhlaidh a seachadadh tionscadail ach nach ndearnadh ráitis chostais deiridh a sheoladh ar aghaidh. Gan eolas den chineál sin a bheith aige, níl BAI in ann é féin a shásamh go mbaintear úsáid as an gcistiú a sholáthraítear chun na gcríoch a bhí beartaithe.

Moladh 20.4: I gcás nach slánaítear sceidil seachadta nó nach gcloítear le téarmaí conartha, ba chóir BAI smaoineamh ar na cistí a aisghabháil.

Freagairt an POF: Aontaithe. Tá na córais a tugadh isteach le roinnt blianta anuas ag cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo. Maidir leis an mainneachtain ráitis chostais deiridh a sheoladh ar aghaidh, tá sé beartaithe ag BAI nósanna imeachta caighdeánaithe a thabhairt isteach i dtaobh iniúchadh le haghaidh iniúcháirí seachtracha ar dheontaithe chomh maith le clár bliantúil iniúchta ag BAI, chun go ndéanfar comhlíonadh na nósanna imeachta sin a fhíorú.

- 20.52** Ní dhéantar an teist atá ar chonraitheoir go dtí seo a bhreithniú sách maith ag céim na measúnachta ar an tionscadal nó nuair a bhíonn cistí á scaoileadh amach ar thionscadail eile chuig an gconraitheoir céanna.

Moladh 20.5: Ba chóir go ndéanadh BAI a gcríteir mheasúnachta i leith iarratas a athbhreithniú lena chinntiú go dtugtar aird a dhóthain ar fheidhmíocht chonarthaigh san am a caitheadh le linn athbhreithniú a dhéanamh ar aon iarratais nua ar chistiú ón gconraitheoir céanna. Ba chóir aon iarratais ar tharraingt anuas cistí a bhainistiú ar bhonn an chonraitheora ina iomláin e seachas ar bhonn tionscadail aonair.

Freagairt an POF: Aontaithe: Tugtar aghaidh ar na húdair imní sin i gconradh nua a ceadáíodh i mí Iúil 2012 agus déanfar teist an iarratasóra go dtí seo maidir le comhlíonadh laistigh den scéim a chur i gcuntas le haghaidh aon conarthaí nua a ghabhfar de láimh.

- 20.53** Ní dhearnadh aon chistiú a aisghabháil as aon bhrabúis a ghnóthaigh na léirithe a cistíodh. Ní raibh BAI in ann líon na gconarthaí cistiúcháin ina raibh clásal aisghabhála a lua go deifnídeach. Measann sé gur chistigh sé timpeall 70 léiriú Alt 481 ar mó is dóichí go mbeidh an poitéinseal acu brabúis a ghnóthú.

Moladh 20.6: Ba chóir clár a choinneáil ar na conarthaí go léir a bhfuil foráil aisghabhála cistí ag gabháil leo mar aon leis na tionscadail go léir a bhfuil cistiú Alt 481 acu. Ba chóir monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar na tionscadail sin.

Freagairt an POF: Aontaithe go páirteach. Beifear in ann, le bunachar sonraí nua BAI, líon iomlán na gconarthaí Alt 481 a aithint gan stró agus iad a chur ar fáil as seo amach. Úsáid mhíchuí acmhainní a bheadh ann monatóireacht na forála aisghabhála a leathnú thar an bpróiseas reatha faoina ndéantar spotseiceáil ar thionscadail a bhfuil an poitéinseal le brabús a ghnóthú acu. Féachtar le forálacha an chonartha nua le nochtadh níos mó a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i ndiaidh an chraolta.

- 20.54** Leagtar síos le rialacháin CE nach ceadmhach suim is mó ná 50% den bhuiséad léiriúcháin a thabhairt mar chúnamh stáit d'oibreacha scannáin agus closamhairc, ach amháin i gcás ina meastar an léiriú a bheith deacair, go ngabhann buiséad íseal leis an tionscadal nó go bhfuil síneadh geografach teoranta ag an gclár at bhonn teanga agus cultúir. Cé is moite de thionscadail Alt 481, ní dhéanann monatóireacht BAI cistiú stáit ó fhoinsí eile a chur i gcuntas.

Moladh 20.7: Ba chóir go ndéanadh BAI nósanna imeachta a athbhreithniú lena chinntiú go ndéantar gach aon fhoinsé airgeadais Stáit a chur i gcuntas le linn a chinneadh an bhfuil rialacháin CE á gcomhlíonadh. Féadfaidh go mbeidh gá le comheagrú cuí le soláthraithe cistí Stáit eile.

Freagairt an POF: Aontaithe. Comhoibreoidh BAI le haon chomhlachtaí Stáit eile i dtaca le nósanna imeachta a cheapadh agus a chur i ngníomh chun go mbeidh léargas níos mó ar fheidhmiú na rialachán.

- 20.55** Leithdháileadh timpeall €86 mhilliún ar 1,227 dtionscadal ó bunaíodh an chéad scéim in 2005. Cuireadh an chuid is mó den chistiú i leith cláir theilifíse a léiriú agus cóimheas de bheagnach 8:1 a bhí sna leithdháiltí idir an teilifís agus an raidió.

- 20.56** Ní leagtar síos aon spriocanna cistiúcháin do chatagóirí áirithe cuspóirí clár. Leithdháileadh 80% den chistiú ar thrí sheánra – na healaíona/ an cultúr, an tsochaí chomhaimseartha agus an stair/an oidhreacht. B'ionann cláir Ghaeilge/cláir dhátéangacha agus timpeall 46% den leithdháileadh foriomlán cistí. Is ar léirithe lena gcráoladh ag craoltóirí raidió agus teilifíse poiblí a leithdháileadh an sciar cistiúcháin is mó (68%); leithdháileadh 22% ar léirithe lena gcráoladh ag craoltóirí tráchtála neamhspleácha agus tugadh 10% do léirithe lena gcráoladh ag stáisiúin phobail. Níor cistíodh aon chlár faoin gcuspóir le feachtas agus tuiscint an phobail a dhúiseacht ar cheisteanna domhanda.

Moladh 20.8: Ba chóir go smaoiníodh BAI ar spriocanna a leagan amach le haghaidh catagóir de chuspóirí ábhair clár.

Freagairt an POF: Aontaithe go páirteach. Tá an scéim bunaithe ar bhabhtáí iomaíocha oscailte agus breithnítear gach aon iarratas de réir a thuillteanas. Dámhtar deontais ar na hiarratais is fearr agus dá réir sin níl aon dul as ach gur fearr a bhainfear cuid de na cuspóirí amach ná cuid eile acu. Breithneofar an cheist seo san athbhreithniú ar an scéim atá ag teacht aníos.

- 20.57** Bunaíodh próiseas fíoraithe foirmiúil don léiriú teilifíse in 2012 lena chinntiú go mbeadh seachadadh na gclár ar chaighdeán is inchraolta agus de réir conartha. Tá BAI tosaithe ar phróisis fíoraithe a chur i ngníomh do léirithe raidió.

- 20.58** Ní dhéanann BAI monatóireacht ar chlár lena chinntiú go gcráoltar iad. D'uireasa nósanna imeachta fíoraithe foirmiúla a bheith bunaithe, tá an baol ann nach gcráolfar léirithe áirithe agus gurb ionann sin agus cailleadh luacha ar na cistí Stáit a cuireadh ar fáil.

Moladh 20.9: Ba chóir nósanna imeachta a thabhairt isteach lena chumasú BAI a fhíorú go gcraoltar na léirithe a chistítear, lena n-áirítear socrú go bhféadfaí, b'fhéidir, na tráthchodanna deontais deiridh a choinneáil siar go dtí go bhfaightear deimhniú go ndearnadh an craoladh.

Freagairt an POF: Aontaithe. Tá BAI tosaithe cheana féin ar nósanna imeachta athbhreithnithe a chur i ngníomh.

20.59 Maidir leis an meastóireacht ar thionchar na scéime san athbhreithniú a rinneadh in 2008, bhí sí bunaithe cuid mhór ar shuirbhé ar na geallsealbhóirí agus ar thaighde ar thionchar na scéime ar an tionscal. Tá an chéad athbhreithniú eile ar an scéim beartaithe le haghaidh Mheán Fómhair 2012.

Moladh 20.10: Is gá go mbreithneodh BAI an dóigh ina bhféadfaidh sé sonraí tionchair níos oibiachtúla a cheapadh go réasúnach ionas go bhféadfar measúnú níos iomláine a dhéanamh ar shochair agus cion tairbhe na scéime.

Freagairt an POF: Aontaithe go páirteach. Breithneoidh BAI an moladh i ndáil le sonraí tionchair san athbhreithniú ar an scéim atá ag teacht aníos. Cé go bhfuil tábhacht leis na táscairí den chineál atá molta, níor ghá go bhfeilfidís go hiomlán do scéim den chineál seo.

Iarscríbhinn A Stádas na dTionscadal Uile i Mí na Nollag 2100 de réir Babhta Cistiúcháin

Babhtaí Cistiúcháin Teilifíse

Babhta Cistiúcháin	Bliain	Rathúil	Tarraingthe Siar	Líon Glan na dTionscadal ar Leithdháileadh Cistiú orthu	Curtha i gCrích	Conradh Sínithe	Conradh ar Feitheamh	Leithdháileadh Glan	Íoctha Amach	Ceangaltais
								€ m	€ m	€ m
1	2006	38	-	38	35	3	-	10.4	10.4	-
2	2006	39	2	37	35	2	-	9.1	9.0	0.1
3	2007	44	-	44	42	2	-	8.9	8.9	-
4	2007	54	2	52	50	2	-	8.3	8.2	0.1
5	2008	24	-	24	21	3	-	3.8	3.8	-
6	2008	29	-	29	26	3	-	4.1	4.0	0.1
7	2009	27	1	26	23	3	-	3.9	3.9	-
8	2009	31	1	30	23	7	-	4.0	4.0	-
9	2010	39	3	36	11	25	-	6.8	5.8	1.0
10	2011	46	-	46	6	37	3	7.0	4.2	2.8
11	2011	43	-	43	0	14	29	7.9	1.5	6.4
Scéimeanna Speisialta ^a		12	N/A	12	9	1	2	2.1	1.4	0.7
Iomlán		426	9	417	281	102	34	76.3	65.1	11.2

Foinse: Údarás Craolacháin na hÉireann

Nóta: a Féadfaidh BAI, dá lánrogha, cistiú a leithdháileadh i leith cláir a dhéanamh atá bunaithe ar scéimeanna speisialta faoi aon cheann de na réimsí téamacha a luaitear sa reachtaíocht. Is é cuspóir na scéimeanna sin go spreagfaí forbairt clár ar théamaí áirithe nó go marcáilfí mórchomórthaí nó ócáidí a ngabhann tábhacht stairiúil nó chultúrtha leo.

Babhtaí Cistiúcháin Raidió

Babhta Cistiúcháin	Bliain	Rathúil	Tarraingthe Siar	Líon Glan na dTionscadal ar Leithdháileadh dh Cistiú orthu	Curtha i gCrích	Conradh Sínithe	Conradh ar Feitheamh	Leith- dháileadh Glan	Íoctha Amach	Ceangaltais
								€ m	€ m	€ m
1	2006	45	1	44	44	—	—	0.5	0.5	—
2	2006	41	4	37	36	1	—	0.4	0.4	—
3	2007	75	4	71	67	4	—	1.1	1.0	0.1
4	2007	70	1	69	62	7	—	1.0	1.0	—
5	2007	60	6	54	49	5	—	0.6	0.6	—
6	2008	91	1	90	81	9	—	1.1	1.1	—
7	2008	95	5	90	71	19	—	1.2	1.1	0.1
8	2009	89	1	88	68	20	—	0.9	0.9	—
9	2010	88	1	87	67	19	1	0.9	0.8	0.1
10	2010	99	2	97	36	53	8	1.2	0.8	0.4
11	2011	75 ^a	—	75	11	38	26	0.8	0.4	0.4
Scéimeanna Speisialta^b		8	N/A	8	6	1	1	0.1	0.1	—
Iomlán		836	26	810	598	176	36	9.8	8.7	1.1

Foinse: Údarás Craolacháin na hÉireann.

Nótaí: a Thángthas ar an bhfigiúr seo tar éis coigeartú le haghaidh conarthaí comhcheangailte faoinar comhcheanglaíodh 29 dtionscadal mar ocht gconradh.

b Féadfaidh BAI, dá lánrogha, cistiú a leithdháileadh i leith cláir a dhéanamh atá bunaithe ar scéimeanna speisialta faoi aon cheann de na réimsí téamacha a luaitear sa reachtaíocht. Is é cuspóir na scéimeanna sin go spreagfaí forbairt na gclár ar théamaí áirithe nó go marcáilfí mórchomórthaí nó ócáidí a ngabhann tábhacht stairiúil nó chultúrtha leo.

Iarscríbhinn B

Critéir Mheasúnachta

Ginearálta

An ngabhann luach straitéiseach leis an togra i dtaca leis na cuspóirí reachtúla a bhaint amach?

An ndéanann an togra cuspóirí na scéime a chur chun cinn?

An bhfuil an togra réadúil ar bhonn ginearálta?

Téamaí na gClár

An gclúdaíonn an togra ceann amháin nó níos mó de théamaí na Scéime?

An ionann an togra agus léiriú nua/nuálach ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí téamacha?

Cáilíocht an Togra

An ndéanann an togra cáilíocht ábhar an chláir atá beartaithe a leagan amach go soiléir?

An ndéanann an togra cáilíocht na luachanna léiriúcháin a úsáidtear i dtaca le déanamh an chláir a leagan amach?

An bhfuil script agus cuntas an togra scríofa ar ardchaighdeán?

Cé na modhanna, bídís teicniúil nó eile, ina ndéanfaidh an t-iarratasóir clár ar ardchaighdeán?

Conas a bheartaítear clár den scoth ar ardchaighdeán a dhéanamh?

Breisíocht

An gcuireann a bhfuil sa chlár le réimse na roghanna féachana agus éisteachta don lucht féachana agus éisteachta in Éirinn?

Nua/Nuálach

An ionann formáid an chláir agus/nó a bhfuil ann agus coincheap nuálach i dtéarmaí cláir a dhéanamh in Éirinn?

Comhpháirtíochtaí

An ndearna an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí, bídís foirmiúil nó neamhfoirmiúil, le tríú páirtithe a thabhairt i gcrích lena bhfeabhsófar próiseas déanta na gclár?

An ndearna an t-iarratasóir aon chomhpháirtíochtaí airgeadais a thabhairt i gcrích a chuirfidh luach leis an mbuiséad?

Acmhainní

Leordhóthanacht, infhaighteacht agus foinse cistiúcháin eile chun tacú leis an togra.

Leordhóthanacht, réadúlacht agus trédhearcacht thogra airgeadais an iarratasóra.

An bhfuil luach ar airgead ag gabháil leis an togra?

Éiteas na Craoltóireachta Pobail

(Gabhann critéir bhreise le hiarratais a eascraíonn as Earnáil na Craoltóireachta Pobail)

An ndéanann an togra éiteas na craoltóireachta pobail a chur chun cinn agus a chaomhnú?

An bhfuil togra an chláir bunaithe ar theacht a bheith ag an bpobal air?


An dtacaíonn an togra le rannpháirtíocht ghníomhach an phobail?

An dtacaíonn an togra le scileanna a fhorbairt do mhuintir an phobail?

Cén tionchar a bheidh ag an gclár ar fhorbairt an chraoltóra?


Iarscríbhinn C Próifíl ar Thionscadail a Cistíodh 2006 go 2011

Cistiú de réir Teanga



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Cistiú de réir an Chineáil Seirbhíse



Foinse: Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Caiteachas ar Scéimeanna Leasa agus Fostaíochta

21.1 Caitheadh thart ar €20.1 billiún ar scéimeanna leasa i 2011. Chaith an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a bhformhór mór de seo. Próiseáladh na cistí seo trí Vóta 38 agus tríd an gCiste Árachais Shóisialaigh (SIF) — €11.1 billiún¹ agus €9 billiún faoi seach.

21.2 Déanann an Roinn trí chineál íocaíochtaí leasa

- Déantar íocaíochtaí árachais shóisialaigh ar bhonn ranníocaíochtaí (PRSI). Maoinítear íocaíochtaí a dhéantar faoin gcóras árachais shóisialaigh i bpáirt, trí ranníocaíochtaí ó fhostóirí agus ó fhostaithe. Íoctar aon easnamh i gcaiteachas trí fhóirdheontas Stáitchiste.
- Déantar íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh (nó neamh-ranníocacha) ar bhonn tástála maoine a shásamh. Maoinítear scéimeanna cúnaimh shóisialaigh go hiomlán tríd an Stáitchiste.
- Níl íocaíochtaí áirithe (Sochar Linbh nó Taisteal Saor in Aisce) ag brath ar ranníocaíochtaí PRSI nó ar thástáil acmhainne. Maoinítear na híocaíochtaí sin go hiomlán tríd an Stáitchiste.

21.3 Déanann an chaibidil seo comhdhlúthú agus achoimre ar chaiteachas ar scéimeanna leasa agus fostaíochta ó chuntais phoiblí éagsúla agus leagtar amach inti foinse na gcistí a feidhmíodh.


Treochtaí sa Chaiteachas

21.4 Léiríonn Fíor 21.1 an treocht is deireanaí do na príomhchatagóirí caiteachais leasa. Tugann larscríbhinn A miondealú ar chaiteachas leasa de réir catagóir an fhaighteora agus na scéime.

21.5 Níor cuireadh caiteachas faoi chlár áirithe eile a bhféadfaí a mheas go raibh cuspóirí leasa leathana acu san áireamh sa chomhdhlúthú, lena n-áirítear

- caiteachas cárta liachta a fuarthas ó Vóta HSE, a meastar gur €1.8 billiún é i 2011
- caiteachas áirithe oideachais amhail an Clár Tacaíochta Scoile, atá deartha chun tacaíochtaí éagsúla a chur ar fáil do dhaltaí i limistéir a rangáíodh faoi mhíbhuntáiste.

Fíor 21.1 Treocht i gCaiteachas ar Leas Sóisialach, de réir catagóir an fhaighteora, 2006 go 2012




Foinse: larscríbhinn A

¹ Glan ar fhóirdheontas a soláthradh do agus a aisghabháladh ón gCiste Árachais Shóisialta .

Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair

- 21.6** Tháinig méadú tapa ar chaiteachas ar thacaíocht leasa do dhaoine sa mhargadh saothair go dtí 2010, rud a léirigh dífhostaíocht a bhí ag méadú. Léiríonn Fíor 21.2 an líon ar an mbeochlár idir Meitheamh 2006 agus Meitheamh 2012, de réir an chineáil éilimh.

Fíor 21.2 Treocht ar an mBeochlár 2006 go 2012



Foinse: Beochlár na Príomhoifige Staidrimh Meitheamh 2006 go Meitheamh 2012

Nóta: a Áirítear go príomha daoine dífhostaithe nach gcáilíonn d'íocaíocht Cuardaitheora Poist ach a chuir isteach ar ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh.

- 21.7** Ar an iomlán mhéadaigh líon na ndaoine ar an mbeochlár ó 163,000 i Meitheamh 2006 go 458,000 i Meitheamh 2011. Faoi Mheitheamh 2012, bhí sé tite beagán go 452,000.
- 21.8** Ó 2009 i leith, lean éilimh ar an Liúntas Cuardaitheora Poist ag méadú de réir mar a d'ídigh daoine aonair a dteidlíochtaí do Shochar Cuardaitheora Poist — suas go Meitheamh 2008, b'ionann éilítheoirí Liúntais Chuardaitheora Poist agus beagán os cionn leath d'fhigiúirí uile an bheochláir ach faoi Mheitheamh 2012, bhí sé seo méadaithe go 71%.
- 21.9** Ar an iomlán tá laghdú caiteachais 8% á thuair i 2012 maidir le soláthar tacaíochtaí do dhaoine sa mhargadh saothair. Baineann formhór an laghdaithe seo le laghdú réamh-mheasta €332 milliún ar chaiteachas ar íocaíochtaí Cuardaitheora Poist. Tá sé seo bunaithe ar
- laghdú réamh-mheasta 4.5% ar líon na ndaoine a bhfuil íocaíochtaí Cuardaitheora Poist á n-éileamh acu. Áirítear gurb é an meánfhigiúr seachtainiúil ar an mBeochlár do 2012 ná 425,000 le hais 445,000 i 2011. Ba iad na meánfhigiúirí beochláir ó Eanáir go Meitheamh 2012 ná 438,000.
 - laghdú ar an teidlíocht buníocaíochta ó sheachtain sé lá go seachtain cúig lá le héifeacht ó 25 Iúil 2012, a ndearna difear d'oibrithe páirtaimseartha nó ócáideacha arbh ionann agus thart ar aon chúigiú díobh sin atá ar an mbeochlár.

Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí

- 21.10** Laghdaigh caiteachas maidir le tacaíocht do theaghlaigh agus do leanaí de 3.4% idir 2010 agus 2011 agus tá laghdú eile 2.8% réamh-mheasta i 2012. Na laghduithe ar íocaíocht aonteaghlaigh, ar an Liúntas Leasa Forlíontach agus ar shochar cóireála is cúis go príomha leis an laghdú.

Maoiniú Leasa

- 21.11** Áirítear sa chaiteachas leasa comhdhlúthaithe caiteachas faoi Vóta na Roinne agus an SIF araon, agus caiteachas leasa a thagann ó Vótaí eile. Faoi 2011, bhí an Roinn freagrach as beagnach an caiteachas leasa ar fad tar éis aistriú freagrachta ó scéimeanna éagsúla ón HSE agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Déanann Fíor 21.3 achoimre ar chaiteachas leasa shóisialaí de réir foinse don tréimhse 2008 go 2012.


Fíor 21.3 Foinsí Caiteachais Leasa

Foinse Caiteachais Leasa	2008	2009	2010	2011	2012
					Meast
	€m	€m	€m	€m	€m
An Ciste Árachais Shóisialaigh	8,400	9,783	9,458	9,004	8,903
Caiteachas ar Vóta					
Vóta 38 Coimirce Shóisialach	9,192	10,503	11,051	11,057	10,719
Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	120	103	11	11	9
Vóta 41 Leanaí agus Gnóthaí Óige	480	231	11	1	1
Caiteachas faoi vótaí eile	94	99	64	39	48
Cíos barúlach ar mhaoin leis an Stát	17	16	15	10	10
Maoiniú iomlán	18,303	20,735	20,610	20,122	19,690

Foinse: Cuntais Leithreasa Iniúchta 2008-2011; Ráitis Airgeadais Iniúchta an Chiste Árachais Shóisialaigh 2008-2011; Meastacháin do 2012 mar a vótáil Dáil Éireann

Easnamh an Chiste Árachais Shóisialaigh

- 21.12** Déantar ranníocaíochtaí PRSI a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó fhostóirí, ó fhostaithe agus ó dhaoine féinfhostaithe a íoc isteach i SIF. Íoctar sochair ó scéimeanna árachais shóisialaigh as cuntas reatha SIF. Faoi Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, tá foráil ann go n-íocfaidh an Státchiste aon easnamh. Os a choinne sin nuair a sháraíonn fáltais íocaíochtaí, tá foráil ann go n-aistrítear cistí nach bhfuil gá leo chun freastal ar chaiteachas reatha, go dtí cuntas infheistíochta a bhainistíonn agus a rialaíonn an tAire Airgeadais.
- 21.13** Ó 2008, sháraigh caiteachas an t-ioncam a fuarthas i SIF (Féach Fíor 21.4). Freastalaíodh don easnamh go dtí Bealtaine 2010 ó chúlcistí carntha agus ó shin freastalaíodh don easnamh ó fhóirdheontas ón Státchiste. I 2011, íocadh iomlán €1.46 billiún ón Státchiste don SIF. Tá foráil d'fhóirdheontas €1.82 billiún i 2012.

Fíor 21.4 Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste Árachais Shóisialaigh 2006 go 2012

Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Árachais Shóisialaigh 2006-2011; Fóirdheontas measta don Chiste Árachais Shóisialaigh i 2012 a fhoráiltear dó i Vóta 37: Coimirce Shóisialach

Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh


- 21.14** Ceanglaítear ar an Aire Coimirce Shóisialaí de réir dlí athbhreithnithe achtúireacha a choimisiúnú agus a fhoilsiú ar staid airgeadais an SIF gach cúig bliana ar a laghad.² Áiríodh san athbhreithniú ar sheasamh an Chiste amhail an 31 Nollaig 2010 réamh-mheastacháin ó 2011 go 2066.³
- 21.15** Ba é príomhthoradh an athbhreithnithe go meastar go rachaidh an t-easnamh reatha i léig tuilleadh. Réamh-mheasadh go méadódh easnamh 2011 faoi dhó go €3 billiún faoi 2019 agus go méadódh go €26 billiún in aghaidh na bliana faoi 2066. Léirítear fáltais agus caiteachas measta an Chiste i bhFíor 21.5.
- 21.16** Sa mheántearma go dtí an fadtéarma réamh-mheasadh go mbeadh caiteachas bainteach le pinsean ar an gcomhábhar is ceannasaí de chaiteachas an Chiste, ag éirí ó 57% i 2011 go 85% i 2066. Cuirtear an méadú measta seo i leith struchtúir dhaonra na hÉireann atá ag athrú go tapa agus go háirithe an t-ardú mór ar an daonra os cionn 65 bliain d'aois a meastar a dtiocfaidh méadú ó 11% den daonra iomlán i 2010 go 15% air faoi 2020 agus 24% faoi 2060.
- 21.17** Áiríodh san athbhreithniú achtúireach anailís ar íogaireacht na réamh-mheastacháin easnaimh ar athruithe sna príomhthoimhdí bunúsacha (féach Fíor 21.5). Bhí an tionchar is suntasaí ar an easnamh SIF réamh-mheasta ag athruithe ar na toimhdí d'fhás ceart tuillimh agus ionchas saoil.
- Ghlac an t-athbhreithniú leis go mbeadh fás suntasach ar fhíorthuillimh, agus fás fíorthuilleamh 1.5% do mhóramh na tréimhse réamh-mheasta san áireamh sa toimhde bunaidh. Mar a léirítear i bhFíor 21.5, má fhásann fíorthuillimh 1% amháin sa bhliain, is é €16 billiún an t-easnamh réamh-mheasta i 2066 in áit an easnaimh €26 billiún a bhí réamh-mheas faoin mbunchás.
 - Bunaithe ar Theilgin Daonra agus Lucht Saothair de chuid an CSO (2011 go 2041), ghlac an t-athbhreithniú leis go méadódh ionchas saoil de 7.4 bliana d'fhir agus 6 bliana do mhná idir 2010 agus 2060. Nuair a glacadh leis go mbeadh méaduithe níos lú ar an ionchas saoil (5.4 bliana d'fhir agus 5.5 bliana do mhná) réamh-mheasadh an t-easnamh do 2066 ag €21 billiún. Is iad na rátaí níos ísle feabhais ar ionchas saoil a bhí i dTuarascáil Aosaithe an Choimisiúin Eorpaigh 2012, a úsáideadh.

2 Alt 10 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

3 A cuireadh faoi bhráid Thithe an Oireachtais i Lúnasa 2012.

Fíor 21.5 Tionchar Príomhthoimhdí ar Athbhreithniú Achtúireach 2010


Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta SIF, 2011 go 2066



Ghlac an t-athbhreithniú achtúireach leis na príomhthoimhdí seo a leanas.^a

- Glacadh leis gur fíor-fhás bliantúil 1.4% GNP a bheadh ann i 2013 agus idir 1.7% agus 3.3% ina dhiaidh sin.
- Glacadh leis go raibh an ráta bliantúil boilscthe idir 1.3% agus 1.8% suas go 2015 agus 2% ina dhiaidh sin.
- Glacadh leis go méadódh ionchas saoil de 7.4 bliana d'fhir agus 6 bliana do mhná idir 2010 agus 2066.
- Sainmhínítear fás fíorthuilleamh mar ioncam tar éis tionchair an bhoilscthe ar chumhacht cheannaigh a chur san áireamh. Maidir leis seo ní raibh mórán d'athrú á réamh-mheas go dtí 2015. Glacadh leis go bhféadfadh fíorthuilleamh ag ráta 1.8% in aghaidh na bliana idir 2016 agus 2020, 1.6% in aghaidh na bliana ó 2021 go 2025 agus 1.5% in aghaidh na bliana don chuid eile den tréimhse réamh-mheasta. Glacadh leis go dtiocfaidh méadú ar fhorhmór na sochar ag teacht leis an bhfás ar fíorthuilleamh.
- Measadh go mbeadh fás 0.9% in aghaidh na bliana ar an bhfostaíocht idir 2016 agus 2020, idir 1.5% agus 1.7% in aghaidh na bliana idir 2020 agus 2030 agus idir 0.2% agus 0.8% in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin.
- Réamh-mheasadh go laghdódh an cóimheas tacaíochta pinsinéara ó 5.3 oibrí do gach duine aonair os cionn aois an phinsin i 2010 go 2.1 oibrí in aghaidh an phinsinéara faoi 2060. (Dá thoradh bheadh níos lú ranníocóirí don Chiste).

Íogaireacht Easnamh Réamh-mheasta do thoimhdí ar Fhás Fíorthuilleamh



Foinse: Athbhreithniú Achtúireach ar an gCiste Árachais Shóisialaigh amhail 31 Nollaig 2010 (Lúnasa 2012)

Nóta: a Is iad na toimhdí maicreacnamíochta do na réamh-mheastacháin ghearrthéarmacha (suas go dtí 2015) ná na cinn a leag an Roinn Airgeadais amach sa nuashonrú ar an gclár cobhsaíochta in Aibreán 2012. Baineadh toimhdí bainteach le tréimhsí tar éis 2015 go príomha as Tuarascáil Aosaíthe an Choimisiúin Eorpaigh 2012, Teilgin Daonra agus Fórsa Saothair an CSO (2011 go 2041) agus réamh-mheastacháin an Chiste Airgeadais Idirnáisiúnta.

Scéimeanna Fostaíochta

21.18 I 2011, caitheadh beagán faoi bhun €1 billiún ar thacaíocht fostaíochta agus ar bhearta réamhachtúcháin. Tar éis cinneadh Rialtais ar 27 Aibreán 2010, d'aistrigh freagracht as céimeanna fostaíochta áirithe go dtí an Roinn. Ghlac an Roinn freagracht as cláir agus seirbhísí fostaíochta FÁS ón 1 Eanáir 2011. Dá thoradh seo tagann móramh an chaiteachais ar thacaíochtaí fostaíochta anois as vóta na Roinne. Tá mionsonraí caiteachais ar scéimeanna fostaíochta don tréimhse 2008 go 2012 leagtha amach i bhFíor 21.6.

Fíor 21.6 Caiteachas ar Scéimeanna Fostaíochta

Catagóir Chaiteachais	2008	2009	2010	2011	2012
	€m	€m	€m	€m	Meast €m
FÁS – Costais Riaracháin agus Ghinearálta	150	150	133	129	83
Cláir Fostaíochta agus Tacaíocht Imeachth	533	508	460	465	366
Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta	161	194	278	343	537
Scéim Fóirdheontas Fostaíochta	—	18	94	4	—
Clár Seirbhísí Pobail	47	50	45	45	45
Caiteachas Iomlán	891	920	1,010	986	1,031
<i>Maoinithe trí</i>					
Vóta 37 Coimirce Shóisialach	161	194	286	856	924
Vóta 32 Poist, Fiontar agus Nuálaíocht	683	676	288	4	—
Vóta 26 Oideachas agus Scileanna	—	—	399	126	107
Vóta 25 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil	47	50	37	—	—
Caiteachas Iomlán	891	920	1,010	986	1,031

Foinse: Tá sonraí caiteachais bhliantúil bunaithe ar fhigiúirí cuntas leithreasa iniúchta (2008 go 2011); meastachán do 2012 mar a vótáil Dáil Éireann


Nóta: a Rinneadh athrangú ar fhorálacha stairiúla de réir na n-athruithe i bhfeidhmeanna na Roinne i 2010.

Costais Riaracháin

21.19 Léiríonn Fíor 21.7 an treocht i gcostais riaracháin na Roinne ó 2008 go 2012.

21.20 Tá méadú 21% ar chaiteachas ar riarachán, ar bhainistíocht agus ar thaighde réamh-mheasta i 2012. Eascraíonn sé seo go príomha de bharr aistrithe foirne agus buiséad gaolmhara de chuid na Seirbhíse Leasa Pobail agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chuig an Roinn ar 1 Deireadh Fómhair 2011 agus aistriú foirne Seirbhísí Pobail agus Fostaíochta FÁS isteach sa Roinn ar 1 Eanáir 2012.

Fíor 21.7 Treocht i gCostais Riaracháin, 2008 go 2012 (meast)



Foinse: Iarscríbhinn A

Conclúidí agus Moladh

21.21 Tabhaíodh thart ar €20.1 billiún ar bhearta leasa i 2011– thart ar 3% faoin mbuaic-caiteachas i 2009. Ach bhí athruithe níos substaintiúla ar an maoiniú do phríomhchatagóirí faighteoirí leasa i rith na tréimhse céanna. Bhain an chuid is mó den luaineacht le caiteachas ar thacaíocht ioncaim do dhaoine sa mhargadh saothair, a léirigh ardleibhéil éileamh Cuardaitheora poist. Meastar go dtitfidh caiteachas leasa don ghrúpa sin tuilleadh i 2012.

21.22 Meastar gur ionann easnamh 2012 ar an SIF agus €1.82 billiún, thart ar 25% níos mó mar a bhí ann i 2011. Thug athbhreithniú achtúireach ar an gCiste, amhail 31 Nollaig 2010, réamh-mheas ar mheath substaintiúil san easnamh idir fáiltais agus caiteachas sa bhfadtearma.

21.23 Tá réamh-mheastacháin fhadtearmacha fáiltas agus caiteachais SIF bunaithe ó riachtanas ar shraith toimhdeanna faoi imeachtaí neamhchinnte sa todhchaí. Bhí toimhdeanna in athbhreithniú achtúireach 2010 san áireamh maidir le fás eacnamaíoch, fás tuillimh, ionchas saoil agus raon d'fhachtóirí déimeagrafacha eile. Tá réamh-mheastacháin maidir le heasnamh an Chiste íogaireach ar thoimhdeanna maidir le fás fíorthuillimh agus ionchas saoil, a mbíonn tionchar suntasach acu ar an toradh réamh-mheasta.

Moladh 21.1: Agus tábhacht réamh-mheastacháin achtúireacha fáiltas agus íocaíochtaí SIF do bheartas pinsean á gcur san áireamh, ba chóir anailís agus tástáil mhionsonraithe a dhéanamh, lena n-áirítear tástáil ilathraitheach (cás), ar an mbonn do thoimhdeanna atá san áireamh san athbhreithniú reachtúil ar phinsin, go háirithe na toimhdeanna maidir le fás fíorthuillimh agus ionchas saoil.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím i bpáirt. Tugann an tuarascáil achtúireach ar aird go ndéantar réamh-mheastacháin ar bhonn raon leathan toimhdeanna faoin todhchaí nach dócha go dtarlóidh i ndáiríre. Áitítear sa tuarascáil anailís ar íogaireacht na réamh-mheastachán ar athruithe sna toimhdeanna maicreacnamaíocha lena n-áirítear fás fíorthuillimh. Tugann an ceanglas reachtúil chun athbhreithnithe achtúireacha a dhéanamh ag eatraimh cúig bliana deis chun breathnú arís ar bhunthoimhdeanna.

Iarscríbhinn A Íocaíochtaí Leasa de réir Scéime agus Catagóire^a

Catagóir Caiteachais^b	2008	2009	2010	2011	2012
					Meast.
	€m	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Theaghlaigh agus do Leanaí					
Sochar Linbh	2,454	2,495	2,213	2,076	2,079
Íocaíochtaí Bainteach le Leanaí ^c	1,342	1,392	1,371	1,379	1,389
Íocaíocht Teaghlach	1,067	1,121	1,110	1,089	1,063
Aontuismitheora					
Liúntas Leasa Forlíontach	867	1,032	1,009	962	775
Íocaíocht Chúramóra	484	533	528	532	544
Sochar Máithreachais	316	331	324	309	312
Sochar Cóireála	97	100	52	23	21
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	170	167	186	205	199
Deontais Cúraim Sosa	98	99	128	130	132
Deontais Béilí Scoile	32	35	35	35	35
Deontas Méala	24	24	25	19	19
Liúntas Banchéile Thréigthe agus Príosúnaigh	111	106	98	90	86
Sochar Uchtála	2	1	1	1	1
Íocaíochtaí Luathchúraim Leanaí	480	231	11	1	1
Caiteachas Iomlán	7,544	7,667	7,091	6,851	6,657
Tacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair					
Sochar Cuardaitheora Poist	929	1,734	1,285	927	773
Liúntas Cuardaitheora Poist	1,159	2,005	2,809	2,975	2,797
Sochar Breoiteachta	852	920	943	876	847
Sochar Díobhálacha Ceirde ^c	112	112	105	102	98
Sochar Cumais Pháirtigh ^d	—	—	—	—	13
Scéim Cúnamh Feirme	85	93	111	114	115
Iomarcaíocht agus Dócmhainneacht	202	350	490	326	247
Sochar Sláinte agus Sábháilteachta	1	1	1	1	1
Scéim Shóisialta Tuaithe	49	48	44	47	46
Caiteachas Iomlán	3,389	5,263	5,788	5,367	4,937
Tacaíocht do dhaoine faoi Mhíchumas					
Liúntas Míchumais	1,053	1,143	1,110	1,089	1,078
Pinsin Easláine	686	682	640	607	628
Pinsin na nDall	16	16	16	16	16
Liúntas Chúram Baile	110	123	96	100	104
Liúntas Leasa na nDall ^e	11	11	11	11	9
Caiteachas Iomlán	1,875	1,975	1,873	1,822	1,834

Catagóir Caiteachais^b	2008	2009	2010	2011	2012
					Meast.
	€m	€m	€m	€m	€m
Tacaíocht do Dhaoine Scothaosta					
Pinsin Stáit	4,183	4,473	4,537	4,727	4,880
Liúntais Réamhscoir	118	97	78	60	48
Saorthaisteal	68	73	74	76	77
Liúntas Breosla	176	200	228	266	214
Liúntas Leictreachais ^f	157	166	172	179	148
Liúntas Teileafóin ^f	112	120	119	112	108
Saortheadúnas Teilifíse ^f	56	56	58	58	59
Liúntais do Ghás	16	18	20	21	19
Buidéalaithe/Nádúrtha ^f					
Caiteachas Iomlán	4,885	5,203	5,286	5,498	5,554
Riarachán, Bainistíocht, Taighde srl					
Riarachán agus bainistíocht	518	543	514	487	601
Deontais ghníomhaireachta agus seirbhíse	86	81	55	45	47
Measchíosanna	—	—	—	10	10
Caiteachas faoi vótaí eile	—	—	—	39	48
Eile	7	3	3	2	2
Caiteachas Iomlán	610	627	572	584	708
Caiteachas ar na Scéimeanna uile^g	18,303	20,735	20,610	20,122	19,690

- Nótaí:
- a Tá sonraí caiteachais bliantúla bunaithe ar fhigiúirí cuntais leithreasa iniúchta (2008 go 2011) agus sonraí SIF iniúchta (2008 go 2011). Meastacháin do 2012 mar a vótáil Dáil Éireann.
 - b Tá Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta, a bhí san áireamh go dtí seo i dTacaíocht do Dhaoine sa Mhargadh Saothair, san áireamh anois i bhFíor 21.6 – Caiteachas ar Scéimeanna Fostaíochta.
 - c Athshonraíodh figiúirí do bhlianta roimhe sin le athchatagóirí scéimeanna a chur san áireamh.
 - d Is íocaíocht í an Sochar Cumais Pháirtigh a dhéantar le daoine a bhfuil árachas acu tar éis do Lia-mheasúnóir na Roinne an srianadh ar a gcumas oibre a mheasúnú.
 - e Cé go ndearnadh cinneadh Rialtais i 2006 freagracht do scéimeanna Liúntais Leasa na nDall a aistriú ón HSE go dtí an Roinn, níl dáta don aistriú seo leagtha amach go fóill.
 - f Tá na ceithre chatagóir seo san áireamh anois in aon chatagóir amháin ar a dtugtar Pacáiste Sochair Teaghlaigh de réir Meastachán 2012.
 - g De bharr slánaithe, d'fhéadfadh nach ionann caiteachais scéimeanna áirithe agus suimeanna iomlána na gcatagóirí a tuairiscíodh.

22 Fiacha Ró-íocaíochtaí Leasa

- 22.1** Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) íocaíochtaí leasa le thart ar 1.4 milliún duine gach seachtain. Is ionann buiséad foriomlán na Roinne do 2012 agus thart ar €21 billiún.
- 22.2** D'fhéadfadh cásanna íocaíochtaí leasa is mó ná a bhfuiltear ina dteideal a theacht chun solais i gcás go gcuireann an t-éilitheoir eolas nua ar fáil dá dheoin féin nó de thoradh ar bheartaíocht rialála de chuid na Roinne. Nuair a thugtar ró-íocaíocht faoi deara, cuirtear deireadh leis an íocaíocht nó laghdaítear méid na híocaíochta go dtí an leibhéal ceart. D'fhéadfaí go ndéanfaí fiach ró-íocaíochta infheidhmithe le dlí a thaifeadadh.
- 22.3** D'aithin Tionscnamh Calaoise na Roinne 2011-2013, a foilsíodh i Meán Fómhair 2011, go bhfuil tábhacht ag baint le córas bactha éifeachtach. D'aithin sé má mheastar gur mionphíonós nó smachtbhanna a bheadh ann do dhéanamh calaoise i gcomórtas leis an ngnóchan ionchasach, nach ndéanfaí gníomhaíocht chalaoiseach a mhímhisniú agus is é is dóigh go leanfaí di. Thug an Tionscnamh Calaoise ar aird go bhfuil aisghabháil fiach éifeachtach ina cuid lárnach den chóras bactha mar go gcruthaíonn sé timpeallacht ina bhfuil daoine a fuair ró-íocaíochtaí feasach ar a bhfreagrachtaí aisíochta agus fios acu go nglacfaí an Roinn na céimeanna cuí chun an fiach a fháil ar ais.
- 22.4** Scrúdaíonn an chaibidl seo éifeachtúlacht na Roinne chun fiacha ró-íocaíochtaí a thaifeadadh go beacht, suimeanna dlite a aisghabháil agus cásanna a ionchúiseamh ina bhfuil fianaise go ndearnadh calaois shuntasach. Scrúdaíodh freisin an t-eolas bainistíochta a bhí ar fáil chun cur ar chumas na Roinne measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht a hiarrachtaí chun ró-íocaíochtaí a aisghabháil.
- 22.5** Bhí an obair iniúchta allamuigh comhdhéanta d'athbhreithniú ar bheartais na Roinne maidir le taifeadadh, aisghabháil, cealú agus díscríobh fiach ró-íocaíochta. Tugadh cuairt ar dhá oifig áitiúla – Cluain Meala agus Bóthar na hUaimhe (Baile Átha Cliath) – agus tugadh cuairt ar an Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí chun feidhmiú beartais bainistithe fiach na Roinne a scrúdú. Chomh maith leis seo scrúdaíodh líon na gcásanna ró-íocaíochtaí a raibh ionchúisimh de thoradh orthu agus ar baineadh amach iontu.

Fiacha Ró-íocaíochta Gan Íoc

- 22.6** Tháinig méadú seasta ar luach ró-íocaíochtaí leasa a taifeadadh ó 2007 (féach Fíor 22.1). Tháinig méadú freisin ar aisghabháil fiach ach, ar bhonn bliantúil, sáraíonn luach ró-íocaíochtaí nua an méid a ndéantar a aisghabháil. Dá thoradh mhéadaigh stoc iomlán na bhfiach ró-íocaíochta dlite don aisghabháil ó €232 milliún ag deireadh 2007 go €343 milliún ag deireadh 2011.

Fíor 22.1 Gluaiseacht ar iarmhéideanna fiach na Roinne 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Fiacha amuigh amhail 1 Eanáir	149.5	232.1	256.6	276.6	314.8
Coigeartaithe don bhliain roimhe	61.6 ^a	1.8	(1.0)	—	—
Fiacha ró-íocaíochta a taifeadadh	50.5	55.6	66.8	83.4	92.4
Fiacha a cealaíodh	(1.4)	(1.1)	(1.3)	(2.2)	(6.7)
Fiacha a díscríobhadh	(4.3)	(4.9)	(11.6)	(8.5)	(5.6)
Iomlán na bhfiach in-aisghabhála	255.9	283.5	309.5	349.3	394.9
Fiacha a aisghabháladh ^b	(23.8)	(26.9)	(32.9)	(34.5)	(51.5)
Fiacha gan íoc amhail 31 Nollaig	232.1	256.6	276.6	314.8	343.4

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a Theastaigh coigeartaithe tar éis tabhairt isteach córas Bainistithe Fiach Ró-íocaíochta na Roinne i Samhain 2006. Bhain na coigeartaithe le fiacha a díscríobhadh roimhe sin chun críocha cuntasáochta (€44 milliún) ach a measadh iad a bheith in-aisghabhála go hionchasach agus ró-íocaíochtaí nár taifeadadh go lárnach roimhe seo (€17 milliún).

b Fiacha a aisghabháladh trí airgead tirim a fuarthas nó íocaíochta leasa a coinníodh siar.

- 22.7** Bhain 72% de luach na bhfiach ró-íocaíochta a taifeadadh i 2011 le híocaíochtaí cúnamh shóisialta. In iomlán, taifeadadh ró-íocaíochtaí maidir le breis agus 63,000 éilitheoir i 2011 (Féach Fíor 22.2).

Fíor 22.2 Líon agus Luach Ró-íocaíochtaí 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Luach ró-íocaíochtaí a taifeadadh					
Árachas sóisialta	17.7	18.5	20.3	27.7	26.0
Cúnamh sóisialta	32.8	37.1	46.5	55.7	66.4
Iomlán	50.5	55.6	66.8	83.4	92.4
Líon na gcásanna ró-íocaíochta					
Árachas sóisialta	26,250	29,490	24,630	26,300	23,750
Cúnamh sóisialta	20,150	19,610	17,880	26,300	39,560
Iomlán	46,400	49,100	42,510	52,600	63,310

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Cúiseanna atá leis an Ró-íocaíocht

- 22.8** Déanann an Roinn idirdhealú idir ró-íocaíochtaí a chuireann sí i leith caolaoise nó calaoise amhrasta, earráide cliaint nó rannaí agus cásanna Eastáit. Eascraíonn ró-íocaíochtaí i gcásanna Eastáit nuair a léiríonn tuairisceáin shainordaitheacha don Roinn ó eastáit daoine éagtha go bhféadfadh go bhfuair an duine aonair íocaíochtaí leasa is mó ná a theidlíocht. Léirítear miondealú ró-íocaíochtaí don tréimhse 2007 – 2011 i bhFíor 22.3.

Fíor 22.3 Miondealú ar Ró-íocaíochtaí a Taifeadadh 2007 go 2011

	2007	2008	2009	2010	2011	
Luach na ró-íocaíochtaí a taifeadadh	€m	€m	€m	€m	€m	%
Earráid chliaint	19.7	24.1	31.5	42.4	40.5	44
Calaois nó calaois amhrasta	21.4	21.1	20.7	25.9	34.9	38
Cásanna eastáit	6.7	7.3	10.6	9.9	11.5	12
Earráid rannach	2.7	3.1	4.0	5.2	5.5	6
Iomlán	50.5	55.6	66.8	83.4	92.4	100

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Taifeadadh Beacht Ró-íocaíochtaí

- 22.9** Nuair a bhraitear ró-íocaíocht déantar é a thaifeadadh ar chóras íocaíochta na Roinne agus ar chóras Bainistithe Fiach Ró-íocaíochta (ODM) — córas ríomhaireachta ar leith a tugadh isteach i 2006 chun fiachas ró-íocaíochta a bhainistiú.
- 22.10** Scrúdaíodh a mhéid agus a taifeadadh ró-íocaíochtaí go beacht ar chóras íocaíochta na Roinne agus ar ODM ar bhonn samplach. Ar an iomlán, bhí na cásanna a scrúdaíodh sa dá oifig áitiúla taifeadta go beacht ar an dá chóras.
- 22.11** I mBóthar na hUaimhe, bhí roinnt ró-íocaíochtaí i ndáil le Liúntas Leasa Forlíontach (SWA) a taifeadadh ar chórais íocaíochta na Roinne ach nár taifeadadh in ODM. B'ionann iad seo agus 14% de luach na gcásanna samplacha a scrúdaíodh. Dúirt an Roinn nach raibh rochtain dhíreach ag an tSeirbhís Leasa Pobail, a raibh freagracht uirthi i leith SWA, ar ODM roimh Dheireadh Fómhair 2011. Ba é an cleachtas a bhí ann go gcuirfeadh Oifigigh Leasa Pobail (CWOanna) mionsonraí ró-íocaíochtaí SWA ar aghaidh chuig oifigí áitiúla na Roinne nó chuig an Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochta le huaslódáil go ODM, ach níor tharla sé seo i ngach cás. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird nach mbeadh neamhthaifeadadh fiach ró-íocaíochta ar ODM tar éis difear a dhéanamh d'iarachtaí na Roinne an ró-íocaíocht a fháil ar ais.
- 22.12** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta ó imeascadh na Seirbhíse Leasa Pobail leis an Roinn (i 2011), go raibh obair ar siúl chun a chinntiú go gclóíonn iarCWOanna go léir go hiomlán le nósanna imeachta taifeadta fiach na Roinne. Tá bainisteoirí rannán ag obair freisin le cinntiú go ndéantar gach fiach ró-íocaíochta SWA a thaifeadadh ar bhealach níos tráthúla as seo amach.
- 22.13** Scrúdaíodh sampla de 60 cás le hiarmhéideanna ró-íocaíochta taifeadta ar ODM freisin. Fuarthas amach go raibh na ró-íocaíochtaí go léir sa sampla seo taifeadta ar chóras íocaíochtaí na Roinne freisin.

Aisghabháil Ró-íocaíochtaí

- 22.14** Déanann an Roinn iarracht ró-íocaíochtaí a fháil ar ais ar bhealaí éagsúla agus cuireann san áireamh cibé an bhfuil an duine aonair ag fáil íocaíochtaí leasa i gcónaí. Ar na bealaí a úsáidtear áirítear íocaíochtaí cnapshuime ón éilitheoir, buanorduithe, coinneáil siar riaráistí agus/nó asbhaintí as íocaíochtaí leasa sa todhchaí.
- 22.15** Is iad oifigí áitiúla agus ceannáras na scéime a dhéanann iarracht ró-íocaíochtaí a aisghabháil ar dtús. I gcás go bhfuil íocaíochtaí á n-éileamh ag duine aonair, féadfaidh an Roinn iarracht a dhéanamh an ró-íocaíocht a fháil ar ais trí asbhaint ó theidlíochtaí todhchaí. Is féidir ró-íocaíocht ar scéim a fháil ar ais ó íocaíochtaí todhchaí faoi aon scéim eile, cé is moite de Shochair Linbh. Ní féidir asbhaintí a thógáil ó Shochair Linbh ach do ró-íocaíochtaí Sochair Linbh. Chun nach ndéanfar cruatan míchuí a fhorchur, ní dhéanann an Roinn fiacha ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó dheontais mhéala nó cúraim faoisimh.
- 22.16** Tá ceanglas reachtúil ann nach laghdóidh aon asbhaint chun ró-íocaíocht a aisghabháil, is cuma cén chúis atá leis, íocaíocht duine aonair faoi bhun an ráta SWA is iomchuí dá c(h)úinsí siúd. Dá réir sin is é an t-uasmhéid ar féidir leis an Roinn a aisghabháil ó dhaoine aonair de ghnáth ná an difear idir a dteidlíocht reatha agus an ráta SWA is infheidhme. Ní féidir asbhaintí níos mó a fhorchur ach le haontú i scríbhinn idir an Roinn agus an duine aonair.
- 22.17** I gcás nach bhfuil an duine ag éileamh íocaíochtaí leasa níos mó, déanann an Roinn iarracht plean aisghabhála a aontú. I gcásanna ina bhfuil an fiach níos mó ná €1,000 agus nach féidir plean aisghabhála a aontú déantar an ró-íocaíocht a tharchur go dtí Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí na Roinne.
- 22.18** I gcásanna ina bhfuiltear tar éis dul sa tóir ar gach rogha aisghabhála (ag an oifig áitiúil agus ag an Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí) agus gur mó ná €5,000 an fiach, déantar an ró-íocaíocht a tharchur ar ais go dtí an oifig áitiúil sa chaoi gur féidir imeachtaí dlí a bhreithniú.¹ I gcás ina bhfuil an fiach níos lú ná €5,000, eisítear litir don fhéichiúnaí ag cur in iúl dó go bhfanfaidh an fiach sa chóras agus go ndéanfar é a asbhaint as aon teidlíochtaí sa todhchaí.
- 22.19** Dúirt an Roinn go bhfuil a nósanna imeachta aisghabhála mar a chéile cuma cén chúis atá leis an ró-íocaíocht. Ní dhéanann sí idirdhealú ina cur chuige idir fiacha a eascraíonn de thoradh earráide cliaint nó rannaí agus iad siúd a eascraíonn de thoradh calaoise. Ach i gcás calaoise tromchúisí, déantar ionchúiseamh coiriúil a bhreithniú. Tá na suimeanna a aisghabháladh leagtha amach i bhFíor 22.4 de réir modh aisghabhála.

Fíor 22.4 Ró-íocaíochtaí a aisghabháladh de réir modh aisghabhála 2007 go 2011

Modh Aisghabhála	2007 €m	2008 €m	2009 €m	2010 €m	2011 €m
Sochair leasa a coinníodh siar	11.2	11.3	16.9	19.7	24.2
Airgead tirim ó chásanna eastáit ^a	4.8	7.1	8.7	7.2	14.1
Fáltais airgeadais eile	7.8	8.5	7.3	7.6	13.2
An tIomlán a aisghabháladh	23.8	26.9	32.9	34.5	51.5

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Íocaíochtaí díreacha a fuarthas maidir le ró-íocaíochtaí Pinsean Stáit Neamh-ranníocach. Aithnítear formhór na ró-íocaíochtaí seo tar éis bás na n-éilitheoirí.

1 Áirítear anseo imeachtaí sibhialta chun fiach a aisghabháil agus ionchúisimh choiriúla i gcás calaoise.

An Ráta Aisghabhála

- 22.20** Is féidir monatóireacht a dhéanamh ar rathúlacht na Roinne maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí ó thaobh na suimeanna a fhaightear ar ais gach bliain i gcomparáid leis an bhfiach iomlán atá le haisghabháil an bhliain sin. B'ionann an méid a aisghabháladh i 2011 agus 13% den fhiach iomlán in-aisghabhála. Idir 2007 agus 2010, d'éirigh leis an Roinn idir 9% agus 11% de na fiacha iomlána a liostaíodh don aisghabháil a fháil ar ais.
- 22.21** Is tomhas níos fearr ar éifeachtúlacht aisghabhála fiach é an céatadán fiach a aisghabháiltear do thréimhse shonrach. De thoradh teorainneacha tuairiscithe reatha sa chóras ODM, ní raibh an Roinn in ann tuarascáil a chur ar fáil a léirigh iomlán na ró-íocaíochtaí a taifeadadh do gach bliain, na suimeanna a aisghabháladh, a cuireadh ar ceal nó a díscríobhadh go dáta agus an iarmhéid reatha gan íoc. Ach bhí an Roinn in ann sonraí a chur ar fáil a léiríonn an t-iarmhéid reatha gan íoc maidir le ró-íocaíochtaí a tógadh sa tréimhse 2007 go 2011. Níorbh fhéidir a aithint cén chaoi ar glanadh fiacha san idirthréimhse (aisghabháil, cealú nó díscríobh).
- 22.22** Bhí 59% measta de na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i rith 2011 fós gan íoc ag deireadh Meithimh 2012. Bhí céatadán na bhfiach ró-íocaíochta gan íoc i leith blianta roimhe sin níos ísle de réir a chéile, rud atá ag teacht leis na tréimhsí níos faide lena fháil ar ais. D'ainneoin seo b'ionann an céatadán measta suntasach d'fhiach ró-íocaíochta a taifeadadh i rith 2007 agus a bhí fós gan íoc thart ar chúig bliana ina dhiaidh sin, agus 39% (féach Fíor 22.5).
- 22.23** Léirigh sonraí a chuir an Roinn ar fáil go raibh thart ar 26% den fhiachas ag deireadh Meithimh 2012 níos lú ná 18 mí d'aois, agus 27% idir 18 mí agus cúig bliana agus an 47% a bhí fanta níos airde ná cúig bliana.

Fíor 22.5 Anailís Aoise Fiachais Ró-íocaíochta, 2007 go 2011

	Ró-íocaíochtaí a taifeadadh	Iarmhéid gan íoc (Meitheamh 2012)	An Céatadán gan íoc
	€m	€m	%
2007	50.5	19.5	39%
2008	55.6	23.5	42%
2009	66.8	31.1	47%
2010	83.4	42.2	51%
2011	92.4	54.7	59%

Foinse: Anailís an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar shonraí ró-íocaíochta a chuir an Roinn ar fáil

Aisghabháil Ró-íocaíochtaí in Oifigí Áitiúla

22.24 Scrúdaíodh tríocha ró-íocaíocht a taifeadadh i gCluain Meala agus tríocha trí i mBóthar na hUaimhe chun rathúlacht oifigí áitiúla in aisghabháil fiach ró-íocaíochta a athbhreithniú.² Scrúdaíodh comhlíonadh nósanna imeachta aisghabhála fiach na Roinne freisin. In Aibreán 2012, ba mar seo a leanas feidhmíocht an dá oifig áitiúla.

- Bhí oifig áitiúil Chluain Meala tar éis 21% de luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh sna cásanna samplacha a aisghabháil agus bhí pleananna aisghabhála gníomhacha ann maidir le 24% eile. Ní raibh aon phleananna aisghabhála ann go fóill maidir leis an 55% de ró-íocaíochtaí a bhí fágtha.
- I mBóthar na hUaimhe, bhí 12% de luach na ró-íocaíochtaí sna cásanna samplacha faighte ar ais agus bhí pleananna gníomhacha ann chun 27% eile a aisghabháil. Fuarthas amach nach raibh aon phleananna aisghabhála ann maidir le 59% de ró-íocaíochtaí. Bhí an 2% eile ró-íocaíochtaí curtha ar ceal.

22.25 Scrúdaíodh cásanna ina raibh iarmhéid ró-íocaíochta gan íoc agus nach raibh aon phlean gníomhach aisghabhála ann chun na hiarrachtaí a rinne na hoifigí áitiúla chun an ró-íocaíocht a fháil ar ais a mheas, agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh treoirlínte aisghabhála na Roinne. Leagtar na torthaí amach i bhFíor 22.6.

22.26 Maidir leis an 15 cás a scrúdaíodh i gCluain Meala áit nach raibh plean aisghabhála ann, cinneadh go raibh an oifig áitiúil tar éis treoirlínte na Roinne ar aisghabháil ró-íocaíochta a chomhlíonadh i leith 20% de luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh. I mbeagnach dhá dtrian de na cásanna níor tarcuireadh ró-íocaíochtaí go dtí an Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí (CODMU), cé go raibh an fiach níos mó ná €1,000 agus nach raibh an duine aonair ag éileamh íocaíochtaí leasa níos mó. Sa 16% de chásanna a bhí fágtha, bhí an duine aonair ag fáil íocaíochtaí leasa ach ní raibh aon asbhaintí á bhfeidmiú chun an fiach ró-íocaíochta a aisghabháil.

Fíor 22.6 Stádas (Aibreán 2012) Cásanna Samplacha gan Plean Aisghabhála

	Mar chéatadan de luach ró-íocaíochta	
	Cluain Meala	Bóthar na hUaimhe
Fiach ró-íocaíochta faoi achomharc	6%	—
An cás tarchurtha go CODMU ^a (fiach os cionn €1,000)	6%	—
An cás tarchurtha go dtí Íonchúisimh Láir	8%	—
Cás nár tarcuireadh go CODMU (an fiach faoi €1,000)	—	1%
Gníomhartha aisghabhála a chomhlíonann treoirlínte	20%	1%
Cás nár tarcuireadh go CODMU (fiach os cionn €1,000)	64%	98%
Íocaíochtaí reatha á bhfáil ag éilitheoir gan asbhaint	16%	1%
Gníomhartha aisghabhála nár chomhlíon treoirlínte	80%	99%

Foinse: Tástáil iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a An Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí.

2 Bhain ocht gcás le ró-íocaíochtaí i 2011, bhain 45 le 2010 agus bain deich gcinn le blianta roimhe sin.

- 22.27** Maidir le 18 cás a scrúdaíodh i mBóthar na hUaimhe áit nach raibh plean aisghabhála ann, cinneadh nár comhlíonadh treoirlínte rannacha i leith 1% amháin de luach na ró-íocaíochtaí a ardaíodh. Bhain formhór mór na neamhchomhlíonta le cásanna nuair nár tarcuireadh ró-íocaíochtaí níos mó ná €1,000 go CODMU.
- 22.28** I rith an iniúchta, thug an fhoireann in oifig áitiúil Bhóthar na hUaimhe le fios nár comhlíonadh treoirlínte rannacha maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí mar nach raibh siad ar an eolas faoi na treoirlínte éagsúla agus na himlitreacha infheidhmithe.
- 22.29** Tá oifig áitiúil Chluain Meala tar éis a chóras féin a thabhairt isteach laistigh den chreat a shonraítear i dtreoirlínte agus in imlitreacha na Roinne, chun a héifeachtúlacht i mbainistiú ró-íocaíochtaí a mhéadú. Ceanglaítear ‘cárta dearg’ le gach cáschomhad ina raibh ró-íocaíocht. Tugann an cárta seo mionsonraí faoi mhéid na ró-íocaíochta, an dáta inar eascair an nró-íocaíocht agus mionsonraí an phlean aisghabhála, más ann dó. Fanann an cárta seo ann go dtí go ndéantar an ró-íocaíocht a ghabháil ar ais in iomlán. Is bealach simplí ach éifeachtach é seo chun aird a tharraingt ar éilimh a bhfuil fiach ró-íocaíochta acu agus maolaíonn sé an baol go scriosfaí comhaid dá leithéid de thimpiste.³

Aisghabháil a rinne an Láraonad Bainistithe Fiach agus Ró-íocaíochtaí

- 22.30** Léirítear líon iomlán na gcásanna a tarcuireadh ó oifigí áitiúla uile go dtí CODMU i bhFíor 22.7.

Fíor 22.7 Cásanna ró-íocaíochta a tarcuireadh go CODMU 2008 go 2011

	Líon na gcásanna
2008	180
2009	258
2010	182
2011	244

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- 22.31** De réir treoirlínte na Roinne, ba chóir cásanna a tharchur go dtí CODMU má bhíonn an ró-íocaíocht níos mó ná €1,000, mura bhfuil an duine aonair ag fáil íocaíochtaí leasa níos mó agus i gcás nach féidir plean aisghabhála a aontú. Dúirt an Roinne go raibh thart ar 4,500 cás ann a chomhlíon na critéir seo i 2011. I gcomparáid leis seo tá cuma íseal ar líon na gcásanna a tarcuireadh iarbhrí go CODMU i rith 2011, 244, nó thart ar cheann as gach 20 cás incháilithe.
- 22.32** Mar chuid den scrúdú seo rinneadh athbhreithniú ar líon na gcásanna a tarchuireadh go CODMU i 2011 ó gach ceann de 61 oifig áitiúla na Roinne. Cinneadh go raibh 35 oifig áitiúil ann nár tharchuir cás ar bith go CODMU i 2011, tharchuir 24 oifig idir cás amháin agus deich gcinn agus tharchuir dhá oifig níos mó ná deich gcás.

³ Cuireann beartas na Roinne maidir le coinneáil comhad, breac-chuntas ar fáil ar na cúinsí ar chóir a chur san áireamh i gcinneadh comhaid a scriosadh. Is cinneadh de rogha bainisteoirí na scéime aonair é faoi réir ag na cúinsí ginearálta a leagtar amach sa bheartas. Níl an beartas follasach maidir leis an tréimhse coinneáil do cháschomhaid a raibh ró-íocaíocht i gceist iontu.

22.33 Rinneadh athbhreithniú ar an 15 cás ba mhó (arbh fhiú €800,000 in iomlán iad) a tarchuireadh go CODMU i 2011 chun a rathúlacht maidir le haisghabháil suimeanna a bhí dlite agus a iarrachtaí aisghabhála maidir leis na cásanna sin nár aontaíodh plean aisghabhála ina dtaobh, a scrúdú. Cinneadh go raibh pleananna aisghabhála gníomhacha ag CODMU i leith cúig ró-íocaíochtaí, ab ionann iad agus 27% de luach na ró-íocaíochtaí sna cásanna a rinneadh athbhreithniú orthu. Ar 31 Nollaig 2011, bhí iomlán €1,400 faighte ar ais i leith na 15 cás a athbhreithníodh — léiríonn sé seo níos lú ná 0.2% de luach iomlán na ró-íocaíochtaí a taifeadadh.

22.34 Bhí deich gcás nach raibh aon phlean aisghabhála gníomhach ag CODMU ina leith ag deireadh Nollag 2011.

- I gcás amháin a raibh fiachas €55,000 i gceist ann, chuir CODMU litir chuig an éilitheoir i ndeireadh Fómhair 2011 ach níor ghlac sé aon ghníomh aisghabhála eile. Deir an Roinn nár glacadh aon gníomh eile sa chás seo toisc go bhfuil an custaiméar ag ceistiú nádúr na ró-íocaíochta agus go bhfuil an cás tarchurtha ar ais go dtí réimse na scéime le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl dom go ndearnadh athbhreithniú ar stádas an cháis i mBealtaine 2012 agus in Iúil 2012 agus go bhfuil sé fós faoi imscrúdú. Dúirt sí gurb é an gnáthnós i gcásanna dá leithéid fanacht ar thoradh an imscrúdaithe roimh aon ghníomh aisghabhála fiach eile a dhéanamh.
- I gcás eile ina raibh fiachas €38,000 i gceist, aontaíodh plean aisghabhála agus cuireadh i bhfeidhm é ach gur stop na híocaíochtaí ansin. Seoladh litreacha i Meán Fómhair 2011 agus in Eanáir 2012 agus fuarthas suimeanna airgid €100 mar fhreagra ar gach ceann acu. Dúirt an Roinn go bhfuil an cleachtas ag daoine aonair áirithe íocaíochtaí neamhrialta a dhéanamh agus sa chás seo gur cuireadh ráiteas ag iarraidh ar an duine aonair leanúint de dhéanamh íocaíochtaí rialta. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird gur leanadh gnáthchleachtas sa chás seo agus gur eisíodh iarratas aisghabhála eile i mBealtaine 2012.
- San ocht gcás atá fanta, arbh ionann agus €490,000 (breis agus €61,000 an meán in aghaidh an cháis), lean CODMU na nósanna imeachta aisghabhála forordaithe ach níor éirigh leo plean aisghabhála a aontú. Cuireadh aon trian de na ró-íocaíochtaí seo, ó thaobh luacha de, i leith cásanna calaoise amhrasta agus rangaíodh an chuid eile dlite d'earráid chliaint nó d'earráid rannach.

22.35 Maidir leis na trí chás a cuireadh i leith calaoise, arbh ionann agus €171,000, thug CODMU é seo ar aird

- Tarchuireadh aon ró-íocaíocht amháin a raibh luach €89,000 i gceist léi go dtí réimse na scéime le go ndéanfaí imeachtaí dlí a bhreithniú. Shocraigh Seirbhís Ionchúiseamh Láir na Roinne ina dhiaidh sin nach raibh an cás oiriúnach d'imeachtaí dlí. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go leanfadh an Roinn uirthi mar sin féin de dhul sa tóir ar an bhfiach.
- I gcás eile (ina raibh fiach de €44,000 i gceist), b'ionann agus €95,000 an ró-íocaíocht bhunaidh ach díscríobhadh €51,000. Tá an cás á athbhreithniú tuilleadh ag CODMU.
- Sa chás atá fanta (a raibh €38,000 i gceist ann), deimhníodh gur aisghabháladh suim €25, ach dúirt an Roinn gur cuireadh an gníomh aisghabhála ar fionraí agus fiosrú á dhéanamh féachaint an raibh aon aisíocaíochtaí eile déanta ag an duine aonair nár cuireadh CODMU ar an eolas fúthu. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil íocaíochtaí airgid ar bhonn neamhrialta á ndéanamh ag an gcustaiméir seo agus go bhfuil monatóireacht á dhéanamh ag CODMU air.

22.36 Maidir leis an gcúig chás a cuireadh i leith earráide cliaint nó earráide rannaí (a raibh comhluach €319,000 acu), thug CODMU an méid seo a leanas ar aird

- Tarchuireadh dhá chás go dtí réimse na scéime agus socraíodh nach raibh siad oiriúnach d'imeachtaí dlí. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíocht go leanfaidh an Roinn air sa tóir ar an bhfiach, ina dhiaidh sin agus uile.
- I gcás eile, ní fios cá bhfuil an custaiméir, rud a fhágann nach féidir dul i mbun gnímh aisghabhála.
- Den dá chás atá fanta, táthar sa tóir ar cheann amháin trí iarratas ar aisghabháil a cuireadh go dtí an córas leasa i stát eile agus táthar i dteagmháil leis an oifig brainse ábhartha faoin gceann eile. Tá an oifig brainse ag iarraidh asbhaintí a dhéanamh ó phairtnéir an éilitheora a bhfuil Liúntas Cuardaitheora Poist á fháil aige/aici agus a bhfuil liúntas cleithiúnaigh aosaigh á íoc leis/léi anois i leith an éilitheora.

Cealú agus Díscríobh Ró-íocaíochtaí

22.37 Féadfaidh an Roinn a shocrú fiacha ró-íocaíochtaí a chealú nó a dhíscríobh. Is féidir ró-íocaíochtaí a chealú i gcásanna ina mheasann oifigeach breithiúnachta nó oifigeach achomhairc nár tharla aon ró-íocaíochta iarbhír nó gur taifeadadh ró-íocaíocht trí dhearmad. Is féidir fiacha ró-íocaíochta a dhíscríobh (de réir na reachtaíochta iomchuí) i gcás ina mheastar nach bhfuil aon ionchas réadúil ann go ndéanfar an fiach a aisíoc.⁴ Is féidir go n-eascraíonn cásanna dá leithéid i gcás ina fhaigheann duine aonair bás gan eastát, ina mbíonn an tóir ar ró-íocaíocht faoi urchosc reachta, nó i gcás ina mbíonn fiachas ró-íocaíochta beag agus ina n-eascraíonn sé ó earráid na Roinne.⁵

22.38 Cuireann treoirilínte rannacha samplaí ar fáil de chásanna ina bhféadfaí ró-íocaíochtaí a chealú nó a dhíscríobh. Ní fhorálann an córas reatha d'fhaomhadh nó d'athbhreithniú ar chinneadh ró-íocaíochtaí fiachais a chealú nó a dhíscríobh. Níl aon deighilt idir an cinneadh ró-íocaíocht a chealú nó a dhíscríobh agus cur i gcrích an chinnidh sin. Níl aon soláthar d'athbhreithnú rialta de chuid na bainistíochta ar chealuithe nó ar dhíscríobh. Ach dúirt an fhoireann áitiúil i rith an iniúchta nach féidir díscríobhanna nó cealuithe a thaifeadadh ach ag oifigigh a bhfuil rochtain mhaoirseachta acu ar ODM – oifigigh ag leibhéal Oifigeach Foirne de ghnáth, nó níos airde.

22.39 Scrúdaíodh comhaid ina raibh sampla de chásanna sa dá oifig áitiúla chun a fháil amach an raibh fianaise leordhóthanach coinnithe i leith cealaithe nó ró-íocaíochta fiach. Thagair formhór na gcásanna a roghnaíodh do ró-íocaíocht fiach a cealaíodh nó a díscríobhadh sa tréimhse 2009 go 2011.

⁴ Foráiltear dó faoi Alt 246 (5) de IR 142 de 2007.

⁵ Nuair a eascraíonn ró-íocaíocht, ní mór don Roinn an duine aonair a chur ar an eolas laistigh de scála ama sé bliana chun gur féidir dul sa tóir ar aisghabháil.

22.40 Is iad seo leanas na torthaí i leith sampla de chomhaid a ndearnadh athbhreithniú orthu in oifig áitiúil Chluain Meala (30)

- Chuir an doiciméadú ar 16 de na comhaid a scrúdaíodh fianaise leordhóthanach ar fáil maidir leis an gcinneadh an ró-íocaíocht a chealú nó a dhíscríobh.
- In ocht gcás, bhí doiciméadú neamhleor ar an gcomhad chun na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh an ró-íocaíocht a chealú nó a dhíscríobh a mhíniú.
- I dtír chás, léirigh athbhreithniú ar an doiciméadú tacaíochta nach ndearnadh aon chealú nó díscríobh iarbhair. D'eascair na laghduithe ar an iarmhéid ró-íocaíochta iarbhair ó shuimeanna a aisghabháladh ón gcustaiméir ach taifeadadh an t-idibheart go míchruinn ar ODM mar chealú nó díscríobh.
- Bhí trí chomhad in oifigí eile agus ní raibh siad ar fáil le haghaidh athbhreithnithe.

22.41 In oifig áitiúil Bhothar na hUaimhe, is iad seo a leanas na torthaí i leith sampla de chomhaid a athbhreithníodh (25)

- Chuir doiciméadú ar dheich gcinn de na comhaid fianaise leordhóthanach ar fáil maidir leis an gcinneadh an ró-íocaíochta a chealú nó a dhíscríobh.
- I gcúig chás, ní raibh aon doiciméadú ar an gcomhad a bhain leis an ró-íocaíocht bhunaidh nó leis an gcinneadh í a chealú nó a dhíscríobh. I gceann de na cásanna ní raibh íocaíochtaí leasa á bhfáil ag an éilitheoir i rith na tréimhse ar taifeadadh an ró-íocaíochta ina leith ar ODM.
- I gcás amháin, díscríobhadh ró-íocaíocht (de €1,326) agus taifeadadh an dara ró-íocaíocht (de €428) ach ní raibh aon doiciméadú ar an gcomhad leis na hidirbhearta a mhíniú.
- Bhí sé chomhad in oifigí eile agus ní raibh siad ar fáil lena n-athbhreithniú.
- Scríosadh trí chomhad.

Tomhas Feidhmíochta

22.42 Is é an córas ODM a tugadh isteach i Samhain 2006 an príomhchóras do thaifeadadh agus do bhainistiú fiachais ró-íocaíochta na Roinne. Chun a bheith ina huirlis bhainistithe éifeachtach, ba chóir go mbeadh roinnt gnéithe ag córas bainistithe fiachais lena n-áirítear an cumas eolas bainistíochta a chur ar fáil a chuideodh chun éifeachtúlacht aisghabhála fiach ró-íocaíochta a mheasúnú, agus tuairiscí a léireodh an fiach ró-íocaíochta iomlán deighilte de réir saintréithe sonraitheacha an fhéich a cheadódh don fhoireann gníomhartha aisghabhála iomchuí a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Bheadh sé inmhianaithe freisin go mbeadh feidhmiúlacht chásoibre ag an gcóras a cheadódh do tháirgeadh uathoibreach comhfhreagrais chuig an bhféichiúnaí chomh maith le rabhaidh a eisiúint nuair a theastódh gníomhartha aisghabhála.

22.43 Rinneadh córas ODM na Roinne a mheasúnú in aghaidh na gcritéar seo mar chuid den imscrúdú seo.

Eolas Bainistíochta

- 22.44** Ní dhéanann an Roinn anailís ar fhiachas ró-íocaíochta gan íoc de ghnáth, de réir méid an fhiachais, chun na cásanna ardluacha a aithint a bhféadfaí tosaíocht a thabhairt dóibh le haghaidh tuilleadh gnímh aisghabhála. Tá sí den tuairim go ndéanann réimse íocaíochta scéime ró-íocaíochtaí uile (lena n-áirítear iad siúd a bhfuil ardluach orthu) a bhainistiú.
- 22.45** Léirigh anailís a chuir an Roinn ar fáil chun críocha an imscrúdaithe seo gur bhain 2% de na cásanna fiachais amhail 31 Nollaig 2011 le ró-íocaíochtaí a bhí níos mó ná €20,000 agus go mb'ionann iad agus aon trian de na fiacha ró-íocaíochta go léir a bhí gan íoc. Bhain 70% de chásanna le ró-íocaíochtaí a bhí níos lú ná €1,000 an ceann agus b'ionann iad agus díreach os cionn 8% de luach an fhiachais gan íoc.
- 22.46** Go hidéalach, d'éascódh an córas eolais bhainistíochta monatóireacht ar an ngníomhaíocht bhainistithe fiach ar bhonn tréimhsiúl agus úsáid á baint as roinnt táscairí feidhmíochta lena n-áirítear: an ráta fiachais aisghabhála foriomlán i gcás ina bhfuil méid réasúnta ama caite; ráta aisghabhála oifigí áitiúla aonair agus an t-am a thógann sé fiachas a aisghabháil. Ach tugadh ar aird nach bhfuil an córas in ann, mar atá sí comhdhéanta faoi láthair, tuarascálacha a chur ar fáil a aithníonn an ráta aisghabhála foriomlán, de réir na bliana, agus an chineáil scéime agus nach féidir leo tuarascálacha a chur ar fáil a cheadaíonn go gcuirtear éifeachtúnacht ghníomhartha aisghabhála oifigí áitiúla aonair i gcomparáid.
- 22.47** Dúirt an Roinn gurb í a rathúlacht i bhfiacha gan íoc a aisghabháil an táscaire is iontaofa ar bhainistíocht fiachais, agus go ndéantar monatóireacht dhlúth air seo bliain i ndiaidh bliana.

Cásbhainistiú

- 22.48** Go hidéalach, bheadh córas bainistithe fiach ró-íocaíochta in ann na gníomhartha aisghabhála a rinneadh ar chásanna aonair a thaifeadh agus rabhaidh a chur ar fáil uaidh féin tráth a mbeadh an chéad ghníomh eile ag teastáil.
- 22.49** Baineann an dá oifig áitiúla agus CODMU úsáid as scarbhileoga chun na gníomhartha aisghabhála a rinneadh maidir le cásanna aonair a thaifeadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu. D'fhág iontaobh ar an gcóras seo (córas láimhe i ndáiríre) go raibh moilleanna ann agus cásanna nuair nár eisíodh comhfhreagras leantach laistigh d'amscálaí a sonraíodh i dtreoirínte agus i nósanna imeachta na Roinne.
- 22.50** Ina theannta, ní chuireann an córas liosta cásanna ar fáil inar stop na haisíocaíochtaí ainneoin go raibh plean aisghabhála aontaithe. Ba chóir go mbeadh rabhaidh uathobrithe ag an Roinn i gcásanna dá leithéid lena chinntiú gur féidir tús a chur in athuair le gníomh aisghabhála.

Roghanna Forfheidhmithe

22.51 Thug Tuarascáil 2010 ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí intinn na Roinne ar aird atbhreithniú a dhéanamh ar a cur chuige foriomlán i leith aisghabhála fiach ró-íocaíochta a dhéanamh. Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta na nuashonraithe seo a leanas ar fáil ar na roghanna a aithníodh.

- **Na srianta reatha ar aisghabháil ró-íocaíochtaí a bhaint** — Rinneadh an rogha seo a iniúchadh i gcomhthéacs Acht Leasa Shóisialaigh 2012 a ullmhú, ach d'eascair roinnt saincheisteanna a bhí róchasta chun iad a réiteach san amscála reachtúil. Bunaíodh meitheal oibre laistigh den Roinn d'fhonn moltaí maidir le haon athruithe reachtúla riachtanacha a dhéanamh go deireanach i 2012.
- **Ró-íocaíochtaí a aisghabháil tríd an gcóras cánach** — Is dóigh go dteastódh athruithe reachtúla ón Roinn agus ó na Coimisinéirí Ioncaim don rogha seo. Tá aontú i bprionsabal bainte amach idir an dá pháirtí agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar an obair riachtanach chun an beart a chur i ngníomh.
- **Ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó íocaíochtaí Stáit eile lena n-áirítear iomarcaíocht, íocaíochtaí feirme agus deontais mac léinn** — Maidir leis an bhféidearthacht ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó íocaíochtaí feirme agus ó dheontais mac léinn, rinneadh teagmháil thosaigh leis na Ranna Oideachais agus Scileanna agus Talmhaíochta, Bia agus na Mara i Márta 2012 agus tá idirbheartaíochtaí ag dul ar aghaidh maidir leis na nithe praiticiúla a eascraíonn. Tá an rogha ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó íocaíochtaí iomarcaíochta á breithniú go fóill sa Roinn.
- **Dul sa tóir ar ró-íocaíochtaí ó bhallstáit eile AE** — Forálann rialacháin AE meicníocht chun fiacha ró-íocaíochta a eascraíonn i mballstát amháin ó íocaíochtaí leasa sóisialaigh a rinneadh i mballstát eile, a aisghabháil. Ach eascraíonn roinnt saincheisteanna ionchasacha lena n-áirítear an deacracht a bhaineann le fáil amach cibé an bhfuil daoine aonair imithe thar tír amach, cá bhfuil siad imithe agus cibé an bhfuil íocaíochtaí leasa sóisialaigh á bhfáil acu i mballstát eile. Tá an rogha aisghabhála seo á breithniú i gcónaí ag an Roinn féachaint cén chaoi ar féidir coinneáil léi.

Forfheidhmiú Dlíthiúil

22.52 D'fhéadfadh go mbeadh ionchúisimh choiriúla bainteach le gníomh dlíthiúil ag an Roinn maidir le cásanna suntasacha mí-úsáide leasa agus/nó imeachtaí sibhialta chun aisghabháil ró-íocaíochtaí scéime a éascú nó bailiú riaráistí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa.⁶

Cásanna Ionchúisimh Choiriúil

22.53 Ba é 381 líon na gcásanna a tarchuireadh le haghaidh ionchúiseamh coiriúil i 2011, faoi reachtaíocht leasa sóisialaigh nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001. Ba é 341 an figiúr coibhéiseach do 2010.

22.54 Ag tús 2011, bhí iomlán 742 cás coiriúil ar láimh ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (CSSO) agus ag aturnaetha stáit áitiúla a tarchuireadh chucu ón Roinn. Tarchuireadh 207 cás eile i rith 2011, rud a thug an riar cásanna gníomhach don bhliain go 949.

6 Cé is moite de ró-íocaíochtaí leasa, féadfaidh fiacha don Roinn a eascairt sa chás go seachnaíonn fostóirí íocaíocht ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (PRSI) atá dlite.

- 22.55** I 2011, dhírigh Aonad Speisialta Imscrúdaithe na Roinne a áird ar chalaois thromchúiseach lena mbaineann pearsanú agus iléilimh íocaíochtaí leasa sóisialaigh. Tharchuir an Roinn iomlán 174 na gcásanna seo chuig An Garda Síochána i 2011, le haghaidh ionchúisimh ionchasaigh faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 i gcomparáid le 132 i 2010.
- 22.56** Ar an iomlán tarchuirtear idir 2% agus 3% de chásanna a rangáítear mar chalaois chun a n-ionchúiseamh. Go ginearálta baineann cásanna a thugtar ar aghaidh le ró-íocaíochtaí ardluacha. Ba é €7,700 an meán do ró-íocaíocht i gcásanna arbh ábhar imeachtaí cúirte iad a tugadh chun críche i 2011, cé gurb é thart ar €1,700 an ró-íocaíocht fhormioplán ar an meán i gcásanna a rangáíodh mar chalaois.

Toradh Cásanna a Ionchúiseamh

- 22.57** Gan aon chás a tugadh chun críche faoin Ach um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) 2001 a chur san áireamh, tá líon na gcásanna ionchúisimh choiriúil a thóg an Roinn in aghaidh faighteoirí íocaíochta leasa ag dul i léig le blianta beaga anuas. Tugadh 209 cás in iomlán chun críche i 2011, i gcomparáid le 246 i 2010 agus 347 i 2009. I 2011 tugadh 56 cás eile a tarchuireadh chuig an CSSO i mblianta roimhe sin agus ina raibh toghairmeacha fós gan seirbheáil, chun críche gan imeachtaí cúirte.
- 22.58** Is é gearradh fineálacha an toradh a bhí ar bheagnach dhá thrían de na cásanna a tugadh chun críche sa chúirt. I roinnt cásanna gearradh piónóis eile mar sheirbhís phobail, téarma príosúnachta nó téarma ar fionraí in éineacht leis na fineálacha. Bhí an meánfhineáil a gearradh i 2011 beagán faoi bhun €700.
- 22.59** Anuas ar imeachtaí in aghaidh faighteoirí leasa, tugadh naoi gcás bainteach le fóstóir chun críche i 2011 (seacht gcinn i 2010). Caitheadh amach dhá cheann de na cásanna seo. I gcúig chás gearradh fineálacha de €780 an ceann ar an meán. Feidhmíodh an tAcht Promhaidh i ndhá chás eile.
- 22.60** Ag deireadh 2011, bhí 675 cás coiriúil ar láimh agus ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh.

Imeachtaí Forfheidhmithe Fiach Sibhialta

- 22.61** Ní choinníonn an Roinn le himeachtaí sibhialta mar bhealach chun fiacha a aisghabháil ach amháin i gcás go mbíonn ionchas réasúnta ann go bhfuil dóthain acmhainní ag an bhféichiúnaí an fiach a urscaoileadh. Bhí úsáid imeachtaí sibhialta ag an Roinn chun suimeanna a bhí dlite a aisghabháil, teoranta.
- 22.62** Idir 2007 agus 2011, thug an Roinn iomlán 125 d'imeachtaí sibhialta chun críche. Baineadh torthaí dearfacha amach i 63 cás lena n-áirítear
- Comhaontuithe cnapshuime i sé chás inar aisghabháladh fiacha arbh ionann agus €206,000
 - Socruithe tráthchoda a comhaontaíodh i 52 cás.
 - Breithiúnais i bhfábhar na Roinne i gcúig chás cúirte.⁷

⁷ San áireamh anseo bhí foraitheanta a dámhadh (dhá chás) orduithe tráthchoda a deonaíodh (dhá chás) agus morgáiste breithniúnais (cás amháin).

- 22.63** Cuireadh deireadh leis an 62 cás a bhí fanta de bharr athruithe ar chúinsí an fhéichiúnaithe (39 cás) nó toisc go raibh an cás faoi urchosc reachta. Ag deireadh 2011, bhí 48 cás sibhialta ag an Roinn nach raibh tugtha chun críche go fóill. Ba é 51 an figiúr coibhéiseach ag deireadh 2010.

Conclúidí agus Moltaí

- 22.64** I gcéatadán ard den sampa a scrúdaíodh sa dá oifig áitiúla, cinneadh nach raibh cásanna á dtarchur go dtí CODMU na Roinne de réir na treorach rannaí. Léirigh an fhoireann ag ceann de na hoifigí áitiúla nach raibh siad ar an eolas faoi na treoirlínte agus na himlitreacha ábhartha.

Moladh 22.1: Ba chóir don Roinn a chinntiú go bhfuil foireann sna hoifigí áitiúla eolach ar an treoir a eisítear agus go gcomhlíonann siad í. Go háirithe, ba chóir don Roinn nósanna imeachta a bheith acu chun monatóireacht a dhéanamh ar phleananna aisghabhála agus chun gníomh leantach a chinntiú i gcásanna ina scoirtear d'íocaíochtaí.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím. Atheisíodh treoirlínte ar aisghabháil ró-íocaíochta le deireanaí chuig gach bainisteoir rannáin mar aon le treoir go dtarraingeofaí aird na foirne ábhartha orthu arís. Cuireann an córas ODM modhanna ar fáil don fhoireann chun béim a chur ar chásanna ar ghá gníomh leantach nuair a scoirtear de phleananna aisghabhála.

- 22.65** Léirigh athbhreithnithe a rinneadh i rith an iniúchta nár comhlíonadh an próiseas aisghabhála a bhí leagtha síos i roinnt shuntasach cásanna. Chuirfeadh monatóireacht ar rátaí aisghabhála oifigí áitiúla agus cásanna tarchurtha go CODMU (ag oifig áitiúil) táscairí úsáideacha ar fáil don Roinn faoin méid a raibh treoir maidir le haisghabháil ró-íocaíochtaí á chomhlíonadh ag oifigí áitiúla. Níl anailís dá leithéid ar siúl faoi láthair.

Moladh 22.2: Ba chóir don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht oifigí áitiúla lena n-áirítear rátaí aisghabhála fiachais agus rátaí tarchurtha cásanna chuig CODMU, sa chaoi go bhféadfaí dea-chleachtas uathu sin a raibh rátaí arda aisghabhála acu a roinnt leo siúd a raibh rátaí ísle aisghabhála acu.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur iarradh ar oifigí áitiúla cásanna a aithint ina bhfuil ró-íocaíochtaí agus nach bhfuil plean aisghabhála ann agus dea-chleachtais aisghabhála fiachais a aithint ina n-oifigí áitiúla.

- 22.66** Maidir le cásanna a tarchuireadh chuig CODMU i 2011, cinneadh cé gur éirigh leis an Aonad pleananna aisghabhála a aontú do bheagán thar aon cheathrú de luach an fhiachais ró-íocaíochta, ar an 31 Nollaig 2011, bhí níos lú ná 0.2% den fhiachas faighte ar ais maidir leis an gcúig chás déag ba mhó le fiacha iomlána de €800,000.

- 22.67** Níl aon chritéir leagtha amach a gcaithfear a shásamh sular féidir ró-íocaíocht a chealú nó a dhíscríobh. Tá nós imeachta faofa do chinntí chun ró-íocaíochtaí a chealú nó a dhíscríobh ach níl na hidirbhearta seo faoi réir athbhreithnithe bainistíochta, fiú ar bhonn samplach. I gcéatadán suntasach cásanna a athbhreithníodh i rith an iniúchta, bhí eolas neamhleor ar an gcomhad chun an cealú nó an díscríobh a fhíorú.

Moladh 22.3: Ba chóir don Roinn cur chuige caighdeánach, thar na hoifigí uile, a fheidhmiú maidir le cealú nó díscríobh fiach ró-íocaíochta. Ar a laghad ba chóir go mbeadh foirm chaighdeánach ann a thabharfadh mionsonraí ar an gcúlra agus ar an gcúis a bhí leis an gcinneadh, ar chóir don oifigeach ábhartha a chomhlánú agus a shíniú. Ba chóir don Roinn feidhmiú próisis faofa agus athbhreithnithe randamacha ón mbainistíocht a bhreithniú ar chinntí chun fiacha ró-íocaíochta a chealú nó a dhíscríobh.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím. Tá na treoirlínte do dhíscríobh ró-íocaíochtaí á scrúdú ag an Roinn agus tabharfar treoirlínte nuashonraithe chun críche i bhfómhar 2012.

- 22.68** Sa tréimhse 2007 go 2011, cuireadh thart ar 36% de ró-íocaíochtaí a taifeadadh i leith calaoise nó calaoise amhrasta. I 2011, cuireadh ró-íocaíochtaí arb ionann agus €35 milliún iad i leith calaoise. Ní fios an ráta aisghabhála a chuirtear i leith calaoise.
- 22.69** Tá céatadan na gcásanna calaoise ina dtugtar ionchúisimh ar aghaidh íseal, sa raon ó 2% go 3% de ghnáth. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sé d'aidhm ag an Roinn a chinntiú go dtugtar ionchúisimh ar aghaidh i gcásanna níos tromchúisí a bhfuil fianaise láidir calaoise iontu. Áirítear ar na cúinsí a chuireann an Roinn san áireamh agus í ag breithniú cibé ar chóir tús a chur le himeachtaí dlí ná fad na calaoise, méid na ró-íocaíochta agus aon teagmhais chalaoise leasa shóisialaigh roimhe seo.
- 22.70** Is é an córas Bainistithe Fiach Ró-íocaíochta (ODM) a tugadh isteach i 2006 an príomhchóras a úsáideann an Roinn chun ró-íocaíochtaí a bhainistiú. Teastaíonn forbairt ón gcóras chun bainistiú éifeachtach an fhiachais a chumasú.

Moladh 22.4: Ba chóir don Roinn an córas ODM a bhainistiú chun tóir éifeachtach ar fhiach ró-íocaíochta a cheadú agus eolas leordhóthanach a chur ar fáil le monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán rannach mar aon le feidhmíocht oifigí áitiúla aonair in aisghabháil ró-íocaíochta. Ba chóir don chóras ODM monatóireacht rátaí aisghabhála i leith na tréimhse ró-íocaíochta a taifeadadh, a eascú, iad á miondealú de réir fáth na ró-íocaíochta.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím i npáirt. Ó tugadh ODM isteach cuireadh go suntasach le cumas na Roinne a ró-íocaíochtaí a bhainistiú agus a thuairisciú. Tá an reachtaíocht a bhaineann le ró-íocaíochtaí casta, mar sin caithfidh an córas freastal do raon rialúchán agus riachtanas. Aithníonn an Roinn go dteastaíonn tuilleadh feabhsúchán agus is cuid d'éabhlóid bheartaithe an chórais iad a ndéanfar imscrúdú orthu sna míonna atá romhainn. Cuirfidh an t-imscrúdú seo san áireamh na saincheistanna a thóg an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus breithneoidh sé freisin indéantacht agus costas an chórais ODM a fhorbairt. Idir an dá linn, tá na gníomhartha seo a leanas á ndéanamh chun nósanna imeachta aisghabhála fiachais na Roinne a fheabhsú


- larradh ar gach úinéir scéime agus bainisteoir rannáin a chinntiú go raibh an fhoireann ar an eolas faoi threoirlínte bainistithe fiachais.
- larradh ar gach úinéir scéime agus bainisteoir rannáin a chinntiú go mbeadh feidhm leis an asbhaint uasta iomchuí i ngach cás ró-íocaíochta.
- Coinneofar le taifeadadh tráthúil ró-íocaíochtaí Liúntais Leasa Forlíontaigh trí bhainisteoirí rannáin.
- Déanfar nuashonrú ar threoirlínte do nósanna imeachta díscríofa do ró-íocaíochtaí.
- Scrúdófar monatóireacht lárnach oifigí áitiúla maidir leis an aisghabháil.

23 Rialtacht Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

23.1 Ceanglaítear ar an Roinn Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú go bhfeidhmítear an caiteachas a thabhaíonn sí chun na críocha ar chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go bhfuil a hidirbhearta airgeadais i gcomhréir leis na húdaráis faoina gceaptar iad a bheith déanta. Áirítear go bhfuil idirbhearta airgeadais 'rialta' nuair a shásaítear na coinníollacha seo arson.

23.2 D'fhéadfadh go n-éireodh íocaíochtaí leasa de bhreis ar theidlíochtaí éilitheoirí de bharr calaoise, earráide éilitheora nó earráide rannaí/riaracháin. I gcás go n-eascraíonn ró-íocaíochtaí is é cuspóir na Roinne an ró-íocaíocht a aithint agus leibhéal na híocaíochta a choigeartú dá réir. I gcás go gcinneann oifigeach breithiúnachta gur éirigh ró-íocaíocht, déanann an Roinn iarracht an ró-íocaíocht a fháil ar ais ón éilitheoir. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir leibhéal foriomlána ró-íocaíochtaí ar fud scéimeanna leasa agus leibhéal na ró-íocaíochtaí braite agus ró-íocaíochtaí tafeadta a bhfuiltear ag díriú orthu don aisghabháil (féach Fíor 23.1).

Fíor 23.1 Bainistiú agus Tomhas Ró-íocaíochtaí Leasa



Suirbhéanna Calaoise agus Earráide

23.3 Is iad na príomhthosca a aithnítear a mbeidh ró-íocaíochtaí de thoradh orthu

- **calaois** — sa chás ina gcuireann an t-éilitheoir eolas neamhiomlán nó míchruinn ar fáil d'aon ghnó chun socair a fháil
- **earráid éilitheora** — a eascraíonn nuair atá an t-éilitheoir tar éis eolas míchruinn nó neamhiomlán a chur ar fáil, nó nuair a mhainnigh sé/sí athrú ábhartha sna himthosca a thuairisciú (mar shampla ardú ar theacht isteach nó athrú ar riocht sláinte), ach nach bhfuil aon chalaois shoiléir ar intinn ag an éilitheoir
- **earráid rannach nó riaracháin** — i gcás go n-íoctar sochair go mícheart de bharr easpa gnímh, moille nó earráidí a rinne an Roinn nó foireann na Roinne.

23.4 Cuireann suirbhéanna bunaithe ar athbhreithnithe cuimsitheacha ar shamplaí de chásanna a roghnaítear go randamach bealach ionchasach ar fáil don Roinn chun meastachán a dhéanamh ar tharlúint fhoriomlán ró-íocaíochtaí i scéimeanna leasa. Fónann torthaí na suirbhéanna freisin mar mhodh chun éifeachtacht ghníomhaíochta athbhreithnithe a mheasúnú trí bhonn a chur ar fáil chun ráta braite ró-íocaíochtaí na Roinne a luacháil.

23.5 Déanann an Roinn suirbhéanna tréimhsiúla chun díriú ar a gníomhaíocht rialaithe ar na scéimeanna agus na tairbhíthe is airde a bhfuil baol íocaíochtaí gan údar bainteach leo. I Meitheamh 2012, d'fhoilsigh an Roinn torthaí trí shuirbhé ar íocaíocht mhírálta a dhírigh ar Shochar Cuardaitheoirí Poist, Liúntas Míchumais agus íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora.¹

23.6 Bhí suirbhéanna déanta cheana ag an Roinn ar gach ceann de na scéimeanna ach cuireadh gné bhreise san áireamh sna suirbhéanna is deireanaí. Bhí meastachán ar an nglanchaillteanas airgeadais don Roinn i gceist anseo, faoina bhféadfadh éilitheoir a bhfuil ró-íocaíocht ar scéim áirithe á fáil aige/aici a bheith i dteideal íocaíochta faoi scéim eile, nó a bhféadfadh dó nó di teacht chun a bheith ina chleithiúnaí aosaithe d'éilitheoir eile. Leis an nglanchaillteanas airgeadais a ríomh úsáideadh an mhodheolaíocht seo a leanas.

- Mar a tharla i suirbhéanna roimhe seo, scrúdaíodh sampla randamach cásanna chun teidlíocht íocaíochta a athbhreithniú. Rinneadh an leibhéal íocaíochta mírálta a ríomh mar luach na ró-íocaíochtaí mar chéatadán de na n-íocaíochtaí iomlána i gcomhréir leis na cásanna samplacha.
- Rinneadh cásanna in ar aithníodh ró-íocaíochtaí a athscrúdú níos deireanaí chun fáil amach cibé a raibh íocaíocht leasa á fáil ansin ag an éilitheoir (ar laghdaíodh nó ar cuireadh deireadh lena íocaíocht). D'éireodh cásanna dá leithéid i gcás go raibh achomharc déanta ag an éilitheoir in aghaidh an chinnidh an íocaíocht leasa a laghdú nó deireadh a chur leis agus in ar deonaíodh an t-achomharc, nó toisc gur cinneadh go raibh an t-éilitheoir i dteideal éilimh a dhéanamh faoi scéim éagsúil as a cheart féin nó mar chleithiúnaí aosaithe.
- Déantar glanchaillteanas na Roinne a ríomh mar an ró-íocaíocht thosaigh a aithníodh lúide aon íocaíochtaí leasa a bhfuil éileamh á dhéanamh ag an éilitheoir orthu faoi láthair.

¹ Toisc nach raibh torthaí suirbhéanna 2012 ar fáil go dtí Meitheamh 2012, níorbh fhéidir iniúchadh a dhéanamh ar an bpróiseas suirbhé roimh thabhairt chun críche na tuarascála seo. Déanfar na suirbhéanna a iniúchadh in aghaidh na gcritéar ábhartha agus déanfar na torthaí a thuairisc in am trátha.

- 23.7** Rinne suirbhéanna roimhe seo catagóiríú ar ró-íocaíochtaí mar chalaois, earráid chustaiméara nó earráid rannach/riaracháin. I suirbhé 2012 ar chásanna Liúntas Míchumais, rinne an Roinn ró-íocaíochtaí a chatagóiríú mar chalaois, earráid chustaiméara/rannach nó neamhcháilitheacht leighis. Áiríonn an Roinn nach ionann athrú ar thuairim leighis maidir le cáilitheacht an chliaint agus earráid nó calaois.
- 23.8** Is bunriachtanas é do mheastachán iontaofa ró-íocaíochtaí bunaithe ar roghnú randamach cásanna athbhreithnithe go ndéantar tástáil iomlán ar na critéir cháilitheachta uile. I gcás Liúntais Míchumais, áirítear anseo athbhreithniú ar cháilitheacht faoi chritéir leighis na scéime. Baineann sé le nádúr breoiteachtaí áirithe gur féidir athrú a theacht ar riocht leighis othair i gcaitheamh na haimsire. Féadfaidh athrú a theacht ar réimeas cóireála freisin a bhféadfadh feabhsúcháin i gcumas roinnt othar a bheith mar thoradh orthu, lena n-áirítear a gcumas chun dul i mbun oibre. Beag beann ar chúla an cháis, fágann cinneadh neamhcháilitheachta reatha d'íocaíochtaí leasa leanúnacha toisc nach bhfuil coinníollacha leighis á gcomhlíonadh anois go bhfuil an íocaíocht de bhreis ar an teidlíocht.

Torthaí Suirbhéanna

- 23.9** Tá na torthaí don trí shuirbhé is deireanaí leagtha síos i bhFíor 23.2.
- 23.10** I gcás deireadh a bheith curtha le híocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora agus Liúntas Míchumais de thoradh na suirbhéanna caolaoise agus earráide, chuir idir 75% agus 85% d'éilítioirí tús le héilimh faoi scéimeanna éagsúla ina dhiaidh sin, d'aistrigh go dtí éileamh a bpairtnéirí nó tugadh a stádas ar ais dóibh tar éis achomhairc nó cur isteach éilimh nua. I gcomparáid leis seo ní raibh ach beagán os cionn aon trian d'éilítioirí Cuardaitheora Poist ar cuireadh stop leo ag fáil íocaíochtaí faoi scéim éagsúil, nuair a rinneadh athscrúdú orthu.
- 23.11** Tugadh ar aird go raibh an leibhéal foriomlán íocaíochta mírialta a tuairiscíodh i suirbhé 2012 ar chásanna Teaghlach Aontuismitheora (7.1%) ar aon dul leis an toradh i suirbhé 2007 (7.3%).
- 23.12** D'aithin athbhreithniú 2012 ar Liúntas Míchumais leibhéal foriomlán íocaíochta mírialta de 18.4% — 3.1% de bharr calaoise agus earráide agus 15.3% de bharr neamhcháilitheachta leighis. D'fhéadfadh go mbeadh impleachtaí ag an leibhéal neamhcháilitheachta leighis do Liúntas Míchumais do leibhéal agus d'uainiú optamach athbhreithnithe leighis ar chásanna.
- 23.13** Mhaígh an Roinn go mbeadh a freagairt do shaincheistean neamhcháilitheachta leighis dífriúil lena freagairt do thorthaí suirbhé eile.

Fíor 23.2 Luach measta íocaíochtaí Leasa Mírialta (scéimeanna roghnaithe) – suirbhéanna 2012

	Céatadán d'íocaíocht scéime		
	Luach íocaíochtaí mírialta	Luach éileamh athshuite nó aistrithe	Glan-chailiteanas
Sochar Cuardaitheora Poist	2.5%	0.9%	1.6%
<i>Díobh seo, ar bhain le</i>			
<i>Calaois</i>	0.1%	—	0.1%
<i>Earráid</i>	2.4%	0.9%	1.5%
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	7.1%	4.4%	2.7%
<i>Díobh seo, ar bhain le</i>			
<i>Calaois</i>	6.7%	4.4%	2.3%
<i>Earráid</i>	0.4%	—	0.4%
Liúntas Míchumais	18.4%	14.3%	4.1%
<i>Díobh seo, ar bhain le</i>			
<i>Calaois</i>	2.1%	0.9%	1.2%
<i>Earráid</i>	1.0%	0.1%	0.9%
<i>Neamhcháilitheacht Leighis</i>	15.3%	13.3%	2.0%

Foinse: An Roinn Coimirce Shóisialta. Torthaí suirbhé, Meitheamh 2012 (neamh-iniúchta)

Leibhéal Foriomlán Íocaíochta Mírialta

23.14 Léirigh torthaí na suirbhéanna earráide agus calaoise a rinne an Roinn roimhe seo go raibh fadhb shuntasach ró-íocaíochta ann, arbh ionann agus íocaíocht mhírialta, maidir le cuid mhór de na scéimeanna íocaíochta leasa a fheidhmíonn sí. Cé gur léir go bhfuil scála na faidhbe níos mó do scéimeanna Vóta-mhaoinithe, tá leibhéal measta íocaíochtaí mírialta faoi na scéimeanna maoinithe ag árachas sóisialta ábhartha freisin. Léiríonn Fíor 23.3 meastachán de scála na n-íocaíochtaí leasa mírialta i 2011, agus ionchorpraíonn torthaí an tsuirbhé is deireanaí.

Fíor 23.3 Íocaíochtaí Mírialta Measta i dTeidlíochtaí Leasa, de réir Scéime agus Foinse Maoinithe

	Bliain an tsuirbhé ^a	Costas scéime 2011 €m	Leibhéal íocaíochta mírialta don scéim %
Scéimeanna vóta-mhaoinithe			
Sochar Leanaí	2004	2,076	1.8
Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh	2005	205	3.3
Pinsean Stáit (neamh-ranníocach)	2007	972	2.1
Liúntas Cuardaitheora Poist	2009	2,975	4.1
Liúntas Míchumais	2010	1,089	18.4 (glanchostas 4.1%)
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	2011	1,089	7.1 (glanchostas 2.7%)
Scéimeanna Ciste Árachais Sóisialaigh			
Sochar Breoiteachta	2006	876	0.4
Pinsean Stáit (Ranníocach/Aistriú)	2009	3,755	1.1
Sochar Cuardaitheora Poist	2011	927	2.5 (glanchostas 1.6%)

Foinse: Suirbhéanna earráide agus calaoise na Roinne Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Bliain bhunaidh don tsuirbhé.

- 23.15** Tá éagsúlacht leathan i leibhéal íocaíochtaí mírialta idir scéimeanna atá Vóta-mhaoinithe. Ní h-eol ábharthacht na faidhbe thar na scéimeanna Vóta-mhaoinithe nár dearnadh suirbhé orthu, cuid mhór díobh seo a ndéantar tástáil acmhainne orthu.
- 23.16** Níor cuireadh an cineál seo suirbhé i bhfeidhm ar chuid de na mórscéimeanna caiteachais, agus téann na torthaí suirbhé is deireanaí maidir le roinnt scéimeanna siar chomh fada le 2004 agus 2005. I bhfianaise na leibhéal suntasach caiteachais scéime, is ábhar imní an easpa suirbhéanna calaoise agus earráide sna scéimeanna sin.
- B'ionann caiteachas ar Liúntas Leasa Forlíontach agus beagán faoi bhun €1 billiún i 2011. Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte páirtshuirbhé ar chásanna Cíos Forlíontach, ar chuir Rannóg Rialaithe na Roinne tús leis, i 2007. Ní áirítear pleananna do shuirbhé Liúntas Leasa Forlíontach i dtionscnamh calaoise reatha na Roinne.²
 - Ní dhearnadh suirbhéanna maidir le híocaíocht do chúramóirí, pinsin ranníocacha baintrí/baintrí fir agus pinsin easláine. B'ionann agus €2.5 billiún an caiteachas ar na trí scéim seo i 2011. Tugtar ar aird go bhforálann sceideal beartaithe na Roinne suas go 2016 do shuirbhéanna calaoise agus earráide ar na scéimeanna seo.
- 23.17** Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an Roinn suirbhéanna calaoise agus earráide ar bhonn leanúnach chun í féin a chur ar an eolas maidir le leibhéal reatha calaoise agus earráidí ina cuid íocaíochtaí agus a réimeas rialaithe a leasú dá réir.
- 23.18** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta le fios go bhfuil an leibhéal measta ar íocaíocht mhírialta a bhfuil breac-chuntas air i bhFíor 23.3 bunaithe ar thorthaí atá cúig nó ocht mbliana d'aois i gcásanna áirithe. Dúirt sí gur ar éigin a d'fhan an ráta íocaíochta mírialta seasamhach i rith na tréimhse sin. Measann sí go mbeadh an próiseas ina ndéantar na suirbhéanna tar éis dul i gcionn ar éifeachtacht rialaithe sna blianta ina dhiaidh. Dúirt sí freisin gurb é cur chuige na Roinne suirbhéanna a dhéanamh ar scéimeanna a bhfuil ardleibhéal chaiteachais acu áit a bhfuil an riosca cuid mhór níos airde. Tá an Roinn den tuairim go bhfuil leibhéal níos ísle riosca ag na scéimeanna Vóta nach ndearnadh suirbhé orthu. Tá sé seo bunaithe ar eolas bainistiúil ar na scéimeanna agus ar tharlúint agus ar luach ró-íocaíochtaí ar na scéimeanna sin.

Ró-íocaíochtaí Braite

- 23.19** Nuair a thagann eolas nua bainteach le héileamh reatha chun solais, féadfaidh an Roinn a chinneadh go foirmiúil nach bhfuil aon teidlíocht ag an éilitheoir i leith an mhéid atá á íoc leis/léi faoi láthair. Is é an toradh a bhíonn air seo de ghnáth go gcuirtear deireadh leis an íocaíocht nó go laghdaítear í go dtí an leibhéal cuí, le héifeacht láithreach. Féadfaidh an Roinn freisin fiach ró-íocaíochta a thaifeadadh le haisghabháil ón nduine atá i gceist, ag brath ar na himthosca.³
- 23.20** I roinnt mhaith cásanna ina laghdaítear íocaíochtaí nó ina gcuirtear deireadh leo tar éis athbhreithnithe, ní thaifeadann an Roinn fiach ró-íocaíochta. I gcásanna earráide éilitheora nó rannaí, féadfaidh an t-oifigeach breithiúnachta atá i mbun an cás a athbhreithniú, cinneadh a dhéanamh gur dáta reatha dáta éifeachtach cinnidh leasaithe, agus ní dáta cúlghabhálach, agus sa chás seo ní bhíonn aon ró-íocaíocht i gceist. I gcásanna eile, d'fhéadfadh nach mbeadh aon bhealach éifeachtach ann chun an dáta ar ar tháinig athrú ar theidlíocht an éilitheora a bhunú.

² Mhaigh an Roinn go bhfuil uainiú suirbhé maidir le Liúntas Leasa Forlíontach á bhreithniú go gníomhach aici.

³ I gcás go ndéantar fiach ró-íocaíochta a thaifeadadh, bíonn oibleagáid reachtúil ar an éilitheoir an méid a íoc ar ais leis an Roinn. Éiríonn an oibleagáid aisíochta faoi Alt 335 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005. Déileáiltear le haisghabháil ró-íocaíochtaí taifeadta i gCaibidil 22 den tuarascáil seo.

- 23.21** Ní tomhas iontaofa é luach ró-íocaíochtaí a taifeadadh i mbliain amháin (cibé an de bharr calaoise nó tosca eile) ar bhunleibhéal íocaíochtaí mí rialta sa bhliain sin.
- 23.22** Tá an Roinn den tuairim gurb é méid na ró-íocaíochtaí bainteach le calaois a thaifeadann sí an t-aon tomhas iontaofa ar ró-íocaíochtaí de bharr calaoise. Ach ní eascraíonn ró-íocaíochtaí taifeadta ach i gcásanna ina mbraitear ró-íocaíocht agus go gcinneann oifigeach breithiúnachta (bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil) nach raibh an t-éilitheoir i dteideal íocaíochta leasa ar feadh tréimhse ama. Féadfaidh ró-íocaíochtaí a taifeadadh i dtréimhse a bheith bainteach freisin le híocaíochtaí a rinneadh i dtréimhsí cuntasáíochta roimhe seo.

Forfheidhmiú Athruithe Bhuiséad 2012

- 23.23** Bíonn tionchar ag na coinníollacha teidlíochta a leagtar síos do scéimeanna, ag imthosca spriocphobal agus ag an bpróiseas a úsáideann an Roinn chun éilimh a mheas agus chun srian a choinneáil ar íocaíochtaí leanúnacha, ar mhéid na híocaíochta mírialta.
- 23.24** Bhraith an Roinn roinnt deacrachtaí i bhforfheimiú athruithe a tugadh isteach i mBuiséad 2012 maidir le híocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora, Cúnamh Feirme agus Liúntas Breosla.

Athruithe íocaíochta

- 23.25** Suas go dtí 2012, d'fhéadfadh éilitheoir Teaghlach Aontuismitheora suas le €146.50 in aghaidh na seachtaine a thuilleamh gan cur isteach ar a t(h)eidlíocht. I mBuiséad 2012, laghdaíodh an tairseach 'neamhairde' seo go €130 in aghaidh na seachtaine agus laghdóidh sé tuilleadh thar an chéad cheithre bliana eile go dtí €60 in aghaidh na seachtaine. Lastuas den tairseach tuillimh ábhartha, téann an teidlíocht i laghad de réir mar a mhéadaíonn an tuilleamh go dtí go gcuirtear deireadh ar fad leis an teidlíocht.
- 23.26** Tá ríomh acmhainne maidir le Cúnamh Feirme bunaithe ar ollioncam bliantúil lúide costais a thabhaítear le riachtanas agus an fhéinfhostaíocht á cur i gcrích, lúide liúntas do gach leanbh cleithiúnach. Déantar céatadán den iarmhéid a mheas mar acmhainn. Ó Eanáir 2012, laghdaíodh asbhaintí a céadaíodh maidir le leanaí cleithiúnacha agus ioncam inmheasúnaithe á ríomh agus mhéadaigh an céatadán den ioncam a measúnaíodh mar acmhainn ó 70% go 85%.
- 23.27** Déanann córas ríomhaireachta na Roinne an figiúr acmhainne measúnaithe a ríomhtar de láimh a thaifeadadh agus ní thógann sé ar bord na comhábhair aonair ar ionann iad agus tuilleamh nó acmhainn éilitheora. Dá thoradh níorbh fhéidir leis an Roinn na hathruithe buiséadacha a chur i bhfeidhm tríd síos agus coigeartú ríomhchláraithe in úsáid.

Athbhreithniú ar Éilimh

- 23.28** Cuireadh na hathruithe buiséadacha i bhfeidhm ar gach éilitheoir nua Teaghlach Aontuismitheora agus Cúnamh Feirme ó Eanáir 2012, ach ní féidir na hathruithe a chur i bhfeidhm ar éilimh reatha ach trí athbhreithniú ar chásanna aonair. Níl an Roinn ag ardú ro-íocaíochtaí i leith méideanna a ró-íocadh idir tabhairt isteach na n-athruithe buiséadacha agus forfheidhmiú na n-athruithe sin, de réir mar a dhéantar athbhreithniú ar chásanna. Dá thoradh seo, íocadh claint áirithe de bhreis ar a dteidlíochtaí ó 1 Eanáir 2012 go dtí an dáta a ndearnadh athbhreithniú ar an gcás agus gur cuireadh aon athruithe riachtanacha ar an ráta i bhfeidhm.

23.29 Maidir leis an Teaghlach Aontuismitheora

- Aithníodh 42,000 éilitheoir reatha a raibh tuilleamh acu i 2010, agus eisíodh foirmeacha athbhreithnithe chucu. Bhí athbhreithniú déanta ar bheagán faoi bhun dhá dtrian de na cásanna faoi dheireadh Iúil 2012, agus cuireadh deireadh lena n-íocaíochtaí nó rinneadh coigeartú orthu nuair ba ghá. Measadh go mbeadh athbhreithnithe ar na cásanna a bhí fanta tugtha chun críche faoi lár Mheán Fómhair 2012.
- Bhí tuilleamh ag 5,500 éilitheoir eile i 2011. Eisíodh foirmeacha athbhreithnithe chuig na héilitheoirí sin in Iúil 2012, agus meastar go mbeidh athbhreithniú na gcásanna sin tugtha chun críche faoi dheireadh Mheán Fómhair 2012.
- D'eisigh an Roinn foirmeacha athbhreithnithe chuig na héilitheoirí Teaghlach Aontuismitheora a bhí fanta (thart ar 48,000), a bhféadfadh go raibh tuilleamh fostaíochta neamhdhearbhaithe nó deireanach acu. Ach ní mheastar go mbeidh athrú ar a n-acmhainní sna cásanna seo.

23.30 D'éiligh forfheidhmiú na n-athruithe buiséadacha athbhreithniú de láimh ar thart ar 11,000 éileamh ar Chúnamh Feirme. Ag deireadh Iúil 2012, bhí athbhreithniú déanta ar thart ar 80% de na cásanna seo.

23.31 Mhaígh an tOifigeach Cuntasaíochta gurb é cur chuige na Roinne d'fhorfheidhmiú na n-athruithe buiséadacha d'éilitheoirí atá ann cheana féin ná tosaíocht a thabhairt d'athbhreithniú cásanna is mó is dóigh a mbeidh coigeartú ar rátaí íocaíochta de bharr athruithe buiséadacha orthu. Ach beidh athruithe ar rátaí íocaíochta ar chúinsí eile de bharr an athbhreithnithe seo mar athrú ar acmhainn nó ar theidlíochtaí éilitheora ón athbhreithniú deiridh. Níl an Roinn in ann miondealú a chur ar fáil de na hathruithe ar rátaí íocaíochta de thoradh athbhreithnithe idir iad siúd a bhí mar thoradh ar athruithe buiséadacha agus iad siúd a d'éirigh de bharr cúinsí eile.

Liúntas Breosla

23.32 Íoctar liúntas breosla le daoine atá ag brath ar leas sóisialach fadtéarmach agus nach bhfuil in ann soláthar dá riachtanais téimh féin. Féadfaidh éilitheoirí scéimeanna de réir tástála acmhainne lena n-áirítear an Pinsean Stáit, Teaghlach Aontuismitheora, Liúntas Cuardaitheora Poist fadtéarmach, agus Liúntas Leasa Forliontach, liúntas breosla de €20 in aghaidh na seachtaine a éileamh do sheachtainí áirithe gach bliain. Suas go dtí 2012 íocadh an liúntas seo do 32 seachtain ach laghdaíodh é seo go 26 seachtain i mBuiséad 2012.

23.33 Bhí íocaíochtaí liúntais bhreosla do gheimhreadh 2011/2012 le teacht chun críche ar 6 Aibreán 2012. Ach de bharr earráide agus an t-athrú seo á nuashonrú ar chóras ríomhaireachta na Roinne, íocadh seachtain bhreise do thart ar 60,000 éilitheoir Cuardaitheora Poist ar eascair ró-íocaíocht de €1.2 milliún as.

23.34 Scríobh an Roinn chuig na héilitheoirí lena mbaineann ar 21 Lúnasa 2012 le fógra a thabhairt dóibh faoin gceist seo agus le rá leo go ndéanfaí an ró-íocaíocht a aisghabháil trí íocaíochtaí a chur siar seachtain amháin nuair a chuirtear tús le híocaíochtaí liúntas breosla in athuair i nDeireadh Fómhair 2012. Tá an Roinn den tuairim go mbeidh céatadan ard d'éilitheoirí a ró-íocadh, fós ag fáil íocaíochta ag an am sin. I gcás nach féidir an ró-íocaíocht a fháil ar ais ó íocaíochtaí amach anseo i leith an liúntais bhreosla, tá sé i gceist ag an Roinn na ró-íocaíochtaí a thaifeadadh agus iarracht a dhéanamh iad a aisghabháil ar bhealaí eile.

23.35 Mhaígh an Roinn, de thoradh na hearráide seo, go bhfuil athbhreithniú agus leasú déanta aici ar a nósanna imeachta do nuashonrú mionsonraí ráta scéime ar a córais íocaíochta.

Conclúidí agus Moltaí

- 23.36** San am atá caite tá an Roinn tar éis suirbhéanna calaoise agus earráide a dhéanamh ar éilimh a roghnaíodh go randamach ar roinnt scéimeanna leasa. Tá roinnt mórscéimeanna caiteachais, mar shampla an Liúntas Leasa Forlíontach, nach raibh faoi réir suirbhé den chineál seo, agus téann na torthaí suirbhé is deireanaí maidir le roinnt scéimeanna le hardleibhéil chaiteachais siar go dtí 2004 agus 2005.
- 23.37** Ina tionscnamh calaoise is deireanaí tá an Roinn tiomanta do dhá shuirbhé calaoise agus earráide a dhéanamh in aghaidh na bliana.
- 23.38** Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go gcuireann suirbhéanna calaoise agus earráide táscaire riosca measta na scéime a ndearnadh suirbhéireacht uirthi ar fáil go príomha don Roinn chun cur ar chumas na Roinne próisis agus nósanna imeachta rialaithe a fheabhsú thar na scéimeanna ábhartha. Dúirt sí go ndéanfar athbhreithniú bliantúil ar uainiú agus ar reachtáil na suirbhéanna agus go n-aithnítear go bhféadfadh go dteastódh cur chuige éagsúil nó breise i leith suirbhéanna ag cur riachtanais shonracha gnó nó treochtaí a bheidh ag teacht chun cinn san áireamh. Dúirt sí freisin go bhfuil uainiú suirbhé maidir le Liúntas Leasa Forlíontach á mheas mar chuid d'athbhreithniú ginearálta ar nósanna imeachta rialaithe maidir leis an scéim sin.

Moladh 23.1: Ba chóir don Roinn glacadh le cur chuige a bhreithniú lena ngabhann dearadh suirbhéanna calaoise agus earráide bunaithe ar an gcaiteachas bliantúil i scéimeanna aonair. Mar shampla

- Íocaíochtaí a athbhreithnítear go leanúnach — mar gheall ar ábharthacht an chaiteachais (abair, os cionn €1 billiún in aghaidh na bliana) ba chóir don Roinn athbhreithnithe a dhéanamh ar líon beag éileamh roghnaithe go randamach do Liúntas Cuardaitheora Poist, pinsean Stáit, Sochar Leanaí, íocaíochtaí baintrí/baintrí fir agus caomhnóra, Liúntas Míchumais agus íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora ar bhonn leanúnach (gan líon na n-athbhreithnithe a ndéantar ar bhonn spriocdhírthe a laghdú go suntasach).
- Íocaíochtaí a athbhreithnítear go hócáideach — i gcásanna scéimeanna eile ina bhfuil caiteachas sách ábharach (e.g. i gcás go bhfuil an caiteachas sa réimse €500 milliún go €1 billiún in aghaidh na bliana), ba chóir suirbhéanna a dhéanamh go tréimhsiúil.
- Íocaíochtaí nach ndéantar athbhreithniú orthu — ní dhéanfaí athbhreithniú ar scéimeanna ina bhfuil an caiteachas bliantúil níos lú ná €500 milliún in aghaidh na bliana má bhíonn srianta acmhainne leantacha ann, ach amháin i gcásanna a raibh an Roinn ar an eolas faoi ardleibhéil riosca agus/nó íocaíochtaí suntasacha de bhreis ar theidlíochtaí.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím i bpáirt. Breithneoidh an Roinn glacadh leis an gcur chuige i leith suirbhéanna calaoise agus earráide a bhfuil breac-chuntas tugtha air thuas. Ach caithfear scrúdú a dhéanamh ar an luach atá le baint as athbhreithnithe randamacha a dhéanamh ar bhonn leanúnach do na scéimeanna ábharacha a liostáileadh. Tá an mhodheolaíocht reatha do shuirbhéanna calaoise agus earráide dian ar acmhainní.

- 23.39** Tugann torthaí suirbhéanna na Roinne go dtí seo le fios go bhfuil leibhéal suntasach íocaíochta scéime mírálta maidir le scéimeanna Vóta-mhaoinithe. Ní gá gur caillteanas airgid coibhéiseach don Roinn i gcónaí a bheadh mar thoradh ar na híocaíochtaí mírálta seo mar go bhféadfadh go mbeadh éilitheoirí i dteideal éileamh a dhéanamh faoi scéim éagsúil nó go bhféadfaí go gcuirfí san áireamh iad mar chleithiúnaí aosaithe le héilitheoir eile. Ach fiú nuair a chuirtear é seo san áireamh bíonn cuma shuntasach ar na leibhéil iarmharacha caillteanaís. Mar shampla, sna suirbhéanna is deireanaí a tugadh chun críche maidir le scéimeanna Vóta-mhaoinithe, mheas an Roinn gurb é 2.7% an glanchaillteanas de bharr íocaíochtaí mírálta maidir le híocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora agus 4.1% maidir le Liúntas Míchumais.
- 23.40** Thagair mé i mo theastas ar Chuntas Leithreasa na Roinne do 2011 don leibhéal míraltacha, ar dóigh liom a bheith ábhartha i gcomhthéacs an chaiteachais fhoriomláin a taifeadadh sa Vóta.⁴
- 23.41** Anuas ar íocaíochtaí scéime mírálta leanúnacha, bhí deacracht ag an Roinn roinnt athruithe buiséadacha a tugadh isteach i mBuiséad 2012 a chur i bhfeidhm.
- 23.42** De bharr srianta le córais ríomhaireachta reatha na Roinne, ní féidir athruithe a bhaineann le tuilleamh agus le hacmhainní i measúnú teidlíochta d'íocaíochtaí Teaghlach Aontuismitheora agus Cúnamh Feirme a chur i bhfeidhm d'éilimh reatha ach trí athbheithniú ar chásanna aonair. Dá thoradh fuair éilitheoirí áirithe íocaíochta sa bhreis ar theidlíocht. Ní féidir leis an Roinn meastachán a chur ar fáil ar an leibhéal ró-íocaíochtaí a tabhaíodh mar gheall ar mhoill i gcur i bhfeidhm athruithe buiséadacha agus níl sé i gceist aici aisghabháil na ró-íocaíochtaí sin a lorg. Tá mionathruithe ar chórais íocaíochta ríomhaireachta na Roinne á mbeartú chun a chinntiú gur féidir athruithe dá leithéid a chur i bhfeidhm sa todhchaí ón dáta a achtar an reachtaíocht.
- 23.43** Níor nuashonraíodh laghduithe ar liúntas breosla i gcóras íocaíochta na Roinne i leith catagóire áirithe éilitheoirí Cuardaitheora Poist, a raibh ró-íocaíochtaí thart ar €1.2 milliún i gceist inti. Tá sé i gceist ag an Roinn, nuair is féidir, na ró-íocaíochtaí seo a fháil ar ais ó íocaíochtaí liúntas breosla a thosóidh arís i nDeireadh Fómhair 2012. I gcás nach bhfuil éilitheoir a ró-íocadh ag fáil íocaíochta níos mó tá sé beartaithe ag an Roinn ró-íocaíocht a thaifeadadh agus iarracht a dhéanamh é a fháil ar ais ó íocaíochtaí leasa sa todhchaí. Anuas air sin tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil na rialuithe a bhaineann le nuashonrú athruithe dá córais íocaíochta ríomhaireachta neartaithe aici.

Moladh 23.2: Ba chóir córais ríomhaireachta na Roinne a oiriúnú chun príomhshonraí a úsáidtear i gcinnteoireacht ar éilimh aonair a thaifeadadh agus ba chóir go mbeadh feidhm ríomhaireachta ionsuite iontu leis an gcumas coigeartuithe ar ráta a phróiseáil go héifeachtach lena n-áirítear giniúint chumarsáide mínithí d'éilitheoirí ar cuireadh isteach orthu.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Aontaím. Tá sé beartaithe ag an Roinn a córas ríomhaireachta a fheabhsú sa chaoi gur féidir leis sonraí maidir le hacmhainn agus le tuilleamh a ghabháil agus a stóráil mar aon le torthaí doiciméad scanáilte a ghabháil agus a eisiúint sa chaoi, sa todhchaí, gur féidir léi athruithe a chur i bhfeidhm ó dháta éifeachtach na reachtaíochta. Tá an fheidhmiúlacht seo ar fáil sa ghlúin is deireanaí de chórais ríomhaireachta na Roinne atá deartha le tacaíocht a thabhairt do phróisis agus d'íocaíochtaí chomh maith. Is próiseas leanúnach é aistriú scéimeanna ó chórais níos sine go dtí na córais a forbraíodh go deireanach. Ag deireadh Lúnasa 2012, bhí breis agus aon trian de scéimeanna na Roinne, ar ionann iad agus trí cheathrú den ualach éileamh reatha aistrithe.


⁴ Faoi alt 3(5) d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, caithfidh teastas iniúchta ar chuntas leithreasa tagairt d'aon chás ábharthachta in ar mhainnigh Roinn caiteachas a taifeadadh sa chuntas a fheidhmiú chun na críocha ar cheap an tOireachtas don leithreasú, nó go bhfuil na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas i gcomhréir leis an údarás faoina gceaptar iad a bheith déanta.

Moladh 23.3: Ba chóir don Roinn a nósanna imeachta rialaithe ar a comhaid sonraí a neartú. Ba chóir do na rialuithe seo a chinntiú go bhfuil na hathruithe uile ar shonraí seasta údaraithe agus go gcuirtear gach athrú údaraithe i bhfeidhm go hiomlán. D'fhéadfadh rialuithe dá leithéid nósanna imeachta athraithe córais a dhoiciméadú agus a fhoirmlíú, údarú gach athrú ar bhuanshonraí ag leibhéal iomchuí, deimhniú tuairiscí athraithe ó chórais íocaíochta ríomhaireachta na Roinne agus tástáil athruithe iarfheidhmithe a bheith san áireamh iontu.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Aontaím. Tá roinnt mhaith rialuithe ag an Roinn thart ar a nósanna rialuithe ar a comhaid sonraí agus déanann sí monatóireacht ar a n-éifeachtacht ar bhonn leanúnach. I bhfianaise an mholta thuas, déanfaidh an Roinn athbhreithniú orthu agus neartóidh sí iad go cuí.

24 Liúntas Leasa Forlíontach

- 24.1** Is ionann agus líontán slándála laistigh den chóras leasa foriomlán an Scéim Leasa Forlíontach. Tá an scéim dírithe ar dhaoine nach bhfuil dóthain acmhainní acu chun freastal ar a riachtanais féin agus ar riachtanais a gcuid cleithiúnach. Is é príomhchuspóir na scéime cúnamh láithreach agus solúbtha a sholáthar do dhaoine a bhíonn i ngátar agus nach gcáilíonn d'íocaíochtaí leasa faoi aon scéim Stáit eile.
- 24.2** Cáileoidh duine aonair de ghnáth do Liúntas Leasa Forlíontach má bhíonn cónaí orthu sa Stát, má shásaíonn siad coinníoll gnáthchónaithe agus tástáil maoine, má bhíonn iarratas déanta acu ar aon sochar nó liúntas iomchuí a bhféadfadh siad a bheith ina dteideal, agus iad a bheith cláraithe le Solas (FÁS roimhe seo) má táthar in aois fostaíochta. Bíonn íocaíochtaí comhdhéanta de thacaíocht ioncaim bunúsach agus/nó forlíonadh i ndáil le caiteachais chónaithe áirithe nach mbíonn duine ábalta a íoc ag an tráth seo. Áirítear ar na forlíontaí atá ar fáil, íocaíochtaí chun cuidiú le cíos, ús morgáiste, teas, riachtanais chothaithe speisialta, riachtanais eisceachtúla nó riachtanais phráinneacha, agus caiteachais ar ais ar scoil.
- 24.3** Suas go dtí mí Dheireadh Fómhair 2011, is é an Rannán Seirbhísí Leasa Pobail de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a bhí i mbun riartha ar an Scéim Liúntas Leasa Forlíontach. Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2011, aistríodh foireann na Seirbhíse Leasa Pobail go foirmiúil chuig an Roinn, agus is í an Roinn atá freagrach go díreach anois as riaradh na scéime.
- 24.4** B'ionann an caiteachas iomlán ar Liúntas Leasa Forlíontach (gan costais riaracháin san áireamh) agus €911 milliún in 2011. Bhain 81% den chaiteachas iomlán ar an Scéim Liúntas Leasa Forlíontach in 2011 le trí chatagóir íocaíochta. Is ionann iad sin agus iad seo a leanas:
- Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach – liúntas seachtainiúil a íoctar leosan a bhíonn ag fanacht ar chinneadh maidir le hiarratas faoi scéim leasa shóisialaigh eile nó nach gcáilíonn faoi aon scéim eile (b'ionann an caiteachas iomlán in 2011 agus €169 milliún)
 - forlíonadh cíosa – tacaíocht i dtreo chostas chóiríocht phríobháideach ar cíos (b'ionann an caiteachas iomlán in 2011 agus €503 milliún)
 - forlíonadh ús morgáiste – tacaíocht d'úinéirí tí i dtreo íocaíochtaí ús morgáiste (b'ionann an caiteachas iomlán in 2011 agus €67 milliún).
- 24.5** Idir 2007 agus 2011, d'ardaigh an caiteachas foriomlán ar an Liúntas Leasa Forlíontach 33%. Léirítear i bhFíor 24.1 na treochtaí i gcatagóirí an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh.

Fíor 24.1 Caiteachas ar an Liúntas Leasa Forlíontach 2007 go dtí 2011^a

Foinse: Tuarascálacha faisnéise staidrimh na Roinne Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Níl costais riaracháin na scéime san áireamh.

- 24.6** Tuairiscítear torthaí d'athbhreithniú ar dhul chun cinn na Roinne sa chaibidil seo i ndáil le tabhairt isteach beartas rialaithe riosca-bhunaithe i ndáil leis an Liúntas Leasa Forlíontach. Scrúdaítear freisin éifeachtacht na rialúcháin a dearadh chun éileamh neamhbhailí ar liúntais fhorlíontacha a chosc agus bainistiú na Roinne ar íocaíochtaí fhorlíonadh cíosa i gcomhthéacs laghdaithe ar chíosanna sa mhargadh.
- 24.7** Áiríodh san obair iniúchóireachta allamuigh athbhreithniú ar bheartas rialúcháin foriomlán na Roinne i ndáil leis an Liúntas Leasa Forlíontach. Áiríodh ann freisin cuairteanna chuig dhá oifig áitiúil, oifig i nGaillimh agus oifig i gCearnóg an Easpaig (Baile Átha Cliath), chun scrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe i ndáil le sampla éileamh a íoctar. Rinneadh anailís freisin ar threochtaí na rátaí cíosa ar an margadh ag an am.

Straitéis Rialaithe na Scéime

- 24.8** Leagtar amach i dTionscnamh Calaoise na Roinne 2011-2013, arna fhoilsiú i mí Mheán Fómhair 2011, cur chuige chun scéimeanna aonair a rialú agus áirítear orthu cainníochtú tosaigh ar an leibhéal ró-íocaíochtaí, na rioscaí i ngach aon scéim a aithint agus beartas rialaithe cuí a fhorbairt.
- 24.9** Bíonn an Roinn i mbun faireacháin ar an leibhéal ró-íocaíochta do gach scéim aonair trína suirbhéanna tréimhsiúla a dhéantar. Áirítear leis na suirbhéanna athbhreithniú cuimsitheach ar shampla randamach éileamh a íoctar chun a chinntiú go mbíonn an tsuim cheart á híoc leis an éilitheoir. Soláthraíonn torthaí na suirbhéanna sin faisnéis úsáideach i ndáil le leibhéal bunúsach íocaíochtaí sa bhreis ar theidlíocht agus ceadaítear don Roinn measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht a beartas rialaithe reatha.

Cainníochtú ar an Leibhéal Bonnlíne Calaoise agus Earráide

- 24.10** Níl suirbhé calaoise agus earráide déanta ag an Roinn i ndáil le híocaíochtaí Leasa Shóisialaigh, ó tógadh freagracht dhíreach ar riaradh na scéime i mí Dheireadh Fómhair 2011.

- 24.11** Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte suirbhé calaoise agus earráide i ndáil le forlíonadh cíosa in 2007.¹ Scrúdaíodh samplaí cásanna i ceithre réigiún de chuid an HSE. Léiríodh san suirbhé gurbh ionann ró-íocaíochtaí 2.9% den chaiteachas iomlán sa sampla, agus bhain 2.2% le calaois agus 0.7% le hearráid. Chuir an HSE an toradh i gcomparáid le beart a rinne Roinn Oibre agus Pinsin na Ríochta Aontaithe in 2005 i ndáil le scéim den chineál céanna (sochar tithíochta), agus measadh gurbh ionann na ró-íocaíochtaí sa chás sin agus 5.2% den chaiteachas. Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, rinne an HSE rangú ar fhorlíonadh cíosa mar scéim lena mbaineann riosca íseal go dtí meán.
- 24.12** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuiltear ag brath tabhairt faoi shuirbhé calaoise agus earráide i ndáil le Liúntas Leasa Forlíontach mar chuid d'athbhreithniú ginearálta ar nósanna imeachta rialaithe na scéime.

Measúnú Riosca na Scéime

- 24.13** Ag leibhéal na scéime, ní ionann nádúr na rioscaí a bhaineann le gach cineál íocaíochtaí leasa. I scéimeanna áirithe, is féidir dearbhú ard go maith a ghlacadh ó sheiceálacha réamhphróiseála agus ní dóigh go n-athróidh incháilitheacht ina dhiaidh sin. I scéimeanna eile, bíonn an baol ann go leanfaidh na híocaíochtaí leasa cé go dtagann athrú ar imthosca agus ar choinníollacha cáilitheacha. Ina theannta sin, d'fhéadfadh rioscaí nua a bheith mar thoradh ar fhoirmeacha nua íocaíochta mar ríomhaistriú airgid toisc go laghdaítear an leibhéal teagmhála a bhíonn ann le daoine. Mar thoradh air sin, tá sé tábhachtach ar bhonn tréimhsiúil na mór-rioscaí a bhaineann le scéimeanna aonair a aithint, go háirithe, nuair a bhíonn athruithe suntasacha tarlaithe sa timpeallacht eacnamaíoch nó ar mhodhanna seachadta na scéime.
- 24.14** Thug an HSE an measúnú riosca is déanaí chun críche maidir leis an Liúntas Leasa Forlíontach in 2008. Dúirt an Roinn go bhfuiltear ag tabhairt na gcáipéisí mheasúnú riosca cothrom le dáta faoi láthair maidir le gach réimse, lena n-áirítear Liúntas Leasa Forlíontach, le go mbeidh aird ar reachtaíocht nua agus ar nósanna imeachta agus cleachtais nua.

Beartas Rialaithe a Fhorbairt

- 24.15** Is é an dúshlán a bhaineann le straitéis riosca-bhunaithe faisnéis ó mheasúnú ar rioscaí bunaithe ar an timpeallacht agus ar an scéim a chónascadh chun beartas a forbairt a chinnteoidh go ndíreofar ar ghníomhaíocht rialaithe chun cásanna a mbíonn an baol ró-íocaíochta is airde ag baint leo a athbhreithniú. Éilíonn beartas rialaithe na Roinne maidir le Liúntas Leasa Forlíontach seicliosta mionsonraithe a leanúint agus iarratais á bpróiseáil agus teidlíocht á imscrúdú faoin scéim.² Déantar iniúchadh bainistíochta ar shampla randamach 5% d'idirbhearta don mhí reatha agus ar 1% d'idirbhearta don trí mhí roimhe sin. An aidhm atá leis sin a sheiceáil an mbíonn teidlíochtaí bunaithe mar is cóir agus cibé an mbíonn caighdeáin agus treoirínte á gcomhlíonadh. Éilítear athbhreithnithe ar theidlíocht leanúnach ag idirthréimhsí éagsúla.

1 Ní dhearna an Oifig seo iniúchadh ar phróiseas ná ar thorthaí an tsuirbhé.

2 Forbraíodh an beartas rialaithe sular aistríodh freagracht dhíreach riaradh na scéime ón HSE go dtí an Roinn.

- Maidir le híocaíochtaí Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach, éilíonn an beartas gur chóir éilimh a athbhreithniú go seachtainiúil i gcásanna a mbíonn an t-éilitheoir ag feitheamh cinneadh ar iarratas faoi scéim eile. Mura ndéanfar sin, ba chóir go roghnófaí éilimh lena n-athbhreithniú bunaithe ar fhachtóirí riosca eile lena n-áirítear an dóigh go n-athródh imthosca, acmhainní nó riachtanais an chliaint.
- Maidir le forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste, ba chóir go n-athbhreithneofaí na héilimh faoi dhó sa bhliain, athbhreithniú amháin mar athbhreithniú cuimsitheach lena n-áirítear cuairt baile más gá agus an t-athbhreithniú eile mar athbhreithniú airgeadais agus ar chomhshuíomh an teaghlaigh.

Athruithe Lánpháirtithe

24.16 Tá roinnt athruithe curtha i bhfeidhm ag an Roinn sa chóras rialaithe ó tosaíodh ag glacadh freagrachta ar riaradh na scéime. Athstruchtúraíodh gníomhaíochtaí réigiúnacha na Roinne i dtrí cinn déag de cheantair rannáin, bainisteoir rannáin ar gach aon cheann agus meastar go mbeidh comhsheasmhacht níos fearr mar thoradh air sin ó thaobh seachadadh seirbhíse agus go mbeidh feidhmeanna rialaithe níos éifeachtaí ann. Seo a leanas na tionscnaimh atá beartaithe

- oiliúint a sheachadadh, ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh, don fhoireann a bhíonn ag riaradh an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh, agus áireofar leis saincheisteanna rialaithe lena n-áirítear riaradh comhad agus cothabháil cuí ar thaifid.
- tabhairt chun críche seicliosta achomair lena úsáid ag bainisteoirí sa tSeirbhís Leasa Pobail a bheidh ag déileáil le ró-íocaíochtaí agus le hathshlándáil, cosaint sonraí, bainistiú córais agus cothabháil comhaid.
- bunófar meitheal oibre chun nósanna imeachta rialaithe a bhaineann go sonrach leis an Liúntas Leasa Forlíontach a mheas agus scrúdóidh an meitheal sin cleachtas reatha, aithneoidh siad rioscaí agus molfar feabhsúcháin. Meastar sa Roinn go mbeidh obair an ghrúpa seo tugtha chun críche faoi dheireadh 2012 agus go dtosófar ag leathadh amach na moltaí a bheidh déanta.

Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach

- 24.17** Idir 2007 agus 2011, tháinig ardú 12% ar chaiteachas iomlán ar Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach. Tháinig ardú 26% ar líon na bhfaighteoirí sa tréimhse chéanna.

Fíor 24.2 Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach^a 2007 go dtí 2011

Bliain	Faighteoirí (amhail an 31 Nollaig)	Caiteachas €m
2007	27,380	150.4
2008	35,550	184.5
2009	42,780	233.5
2010	37,500	200.0
2011	34,600	168.8

Foinse: Tuarascálacha faisnéise staidrimh na Roinne Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Níl soláthar díreach liúntais san áireamh.

- 24.18** Leagtar amach le Fíor 24.2 an glanchaiteachas ar Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach nuair a chuirtear san áireamh aon suimeanna a aisíoctar ó scéimeanna eile. I bhformhór na gcásanna, déantar íocaíochtaí ón Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach eatramhach le héilitheoirí a bhíonn ag feitheamh le cinní ar éilimh faoi scéimeanna eile. Sa chás go gceadófar éileamh faoi scéim eile ina dhiaidh sin, aisíoctar aon suimeanna eatramhacha a íoctar faoin Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach ón scéim eile. In 2011, aisíocadh €137 milliún in iomlán ó scéimeanna eile.

Rialuithe Glactha

- 24.19** Chun teidlíocht a dheimhniú sula n-íoctar éilimh fhorlíonadh bunúsach, éilítear ar éilitheoir cáipéisí éagsúla agus fianaise a sholáthar, na nithe seo a leanas san áireamh
- céannacht an éilitheora – éilítear ar iarratasóirí Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSN) a chur i láthair agus iad ag déanamh iarratais, agus d'fhéadfaí a iarraidh orthu cáipéisí céannachta a thaispeáint e.g. deimhniú breithe nó pas
 - acmhainn an éilitheora – déantar tástáil acmhainne mar chuid de mheasúnú éilimh chun ioncaim an éilitheora agus na daoine eile sa teaghlach a fháil amach
 - gnáthchónaí — baintear leas as roinnt tosca chun a fháil amach cibé an bhfuil an t-éilitheoir ina chónaí de ghnáth in Éirinn nó nach bhfuil.³
- 24.20** Athbhreithníodh oibriú na rialuithe glactha i ndáil le sampla deich n-éileamh forlíontach bunúsach ag gach aon cheann de na hoifigí áitiúla ar tugadh cuairt orthu i rith an iniúchta. Léiríodh go raibh na rialuithe i ndáil le céannacht an iarrthóra agus gnáthchónaí ag oibriú go héifeachtach. Mar sin féin, ní raibh cóipeanna de ráitis bhainc sa chomhad taifid tástála acmhainne i gcúig chás i gCearnóg an Easpaig agus in dhá chás i nGaillimh.

3 Is iad na cúig thosca a chuirtear san áireamh an t-achar cónaithe agus leanúnachas an chónaí in Éirinn nó sa Chomhlimistéar Taistil (más lú ná dhá bhliain, breithnítear nach mbíonn an t-éilitheoir ina ghnáthchónaí in Éirinn), achar agus cúis aon neamhláithreachta as Éirinn, nádúr agus patrún fostaíochta, príomhionad leasa an iarratasóra, agus cad atá i gceist ag an iarratasóir a dhéanamh sa todhchaí, mar a léirítear sin ó na himthosca go léir.

- 24.21** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna le linn oiliúna atá sceidealaithe le tosú i mí Mheán Fómhair 2012 agus áireofar leis riaradh comhad agus cothabháil chuí ar thaifid.

Rialú ar Éilimh a Íoctar

- 24.22** Áirítear le hathbhreithnithe rialaithe na Roinne ar chásanna pá eatramhacha seiceáil sheachtainiúil ar cibé an mbíonn cinneadh déanta i ndáil leis an éileamh príomha nó nach mbíonn. Áirítear leis sonraí fógartha ar éileamh a mheaitseáil in aghaidh sonraí cothrom le dáta ar an gcóras ríomhaireachta e.g. a chinntiú go bhfanann an t-éileamh príomha oscailte agus nach bhfuiltear á íoc. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis freisin, aon ioncam nó acmhainn a dóigh a d'fhéadfadh athrú ó sheachtain go seachtain a scrúdú agus a bhailíochtú. Sa chás go mbíonn aon athrú tarlaithe, chaithfí éileamh ar fhorlíonadh bunúsach a athrú nó a fhoirceannadh.
- 24.23** Sa chás nár ceadaíodh éileamh faoi scéim eile, féadfaidh an t-éilitheoir éileamh a dhéanamh ar fhorlíonadh bunúsach bunaithe ar incháilitheacht d'íocaíochtaí faoi scéimeanna príomhshrutha agus acmhainn a bheith acu faoi na híosleibhéil. Is ionann na cásanna sin agus thart ar aon cheathrú de na héilimh go léir a íoctar. Socróidh oifigeach cás na roinne dátaí athbhreithnithe cásanna ina dhiaidh sin agus braithfidh sin ar nádúr an cháis. Mar shampla, sa chás go mbíonn an t-éilitheoir tinn ach nach mbíonn sé/sí i dteideal Sochar Breoiteachta, cuirfear an chéad choinne eile a bheidh ag an éilitheoir le comhairleoir leighis isteach mar dháta athbhreithnithe.
- 24.24** Scrúdaíodh sampla 20 íocaíochtaí forlíontacha bunúsacha (deich gcinn i ngach oifig áitiúil) chun a fháil amach an raibh na cásanna á n-athbhreithniú maidir le teidlíocht leanúnach mar is gá. I ngach cás, bhí fianaise ann go raibh athbhreithniú sásúil déanta laistigh den fhráma ama riachtanach.

Ró-íocaíochtaí⁴

- 24.25** Tá mionsonraí na ró-íocaíochtaí a taifeadadh i ndáil le forlíonadh bunúsach don tréimhse 2009 go dtí 2011 leagtha amach i bhFíor 24.3.

Fíor 24.3 Ró-íocaíochtaí de Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach a Taifeadadh 2009 go dtí 2011

Bliain	An líon cásanna	Ró-íocaíochtaí a taifeadadh	
		Iomlán €000	Meán €
2009	620	863	1,392
2010	1,048	1,501	1,432
2011	903	1,648	1,825

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- 24.26** Mar thoradh ar ualach na gcásanna a bheith ag dul i méid, tá ardú suntasach ar an tréimhse a bhíonn ar éilitheoirí fanacht ar chinneadh i ndáil le teidlíocht faoi scéimeanna príomha agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ó thaobh líon agus meántréimhse íocaíochtaí fhorlíonadh bunúsach eatramhach, agus an gá a bhíonn le hathbhreithniú níos minice ar acmhainní i ndáil leis an gcatagóir éilitheoirí seo. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur léirigh anailís a rinne an Roinn i

4 Roimh 2009, taifeadadh gach ró-íocaíocht den Liúntas Leasa Forlíontach le chéile agus mar sin ní féidir ró-íocaíochtaí a bhain le forlíonadh bunúsach a aithint ar leithligh.

ndáil leis an Liúntas Leasa Forlíontach gurbh ionann an phríomhchúis le ró-íocaíochtaí agus neamhnochtadh éilitheoirí ar acmhainn, ioncam nó tuilleamh. Mar fhreagra air sin, tá sé beartaithe ag an Roinn na nithe a leanas a dhéanamh

- meaitseáil a uathobriú tuilleadh le fógraí tosach fostaíochta agus cuirfear an t-éilitheoir ar an eolas go gcuirfear an íocaíocht ar fionraí mura ndéanfar teagmháil leis an Roinn laistigh de thréimhse ama shonraithe
- leanúint i mbun cleachtaí meaitseála sonraí le ranna Rialtais eile agus le comhlachtaí poiblí agus ag imscrúdú faisnéis a fhaightear i dtuarascálacha gan ainm nó faoi rún
- casadh leis an bhfoireann a bhíonn ag riaradh na scéime Liúntais Leasa Fhorlíontaigh mar chuid den oiliúint leanúnach agus cur le feasacht maidir le rialú sa Roinn.

Forlíonadh Cíos

24.27 Tá forlíonadh cíos ar fáil do dhaoine i gcóiríocht phríobháideach ar cíos a mbíonn deacrachtaí acu a gcuid cíos a íoc agus a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh nó íocaíocht HSE nó a bhíonn fostaithe go páirtaimseartha ar ioncam íseal.

24.28 D'ardaigh an líon daoine a fhaigheann forlíonadh cíos ó díreach faoi 60,000 duine in 2007 go dtí beagnach 97,000 duine ag deireadh 2011 – sin ardú thart ar 62%. B'ionann an caiteachas bliantúil agus thart ar leath billiún euro gach bliain ó 2009 go dtí 2011. Léirítear i bhFíor 24.4 na mionsonraí d'éilimh fhorlíonadh cíos sa tréimhse 2007 go dtí 2011.

Fíor 24.4 Caiteachas ar Fhorlíonadh Cíos 2007 go dtí 2011

Bliain	Faighteoirí (amhail an 31 Nollaig)	Caiteachas €m
2007	59,730	391.5
2008	74,040	440.5
2009	93,030	510.8
2010	97,260	516.5
2011	96,800	502.7

Foinse: Tuarascálacha faisnéise staidrimh na Roinne Coimirce Sóisialaí

24.29 Níl íocaíochtaí fhorlíonadh cíos teoranta d'fhaighteoirí an fhorlíonadh bhunúsaigh. Ní raibh ach thart ar 10% de na 96,800 duine a fuair forlíonadh cíos ag deireadh 2011 a fuair forlíonadh bunúsach mar a n-íocaíocht leasa príomha. Ag deireadh 2011, bhí 14% de dhaoine a bhí ag fáil Liúntas Chuardaitheora Post, 17% a bhí ag fáil íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora agus 10% de na daoine a bhí ag fáil Liúntas Míchumais ag fáil an fhorlíonadh cíos freisin.


24.30 Socraíonn an Roinn uas-rátaí cíos trí thagairt do shuíomh na réadmhaoine agus comhshuíomh theaghlach an éilitheora. Go ginearálta ní bhíonn teaghlaigh a íocann cíos sa bhreis ar na teorainneacha infheidhme incháilithe chun íocaíochtaí fhorlíonadh cíos a fháil. Mar sin féin, d'fhéadfaí eisceachtaí a cheadú in imthosca áirithe, mar thinneas nó míchumas cleithiúnaigh. Is ionann an méid den fhorlíonadh cíos atá infíoctha le héilitheoir amháin costas na maoine ar cíos (caithfidh sin a bheith níos lú ná an uasráta a bhíonn socraithe), lúide an mhéid a bhíonn ar gach iarratasóir a íoc, lúide aon acmhainní a bhíonn measúnaithe.⁵

⁵ B'ionann an ranniocaíocht phearsanta sheachtainiúil íosta agus €24 in 2011 agus d'ardaigh sin go dtí €30 le héifeacht ón 1 Eanáir 2012. Tugadh isteach ranniocaíocht sheachtainiúil íosta breise de €5 freisin i ndáil le lánúineacha.

Sprioc-achar na nÉileamh

- 24.31** Is éard atá beartaithe leis an bhforlíonadh cíosa ná tacaíocht ioncaim a sholáthar go gearrthéarmach, ach níl aon teorainn ar fhad na n-éileamh atá i bhfeidhm. I ndáiríre, ní raibh ach níos lú ná leath de na héilimh fhorlíonadh cíosa ag deireadh 2011 á n-íoc ar feadh níos lú ná aon bhliain amháin. Bhí thart ar 14% de na héilimh á n-íoc ar feadh níos mó ná trí bliana (féach Fíor 24.5). I gcásanna ar athraigh faighteoirí a seoladh, d'fhéadfadh sé gur taifeadadh an t-éileamh ag an seoladh nua mar 'éileamh nua' agus d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an fhad a caitheadh ag an seoladh roimhe sin le sonrú i bhFíor 24.5.

Fíor 24.5 Fad na nÉileamh Fhorlíonadh Cíosa 2011



Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

- 24.32** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil sé i gceist ag an Roinn athdhíriú ar an scéim fhorlíonadh cíosa maidir leis an gcuspóir bunaidh agus is é sin tacaíocht ioncaim sa ghearrthéarma a sholáthar do dhaoine a bhíonn dífhostaithe go sealadach. Táthar ag súil go ndéileálfar le mar a bhítear ag brath go fadtéarmach ar thacaíocht Stáit d'íocaíochtaí cíosa trí scéimeanna eile - An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (i bhfeidhm ó 2004) agus an Tionscnamh Polasaí Tithíochta (a fógraíodh in 2011). I mí an Mhárta 2012, léirigh an Rialtas an t-aistriú freagrachta as soláthar chúnamh cíosa do dhaoine a mbíonn riachtanas tithíochta san fhadtéarma acu ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí na húdaráis áitiúla faoi íocaíocht Chúnamh Tithíochta nua.

An Gaol atá idir Leibhéil Cíosa na Scéime agus Cíosanna ar an Margadh

- 24.33** I dtuarascáil athbhreithnithe de chuid 2011, thug an Roinn meastachán go raibh an Roinn ag maoiniú thart ar 40% de gach teaghlach san earnáil cíosa príobháideach faoin scéim fhorlíonadh cíosa.⁶ Déanann an Stát maoiniú ar 15% eile den mhargadh ar cíos tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus an Tionscnamh Léasaithe Tithíochta Sóisialta (thart ar 40,000 aonad cóiríochta in iomlán in 2011). Faightear na rátaí cíosa a fheidhmítear sna scéimeanna roimhe seo, den chuid is mó, trí leas a bhaint as na leibhéil chíosa sa scéim fhorlíonadh cíosa mar thagarmharc. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí athbhreithniú go minic lena chinntiú go léiríonn na huasleibhéil cíosa a íocann an Roinn coinníollacha an mhargaidh agus nach mbítear ag brú suas cíos do thionóntaí nach bhfaigheann an forlíonadh cíosa.

Tionchar an Mhargaidh


- 24.34** Léirigh anailís a rinneadh i rith athbhreithniú 2011 comhghaolmhaireacht shuntasach idir cíós ar an margadh agus uasteorainneachta fhorlíonadh cíosa na Roinne. Is é an conclúid a tugadh as athbhreithniú 2011 ó rinneadh an t-athbhreithniú roimhe sin i mí an Mheithimh 2010, go raibh luachanna cíosa cobhsaithe ag uasteorainneacha cíosa na Roinne maidir le forlíonadh cíosa nó gar don tsuim sin. Tugann sé sin le fios go mbíonn tionchar ollmhór ag na huasteorainneacha cíosa a shocraíonn an Roinn ar chíosanna an mhargaidh.
- 24.35** Is é an conclúid a thángthas air i dtuarascáil na Roinne maidir leis an athbhreithniú ar theorainneacha cíosa in 2011 go raibh na huasteorainneacha ró-ard tríd is tríd. Léiríodh san athbhreithniú go mbaineann tiarnaí talún leas as na huasteorainneacha a shocraíonn an Roinn mar phointe tosaigh idirbheartaíochta le tionóntaí a fhaigheann forlíonadh cíosa agus tionóntaí nach bhfaigheann forlíonadh cíosa araon.

An Gaol idir Cíosanna an Mhargaidh agus Praghsanna Tithe

- 24.36** I ngnáthmhargadh, ba chóir go mbeadh cíosanna agus praghsanna tithe ag gluaiseacht le chéile de ghnáth - de réir mar a ardaíonn praghsanna tithe, meastar go n-ardódh cíosanna freisin. Mar sin féin, is éard a tharlaíonn nuair a théann praghsanna tithe ró-ard agus in aimhréidh go mbítear i bhfad níos airde ná cíosanna ar réadmhaoin den sórt céanna. Nuair a thagann deireadh leis an ardú sin a bhíonn imithe in aimhréidh, bíonn gá cíosanna a choigeartú níos lú ná praghsanna tithe. Tá fianaise den phatrún réitigh le sonrú sna treochtaí ó thaobh praghsanna tithe agus táscairí cíosa (féach Fíor 24.6). Léirítear cíosanna ar an meán ag cobhsú ó Eanáir 2010 ach lean praghsanna tithe ag titim.
- 24.37** Is coincheap tábhachtach é an toradh cíosa agus breithniú á dhéanamh ar an ngaol idir praghsanna tithe agus leibhéil cíosa – tomhaistear go héifeachtach an ráta bliantúil aischuir ar infheistíocht maidir le maoín tithíochta.⁷ Má bhíonn cíosanna cobhsaithe nó ag ardú, is é an toradh a bheidh le titim ar phraghsanna tithe ná ardú ar chíós. Léirítear i bhFíor 24.6 na treochtaí sna meántorthaí cíosa measta ó 2006 i ndáil le maoín tithe i gcathair Bhaile Átha Cliath agus i gcathair na Gaillimhe.⁸ I ngach cás, d'ardaigh an toradh de réir mar a lean praghsanna réadmhaoine cónaithe ag titim. Mar sin féin, is é sin a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'infheisteoirí a bheadh ag smaoineamh réadmhaoín a cheannach, agus ní hionann agus léargas ar chás na dtiarnaí talún atá ann faoi láthair a fhaigheann torthaí cíosa i bhfad níos lú i gcoibhneas lena n-infheistíocht bhunaidh.

⁷ Ríomhtar olltoradh cíosa réadmhaoine tríd an t-ollioncam cíosa bliantúil a lua mar chéatadán de phraghas mhargadh an tí. Nuair a bhíonn an glantoradh cíosa á ríomh, luaitear ioncam cíosa glan ó chaiteachas, mar ús morgáiste.

⁸ Is ionann na figiúirí do Chathair Bhaile Átha Cliath agus an meán do Chathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh, do Chathair Bhaile Átha Cliath Theas agus do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Fíor 24.6 An Gaol idir Praghsanna Tithe agus Leibhéal Chíosa 2005 go dtí 2011

Foinse: Innéacs Praghas Réadmhaoine Cónaithe an Phríomh-Oifig Staidrimh agus Tuarascálacha Cíos a Daft.ie

Nóta: a Is ionann an bonn agus 100 amhail Eanáir 2005 don innéacs praghas tithe agus an innéacs cíos.

Teorainneacha Cíos a Shocrú

- 24.38** Tá uasteorainneacha cíos socraithe ar bhonn contae le contae agus déantar athbhreithnithe idir ocht mí dhéag agus dhá bhliain ó chéile. Rinneadh athbhreithnithe i rith 2008, i mí an Mheithimh 2010 agus ag deireadh 2011. Tá sé socraithe athbhreithniú eile a dhéanamh i mí an Mheithimh 2013. Áiríodh ar na foinsí sonraí a úsáideadh do na hathbhreithnithe go léir táscairí cíos a d'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh, tuarascálacha margaidh cíos arna tháirgeadh ag an láithreán gréasáin cíos príobháideach agus díolacháin Daft.ie agus faisnéis ón mBord um Tionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB). Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go mbaineann sonraí Daft.ie a húsáideadh le praghsanna a fógraíodh agus d'fhéadfadh sé nach léirítear laghduithe a cuireadh ar fáil ina dhiaidh sin le linn idirbheartaíochtaí. Níl aon sonraí cinnte ar fáil maidir leis na cíosanna iarbhair a comhaontaíodh agus a híocadh ar fud na tíre.
- 24.39** D'athraigh an mhodheolaíocht athbhreithnithe arna feidhmiú ag an Roinn thar am chun léargas níos fearr a thabhairt ar choinníollacha an mhargaidh, agus, go háirithe, ar leibhéal cíos infheidhme maidir le tionóntaí fhorlíonadh cíos. Mar sin féin, sonraíonn an Roinn teorainneacha cíos ó thaobh comhshuíomh na dteaghlach (e.g. duine aonair a bhíonn ag roinnt cóiríochta; lánúin; teaghlach aontuismitheora le haon leanbh amháin) seachas ó thaobh an cineál cóiríochta a bhíonn i gceist (e.g. bedsits, cóiríocht aon seomra leapa; seomra singil agus duine ag roinnt tí).

24.40 Bhunaigh athbhreithniú 2011 teorainneacha cíosa do gach cineál teaghlach bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil maidir le cíosa do 40% den chineál cóiríochta meaitseála (dá dtagraítear mar an 40ú peircintíl).⁹ Rinneadh tástáil deiridh chun a sheiceáil an raibh na teorainneacha cíosa a bhí beartaithe dóthanach chun an chóiríocht oiriúnach a fháil i mórlimistéir uirbeacha na gcontaetha go léir agus rinneadh na teorainneacha a choigeartú nuair a bhí gá.

24.41 Is é an toradh a bhí ar athbhreithniú 2011 gur laghdaíodh teorainneacha cíosa i mbeagnach gach catagóir réadmhaoine i ngach áit. Meastar sa Roinn gurbh ionann an meán laghdú ar na teorainneacha agus 12%. Mar sin féin, ní mheastar gurb é an toradh a bheidh ar an laghdú ar na huasleibhéil cíosa go mbeidh laghdú comhfhreagrach i gcaiteachas na scéime sa gheartárma mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas

- ní féidir na teorainneacha cíosa athbhreithnithe a fheidhmiú maidir le héilitheoirí reatha go dtí an chéad athbhreithniú cáis eile agus d'fhéadfadh sin a bheith suas le sé mhí ón tráth a athraíodh na teorainneacha
- maidir le héilitheoirí nach bhfuil in ann cíós laghdaithe a chomhaontú le tiarna talún chun teacht leis na teorainneacha laghdaithe féadfar trí seachtainí déag breise a thabhairt dóibh ag an ráta níos airde chun cur ar a gcumas cóiríocht eile a aimsiú
- i gcásanna ar leith, d'fhéadfadh an cíós a íoctar a bheith níos ísle cheana féin ná na huasrátaí athbhreithnithe atá socraithe don chontae cuí.

24.42 Meastar sa Roinn go mbeidh coigiltis €22 milliún ann in 2012 mar thoradh ar na teorainneacha athbhreithnithe – sin laghdú 4% ar an gcaiteachas iomlán ar fhorlíonadh cíosa bliain i ndiaidh bliana.

Athruithe Ráta a Fheidhmiú

24.43 Mar chuid den scrúdú, scrúdaíodh na socruithe chun na teorainneacha athbhreithnithe ó Eanáir 2012 a fheidhmiú sa dá oifig ar tugadh cuairt orthu.

- In oifig Bhaile Átha Cliath, tugadh treoracha don fhoireann na héilitheoirí go léir a chur ar an eolas láithreach maidir le hathruithe ar na rátaí fhorlíonadh cíosa. Tugadh tréimhse thart ar sé nó ocht seachtainí d'éilitheoirí idirbheartú lena dtiarna talún chun costas cíosa a laghdú. Faoi dheireadh mhí Feabhra 2012, bhí na huasleibhéil cíosa athbhreithnithe curtha i bhfeidhm in iomlán maidir le breis agus 90% de na héilimh a bhí á n-íoc.
- In oifig na Gaillimhe, rinneadh athbhreithnithe ar fhorlíonadh cíosa i rith mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2012 agus tugadh go dtí deireadh mhí an Mheithimh do chustaiméirí idirbheartú lena dtiarna talún maidir le cíós. Coigeartaíodh íocaíochtaí fhorlíonadh cíosa nó cuireadh ar fionraí iad i gcásanna nach bhfuarthas aon fhreagra. Dúirt an Roinn go bhfuil na huasleibhéil cíosa athbhreithnithe curtha i bhfeidhm anois in iomlán, seachas i roinnt beag imthosca eisceachtúla nuair a bhreithnítear sin a bheith cuí go n-íocfaí méideanna níos airde.

⁹ Mar shampla, má bhí 1000 aonad de chóiríocht trí sheomra ar fáil ar cíós i gcontae ar leith, bheadh 400 acu ar phraghas chíosa an 40ú peircintíl nó níos ísle ná sin.

Sonraí a roinnt le Comhlachtaí Eile

- 24.44** Ón 1ú Eanáir 2011, níl an forlíonadh cíosa infoctha mura bhfuil uimhir thagartha chánach curtha ar fáil ag an tiarna talún nó go bhfuil míniú réasúnach tugtha aige/aici nach bhfuil sé sin déanta aige/aici.¹⁰ Caithfear uimhir PPS an tiarna talún a bheith ar gach foirm iarratais don fhorlíonadh cíosa. Soláthraíonn an Roinn mionsonraí do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le gach íocaíocht fhorlíonadh cánach, ar bhonn bliantúil, agus is é an aidhm atá leis sin a chinntiú go mbeidh tiarnaí talún ag comhlíonadh a gcuid dualgas cánach.
- 24.45** Níl aon cheanglas ann faoi láthair fianaise a chur ar fáil don Roinn go bhfuil an tiarna talún cláraithe leis an PRTB. Mar sin féin, cuireann an Roinn sonraí i ndáil le háitribh a bhfaigheann an tionónta forlíonadh cíosa chuig an PRTB go ráithiúil.
- 24.46** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta cé go mbíonn dualgas ar thiarnaí talún go ginearálta tionóntacht a chlárú leis an PRTB, bíonn díolúine ag tionóntachtaí áirithe agus mar thoradh air sin ní bheadh sé praiticiúil don Roinn a chur faoi deara go gcaithfeadh tionóntacht a bheith cláraithe leis an PRTB sula n-íocfaí an forlíonadh cíosa.¹¹ Thug sí ar aird freisin i roinnt cásanna a mbíonn sé de dhualgas ar thiarnaí talún clárú leis an PRTB, gur féidir leo sin a dhéanamh laistigh de mhí amháin ó thosaíonn an tionóntacht ach táille caighdeánach a íoc nó é sin a dhéanamh níos déanaí ach go mbeidh orthu táille níos airde a íoc.

Rialuithe Glactha

- 24.47** Sa bhreis ar na cáipéisí bunúsacha agus an fhianaise a bhíonn de dhíth chun teidlíocht ar Liúntas Leasa Forlíontach a fhíorú, tá trí cheanglas suntasacha eile i ndáil le teidlíocht ar fhorlíonadh cíosa.

An Riail 'Sé Mhí'

- 24.48** Ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar go bhfuil siad ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, nó i gcóiríocht arna soláthar faoi scéim tithíochta sóisialta, nó i gcóiríocht do dhaoine gan dídean ar feadh sé mhí as an dá mhí dhéag roimhe sin. Mura bhfuil siad in ann an riail sé mhí a shásamh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a sholáthar go bhfuil measúnú déanta orthu agus go meastar iad a bheith incháilithe do thithíocht shóisialta ó údarás áitiúil.
- 24.49** Léiríodh leis an iniúchadh go raibh fianaise de chomhlíonadh an éilitheora leis an riail sé mhí nó incháilitheacht do thithíocht shóisialta ar fáil i ngach cás samplach a scrúdaíodh.

Mionsonraí na Tionóntachta

- 24.50** Is í an tsuim cíosa a bhíonn íoctha ag éilitheoir an príomhchinntitheach den mhéid fhorlíonadh cíosa atáthar i dteideal, mar sin tá gá le rialuithe láidre chun cruinneas na suimeanna cíosa fógartha a dheimhniú. Éilíonn treoirlínte na Roinne ar an éilitheoir cóip a sholáthar de chomhaontú tionóntachta foirmiúil, de leabhar cíosa nó d'fhianaise eile go bhfuil tionóntacht bona fida ann, agus den tsuim cíosa atá infoctha.

¹⁰ Alt 7 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2010.

¹¹ Áirítear ar réadmhaoin díolmhaithe áitribh arna ligean ag comhlacht deonach nó áitribh ina mbíonn an tiarna talún ina chónaí.

- 24.51** Léirigh an t-iniúchadh nach raibh cóipeanna den chomhaontú tionóntachta foirmiúil nó den leabhar cíosa ar comhad maidir le 80% de na cásanna a scrúdaíodh. Sna cásanna sin, is í an fhaisnéis a sholáthar an tiarna talún ar fhoirm iarratais an éilitheora an t-aon bhealach a deimhníodh an tsuim cíosa.
- 24.52** Tá sé de dhualgas ar thiarnaí talún faoi na Rialacháin Tithíochta (Leabhair Chíos), 1993 leabhar cíosa nó cáipéisíocht eile den sórt sin a thabhairt dá dtionóntaí agus déanann údarais áitiúla cigireachtaí chun rialacháin na leabhair chíosa a fhorfheidhmiú. Bhí leabhair chíosa ar fáil in 85% den 63,600 maoin a rinneadh cigireacht orthu idir 2007 agus 2010.¹² Maidir le cigireachtaí a rinneadh in 2010, b'ionann an cion leabhair chíosa a bhí as láthair agus thart ar 10%.
- 24.53** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta gur thug an Roinn isteach cumhachtaí nua fiosrúcháin le déanaí chun ligean don fhoireann chuí iarratas foirmiúil a dhéanamh ar thiarnaí talún agus a chur de dhualgas orthu faisnéis a sholáthar i ndáil lena dtionóntaí a fhaigheann forlíonadh cíosa, go príomha chun a fhíorú go bhfuil tionóntacht agus an cíos atá comhaontaithe i bhfeidhm.¹³ Dúirt sí freisin go n-áireofar leis na hábhair a bheidh le cur san áireamh in oiliúint na foirne atá beartaithe a chur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh cothabháil taifid chuí i ndáil le hiarratais fhorlíonadh cíosa.

An Caighdeán Cóiríochta

- 24.54** Éilíonn an Roinn chun go mbeidh an forlíonadh cíosa iníoctha, nach mór don áit chónaithe a bheith oiriúnach le réasún do riachtanais chónaithe agus do riachtanais eile an éilitheora agus ba chóir go mbeadh an cíos a bheidh iníoctha ag an éilitheoir cóir agus cuí le haird ar nádúr, ar charachtar agus ar shuíomh na háite cónaithe. Níl critéir oibiachtúla forbartha ag an Roinn fós chun a mheas cibé an bhfuil áitribh aonair ar chaighdeán oiriúnach don scéim fhorlíonadh cíosa nó nach bhfuil. Cé nach bhféadfaí an ráta diúltaithe a thabhairt, tugadh le fios gur annamh d'oifigeach forlíonadh cíosa a dhiúltú ar an bhforas nach mbíonn an chóiríocht ar chaighdeán riachtanach.
- 24.55** Is féidir le cuairteanna baile fianaise a sholáthar go bhfuil an t-éilitheoir ina chónaí/ina cónaí ag an seoladh a luaitear. Is féidir leas a bhaint astu freisin chun an caighdeán cóiríochta agus a oiriúnacht do riachtanais chónaithe na n-éilitheoirí a mheas. Tugadh ar aird gur ghlac an dá oifig áitiúil ar tugadh cuairt orthu le cur cur chuigí éagsúla ó thaobh a gcuid cuairteanna baile. In Oifig Bhaile Átha Cliath, bhí cuairt baile i gceist le gach aon cheann de na 15 cás a scrúdaíodh ag céim bhronnadh an éilimh. Mar chodarsnacht air sin, léirigh an t-iniúchadh nach raibh cuairt baile i gceist riamh le 14 as na 15 éileamh ar fhorlíonadh cíosa a scrúdaíodh i nGaillimh, nuair a íocadh an t-éileamh ná ag céim athbhreithnithe níos déanaí.
- 24.56** Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach bhfuil sé de cheanglas ar fhoireann a riarann an scéim fhorlíonadh cíosa breithiúnas a dhéanamh cibé an bhfuil cóiríocht ar chaighdeán oiriúnach toisc nach bhfuil siad cáilithe chun sin a dhéanamh. Mar sin féin, thug sí ar aird gur féidir leis an bhfoireann cinneadh a dhéanamh nach bhfuil forlíonadh cíosa iníoctha sa chás go mbíonn an Roinn curtha ar an eolas ó údarás áitiúil nach bhfuil caighdeáin á gcomhlíonadh. Sa chás go mbaineann fógra mar sin ó údarás áitiúil le héilitheoir reatha, pléitear an cás leis an éilitheoir agus déanann an Roinn iarracht gníomhú chun leasa is fearr an éilitheora sin.
- 24.57** Léirítear i bhFíor 24.7 gníomhaíocht chigireachta na n-údarás áitiúil sa tréimhse 2007 go dtí 2011.

¹² Staidrimh arna soláthar ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

¹³ Alt 14 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean, 2012.

Fíor 24.7 Cigireachtaí na nÚdarás Áitiúil ar Réadmhaoín ar Cíos 2007 go dtí 2011

Forordaítear na híoschaighdeáin do chóiríocht ar cíos trí rialacháin a dhéantar faoi alt 18 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992. Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach na Rialacháin Tithíochta (Caighdeáin do Thithe ar Cíos), 2008 agus tháinig feidhm leo an 1 Feabhra 2009. Sonraítear sna caighdeáin ceanglais i ndáil le raon ábhar lena n-áirítear deisiúcháin struchtúrach, sábháilteacht dóiteáin, saoráidí sláintíochta, soilse, teas agus aerú. Tá oibleagáid dlí ar thiarnaí talún a chinntiú go bhfuil a réadmhaoín ar cíos ag cloí leis na rialacháin seo. Cuireadh leis na smachtbhannaí a fhéadfar a fheidhmiú maidir le neamhchomhlíonadh na rialachán le hAcht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheach), 2009.

Leagtar amach leis na rialacháin na critéir a úsáidfear chun an caighdeán cóiríochta ar cíos a mheas. Is é an t-údarás áitiúil atá freagrach as cigireachtaí a dhéanamh agus na rialacháin a fhorghníomhú. Faigheann an costas cigireachta agus forfheidhmithe tacaíocht trí mhaoiniú arna soláthar ó tháillí cláraithe tionóntachta a bhailíonn an PRTB.

Is ábhar do gach údarás áitiúil aonair é cinneadh a dhéanamh maidir lena straitéis forfheidhmithe agus a socruithe cigireachta. Mar sin féin, agus a bhfreagrachtaí á gcomhlíonadh acu, iarrtar ar údaráis aird a bheith acu ar threoirlínte arna fhoilsiú i mí na Samhna 2007 ina bhfuil moltaí lena n-áirítear díriú ar ghníomhaíochtaí cigireachta.^a

Ní ionann an líon cigireachtaí a comhlíonadh sna húdaráis áitiúla éagsúla. In 2011, réimsigh an líon cigireachtaí a chomhlíon comhairlí contae ó 75 i Longfort go dtí 1,142 i gCorcaigh. Maidir le comhairlí baile, b'ionann an líon ab airde cigireachtaí (i Sligeach) a comhlíonadh agus 661, ach tugadh ar aird nár chomhlíon cúig chomhairle baile aon chigireachtaí le trí bliana anuas. (Tá sé ráite ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go bhfuil roinnt comhairlí contae ag comhlíonadh cigireachtaí thar ceann chomhairlí baile laistigh dá limistéir threolaíoch féin).

Léiríonn an tábla thíos dlús na gcigireachtaí agus toradh na gcigireachtaí idir 2007 agus 2011.

	2007	2008	2009	2010	2011
Clárúcháin PRTB	202,100	206,100	234,600	231,800	260,100
Áitribh a rinneadh cigireacht orthu^b	12,050	14,880	18,000	18,700	16,760
% réadmhaoín a rinneadh cigireacht orthu	6%	7%	8%	8%	6%
% réadmhaoín a rinneadh cigireacht orthu nár chomhlíon an caighdeán	20%	19%	24%	25%	37%

Foinse: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus PRTB

Nótaí: a Dea-chleachtas maidir le Bainistiú Tithíochta: Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla – Caighdeáin san Eanáil Phríobháideach ar Cíos: Pleanáil Straitéiseach, Forfheidhmiú Éifeachtach, (Lárionad do Thaighde Tithíocht, Samhain 2007)

b Rinneadh cigireachtaí leantach i ndáil le roinnt réadmhaoine, ach ní ardaíonn sin an cion réadmhaoine a rinneadh cigireacht orthu.

Rialú ar Éilimh a Íoctar

- 24.58** Luaitear i bpolasaí na Roinne gur chóir gach éileamh a íoctar a athbhreithniú faoi dhó sa bhliain. Mar sin féin, níl na treoirlínte sonracha i ndáil le déine an athbhreithnithe, agus réimsíonn sin ó litir a scríobh a lorgaíonn sonraí a athdheimhniú agus cuairt baile.
- 24.59** Seoltar litir athbhreithnithe chuig gach éilitheoir agus foirceannantar an íocaíocht mura gcomhlántar an fhoirm a bhíonn iniata agus go seoltar ar ais í. Comhlánaíonn an t-éilitheoir cuid den fhoirm, a bhaineann le hacmhainní, agus comhlánaíonn an tiarna talún an chuid a bhaineann leis an gcíos atá iníoctha. I roinnt cásanna, d'fhéadfaí cuairt baile a thabhairt i ndiaidh an phróisis sin. Seo a leanas toradh an iniúchta
- San dá áit, ní raibh fianaise ag ceithre chás as 15 chás (27%) go raibh athbhreithniú déanta sa dá mhí dhéag roimhe sin, in aghaidh na riachtanas atá i bhfeidhm. Mar sin féin, bhí athbhreithnithe comhlíonta i ngach cás san ocht mhí dhéag roimhe sin.
 - In oifig na Gaillimhe, is trí litir amháin a rinneadh cigireacht ar an 15 chás a hathbhreithníodh.
 - In oifig Bhaile Átha Cliath, fuair an 15 chás litreacha, agus rinneadh cuairteanna baile ina dhiaidh sin maidir le dhá chás, i ndiaidh athbhreithniú a bheith déanta ar an fhaisnéis a sholáthar an t-éilitheoir.
- 24.60** Bhí 1,520 éilitheoir fhorlíonadh cíosa in iomlán – is ionann sin agus thart ar 1.6% de na héilitheoirí ar fad ag tús na bliana – a raibh ró-íocaíochtaí taifeadta ina n-aghaidh in 2011. Bhain luach iomlán de €1.9 milliún leo (féach Fíor 24.8)

Fíor 24.8 Ró-íocaíochtaí a taifeadadh maidir le Forlíonadh Cíosa 2009 go dtí 2011

Bliain	An líon cásanna	Ró-íocaíochtaí a taifeadadh	
		Iomlán	Meán
		€000	€
2009	534	898	1,682
2010	1,331	1,795	1,349
2011	1,520	1,894	1,246

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Forlíonadh Ús Morgáiste

- 24.61** Íoctar forlíonadh ús morgáiste le daoine a mbíonn deacrachtaí acu a morgáiste a íoc agus a bhíonn ag fáil íocaíocht Leasa Shóisialaigh nó íocaíocht HSE nó a bhíonn fostaithe go páirtaimseartha. Cuidíonn forlíonadh morgáiste leis an gcion úis de na híocaíochtaí morgáiste agus sin amháin agus féadfar sin a íoc i gcásanna a mbíonn an t-iarraitasóir ag déanamh aisíocaíochtaí caipitil ar an morgáiste.
- 24.62** In 2007, b'ionann an líon a bhí ag éileamh forlíonadh morgáiste agus thart ar 3,700 ach d'ardaigh an líon sin go dtí 18,700 ag deireadh 2011 (féach Fíor 24.9). D'ardaigh caiteachas bliantúil i gcomhréir.

Fíor 24.9 Forlíonadh Ús Morgáiste^a 2007 go dtí 2011

Bliain	Faighiteoirí (amhail an 31 Nollaig)	Caiteachas €m
2007	3,710	11.6
2008	7,650	26.9
2009	14,720	60.9
2010	17,650	65.1
2011	18,700	67.4

Foinse: Tuarascálacha faisnéise staidrimh na Roinne Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Níl éilimh fhorlíonadh ús morgáiste na n-údarás áitiúil san áireamh sna figiúirí a léirítear.

- 24.63** Mar is amhlaidh le forlíonadh cíosa, is tacaíocht ioncaim ghearrthéarmach a bhí ceaptha a bheith san MIS. Léirítear le Fíor 24.10 na mionsonraí, don tréimhse 2007 go dtí 2011, den achar ama a bhí éilimh á n-íoc. Ní raibh ach 37% de na héilimh ag deireadh 2011 á n-íoc ar feadh níos lú ná bliain. Bhí níos mó ná aon éileamh amháin as cúig éileamh den 1,850 éileamh a bhí á íoc i rith 2007 fós á n-íoc ag deireadh 2011.

Fíor 24.10 Anailís Aoise d'éilimh Fhorlíonadh Ús Morgáiste^a 2007 go dtí 2011

	2007	2008	2009	2010	2011
Achar an éilimh					
Níos lú ná 1 bliain	1,850	5,140	9,030	7,720	6,880
1 go dtí 2 bhliain	820	1,190	4,020	6,200	4,950
2 go dtí 3 bliana	380	550	800	2,570	4,140
3 go dtí 4 bliana	210	270	400	560	1,880
4 go dtí 5 bliana	160	160	160	270	410
5 bliana nó níos mó	290	340	310	330	440
Gach éileamh	3,710	7,650	14,720	17,650	18,700

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

Nóta: a Níl éilimh fhorlíonadh ús morgáiste na n-údarás áitiúil san áireamh sna figiúirí a léirítear.

Riaradh na Scéime

- 24.64** Cé go bhfuil MIS dírithe orthu sin a mbíonn deacrachtaí acu lena morgáiste, roimh an 18 Meitheamh 2012, ní raibh ar éilitheoirí fianaise idirbheartaíochta lena soláthróir morgáiste a sholáthar. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith le hidirbheartaíocht mar sin tréimhse staonta, mar thréimhse saor ó íocaíochtaí, aistriú chuig íocaíochtaí úis amháin, nó cur le hachar théarma an mhorgáiste.
- 24.65** I mí Iúil 2010, d'fhoilsigh an Roinn torthaí d'athbhreithniú a rinneadh ar an scéim MIS. Léirigh an t-athbhreithniú gur fhan cuspóir foriomlán na scéime, tacaíocht ioncaim sa ghearrthéarma a sholáthar, bailí sa mhargadh morgáiste agus sna coinníollacha eacnamaíocha reatha, fiú agus beartais staonta reatha i láthair. Mar sin féin, aithníodh san athbhreithniú roinnt saincheistanna le feidhmiú na scéime agus rinneadh moltaí chun feabhas a chinntiú. Is é an conclúid a tugadh go raibh líon ard éilitheoirí ann nach raibh i dteagmháil lena n-iasachtóirí chun téarmaí a morgáiste a idirbheartú sula ndearna siad iarratas ar thacaíocht MIS. Ina theannta sin, is é an conclúid eile a tháinig as go bhféadfadh MIS a bheith mar dhídhreasacht d'fhostaíocht a lorg nó d'fhostaíocht a choimeád mar gheall ar na rátaí athsholáthair ioncaim arda. Seo a leanas roinnt de na moltaí a bhí sa tuarascáil
- Ní cóir go soláthrófaí MIS sa chás go mbíonn aisíocaíochtaí de ghné chaipitil na hiasachta á déanamh leis an iasachtóir.
 - Ba chóir don iarratasóir tréimhse sé mhí staonta a shocrú leis an iasachtóir sula mbíonn ar an Stát idirghabháil a dhéanamh agus MIS a sholáthar.
 - Ba chóir go dtabharfaí isteach tréimhse teoranta ama foriomlán de dhá bhliain, chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ag MIS ar iompar ó thaobh obair a lorg nó a choimeád.
- 24.66** I ndáil leis na moltaí nár chóir go n-íocfaí Forlíonadh Ús Morgáiste sa chás go mbíonn aisíocaíochtaí caipitil á déanamh leis an iasachtóir, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil an tsaincheist sin á breithniú faoi láthair ag a Roinn agus ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.
- 24.67** Thug an Roinn isteach critéar incháilitheachta nua le héifeacht ón 18 Meitheamh 2012, agus leis sin ní mór d'iarratasóirí MIS socruithe íocaíochta eile a chinntiú lena n-iasachtóir do thréimhse nach lú ná dhá mhí dhéag, sula gcuirtear iarratas isteach. Is é cuspóir an choinníll nua a chinntiú go léireoidh an critéar incháilitheachta don scéim na socruithe sraonta atá leagtha amach sa Chód Iompair do Riaráistí Morgáiste arna eisiúint ag an mBanc Ceannais i mí Eanáir 2011. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta, amhail an 3 Lúnasa 2012, go raibh thart ar 150 iarratas ar MIS diúltaithe mar gheall nach raibh an coinníoll sin comhlíonta.
- 24.68** I ndáil leis an bhfráma ama don MIS, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach tacaíocht fhadtéarmach chuí é agus nach mór socrú níos inbhuanaithe ná sin a sholáthar. Dúirt sí gur mhol grúpa oibre idir-rannach maidir le riaráistí morgáiste go mbunófaí dhá scéim nua, 'morgáiste le ligean ar cíós' agus 'morgáiste le léasú'.¹⁴ D'fhógair an Roinn le déanaí go mbunófaí scéim morgáiste le ligean ar cíós agus táthar ag súil go gcuideoidh sé sin le thart ar 100 teaghlach sa chéad bhliain.

14 Faoi na scéimeanna atá beartaithe, aistreoidh úinéireacht an tí chuig comhlacht tithíochta ceadaithe nó chuig an iasachtóir morgáiste. Ansin féadfaidh na húinéirí reatha a gcuid tithe féin a fháil ar cíós mar thionóntaí tithíochta sóisialta, agus déanfaidh an Stáit, nuair is gá, an cíós a fhóirdheonú.

Rialuithe Glactha

- 24.69** Sa bhreis ar fhianaise de chéannacht an éilitheora, ar acmhainn agus ar ghnáthchónaí, ní mór go mbeadh mionsonraí ón ngníomhaireacht a thugann iasachtaí i gcomhar le hiarratas ar MIS lena n-áirítear stádas reatha an mhorgáiste, an tsuim réamhíochta, riaráistí reatha, íocaíochtaí úis míosúla agus aon chaingean dlí in aghaidh an iarratasóra. Ní mór don iarratasóir cóip a sholáthar freisin de gach cáipéisíocht a soláthraíodh don ghníomhaireacht a thugann iasachtaí mar thacaíocht leis an iarratas morgáiste bunaidh.
- 24.70** Léirigh an t-athbhreithniú a rinneadh ar 20 cás MIS (deich gcinn i ngach aon oifig áitiúil ar tugadh cuairt orthu le linn an iniúchta) na nithe a leanas
- Ní raibh riaráistí suntasacha ag trí ceathrú cuid de na cásanna ag an am a dámhadh an t-éileamh.
 - Sna deich gcás a athbhreithníodh i nGaillimh agus i sé chás a athbhreithníodh ag Cearnóg an Easpaig, bhí an íocaíocht morgáiste comhdhéanta den phríomhshuim agus ús, agus mhaoinigh an Stát an t-ús agus mhaoinigh an t-éilitheoir an phríomhshuim den aisíocaíocht.¹⁵

Rialú ar Éilimh a Íoctar

- 24.71** Tá beartas agus leagan amach an phróisis athbhreithnithe do na híocaíochtaí MIS cosúil leo sin a feidhmíodh i ndáil le forlíonadh cíosa. Seoltar foirm chuig na héilitheoirí go bliantúil. Baineann an chéad chuid den fhoirm le hacmhainní agus is é/í an t-éilitheoir a chomhlánaíonn í, agus is í an ghníomhaireacht a thugann iasachtaí a chomhlánaíonn an dara cuid agus soláthraítear faisnéis i ndáil leis an tsuim aisíocaíochta reatha, an cion den íocaíocht ar ús atá ann agus an leibhéal riaráistí, más ann, den iasacht.
- 24.72** I sampla de 20 íocaíochtaí MIS (deich gcinn i ngach oifig áitiúil) a scrúdaíodh, léiríodh go rinneadh athbhreithnithe laistigh de na frámaí ama forordaithe i ngach cás. Mar sin féin, maidir le Cearnóg an Easpaig agus Gaillimh, ní raibh ráiteas cuntais morgáiste ar comhad maidir le leath den sampla cásanna a athbhreithníodh chun cúlra íocaíochtaí morgáiste le déanaí an éilitheora a léiriú.
- 24.73** Thairfead an Roinn ró-íocaíochtaí de €271,000 in iomlán in aghaidh 202 faighteoirí MIS in 2011 thart ar 1% den líon iomlán éileamh a íoctar (féach Fíor 24.11).

Fíor 24.11 Ró-íocaíochtaí den Fhorlíonadh Ús Morgáiste a Taifeadadh 2009 go dtí 2011

Bliain	An líon cásanna	Ró-íocaíochtaí a taifeadadh	
		Iomlán	Meán
		€000	€
2009	52	80	1,538
2010	187	281	1,503
2011	202	271	1,342

Foinse: An Roinn Coimirce Sóisialaí

¹⁵ Maidir leis na ceithre chás eile i gCearnóg an Easpaig, bhí an morgáiste ar bhonn úis agus sin amháin.

Conclúidí agus Moltaí

Córas Rialaithe

24.74 Tá an timpeallacht eacnamaíoch agus na socruithe riaracháin i ndáil le híocaíochtaí Liúntais Leasa Fhorlíontaigh athraithe go mór le blianta beaga anuas. Tá rioscaí scéime agus próifíil éilitheoirí an-éagsúil ag gach catagóir íocaíochta. I ndáiríre, is scéimeanna ar leithligh iad atá dírithe ar nithe éagsúla go maith arna riaradh ag an struchtúr eagraíochtúil céanna. B'fhéidir go mbeadh níos mó tairbhe ann féachaint orthu mar scéimeanna ar leithligh, agus beartais rialaithe ar leithligh a cheapadh dóibh.

Moladh 24.1: Chun a chinntiú go spriocdhírítear acmhainní rialaithe mar is cuí, ba chóir don Roinn, na nithe a leanas a dhéanamh i ndáil le gach scéim aonair

- faisnéis chothrom le dáta a fháil i ndáil leis an mbunleibhéal ró-íocaíochta a bhíonn ag tarlú
- príomhrioscaí na scéime a aithint
- beartas rialaithe cuí a chur le chéile a bhíonn bunaithe ar anailís ar na cúiseanna le ró-íocaíocht teidlíochtaí.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe. Mar chuid d'athbhreithniú ginearálta ar nósanna imeachta rialaithe don Liúntas Leasa Forlíontach, tá tráthúlacht an chéad suirbhé calaoise agus earráide eile á breithniú. Tá sé beartaithe ag an Roinn suirbhé calaoise agus earráide a chomhlíonadh ar cheann de ghnéithe aonair na scéime (Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach, forlíonadh cíosa agus forlíonadh ús morgáiste) in 2013 agus suirbhéanna a chomhlíonadh i ndáil leis na ghnéithe eile sna blianta ina dhiaidh sin.

Moladh 24.2: I ndáil le hathbhreithnithe ar éilimh a íoctar, ba chóir go léireodh an beartas rialaithe maidir le gach scéim aonair an cineál athbhreithnithe atá le déanamh agus chomh minic agus atá sé i gceist sin a dhéanamh – ag réimsiú ó athbhreithniú deisce ar pháipéir éilimh, litreacha a eisiúint chuig custaiméirí roghnaitheacha, an bunachar sonraí a sheiceáil, nó cuairteanna baile.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe. Tá meitheal oibre bunaithe chun nósanna imeachta rialaithe a bhreithniú i ndáil leis an Liúntas Leasa Forlíontach. Tá cleachtais reatha á scrúdú ag an ngrúpa, tá rioscaí á n-aithint agus tá feabhsúcháin á moladh. Faoi dheireadh 2012, beidh a n-athbhreithniú tugtha chun críche ag an meitheal oibre agus tosófar ag cur na moltaí deiridh i bhfeidhm.

Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach

24.75 Baineann beagnach trí ceathrú cuid de gach éileamh ar Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach le daoine a bhíonn ag feitheamh ar chinntí ar iarratais faoi scéim leasa shóisialaigh eile nó scéim HSE. Mar thoradh ar ualach éilimh níos airde, tháinig ardú suntasach ar an tréimhse ama a bhíonn ar éilitheoirí fanacht ar chinntí faoi phríomhscéimeanna e.g. Liúntas Cuardaitheora Poist nó Pinsean Easláine.

Moladh 24.3: Ba chóir don Roinn an tionchar ar achar na n-éileamh fhorlíonadh bunúsaigh, mar gheall ar thréimhsí ama feithimh níos faide a bheith i gceist le cinntí maidir le scéimeanna eile, a imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí don bheartas athbheithithe i ndáil le héilimh fhorlíonadh bunúsaigh a íoctar.

Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta: Comhaontaithe. Is ionann éilitheoirí cuardaitheora poist agus breis agus leath de na híocaíochtaí Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach a dhéantar le héilitheoirí a bhíonn ag feitheamh le cinneadh ar iarratais faoi scéim leasa eile. Laghdóidh an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta agus Teidlíochtaí atá á tabhairt isteach ar bhonn trialach ag an Roinn, an riachtanas a bheidh le hiontaobh don Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach d'éilitheoirí cuardaitheora poist.

Moladh 24.4: Go háirithe, ba chóir go n-imscrúdófaí an fhéidearthacht nasc uathoibríoch a bhunú idir éilimh ar Liúntas Leasa Forlíontach bunúsach agus éilimh faoi scéimeanna príomha chun go gcuirfí deireadh go huathoibríoch le héileamh fhorlíonadh bunúsach an éilitheora nuair a dhéantar cinneadh ar a éileamh/héileamh faoi scéim phríomha.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe. Tá ollchlár próisis, athdheartha agus nuachóirithe ag an Roinn, lena n-áirítear córais ríomhaireachta nua a fhorbairt a sholáthraíonn teachtaireacht uathoibríoch idir scéimeanna. Braithfidh tráthchlár an aistrithe den scéim Liúntas Leasa Forlíontach chuig glúin nua na gcóras ríomhaireachta ar thosaíochtaí agus ar an úsáid is fearr is féidir as acmhainní.

Forlíonadh Cíos

24.76 Is ionann forlíonadh cíos a ndáiríre agus mór-scéim leasa ina cheart féin, agus cosnaíonn sé thart ar €500 milliún sa bhliain agus braitheann thart ar 100,000 teaghlach air.

Moladh 24.5: Chun an baol ró-chaiteachais a bhainistiú, moltar gur chóir don Roinn faisnéis níos fearr a bheith acu chun go mbeifear ábalta anailís a dhéanamh ar chaiteachas de réir chomhdhéanamh teaghlaigh, an cineál cóiríochta ar cíos agus suíomh na cóiríochta.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Ní sholáthraíonn an córas atá in úsáid ag an Roinn chun an scéim fhorlíonadh cíos a riaradh dóthain mionsonraí chun éascú leis an leibhéal anailíse atá molta. Mar chuid de mhór-chlár próisis, athdheartha agus nuachóirithe, tá córas ríomhaireachta nua forbartha agus á leathadh amach ag an Roinn, agus tá 70% de na scéimeanna á n-íoc tríd sin anois. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go gcaithfear an tráthchlár d'aistriú an fhorlíonadh cíos go dtí an córas nua a thabhairt chun críche fós.

Moladh 24.6: Moltar gur chóir don Roinn a cuspóirí maidir le forlíonadh cíos a leagan amach ó thaobh an riachtanas tithíochta a meastar a chaithfear aghaidh a thabhairt air e.g. an spriocthréimhse tacaíochta, caighdeán tithíochta, costas soláthar cóiríochta, etc.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe. Tá sé mar aidhm ag an Roinn an forlíonadh cíos a bheith mar a bunaíodh é agus an cuspóir bunaidh a bhí leis tacaíocht ioncaim sa ghearrthéarma a sholáthar do dhaoine a bhíonn dífhostaithe go sealadach. Tá ionadaíocht ag an Roinn ar ghrúpa stiúrtha ilghníomhaireachta chun moltaí a fhorbairt chun freagracht a aistriú, maidir le soláthar cúnamh do dhaoine aonair a bhfuil riachtanas tithíochta san fhadtéarma acu, ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí na húdaráis tithíochta.

24.77 Athbhreithníonn an Roinn na huasleibhéil cíosa a íoctar gach ocht mí dhéag trí thagairt do rátaí an mhargaidh. Tá an mhodheolaíocht a úsáideadh beachtaithe le blianta beaga anuas chun teacht ar ráta atá níos oiriúnaí do rátaí atá infheidhme ar thionóntaí fhorlíonadh cíosa.

24.78 Bíonn tionchar ag na leibhéil cíosa arna socrú ag an Roinn ar rátaí margaidh os rud é go mbíonn cion suntasach de thionóntaí fhorlíonadh cíosa sa mhargadh cíosa. Is é an conclúid a bhí le hanailís na Roinne ar shlí gurb í an Roinn a shocraíonn praghsanna seachas a bheith ag glacadh le praghsanna sa mhargadh cíosa. Is é an conclúid a tháinig as an anailís a tugadh chun críche in athbhreithnithe 2010 agus 2011 go n-úsáideann go leor tiarnaí talún na huas-teorainneacha atá bunaithe ag an Roinn mar thagarmharc chun praghsanna cíosa a shocrú do thionóntaí an fhorlíonadh cíosa agus do thionóntaí nach mbaineann leas as an bhforlíonadh cíosa araon.

24.79 Tá moilleanna i gceist le feidhmiú na dteorainneacha cíosa athbhreithnithe. I ndáil le rátaí athbhreithnithe arna eisiúint ag an Roinn i mí Eanáir 2012, léirigh obair iniúchta difríochtaí idir oifigí áitiúla ó thaobh an cur chuige a bhí acu i leith a bhfeidhmithe. Rinne oifig amháin iarracht rátaí a athbhreithniú maidir le gach éilitheoir laistigh de thréimhse sé seachtaine. San oifig eile, feidhmíodh na hathruithe mar chuid de phróiseas athbhreithnithe a rinneadh le linn mhí na Bealtaine agus mhí an Mheithimh 2012.

Moladh 24.7: Ba chóir don Roinn beartas comhsheasmhach a ghlacadh i ndáil le feidhmiú uasleibhéil cíosa athbhreithnithe. Sna hathbhreithnithe sin as a leanann laghduithe ar na suimeanna a íoctar, ba chóir don Roinn iarracht a dhéanamh na hathruithe a fheidhmiú chomh tapa agus is féidir.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Tá rátaí athbhreithnithe infheidhme maidir le hiarratais nua láithreach agus maidir le tionóntachtaí reatha ag an gcéad athbhreithniú eile agus d'fhéadfadh sin a bheith sé mhí níos déanaí. Comhaontaíonn an Roinn gur chóir rátaí athbhreithnithe a fheidhmiú chomh luath agus is féidir. Mar sin féin, dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go gcuirfeadh ardú ar mhinicíocht na n-athbhreithnithe ualach suntasach obair riaracháin ar an Roinn agus go mbeadh drochthionchar aige sin ar sheirbhís do chustaiméirí.

24.80 I ndáil le Forlíonadh Cíosa, aithníodh saincheisteannta sonracha i rith an iniúchta i ndáil le bailíochtú an chíos iníoctha agus measúnú ar an gcaighdeán cóiríochta a sholáthraítear.

Moladh 24.8: Ba chóir don Roinn cóipeanna a fháil de leabhair chíos chun an cíos a íoctar a bhailíochtú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Clúdófar saincheisteannta rialaithe i seisiúin oiliúna don fhoireann a sheachadfar ó mhí Mheán Fómhair 2012 ar aghaidh lena n-áirítear riaradh comhad agus cothabháil chuí ar thaifid. Ina theannta sin, tá cumhachtaí fiosrúcháin bronnta ar an bhfoireann le déanaí chun iarratas foirmiúil a iarraidh ar thiarnaí talún agus dualgas a chur orthu faisnéis a sholáthar i ndáil lena dtionóntaí a fhaigheann forlíonadh cíosa. Soláthraíonn sé sin meicníocht bhreise trína bhféadfaidh an Roinn a fhóru go bhfuil tionóntacht ann agus an tsuim chíos a bhailíochtú.

24.81 Is údar suntais na neamhréireachtaí sna rátaí cuairte baile sna hoifigí ar tugadh cuairt orthu i rith an scrúdaithe agus d'fhéadfadh sin léargas a thabhairt ar chur chuig leagáidí éagsúla a fheidhmítear i réigiúin HSE. Os rud é go gcaitear airgead an Stáit ar chíos a íoctar le tiarnaí talún príobháideacha agus leochaileacht na ndaoine éagsúla a bhraitheann ar chúnamh leasa, tá sé tábhachtach go gcinnteofaí go mbeadh cóiríocht ar chaighdeán inghlactha curtha ar fáil.

Moladh 24.9: Ba chóir go ndéanfaí cuairteanna baile go hócáideach ar fhaighteoirí fhorlíonadh cíosa. I gcásanna ar léir go bhfuil easpaí sa chaighdeán cóiríochta, ba chóir an chóiríocht a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil iomchuí le go ndéanfar cigireacht orthu. Ba chóir go ndéanfaí monatóireacht ar chásanna mar sin a chuirtear ar aghaidh agus go dtógfaí san áireamh iad agus éilimh á n-athbhreithniú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta: Comhaontaithe. Déantar cuairteanna baile nuair a bhíonn cúis bhailí lena leithéid a dhéanamh. Sa chás go dtagann sé ar aird fhoireann na roinne gur léir go bhfuil cóiríocht faoin gcaighdeán riachtanach, cuirfear an t-údarás áitiúil iomchuí ar an eolas faoin ábhar imní chun go ndéanfar rud éigin faoi. Sa chás go mbíonn Roinn curtha ar an eolas ag údarás áitiúil nach mbíonn caighdeán á gcomhlíonadh, féadfar a chinneadh iarratas ar fhorlíonadh cíosa a dhiúltú. Sa chás go mbainfidh fógra mar sin ó údarás áitiúil le tionónta reatha, pléifear an cás leis an tionónta agus déanfaidh an Roinn iarracht gníomhú chun leasa is fearr an tionónta sin.

Forlíonadh Ús Morgáiste

- 24.82** Feidhmíodh reachtaíocht i mí an Mheithimh 2012 a fhoráiltear nach mbeidh MIS infíochta as seo amach go mbeidh socruithe íocaíochta eile cinntithe ag na hiarratasóirí ar dtús agus iad comhlíonta acu lena n-iasachtóir do thréimhse nach lú ná dhá mhí dhéag. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta go bhfuil moltaí eile a rinneadh i dtuarascáil Iúil 2010 ar athbhreithniú ar an MIS á mbreithniú faoi láthair laistigh den Roinn.

Cuid 4 Nithe Eile


25 Cuntais Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 25.1** Éilítear le halt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (an tAcht) ar an nGníomhaireacht cuntas a choimeád ar gach airgead a fhaightear nó a chaitear i bhfoirm arna cheadú ag an Aire Airgeadais, agus iad sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. I ndiaidh an t-íniúchadh a bheith tugtha chun críche, ní mór don Gníomhaireacht na cuntais a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais. Ní mór don Aire na cuntais a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 25.2** Ar leithligh, éilíonn Alt 12 (3) den Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann i ndáil le cruinneas na suimeanna sna cuntais a thugann an Gníomhaireacht gach aon bhliain. Is ionann an caibidil seo agus an tuarascáil do 2011 faoin alt sin den Acht.

Feidhmeanna agus Róil na Gníomhaireachta

- 25.3** Is eagraíocht chasta í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag a bhfuil feidhmeanna agus róil éagsúla a shíneann anois thar a feidhm bhunaidh fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tuairiscíonn Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta go díreach chuig an Aire Airgeadais. Oibríonn an Gníomhaireacht gan bord ach tá Coiste Comhairleach aici chun cuidiú léi agus comhairle a thabhairt ar nithe a chuireann an Gníomhaireacht faoi bhráid an Choiste. Leagtar amach i bhFíor 25.1 achoimre ar phríomhfeidhmeanna agus ar phríomhrólanna na Gníomhaireachta.

Fíor 25.1 Príomhfeidhmeanna agus Príomhróil Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Maoiniú, Bainistiú Fiachais agus Seirbhísí Cisteáin

- 25.4** Faigheann an Ghníomhaireacht airgead ar iasacht thar ceann an Stáitchiste agus bainistíonn an Ghníomhaireacht fiachas náisiúnta na hÉireann arb ionann sin agus €119.1 billiún ag deireadh 2011 tar éis cuntas a bheith tógtha d'airgead tirim agus de shócmhainní airgeadais eile.
- 25.5** Comhlíonann an rannán maoinithe agus bhainistiú fiachais sa Ghníomhaireacht roinnt feidhmeanna eile lena n-áirítear oibríochtaí cisteáin don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (NPRF), agus soláthraítear lárseirbhís cisteáin do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla agus bainistítear sócmhainní i gCiste na gCuntas Dímhaoín.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

- 25.6** Bainistíonn an NTMA éilimh chúitimh maidir le díobháil phearsanta, damáiste ar réadmhaoín agus faillí chliniciúil thar ceann údaráis Stáit áirithe tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA). B'ionann dámhachtainí agus costais ghaolmhara an SCA in 2011 agus €110 milliún. B'ionann an costas measta chun éilimh, a bhí fós gan íoc amhail an 31 Nollaig 2001, a shocrú agus €991 milliún.

Scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe

- 25.7** Faoi scéim Ráthaíocht Dlíteanas Incháilithe (an scéim), ráthaíonn an tAire Airgeadais dlíteanas incháilithe áirithe, lena n-áirítear tascí agus urrúis fiachais le haibíocht suas le cúig bhliain i bhforais rannpháirteacha. Oibríonn an NTMA an scéim thar ceann an Aire Airgeadais. Cé gurb í an Ghníomhaireacht a riarann an scéim, is é/í Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá cuntasach as táillí a bhailítear faoi scéim. Amhail an 31 Nollaig 2011, b'ionann suimeanna arna chlúdach ag an scéim agus €102 billiún in iomlán i ceithre fhoras rannpháirteacha. Faoi rialacha cúnaimh Stáit, éilíonn an scéim ceadú an Choimisiúin Eorpaigh ag idirthréimhsí sé mhí. I mí an Mheithimh 2012, cheadaigh an Coimisiún an scéim a shíneadh go dtí 31 Nollaig 2012.

Foireann Fheidhmeanna an Chórais Bhaincéireachta

- 25.8** I mí an Mhárta 2010, tharmlig an Rialtas feidhmeanna áirithe chórais baincéireachta an Aire Airgeadais chuig an NTMA. Bhain an tarmligeán, go háirithe, le bainistiú leas an Stáit i bhforais chreidmheasa arna chlúdach ag na ráthaíochtaí baincéireachta agus caibidlíocht thacaíocht chaipitil chuig na forais sin. Rinneadh an tarmligeán a chúlghairm le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 agus tá Aonad Baincéireachta an NTMA ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais ó shin.¹ Ar ordacháin an Aire, leanann costais an Aonaid Baincéireachta, atá comhdhéanta de chostais foirne agus costais chomhairleoireachta áirithe, a bheith á íoc ag an NTMA. B'ionann agus €6.3 milliún na costais a tabhaíodh sa tréimhse ó 5 Lúnasa 2011 agus 31 Nollaig 2011.

¹ Rinneadh an tarmligeán a chúlghairm faoi Ionstraim Reachtúil uimhir 395 de 2011.

Údarás Nua Geilleagair agus Aisghabhála

25.9 I mí Mheán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas go mbunófaí Údarás Nua Geilleagair agus Aisghabhála (NewERA), ar dtús ar bhonn neamhreachtuil, laistigh den NTMA. Seo a leanas cuid d'fheidhmeanna NewERA

- pleananna infheistíochta caipitil de chuid chuideachtaí leathstáit tráchtála a athbhreithniú ó pheirspictíocht scairshealbhóirí agus rialachas corparáideach na hearnála leathstáit tráchtála²
- ag obair le Ranna chun tograí a fhorbairt agus a fheidhmiú d'infheistíocht ag teacht leis an gclár NewERA do thiomantais an Rialtais ó thaobh fuinneamh, uisce agus teileachumarsáid an chéad ghlúin eile
- ag obair leis an NPRF chun tograí a thabhairt chun cinn maidir le hinfheistiú acmhainní atá ar fáil sa tionscnamh NewERA
- ag obair leis an NPRF chun ciste infheistíochta straitéiseach a fhorbairt
- nuair a iarrann an Rialtas sin, comhairle a thabhairt agus más cuí, maoirsiú a dhéanamh ar aon athstruchtúrú nó diúscairt sócmhainní cuideachtaí leathstáit tráchtála
- bunaithe ar dhul chun cinn leis an gcéad chéim oibre, breithniú a dhéanamh ar shainsamhail de struchtúr chuideachta shealbhaíochta a bhféadfadh scaireanna a bheith ina seilbh i gcuideachtaí leathstáit tráchtála.

Ceannacháin an Chiste Carbóin

25.10 Thar ceann an Stáit, riarann an Ghníomhaireacht ceannach creidmheasanna carbóin a éilítear chun freastal ar oibleagáidí athrú aeráide na hÉireann tríd an gCiste Carbóin, a bunaíodh leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007. Ag deireadh 2011, bhí sócmhainní i seilbh an Chiste Carbóin ar luach éadála de €99 milliún.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

25.11 Is í an Ghníomhaireacht bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Ciste). Leasaíodh dualgas reachtach an Chiste in 2009 agus in 2010 chun ceadú don Aire Airgeadais an Coimisiún NPRF a ordú infheistíochtaí áirithe agus íocaíochtaí áirithe a dhéanamh leis an Státchiste. Bhí glansócmhainní de €13.4 billiún i seilbh an Chiste ag deireadh 2011.

An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

25.12 Is í an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) comhairleoir airgeadais reachtuil údaráis an Stáit i ndáil le gach tionscadal infheistíochta poiblí ar luach caipitil os cionn €30 milliún. Táthar freagrach freisin as tionscadail Chomhpháirtíochta Poiblí Priobháidí a fháil agus a sheachadadh in earnálacha seachas an eanáil iompair agus na húdaráis áitiúla. Feidhmíonn an NDFA a feidhmeanna tríd an nGníomhaireacht. B'ionann táillí agus caiteachas a thabhaigh an NDFA i bhfeidhmiú a feidhmeanna airgeadais agus comhairleoireachta i ndáil le tionscadail NDFA agus €3.1 milliún in 2011. Thabhaigh an NTMA €5.9 milliún eile ó thaobh seirbhísí gnó agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar don NDFA.

² Is iad seo a leanas i dtosach na cuideachtaí atá laistigh den chúram ESB, Bord Gáis, EirGrid, Bord na Móna agus Coillte.

An Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

25.13 Shannaigh an Gníomhaireacht foireann agus sholáthair seirbhísí don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíochta Sócmhainní (NAMA) i rith 2011 agus tabhaíodh agus athmhuireadh costas beagnach €27.7 milliún ar NAMA ina leith.³

- Tabhaíodh díreach faoi bhun €24 milliún i ndáil le costais fhoirne lena n-áirítear €20.9 milliún do 200 foireann atá fostaithe go díreach ag an NTMA agus iad sannaithe ar NAMA agus tabhaíodh €3.1 milliún i ndáil le costas cionroinnte fhostaithe NTMA a oibríonn seirbhísí roinnte lena n-áirítear IT, acmhainní daonna agus airgeadas.
- Tabhaíodh €3.7 milliún i ndáil le costais eile a thabhaigh NTMA, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleoireachta.

Cuntais na Gníomhaireachta

25.14 Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Gníomhaireachta do 2011. Eisíodh mo thuarascáil ar an iniúchadh an 29 Meitheamh 2012. Tíolacadh na cuntais, lena n-áirítear cuntas riaracháin agus cuntais a bhaineann leis an bhfiachas náisiúnta, ar an Aire agus chuir an Aire cóipeanna díobh roimh dhá theach Thithe an Oireachtais an 19 Iúil 2012.

25.15 Táim sásta go gcuireann na cuntais i láthair go cuí idirbhearta na Gníomhaireachta don bhliain 2011 agus na hiarmhéideanna ag deireadh na bliana. Léirítear le Caibidil 2 gníomhaíochtaí bhainistiú fiachas na Gníomhaireachta in 2011.

3 B'ionann costais riaracháin iomlána NAMA agus €128.4 milliún in 2011 (€46.2 milliún in 2010).

26 Mótarcháin a Bhailiú

- 26.1** Tá sé dlíte mótarcháin a íoc má úsáidtear feithicil in áit phoiblí. Tá ceanglas dlí ann freisin nach mór diosca mótarchánach reatha a bheith ar taispeáint ar fheithicil in áiteanna poiblí.¹
- 26.2** Tá dhá bhonn ar leith le mótarcháin ar charranna: tá an ráta cánach ar charranna a bhí cláraithe roimh Iúil 2008 bunaithe ar mhéid an innill agus tá an ráta do charranna a cláraíodh ó Iúil 2008 bunaithe ar astuithe CO₂ na feithicle. Tá feidhm le rátaí bunaithe ar mheáchan na feithicle i gcás feithicil earraí. Tá feidhm le raon rátaí eile i gcás feithicil mar bhusanna, tacsaithe, gluaisrothair agus tarracóirí.
- 26.3** Tá roinnt feithicil díolmhaithe ó mhótarcháin a íoc, lena n-áirítear feithicil faoi úinéireacht an stáit, feithicil taidhleoireachta agus feithicil oiriúnaithe do thiománaithe faoi mhíchumas. Ní mór d'úinéirí feithicil den sórt sin stádas na feithicle a chlárú agus rangú díolúine a fháil dá réir sin. Tá feidhm leis an gceanglas nach mór diosca reatha a chur ar taispeáint maidir le feithicil díolmhaithe.
- 26.4** Tá ról ag roinnt comhlachtaí ó thaobh mótarcháin a bhailiú, a riaradh agus a fhorfheidhmiú.
- Is í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an t-údarás cláraithe feithicil náisiúnta agus faightear mionsonraí feithicil ag an tráth a n-íoctar an Cháin Cláraithe Feithicil. Caithfear feithicil a bheith cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim sula féidir cáin a íoc ina leith.
 - Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (An Roinn Comhshaoil) freagrach as beartas mótarchánach agus na seirbhísí lena mbaineann arna soláthar ag na húdaráis áitiúla lena n-áirítear mótarcháin a bhailiú.
 - Tá an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (An Roinn Iompair) freagrach as mótarcháin a bhailiú ar líne. Déanann an Roinn Iompair cothabháil ar an gComhad Náisiúnta Feithicil agus Tiománaithe freisin, ina gcoimeádtar taifead ar gach feithicil arna chlárú sa Stát agus éascaítear le mótarcháin a bhailiú.
 - Tá údaráis áitiúla freagrach as mótarcháin a bhailiú trína n-oifigí mótarchánach. Forfheidhmíonn maoir thrácht an ceanglas dlí maidir le diosca mótarchánach a bheith ar taispeáint ar ghaothscáth na feithicle in áit phoiblí.
 - Forfheidhmíonn an Garda Síochána an ceanglas dlí maidir le cáin a bheith íoctha i leith feithicil a bhíonn in úsáid agus an diosca mótarchánach a bheith ar taispeáint ar fheithicil. Eisítear táillí seasta agus próiseáiltear bailiú na dtáillí seasta sin sa chás nach mbíonn diosca mótarchánach reatha ar taispeáint agus tionscnaítear ionchúisimh nuair nach n-íoctar na táillí seasta. Ina theannta sin, féadfaidh an Garda Síochána ionchúiseamh a thionscain nuair a fhaightear duine ag úsáid feithicle gan diosca reatha ar taispeáint.
 - Tá an tSeirbhís Chúirteanna freagrach as fineálacha ionchúisimh a bhailiú agus a phróiseáil i ndáil le cionta mótarchánach.

¹ An Phríomh-Reachtaíocht: Acht na mBóithre 1920; An tAcht Airgeadais (Dleachtanna Máil) (Feithicil) 1952 (déantar athruithe ar rátaí tríd an Sceideal in Acht 1952 a leasú in Achtanna um Mótarfheithicil éagsúla), An tAcht Airgeadais (Dleachtanna Máil) (Feithicil) (Leasú) 1960, agus an tAcht Airgeadais (Uimh. 2) 1992.

- 26.5** Bailíonn naoi n-údarás áitiúil is fiche agus seirbhís ar líne na Roinne Iompair an mhótarcháin. Íoctar na méideanna a bhailítear isteach i gCiste an Rialtais Áitiúil (an Ciste), arna riaradh ag an Roinn Comhshaoil. Íoctar thart ar €1 billiún isteach sa Chiste ó mhótarcháin gach aon bhliain.²
- 26.6** Tacaíonn caiteachas ón gCiste leis na húdaráis áitiúla ó thaobh a maoiniú lánroghnach ginearálta ar a ngníomhaíochtaí ó lá go lá, chun bóithre nach bóithre náisiúnta iad a fheabhsú agus a choimeád agus baintear leas as do roinnt tionscnamh rialtais áitiúil. Cúitíonn an Ciste an Roinn Iompair freisin do na costais a thabhaítear maidir le ceadúnú tiománaithe agus feithiclí (€13 milliún in 2011).
- 26.7** Réimsíonn rátaí bliantúla reatha mótarchánach ó €157 go dtí €2,258 maidir le carranna príobháideacha.³ Léiríonn Fíor 26.1 an líon feithiclí a bhfuil mótarcháin íoctha ina leith agus fáltais mótarchánach gaolmhara sna cúig bliana go dtí 2011.

Fíor 26.1 Fáltais Mhótarchánach 2007 go dtí 2011

Bliain	An líon feithiclí a bhfuil mótarcháin íoctha ina leith ag deireadh na bliana	Fáltais Mhótarchánach ^a
	'000s	€ milliún
2007	2,417	941
2008	2,471	1,042
2009	2,441	1,045
2010	2,389	1,008
2011	2,397	992

Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Nóta: a Baineann fáltais le híocaíochtaí do dhioscaí mótarchánach. Ní áirítear ioncam mótarchánach eile, mar sin a bhaineann le plátaí trádála, deimhnithe ar ródacmhainneacht, ceadúnais leantóirí agus ceadúnais d'fheithiclí seirbhíse poiblí.

26.8 Athbhreithnítear na nithe a leanas sa chaibidil seo

- na córais atá in áit chun imghabháil mhótarchánach a fhaire
- an córas atá in áit chun an clárann feithiclí a choimeád agus fógraí athnuachana cánach a eisiúint
- tréimhsí díolúintí ó cháin a bhainistiú
- an tionchar bactha a bheadh ag pionóis ar tháille seasta a ghearradh ar dhaoine nach n-íocann mótarcháin.

2 Íocfar fáltais an ardaithe ar rátaí mótarchánach in 2012 leis an Státchiste. Roimhe seo, chuir an Státchiste ranníocaíochtaí sa Chiste freisin, ach níor soláthraíodh aon mhaoiniú ón Státchiste in 2012. Tá fáltais ón muirear teaghlaigh á íoc isteach sa Chiste.

3 Réimsíonn na rátaí d'fheithiclí eile ó €24 go dtí €4,833.

- 26.9** Reáchtáladh cruinnithe le hoifigigh ón Roinn Comhshaoil agus ón nGarda Síochána chun na próisis a bhíonn i gceist maidir le mótarcháin a bhailiú agus a fhorfheidhmiú a fháil amach. Reáchtáladh comhráite freisin leis an Roinn Iompair i ndáil le seirbhísí ar líne agus sonraí a bhíonn á gcoimeád ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe. Athbhreithníodh na sonraí arna soláthar ag an Roinn Iompair agus ag an nGarda Síochána, rinneadh anailís orthu agus cuireadh i gcomparáid iad mar chuid den iniúchadh.

Chomh forleathan agus atá Imghabháil Chánach a Thomhas

- 26.10** Ní fhéadfar éifeachtacht na gcóras atá in áit chun íocaíocht mótarchánach a bhailiú agus a fhorfheidhmiú a mheas ach amháin má thomhaistear agus má rianaítear méid na himghabhála thar am.
- 26.11** Go ginearálta, ní fhéadfar fairsinge imghabhála mórchánach a mheas ach amháin trí theicnící suirbhé a úsáid. In 2001, rinneadh suirbhé ar thaobh an bhóthair. Bunaithe ar na torthaí, meastar gur ionann agus díreach faoi 5% an leibhéal imghabhála mótarchánach atá ar siúl go seasmhach.⁴
- 26.12** Ní dhéantar aon mheasúnú rialta ar fhairsinge na himghabhála in Éirinn. Mar chodarsnacht air sin, comhlíonann an Roinn Iompair sa Ríocht Aontaithe suirbhé ar thaobh an bhóthair gach bliain chun leibhéal comhlíonta na n-úinéirí feithiclí a mheas leis an gceanglas Dleacht Mháil ar Fheithiclí a íoc agus mar fhianaise ar éifeachtacht na nósanna imeachta bailithe atá in áit (féach Fíor 26.2).⁵ Léirigh an suirbhé do 2011 gurbh ionann an ráta imghabhála cánach agus thart ar 0.7%.

Fíor 26.2 Meastachán ar Chomh Forleathan agus atá Imghabháil Mhótarchánach sa Ríocht Aontaithe

Téann an Roinn Iompair sa Ríocht Aontaithe i mbun suirbhéanna rialta trína mbailítear eolas ar chlárúcháin feithiclí in áiteanna éagsúla atá lonnaithe ar fud na tíre. Cuirtear ceamaraí ar thaobh an bhóthair ag na háiteanna sin agus bailíonn bogearraí uath-aithint uimhirphlátaí mionsonraí maidir leis na cláruimhreacha. Bailíonn áiritheoirí ar thaobh an bhóthair cláruimhreacha gluaisrothair. Seiceáiltear na cláruimhreacha a chláraítear chun a aimsiú an bhfuil cáin íoctha i leith na bhfeithiclí. Baintear leas as anailís staidrimh ansin chun meastachán a fháil ar an ráta feithiclí gan cheadúnais agus an méid ioncaim a chailltear ó imghabháil.

I suirbhé 2011 na Ríochta Aontaithe, glacadh amharc bailí os cionn milliún uair ar chláruimhreacha ag 256 suíomh agus fuarthas amach nach raibh diosca mótarchánach bailí ag thart ar 0.7% den trácht ar bhóithre na Ríochta Aontaithe. Meastar gur ionann sin agus cailliúint thart ar £40 milliún in ioncam don Ríocht Aontaithe in 2011/2012 mar gheall ar imghabháil.

Foinse: Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe, Eolaire faoi Imghabháil Dleacht Mháil Fheithiclí, Eisiúint Staidrimh, Mí na Nollag 2011 agus Staidrimh Imghabháil Dleacht Mháil Fheithiclí: Nótaí agus Treoir

- 26.13** Cé nach bhfuil aon suirbhé náisiúnta maidir le mótarcháin déanta ar thaobh an bhóthair in Éirinn le déanaí, tá anailís déanta ag an Roinn Iompair ar shonraí d'fheithiclí a chuaigh thar an gcóras dola gan bhacainn ar an M50 ar cheithre lá ar leith i rith 2010 agus 2011. Seiceáladh na feithiclí sin in aghaidh sonraí arna gcoimeád ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe. Tá achoimre i bhFíor 26.3 ar thorthaí an athbhreithnithe sin.

⁴ Suirbhé ar mhótarcháin, ar árachas cairr agus ar chomhlíonadh leis an NCT in 2001, arna ghlacadh i gcomhar idir an Roinn Comhshaoil, An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Garda Síochána.

⁵ Faoi dhó sa bhliain ó 2012.

Fíor 26.3 Torthaí suirbhé Mótarchánach (ag Córas Dola an M50) 2010 agus 2011 (dátaí roghnaithe)

Dáta samplach	Feithiclí a cláraíodh ^a	Mótarcháin in éag		
		≤ 1 mí	> 1 mí	Iomlán
07 Iúil 2010	70,111	3.9%	6.0%	9.9%
24 Meán Fómhair 2010	63,989	2.9%	4.8%	7.7%
31 Márta 2011	66,007	1.7%	5.0%	6.7%
23 Meitheamh 2011	69,108	1.7%	5.0%	6.7%

Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Nóta: a Ní áirítear ann feithiclí neamhchláraithe (e.g. feithiclí nach bhfuil cláraithe sa Stát) agus cláruimhreacha nach raibh an córas ábalta a léamh.

26.14 Seo a leanas toradh na hanailíse a rinne an Roinn Iompair

- Ní raibh mótarcháin reatha ag os cionn 7% de na feithiclí a bhí ag taisteal ar an M50 ar na dátaí samplacha sin.
- Nuair a fágadh feithiclí a raibh an cháin imithe in éag laistigh d'aon mhí amháin de dháta an taistil as an áireamh, ba léir gurbh ionann an ráta imghabhála agus thart ar 5%.
- Cuireadh cáin ar díreach faoi bhonn a leath de na feithiclí a aithníodh nach raibh diosca cánach bailiú acu ar na dátaí samplacha trí mhí níos déanaí. Chlúdaigh an íocaíocht an tréimhse taistil i níos lú ná leath na gcásanna sin.

26.15 B'ionann ráta imghabhála 5% agus tearcbhailiú mótarchánach de thart ar €50 milliún in aghaidh na bliana, bunaithe ar na suimeanna a bailíodh in 2011. B'ionann sin freisin agus ráta imghabhála seacht n-uaire níos mó ná an líon a measadh sa Ríocht Aontaithe.**Bailiú****26.16** Nuair a chláraítear feithiclí leis na Coimisinéirí Ioncaim, aistrítear mionsonraí na feithicle chuig an Roinn Iompair lena gcur isteach ar an gComhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe (NVDF).⁶ Ní chuirtear isteach cad chuige a n-úsáidfear an fheithicil, agus is é sin a bhreithníonn an aicme mótarchánach a bheidh le híoc, ag an tráth seo ach taifeadtear sin nuair a íocann úinéir na feithicle cáin i leith na feithicle den chéad uair. Toisc gur ionann an NVDF agus foinse lárnach faisnéise a éascaíonn le bailiú agus forfheidhmiú mótarchánach, ní mór é a choinneáil cothrom le dáta.**26.17** Tá 5.8 milliún feithicil taifeadta ag an NVDF. Amhail mí Aibreáin 2012, bhí stádas feithicle 'reatha' ag 5.1 milliún díobh sin agus rangáíodh an chuid eile mar dramhfheithiclí nó mar fheithiclí onnmhairithe.⁷ As na 5.1 milliún feithiclí sin ar stádas 'reatha', bhí cáin íoctha ar 2.5 milliún amhail dheireadh mhí an Mhárta 2012. Ní léir cad é an stádas iarbhir ar na 2.6 milliún feithiclí eile atá rangaithe mar 'reatha'.

6 Coimeádann an NVDF sonraí freisin ar an 2.6 milliún duine a bhfuil ceadúnas tiomána agus ceadúnais d'fhoghlaimoirí ina seilbh.


7 Áirítear ar rangú feithiclí dramhfheithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite. Is ionann feithiclí a bhfuil a ré caite agus carranna do phaisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma a dhramhtar de réir na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006.

- 26.18** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair go n-athraíonn an táscaire stádais 'reatha' nuair a fhógraítear go foirmiúil feithicil mar dhramhfheithicil nó mar fheithicil onnmhairithe. Dúirt sé den 2.6 milliún feithicil 'reatha' nach raibh mótarcháin íoctha ina leith, aistríodh 1.8 milliún in 1998 ó chóras ríomhaireachta níos luaithe agus ní raibh aon ghníomhaíocht mhótarcháin ag 0.5 milliún acu sin san eatramh 14 bliana sin. Léiríonn tuilleadh anailíse a dhéantar ar na 2.6 milliún taifead go bhfuil beagnach 1 milliún feithicil os cionn 20 bliain d'aois agus tugann sin le fios gur beag an seans go bhfuil siad á dtiomáint ar na bóithre agus, go deimhin, gur ionann iad agus dramhfheithiclí anois.
- 26.19** Tá díreach faoi 170,000 feithicil ar an NVDF nár cláraíodh riamh do mhótarcháin. Cláraíodh díreach faoi 30% acu sin leis na Coimisinéirí Ioncaim roimh 2000. Ina theannta sin, tá thart ar 800,000 feithicil ar an NVDF nach bhfuil mótarcháin íoctha ina leith ó mhí Eanáir 2001. D'fhéadfadh sé gur ionann sin agus suim shuntasach de mhótarcháin neamhíoctha.
- 26.20** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Iompair go léiríonn an anailís ar an 170,000 feithicil 'nár íocadh cáin riamh ina leith' gur ionann céatadán ard acu sin agus feithicilí talmhaíochta nó feithicilí sainithe eile nach n-úsáidtear de ghnáth go poiblí ach gur gá iad a chlárú ar aon nós. Is ionann agus feithicilí carranna do phaisinéirí agus veaineanna iad 70,000. Ós rud é go síneann na sonraí siar go dtí 1996 nuair a rinneadh údarás cláraithe de na Coimisinéirí Ioncaim, breithnítear gur líon réasúnach feithicilí é sin chun stádas cánach neamhíoctha a choimeád ós rud é go bhféadfadh in oiread sin imeachtaí tarlú tar éis cláraithe mar thimpistí agus carranna seanré á n-atógáil.
- 26.21** Eisíonn an Roinn Iompair fógraí athnuachana agus fógraí meabhrúcháin mar seo a leanas
- eisítear fógraí athnuachana chuig úinéirí feithicilí aon mhí amháin sula mbíonn sé dlite an mhótarcháin a athnuachan
 - thart ar sé seachtaine i ndiaidh don cháin a bheith imithe in éag, eisítear fógra meabhrúcháin deiridh chuig gach úinéir feithicilí nach mbíonn an mhótarcháin athnuaithe acu
 - eisítear fógra chuig úinéirí nua feithicilí thart ar sé seachtaine i ndiaidh don fheithicil a bheith cláraithe don chéad uair, mura mbíonn an cháin íoctha acu
 - i gcás feithicle nár íocadh cáin ina leith riamh, ach a mbíonn athrú úinéireachta cláraithe, eisítear fógra cánach chuig an úinéir nua láithreach.
- 26.22** Sa chúig bhliain go dtí 2010, eisíodh os cionn 21 milliún fógra athnuachana. Léiríonn sonraí arna soláthar ag an Roinn Iompair, maidir le díreach os cionn 17 milliún acu sin, go ndearna an cáiníocóir athnuachan ar an gcáin laistigh de shé seachtaine i ndiaidh an cháin a bheith dlite. Eisíodh fógra meabhrúcháin deiridh do díreach faoi 4 mhíilliún úinéirí feithicilí. Níor bhfuarthas aon fhreagra maidir le 2.4 milliún nó 60% acu laistigh den dá mhí ina dhiaidh sin. Sa chás nach bhfaightear freagra ar fhógra meabhrúcháin deiridh, ní dhéanann an Roinn Iompair aon ní eile agus eisítear tuilleadh fógraí athnuachana sa chás go n-íoctar cáin i leith na feithicle arís agus sin amháin.
- 26.23** Ba chóir go bhfeabhsófaí comhlíonadh trí obair leantach rialta leo sin nach ndéanann athnuachan ar a gcuid mótarchánach agus go gcuideoidh sin leis an mbunachar sonraí náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta trí na daoine sin a aithint a bhfuil cúiseanna dlisteanacha acu gan íocaíochtaí a dhéanamh.
- 26.24** Léirigh Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil go raibh sé mar rún ag a Roinn reachtaíocht mótarchánach a chomhdhlúthú. Sa chomhthéacs sin, tá roghanna á mbreithniú maidir le ceanglas a chur ar úinéirí stádas reatha a bhfeithicilí a fhógairt.

Díolúintí Mótarchánach

- 26.25** Bíonn riaráiste mótarchánach dlite laistigh de mhí amháin i ndiaidh an dáta athnuachana cánach. Féadfaidh duine a ndliteanas ar riaráistí a chealú ar dhá chúis. An chéad chás nuair nach mbíonn an fheithicil in úsáid ar bhóthar in áit phoiblí agus dearbhú neamhúsáide comhlánaithe (dearbhu den bhóthar).⁸ Bíonn ar dhuine den Gharda Síochána an dearbhú seo a shíniú mar fhinné. An dara cúis nuair a bhíonn athrú úinéireachta ann agus go mbaineann na riaráistí leis an úinéir roimhe sin. Sna cásanna sin, déanann an t-úinéir nua dearbhú chuige sin. Níl gá le Garda mar fhinné ar an dearbhú sin. Ní ghlactar aon ghníomh chun na riaráistí ón úinéir roimhe sin a bhailiú. Is cion é dearbhú bréagach a dhéanamh i ndáil le mótarcháin.
- 26.26** Tá an líon díolúintí mótarchánach do na blianta 2008 go dtí 2011 mionsonraithe i bhFíor 26.4 agus léirítear ardú 18% ar an líon iomlán dearbhuithe sa bhliain 2011 i gcomparáid le 2008.

Fíor 26.4 Díolúine Mótarchánach de réir cineáil 2008 go dtí 2011



Foinse: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

- 26.27** D'ardaigh an líon dearbhuithe den bhóthar ag a raibh finné Garda 40% sa tréimhse 2008 go dtí 2011. Laghdaigh na díolúintí maidir le hathrú úinéireachta 24% ó 2008, agus b'ionann sin agus 23% de na díolúintí ar fad in 2011.
- 26.28** Choimisiúnaigh an Roinn Iompair cleachtaí anailíse sonraí chun dearbhuithe díolúintí a raibh finné acu ón nGarda Síochána sa tréimhse 15 mí dár críoch Iúil 2010 agus an tréimhse 12 mí dár críoch Deireadh Fómhair 2011 a athbhreithniú.⁹
- 26.29** Léiríonn an anailís maidir leis na tréimhsí sin, gur dearbhaíodh os cionn 1.1 milliún bearna díolúine den bhóthar. Meastar gurbh ionann agus €226 milliún luach iomlán na ndíolúintí sin. Tugadh ar aird san anailís sin gur tharla 21% de na bearnaí sin, le luach díreach faoi €47 milliún ag an tráth ar tharla athrú úinéireachta na feithicle. Maidir leis na cásanna sin, déantar dearbhuithe go raibh an fheithicil den bhóthar agus í faoin úinéireacht reatha, agus ina theannta sin, díreach roimh an dearbhú sin go raibh riaráistí mótarchánach ann a bhain leis an úinéir roimhe sin.
- 26.30** Bhain an líon is mó dearbhuithe a rinneadh le bearnaí aon mhí amháin, sin díreach faoi bhonn 330,000 dearbhú ar luach díreach faoi €17 milliún. Ó thaobh cúrsaí airgid de, baineann an luach is mó le bearnaí 13 go 24 mí, ar luach €33 milliún thar an tréimhse iomlán 27 mí.

⁸ Seo féin-dhearbhú ó úinéir na feithicle nach raibh an fheithicil in úsáid agus mar thoradh air sin ní raibh aon dliteanas maidir le mótarcháin.

⁹ Anailís sonraí arna soláthar ag soláthróir seirbhíse thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

- 26.31** Níl aon chóras in áit chun bailíocht na ndearbhuithe den bhóthar a dheimhniú. I gcás athrú úinéireachta, níl aon nósanna imeachta in áit chun aon riaráistí a bhailiú ó úinéirí roimhe sin. D'fhéadfadh sé gur léiriú ar mhí-úsáid éigin den chóras go raibh tréimhse riaráistí a bhain le húinéir roimhe sin i gceist le haon cúigiú cuid den sampla de dhearbhuithes den bhóthar. Ós rud é go bhfuil líon suntasach suimeanna i gceist, tá sé tábhachtach go mbeadh córais dóthanacha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na dearbhuithe sin.
- 26.32** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil go bhfuil bearta chun feabhas a chur ar nósanna imeachta do bhailiú mótarchánach á moladh mar Bhille 'bearnú' a dhréachtú chun athrú a dhéanamh ar an gcóras a bhaineann le dearbhuithe den bhóthar. Faoi na moltaí sin, mura ndéantar dearbhú den bhóthar roimh an tréimhse bhearna, beidh an t-úinéir, agus é ag teacht i láthair chun an cháin a íoc, dlite na riaráistí a íoc freisin. Meastar go mbeidh socruithe idirthréimhseacha san áireamh sa Bhille freisin chun úinéirí a spreagadh cáin a íoc i leith a gcuid feithiclí nach mbíonn cáin á íoc ina leith i láthair na huaire.
- 26.33** Dúirt Oifig Cuntasaíochta na Roinne Iompair, ar mhaithe le leibhéil imghabhála a bhaineann le dearbhuithe den bhóthar a bhreithniú, nach mór lamháltas a dhéanamh do bhearnaí dlisteanacha. Tugann anailís ar shonraí chóras dola an M50 le fios go bhféadfaí a mheas go bhfuil ar an meán 50% de na bearnaí dlisteanach agus ar an mbonn sin go bhféadfadh gur ionann an leibhéal iomlán imghabhála maidir le dearbhuithe den bhóthar thar thréimhse 27 mí agus €113 milliún, agus is ionann sin agus thart ar €50 milliún thar thréimhse 12 mí. Dúirt sé go bhfuil mótarcháin sa Ríocht Aontaithe bunaithe ar chóras de cheadúnú leanúnach agus sa chás nach mbíonn feithiclí in úsáid nach mór iad a dhearbhu den bhóthar sula gcomhlántar fógra reachtúil. Dúirt sé sula tugadh isteach an córas seo go raibh leibhéil imghabhála sa Ríocht Aontaithe ag thart ar 5%.

Forfheidhmiú

- 26.34** Éilítear ar gach úinéir feithiclí lena n-áirítear feithiclí a bhfuil díolúine acu diosca mótarchánach reatha a chur ar taispeáint ar fheithicil a bhíonn in úsáid in áit phoiblí. Nuair a fhaightear feithicil in áit phoiblí agus gan diosca reatha ar taispeáint orthu, féadfaidh an Garda nó maor tráchta fógra muirear seasta a eisiúint ina leith.¹⁰ Déantar seiceálacha de chuid an Gharda Síochána ar thaispeáint diosca mar chuid de ghníomhaíochtaí rialta na nGardaí agus ag seicphointí tráchta. Níl mionsonraí ar fáil den líon iomlán seiceálacha comhlíonta a rinneadh.
- 26.35** €60 an pionós táille sheasta a ghearrtar faoi láthair as gan diosca reatha a bheith ar taispeáint. Éilítear ar dhuine an táille a íoc laistigh de 28 lá ó fhaightear fógra maidir leis an táille sheasta. Mura n-íocfar an táille sa tréimhse sin, ardóidh an táille 50% eile agus beidh 28 lá eile agat chun an táille níos airde sin a íoc. Mura n-íocfar an táille i ndiaidh an ama sin, féadfaidh an Garda Síochána ionchúiseamh a thionscain. Mar sin féin, níl aon nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go n-íocfar an mhótarcháin atá dlite, lena n-áirítear aon riaráistí.
- 26.36** Don scrúdú seo, sholáthair an Garda Síochána mionsonraí gur eisíodh os cionn 240,000 fógraí táillí seasta toisc nach raibh diosca mótarchánach ar taispeáint sa tréimhse 2008 go dtí 2011. Baineann na fógraí táillí seasta seo le díreach os cionn 185,000 feithicil. Léirigh na mionsonraí a soláthraíodh nár íocadh thart ar 40% de na táillí pionóis seasta (97,000).

¹⁰ Ní chlúdaíonn an scrúdú seo maoir thráchta seachas iad sin a cuireadh san áireamh i staidrimh an Gharda Síochána, i.e. Maoir thráchta Bhaile Átha Cliath.

- 26.37** Cuireadh taifid an Gharda Síochána don 185,000 feithicil ar eisíodh fógraí táillí seasta ina leith idir 2008 agus 2011 i gcomparáid le sonraí ar an NVDF. Ní raibh aon mhótarcháin íoctha ag 40,000 (nó 22%) de na 185,000 feithicil sin idir an tréimhse lena bhain an fógra táille seasta agus Aibreán 2012. Áirítear orthu sin thart ar 1,000 feithicil nár íocadh mótarcháin ina leith riamh.
- 26.38** D'athnuaigh an 145,000 feithicil (78%) eile a ndiosca mótarchánach am éigin i ndiaidh don fhógra táille seasta a bheith eisithe. Léirigh athbhreithniú orthu gur dhearbhaigh ar a laghad 52,000 úinéirí feithiclí bearna díolúine ina raibh an tréimhse lena bhain an fógra táille seasta eisithe ina leith san áireamh. Dhearbhaigh thart ar 35,000 bearna den bhóthar agus dhearbhaigh 17,000 bearna a bhain le hathrú úinéireachta.
- 26.39** Is éard a thugann sé seo le fios maidir le húinéirí ar a laghad 35,000 feithiclí a facthas in áit phoiblí ag an tráth a eisíodh an fógra táille seasta go bhféadfadh sé go ndearna siad dearbhú bréagach ina dhiaidh sin freisin go raibh an fheithicil den bhóthar ag an am sin.
- 26.40** Thug Oifigeach Cuntasaíochta an Gharda Síochána le fios toisc go n-íocann 78% dóibh sin a fhaigheann fógraí táillí seasta mótarcháin ina dhiaidh sin gur ionann sin agus léiriú soiléir go bhfuil cumhacht bhachta éifeachtach ag na fógraí sin i ndáiríre. Dúirt sé freisin gur eol dó féin go raibh an Roinn Iompair ag lorg comhairle dlí maidir le cibé a bhféadfaí cionta móitair a chur san áireamh sa chonradh idir an Garda Síochána agus an soláthróir seirbhíse príobháideach a sholáthraíonn feithiclí le ceamaraí sábháilteachta chun cionta luais a bhrath. Leis an taithí atá acu le cionta luais, is dócháil go mbeadh ardú suntasach ar an leibhéal comhlíonta mótarchánach dá bharr. Mar sin féin, bheadh tionchar aige ar úsáid reatha na bhfeithiclí ceamaraí sábháilteachta agus an cuspóir bunaidh a bhí leo (an líon timpistí tráchta ar na bóithre, ina maraítear daoine agus ina ngortaítear daoine go dona, a laghdú).
- 26.41** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Comhshaoil nach bhfuil aon nós imeachta fógra ann faoi láthair idir an tSeirbhís Chúirteanna agus a Roinn i ndáil le fineálacha a fhorchuirtear ar dhaoine as a bheith ag tiomáint gan mhótarcháin. Dá réir sin, níl an Roinn curtha ar an eolas faoi aon dearbhuithe den bhóthar bréagach a d'fhéadfadh a bheith aitheanta. Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta an Gharda Síochána, gur tionscnaíodh imeachtaí in 160 cás ó 2010, i ndáil leis an gcion dearbhú bréagach mótarchánach a dhéanamh.

Conclúidí agus Moltaí

- 26.42** Ní fhéadfar éifeachtacht foriomlán an chórais bailithe mhótarchánach a mheas ach amháin nuair a thomhaistear agus a rianaítear an imghabháil thar am. Tugann athbhreithnithe ar thrácht ar an M50 le fios go bhfuil 95% de na feithiclí ar an mbóthar cothrom le dáta ó thaobh a gcuid cánach. Is ionann ráta imghabhála 5% agus thart ar €50 milliún in ioncam caillte in aghaidh na bliana ach tá an cás i bhfad níos fearr sa Ríocht Aontaithe nuair is é an ráta measta ansin ná níos lú ná 1%. Tugann cleachtas sa Ríocht Aontaithe le fios go bhfuil bealaí ann chun an leibhéal imghabhála a mheas.

Moladh 26.1: Ba chóir don Roinn Comhshaoil agus don Roinn Iompair a chinntiú go bhfuil córais iontaofa agus éifeachtach ó thaobh costais in áit acu chun an leibhéal imghabhála mótarchánach a mheas agus a fhaire. Leis na hathruithe reachtúla atá beartaithe, tá sé tábhachtach go mbunófaí leibhéal bonnlíne iontaofa imghabhála sula dtabharfaí isteach nósanna imeachta nua atá beartaithe.

Freagra na nOifigeach Cuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Leanfaidh ár Ranna ag obair go dlúth le chéile lena chinntiú go bhfuil na córais atá in áit do bhailiú agus d'fhorfheidhmiú mótarchánach cuí lena chinntiú go mbeidh an toradh ioncaim is fearr air, agus breithneofar roghanna i ndáil le tomhas imghabhála. Tá sé i gceist ag an Roinn Iompair dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Ceadúnaithe Tiománaithe agus Feithiclí sa Ríocht Aontaithe i ndáil le tomhas imghabhála agus tionchar an chórais cheadúnaithe leanúnaigh.

- 26.43** Sa chúig bhliana go dtí 2011, bailíodh os cionn €5 billiún mótarcháin. Tá beagnach 2.6 milliún feithicil rangaithe mar 'reatha' ach nach bhfuil cáin íoctha ina leith i gclárlann na Roinne Iompair. Tá thart ar 170,000 feithicil ar an gclárlann nár íocadh cáin ina leith riamh, agus 800,000 nár íocadh cáin ina leith le breis agus deich mbliana.

Moladh 26.2: Ba chóir don Roinn Iompair an NVDF a athbhreithniú agus a chinntiú go gcoimeádfar cothrom le dáta é. Toisc go bhféadfadh cuid suntasach mótarchánach gan íoc a bheith ag baint le feithiclí nár íocadh cáin ina leith riamh nó nár íocadh cáin ina leith le tréimhse mhaith, ba chóir na cúiseanna leis sin a aithint agus dul sa tóir ar aon cháin atá dlíte.

Freagraí na nOifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Iompair: Comhaontaithe i bpáirt. Tá sé ríthábhachtach go scoiltfear feithiclí a bhfuil an poitéinseal dlíteanais mótarchánach leo óna drámfheithiclí agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. Ina thaobh sin, ba bhuntáiste na socruithe idirthréimhseacha atá beartaithe don Bhille 'bearnú' chun úinéirí a spreagadh stádas cuí a bhfeithiclí a dhearbhu. Gearrfar pionóis ar úinéirí nach mbainfidh leas as an tsaoráid seo. Chun cur leis na socruithe seo, tá sé beartaithe feithiclí nach bhfaightear aon fhreagra ina leith a athainmniú mar 'neamhghníomhach' agus na sonraí a chur i gcartlann thar am. Tá an ceanglas rialála atá ar úinéirí an Roinn Iompair a chur ar an eolas maidir le drámfheithiclí agus na socruithe foirmiúla le hárachóirí mótaí ina ndéantar feithiclí a dhíscríobh a chur in iúl go leictreonach ag cuidiú go mór le bunachar sonraí níos cruinne. Tá sé i gceist ag an Roinn cur leis sin.

An Roinn Comhshaoil: Comhaontaithe i bpáirt. Tabharfar aghaidh ar bhearta níos déine lena chinntiú go gcuirfear stádas reatha feithiclí in iúl nuair a bhítear á ndramhú nó á n-onnmhairiú i gcomhthéacs reachtaíocht comhdhlúthaithe atá beartaithe a thabhairt chun cinn in 2013.

- 26.44** Thar an tréimhse 2006 go dtí 2010, níor tugadh freagra laistigh de dhá mhí ó eisíodh 2.4 milliún fógraí meabhrúcháin deiridh. Ní dhearnadh aon ní ina dhiaidh sin chun a fháil amach ar íocadh mótarcháin ina dhiaidh sin ar na feithiclí sin.

Moladh 26.3: Ba chóir don Roinn Comhshaoil agus don Roinn Iompair nósanna imeachta a athbhreithniú lena chinntiú go ndéanfar obair leantach dóthanach maidir leosan nach n-athnuann a gcuid cánach.

Freagraí na nOifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Iompair: Comhaontaithe. Is córas páipéarbhunaithe an tseirbhís fógartha athnuachana mótarchánach agus tá na roghanna maidir le hobair leantach teoranta. Braitheann an chéad chéim eile den phróiseas forfheidhmithe ar bhrath feithiclí a bhíonn in úsáid le cabhair ó shonraí leictreonacha agus ina thaobh sin, soláthraítear sonraí ar fheithiclí nach gcomhlíonann a ndualgas cánach don Gharda Síochána lena n-úsáid ina gcóras uath-aithint uimhirphlátaí. Tá sé beartaithe úsáid fhoirmiúil a bhaint as roinnt sonraí ó cheamaraí mar bhearta frith-imghabhála freisin agus tá iarratas déanta ar bhonn dlí dó seo i gcomhthéacs reachtaíocht mhótarchánach chomhdhlúthaithe atá beartaithe.

An Roinn Comhshaoil: Comhaontaithe. Athbhreithneoidh an Roinn na nósanna imeachta, i gcomhar leis an Roinn Iompair. Beidh an reachtaíocht ‘bearnú’ atá beartaithe in ann aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

- 26.45** Tá ardú 18% tagtha ar bhearnaí díolúine mótaí ó 2008. Ríomh athbhreithniú a rinneadh ar 1.1 milliún de bhearnaí imghabhála dearbhaithe go raibh an luach mótarchánach lena mbaineann ag €226 milliún. Níl aon chóras in áit chun a dheimhniú cé mhéad den fhigiúr sin atá dlisteanach. Sa chás go mbíonn athrú úinéireachta tarlaithe agus go bhfuil riaráistí dlite ón úinéir roimhe sin, níl aon nós imeachta i bhfeidhm chun na riaráistí sin a bhailiú.

Moladh 26.4: Ba chóir don Roinn Comhshaoil agus don Roinn Iompair scóip do chóras níos déine a bhreithniú chun déileáil le cásanna ina mbíonn feithiclí den bhóthar agus chun riaráistí a bhailiú ó úinéirí roimhe sin.

Freagraí na nOifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Comhshaoil: Comhaontaithe. Glactar leis go bhfuil leibhéal suntasach mí-úsáide á baint as an gcóras faoi láthair ach tá cion áirithe de na dearbhuithe a dhéantar déanta ar chúiseanna fíorcheart. Níl forálacha maidir leis an athrú úinéireachta san áireamh sa Bhille ‘bearnú’ ach tá sé beartaithe aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo i gcomhthéacs reachtaíocht chomhdhlúthaithe.

An Roinn Iompair: Comhaontaithe. Moltar leis an mBille ‘bearnú’ atáthar a ullmhú córas a sholáthar atá cosúil leis an gcóras atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe. Ba chóir go gcuideodh an t-athrú atá molta le forfheidhmiú níos treallúsaigh, ‘ar an talamh’ agus ar bhealaí leictreonacha araon.

- 26.46** Má tá táillí seasta chun gníomhú mar bhac éifeachtach, ba chóir gurb é an toradh a bheadh leo go n-íocfaí mótarcháin agus go gcoimeádfaí íocaíocht amach anseo cothrom le dáta. Mar sin féin, níor íoc úinéir feithicle amháin as gach cúigear a fuair fógraí táillí seasta idir 2008 agus 2011 mótarcháin, agus astu sin a d’íoc, dhearbhaigh ar a laghad úinéir amháin as ceathrar go raibh an fheithicil den bhóthar don tréimhse ina bhfuair siad an fhíneáil. Léiríonn sé sin nach bhfuil an córas a fhorchuireann fógraí táillí seasta ag athrú iompar dhaoine i roinnt suntasach cásanna. Tá an bonn bainte d’ionracas an chórais dhearbhuith den bhóthar freisin. Ina theannta sin, níor íoc thart ar 40% an pionós táille seasta.

Moladh 26.5: Ba chóir don Roinn Comhshaoil, don Roinn Iompair agus don Gharda Síochána éifeachtacht na bhfógraí táillí seasta mar bhac a athbhreithniú agus iarracht a dhéanamh nósanna imeachta níos fearr a chur le chéile lena chinntiú go n-íocfar an cháin nuair a fhorchuirfear an táille.

Freagra na nOifigeach Cuntasaíochta: Comhaontaithe i bpáirt. Beidh forálacha pionóis níos fearr san áireamh sa reachtaíocht atá beartaithe. Oibreoidh na Ranna i gcomhar chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht na meicníochtaí maidir le fógrú táillí pionóis seasta a chur chuig an Roinn Iompair.

27 Tobhaigh an Chiste Comhshaoil

27.1 Is í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) a bhainistíonn agus a rialaíonn An Ciste Comhshaoil (an Ciste), a bunaíodh in 2001. Tagann ioncam an Chiste ó fháltais an tobhaigh comhshaoil ar mhálaí plaisteacha, ón tobhach comhshaoil ar dhramhaíl a chuirtear i líonadh talún agus ó ús ar infheistíochtaí. Déantar íocaíochtaí ón gCiste chun tacú le raon leathan tionscadal comhshaoil agus bhainistiú dramhaíola. B'ionann caiteachas iomlán an Chiste in 2011 agus thart ar €84 milliún.

27.2 Cé gurb í an Roinn atá freagrach go foriomlán as an dá thobhach, is í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim an t-údarás bailithe ainmnithe do thobhach na málaí plaisteacha. Comhlíonann na húdaráis áitiúla an ról sin i leith an tobhaigh líonta talún. Ó cuireadh i bhfeidhm iad, tá díreach os cionn €500 milliún íoctha isteach sa Chiste i ndáil leis an dá thobhach. Tá achoimre déanta ar ioncam iomlán tobhach an Chiste i bhFíor 27.1.

Fíor 27.1 Ciste Comhshaoil – Ioncam Tobhaigh 2002 go dtí 2011

	Tobhach Málaí Plaisteacha	Tobhach Líonta Talún	Iomlán
	€ milliún		
2002 go dtí 2007	99	165	264
2008	27	33	60
2009	23	32	55
2010	17	43	60
2011	16	46	62

Foinse: Ráitis airgeadais iniúchta an Chiste Comhshaoil 2002 go dtí 2010 agus dréacht-ráitis airgeadais 2011

27.3 Athbhreithnítear sa chaibidil seo na socruithe maidir le bailiú tobhaigh comhshaoil agus na nósanna imeachta agus cleachtais atá in áit chun neamhchomhlíonadh íocaíochta a bhrath agus a dhíspeagadh.

27.4 Reáchtáladh cruinnithe le hoifigigh ón Roinn agus ó na Coimisinéirí Ioncaim chun próisis agus nósanna imeachta maidir le bailiú agus forfheidhmiú na dtobhach a fháil amach. Chuathas i mbun cainte freisin leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bhfuil ról maoirseachta aici i ndáil le gníomhaíochtaí comhshaoil na n-údarás áitiúil. Athbhreithníodh, rinneadh anailís agus cuireadh faisnéis i gcomparáid i ndáil le nósanna imeachta chomh maith le faisnéis arna sholáthar ag an EPA mar chuid den iniúchadh.

Tobhach na Málaí Plaisteacha

- 27.5** Tugadh isteach an tobhach ar úsáid mhálaí plaisteacha i mí an Mhárta 2002.¹ Is é príomhchuspóir an tobhaigh bruscar a laghdú trí thomhaltas mhálaí plaisteacha indiúscartha a laghdú.
- 27.6** Tá feidhm leis an tobhach ó thaobh málaí atá déanta go hiomlán nó i bpáirt as plaisteach agus a sholáthraítear do chustaiméirí lena n-úsáid ag an bpointe díolacháin nó eile in ionad díolacháin. Is ionann méid an tobhaigh faoi láthair agus 22 cent an mála plaisteach.²
- 27.7** Tá málaí plaisteacha áirithe díolmhaithe ón tobhach lena n-áirítear málaí plaisteacha ath-inúsáidte ach nach mór don chustaiméir 70 cent nó níos mó a íoc orthu agus málaí plaisteacha a úsáidtear d'iasc, d'fheoil, d'éinfheoil, do thorthaí, do chnónna, do ghlasraí, do mhilseogra, do tháirgí déiríochta agus do bhia cócaráilte ach ní fhéadfaidh na málaí toisí sonraithe a sháru.
- 27.8** Tá an Roinn freagrach as ábhair reachtaíochta maidir le tobhach na málaí plaisteacha agus tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as an tobhach a bhailiú agus a fhorfheidhmiú. Tá cumhachtaí reachtúla ag na húdaráis áitiúla freisin i ndáil le forfheidhmiú.³
- 27.9** Tá comhaontú leibhéal seirbhíse curtha ar bun, ina socraítear amach ról agus freagrachtaí faoi seach idir an Roinn agus na Coimisinéirí Ioncaim. Cé nach bhfuil na húdaráis áitiúla mar pháirtí don chomhaontú, tagraítear dá bhfreagrachtaí i ndáil le forfheidhmiú tobhach na málaí plaisteacha. Tá achoimre i bhFíor 27.2 d'fhreagrachtaí faoi seach gach aon cheann, mar a dhéantar cur síos sa chomhaontú.

Fíor 27.2 Freagrachtaí faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse Tobhach na Málaí Plaisteacha

Na Coimisinéirí Ioncaim	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	Na húdaráis Áitiúla
- Daoine atá cuntasach a aithint - Tuairisceáin/íocaíochtaí a fhaightear a phróiseáil, seiceálacha fíorúcháin ar chruinneas na dtuairisceán a chomhlíonadh - Coinneáil le daoine cuntasach nach ndéanann tuairisceán/íocaíocht, dul i mbun measúnuithe/meastacháin a dhéanamh, déileáil le gearáin/achomhairc/3ú páirtithe - Ag rangú cibé fiacha tobhaigh nach bhfuil in-aisghabhála	- Dul i gcomhairle le tríú páirtithe maidir le gach ní seachas an tobhach a bhailiú - Ag déanamh fógraíochta agus ag cur eolas faoin tobhach chun cinn - Ag déanamh cinntí ar cibé cineál mála atá ceadaithe mar mhála inghlactha laistigh de mhíniú na reachtaíochta - Ag déileáil le gearáin seachas na gearáin sin a bhaineann le ról bailithe na gCoimisinéirí Ioncaim	- A chinntiú go ngearrann an duine cuntasach costas iomlán an tobhaigh ar an gcustaiméir - Dul i mbun gníomh cuí nuair a aimsítear nach mbíonn an tobhach gearrtha ar an gcustaiméir - A chinntiú go mbíonn na rialacháin a bhaineann le málaí inghlactha ar eolas go maith ag an duine cuntasach

¹ Is ionann an bonn reachtúil don tobhach agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (arna leasú), Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach) 2001 agus an tOrdú um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mála Plaisteach 2007).

² 15 cent an mála plaisteach an chéad phraghas a bhí ar an tobhach. D'ardaigh sé sin go 22 cent an mála in 2007.

³ Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996 – 2011.

- 27.10** Bailíonn miondíoltóirí an tobhach nuair a a sholáthraíonn siad gach mála plaisteach lena mbaineann an tobhach agus ní mór go mbeadh an tobhach le feiceáil ar aon sonrasc, admháil nó duillín a eisítear don chustaiméir. Éilítear ar mhiondíoltóirí freisin clárú leis na Coimisinéirí loncaim agus tuairisceáin a chur faoi bhráid go ráithiúil nó go bliantúil. Féadfaidh miondíoltóirí ag a bhfuil dliteanas níos lú ná €1,000 i ceithre ráithe i ndiaidh a chéile tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh. Asbhaineann na Coimisinéirí loncaim an tobhach a bhíonn dlite go díreach ó chuntas bainc an mhiondíoltóra.⁴ Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim meastachán a dhéanamh den mhéid tobhach a bheidh dlite nuair nach gcuireann miondíoltóir tuairisceán faoi bhráid nó nuair a chreideann na Coimisinéirí loncaim go bhfuil ganniontráil déanta maidir leis an tsuim atá iníoctha. Bíonn ús iníoctha i leith aon fócaíocht dhéanach den tobhach. Beidh ar mhiondíoltóirí taifid stoc a choimeád dá gcuid málaí plaisteacha agus tá sé de chumhacht ag na Coimisinéirí loncaim na leabhair a scrúdú agus dul isteach ar áitribh na miondíoltóirí. Ina theannta sin, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim iarraidh ar soláthróirí na málaí plaisteacha mionsonraí a sholáthar maidir leis an líon a sholáthraítear do mhiondíoltóirí.
- 27.11** D'íoc cúig mhiondíoltóir cláraithe os cionn €9 milliún in iomlán in 2010. Tá na cúig mhiondíoltóirí sin freagrach as breis agus 50% de na fáлтаis tobhaigh iomlána ó tugadh isteach an tobhach.

Clárú agus Comhlíonadh

- 27.12** Riartar an tobhach ar bhonn féinmheasúnaithe agus bíonn na Coimisinéirí loncaim freagrach as na miondíoltóirí sin a chaitheann a bheith cláraithe don tobhach a aithint. Nuair a tugadh isteach an tobhach ar dtús, d'aithin na Coimisinéirí loncaim 29,000 miondíoltóirí a breithníodh ar chóir a bheith cláraithe don tobhach. De réir a chéile, scagadh an clár chun fáil réidh le cásanna nach bhfuil an tobhach infheidhme ina leith. Tá beagán os cionn 4,000 cás cláraithe faoi láthair.⁵
- 27.13** In 2008, d'athbhreithnigh na Coimisinéirí loncaim 215 cás go randamach ó chásanna laistigh den chód earnála 'stórais neamhspeisialaithe miondíola' ar an mbonn go dóigh go mbeadh na miondíoltóirí lena mbaineann ag soláthar málaí plaisteacha do chustaiméirí. Aithníodh 40 cás (19% den sampla) san athbhreithniú, nach raibh cláraithe do thobhach na málaí plaisteacha ach a chóir go mbeadh agus bailíodh €90,000 i riaráistí ó na miondíoltóirí sin. Aithníodh 29 cás (13%) freisin, a bhí cláraithe don tobhach ach nár sholáthair málaí a raibh an tobhach inmhuir.
- 27.14** Ní féidir glacadh le torthaí athbhreithniú cásanna 2008 mar cheann atá ionadaíoch ar na hearnálacha miondíola go léir mar gheall ar an sampláil fócasaithe. Mar sin féin, tugann siad le fios go bhféadfadh sé go bhfuil líon suntasach cásanna in earnálacha áirithe nach bhfuil cláraithe don tobhach ach a bhíonn ag soláthar málaí intobhaigh. Tá gá le tuilleadh anailíse agus athbhreithnithe ó na Coimisinéirí loncaim chun cásanna nach bhfuil cláraithe a aithint.
- 27.15** Tá mionsonraí maidir le comhlíonadh na dtuairisceán ráithiúla leagtha amach i bhFíor 27.3.

4 Éilítear ar gach miondíoltóir atá cláraithe na Coimisinéirí loncaim a údarú chun an tsuim iníoctha a thógáil.

5 Bíonn miondíoltóirí ag a mbíonn níos mó ná ionad díolacháin amháin cláraithe go ginearálta mar aon chás amháin.

Fíor 27.3 Comhlíonadh na dTuairisceán Ráithiúla Thobhach na Málaí Plaisteacha in 2011

	Líon na bhfoirmeacha tuairisceán arna eisiúint ag na Coimisinéirí loncaim	% na dtuairisceán arna gcur faoi bhráid in am	% na dtuairisceán arna gcur isteach faoi mhí Feabhra 2012
Ráithe 1	1,384	61%	95%
Ráithe 2	1,381	62%	94%
Ráithe 3	1,375	57%	87%
Ráithe 4	1,388	59%	59%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

27.16 Cuirtear thart ar 60% de na tuairisceáin ráithiúla faoi bhráid in am. Thart ar sé mhí tar éis dheireadh an ráithe, ardaíonn an ráta comhlíonta go dtí thart ar 90%. Toisc gur ionann iadsan a chuireann tuairisceáin ráithiúla faoi bhráid tríd agus tríd agus na clárúcháin is mó a dhéantar, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí monatóireacht ar thuairisceáin agus ar chomhlíonadh íocaíochtaí sna gcásanna sin.

27.17 Tá mionsonraí maidir le comhlíonadh na dtuairisceán bliantúla do na blianta 2008 go dtí 2011 leagtha amach i bhFíor 27.4.

Fíor 27.4 Comhlíonadh na dTuairisceán Ráithiúla Tobhach na Málaí Plaisteacha 2008 go dtí 2011

	Líon na bhfoirmeacha tuairisceán arna eisiúint ag na Coimisinéirí loncaim	% na dtuairisceán arna gcur faoi bhráid in am	% na dtuairisceán arna gcur faoi bhráid amhail mhí Iúil 2012
2008	2,790	44%	85%
2009	2,567	43%	84%
2010	2,613	38%	82%
2011	2,479	46%	73%

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

27.18 Níos lú ná a leath dóibh sin a chuireann tuairisceáin bhliantúla faoi bhráid a bhíonn déanta faoin dáta dlite. Ardaíonn an ráta comhlíonta sin de réir a chéile ach fiú roinnt blianta i ndiaidh an dáta dlite is ionann agus 85% an ráta is fearr. Toisc gurb iad na miondíoltóirí sin leis an leibhéal is ísle dliteanas iad sin atá dlite na tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh, laghdaítear an baol go mbeadh tearcbhailiúchán suntasach ann ón leibhéal neamhchomhlíonta sin.

27.19 Tá thart ar €530,000 in ús ar íocaíocht dhéanach an tobhaigh bailithe le cúig bliana anuas. Is ionann an méid den tobhach gan íoc agus nach bhfuil faoi réir achomhairc ag miondíoltóir agus thart ar €1.5 milliún faoi láthair. Tá thart ar €570,000 díscríofa mar neamhinbhailithe le cúig bliana anuas.

27.20 Sa chás go bhfanann cánacha neamhíochta, tá an rogha ag na Coimisinéirí loncaim aisíocaíochtaí a choimeád i leith cánacha eile agus an tsuim a fhritháireamh in aghaidh aon chánacha atá dlite. Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí loncaim nach seiceáiltear an méid de thobhach na málaí plaisteacha a bhíonn dlite nuair a phróiseáiltear aisíocaíochtaí chánacha eile go huathoibríoch. Comhlíontar seiceálacha i gcásanna a bpróiseáiltear aisíocaíochtaí de láimh. Tá sé i gceist ag na Coimisinéirí loncaim an tobhach a chur san áireamh ina nósanna imeachta próiseála aisíocaíochta amach anseo.

Iniúchtaí na gCoimisinéirí loncaim

- 27.21** Áirítear ar iniúchtaí na gCoimisinéirí loncaim i ndáil leis an tobhach athbhreithniú ar thuairisceáin (bliantúla nó ráithiúla), seiceálacha amhairc chun a aimsiú an mbíonn málaí incháinite á soláthar, sampláil rollaí ag na scipéid airgid chun a aimsiú an mbíonn an tobhach liostaithe agus scrúdú ar leabhair fháltais agus ar thaifid stoc.
- 27.22** Sna cúig bliana 2007 go dtí 2011, chomhlíon na Coimisinéirí loncaim 70 iniúchadh maidir le tobhach na málaí plaisteacha ar mhiondíoltóirí, agus fuarthas os cionn €2 mhilliún mar thoradh air. Tá torthaí na n-iniúchtaí sin agus an toradh breise leagtha amach i bhFíor 27.5.

Fíor 27.5 Iniúchtaí na gCoimisinéirí loncaim ar Thobhach na Málaí Plaisteacha 2007 go dtí 2011

Bliain	Líon na n-iniúchtaí	Iniúchtaí agus toradh	% agus toradh	Toradh an Iniúchta	
				Iomlán	Meán
2007	28	12	43%	€1,560,884	€55,746
2008	25	19	76%	€409,813	€16,393
2009	7	5	71%	€9,588	€1,370
2010	5	5	100%	€26,073	€5,215
2011	5	5	100%	€74,806	€14,961
Iomlán	70	46	66%	€2,081,164	€29,731

Foinse: Oifig na gCoimisinéirí loncaim

- 27.23** Tríd agus tríd, tháirg 66% de na cásanna a rinneadh iniúcháireacht orthu toradh agus b'ionann an meántoradh agus díreach faoi €30,000. Tháirg na cúig chás ar fad a rinneadh iniúcháireacht orthu in 2010 agus in 2011 toradh. Gearradh ús €296,000 ar 39 de na 46 cás a raibh toradh leo. Níl aon fhoráil dlí ann faoi láthair maidir le pionóis a ghearradh i ndáil le socrúithe iniúchta tobhaigh.
- 27.24** Tá sé tugtha le fios ag na Coimisinéirí loncaim go ndéantar monatóireacht ghéar ar chomhlíonadh na ndeich gclárúcháin is mó a mbíonn toradh leo. Ó tugadh isteach an tobhach in 2002, chomhlíon na Coimisinéirí loncaim iniúchadh i ndáil le tobhach na málaí plaisteacha ar na clárúcháin sin go léir, agus bhí toradh iniúchta ar sé cinn acu sin. B'ionann toradh iomlán na gcásanna sin agus díreach os cionn €3 mhilliún agus b'ionann an toradh is mó go dtí seo, a rinneadh in 2007, agus díreach os cionn €1.5 milliún.
- 27.25** Tá cás iniúcháireachta eile maidir le miondíoltóir ollmhór ar siúl ó 2007. Sa chás sin, rialaigh na Coimisinéirí loncaim gur sháraigh málaí plaisteacha a mheas an miondíoltóir a bheith díolmhaithe na toisí atá forordaithe sa reachtaíocht. Rinne na Coimisinéirí loncaim measúnú ar shuim díreach os cionn €36 milliún don tréimhse 2004 go dtí 2008. Rinne an miondíoltóir achomharc ar an gcás go dtí an Ard-Chúirt ar roinnt foras lena n-áirítear cibé an raibh an mála a bhí i gceist intobhaigh nó nach raibh agus cibé an raibh an tobhach infheidhme ach amháin ag an bpointe díolacháin. Is é cinneadh na Cúirte mura raibh siad díolmhaithe go sonrach faoin reachtaíocht, go bhfuil an tobhach infheidhme ar gach mála plaisteach agus ní díreach ag an bpointe díolacháin. Tá an miondíoltóir ag déanamh achomharc ar Chinneadh na hArd-Chúirte sa chás seo go dtí an Chúirt Uachtarach.

Cigireachtaí na nÚdarás Áitiúil

27.26 Áirítear cigireachtaí ar mhiondíoltóirí ar ról fhorfheidhme na n-údarás áitiúil i ndáil le tobhach na málaí plaisteacha. Gach aon bhliain, soláthraíonn na húdaráis áitiúla an líon cigireachtaí comhshaoil a bhíonn comhlíonta don EPA lena n-áirítear iad sin a bhaineann le tobhach na málaí plaisteacha (ach ní torthaí na gcigireachtaí). Léirítear i bhFíor 27.6 an líon cigireachtaí i ndáil le tobhach na málaí plaisteacha le cúig bhliana anuas mar a thuairisc na húdaráis áitiúla sin don EPA.

Fíor 27.6 Cigireachtaí maidir le tobhach na málaí plaisteacha 2006 go dtí 2011 mar a thuairisc na húdaráis áitiúla

Bliain	An líon cigireachtaí	An líon údarás áitiúil de réir cigireachtaí a comhlíonadh				
		> 300	50 - 300	< 50	Aon cheann ^a	Iomlán
2006	2,277	1	9	17	7	34
2007	1,831	—	9	15	10	34
2008	1,542	—	9	20	5	34
2009	1,573	1	9	15	9	34
2010	800	1	3	17	13	34
2011^b	683	—	2	20	12	34

Foinse: An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Nótaí: a Áirítear ann údaráis áitiúla nár sholáthair mionsonraí don EPA den líon cigireachtaí a comhlíonadh.

b Bhí an EPA fós ag bailíochtú sonraí a bhain le cigireachtaí na n-údarás áitiúil in 2011 ag tráth an fhoilseacháin.

27.27 Laghdaigh an líon cigireachtaí arna thuairisciú chuig an EPA 70% idir 2006 agus 2011. Seo a leanas a léiríonn sonraí na hanailíse

- thuairisc aon údarás áitiúil amháin gur comhlíonadh 1,488 nó 17% de na cigireachtaí iomlána sa tréimhse 2006 go dtí 2011
- laghdaigh an líon iomlán cigireachtaí a tuairiscíodh a comhlíonadh in 2011 15% ar 2010, agus chomhlíon dhá údarás áitiúil beagnach leath na gcigireachtaí iomlána an bhliain sin
- thuairisc 20 údarás áitiúil nár chomhlíon siad aon chigireachtaí in aon cheann amháin de na blianta ar a laghad idir 2006 agus 2011.

27.28 Chomhairlaigh an EPA go dtuigtear go ndearnadh roinnt de na cigireachtaí ar mhálaí plaisteacha le linn cigireachtaí eile ar mhiondíoltóirí. Toisc nach bhfuiltear tomhaiste, níl siad san áireamh sna figiúirí atá tuairiscithe.

27.29 Trí chigireachtaí a chomhnascadh d'fhéadfaí neamhéifeachtúlachtaí a chinntiú don údarás áitiúil agus costais a laghdú do mhiondíoltóirí. Mar sin féin, ba chóir na treoirínte tuairiscithe a athbhreithniú chun líon agus torthaí na gcigireachtaí sin a léiriú.

27.30 Sa bhreis ar na tuarascálacha chuig an EPA, soláthraíonn údaráis áitiúla faisnéis theoranta don Roinn maidir le cigireachtaí na málaí plaisteacha. I bhformhór na gcásanna ní áirítear torthaí na gcigireachtaí san fhaisnéis sin.

- 27.31** Le linn an iniúchta, lorg an Roinn mionsonraí chigireachtaí a chomhlíon chúig údarás áitiúil samplach idir 2007 agus 2010. Ní raibh an Roinn ábalta mionsonraí a fháil maidir le ceann amháin de na húdaráis áitiúla seo, agus ní raibh siad in ann torthaí na gcigireachtaí ar fad a chomhlíon na ceithre údarás eile a sholáthar. Soláthraíodh torthaí 289 cigireacht as 510 cigireacht in iomlán a tuairiscíodh. I ngach aon cheann de na cásanna sin, thaifead an t-údarás áitiúil go raibh imthosca neamh-chomhlíonta leis an reachtaíocht ach nach raibh cúis an neamh-chomhlíonta soiléir i roinnt cásanna. Mar thoradh ar shonraí neamhiomlan, ní fhéadfaí an ráta comhlíonta a aithint.
- 27.32** I bhfianaise an easpa faisnéise mhionsonraithe ó na cigireachtaí a rinne na húdaráis áitiúla go léir, tá sé deacair a thabhairt le fios mar atáthar ag comhlíonadh riachtanais an tobhaigh agus nádúr aon neamh-chomhlíonta. Tugann sonraí an EPA le fios go bhfuil éagsúlacht leathan sa chóras cigireachta idir údaráis áitiúla. D'fhéadfadh anailís ar thorthaí na gcigireachtaí faisnéis luachmhar a sholáthar chun cigireachtaí a dhíriú níos fearr agus ar an tslí sin cur lena n-éifeachtacht.
- 27.33** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne chun go bhféadfar éifeachtacht an tobhaigh a mheas, go mbraitheann an Roinn go príomha ar thorthaí thuarascáil bhliantúil an Chórais Náisiúnta Monatóireachta maidir le truailliú ó Bhruscar, a rialaigh in 2011 gur ionann málaí plaisteacha agus 0.24% den truailliú ó bhruscair go náisiúnta i gcomparáid le meastachán 5% sular tugadh isteach an tobhach. Déanann an Roinn monatóireacht freisin ar úsáid per capita málaí plaisteacha intobhaigh. Meastar, sular tugadh isteach an tobhach, gur sholáthar miondíoltóir 328 mála an duine in aghaidh na bliana, i gcomparáid le leibhéal 18 mála an duine in aghaidh na bliana in 2010.⁶

Faisnéis a roinnt

- 27.34** Cé go bhfuil an polasaí foriomlán agus an cur chuige feidhmeach don tobhach leagtha amach sa chomhaontú leibhéal seirbhíse, is beag eile teagmhála a bhíonn idir an Roinn agus na Coimisinéirí loncaim. Bíonn cumarsáid idir an Roinn agus na húdaráis áitiúla comhdhéanta den chuid is mó de chiorcláin a eisítear i ndáil le forfheidhmiú agus/nó arduithe ar an tobhach. Tríd is tríd, teagmháil neamhfhoirmiúil a bhíonn in aon idirghníomhaíocht eile a dhéantar.
- 27.35** Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne go bhfuil an leibhéal teagmhála leis na Coimisinéirí loncaim i ndáil le bailiú an tobhaigh de réir théarmaí an chomhaontaithe leibhéal seirbhíse. Creideann Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí loncaim go bhfuil an leibhéal idirghníomhaíochta leis an Roinn cuí agus comhsheasmhach leis an leibhéal atá riachtanach chun cur an méid agus is féidir le bailiú agus aisghabháil atá faoi dhualgas na gCoimisinéirí loncaim.
- 27.36** Ní sholáthraítear torthaí iniúchtaí na gCoimisinéirí loncaim don údarás áitiúil iomchuí. Ar an tslí chéanna, ní thugtar torthaí chigireachtaí an údaráis áitiúil de ghnáth do na Coimisinéirí loncaim.
- 27.37** Agus cigireachtaí á gcomhlíonadh, ní bhíonn faisnéis ag na húdaráis áitiúla cibé an bhfuil an cás cláraithe do thobhach na málaí plaisteacha leis na Coimisinéirí loncaim nó nach bhfuil. Mar chuid den iniúchadh sin, roghnaíodh trí chás déag samplach, a dheimhnigh cigireachtaí ó údarás áitiúil gur eisigh an miondíoltóir málaí intobhaigh, agus seiceáladh iad le córais na gCoimisinéirí loncaim chun a dheimhniú an raibh na miondíoltóirí sin cláraithe don tobhach nó nach raibh. I ndáiríre, bhí sé deacair gach cás a aithint go críochnaitheach ar chórais na gCoimisinéirí loncaim mar nár thaifead na húdaráis áitiúla uimhir chláráithe na gCoimisinéirí loncaim.

⁶ Tá an meastachán de mhálaí plaisteacha an duine in 2010 bunaithe ar an líon málaí a bhfuil tobhach íoctha ina leith sa Chiste Comhshaoil.

- 27.38** Is í an Roinn atá freagrach cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil mála díolmhaithe nó nach bhfuil. Sholáthair an Roinn mionsonraí maidir leis an aon chinneadh dhéag go léir a rinneadh sa tréimhse 2007 go dtí 2011. Mar chuid den iniúchadh sin, rinneadh dhá mhiondóltóir agus aon chuideachta chur chun cinn amháin a measadh a bhí intobhaigh a chros-seiceáil le córais na gCoimisinéirí loncaim. Ní raibh miondóltóir amháin ná an chuideachta chur chun cinn cláraithe don tobhach ar chórais na gCoimisinéirí loncaim in aon chor. Thug Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne le fios go bhféadfadh sé tarlú nuair a fuair na páirtithe lena mbaineann tuiscint ar sheasamh na Roinne gur roghnaigh na páirtithe lena mbaineann gan na málaí áirithe sin a úsáid agus in áit gur roghnaigh siad roghanna eile nach raibh intobhaigh mar mhálaí páipéir nó malaí canbháis.
- 27.39** Toisc go mbíonn na Coimisinéirí loncaim agus na húdaráis áitiúla araon i mbun iniúcháireachta agus cigireachta i ndáil le tobhach na málaí plaisteacha, chuideodh faisnéis a roinnt le héifeachtúlacht agus éifeachtacht a ngníomhartha comhlíonta ar leithligh. Ní mór go gcinnteodh aon socruithe a dhéanfaí maidir le faisnéis a mhalartú go mbeadh an fhaisnéis sin comhoiriúnach.

Tobhach Líonta Talún

- 27.40** Tá beartais bhainistiú dramhaíola Náisiúnta agus AE bunaithe ar na prionsabail, an méid agus is féidir sin a dhéanamh, gur chóir go bhféadfaí dramhaíl a chosc agus nuair nach bhfuil sé sin indéanta, ba chóir é a athúsáid, a athchúrsáil nó a athshlándáil agus go gcinnteofaí go n-íoslaghdófaí an méid dramhaíola a chuirtear i líonadh talún. Tugadh isteach an tobhach líonta talún in 2002 i ndáil le dramhaíl arna dhiúscairt go díreach ag láithreáin líonta talún.⁷ Ba é cuspóir an tobhaigh aistriú dramhaíola ón líonadh talún a spreagadh agus ioncaim a chruthú a bhféadfaí a fheidhmiú chun tacú le tionscnaimh íoslaghdaithe dramhaíola agus athchúrsála. Tá údaráis áitiúla freagrach as an mbailiú agus tá an Roinn freagrach as riaradh an tobhaigh.
- 27.41** Tá an tobhach, atá €65 an tonna faoi láthair, iníoctha ag oibritheoir an líonta talún.⁸ Cuireann oibritheoirí líonta talún príobháideacha a ghlacann le dramhaíl intobhaigh tuairisceán míosúil agus íocaíocht faoi bhráid an údaráis áitiúil iomchuí agus lóisteálann an t-údarás sin an íocaíocht sa Chiste Comhshaoil agus cuirtear cóip den tuairisceán faoi bhráid na Roinne.⁹ Ar an tslí chéanna, sa chás go n-oibríonn údarás áitiúil líonadh talún, éilítear ar an údarás áitiúil tuairisceán míosúil a chur faoi bhráid na Roinne agus suim an tobhaigh atá dlíthe a lóisteáil sa Chiste Comhshaoil. Éilítear ar oibritheoirí líonta talún taifid mhionsonraithe a choimeád den dramhaíl a ghlactar. Ag deireadh 2011, bhí 16 údarás áitiúil agus ceithre líonadh talún príobháideacha ag cur tobhaigh sa Chiste Comhshaoil.

Bailiú

- 27.42** Ó 2002 go dtí 2011, bailíodh díreach faoi €321 milliún a tháinig ó dhiúscairt 17 milliún tonna dramhaíola. Bhain díreach faoi €104 milliún – beagnach aon tríú cuid – den iomlán a bailíodh le líonta talún príobháideacha. Léiríonn na tuairisceáin mhíosúla a cuireadh faoi bhráid na Roinne gur laghdaigh cainníocht na dramhaíola intobhaigh a diúscaíodh ag líonta talún. In ainneoin sin, mar gheall ar arduithe ar ráta an tobhaigh bhí na fáлтаis bhliantúla níos mó.

7 Tá roinnt díolúintí lena n-áirítear dramhaíl a scuabtar ar na sráideanna agus dramhaíola tógála neamhghuaiseach a úsáidtear do chríocha innealtóireachta ar an láthair.

8 Bhí an tobhach €15 an tonna ar dtús ach d'ardaigh sin de réir a chéile. Tá an tobhach reatha €65 an tonna in áit ón 1 Iúil 2012.

9 Is ionann líonta talún príobháideacha agus gach líonadh talún nach n-oibríonn údarás áitiúil.

- 27.43** Chun na costais a chaitear ar fhorfheidhmiú agus ar bhailiú an tobhaigh a fhritháireamh, féadfaidh gach údarás áitiúil 2 faoin gcéad den suim a bhailítear i ndáil le líonta talún príobháideacha a asbhaint agus a choimeád, faoi réir uasmhéid €50,000 sa bhliain, nó an tsuim arna shonrú i scríbhinn ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an tAire). Choimeád údarais áitiúla díreach faoi €1.4 milliún den tobhach iomlán a bailíodh go dtí seo.
- 27.44** Tá an tobhach iníoctha freisin i ndáil le líonta talún neamhúdaraíthe, agus breithníonn an t-údarás áitiúil an tsuim a bhíonn dlite.¹⁰ Sa chás go n-aithnítear líonadh talún mar sin, féadfaidh an t-údarás áitiúil fógra a eisiúint a éileoidh gur chóir an duine a rinne an dramhaíl a dhiúscairt nó úinéir na saoráide suim an tobhaigh a bhreithníonn an t-údarás áitiúil a íoc.
- 27.45** Bunaithe ar thuarascáil 2005, tá an Roinn sásta go bhfuil líonadh talún dramhaíola ar scála mór stoptha agus gur diúscairt mhídhleathach is mó a tharlaíonn anois.¹¹ Tá an Roinn, cé nach mbailíonn siad staidrimh ar líonta talún neamhúdaraíthe, ar an eolas faoi 14 láithreán mídhleathach a tháinig na húdarais áitiúla orthu agus a raibh tobhach líonadh talún dlite idir 2006 agus 2011. Bhí go leor acu sin beag ó thaobh scála, agus bhí níos lú ná 100 tonna dramhaíola an láithreán ag ocht gcinn as na 14 láithreán. Tugadh meastachán ar chainníocht na dramhaíola intobhaigh i dtír gcás as na 14 chás.
- 27.46** Ó 2006, ceadáíonn na rialacháin d'údarás áitiúil 80% den tobhach líonadh talún a bhailítear ar láithreán neamhúdaraíthe a choimeád ar mhaithe le forfheidhmiú agus íoctar an t-iarmhéid den 20% isteach sa Chiste. B'ionann na tobhaigh i ndáil le líonta talún neamhúdaraíthe a íocadh leis an gCiste sa tréimhse sin agus €153,000 agus choimeád na húdarais áitiúla €98,000 breise. Chomhairligh treoirlínte na Roinne, arna eisiúint in 2005, na húdarais áitiúla leas a bhaint as na smachtbhannaí a bhí ann, lena n-áirítear ionchúiseamh, sa chás go n-aithnítear gníomhaíocht dramhaíola neamhdhleathach. Dúirt an tOifigeach Cuntasaíochta nach dtiomsaítear staidrimh maidir le gníomhartha forfheidhmithe ná ar líon na n-ionchúiseamh.

Cigireachtaí agus Iniúcháireacht

- 27.47** Forálann rialacháin um bainistiú dramhaíola gur chóir d'údarais áitiúla, d'iniúcháir rialtais áitiúil, nó d'aon iniúcháir arna cheapadh ag an Aire, nó údarás áitiúil cigireacht agus iniúcháireacht a chomhlíonadh ar ghníomhaíocht líonadh talún chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacháin.¹² Ní shonraítear sna rialacháin líon ná minicíocht chigireachtaí líonta talún na n-údarás áitiúil ach éilítear gur chóir d'údarais áitiúla dul i mbun iniúcháireachta ar líonta talún príobháideacha i ndáil le dhá thréimhse (mí) cuntasaíochta i ngach bliain fhéilire ar a laghad nó níos minice má shonraíonn an tAire é sin.
- 27.48** Sa tréimhse 2006 go dtí 2011, comhlíonadh iniúchtaí tréimhsiúla i ndáil le dhá líonadh talún príobháideacha (scrúdaíodh 13 tréimhse chuntasaíochta in iomlán sna hiniúchtaí sin). Aithníodh cásanna neamh-chomhlíonta i gcás cheithre iniúchadh. I gcás amháin, fuarthas go raibh suimeanna tobhaigh breise díreach faoi €30,000 dlite. Fuarthas neamhréireachtaí beaga sa trí chás eile.

¹⁰ Is láthair diúscairthe dramhaíola í saoráid líonta talún neamhúdaraíthe a ndéantar dramhaíl a dhiúscairt ann nó a rinneadh dramhaíl a dhiúscairt ann gan ceadúnas dramhaíola.

¹¹ Is ionann diúscairt mhídhleathach agus dramhaíl á dumpáil d'aon ghnó ag áit neamhúdaraíthe.
IR Uimh. 86/2002 — Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún), 2002.

- 27.49** Maidir leis na blianta 2006 go dtí 2011, níl aon taifid ag an Roinn d'aon chigireacht ná d'aon iniúchóireacht ar aon líonadh talún de chuid na n-údarás áitiúil i ndáil le cainníochtaí na dramhaíola a diúscaíodh mar dhramhaíl intobhaigh. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta ar aird go bhféadfadh idirbhearta tobhaigh líonta talún a bheith san áireamh sna hiniúchtaí bliantúla a chomhlíon an tSeirbhís um Iniúchóireacht Rialtais Áitiúil.
- 27.50** Tá ról maoirseoireachta ag an EPA ó thaobh ghníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil agus comhlíontar roinnt cigireachtaí dramhaíola ar líonta talún. Ach, níl aon fheidhm reachtúil ag an EPA i ndáil leis an tobhach agus mar sin, baineann cigireachtaí na líonta talún in iomlán le hábhair a bhaineann le rialacháin comhshaoil.

Conclúidí agus Moltaí

Tobhach na Málaí Plaisteacha

- 27.51** Tá €182 milliún bailithe ó tugadh isteach tobhach na málaí plaisteacha in 2002 suas go dtí deireadh 2011.
- 27.52** In athbhreithniú de chuid na gCoimisinéirí loncaim in 2008 de shampla randamach trádálaithe a bhí rangaithe mar 'stórais neamhspeisialaithe miondíola' fuarthas gur chóir go mbeadh aon cúigiú cuid de na cásanna a athbhreithníodh cláraithe don tobhach ach ní raibh siad. Mar sin féin, ní féidir glacadh leis an sampla sin mar shampla atá ionadaíoch ar chás na dtrádálaithe go léir.

Moladh 27.1: Ba chóir do na Coimisinéirí loncaim tuilleadh athbhreithnithe a chomhlíonadh chun leibhéal foriomlán na gcásanna neamhchláraithe a aithint.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí loncaim: Comhaontaithe. Tá athbhreithniú ar chóid na hearnála tugtha chun críche agus tá feabhsúcháin ar an gclár a chinnteoidh go mbeidh cleachtadh samplála eile níos iontaofa beagnach críochnaithe. Críochnófar athbhreithniú ar an gclár chun fáil réidh le cásanna neamhghníomhacha nó cásanna scortha go luath in 2013. Tá tús curtha le scrúdú ar na cóid eárnála chun a aimsiú an bhfuil gach miondíoltóir cuí cláraithe.

- 27.53** Níos lú ná dhá thrían de chásanna cláraithe a chuireann tuairisceán ar ais chuig na Coimisinéirí in am. Ardaíonn sin go dtí thart ar 90% sé mhí tar éis dáta dlite na dtuairisceán ráithiúla. Bhí íocaíochtaí tobhaigh breise mar thoradh ar dhá thrían de na cásanna arna iniúchadh ag na Coimisinéirí loncaim le cúig bliana anuas agus b'ionann an meántoradh breise ó na 70 cás a iniúchadh agus €30,000. Léiríonn sé sin an tábhacht atá le monatóireacht leanúnach agus obair iniúchóireachta na gCoimisinéirí loncaim.
- 27.54** Faoi láthair, nuair a bhíonn na Coimisinéirí loncaim ag próiseáil aisíocaíochtaí uathoibríocha a bhíonn dlite don cháiniocóir i leith chánacha eile, ní sheiceáiltear taifead an cháiniocóra chun a aimsiú an mbíonn suimeanna tobhach na málaí plaisteacha fós gan íoc. Tá sé beartaithe ag na Coimisinéirí loncaim a nósanna imeachta aisíocaíochta a leasú chun seiceálacha mar sin a chur san áireamh.

Moladh 27.2: Ba chóir do na Coimisinéirí loncaim seiceálacha de shuimeanna thobhach na málaí plaisteacha gan íoc a ionchorprú ina nósanna imeachta próiseála aisíocaíochta uathoibríoch chomh luath agus is féidir sin a dhéanamh.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na gCoimisinéirí loncaim: Comhaontaithe. Mar thoradh ar thosaíochtaí iomaíocha níorbh fhéidir go dtí seo seiceálacha de thobhach gan íoc a chur san áireamh san aisíocaíocht uathoibríoch agus próiseáil a fhritháireamh.

- 27.55** Léiríonn sonraí arna chuimsiú ag an EPA go raibh laghdú suntasach ar an líon cigireachtaí a rinne údaráis áitiúla idir 2006 agus 2011 agus tá éagsúlachtaí suntasacha ar an líon cigireachtaí i measc na n-údarás áitiúil éagsúla. Ní fhaigheann an Roinn ná an EPA mionsonraí de thoradh chigireachtaí na n-údarás áitiúil i bhformhór na gcásanna.

Moladh 27.3: Ba chóir don Roinn torthaí cigireachtaí a chomhordú agus a anailísiú chun dóthanacht an réimís cigireachta agus leibhéal foriomlán an chomhlíonta a léirítear a mheas.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne: Ní aontaítear. Breithníonn an Roinn go bhfuil leibhéal foriomlán na gcigireachtaí a chomhlíonann na húdaráis áitiúla dóthanach. Toisc gurb iad na húdaráis áitiúla is mó a fhaigheann tairbhe as an tobhach, is ar mhaithe leo féin a chinntiú go mbailítear agus go bhforfheidhmítear iad go héifeachtach. Ina theannta sin, creidtear sa Roinn go léiríonn staidrimh maidir le bruscar na málaí plaisteacha go bhfuil an leibhéal reatha cigireachtaí éifeachtach chun na torthaí comhshaoil riachtanacha a sheachadadh.

- 27.56** Ní roinntear torthaí an obair i gcomhar de chuid na gCoimisinéirí loncaim agus na húdaráis áitiúla.

Moladh 27.4: D'fheabhsófaí éifeachtacht an obair i gcomhar an dá áit trí fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise. D'éascódh sé sin freisin le straitéis saindírithe go náisiúnta chun cur an méid agus is féidir le comhlíonadh an tobhaigh.

Freagraí na nOifigeach Cuntasaíochta:

An Roinn: Comhaontaithe i bpáirt. Bheadh ar an moladh i ndáil le malartú faisnéise idir na Coimisinéirí loncaim agus údaráis áitiúla cloí leis an reachtaíocht agus leis an gcleachtas iomchuí, mar an tAcht um Chosaint Sonraí. Tá leibhéal rannpháirtíochta cheana féin idir na comhlachtaí forfheidhmithe sin agus d'fhéadfadh scóip a bheith ann feabhas a chur air sin.

Na Coimisinéirí loncaim: Comhaontaithe i bpáirt. Tá gá saincheisteanna maidir le cosaint sonraí a bhreithniú. D'fhéadfadh an poitéinseal a bheith ag malartú faisnéise feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ghníomhartha comhlíonta ar leithligh agus tá na Coimisinéirí loncaim tiomanta laistigh den fhráma oibre dlí atá ann sonraí cuí a roinnt. Mar sin féin, gníomhaíonn na Coimisinéirí loncaim mar ghníomhaire bailiúcháin don Roinn agus níl aon fhoráil reachtach ann maidir le faisnéis a roinnt le húdaráis áitiúla.

Tobhach Líonta Talún

- 27.57** Tugadh isteach an tobhach líonta talún in 2002 agus as sin go dtí deireadh 2011, bailíodh díreach faoi €321 milliún. B'ionann na costais bhailithe arna gcoimeád ag na húdaráis áitiúla i ndáil le líonta talún príobháideacha agus neamhúdaráithe agus €1.4 milliún in iomlán. Íocaíodh díreach os cionn €319 milliún mar sin don Chiste Comhshaoil.
- 27.58** Éilíonn na rialacháin tobhaigh gur chóir iniúchóireacht a dhéanamh ar na líonta talún príobháideacha i ndáil leis an tobhach ar feadh dhá thréimhse cuntasaíochta gach bliain ar a laghad. Go dtí seo rinneadh iniúchóireacht ar dhá líonadh talún príobháideach. Ní dhearnadh aon iniúchóireacht ar líonta talún na n-údarás áitiúil.

Moladh 27.5: Ba chóir don Roinn a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais iniúchta reachtúil i ndáil le líonta talún.

Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne: Comhaontaithe. Tá roinnt imthosca aitheanta ag an Roinn go bhfuil iniúchtaí mar sin gan déanamh agus tá treoracha tugtha d'údaráis áitiúla iomchuí iad a chomhlíonadh agus torthaí na n-iniúchtaí sin a sheoladh ar ais mar ábhar práinne. Léiríonn ciorclán le déanaí chuig údaráis áitiúla a gcuid freagrachtaí i ndáil leis an tobhach. Ag tógáil air sin, comhlíonfaidh údaráis áitiúla roinnt iniúchtaí ar líonta talún faoi úinéireacht phríobháideach ar bhonn bliantúil. Ina theannta sin, comhlíonfaidh an Roinn roinnt iniúchtaí ar líonta talún arna oibriú ag údaráis áitiúla le tacaíocht agus cúnamh ón EPA más gá.